Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# Plean Forbartha Contae Lú 2021-2027

# Comhdhlúite

# Imleabhar 1

## Ráiteas Scríofa

Áirítear sa leagan comhdhlúite seo leasuithe a bhaineann le hAthrú Uimh. 1





# Caibidil 1

## Réamhrá

*‘Baineann an plean seo le cliarlathas na bpleananna náisiúnta agus réigiúnacha a spreagann imeacht ó phátrún na forbraíochta ‘tá gach rud mar a bhí’.*

# 1 RÉAMHRÁ

## 1.1 AN PLEAN FORBARTHA – CUR CHUIGE NUA

Leagtar amach i bPlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 straitéis ghinearálta na Comhairle do phleanáil agus d'fhorbairt inbhuanaithe chuí an Chontae de réir an *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)*. Is treoirphlean na forbraíochta i gContae Lú é agus is creatlach straitéiseach uileghabhálach í le haghaidh forbartha inbhuanaithe maidir le téarmaí spásúlachta, eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta. Sholáthraítear sa phlean seo treoir shoiléir ar pholasaithe forbairt inbhuanaithe a bhaineann le topaicí éagsúla, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh; lonnaíocht, pobail inbhuanaithe, gluaiseacht agus iompair, oidhreacht agus gníomhú ar son na haeráide.

Léirítear sa Phlean seo cur chuige nua ó Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021, de bharr nithe éagsúla, a bhaineann le hathruithe achtaithe ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus leasuithe reachtaíochta. Tá tionchar ag na príomhathruithe sin ar an bPlean, go háirithe, ar an aitheantas a thugtar do bhailte Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

Tugadh leasuithe reachtaíochta isteach nuair a cuireadh an tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 i gcrích, a bhí ina gcúis le cealú na gComhairlí Bailte agus na gComhairlí Buirgí.

Dá bharr sin, cuireann Plean Forbartha an Chontae san áireamh ceantar feidhmiúil an chontae, na ceantair a bhíodh mar chuid de Chomhairle Buirge Dhroichead Átha, de Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus de Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia.

Nuair a ghlacfar leis, tiocfaidh Plean Forbartha an Chontae in áit Plean Forbartha Dhroichead Átha agus Plean Forbartha Dhún Dealgan, agus ullmhófar Pleananna an Cheantair Uirbigh/Pleananna an Cheantair Áitiúil do na bailte seo le linn saolré an Phlean seo, chomh maith le Plean an Cheantair Áitiúil do Bhaile Átha Fhirdhia agus do Dhún Léire. Chuir An tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 córas rialtais áitiúil an Cheantair Bardasaigh ar bun, agus tá trí cheantar dá leithéid laistigh de Chontae Lú: Ceantar Bardasach/Cathrach Dhroichead Átha, Ceantar Bardasach/Cathrach Dhún Dealgan agus Ceantar Bardasach/Cathrach Bhaile Átha Fhirdhia.

Leagtar síos na príomhathruithe náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil tionchar acu ar an bPlean:

- Baineann an Plean seo le cliarlathas na bpleananna náisiúnta agus réigiúnacha a spreagann imeacht ó ghnáth phátrún na forbraíochta 'tá gach rud mar a bhí';
- Bhí Contae Lú ina Réigiún Teorann ach anois is cuid de Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre é;
- Ainmniú na Straitéise um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach (SSER) Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Lárionaid Fáis Réigiúnacha (LFR) a bhaineann leis an bhféidearthacht atá acu mar cheann feadhna na forbartha réigiúnaí; agus
- Aidhm Náisiúnta a dhíríonn ar struchtúr uirbeach na hÉireann a threisiú ag tagairt go háirithe do Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-An tIúr ar chonair Bhaile Átha Cliath (BÁC)-Béal Feirste.

Déanann an cliarlathas nua, a bhfuil baint ag an bPlean leis, cur chuige nua do phátrún na forbraíochta ar fud na tíre a chur chun cinn.

Cé go n-aithnítear tábhacht BÁC, cuirtear chun cinn sa Chreatlach Náisiúnta Pleanála (CNP) athrú i gcúrsaí daonra agus i leathadh fostaíochta i gcathracha agus i réigiúin eile na hÉireann, LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan san áireamh, chomh maith le bailte, paróistí, sráidbhailte agus ceantair tuaithe eile.

Tá sé mar aidhm ag an CNP nach gcuirfear srian ar fhás an daonra in Dún Dealgan ná in Droichead Átha ach go gcuirfear lena gcumas cathracha mórscála a fhorbairt agus bheith taobh thiar d'fhás geilleagrach, d'infheistiú agus de rath náisiúnta agus réigiúnach. Lonnaithe ar phríomhbhealaí straitéiseacha agus ar bhealaí iompair phoiblí, chuirfidh a bhfás amach anseo deiseanna eacnamaíochta féin-chónaithe agus forbairt fostaíochta chun cinn.

Leagfar béim ar cur chuige atá dírithe ar fhorbairt néata, sheicheamhach agus inbhuanaithe a chinnteoidh ceantair uirbeacha tarraingteacha a chruthú leis an bpobal i gcoitinne taitneamh a bhaint sa saol agus sláinte den scoth.

Tá tábhacht ag baint le Droichead Átha agus le Dún Dealgan, i gcomhthéacs Chonaire Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste, mar líonra tábhachtach trasteorann agus mar phríomhghné taobh thiar d'fhorbairt réigiúnach, d'fhás eacnamaíochta agus iomaíocht atá aitheanta ag an CNP.

Roimh 2015, bhí Lú aitheanta mar chuid de Réigiún na Teorann ach nuair a bunaíodh na trí thionól réigiúnach nua tógadh san áireamh an Contae mar chuid de Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Is athrú é do Lú ó bheith aitheanta i gcomhthéacs cois teorann go contae atá ailínithe agus comhcheangailte le BÁC agus Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre; an réigiún ina bhfuil an daonra is mó agus an dlús fostaíochta is airde agus de dheiseanna fostaíocht sa tír.

Mar sin féin, tá ag an gContae fós leis an gceantar agus na contaetha cois teorann, An Chabhán agus Muineachán ina measc, agus leanfaimid le tacaíocht a thabhairt d'aon infheistíocht ná feabhsuithe nascachta nó aon infheistíocht eacnamaíochta a réiteoidh an bealach áitiúil agus réigiúnach sa cheantar cois teorann.

Is léiriú ar an ról atá acu mar lárionad fáis ainmnithe an t-aitheantas a tugadh do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan a bhí ainmnithe mar dhá LFR as trí cinn, chun tacaíocht agus bainistíocht bhreise a thabhairt d'fhás BÁC agus baint thábhachtach acu le forbairt réigiúnach éifeachtach a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach in CNP.

Tugann leathnú amach Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan ina gcathracha mórscála, ina bhfreastalófar ar thromlach an daonra, tacaíocht d'aidhm an CNP chun struchtúr uirbeach na hÉireann a threisiú.

## 1.2 LÁRIONAID FÁIS RÉIGIÚNACHA

Tugann socraíocht an SSER aitheantas do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan mar LFR, toisc go bhfuil siad treallúsach mar cheantar réigiúnach ina bhfuil ardleibhéal d'fhostaíocht agus de sheirbhísí féinchothabhálacha iontu, agus bíonn páirt shuntasach á glacadh acu i ndobharcheantar leathan. Tugann sí tacaíocht d'fhás leathan daonra agus eacnamaíochta sna lárionaid seo, ina bhfuil an-tábhacht ag baint leis le forbairt réigiúnach éifeachtach a chur i bhfeidhm .

Ní féidir beag a dhéanamh de thábhacht an aitheantais a thugtar do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan laistigh den Phlean.

Leagann an SSER amach creat d'fhorbairt straitéiseach ar fhás Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan amach anseo, a ligeann dóibh bheith ina mórscála ar leith, bheith treallúsach mar cheantar fáis, agus tábhacht an róil atá acu i bhforbairt réigiúnach rathúil a aithint.

## 1.2.1 DROICHEAD ÁTHA

De réir an SSER, tosaíocht thábhachtach an Phlean ná an fás leanúnach inbhuanaithe agus dlúth an bhaile mar réigiún treallúsaigh a chur chun cinn, ina bhfuil sprioc-dhaonra 50,000 ann faoin mbliain 2031. Tiocfaidh sé seo leis na haidhmeanna a bhaineann leis an mbaile a athnuachan, le fás dlúth cúltíre an bhaile agus ról Dhroichead Átha mar ionad fostaíochta straitéiseach féin-chothabhálach ar Chonaire Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste a spreagadh. Soláthróidh comhfhorbairt an Phlean Ceantair Uirbigh (UAP) / agus an Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) creat pleanála comhordaithe chun láithreacha straitéiseacha agus ceantair athnuachan a chur ar fáil idir Comhairle Chontae Lú agus Comhairle Chontae na Mí.

Cuirtear tús le Comhphlean Ceantair Áitiúil (CCÁ) Dhroichead Átha laistigh de 6 mhí ón lá a glacadh le Plean Forbartha an Chontae.

***Athnuachan:*** Tabharfar tús áite de lár an bhaile a athnuachan agus a athfhorbairt. Cuirfear athnuachan na láithreáin féideartha san áireamh. Déanfar athnuachan fisiciúil, eacnamaíochta agus sóisialta imeasctha a spreagadh chun leas a bhaint as an mbonneagar reatha.

Ina measc tá Ceathrú na hOidhreachta agus Ceantar Westgate, a fuair maoiniú faoi Chiste Forbraíochta na hAthnuachana Uirbí (URDF). Is láithreán féideartha eile iad Ceantar na nDugaí. Tugann an SSER tacaíocht don chur chuige seo in ionad fhorbairt na láithreán úrnua.

***Forbairt Chónaithe:*** Beidh rath Dhroichead Átha mar LFR ag brath ar fhás dlúth 30% ar a laghad, trí athnuachan agus athfhorbairt a dhéanamh ar láithreáin fholmha, inlíonta nó láithreáin athfhorbraíochta i lár an bhaile, a chuirfidh le comhfhorbairt áite.
Caithfear an t-ardú sciobtha atá ag teacht ar an bhforbairt tithíochta le gairid a chothromú le fás fostaíochta chun pátrúin chomaitéireachta a athrú.
Tabharfar tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe na dtailte sa cheantar máguaird ó thuaidh agus ó dheas.
***Turasóireacht:*** Is tairseach Réigiún Ghleann na Bóinne é Droichead Átha agus is mó na féidearthachtaí turasóireachta atá sa bhaile agus níos faide i gcéin ná an baile. Aithnítear go bhfuil ról tábhachtach ag Abhainn na Bóinne do straitéis ar bith don bhaile agus athnuachan an bhaile amach anseo. I gcomhar leis na páirceanna agus leis na spásanna oscailte taobh leis, soláthraíonn sé nasc le Brú na Bóinne agus níos faide i gcéin, don fhóillíocht.

***Forbairt Eacnamaíochta:*** Cuirfidh forbairt na Conaire Eacnamaíochta BÁC/Bhéal Feirste, agus teacht níos fearr uirthi don Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) agus gnó dúchasach go mór le ról Dhroichead Átha mar cheann feadhna ar eacnamaíocht réigiúnach.
Tá comhoibriú trasteorann riachtanach d'fhás eacnamaíochta agus d'fhéidearthacht na Conaire Eacnamaíochta a aithint. Tá bonn leathan fostaíochta ag an mbaile ach tá gá leis an mbonn seo a leathnú agus níos mó deiseanna fostaíochta a sholáthair. Aithnítear tábhacht na gcomhlachtaí tionscnamh, chomh maith le deiseanna oideachais Institiúid Breisoideachas Dhroichead Átha (DIFE).

Tugtar aitheantas do bhua dúchasach, mar aon le tábhacht Ospidéil Lourdes mar fhostóir suntasach an cheantair.
***Bonneagar Cumasaithe:*** Chun fás dlúth a bhaint amach beidh gá le rochtain níos fearr, le soghluaisteacht inbhuanaithe agus leis an mbonneagar cuí a ligfidh do Dhroichead Átha bheith ina LFR. Baineann an baile leas as síneadh amach na seirbhíse DART agus beidh gá le stáisiúin Mhic Ghiolla Bhríde a fheabhsú maidir le rochtain. Tugtar aitheantas do thábhacht an iarnróid náisiúnta agus an infreastruchtúir bóthair a chaomhnú, le fás agus iomaíocht eacnamaíochta a thacú, arb gá le glasbhealaí, agus bealaí siúil agus rothaíochta a fheabhsú. Tugann an SSER tacaíocht do Scéim Tuile Fóirithinte Dhroichead Átha, do Chalafort Dhroichead Átha agus don Rochtain ar Chalafort an Trasbhealaigh Thuaidh (PANCR).

***Plean Ceantair Uirbeach (UAP) / Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ):***

Beidh comhphlean reachtúil UAP/PCÁ ullmhaithe do Dhroichead Átha idir Comhairle Chontae Lú agus Comhairle Chontae na Mí ar feadh shaolré an Phlean seo a éascóidh a fhorbairt mar LFR agus mar cheann feadhna an Réigiúin as seo amach. Seo iad na hAidhmeanna Réigiúnacha eile:

- Tacaíocht a thabhairt do Ceantar Dugaí Dhroichead Átha agus do Chalafort Dhroichead Átha, go háirithe soláthar athlonnaithe Rochtana ar Chalafort an Trasbhealaigh Thuaidh;
- Caidrimh trasteorann a chur chun cinn le fás féideartha Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-An Iúir a aithint mar ghréasán trasteorann d'fhorbairt réigiúnach;
- Eacnamaíocht inbhuanaithe agus fostaíocht bunaithe ar dheiseanna forbraíochta a spreagadh le pátrúin chomaitéireachta a athrú;
- Droichead Átha a spreagadh mar áit uirbeach a mbeidh tarraingt mhór ag turasóirí uirthi, a thagann i dtír ar a ról mar bhaile tairseach ar Ghleann na Bóinne, ar Bhrú na Bóinne, ar Abhainn na Bóinne agus ar Shean Oirthear na hÉireann;
- Tacaíocht a thabhairt do bhearta éagsúla a bhaineann le hionchuimsiú;
- Tacaíocht a thabhairt do Scéim Tuile Fóirithinte Dhroichead Átha;
- Ról mar ionad fostaíochta straitéiseach ar Chonaire Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste a fheabhsú.

### 1.2.1 Dún Dealgan

De réir an SSER, tosaíocht thábhacht an Phlean ná an fás leanúnach inbhuanaithe agus dlúth an bhaile mar réigiún treallúsaigh a chur chun cinn, ina bhfuil sprioc-dhaonra 50,000 ann faoin mbliain 2031. Tiocfaidh sé seo leis na haidhmeanna a bhaineann leis an mbaile a athnuachan, le fás dlúth cúltíre an bhaile agus ról Dhroichead Átha mar ionad fostaíochta straitéiseach féin-chothabhálach ar Chonaire Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste a chur chun cinn. Déanfar caipitliú ar an ngaireacht don Iúr agus do shineirge thrasteorann ar fheidhmeanna agus ar sheirbhísí a threisiú a chur chun cinn. D'aimsigh an SSER creat straitéiseach forbraíochta a chuideoidh le Dún Dealgan scála dóthanach a bhaint amach le bheith ina cheann feadhna d'fhorbairt eacnamaíochta mar a shonraítear thíos:

***Athnuachan:*** Tabharfar tús áite do bhaile Dhún Dealgan a athnuachan trí láithreáin fhéideartha agus trí cheantair nár úsáideadh mórán a athnuachan. Déanfaidh athnuachan fisiciúil, eacnamaíochta agus sóisialta imeasctha an t-infreastruchtúr reatha a chaipitliú agus beidh sé ina chabhair ar an troid i gcoinne eisiamh sóisialta agus an tréscaoilteacht a fheabhsú.

Aithneofar láithreáin ar leith atá ag baint leas as athnuachan ar fud lár an bhaile, ag cur leis an rath ar scéimeanna athnuachana atá curtha i gcrích.

***Forbairt Chónaithe:*** Beidh rath Dhún Dealgan mar LFR ag brath ar fhás dlúth 30% ar a laghad, trí athnuachan agus athfhorbairt a dhéanamh ar láithreáin fholmha, inlíonta/láithreáin athfhorbraíochta i lár an bhaile, ceantair eile agus in Ascaill an Mhóta. Beidh forbairt na dtailte seo ina bunphrionsabal lárnach den Phlean Ceantair Uirbeach (UAP) /den Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ).

***Forbairt Eacnamaíochta:*** Cuirfidh forbairt na Conaire BÁC/Bhéal Feirste, agus teacht níos fearr uirthi don FDI agus do ghnó dúchasach go mór le ról Dhún Dealgan mar cheann feadhna na heacnamaíochta réigiúnach, le ceanncheathrú fostaíochta láidir agus le heacnamaíocht nua-aimseartha atá lonnaithe i bpáirceanna gnó ar ardchaighdeán agus a thacaíonn le

hInstitiúid na Teicneolaíochta Dhún Dealgan, atá mar cheann feadhna d'fhorbairt fiontraíochta an Réigiúin.
Tá comhoibriú trasteorann leanúnach riachtanach d'fhás eacnamaíochta agus d'fhéidearthacht na Conaire Eacnamaíochta a aithint. Coinneoidh deiseanna fostaíochta dúchasach an cumas laistigh den cheantar.
Tabharfaidh an UAP agus an PCÁ tacaíocht do leathadh amach agus d'fhorbairt eacnamaíochta, fostaíochta agus oideachais.
***Bonneagar Cumasaithe:*** Chun fás dlúth a bhaint amach beidh gá le rochtain níos fearr, le soghluaisteacht inbhuanaithe agus leis an mbonneagar cuí a ligfidh do Dhún Dealgan bheith ina LFR, a gheobhaidh tacaíocht an UAP/PCÁ. Tugtar aitheantas do thábhacht an iarnróid náisiúnta agus an infreastruchtúir bóthair a chaomhnú, le fás agus iomaíocht eacnamaíochta a thacú.
***Plean Ceantair Uirbeach (UAP) / Plean Ceantair Áitiúil Local Area Plan (PCÁ):*** Beidh plean reachtúil UAP/PCÁ ullmhaithe do Dhún Dealgan ar feadh shaolré an Phlean seo a éascóidh a fhorbairt mar LFR agus mar cheann feadhna an Réigiúin as seo amach. Cuirfear tús le hullmhúchán an Phlean Ceantair Áitiúil laistigh de 6 mhí ón lá ar glacadh le Plean Forbartha an Chontae. Seo iad na hAidhmeanna Réigiúnacha eile:

- Caidrimh trasteorann a chur chun cinn le fás féideartha Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-An Iúir a aithint mar ghréasán trasteorann d'fhorbairt réigiúnach;
- Cuir lena ról mar ionad fostaíochta straitéiseach ar Chonaire Eacnamaíochta BÁC/Bhéal Feirste;
- Tacaíocht a thabhairt do ról DKIT;
- Cuir leis an bhféidearthacht d'athnuachan/d'fhorbairt Chuan an Chalafoirt;
- Tacaíocht a thabhairt do bhearta éagsúla a bhaineann le hionchuimsiú;
- Tacaíocht a thabhairt do Scéim Tuile Fóirithinte Dhún Dealgan.

## 1.3 ACHOIMRE AR CHONTAE LÚ

Tá Contae Lú suite ar chósta an oirthir leath bealaigh idir an dá chathair is mó in Éirinn, Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus tá sé suite go straitéiseach ar Chonaire Eacnamaíochta BÁC/Bhéal Feirste, ó thaobh na tíreolaíochta de.

Roinneann sé teorann iartharach le Contae na Mí agus le Contae Mhuineacháin agus leis an Dún agus le Contae na hAontroma i dTuaisceart Éireann.
Tá daonra 128,884 sa chontae (Daonáireamh 2016). Léiríonn sé seo méadú 4.9% ar dhaonáireamh 2011 agus méadú suntasach ar ráta fáis an mheáin náisiúnta 3.8%.
Cé gurb é an Contae is lú sa Stáit é agus achar 827 km$^2$ aige (Daonáireamh 2016), tá sé ar an gContae ina bhfuil an dlús daonra is airde in Éirinn aige, lasmuigh de BÁC, ina bhfuil dlús daonra 156 duine in aghaidh an km$^2$ ann, i gcomparáid leis an meán náisiúnta 70 duine in aghaidh an km$^2$. Tá an dá bhaile is mó as trí in Éirinn ann, is iad sin, Droichead Átha agus Dún Dealgan.

Is rud ar leith in Éirinn é seo, dhá bhaile nach beag iad laistigh den Chontae amháin, agus an dá cheann acu ina bpríomhionaid fostaíochta agus ina bhfuil sé mar sprioc acu bheith ina gcathracha mórscála.

Nuair a chuirtear mórscála an dá bhaile seo leis na bailte agus leis na sráidbhailte suntasacha eile ar fud an chontae feictear go bhfuil cónaí ar thromlach an daonra i gceantair uirbeacha – tuairim is 66.1% (85,224).

Mar thoradh ar an suíomh, agus infreastruchtúr iarnróid agus bóthair ar ardchaighdeán, fáil ar chuanta agus ar aerfoirt ar dhá thaobh na teorann, leathanbhanda ardluais agus lucht saothair oilte, is féidir a rá go mbeidh fás agus rath ar Chontae Lú amach anseo, i gcomhthéacs an daonra agus i gcomhthéacs na heacnamaíocht de.

Tá líonra de bhailte agus de shráidbhailte tarraingteacha i gContae Lú, ina bhfuil raon leathan tírdhreach agus timpeallacht nádúrtha, ina bhfuil idir oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht mhínádúrtha, a chuireann go mór le nádúr, le féiniúlacht an Chontae. Caithfear aire ar leith a thabhairt do na hacmhainní tábhachtacha seo chun an tsochaí, an geilleagar agus chun na daoine a fhorbairt ar bhealach oiriúnach.

# Key Facts and Figures




Population increase of 4.9% since 2011 => above National Average of 3.8%

| Population by Town | |
|---|---|
| Town | Population |
| Drogheda | 40,965 |
| Dundalk | 39,004 |
| Ardee | 4,928 |
| Dunleer | 1,822 |

45,448 Private Households

86% of population recorded as having good/very good health

Average disposable income €18,359

Just over 1 Hour from Belfast Airports

45 minutes from Dublin Airport

## Population by Geographical Area

66.1% living in town (85,224)

33.9% living in the rural area (43,660)

27.7 mins Avg. travel time

Walked 10%

Travel By Car / 1.5%

Cycled 1.5%

Public Transport 16.5%

| 8,012 | 5,840 | 5,226 | 4,564 | 50,317 |
|---|---|---|---|---|
| Wholesale & Retail | Health & Social Work | Manufacturing | Education | Total number of residents in the county who are working |

15.9% 11.6% 10.4% 9.1%

## 1.4 TIMPEALLACHT ATÁ AG ATHRÚ

Nuair a cuireadh tús le hullmhúchán an Phlean seo in 2019, ba thréimhse dhóchasach í maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus le cúrsaí sóisialta. Bhí impleachtaí móra ag an gcúlú eacnamaíochta in 2008 agus ag an gclis ar an ngeilleagar, a mhair tréimhse níos mó ná 6 bhliana, ar chúrsaí ar fud na tíre. Tháinig cúngú suntasach ar thionscal na tógála, tionscal inar tháinig fás nach raibh a leithéid ann riamh cheana air, a bhí ina iarmhairt ar an gclis sa mhargadh réadmhaoine, a léiríodh sa mharbhántacht i dtionscal na tógála.

Ón mbliain 2014 ar aghaidh, bhí téarnamh geilleagrach ar leith ag teacht ar gheilleagar na hÉireann, cé gur ag ráta laghdaithe a bhí ann. Léirigh an laghdú ar na rátaí dífhostaíochta, an méadú ar an bpá agus muinín feabhsaithe an tomhaltóra an fás a bhí ag teacht ar an ngeilleagar. Ba shoiléir an fás seo in earnáil na tógála, a bhíonn ina tomhas ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

I mí an Mheithimh 2016, vótáil an Ríocht Aontaithe slán a rá leis an Aontas Eorpach. Is gnách go nglaoitear an Breatimeacht ar seo. Cuireann Breatimeacht neamhchinnteacht ar an gcomhpháirtíocht idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach ag an tráth seo. Ar ndóigh beidh tionchar aige seo, ní hamháin go náisiúnta ach, ar na contaetha sin, contae Lú san áireamh, atá lonnaithe ar an teorann idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, atá gan chosaint ar an neamhchinnteacht seo.

D'ainneoin thréimhse an tsíorathrú agus na neamhchinnteachta, d'fhoilsigh an Rialtas an CNP agus an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP), mar athrú ar phleanáil an status quo.

Le chéile cuirtear Tionscadal Éireann 2040 ar fáil, a bhfuil sé mar aidhm acu forbairt agus infheistíocht a stiúradh sa tír trí shraith aidhmeanna agus prionsabail náisiúnta. Meastar gur scaradh ó fhréamh é ailíniú na ndoiciméad pleanála straitéiseach leis an bplean infheistíocht chaipitiúil. Leagann an NDP tosaíochtaí na hinfheistíochta amach a bheidh mar bhonn agus taca le cur i bhfeidhm an CNP trí infheistíocht ghlan thart ar €116 bhilliún. Éascóidh an caiteachas caipitil seo fostaíocht leanúnach a choimeád agus a chruthú leis an bhforbairt réigiúnach chuí agus ligfidh sé do thionscadal na tógála acmhainn agus cumas a sholáthair atá riachtanach le pleananna infheistíocht fadtéarmacha an Rialtais a chur ar fáil.

Tá sé mar chúram na dtrí Thionól Réigiúnach an dá dhoiciméad seo a bheachtú agus pleananna níos mionsonraithe a chur ar fáil trí fhoilseachán na Straitéisí um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnaigh do gach Réigiún.

Tharla suaitheadh eacnamaíochta domhanda sa chéad ráithe den bhliain 2020 mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Thug tíortha ar fud an domhain aghaidh ar an víreas seo chun cosc a chur ar an leathadh agus mar gheall air seo, tá impleachtaí móra ann i gcomhthéacs eacnamaíochta agus i gcomhthéacs sóisialta. Ag an tráth seo, tá sé dodhéanta na himpleachtaí seo nó an achar ama a mheas.

Gan aon agó, tá paindéim ar cheann de na bagairt is mó ar gheilleagar na hÉireann ó tharla an ghéarchéim airgeadais dhomhanda, áfach. Táthar ag súil le téarnamh mall agus gur beag deiseanna a bheidh ar fáil d'fhás eacnamaíochta agus d'infheistíocht.

## 1.5 DEARCADH DEARFACH

Mar thoradh ar thréimhse an síorathrú ina mbeidh thuas seal agus thíos seal geilleagrach agus míshocracht ina dhiaidh sin, bhí ar Chontae Lú, mar aon leis an gcuid eile den tír, dul i dtaithí ar na hathruithe agus ar an gcruthúnas go dtarlóidh na hathruithe sin amach anseo. É sin ráite, ní chuireann a leithéid isteach ar an gcontae agus cé go mbeidh air tabhairt faoi dhúshláin, beidh deiseanna ar fáil ónar féidir leis an gcontae leas a bhaint astu agus forbairt a dhéanamh.
Tá contae Lú suite le taobh na teorann ina bhfuil nasc den chéad scoth aige le Baile Átha Cliath agus le Béal Feirste tríd an Mótarbhealach M1, a bhfuil baint aige le bun-líonra TEN-T an AE agus le nasc iarnróid idirchathrach. Is suíomh tarraingteacht é le haghaidh gnó na Ríochta Aontaithe ina bhfuil teacht riachtanach ar mhargadh an AE agus ag an am chéanna go bhfuil sé riachtanach do ghnó Éireannach, Eorpach agus do ghnó idirnáisiúnta teacht ar mhargadh na Ríochta Aontaithe.

Léiríonn teideal LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan sa chontae na róil agus an stádas tábhachtach atá acu laistigh den réigiúin, chun tabhairt faoi fhás BÁC agus mar dhá bhaile ina bhfuil sé mar sprioc acu bheith ina gcinn feadhna d'fhorbairt eacnamaíochta ar mhórscála cathrach.

Tuigeann dréachtóirí an Phlean an tábhacht a bhaineann le Contae Lú laistigh de Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, an ról a bhaineann leis na LFR agus tús áite á tabhairt d'fhorbairt eacnamaíochta de réir straitéise náisiúnta agus réigiúnaí.
Tugann an Plean seo deis d'fhás an chontae a chothú amach anseo agus an fhorbairt inbhuanaithe fhadtéarmach a phleanáil agus a chur chun cinn. Cé go mbíonn forbairt shíoraí ar an timpeallacht eacnamaíochta agus shóisialta soláthróidh an Plean seo fís dhearfach don chontae. Déanfaidh sé gach iarracht contae saibhir agus rathúil a chruthú, ina dtabharfar tosaíocht d'fhás sna LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, ina dtugann forbairt inbhuanaithe tacaíocht do na bailte agus do na sráidbhailte beaga agus riachtanais an chontae ar fad a chomhlíonadh.

## 1.6 FÍS STRAITÉISEACH

Tá Fís Straitéiseach Chontae Lú atá cumhdaithe sa Phlean seo ar thóir contae saibhir agus rathúil a chur ar fáil, go háirithe, LFR.
Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, áit gur cuid den phobal iad duine nó grúpa sóisialta ar bith, a chumhdaíonn trí phrionsabal na hinbhuanaitheachta timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta, agus acmhainní, oidhreacht agus timpeallacht nádúrtha gus mhínádúrtha an chontae a chosaint, fad is atá sé ag aistriú go sochaí ísealcharbóin.

### Fís Straitéiseach

***"Contae Lú agus Lárionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, go háirithe, a chur chun cinn mar áiteanna tarraingteacha ar leith inar féidir cur fút iontu, obair iontu, cuairt a thabhairt orthu agus gnó a dhéanamh iontu. Áit ina mbíonn deiseanna fostaíochta agus oideachais den chéad scoth, timpeallacht nádúrtha agus mhínádúrtha, eispéiris chultúrtha agus soláthair na bpobal ionchuimsitheach agus gach ceann acu ar ardchaighdeán, agus iad ag tabhairt faoi aistriú go sochaí ísealcharbóin agus láidir ar chúrsaí aeráide."***

### 1.6.1 CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Bainfear fís Chontae Lú amach tríd na Cuspóirí Straitéiseacha a leanas a chur i gcríoch:

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 1** | Féidearthacht fhorbairt agus fhás Chontae Lú a aithint agus a chur chun cinn trí leas a bhaint as féidearthacht eacnamaíochta agus fostaíochta agus as buntáistí iomaíocha an Chontae. Cuirfear an suíomh, an nasc agus an teacht ar mhargaí seachtracha san áireamh, ag díriú, go háirithe, ar ról Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar LFR atá suite ar Chonaire Eacnamaíochta BÁC/Bhéal Feirste. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 2** | Ról Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar LFR le leibhéil airde fostaíocht agus seirbhísí inbhuanaithe a thacú, ina nglactar páirt mar cheann feadhna, ról lárnach a bheith acu i ndobharcheantar leathan agus cuidiú leo lonnaíocht agus patrúin taistil níos comhordaithe agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 3** | Forbairt nua de réir na Croí-Straitéise agus na Straitéisí Lonnaíochta, a sholáthróidh forbairt inbhuanaithe an chontae don tréimhse 2021-2027 agus ina dhiaidh sin agus de réir prionsabal fáis dhlúith, daingnithe agus athnuachana. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 4** | Aistriú a dhéanamh go contae ísealcharbóin agus láidir ar chúrsaí aeráide a chuireann éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn agus a laghdaíonn a chuid riachtanais fuinnimh, trí fhreagairtí maolaitheacha agus oiriúintí ar athrú aeráide. Cuireann sé seo méadú ar úsáid fuinnimh in-athnuaite trí fhoinsí dúchasaí fuinnimh a fhorbairt, a thacaíonn leis an aistear go geilleagar ísealcharbóin faoin mbliain 2050, agus a chinntíonn bainistíocht ar bhaol tuilte. Oibreoidh an Comhairle le comhlachtaí agus le heagraíochtaí eile chun infreastruchtúr tábhachtach a aithint agus a chuidiú lena chosaint, de réir mar is cuí. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 5** | Coincheap forbartha níos inbhuanaithe agus níos comhtháite a chinntiú maidir le húsáid na talún, le hiompar, le seirbhísí uisce, le soláthair fuinnimh agus le bainistíocht dramhaíola ar feadh saolré an Phlean seo. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 6** | Caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar infreastruchtúr glas agus seirbhísí éiceachórais an chontae a thacaíonn le bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha agus bithéagsúlacht gnáthóige agus speicis cosanta an chontae chun réimse leathan leasa timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíocht a sholáthair do phobail. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 7** | Acmhainní oidhreachta tógtha, cultúrtha agus nádúrtha Lú a chosaint agus a fheabhsú, le luach intreach a chuidíonn sainmhíniú a thabhairt ar nádúr na gceantar uirbeach agus na gceantar tuaithe, a chuireann lé tarraingteacht, le beocht agus le háit ina nglactar le gach duine mar áitritheoirí, turasóirí agus mar chuairteoirí, ina bhfuil feabhas ar theacht na tuaithe trí forbairt na nglasbhealaí, na rianta siúlóide agus na ngormbhealaí a thacaíonn agus a fheabhsaíonn pobail inbhuanaithe, san áireamh. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 8** | Pobail bhríomhara, ionchuimsitheacha, inbhuanaithe agus fholláine i gContae Lú a fhorbairt agus a chur chun cinn, inar féidir le daoine tabhairt fúthu, obair ann, infheistíocht a dhéanamh agus cuairt a thabhairt air, ina bhfuil teacht acu ar réimse leathan áiseanna pobail, sláinte agus oideachais, a oireann do gach aois agus riachtanas, sna ceantair uirbeacha agus tuaithe, agus ar an gcaoi sin déantar saol ar ardchaighdeán a chur chun cinn. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 9** | Nádúr agus féiniúlacht bailte agus sráidbhailte Chontae Lú a chosaint agus a fheabhsú agus caighdeán na beatha agus sláinte a fheabhsú trí Chomhfhorbairt Áite Folláine a chur i bhfeidhm, ina bhfuil sé mar bhonn faoi dhearadh uirbeach maith agus áiteanna poiblí tarraingteacha atá aoisbháúil, sainiúil, sábháilte agus inrochtana a chruthú a éascóidh agus a chuirfidh caidreamh sóisialta dearfach chun cinn. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 10** | Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na gcuspóirí agus na ngníomhartha le haghaidh forbartha eacnamaíochta agus pobail an chontae a neartú de réir Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Lú (LECP). |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 11** | Tacaíocht a thabhairt do bhreis-fhorbairt geilleagar atá tagtha aniar i gContae Lú agus a chuireann fiontar agus fiontraíocht a chur chun cinn, ina bhfuil sé mar bhonn faoi nuálaíocht agus chumas atá mar thoradh ar phoist inbhuanaithe agus ar fhás eacnamaíochta a chur ar fáil. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 12** | Tacaíocht a thabhairt d'fheabhsú i bhfáil ar oideachas agus ar thraenáil mar chuid lárnach de scileanna, d'eolas, de nuálaíocht agus de chaighdeán poist a chruthú ina mbeidh sé mar bhonn faoi rath do chách agus a chuideoidh sochaí níos inbhuanaithe, níos cothroma agus níos ionchuimsithí a bhaint amach. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 13** | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe na gceantar tuaithe atá faoi thionchar láidir uirbeach chun rófhorbairt a seachain, agus pobail tuaithe bríomhara a chothú. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 14** | Meath tuaithe sna bailte agus sna sráidbhailte beaga a athrú trí bhearta inbhuanaithe agus dírithe a théann i ngleic le folús agus athúsáid inbhuanaithe agus torthaí athnuachana a chur ar fáil. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 15** | Comhtháthú ceart an iompair agus phleanáil na húsáide talún a chinntiú trí mhéadú ar úsáid na modhanna iompair inbhuanaithe agus trí laghdú ar éileamh taistil chun córas iompair inbhuanaithe, comhtháite agus ísealcharbóin a bhaint amach, ina bhfuil nasc den chéad scoth aige laistigh agus taobh amuigh den chontae. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 16** | Úsáid agus forbairt éifeachtúil agus inbhuanaithe an uisce agus infreastruchtúir na seirbhísí uisce dramhaíola ar fud an chontae a chinntiú, ionas go dtacóidh sí le sochaí folláine, le forbairt eacnamaíochta agus le timpeallacht níos glaise. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 17** | Forbairt na dtionscadal infreastruchtúrach a éascú, a bheidh mar bhonn faoi fhorbairt inbhuanaithe ar fud an chontae le linn thréimhse an Phlean seo. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 18** | Cosaint oiriúnach a chur ar fáil do thimpeallacht agus d'acmhainní nádúrtha an chontae agus freagrachtaí na timpeallachta a chomhlíonadh. |

| Cuspóir Straitéiseach | |
|---|---|
| **CS 19** | Creat do bhainistiú agus do rialú forbartha agus úsáide na talún a sholáthair, a bheidh mar threoir laethúil ar shocruithe pleanála, agus ar an gcaoi sin, déantar coincheap forbartha níos inbhuanaithe agus níos comhtháite a chinntiú maidir le húsáid talún éagsúla. |

## 1.7 PRÓISEAS ATHBHREITHNITHE AN PHLEAN FORBARTHA

Cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe foirmiúil Phlean Forbartha Chontae Lú - 2021 ar an 27 Meán Fómhair 2019 ina raibh céim comhairliúcháin na réamh-dhreachta. De réir an cleachtais is fearr, foilsíodh an Páipéar um Shaincheisteanna Straitéiseacha.

Bhí sé mar aidhm aige seo comhrá a spreagadh faoi na topaicí ba thábhachtaí don chontae agus le rannpháirtíocht an phobail ag tús ullmhúcháin an Phlean seo a chur chun cinn agus a tacaíochta a thabhairt di. Ba í feidhm na céime seo ná cinneadh a dhéanamh ar chuspóirí agus ar pholasaithe chun straitéis do phleanáil ceart agus d'fhorbairt inbhuanaithe a chur ar fáil do cheantar an Phlean seo.

Glacadh le próiseas comhairliúcháin na réamh-dhreachta ó Dé hAoine an 27 Meán Fómhair 2019 go dtí Dé Máirt 26 Samhain 2019, inar glacadh le 244 aighneacht. I dteannta na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus úsáid na meán sóisialta srl., ghlac an Chomhairle páirt i gcúig ócáid comhairliúchán poiblí ar fud an Chontae.

D'ullmhaíodh Tuairisc an Phríomh-fheidhmeannaigh de réir alt A 11(4) an *Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* agus cuireadh faoi bhráid na gComhaltaí Tofa.

Ar an 23 Márta 2020, chuir na Comhaltaí Tofa treoir ar fáil chun tús a chur le hullmhúcháin Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027. Tamall ina dhiaidh sin, áfach, chuir Covid-19 isteach ar an tréimhse reachtúil le haghaidh Phlean Forbartha a dhréachtú arna shonrú san *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)*.

Bhí an t-Ordú faoi Alt 251A den Acht ina chúis le síneadh a chur ar an tréimhse reachtúil ina d'ullmhófaí an Plean.

Cuireadh na tuairimí, na dearcthaí agus na barúlacha a leagadh amach sna haighneachtaí scríofa agus na cinn a léiríodh agus a taifeadadh ag na hócáidí comhairliúcháin poiblí san áireamh agus an Plean seo á dhréachtú.

Cuireadh an Plean dréachtaithe ar taispeáint go poiblí ó Dé Céadaoin 14 Deireadh Fómhair, 2020 go dtí Dé Céadaoin 23 Nollaig, 2020 agus glacadh le 833 aighneacht ar an iomlán. Bheartaigh na Comhaltaí Tofa ar dhréacht an Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 a leasú, ina dhiaidh dóibh cruinnithe na Comhairle Speisialta a bheith acu agus dréacht an Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027, Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus aighneachtaí/tuairimí a fuarthas, a chur san áireamh.

Cuireadh na hÁbhair Leasuithe a moladh i ndréacht an Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 agus Tuairiscí na Timpeallachta i gcuideachta ar taispeáint go poiblí ó Dé Máirt 29 Meitheamh 2021 go dtí Dé Céadaoin 28 Iúil 2021. Glacadh 67 aighneacht ar an iomlán le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí.

D'ullmhaíodh agus cuireadh tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar aighneachtaí /tuairimí maidir leis na hÁbhair Leasuithe a moladh i ndréacht an Phlean Forbartha, faoi bhráid na gComhaltaí Tofa. Tar éis thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú, bheartaigh na Comhaltaí Tofa ar glacadh leis an bPlean ar an 30 Meán Fómhair 2021. Tiocfaidh an Plean in éifeacht ar an 11 Samhain 2021.

### 1.7.1 Comhthéacs Reachtach

D'ullmhaíodh Plean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 de réir riachtanas an *Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)*, ina bhfuil sé riachtanach do Phlean Forbartha straitéis a leagan amach do phleanáil agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair agus chomh maith le cuspóirí éigeantacha a bheith ann. Ina measc tá; *inter alia*, cuspóirí do zónáil na talún, soláthair infreastruchtúir, an timpeallacht a chaomhnú agus a chosaint, agus comhtháthú na pleanála agus na forbartha inbhuanaithe agus riachtanais shóisialta, pobail agus chultúrtha an cheantair agus an daonra a bhaineann leis.

Cuireann sé riachtanas d'ullmhúchán "Croí-straitéise" don Chontae san áireamh, ina gcaithfear teacht i gcomhréir, más féidir, leis na cuspóirí forbartha Náisiúnta agus Réigiúnacha a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus le Straitéis Spásála Réigiúnach agus Eacnamaíochta. Cuirtear liosta iomlán ar fáil do na cuspóirí éigeantacha atá riachtanach le haghaidh cuimsithe i bPlean Forbartha mar a luadh san *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* atá mionsonraithe in Aguisín 1, Imleabhar 3.

I dteannta comhlíonta leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt *2000 (arna leasú)*, déanann reachtaíocht eile eolas do Phlean Forbartha Chontae Lú, riachtanas na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (SEA) agus na Measúnachta Cuí (AA).

### 1.7.2 MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) a chomhlíonadh mar chuid d'ullmhúcháin an Phlean seo, de réir mar a éilítear faoi Rialú um Pleanáil agus Forbairt 2004 (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta). Is éard atá i gceist le SEA ná próiseas ina bhfuil sé riachtanach cúrsaí timpeallachta a chomhtháthú le hullmhúchán na bpleananna agus na gclár, agus sa chás seo ullmhúchán an Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027. Folaíonn Airteagal 1 den Treoir AE 2001/42/EC "Is í aidhm an phróisis *SEA ná cosaint ar ardchaighdeán na timpeallachta a sholáthair agus cuir leis an gcomhtháthú ar chúrsaí timpeallachta in ullmhúchán pleananna agus clár ar leith chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena sin a dheimhniú, de réir na Treoracha seo, déantar measúnacht timpeallachta ar phleananna agus ar chláir áirithe ar dóigh dóibh difear a dhéanamh don timpeallacht, de réir na Treorach seo*". Cuireadh torthaí an phróisis SEA san áireamh agus glacadh leo in ullmhúchán agus cuir le chéile an Phlean seo. Foilsíodh an Tuarascáil Timpeallachta a d'eascair as mar dhoiciméad ar leith agus a fholaítear in Imleabhar 5, i gcomhar leis an bPlean seo.

### 1.7.3 MEASÚNACHT CHUÍ

Soláthraíonn Treoir ó Chomhairle an AE 92/43/EEC ar Chaomhnú um Gnáthóg Nádúrtha, Fána agus Flóra, ar a dtugtar Treoir maidir le Gnáthóga freisin, in éineacht leis an Treoir ar chaomhnú éan fiáin (79/409/EEC arna leasú ag 2009/147/EC), ar a dtugtar Treoir maidir le hÉin freisin, cosaint dhlíthiúil do ghnáthóg agus do speicis ina bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo, trí bhunú agus trí chaomhnú ar ghréasán suímh ar fud an AE ar a dtugtar Natura 2000 Gréasán na Suímh Eorpach. Deimhníonn Airteagal 6(3) riachtanas Measúnachta Cuí (AA) ar phleananna agus ar chláir ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do Shuímh Eorpacha.

Is éard is Measúnacht Cuí ná meastóireacht ar tionchar féideartha plean ar leith ar chuspóirí caomhnaithe suímh Eorpaigh, agus ar fhorbairt, nuair is gá, na mbearta maolaithe agus seachanta chun cosc a chur ar éifeachtaí diúltacha. Rinneadh Measúnacht Cuí mar chuid d'ullmhúchán an Phlean seo.

Foilsíodh Tuarascáil um Éifeacht Natura (NIR) mar dhoiciméad ar leith agus a fholaítear in Imleabhar 5, i gcomhar leis an bPlean seo

### 1.7.4 MEASÚNÚ STRAITÉISEACH um RIOSCA i gcás TUILTE (SFRA)

Le linn riachtanais an phróisis Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus an *Chórais um Pleanáil agus um Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte – Treoracha do na hÚdaráis Pleanála* (2009), rinne an Chomhairle Measúnú Straitéiseach um Riosca i gcás Tuilte ar fud an Chontae do cheantar an Phlean seo.

Soláthraíonn sé seo measúnú leathan ar riosca i gcás tuilte laistigh den Chontae agus cuirfidh sé eolas ar fáil ar chinntí pleanála le haghaidh úsáide straitéisí na talún sa Phlean seo agus i bpleananna eile.

Foilsíodh an Measúnú Straitéiseach um Riosca i gcás Tuilte mar dhoiciméad ar leith agus a fholaítear in Imleabhar 5, i gcomhar leis an bPlean seo.

### 1.7.5 CAOMHNÚ AGUS COSAINT NA TIMPEALLACHTA

Tá cuspóirí forbartha an Phlean seo i gcomhréir le chéile, a mhéid is indéanta, le caomhnú agus le cosaint na timpeallachta.

Cuireadh na próisis Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA), Measúnacht Cuí (AA) agus Measúnú Straitéiseach um Riosca i gcás Tuilte (SFRA) eolas ar ullmhúchán an Phlean (Soláthraíonn Imleabhar 5 an Phlean na cáipéisí a bhaineann leis ina ndéantar mionsonrú ar na torthaí). Glacadh le gach moladh a bhí sna próisis seo a chur sa Phlean agus cuirfidh sé seo le caomhnú agus le cosaint na timpeallachta laistigh agus taobh amuigh den Chontae..

#### 1.7.5.1 Cur chuige Seirbhísí Éiceachórais agus Caipiteal Nádúrtha

Lean an Chomhairle na prionsabal seo ar Chur Chuige Éiceachórais[1], agus an Plean agus cuspóirí polasaithe á n-ullmhú agus á bhforbairt:

a) Córais nádúrtha a chur san áireamh – trí eolas ar idirghníomhaíochtaí sa nádúr agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn éiceachórais (i gcaibidlí 8 agus 11 an Phlean san áireamh);

[1] Is pobail ilfheidhmeacha d'orgánaigh bheo a bhíonn ag idirghníomhú lena chéile agus lena dtimpeallachta iad éiceachórais. Cuireann éiceachórais sraith seirbhísí ar fáil do shláinte dhaonna (seirbhísí éiceachórais) a chuireann le sláinte dhaonna go díreach nó go hindíreach.

b) Na seirbhísí a ndéanann na héiceachórais soláthair orthu a chur i gcuntas – ina measc iad siúd atá mar bhonn faoi na sláinte sóisialta agus eacnamaíochta, amhail bia agus athruithe aeráide (i gcaibidlí 8, 10 agus 12 an Phlean san áireamh) acmhainníle haghaidh bia, snáithín nó breosla (caibidlí 5 agus 11 san áireamh), nó le haghaidh fóillíochta, cultúir agus chaighdeán na beatha (caibidlí 4, 6, 9 agus 11 san áireamh);
c) Ról an Phobail – glacfaidh na daoine a bhaineann leas as seirbhísí an éiceachórais agus na daoine a dhéanann bainistiú orthu sna cinntí a mbeidh tionchar acu orthu. Chuir comhairliúchán poiblí eolas ar ullmhúchán an Phlean inar ndearna mionchoigeartú air sular glacadh leis, inar ndearna aighneachtaí agus tuairimí an Phlean a cuireadh chun tosaigh le linn an taispeántais phoiblí a chur i gcuntas.

Cuirfidh an Chomhairle Cur Chuige Seirbhísí Éiceachórais chun cinn, agus na prionsabail thuas á leanúint acu, le linn phróisis na cinnteoireachta, go háirithe iad siúd a bhaineann le hullmhúchán pleananna úsáide na talún.

Mar aitheantas ar an ngá caipiteal nádúrtha[i] a bhainistiú, déantar soláthairtí a chomhtháthú sa Phlean a chuirfidh le bainistiú an chaighdeáin aeir, truailliú de dheasca torainn, truailliú solais, caighdeán an uisce agus bainistíocht dobharcheantair comhtháite.

## POLASAÍ MACHNAIMH

Éilíonn *an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* go mbeidh Plean Forbartha, a mhéid is indéanta, i gcomhréir le chéile leis na Pleananna, leis na Polasaithe agus leis na Straitéisí Náisiúnta agus Réigiúnacha maidir le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe, aird a thabhairt ar Threoracha na n-Airí (DHPLG), Pleananna Forbartha na n-údarás taobh leo agus riachtanais an *Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)*.

Tá an Plean seo de cheangal ag an gCreat Náisiúnta Pleanála agus ag an Straitéis Spásála Réigiúnach agus Eacnamaíochta (Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre).

Agus an Plean seo á ullmhú, tugadh aird ar dhoiciméid Idirnáisiúnta, Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla.

Bhí siad seo ríthábhachtach le haidhmeanna agus le treo straitéiseach an Phlean a chur le chéile, lena n-áirítear iompar agus úsáid na talún ach gan a bheith teoranta dóibh sin, straitéis lonnaíochta a dhíríonn ar fhorbairt neartaithe agus dlúithe, úsáid éifeacht na talún a uasmhéadú agus an timpeallacht nádúrtha agus tógála a chosaint, srl.

### 1.7.6 Polasaí Náisiúnta

**Tionscadal Éireann 2040** straitéis uileghabhálach fhadtéarmach an rialtais chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn dá muintir uile. Tá sé bunaithe ar chomhréiteach ar thosaíochtaí infheistíochta agus ar chaiteachas caipitiúil a bhí breithnithe agus sainithe go cúramach.

In éineacht leis an bhforbairt ar infreastruchtúr fisiciúil, tugann Tionscal Éireann 2040 tacaíocht do ghnó agus do phobail ar fud na tíre lena gcumas a aithint. Déantar mionsonrú ar an dá cháipéis bunaithe ar Thionscal Éireann 2040 thíos.

**An Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)** plean straitéiseach atá ann le fás agus le forbairt na tíre sna 20 bliain atá le teacht a chothú. Is í aidhm an CNP ná fís amháin ar leith do gach pobal ar fud na tíre a chothú de réir na n-aidhmeanna a aithníodh mar Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSO) agus ina aithníodh 10 gcinn. Ó thaobh na pleanála de, roinntear Éire ina trí chuid, ina bhfuil

Contae Lú lonnaithe sa cheantar Tionóil an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA).

De réir físe cothroime réigiúnach, agus le tabhairt faoi fhás díréireach an cheantair i dTionól an Oirthir agus Lár Tíre le dáta, tá sé mar sprioc ag an CNP go mbeidh an leibhéal fáis i réigiún Theas agus Thuaidh na tíre le chéile comhionann leis an leibhéal siúd a réamh-mheasta I Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Is é sprioc-dhaonra do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre ná go mbeidh 490,000-540,000 duine sa bhreis ina gcónaí sa réigiún faoin mbliain 2040.

In éineacht le sprioc 50% d'fhás na hÉireann a bheith i gcúig chathair na tíre beidh an CNP, mar aitheantas ar ról na ngréasán trasteorann agus ar an ngá le struchtúr uirbeach na hÉireann a fheabhsú, tugtar aitheantas do Dhroichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr ar chonaire BÁC-Bhéal Feirste as ról lárnach a ghlacadh i bhfás agus i bhforbairt Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan ina aithníodh mar LFR iad.

Déanann an CNP dlús réigiúnach ar chathracha agus ar cheantair uirbeacha níos leithne a chur chun cinn, a dhíríonn ar fhás dlúite uirbeach i limistéir foirgnithe atá ann agus infreastruchtúr cumasaithe a sholáthair chun infheistíocht a chur chun cinn.

De réir CNP, d'ullmhaigh Tionól an Oirthir agus Lár Tíre a Straitéis um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach féin in 2019.

[i] Acmhainní in-athnuaite agus neamh-inathnuaite (e.g. plandaí, ainmhithe, aer, uisce, ithreacha, mianraí)

Cuireadh de chúram ar Údaráis Áitiúla Pleananna Forbartha na Cathrach agus/nó an Chontae a ullmhú chun bheith i bhfreagairt leis an straitéis réigiúnach faoi seach agus a chinntiú go mbeidh fís choitinn curtha i bhfeidhm go háitiúil agus chun comhréiteach ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chinntiú.

**An Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2018-2027** tá sé i gceist ag an NDP gníomhú mar phlean infheistíochta, a chinnteoidh agus a bheidh mar bhonn faoi rath an Chreata um Pleanáil agus Forbairt (CNP) ina dtugann cuspóirí pleanála tacaíocht do thosaíochtaí infheistíochta. Léiríonn sé seo ceangaltas suntasach acmhainní trí infheistíocht ar tuairim is €116bn. Tá sé mar aidhm acu bheith ina cheann feadhna ar *"dul chun cinn fadtéarmach eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann ar fud na tíre as seo go ceann deich mbliana."*

Go bunúsach, éascóidh sé seo idirghabháil réamhghníomhach, in ionad, idirghabháil fhrithghníomhach ar a dtugtaí go nuige, ar mhaithe *"cothromaíocht ar phleanáil náisiúnta a bhaint amach agus freagra a thabhairt ar imtharraingt na réigiún ina bhfuil buntáiste socheacnamaíocha iontu*." - (Iris Eolas -ar líne Márta 2018).

## 1.8 POLASAÍ RÉIGIÚNACH

### 1.8.1 Straitéis um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach 2019 - 2031

Roinntear Tionól an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), ina bhfuil naoi gcontae agus 12 údarás áitiúil ina trí fhoréigiún nó Limistéir um Pleanáil Straitéiseach (SPA) is iad sin; SPA BÁC, SPA an Oirthir agus SPA an Iarthair.

Tá Contae Lú suite in SPA an Oirthir taobh le Chontae na Mí, Chontae Chill Dara agus Chontae Chill Mhantáin. Foilsíodh an EMRA an chéad Straitéis um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach in 2019, ina bhfuil sé mar phríomhchuspóir Tionscadal Éireann 2040 a chur i bhfeidhm, taobh le polasaithe eacnamaíochta agus aeráide an Rialtais, trí chreat straitéiseach pleanála agus eacnamaíochta fadtéarmach a sholáthair. Aimsíonn sé acmhainní, deiseanna agus brúnna réigiúnacha, agus soláthraíonn sé freagraí polasaithe comhfhreagracha i bhfoirm Chuspóirí Bearta Réigiúnacha (RPOs). Is í Fís Straitéiseach an SSER ná:

> *"Réigiún inbhuanaithe agus iomaíocha a chothú a thugann tacaíocht do shláinte agus d'fholláine na ndaoine agus na n-áiteanna, uirbeach agus tuaithe, ina bhfuil teacht ar thithíocht, ar thaistil agus ar dheiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán do gach duine."*

Tá fás straitéiseach an cheantair ar thóir daonra, fás eacnamaíochta agus seirbhísí a ailíniú, agus an úsáid is fearr a bhaint as infreastruchtúr, iompar poiblí san áireamh chun astaíochtaí a laghdú agus chun nasc straitéiseach an réigiúin a fheabhsú mar chuid d'úsáid chomhtháite na talún agus straitéis iompair.

## 1.9 AILÍNIÚ NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACH

Tá an SSER mar bhonn faoi phrionsabail leithne thábhachtaigh léiríonn trí chrann taca na hinbhuanaitheachta; Sóisialta, Timpeallacht agus Eacnamaíocht. Déantar dúshláin agus deiseanna an réigiúin a cuireadh in iúl san SSER a léiriú mar na Trí Phrionsabal Tábhachtacha a leanas:

- Comhfhorbairt Áite Folláine
- Gníomhú ar son na hAeráide agus;
- Deis Eacnamaíochta.

Eascraíonn 16 Thoradh Straitéiseacha Réigiúnacha (RSO) as na trí phrionsabal tábhachtacha seo, a thagann le chéile leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSO) an CNP agus le Cuspóirí um Forbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (NA). Tá cuspóirí polasaithe Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 ar thóir comhordaithe agus treorach ó na 'Trí Phríomhphrionsabal' agus na 'RSO' réamhluaite a bhaineann leis, chun polasaí stuama ailíniú agus cliarlathas idir leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a bhaint amach.

Chun ailíniú na gcuspóirí áitiúla agus réigiúnacha a chur in iúl leagadh amach ceann de na trí phríomhphrionsabal réamhluaite i ngach caibidil den Phlean a thagann le chéile de réir ailínithe (d'fhéadfaí go bhfuil anonn is anall ag baint leis an dá phrionsabal atá fágtha).

Léiríonn an ailíniú leis an RSO mionsonraithe i figiúir 1.1 agus tábla 1.1 ar lean an chaoi a bhfuil an Plean i gcomhar leis an gcreat d'ullmhúchán Pleananna Forbartha an Chontae mar a luaitear san SSER.

*Tábla 1.1: Ailíniú an LCDP le Trí Phríomhphrionsabal agus le Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha*

| Trí Phríomhphrionsabal | Caibidlí Phlean Forbartha Chontae Lú | Ailíniú le Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha 1-16 |
|---|---|---|
| **Comhfhorbairt Áite Folláine** | Croí-Straitéis & Straitéis Lonnaíochta<br>Tithíocht<br>Sóisialta agus Pobal<br>Oidhreacht (Nádúrtha agus Fhoirgnithe) | 1, 2, 3, 9<br>2, 3, 4, 6, 9<br>4, 5, 6, 9, 13<br>4, 5, 9, 10, 11 |
| **Gníomhú ar son na hAeráide** | Gluaiseacht<br>Infreastruchtúr & Fóntais Phoiblí<br>Timpeallacht, Acmhainní Nádúrtha & an Cósta<br>Gníomhú ar son na hAeráide | 4, 6, 9, 15,<br>3, 7, 8, 9, 10, 14<br>3, 7, 8, 9,<br>1-16 |
| **Deis Eacnamaíochta** | Réamhrá<br>Geilleagar & Fostaíocht<br>Turasóireacht | 14<br>3, 12, 13, 15<br>3, 15 |

*Figiúr 1.1 - Figiúr 2.4 an SSER*



# POLASAÍ ÁITIÚIL

## 1.9.1 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Lú 2016-2022

Éilíonn an tAcht Rialtais Áitiúil 2014 go gcuirfidh gach údarás áitiúil tús le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP). Folaíonn LECP Chontae Lú sraith d'aidhmeanna, de chuspóirí agus de ghníomhartha ar ard leibhéal chun forbairt eacnamaíochta agus pobail Chontae Lú a thacú agus a chur chun cinn, ina aonar, agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara fhorbairt eacnamaíochta agus pobail. Seo hiad an dá ghné riachtanach a bhaineann le LECP:

- Gné d'eacnamaíocht áitiúil ullmhaithe agus glactha ag an Údarás Áitiúil trí an gCoiste um Beartais Straitéiseacha (SPC), agus
- Gné d'fhorbairt pobail ullmhaithe agus glactha ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ).

Is í fís LECP Chontae Lú 2016-2022 ná go mbeidh "Contae Lú ina chontae rathúil, bródúil agus ionchuimsitheach *ina dteastóidh ó dhaoine tabhairt fúthu, obair ann, cuairt a thabhairt air agus infheistíocht a dhéanamh, agus ina bhfuil comhionannas deiseanna ar fáil do gach duine*".

D'aimsigh LECP Chontae Lú 8 gcuspóir eacnamaíochta agus 8 gcuspóir pobail le baint amach trí shraith cuspóirí agus gníomhartha aimsithe, ina mbaintear amach an fhís réamhluaite in éineacht a chéile. Cuirtear in iúl iad ar Thábla 1.2.

Is gá go mbeidh an LECP i gcomhréir le chéile le Plean Forbartha an Chontae agus leis an SSER, a chiallaíonn go bhfuil ailíniú grinn aige le polasaí pleanála ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Cuireadh na haidhmeanna agus na cuspóirí Eacnamaíochta agus Pobail a aimsíodh san LECP le cuspóirí polasaithe an Phlean seo.




Cé gur mó an nasc agus an bhaint idir an dá cháipéis i gCaibidil 4 - 'Sóisialta agus Pobal' agus i gCaibidil 5 - 'Geilleagar agus Fostaíocht, tá sé le feiceáil síos tríd, agus tá sé mar bhunús ag príomhphrionsabail agus ag cuspóirí polasaithe an Phlean iomlán.

*Tábla 1.2: Cuspóirí Eacnamaíochta agus Pobail an LECP*

| Cuspóirí Eacnamaíochta | | Cuspóirí Pobail | |
|---|---|---|---|
| **Infheistíocht dhíreach** | Contae Lú a fhorbairt mar phríomhshuíomh infheistíochta ar Chonaire Eacnamaíochta an Oirthir. | **Pobail láidre, shábháilte & rathúla** | Sláinte, caighdeán na beatha a chur ar a gcumas chun tacaíocht a thabhairt do phobail shábháilte, acmhainneacha, neamhspleácha agus gníomhacha. |
| **Forbairt Inbhuanaithe** | Fás ghnó nua agus reatha i bpobail an chontae a chur chun cinn, de réir prionsabal fhorbairt inbhuanaithe. | **Teacht ar Oideachas** | Deimhnigh go bhfuil teacht ag gach duine ar oideachas, ar fhorbairt scileanna agus ar fhoghlaim fad saoil. |
| **Oideachas & Treanáil** | Dul chun cinn a dhéanamah ar fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta trí leanúntas dírithe ar fhoghlaim fad saoil agus ae forbairt scileanna. | **Pobail & áiteannas rathúla agus ionchuimsitheacha** | Comhdheis a chruthú dóibh siúd i ngreim ag an mbochtaineacht, ag an uaigneas agus ag an eisiamh sóisialta. |
| **Nuálaíocht dírithe ar céard atá le teacht** | Deimhnigh go mbeidh Contae Lú ina cheannaire ar fhorbairt ghnó, ina gcruthaítear dea-shampla de luach solúbtha agus de nuálaíocht. | **Sláinte & Folláine** | Timpeallachtaí agus coinníollacha a sholáthair a chuireann saol sláintiúil, féinstiúrtha, comhlíonta agus dionbháilte chun cinn. |
| **Gnó & Tionscal Dúchasach** | Geilleagair áitiúla inmharthana a chur ar fáil, atá mar bhonn faoi nuálaíocht agus faoi fhiontraíocht. | **Páistí agus Daoine Óga a chothú** | Ár bpáistí agus ár nadoine óga a chothú agus a fhorbairt ó luath-óige go haosacht. |
| **Turasóireacht & Oidhreacht** | Deimhnigh go dtugann turasóireacht ar leith an chontae aitheantas dó mar cheannaire margaigh ina bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis. | **Sochaí Aoisbháúil** | Glac leis an obair a dhéanann daoine aosta sa phobal agus í sin a chothú. |
| **Talmhaíocht, Bias & Iascaigh** | Contae Lú a bhunú ar an táirgeoir is fearr in earnáil na feirmeoireachta, bia agus Iascach . | **Fiontraíocht, Nuálaíocht & Fiontar** | Cumhacht a thabhairt do nuálaíocht phobail, d'fhiontraíocht agus d'fhiontar chun tacaíocht a thbhairt d'fhorbairt uirbeach agus tuaithe. |
| **Ceangal leathanbhanda & iompar** | Deimhnigh go bhfuil fáil ar cheangal leathanbhanda ardluais ar fud na tíre, chun gnó a fhorbairt agus a chothú agus lenár bpobail a cheangal. | **Timpeallacht a bhfuil ardmheas uirthi** | Mór a bheith againn ar ár n-oidheacht fhoirgnithe, agus í a chothú agus ár dtimpeallacht nádúrtha chun saol na ndaoine atá ina gcónaí, a n-oibríonn agus a dtagann ar chuairt ar an gcontar a fheabhsú. |

### 1.9.2 Plean Corparáide Chontae Lú 2019-2024

Is é ráiteas misin na Comhairle, mar atá leagtha amach i bPlean Corparáideach na Comhairle Chontae Lú 2019-2024 ná '*ceannasaíocht a sholáthair agus seirbhísí freagrúla, éifeachtacha, dírithe ar shaoránach, ar ardchaighdeán a chur ar fáil*'. Seasann an Chomhairle ar son daonlathais, ionracais, oscailteachta agus ar son freagrachta, agus tá ionchur na ndaoine atá ina gcónaí, a oibríonn agus a dhéanann gnó sa chontae tábhachtach chun forbairt fhís an chontae a chinntiú.

Tarraingíonn an Plean aird ar sheacht gcuspóir straitéiseacha eagraíochtúla, a threoraíonn agus a mbíonn tionchar acu ar threo fheidhmeanna Chomhairle Chontae Lú ar feadh thréimhse cúig bhliana an Phlean, mar a leanas:

- Tithíocht;
- Droichead Átha agus Dún Dealgan – LFR;
- Athrú Aeráide;
- Príomhthionscadail Infreastruchtúir;
- Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta;
- Príomhphleananna agus Straitéisí;
- Caighdeán na Beatha.

Chuir cuspóirí an Phlean Corparáide le cur le chéile na físe agus na gcuspóirí straitéiseacha atá bunúsach do Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027.

### 1.9.3 Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Chontae Lú Louth 2019-2024

Tá Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide forbartha ag Comhairle Chontae Lú mar fhreagra ar thionchar an athruithe aeráide ar Chontae Lú agus ar a shaoránaigh faoi láthair agus amach anseo, a cheadóidh don Chomhairle pleanáil a dhéanamh d'eachtraí drochaimsire (atá ag éirí níos coitianta) agus chun eagraíochtaí agus pobail níos inbhuanaithe agus teacht aniar ar an aeráid a chruthú.

Is cuid den Chreat Náisiúnta um Oiriúnú é (NAF), a foilsíodh mar fhreagra ar sholáthairtí an Achta Forbartha um Athruithe Aeráide agus Ísealcharbóin 2015. Tá ról ar leith ag an gComhairle a d'fhéadfaí athrú dearfach a chur chun cinn maidir leis an gcuspóir athruithe náisiúnta chun ísealcharbóin agus teacht aniar ar an aeráid a bhaint amach agus na gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019.

Is é an ról atá ag Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Chontae Lú, ag an leibhéal áitiúil, ná:

- Tuiscint ar rioscaí agus ar laigí an athruithe aeráide a dheimhniú;
- Cuir i bhfeidhm na gníomhartha ar theacht aniar ar an aeráid i mbealach beartaithe agus go réamhghníomhach a chur chun cinn agus;
- A chinntiú go nglactar le ceisteanna oiriúnaithe na haeráide i ngach plean agus polasaí agus i ngach oibríocht agus feidhm an údaráis áitiúil.

Tá an Plean seo bunaithe ar sé théama ina dtugtar Cuspóirí Ardleibhéil orthu a aithníonn na cuspóirí atá uatha trí chur i bhfeidhm éifeachtacht na Straitéise um Oiriúnú don Athrú Aeráide:

- **Téama 1:** Rialachas Oiriúnaithe Áitiúil agus Cúrsaí Gnó;
- **Téama 2:** Infreastruchtúr agus Timpeallacht Fhoirgnithe;
- **Téama 3:** Úsáid agus Forbairt na Talún;
- **Téama 4:** Bainistiú Draenála agus Tuile;
- **Téama 5:** Acmhainní Nádúrtha agus Infreastruchtúr Cultúrtha;
- **Téama 6:** Sláinte agus Folláine an Phobail.

Déanfaidh an Plean na cuspóirí ardleibhéil agus na torthaí a chomhtháthú le cuspóirí an Phlean Forbartha chun cuspóirí an Rialtais ar ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019.

## 1.10 LEAGAN AMACH AN PHLEAN

Tá cúig imleabhar bainteach lena chéile i bPlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027, ina gcaithfear ciall a bhaint as mar aon aonad amháin agus an Plean á léamh. Seo iad a leanas:

| | |
|---|---|
| **Imleabhar a hAon:** | An Ráiteas Scríofa a dhéanann an straitéis agus cuspóirí polasaithe an Phlean a leagan amach chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an Chontae a dheimhniú. |
| **Imleabhar a hAon -A:** | Léarscáileanna a chuireann léiriú grafach de mholtaí an Phlean ar fáil a léiríonn úsáid na talún agus cuspóirí eile na Comhairle go háirithe don chontae, do LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, agus do Bhailte Fáis Féin-chónaithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire. |
| **Imleabhar a Dó:** | Ráitis lonnaíochta agus léarscáileanna a chuireann léiriú grafach de mholtaí an Phlean ar fáil a léiríonn úsáid na talún agus cuspóirí eile na Comhairle le haghaidh Leibhéil 3 – Bailte Féinchothaithe agus Leibhéal 4 - Bailte agus Sráidbhailte Beaga. Tá léarscáileanna ar fáil do gach ceann de na leibhéil 5 - Nóid Tuaithe. |
| **Imleabhar a Trí:** | Na hAguisíní ina bhfuil Straitéisí Tithíochta agus Miondíola, Straitéis um Infreastruchtúir Ghlais, Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA), Zóin um Ailtireachta Féideartha (ZAP) srl. |
| **Imleabhar a Ceathair:** | Taifead na Struchtúr atá faoi chosaint. |
| **Imleabhar a Cúig:** | An Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) Tuarascáil Chomhshaoil, An Measúnacht Chuí (AA) Tuarascáil um Éifeacht Natura agus Tuarascáil Measúnaithe um Riosca Straitéisigh i gcás Tuilte (SFRA). |

Tá 14 chaibidil i Ráiteas Scríofa Imleabhair a hAon ina ndéantar léiriú ar na hábhair go achomair thíos:

## Achoimre Caibidle

| Ceannteideal Caibidle | Achoimre Caibidle |
|---|---|
| **Réamhrá** | Cuireann sé seo réamhrá an Phlean Forbartha Chontae Lú ar fáil ina leagtar amach athruithe a tharla agus a raibh tionchar acu ar an gContae ó foilsíodh an Plean Forbartha deireanach, maidir le Droichead Átha agus Dún Dealgan go háirithe. Déanann sé mionsonrú ar an gcúlra agus ar na riachtanais reachtaíochta de bhreis ar na céimeanna a bhaintear amach in ullmhúchán an Phlean. Cuireann sé fís Chontae Lú ar fáil, ina dtugann sraith cuspóirí straitéiseacha tacaíocht di. |
| **Croí-Straitéis agus Straitéis Lonnaíochta** | Cuireann sé seo tús le straitéis bunaithe ó thaobh na cainníochta de ar fhorbairt spásála an Chontae atá leanúnach le cuspóirí an CNP agus an SSER agus ina bhfuil cliarlathas lonnaíochta san áireamh, éifeacht a thabhairt don chliarlathas trí cosaintí daonra agus trí leithdháileadh na tithíochta do thalamh chónaithe a leagan amach agus a dhéanann réasúnaíocht bunaithe ar fhianaise do zónáil na dtailte a sholáthair.<br>Tá sonraí struchtúir lonnaíochta an chontae agus réimse na seirbhísí atá ar fáil laistigh de gach catagóir lonnaíochta ar fáil sa chaibidil seo. Leagtar amach conas a dhéantar an creat polasaithe a bunaíodh sa Chroí-Straitéis a chur i bhfeidhm i mbailte agus i sráidbhailte an chontae. |
| **Tithíocht** | Leagann caibidil na tithíochta an straitéis le haghaidh soláthair na tithíochta i gceantair uirbeacha agus tuaithe an chontae amach. Tugann sé tacaíocht do phobail agus do chaighdeán inbhuanaithe, do thithíocht inoiriúnaithe a chruthú a thagann aniar ar éifeachtaí féideartha an athruithe aeráide agus tiocfaidh sé le riachtanais athruithe na gcónaitheoirí. |
| **Sóisialta agus Pobal** | Soláthraíonn an Chaibidil Shóisialta agus Phobail straitéis chun forbairt na bpobal inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a dheimhniú trí chuspóirí polasaithe chun teacht ar áiseanna pobail, sóisialta, fóillíochta, oideachais agus cultúrtha a sholáthair agus riachtanais na ndaoine agus na ngrúpaí pobail a chomhlíonadh agus a dheimhniú. |
| **Eacnamaíocht agus Fostaíocht** | Leagtar straitéis d'fhorbairt eacnamaíocht an chontae amach sa chaibidil seo. Cuirtear achoimre de phróifíl eacnamaíochta an chontae ar fáil ina aithnítear deiseanna ar conas bunaíocht fostaíochta an chontae a fheabhsú. Cuirtear béim ar thábhacht chumas na LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan a chomhlíonadh, atá i mbéal forbartha go hionaid mórscála i bhforbairt eacnamaíochta an chontae |

| Ceannteideal Caibidle | Achoimre Caibidle |
|---|---|
| **Turasóireacht** | Déantar mionsonrú ar straitéis na turasóireachta laistigh den chontae sa chaibidil. Aithnítear tionscnaimh, straitéisí agus suímh na turasóireachta agus leagtar polasaí tacaíochta do gach ceann acu amach. Cuireann an chaibidil béim ar tábhacht chomhshaoil nádúrtha, oidhreacht éagsúil agus líon na dtaitneamhachtaí cultúrtha an chontae mar phríomhcheann feadhna na hearnála. |
| **Iompar** | Leagtar straitéis do sholáthair infreastruchtúir agus infheistíocht iompair amach sa chaibidil ar Iompar. Aithnítear na naisc idir úsáid na talún agus pleanáil iompair ina aithnítear tábhacht chóras iompair éifeachtúil agus atá ag feidhmiú agus ina dtacaítear le hinfheistíocht eacnamaíochta. Cuireann an straitéis athrú chun modhanna iompair níos inbhuanaithe chun cinn, siúlóid, rothaíocht, agus iompar poiblí ina measc. |
| **Oidhreach Nádúrtha, Bithéagsúlacht agus Infreastruchtúr Glas** | Cuirtear achoimre chomhthéacsúil agus comhthéacs straitéiseach maidir le oidhreacht nádúrtha agus infreastruchtúr glas an chontae ar fáil sa chaibidil seo. Cuirtear cuspóirí polasaithe do chosaint, do chaomhnú agus do bhainistiú an chomhshaoil nádúrtha ar fáil agus cuirtear láithreáin ainmnithe ag leibhéal AE agus náisiúnta, speicis cosanta agus gnáthóg taobh amuigh de láithreáin ainmnithe, infreastruchtúr glas, tírdhreacha, bealaí na radharc, agus radhairc, srl san áireamh. |
| **Oidhreacht Fhoirgnithe agus Cultúr** | Cuirtear achoimre chomhthéacsúil agus comhthéacs straitéiseach maidir le hoidhreacht agus le cultúr foirgnithe an chontae ar fáil sa chaibidil seo, ina ndéantar cosaint agus feabhsú do na glúnta amach anseo a dheimhniú. Cuirtear cuspóirí polasaithe do chosaint, do chaomhnú agus do bhainistiú ghnéithe na hoidhreachta agus cultúir fhoirgnithe agus cuirtear seandálaíocht, ailtireacht agus oidhreacht dhúchasach, láithreáin chatha, gairdíní stairiúla agus tírdhreacha ainmnithe san áireamh. |
| **Infreastruchtúr agus Fóntais Phoiblí** | Tá forbairt inbhuanaithe Chontae Lú ag brath ar sheirbhísí agus infreastruchtúr leordhóthanach uisce agus uisce dramhaíola a sholáthair. Aithníonn an chaibidil seo an caidreamh oibre idir Comhairle Chontae Lú (LCC) agus Uisce na hÉireann (IW) a dheimhníonn cumas dóthanach chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fheabhsú amach anseo agus tionscadail IW a chur i bhfeidhm ar fud an chontae, ina gcuirtear caomhnú uisce san áireamh. Aithnítear tábhacht Chóras Draenála Inbhuanaithe (SuDS) agus Bhainistiú um Riosca i gcás Tuilte trí cuimsiú na gcuspóirí polasaithe cuí agus Measúnacht Straitéiseach um Riosca i gcás Tuilte (SFRA). Tugtar aitheantas d'ardchaighdeán, do láithreán cuí, agus ICT infreastruchtúr TFC mar infreastruchtúr tábhachtach chun forbairt sóisialta agus eacnamaíocht chothrom a bhaint amach. Tugann an chaibidil seo tacaíocht d'fhorbairt na n-acmhainní fhuinnimh in-athnuaite ar mhaithe le spriocanna aitheanta agus ar Straitéis Náisiúnta um Athruithe Aeráide a chomhlíonadh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a chur ar fáil ar fud an chontae. Tugann na cuspóirí polasaithe tacaíocht don chur chuige seo. |

| Ceannteideal Caibidle | Achoimre Caibidle |
|---|---|
| **Comhshaoil, Acmhainní Nádúrtha agus an Cósta** | Leagann an chaibidil seo amach an straitéis maidir le Comhshaoil, Acmhainní Nádúrtha agus an Cósta agus déantar mionsonrú ar chuspóirí polasaithe maidir le caomhnú agus feabhsú chomhshaoil an chontae. Cuirtear cur chuige cothrom chun cinn agus polasaithe cuí d'fhás agus d'fhorbairt acmhainní nádúrtha an chontae ag cinntiú go ndéantar éifeachtaí dhíobhálacha ar an gcomhshaoil a íoslaghdú. Tugann an chaibidil aghaidh ar chósta athruithe agus ar chosaint an chósta i gcomhthéacs próisis pleanála mara atá ag athrú. |
| **Gníomhú ar son na hAeráide** | Tugann an chaibidil seo achoimre ar cur chuige an athruithe aeráide agus maolaithe, de réir mar a cheanglóidh an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000, (arna leasú). Déanann an chaibidil seo scrúdú ar an gcaoi a ndéantar straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe a chomhtháthú síos tríd Phlean Forbartha an Chontae. Aithníonn an chaibidil polasaithe, a chuireann le spriocanna a leagadh amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 a bhaint amach. |
| **Treoracha um Bainistiú Forbartha** | Soláthraíonn an chaibidil seo treoir ar réimse forbairt éagsúla le haghaidh iarrthóirí féideartha maidir le pleanáil náisiúnta agus soláthairtí na bpolasaithe áitiúla laistigh de gach caibidil an Phlean seo. Soláthraítear tagairtí agus naisc do cháipéisí polasaithe náisiúnta cuí agus tugtar misneach d'iarrthóirí féideartha páirt a ghlacadh i gcainteanna réamhphleanála. |
| **Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht** | Aithníonn an chaibidil seo go gclúdaíonn polasaithe agus cuspóirí an Phlean seo réimse leathan feidhmeanna na Comhairle agus go mbeidh a réadú ag brath ar ghnéithe, maoiniú san áireamh. Mionsonraítear go ndéantar achoimre 2 bhliana ar an bPlean de réir *Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).* |

***Nóta:*** *Má eascraíonn coimhlint ar bith idir an ráiteas scríofa agus léarscáileanna atá i gcuideachta, thabharfaí tosaíocht don ráiteas scríofa.*

# Caibidil 2

## Croí-Straitéis agus Straitéis Lonnaíochta

"Éascaíonn an Croí-Straitéis agus cuireann sé foirm uirbeach níos daingnithe chun cinn agus cinntíonn go bhfuil forbairt amach anseo bunaithe ar pholasaithe na forbartha inbhuanaithe, ina gcuirtear timpeallacht ar ardchaighdeán beatha agus oibre ar fáil ina ndéantar riachtanais na gcónaitheoirí a chomhlíonadh."

# 2 CROÍ-STRAITÉIS AGUS STRAITÉIS LONNAÍOCHTA

## 2.1 COMHTHÉACS REACHTAÍOCHTA

Folaíonn an *tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* Croí-straitéis bonnaithe ar fhianaise a chur i ngach Plean forbartha. Is é an príomhchuspóir a bhaineann léi ná go n-aithníonn agus go gcoinníonn na húdaráis áitiúla méid talún cuí sna háiteanna cuí chun spriocanna daonra agus tithíochta a bhí beartaithe a bhaint amach. Baintear é seo amach trí straitéis chainníochtúil mheánach go fhadtéarmach le haghaidh fhorbairt spásála ceantair an údaráis pleanála, atá i gcomhréir le chéile le cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha mar a leagadh amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus sa Straitéis um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach (SSER) do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Cuireann an Croí-straitéis Cliarlathas Lonnaíochta san áireamh do spriocanna ordaithe daonra réigiúnaigh an Chontae leagtha amach ag leibhéal an Chontae go lonnaíochtaí agus limistéir uirbeacha a aithníodh laistigh den Chliarlathas Lonnaíochta.

Mar thoradh ar leithdháileadh daonra beartaithe aithnítear éileamh na tithíochta agus riachtanas na talún d'fhorbairt cónaitheora agus úsáide ag féachaint do thoilleadh na talún zónáilte agus chéimniú na forbartha, seirbhísí agus treochtaí iompair agus gluaiseachta atá ag teacht chun cinn faoi seach.

Cé nach bhfuil sé riachtanach de réir an Achta, thabharfaí an Croí-straitéis faoi anailís chuí a dhéanamh ar leibhéal úsáide na talún eile amhail úsáidí fostaíochta, chun a chinntiú go ndéantar zónáil ar thailte dóthanacha ag láithreacha oiriúnacha, ag féachaint ar pholasaithe pleanála ar ardleibhéal agus ar an infreastruchtúr fisiciúil agus glas riachtanach.

Is riachtanas sonraithe de réir an Achta í Léarscáil an Chroí-straitéis, a léiríonn an chaoi a bhíonn an tÚdarás Pleanála ag súil le forbairt an limistéir ar feadh na tréimhse beartaithe de réir an teacht ar infreastruchtúr, ar sheirbhísí agus ar acmhainní.

## 2.2 POLASAÍ UM PLEANÁIL NÁISIÚNTA

### 2.2.1 Tionscadal Éireann 2040: An Creat Náisiúnta Pleanáil (CNP)

Bíonn baint ag Pleananna Forbartha le cliarlathas na bpleananna um spásáil náisiúnta agus réigiúnach ina bhfuil an CNP ar an mbarr. Tagann sé seo in áit na sean-Straitéise um Spásáil Náisiúnta (NSS) atá ar ardleibhéal, plean straitéiseach 20 bliain d'fhás agus d'fhorbairt an Chontae go dtí an bhliain 2040, ina leagadh amach na gcuspóirí thíos faoi:

- Plean Náisiúnta leathan a bhunú maidir le phleanáil straitéisigh agus forbartha inbhuanaithe na limistéar uirbeach agus tuaithe;
- Forbairt Réigiúnach chomhardaithe a dheimhniú trí chumas na réigiún a uasmhéadú; agus
- Comhordú na Straitéisí um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach agus Pleananna Forbartha na gcathracha agus an Chontae a dheimhniú.

Aithníonn an CNP sraith spriocanna a leagadh amach mar Thorthaí um Straitéis Náisiúnta (NSO), atá mar bhonn faoi fhís uileghabhálach an Chontae (féach figiúr 2.1).

Tagann na NSO seo le chéile le go mór mhór le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA leagtha amach i gcaibidil 12 (Figiúr 1) a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, fuinneamh glan, cathracha agus pobail inbhuanaithe, fás eacnamaíochta, neamhionannais agus nuálaíocht agus infreastruchtúr laghdaithe, chomh maithe le hoideachas agus sláinte.

***Figiúr 2.1 – Torthaí um Straitéis Náisiúnta***




***Foinse: An Creat Náisiúnta Pleanála***

Tá fás athchothromaithe an Chontae ar cheann de bhunphrionsabail na Straitéise CNP, a tharlaíonn go díréireach i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre san am atá thart. Tugann sé cead do gach cuid den tír, cibé acu uirbeach nó tuaithe, freastail rathúil a dhéanamh ar fhás agus ar aistriú fad is a ghlactar le ról Bhaile Átha Cliath (BÁC) mar cheann feadhna na tíre. Cuireann sé 'Cothromaíocht Réigiúnach' chun cinn seachas an cur chuige 'tá gach rud ina cheart arís', a lorgaíonn dáileadh 50:50 fáis idir Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre le Réigiúin an Deiscirt, an Tuaiscirt agus an Iarthair le chéile.

Tá 25% d'fhás daonra náisiúnta beartaithe do BÁC, 25% do na ceithre chathair - Gaillimh, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge agus 50% den fhás atá fágtha do phríomh-lárionad réigiúnacha, do bhailte, do shráidbhailte agus do limistéir tuaithe ar a n-áirítear i Straitéisí um Spásáil agus Eacnamaíochta Réigiúnach.

Is é an fás daonra atá beartaithe do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre ná 490,000-540,000 duine sa bhreis ina gcónaí sa réigiún.

Díríonn an straitéis ar 'lárionad mhórscála' a thógáil agus tabhairt faoin imeall, ina leanfaidh BÁC ar aghaidh ag forbairt ina cathair idirnáisiúnta ar mhórscála.

Ar 'lárionaid mhórscála' a thógáil taobh amuigh de BÁC, tá spriocanna uaillmhianacha ag na ceithre chathair - Gaillimh, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge agus, laistíos de na cathracha seo, tugtar aitheantas do ról réigiúnach Bhaile Átha Luain agus Lár Tíre, Shligeach agus Leitir Ceanainn san iarthuaisceart agus gréasáin thrasteorann Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-An Iúir. Tugann CNP aitheantas d'idirghníomhaíochtaí suntasacha trasteorann atá dírithe ar phríomhghréasáin lonnaíochta, go háirithe Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr i gcomhthéacs Conaire Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste, ag tabhairt aitheantas do thábhacht fáis féideartha an gréasáin chun forbairt réigiúnach agus chun struchtúr uirbeach na hÉireann a fheabhsú.

Is gné thábhachtach don straitéis fáis, cuid bhunúsach don CNP ná, fás dlúithe agus inbhuanaithe a dheimhniú toisc go gcuireann sé na féidearthachtaí is fearr ar fáil chun féideartha réigiúnach a dhíghlasáil. Is é an cur chuige is fearr d'fhorbairt dlúithe ná ceann a dhíríonn ar thailte 'athfhorbraíochta' a forbraíodh a athúsáid agus ar láithreacha agus foirgnimh inlíonta a fhorbairt. Mar thoradh air seo, teastaíonn 30% seachadadh ar a laghad de thithe nua i lonnaíochtaí (taobh amuigh de na chathair) ón CNP le bheith laistigh den lorg foirgnithe reatha (NPO 3(c)). Déantar mionsonrú ar phátrún beartaithe i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre go dtí 2040 i Tábla 2.1.

***Tábla 2.1: Pátrún Beartaithe Fáis i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre 2040***

| **Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre** | | |
|---|---|---|
| **Fás ár Réigiúin** | Réigiúin níos láidre a thógáil: Teacht ar lárionaid mhórscála | Fás dlúithe, cliste agus inbhuanaithe |
| **+490,000 - 540,000 duine** | Cathair & bruachbhailte BÁC:<br>+235,000 - 290,000 duine | 30% de thithíocht nua laistigh de loirg uirbeacha reatha |
| **+320,000 i bhfostaíocht** | Leagann an SSER amach creat um straitéis forbartha don réigiún ceannasaithe le príomhról an gréasáin trasteorann Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-An tIúr. | |

***Foinse: An Creat Náisiúnta Pleanála***

Maidir le chomhfhorbairt áite tá soláthair forbartha, a chuireann le agus a neartaíonn an struchtúr uirbeach agus tuaithe, ina bhfuil gníomhaíocht féin-chónaithe agus cianobair seachas gníomhaíochta bunaithe ar an gcomaitéireacht, ar cheann de na dúshláin is mó roimh Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre. Tugann sé deis do ghnéithe cathrach, baile, sráidbhailte agus tuaithe an réigiúin a fheabhsú, ag tabhairt droim láimhe le samhail forbartha sraoilleála, ina raibh fás tapa bunaithe ar chúrsaí tithíochta.

Aithníonn an CNP go bhfuil gréasán trasteorann BÁC-Bhéal Feirste ina cheann feadhna i limistéar an réigiúin oirthuaiscirt. Caithfear tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt trí caighdeán na beatha agus cur chuige dírithe ar fhorbairt dlúithe, sheicheamhach agus inbhuanaithe na limistéir leithne uirbeacha amhail Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, chun fostaíocht ghiaráilte agus fás daonra inbhuanaithe a bhaint amach.

### 2.2.2 Treochlár Feidhmithe don Chreat Náisiúnta Pleanála

Tarraingíonn an Treochlár Feidhmithe aird ar fhócas an Rialtais chun ailíniú idir polasaí agus pleanáil Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil a bhaint amach. Is gá le hathrú san idirthréimhse ghearr go meánach agus sa chomhthéacs fadtéarmach chun meastacháin agus spriocanna fadtéarmacha Náisiúnta a athrú go leibhéal ceapadh phlean áitiúil, áfach.

Is gá le tréimhse athruithe chun ailíniú a dhéanamh ar phleananna ag gach leibhéal i dteannta athruithe ar fhás dlúithe, faoina bhfuil gá glacadh le ceadanna pleanála agus tailte zónála reatha.

Soláthraíonn an Treochlár teacht i bhfeidhm na 'tréimhse athruithe' go dtí 2026. Ina soláthraíonn sé sraith meastachán daonra eolas a chur ar fáil do phleananna réigiúnacha agus áitiúla 2026 agus 2031. Déantar liostáil ar na meastacháin daonra athruithe Chontae Lú i dTábla 2.2.

Soláthraíonn an Treochlár raon sa bhreis nach faide ná 25% go dtí 2026 do na contaetha sin ina bhfuil fás daonra beartaithe le bheith ag nó os cionn an mheáin náisiúnta, Contae Lú san áireamh. Baineann an raon sa bhreis seo le bearta 2026 amháin agus gan baint a bheith aige le bearta 2031. Léirítear na bearta daonra seo agus an raon sa bhreis 25% i dTábla 2.3.

Ag féachaint d'ainmniú Lárionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar cheann feadhna réigiúnacha, ina dtacaíonn Lárionaid Fáis Féin-chónaithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire agus struchtúr láidir lonnaíochta uirbeach atá fágtha ina shampla ar chontae Lú, is mó an tábhacht a bhaineann le húsáid raon sa bhreis 25% don chontae chun cur chuige solúbtha a chur ar fáil agus chun cuidiú le cuspóirí an CNP agus an SSER a chomhlíonadh. Beidh an chéad mheasúnú ar Phleananna Forbartha a ullmhaíodh i gcomhréir an CNP agus an SSER agus bunófar rath feidhmithe na gcuspóirí polasaithe Náisiúnta agus Réigiúnacha sna blianta 2026-2027.

*Tábla 2.2: Spriocanna Daonra Athruithe Chontae Lú*

| Tionól Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre | | | |
|---|---|---|---|
| **Réigiún agus Contaetha** | 2016 | 2026 | 2031 |
| **Oirthear-Lár** | | | |
| **Contae Lú** | 129,000 | 139,000-144,500 | 144,000-151,500 |

***Foinse: Aguisín 2 an Threochláir Feidhmithe***

*Tábla 2.3: Spriocanna Daonra Athruithe Chontae Lú agus raon sa bhreis 25%*

| Tionól Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún agus Contaetha** | 2016 | 2026 | 2026 (roan 25% san áireamh)[1] | 2031 |
| **Oirthear-Lár** | | | | |
| **Contae Lú** | 129,000 | 139,000-144,500 | 141,500-148,375 | 144,000-151,500 |

[1] Beidh an Plean seo i mbun go dtí 2027, lena n-áirítear i figiúirí daonra níos déanaí sa chaibidil seo.

## 2.3 POLASAÍ UM PLEANÁIL RÉIGIÚNACH

### 2.3.1 Straitéis um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach

Mar thoradh ar achtú an *Achta Athchóirithe an Rialtais Áitiúil 2014,* tháinig trí Thionól Réigiúnacha nua in éifeacht i mí Eanáir 2015, a cuireadh in ionad na hocht nÚdarás Réigiúnacha roimhe sin. Is cuid de Thionól Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) é Contae Lú a ghlac an chéad Straitéis um Spásáil agus Eacnamaíocht Réigiúnach (SSER) i mí an Meithimh 2019.

Is é cuspóir an SSER ná tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú Thionscadail Éireann 2040 – a nascann pleanáil agus infheistíocht tríd an CNP agus tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 10 mbliana agus polasaithe eacnamaíochta agus aeráide an rialtais, trí straitéis pleanála agus creat eacnamaíochta fadtéarmach don réigiún a sholáthair Trí léiriú a dhéanamh ar an CNP, cuireann an SSER béim ar phátrúin forbartha inbhuanaithe, agus lorgaíonn sé díriú ar fhás réigiúnach i lárionaid fáis réigiúnacha amhail Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus laistigh de lorg na limistéar uirbeach reatha. Lorgaíonn an SSER socrú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr spriocanna an CNP a bhaint amach mar a leagadh amach i dTorthaí Náisiúnta Straitéiseacha (NSO), ag leibhéal réigiúnach.

Mar thoradh air seo, tugann an Straitéis aitheantas 16 Thoradh Náisiúnta Straitéiseacha (RSO) ina bhfuil ailíniú le polasaí náisiúnta agus ina leagtar amach creat le Pleananna Forbartha an Chontae a chur ar fáil. Leagann caibidil a haon amach conas mar a dhéanann sé ailíniú leis na 16 Thoradh Réigiúnach Straitéiseacha agus ina dhiaidh sin leis an bpolasaí Náisiúnta agus Réigiúnach. As na trí réigiún, tá an daonra is mó ag Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre ina raibh breis is 2.3 mhilliún duine in 2016.

Is réigiún ina bhfuil fás óg agus ilghnéitheach air ina dtugann gréasán na mbailte réigiúnacha, bailte an Chontae agus cúlchríoch fhairsing na tuaithe tacaíocht do BÁC, príomhlonnaíocht an réigiúin. Is é príomhcheann feadhna eacnamaíocht an stáit, atá mar phríomhchathair na tíre, tá nach mór ná leath de dhaonra na tíre agus breis is aon mhilliún phost. Tá trí Limistéar Phleanála Straitéiseacha (SPA) ann a sholáthraíonn do phleanáil tarchurtha fo-réigiúnach, is iad sin; Réigiún BÁC (lena mbaineann Contae Lú) agus Réigiún Lár Tíre.

***Figiúr 2.2: Limistéar um Pleanáil Straitéiseach (SPA) Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre***




I dteannta fhorbairt spásála an réigiúin, tá plean d'fhorbairt eacnamaíochta curtha i bhfeidhm ag an SSER, ina bhfuil deiseanna d'fhorbairt fiontraíochta bunaithe ar láidreachtaí, ar áiseanna agus ar acmhainní áitiúla, atá mar bhonn faoi chaighdeán beatha. Tugann áiseanna nádúrtha, cultúrtha agus glasa an infreastruchtúir tacaíocht d'earnáil na turasóireachta agus na fóillíochta, tá riachtanach chun áiteanna a chothú a mheallann daoine cur fúthu, obair, cuairt a thabhairt orthu agus infheistíocht a dhéanamh iontu. Tá an creat spásála agus eacnamaíochta, a leagadh amach san SSER mar bhonn faoi chuspóirí polasaithe straitéiseach a leagadh amach sa Phlean seo.

Bun tosaíocht an réigiúin ná dul i ngleic le cianchomaitéireacht agus ceisteanna dhroch-chaighdeán na beatha ina dhiaidh sin. Bhain an SSER úsáid as 'Limistéir Feidhme Uirbeacha' (FUAs) ina gcuirtear áit cónaithe agus áit oibre na ndaoine chun pleanáil níos fearr a chruthú do sholáthar as seo amach agus d'ailíniú iompair, tithíochta agus infreastruchtúir sa Réigiún a fheabhsú.

Cuireann FUAs le an Limistéir um Pleanáil Straitéiseach (SPAs) trí cosúlachtaí agus trí dhifríochtaí spásála, sóisialta agus eacnamaíochta a aithint laistigh de gach SPA. Is iad seo na trí FUA a aithníodh:

- Cathair agus Ceantar Uirbeach BÁC:
  - Cathair agus ceantar uirbeach BÁC ina bhfuil lonnaíochtaí móra agus naisc láidre leis an gcathair (ní chuirtear Contae Lú san áireamh).

- Croí-Réigiún:
  - ‘Cúlchríocha’ uirbeacha atá laistigh de cheantar comaitéireachta timpeall BÁC, deisceart Chontae Lú agus Lárionad Fáis Réigiúnach Dhroichead Átha san áireamh.
- Réigiún Tairsí:
  - Limistéar atá fágtha taobh thall de cheantair uirbeacha croícheantair thuaisceart Chontae Lú agus Lárionad Fáis Réigiúnach Dhún Dealgan. Aithnítear na trí FUA are i bFigiúr2.3.

***Figiúr 2.3: Léarscáil Cliarlathais Lonnaíochta i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre***

***Foinse: SSER***

### 2.3.2 Cliarlathas Lonnaíochta an SSER agus Chontae Lú

Is riachtanas an *Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* é comhsheasmhacht agus comhréiteach idir Pleananna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Tá creat fáis Chontae faoi threoir an CNP agus an SSER.

Leagann an CNP agus an SSER polasaí paraiméadair don Réigiún amach chun bainistiú a dhéanamh ar fhás BÁC mar chathair mhórscála idirnáisiúnta, a fhaigheann tacaíocht ó fhás na Lárionad Fáis Réigiúnach ainmnithe agus a fhaigheann tacaíocht sa bhreis ó fhorbairt agus ó athnuachan phríomhbhailte ar leith.

Baineann straitéis fáis an SSER feidhm as cur chuige láidir bunaithe ar fhianaise, cliarlathas lonnaíochta a bhaint amach a aithníonn láithreacha d'fhás daonra agus fostaíochta le infreastruchtúr agus seirbhís infheistíochta cothrom, chun freastail ar riachtanais fáis. Bíonn tionchar aige seo ar fhás Chontae Lú ar an gcaoi seo a leanas:

**Lárionaid Fáis Réigiúnacha (LFR)** Tacaíocht a tabhairt do threoir fáis daonra agus eacnamaíochta suntasaigh chun a chinntiú go mbaineann na hionaid seo scála dóthanach amach, go mbeidh siad mar cheann feadhna eacnamaíochta an réigiúin agus forbairt réigiúnach éifeachta a chur i bhfeidhm. Is Lárionaid Fáis Réigiúnacha iad Droichead Átha agus Dún Dealgan.

**Príomhbhailte** Níl príomhbhailte i gContae Lú. Aithnítear sain-tréitheachtaí lonnaíochta an SSER atá leagtha amach sa Phlean Forbartha trí úsáid a bhaint as cur chuige bunaithe ar fhianaise.

**Bailte Fáis Féin-chónaithe** is ceann feadhna réigiúnacha tábhachtacha iad a bhfreastalaíonn ar an daonra cónaithe agus ar na ceantair mhórthimpeall agus leibhéal réasúnta poist agus seirbhísí. Amhail bailte ainmnithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire.

**Bailte Féin-chónaithe** tá gá le hinfheistíocht i seirbhísí, i bhfostaíocht agus in infreastruchtúr agus seachadadh tithíochta á chothromú. Ina measc tá; Cairlinn, Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin, Ceann Chlochair, Tearmann Feichín agus Tulaigh Álainn.

**Bailte agus Sráidbhailte beaga** tugann siad tacaíocht d'fhás áitiúil ar fud an Chontae agus réimse méid agus feidhme. Díreoidh fás as seo amach ar fhás inbhuanaithe ceantair, chun riachtanais an daonra áitiúil a chomhlíonadh.

**Nóid Tuaithe agus Limistéar Tuaithe níos leithne:** Sainghné is ea forbairt chónaithe ina bhfuil seirbhísí agus áiseanna teoranta ina gcuirtear béim ar neartú creatlaí agus ar phobail tuaithe inbhuanaithe a chruthú, atá oiriúnach le riachtanas tithíochta tuaithe a chomhlíonadh.

Déantar uasdátú ar Chliarlathas Lonnaíochta an Phlean seo chun léiriú a dhéanamh ar théarmaíocht agus ar chatagóirí lonnaíochta a leagadh amach san SSER. Leagtar Cliarlathas Lonnaíochta Chontae Lú amach i dTábla 2.4.

***Tábla 2.4: Cliarlathas Lonnaíochta Chontae Lú***

| Leibhéal Lonnaíochta | Catagóir Lonnaíochta | Cur síos | Lonnaíocht |
|---|---|---|---|
| **1** | **Lárionaid Fáis Réigiúnacha** | Is bailte móra iad Lárionaid Fáis Réigiúnacha agus leibhéal ard d'fhostaíocht agus de sheirbhísí féin-chónaithe atá mar cheann feadhna eacnamaíochta agus a ghlacann páirt suntasach de dhobharcheantar leathan. | Droichead Átha<br>Dún Dealgan |
| **2** | **Bailte Fáis Féin-chónaithe** | Bailte Fáis Féin-chónaithe ina bhfuil leibhéal measartha post agus seirbhísí – bailte margaidh fo-thuaithe agus bailte comaitéireachta ina bhfuil naisc mhaithe iompair agus toilleadh d'fhás leanúnach le bheith níos féin-chónaithe, san áireamh. | Baile Átha Fhirdhia<br>Dún Léire |
| **3** | **Bailte Féin-chónaithe** | Bailte féin-chónaithe ina bhfuil ardleibhéil fáis daonra agus bonn fostaíochta laig atá ag brath ceantair eile d'fhostaíocht agus/nó seirbhísí eile agus ina bhfuil gá le hinfheistíocht dhírithe le bheith níos féin-chónaithe. | Cairlinn, Ceann Chlochair, Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin, Tearmann Feichín, Tulaigh Álainn. |
| **4** | **Bailte agus Sráidbhailte Beaga** | Bailte agus sráidbhailte ina bhfuil feidhmeanna seirbhíse agus fostaíochta áitiúla. | Áth na gCasán, Baile Trá, Collann, Droim Ineasclainn, Droichead an Chnoic, Sráidbhaile Lú, Ó Méith, Baile an Tallúnaigh. |
| **5** | **Nóid Tuaithe** | Nóid Tuaithe. | Baile Lagáin, Bealach Púiste, Baile na Lorgan, Dairbhe, Droim Ing, Fochaird, An Gleann Mór, An Ghráinseach, Gráinseach an Dísirt, An Grianfort, Cé Gyles, Cill an Churraigh, Cill Choirle, An Tiarnas, Mion Bhagnail, An Ghráinseach Mhór, Baile Philib (Collann), Gleann na bhFiach, Baile an Riabhaigh, Clais an Ghainimh, Saileogach, Tigh Beannáin, Tigh an Iúir, An Corrbhaile. |

## 2.4 Cur Chuige Croí-Straitéis

Leagan an Plean seo Croí-Straitéis bunaithe ar fhianaise le haghaidh fhorbairt as seo amach Chontae Lú, ag féachaint de bhearta daonra an CNP, de chliarlathas lonnaíochta an SSER agus ceist chéimniú na dtailte forbartha chun fás bailte ag leibhéal inbhuanaithe agus cuí lena n-áit sa chliarlathas a chinntiú. Forbróidh an Croí-Straitéis ag féachaint do spriocanna inlíonta/athfhorbraíochta mar a fhoráiltear san CNP.

### 2.4.1 Cuspóirí Straitéiseacha an Chroí-Straitéis

Is éard atá i gceist le Cuspóirí Straitéiseacha Chroí-Straitéis Chontae Lú ná:

- A chinntiú go dtagann forbairt agus fás Chontae Lú le chéile le cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha mar a fhoráiltear san CNP agus san SSER agus treoirlínte agus polasaithe náisiúnta eile;
- Creat a sholáthair chun fís agus cuspóirí an Phlean a chur ar fáil;
- Tacaíocht a thabhairt d'fhás daonra Chontae Lú de réir bearta daonra mar a shonraítear i dTreochlár Feidhme an CNP 148,375 (méadaithe go 149,966 chun saol an Phlean a léiriú) agus de réir an Chliarlathais Lonnaíochta agus Tablaí an Chroí-Straitéis;
- Comhréiteach infheistíocht infreastruchtúrach leis na lonnaíochtaí a aithnítear d'fhás sa Chliarlathas Lonnaíochta a chinntiú chun a dheimhniú go dtagann acmhainn na seirbhísí le héileamh na seirbhísí agus seachadta i mbealach tráthúil, éifeachtúil ó thaobh na costas de agus inbhuanaithe;
- Fás bailte ag leibhéal inbhuanaithe agus cuí a chinntiú, agus bunús do thailte zónáilte le haghaidh fhorbairt cónaithe, fostaíochta agus úsáid mheasartha;
- Soiléireacht d'fhorbróirí agus infheistíocht eile sa Chontae a chur ar fáil.

### 2.4.2 Ábhar an Chroí-Straitéis

Déanann an Croí-Straitéis beart de réir an bhriathair orthu seo a leanas:

- Cliarlathas Lonnaíochta/Dáileadh daonra agus Teaghlaigh;
- Spriocanna daonra; agus
- Spriocanna Teaghlaigh as seo amach agus riachtanais talún zónáilte.

### 2.4.3 Prionsabail Threoracha an Chroí-Straitéis

Aithníonn an SSER go bhféadfadh neamhréir a bheith ann idir candam talún zónáilte i bPleananna reatha agus paraiméadair forbartha náisiúnta agus réigiúnacha a leagtar amach san CNP. Is iad na roghanna atá ar fáil chun dul i ngleic le ceist farasbairr na dtailte cónaithe:

- Bearta tosaíochta a chur ar fáil le haghaidh scaoileadh seicheamhach na dtailte a d'fhéadfaí bheith oiriúnach do sheachadadh tithíochta ach nach mbeadh sé dóchúlacht a bheith ar fáil le linn thréimhse an Phlean seo;
- Talamh dí-zónáilte.

Aithníonn an SSER go bhféadfaidh na húdaráis áitiúla pléigh a dhéanamh ar láithreáin oiriúnacha eile, sa chás go mbíonn láithreáin ina bhfuil forbairt fhéidearthacht fadtéarmach nach bhfuil forbairt déanta orthu. Déantar meas ar thosaíocht tailte, maidir le farasbarr na dtailte cónaithe.

Féadfaidh baint a bheith aige seo le céimniú tailte agus/nó tús a chur le straitéis mhalartach, nó dí-zónáil na talún.

Ní bheidh talamh ar bith ina ndéantar straitéis mhalartach uirthi ar fáil d'fhorbairt le linn shaolré an Phlean.

Beidh sé seo ag brath ar an gcatagóir lonnaíochta ina ndéantar tailte a lonnú agus gnéithe aimsithe eile lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do; patrúin reatha na forbraíochta, ceadanna atá ar fáil, agus srianta infreastruchtúir.

### 2.4.4 Straitéis Fáis Chontae Lú

Thug príomhghnéithe Fáis Straitéisí an SSER i gcomhar le híogaireachtaí timpeallachta an Chontae eolas do Straitéis Fáis Chontae Lú. Tá sé bunaithe ar lonnaíochtaí láidre uirbeacha a neartú agus ceantar tuaithe a chosaint agus a thacú ag an am céanna, a chuireann acmhainní luachmhara nádúrtha, bithéagsúlacht, caighdeán timpeallachta agus gnéithe tírdhreacha ar fáil. Lorgóidh sé freastail ar riachtanais an Chontae iomlán.

Díreoidh fás daonra agus eacnamaíochta go príomha sna LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus aitheantas a thabhairt d'fhéidearthacht bailte agus sráidbhailte ar scála níos lú forbairt a dhéanamh ag ráta inbhuanaithe.

- Déantar achoimre ar Chontae Lú thíos: Tosaíocht a thabhairt do dhaonra spriocdhírithe agus fás eacnamaíochta na LFR ainmnithe Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. A bhfás inbhuanaithe agus dlúithe leanúnach mar cheann feadhna go cathair mhórscála a chur chun cinn, agus sprioc daonra 50,000 faoin mbliain 2031 ina dtugann sé tacaíocht d'fheabhsú nasc iompair inbhuanaithe agus an infreastruchtúr cuí chun féidearthacht iomlán na mbailte a bhaint amach trí bheith daoine a mhealladh chun cónaí ann agus infheistíocht a dhéanamh ann;
- Leas a bhaint as láthair straitéiseach Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste, chun naisc agus sineirge idir tuaisceart agus deisceart Éireann a chur chun cinn;
- Ionchuir na dtailte athnuachana uirbeacha agus forbairt na láithreán inlíonta le hathbheochan na lonnaíochtaí agus fás dlúithe inbhuanaithe uirbeach (íosmhéid 30% de thithe nua le bheith i lorg foirgnithe an cheantair uirbigh i gContae Lú) éascaithe trí infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí, in iompar agus in infreastruchtúr, srl.;
- Tacaíocht a thabhairt d'Fhás na mBailte Féin-chónaithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire, atá mar phríomhcheann feadhna áitiúil go réigiúnach a chuireann leibhéal meánach post agus seirbhísí ar fáil don daonra cónaithe agus do na ceantair máguaird. Déantar fás a chothromú agus ag leibhéil inbhuanaithe, forbairt athfhorbraíochta agus inlíonta sa áireamh, a dhíríonn ar sheachadadh na fostaíochta agus na seirbhísí agus ar caighdeán na beatha a fheabhsú do gach duine sna bailte seo;
- Tacaíocht a thabhairt do bhailte féin-chónaithe ina bhfuil gá le fás rialaithe, a dhíríonn ar infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí, sa fhostaíocht agus san infreastruchtúr agus cothromaíocht a bhaint amach maidir le seachadadh tithíochta;
- Maidir le hinmharthanacht agus beocht na mbailte agus na sráidbhailte beaga, cur chun cinn na hathnuachana agus tacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht áitiúil agus inmharthana malartach a chur ar fáil do thithíocht shingil atá faoin thuaithe;

  agus
- Bainistiú a dhéanamh ar na ceantair uirbeacha a tharraing fás uirbeach agus a bhí faoi thionchar uirbeach, trí chinntiú go bhfuil tithe singil atá faoin tuath bunaithe ar phríomhcheist an riachtanais eacnamaíochta agus shóisialta shoiléir chun chónaí i gceantar tuaithe éineacht le cearta

reachtúla, a chomhlíonadh, pleananna agus maidir le hinmharthanacht na mbailte agus na sráidbhailte beaga thuasluaite a dheimhniú. Déantar mionsonrú sa bhreis ar fhás as seo amach na Straitéise Lonnaíochta in Alt 2.12 na caibidle seo.

### 2.4.5 Léarscáil an Chroí-Straitéis

Is léiriú léaráideach na Léarscáile Croí-Straitéise (Léarscáil 2.1) ar phleanáil spásála straitéiseach Chontae Lú.

***Léarscáil 2.1 – Léarscáil Chroí-Straitéis***



## 2.5 TREOCHTAÍ DAONRA

Thaifead Daonáireamh 2016 daonra 4,761,865 in Éirinn, a léiríonn méadú 3.8% ar Dhaonáireamh 2011. Measadh gur sheas lonnaíochtaí uirbeacha sa tír, ina bhfuil 200, do 63% den daonra. Taobh amuigh de na cúig chathair – BÁC, Corcaigh, Port Láirge, Gaillimh agus Luimneach, tá cónaí ar 29% de dhaonra na hÉireann ina chónaí i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil 1,500 duine nó níos mó ar a laghad.

Ba é 128,884 daonra Chontae Lú in 2016, méadú ar dhaonáireamh 2011, cé gur ag ráta níos moille atá sé i gcomparáid leis le leibhéil a bhíodh sna tréimhsí roimhe sin. Seans gurb é an cúlú eacnamaíochta atá ina chúis leis an ráta laghdaithe seo, sa thréimhse 2008-2014, ina raibh tionchar aige ar threochtaí daonra agus ar gluaiseacht daoine, ina raibh pátrúin imirce ag athrú. Bhí ardleibhéil imirce agus laghdú ar imirce ag teacht isteach ag leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Chontae san áireamh, ina raibh laghdú ar ráta fáis an daonra ina thoradh.

Ná déan dearmad, go gcuireann dearcadh 10 mbliana ar leibhéal fáis sa chontae idir 2006-2016 achoimre níos cothroime ar fhás daonra ar fáil a bhíodh ann roimh agus le linn an chúlaithe eacnamaíochta.

Ba é 1,762 duine an meán méadú a bhíodh ar an daonra in aghaidh na bliana le linn na tréimhse seo. Cuireann tábla 2.5 léargas ginearálta ar fhás daonra sa chontae idir 2002-2016 ar fáil agus léiríonn sé rátaí éagsúlachta fáis daonra le linn na tréimhse seo.

Fad is a bhí feabhas ag teacht ar an ngeilleagar ón mbliain 2014 agus ar dheiseanna fostaíochta sa tír and, tháinig athrú ar phátrúin imirce. Sa bhliain 2016, chonacthas teacht ar ais ar imirce ghlan chun na tíre at leibhéal náisiúnta den chéad uair ón mbliain 2009.

Lean an treocht seo ar aghaidh in 2018 agus in 2019 ina raibh imirce ghlan chun na tíre ag 34,000 agus 33,700[2] faoi seach, a mhéadaigh ráta fáis an daonra ag leibhéal náisiúnta.

Chuir ráig phaindéim Covid-19 agus an dianghlasáil, a tharla in earrach 2020, srian ar ghluaiseacht daoine ar fud an domhain. Táthar ag tuar go mbeidh éifeacht aici seo ar fhás daonra agus ar phátrúin imirce láithreach bonn agus go mbeidh éiginnteacht faoi éifeachtaí meánach-fadtéarmacha agus é seo á scríobh.

### 2.5.1 Dáileadh Daonra

Tá daonra an Chontae dáilte amach ar fud gréasán lonnaíochta uirbeacha agus tuaithe agus faoin tuath. Tá dlús daonra Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan in éineacht lena mórchríoch bige an Chontae agus an céatadán is airde de dhaonra uirbeach taobh amuigh de BÁC, ina bhfuil 62% den daonra ina chónaí i gceantair uirbeacha in 2016. Leagann tábla 2.6 dáileadh daonra an Chontae bunaithe ar shainmhíniú chomhiomlán na gceantar uirbeach agus tuaithe ag an CSO.

[2] CSO Population and Migration Estimates August 2019

*Tábla 2.5: Fás Daonra i gContae Lú 2002-2016*

| Bliain | Daonra | Méadú ar an Daonra | Tréimhse idir an Daonáirimh | % méadú sa thréimhse idir an Daonáirimh | Méadú meánach bliantúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **2002** | 101,281 | N/A | N/A | N/A | N/A |
| **2006** | 111,267 | 9,986 | 2002-2006 | 9.9% | 2,497 |
| **2011** | 122,897 | 11,630 | 2006-2011 | 10.5% | 2,326 |
| **2016** | 128,884 | 5,987 | 2011-2016 | 4.9% | 1,197 |
| | | | | | |
| **2006-2016** | N/A | 17,617 | 2006-2016 | 15.8% | 1,762 |

*Tábla 2.6: Dáileadh Daonra ag Catagóir Lonnaíochta CSO 2016, Contae Lú*

| Aicmiú CSO | Catagóir Lonnaíochta | Lonnaíocht | % den daonra iomlán | Contae iomlán % |
|---|---|---|---|---|
| **Comhiomlán Ceantar 'Baile'** | Lárionad Fáis Réigiúnach | Droichead Átha agus Dún Dealgan | 56.7% | **66.1%** |
| | Baile Fáis Féin-chónaithe | Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire | 5.3% | |
| | Baile Féin-chónaithe | Ceann Chlochair, Tearmann Feichín, Tulaigh Álainn | 4.1% | |
| **Comhiomlán Ceantar 'Tuaithe'** | Baile Féin-chónaithe | Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin, Cairlinn | 2% | **33.9%** |
| | Baile Beag | Áth na gCasán, Baile Trá, Collann, Droim Ineasclainn, Droichead an Chnoic, Sráidbhaile Lú, Ó Méith, Baile an Tallúnaigh | 3.9% | |
| | Sráidbhailte agus Faoin Tuath | Féach tábla 2.4 de liosta shráidbhailte an Chontae | 28% | |

### 2.5.2 Suíomh an Fáis Daonra

Idir 2011-2016, tháinig méadú 5,987 duine ar Chontae Lú, an méadú is airde 46.6% (2,792) ar dhaonra LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

I gcomparáid leis sin, bhí daonra Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire, ainmnithe mar lonnaíochtaí fáis féin-chónaithe, nach mór marbhánta, ina raibh méadú iomlán 37 duine (0.6%) ar an daonra.

Bhí leibhéal fáis sna Bailte Féin-chónaithe agus sna Bailte Beaga an-chuid níos airde ná Bailte Fáis Féin-chónaithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Dealgan, ina raibh méadú iomlán 1,363 duine ar an daonra, ionann le méadú 22.8% ar an daonra iomlán.

Ina theannta sin, bhí ardleibhéal fáis sna sráidbhailte agus faoin tuath, ina raibh 30% d'fhás daonra iomlán an Chontae sna suímh seo.

Ar an ábhar sin, tháinig fás 53% de dhaonra an Chontae i lonnaíochtaí chéim íochtaraí, a léiríonn brú forbraíochta sna ceantair seo.

Léiríonn Figiúr 2.4 dáileadh an fháis daonra sa chatagóir lonnaíochta sa chontae idir 2011 agus 2016. Déantar mionsonrú ar lonnaíochtaí ina raibh méadú 100 duine nó níos mó ar an daonra idir 2011-2016 i dTábla 2.7.

Tarraingíonn sé seo aird ar an gcaoi a bhfuil fás ag tarlú i lonnaíochtaí ar an gcéim uachtarach agus ar an gcéim íochtarach. I dtéarmaí céatadáin i gcomparáid le méid na lonnaíochtaí, tá na leibhéil fáis is airde sna Bailte Féin-chónaithe amhail Chairlinn, Thulaigh Álainn, Cheann Chlochair, agus Thearmainn Feichín.

***Fig. 2.4: Dáileadh ar Mhéadú an Daonra sa Chontae 2011-2016***



*Tábla 2.7: Lonnaíochtaí ina bhfuil Méadú 100+ duine ar an Daonra 2011-2016*

| LONNAÍOCHT | Daonra 2011 | Daonra 2016 | Athrú féin | % athrú |
|---|---|---|---|---|
| **Droichead Átha** | 32,595 | 34,199[3] | 1,604 | 4.9% |
| **Dún Dealgan** | 37,816 | 39,004 | 1,188 | 3.1% |
| **Cairlinn** | 1,045 | 1,445 | 400 | 38.3% |
| **Ó MÉITH** | 503 | 603 | 100 | 19.9% |
| **Tulaigh Álainn** | 1,358 | 1,547 | 189 | 13.9% |
| **Tearmann Feichín** | 1,443 | 1,579 | 136 | 9.4% |
| **Ceann Chlochair** | 1,993 | 2,145 | 152 | 7.6% |

[3] Léiríonn an figiúr seo Droichead Átha i gContae Lú amháin (ní chuirtear Deisceart Dhroichead Átha i gContae na Mí san áireamh). Bhí daonra na lonnaíochta iomlán Dhroichead Átha 40,956 duine in 2016 (Daonáireamh 2016).

### 2.5.3 Réamh-mheastacháin Daonra an CNP

Cuireann Treochlár Feidhme an CNP, réamh-mheastacháin daonra Chontae Lú ar fáil, i dteannta an 25% sa bhreis ceadaithe, beidh sé sa réimse 141,500-148,404 duine faoin mbliain 2026. Ag baint úsáide as ráta fáis réamh-mheasta níos airde agus saolré an Phlean seo 2021-2027 a fhachtóiriú, is é daonra réamh-mheasta an Chontae in 2027 ná 149,966 duine, ag léiriú méadú 21,082 ar an daonra ar fhigiúr an daonáirimh 2016 (féach Tábla 2.8). D'úsáideadh meán bliantúil an daonra méadaithe réamh-mheasta le linn na tréimhse 2016-2026 chun daonra méadaithe réamh-mheasta idir 2026-2027 a ríomh. Cuireadh an figiúr 1,562 duine le réamh-mheastachán 2026 148,404 chun daonra réamh-mheasta 149,966 in 2027 a fáil. Déantar mionsonrú níos doimhne ar na figiúirí seo a leagan amach i dTábla 2.9.

Ceapadh gur cinneadh tomhaiste agus cuí é glacadh le ráta fáis réamh-mheasta níos airde don chontae i dteannta le 25% sa bhreis chun bonn cirt a bhaint amach. Taispeánann Tábla 2.9 conas nach ndéanann meán bliantúil réamh-mheasta fáis daonra do 2016-2027 ach sárú de bheagán ar méadú mheán bliantúil an daonra a taifeadadh le linn 2006-2016.

Ceapadh gur fás méadaithe réasúnta atá i gceist toisc nach bhfuil ann ach dhá Lárionad Fáis Réigiúnacha sa chontae. Tabharfaidh sé cead do lonnaíochtaí ina bhfuil lonnú straitéiseach Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan forbairt ina gceantair ar mhórscála agus cnuasach daonra criticiúil a chruthú a tabharfaidh seans dóibh an feidhm atá acu mar cheann feadhna réigiúnach ar fhás eacnamaíochta agus daonra a chomhlíonadh, ina bhfuil sprioc-dhaonra 50,000 faoin mbliain 2031.

*Tábla 2.8: Daonra Réamh-mheastacháin Chontae Lú 2016-2027*

| *Daonra 2016* | *Daonra Réamh-mheasta an CNP 2026* | *25% sa bhreis 2026 Méadú ar Dhaonra Réamh-mheasta* | *Daonra Réamh-mheasta 2026 25% sa bhreis san áireamh* | *Meán Bliantúil an Daonra méadaithe Réamh-mheasta 2016 -2026 gan an 25% sa bhreis* | *Daonra Réamh-mheasta 2027* |
|---|---|---|---|---|---|
| 128,884 | 139,000 – 144,500 | 2,529 – 3,904 | 141,529 – 148,404 | 1,562 | 149,966 |

*Tábla 2.9: Fás Daonra Réamh-mheasta an CNP, 2027, Contae Lú*

| **Contae** | **2016** | **2026** | **2026 25% sa bhreis san áireamh** | **Réamh-mheasta go 2027** | **Méadú ar an Daonra 2016-2027** | **2031** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lú** | 129,000 | 139,000 - 144,500 | 141,500 - 148,404 | 149,966 | 21,082 | 144,000 - 151,500 |

*Tábla 2.10: Fás reatha agus réamh-mheasta 2006-2027, Contae Lú*

| **Contae** | **Méadú ar an Daonra 2016-2027** | **Meán an Mhéadaithe Bliantúil 2006 - 2016** | **Méadú Réamh-mheasta an Daonra 2016 - 2027** | **Meán Réamh-mheasta Bliantúil an Daonra Méadaithe 2016 - 2027** |
|---|---|---|---|---|
| **Lú** | 17,617 | 1,762 | 21,082 | 1,916 |

### 2.5.4 Dáileadh Daonra

Déantar téagar an daonra réamh-mheasta agus fáis tithíochta i gContae Lú a threorú go LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan (69%) de réir phríomhchuspóirí an CNP, SSER agus mar atá leagtha amach sa Chliarlathas Lonnaíochta. Tá sé i gcomhréir le chéile le daonra 50,000 i ngach ceann de na bailte a bhaint amach faoin mbliain 2031 mar atá leagtha amach san SSER agus tugann sé tacaíocht d'fhorbairt dhaingnithe sna hionaid mhóra seo chun in fás eacnamaíochta a éascú agus chun an bonn fostaíochta a leathnú.

Is cheann feadhna tábhachtach iad Bailte Fáis Féin-chónaithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire, agus beidh siad níos inbhuanaithe amach anseo le hardú ar fhás leanúnach.

Tá gá le ról Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar LFR agus ról na mBailte Fáis Féin-chónaithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire a neartú chun dul i ngleic leis an bpátrún forbartha is deireanaí a bhí follasach le linn thréimhse an daonáireamh 2011-2016 ina raibh formhór an fáis daonra le chéile sna bailte, sráidbhailte agus faoin tuath ar an gcéim íochtarach (féach Figiúr 2.4).

Is mó dochar ná maitheas a dhéanann pátrún an fháis leis na cuspóirí curtha in iúl ag an CNP agus an SSER agus le forbairt Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Lárionaid Fáis Réigiúnacha, a théann i gcoinne cumas an dá bhaile cathracha ar mhórscála agus ceann feadhna eacnamaíochta an Réigiúin a bhaint amach.

Tá 69.1% den daonra réamh-mheasta dírithe ar Dhroichead Átha agus ar Dhún Dealgan agus 12.3% dírithe ar Bhaile Átha Fhirdhia agus ar Dhún Léire, tabharfar an fuílleach 18.6% den daonra réamh-mheasta do na lonnaíochtaí atá fágtha go háirithe do Bhailte Féin-chónaithe agus do Bhailte, Shráidbhailte agus an Ceantar Tuaithe.

De réir an CNP agus an SSER, treorófar fás as seo amach ar lonnaíochtaí ina bhfuil acmhainn agus cumas iontu d'fhorbairt inbhuanaithe.

Tá gá le comheagar níos mó idir úsáid na talún zónáilte agus soláthar infreastruchtúir, ghlac an CNP le 'Cur Chuige Céimithe ar Zónáil' ina aithnítear tailte atá ar fáil le haghaidh forbartha agus iad siúd atá ag brath ar sholáthar seirbhísí agus infreastruchtúir sa bhreis (Féach Imleabhar 3, Aguisín 2).

Beidh a rath ag brath ar chomhoibriú dlúth idir an t-údarás áitiúil agus gníomhaireachtaí eile ina measc tá *inter alia*; Uisce na hÉireann, TII, agus an NTA.

Cuirtear fás daonra réamh-mheasta Chontae Lú agus fás céatadáin ag Catagóir Lonnaíochta ar fáil i dTábla 2.10. Ina ndéantar aird a tharraingt ar fhás daonra roghnaithe an dá Lárionad Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

*Tábla 2.11: Réamh-Mheastacháin agus Dáileadh an Daonra ag Catagóir Lonnaíochta, Contae Lú*

| Colún A | Colún B | Colún C | Colún D | Colún E | Colún F | Colún G | Colún H | Colún I |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir Lonnaíochta** | **Lonnaíocht** | **Daonra an Daonáirimh 2016** | **Daonra Réamh-Mheasta 2027** | **Méadú Réamh-Mheasta ar an Daonra** | **Méadú Daonra 2002-2016** | **Meán Bliantúil an Daonra Méadaithe p/a 2002-2016** | **Meán Réamh-Mheasta an Daonra Méadaithe in aghaidh na bliana 2016-2027** | **% Ráta an Fháis iomláin Réamh-Mheasta 2021-2027** |
| **Contae** | Lú | 128,884 | 149,966 | 21,082 | 27,063 | 1,933 | 1,916 | 100% |
| **Lárionad Fáis Réigiúnach** | Droichead Átha | 34,199 | 41,113 | 6,914 | 5,866 | 419 | 629 | 32.8% |
| | Dún Dealgan | 39,004 | 46,664 | 7,660 | 6,499 | 464 | 696 | 36.3% |
| **Bailte Fáis Féin-chónaithe** | Baile Átha Fhirdhia | 4,928 | 6,583 | 1,655 | 980 | 70 | 150 | 7.9% |
| | Dún Léire | 1,822 | 2,757 | 935 | 808 | 58 | 85 | 4.4% |
| **Bailte Féin-chónaithe** | Cairlinn | 1,445 | 1,645 | 200 | 841 | 60 | 18 | 0.9% |
| | Baile an Ghearlánaigh/ Cill Sáráin | 1,126 | 1,236 | 110 | 405 | 29 | 10 | 0.5% |
| | Ceann Chlochair | 2,145 | 2,445 | 300 | 1,239 | 89 | 27 | 1.4% |
| | Tearmann Feichín | 1,579 | 1,829 | 250 | 1,076 | 77 | 23 | 1.2% |
| | Tulaigh Álainn | 1,547 | 1,767 | 220 | 930 | 66 | 20 | 1.1% |
| **Bailte Beaga** | Lonnaíochtaí Leibhéil 4 | 5,103 | 5,888 | 785 | 1,886 | 135 | 71 | 3.7% |
| **Sráidbhailte** | Lonnaíochtaí Leibhéil 5 | 35,986 | 38,039 | 300 | 6,533 | 467 | 186 | 9.7% |
| **Ceantar Tuaithe** | Ceantar Tuaithe | | | 1,753 | | | | |

## 2.6 TITHÍOCHT

### 2.6.1 Réamhrá

Bhí an cúlú eacnamaíochta in 2008 mar chúis le scrios an mhargaidh réadmhaoine ar fud na tíre mar a fheictear i marbhántacht fáis sa tógáil tithíochta, nach raibh a leithéid ann riamh roimhe. Le linn na tréimhse seo, i gContae Lú, tháinig deireadh le héileamh na forbraíochta cónaithe ina raibh laghdú suntasach ar sheachadadh na tithíochta, i gcomparáid leis na blianta roimhe, mar a léirítear i dTábla 2.12.

Ón mbliain 2014, agus tús le téarnamh geilleagrach, tháinig méadú mall ar thógáil tithe sa chontae ach ag ráta fáis níos laghdaithe. Tá brú curtha aige seo ar an stoc tithíochta reatha agus táthar ag tuar go mbeidh méadú ar seo fad is a mbíonn feabhas ar chúrsaí geilleagrach.

Tá raon tionscnamh tugtha isteach ag an Rialtas, mar fhreagra ar an bhfeiniméan seo ar fud na tíre, atá leagtha amach thíos:

- **Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Tithíochta agus Easpa Dídine:** Gealladh an soláthair tithíochta a mhéadú go 25,000 aonad in aghaidh na bliana faoin mbliain 2020.
- **An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF)**: In 2017, gheall an Rialtas cistiú €200 mhilliún chun infreastruchtúr lena raibh géarghá ag baint leis a chur ar fáil chun seachadadh na tithíochta i láithreacha forbraíochta tábhachtaigh a éascú ina bhfuil éileamh ard tithíochta.
- **Plean Forbartha Náisiúnta (NDP)**: Infheistíocht chaipitiúil €4.2 bhilliún geallta chun 40,000 aonaid tithíochta sóisialta nua a chur ar fáil.
- **Crois Brú Cíosa (RPZ)**: Nuair a aithnítear Criosanna Brú Cíosa tá méadú ar an gcíos bliantúil teoranta ag 4%. Is Crios Brú Cíosa é Contae Lú seachas toghcheantair Cheann Chlochair.
- **Gníomhaireacht Forbartha na Talún**: Le buiséad caipitil tosaigh €1.25 bhilliún, tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht 150,000 teach a chur ar fáil thar tréimhse 20 bliain. As seo, is gá go mbeidh 40% sóisialta/inacmhainne ina bhfuil 10% sóisialta agus 30% inacmhainne.
- **Ciste Forbartha um Athnuachana Uirbí (URDF)**: Tugann an ciste deich mbliana seo ina bhfuil buiséad €2 bhilliún tacaíocht d'fhorbairt dhlúithe inbhuanaithe trí bhailte agus trí chathracha na hÉireann a athnuachan de réir chuspóirí Thionscadail Éireann 2040.

### 2.6.2 Tógáil Cónaithe le déanaí

Tá leanúint ar aghaidh téarnaimh gheilleagraigh agus muiníne an tomhaltóra soiléir i méadú i dtógáil tithíochta an Chontae. Léiríonn an Tuarascáil na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) 'Áitribh Nua Curtha i gCríoch' 2011-2019 méadú seasta, leanúnach i dtógáil cónaithe sa chontae ón mbliain 2014. Táthar ag tuar go leanfaidh an ghníomhaíocht mhéadaithe seo ar aghaidh ag féachaint do leibhéal fiosrúcháin réamhphleanála, Forbairt Daonna Inbhuanaithe (SHD) ceadaithe, láithreáin tógála gníomhacha agus ceadanna atá ar fáil sa chontae.

*Tábla 2.12: Stoc Tithíochta agus Ráta Áitíochta, Contae Lú 1991-2016*

| Stoc Tithíochta agus Ráta Áitíochta – Contae Lú | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain an Daonáirimh** | 1991 | 1996 | 2002 | 2006 | 2011 | 2016 |
| **Stoc iomlán na Tithíochta** | 28,391 | 34,635 | 37,441 | 45,488 | 51,186 | 51,399 |
| **Folamh (uimhreacha)** | 1,983 | 2,249 | 3,053 | 6,107 | 6,232 | 4,713[4] |
| **Ráta Áitíochta (%)** | 7% | 6.5% | 8.2% | 13.4% | 12.2% | 9.2% |
| **% Méadú bliain ar bhliain** | | 21.99% | 8.10% | 21.49% | 12.53% | 0.42% |

*Foinse: CSO*

[4] Cuirtear 761 teach saoire folmha san áireamh

*Fig 2.5 – Áitribh Nua Curtha i gCríoch i gContae Lú*



### 2.6.3 Réamh-mheas a Dhéanamh ar Éileamh ar Thithe go 2027

I mí na Nollag 2020 d'fhoilsigh an Roinn (DHLGH) Treoirlínte Alt 28 chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla éileamh tithíochta a réamh-mheas mar chuid d'ullmhú Plean Forbartha. Áirítear leis na treoirlínte seo 'Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta don Phleanáil Forbartha' éileamh réamh-mheasta tithíochta do gach Údarás Áitiúil idir 2017 -2031.

D'eascair an réamh-mheastachán seo ó thaighde a rinne an ESRI[1], ina raibh raon athróg curtha isteach i samhail mheastacháin eacnaiméadrach agus dhéimeagrafaigh.

Mar chuid de thaighde an ESRI breithníodh ceithre chás forbartha mar seo a leanas:

- **Bonnlíne** – cás 'gnó mar is gnách' a thuar atá bunaithe ar threochtaí reatha agus ar réamh-mheastacháin mheán-téarmacha do gheilleagar na hÉireann;
- **Cathair 50:50 de chuid NPF** – ag teacht leis an straitéis NPF;
- **Imirce Ard** – ag ionchorprú toimhdí maidir le sreabha imirce idirnáisiúnta ard isteach go hÉirinn bunaithe ar fhás eacnamaíoch níos airde ná an bhunlíne;
- **Imirce Íseal** – ag ionchorprú toimhdí maidir le sreabha imirce idirnáisiúnta níos ísle isteach in Éirinn bunaithe ar fhás eacnamaíoch níos ísle ná an bhunlíne.

Faoi gach ceann de na cásanna seo, cuireadh leibhéil éilimh ar thithe ar fáil do gach bliain ó 2017 -2031 agus tá siad ar fáil lena n-úsáid ag údaráis phleanála chun Straitéis Tithíochta/Measúnú ar Éileamh ar Thithíocht (HNDA) a ullmhú.

Moltar sna Treoirlínte go gcloífear leis an gCás Cathair 50:50 de chuid NPF chun pleanáil a dhéanamh do sholáthar tithíochta a fhreastalóidh ar an éileamh réamh-mheasta de réir Straitéis NPF.

I dTábla 2.13 thíos tugtar sonraí faoin éileamh ar thithe i Lú suas go dtí deireadh R3 2027 bunaithe ar chás éilimh NPF na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Is é 6,691 aonad cónaithe an t-éileamh ar thithe réamh-mheasta i rith thréimhse an phlean (R3 2021 - R3 2027).

Agus cuntas á thabhairt ar chríochnú 167 n-aonad sa Chontae i Ráithe 4 de 2021 mar atá mionsonraithe i sonraí Críochnuithe Tithe na Príomh-Oifige Staidrimh, is é 6,524 aonad an t-éileamh ar an gcuid eile den tréimhse phlean i.e. R1 2022 - R3 2027. [2]

Meastar go bhfuil an réamh-mheastachán seo comhsheasmhach leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach agus gur cuireadh san áireamh an méadú daonra réamh-mheasta sa Chontae idir 2016 -2027, atá bunaithe ar an gcás ardfháis i dTreochlár Forfheidhmithe an NPF, lena n-áirítear an seomra cinn 25%, chomh maith leis an ainmniúchán de Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Ionaid Fáis Réigiúnaigh sa NPF agus RSES, a aithníonn acmhainneacht na lonnaíochtaí seo chun gníomhú mar chúiteamh ar Bhaile Átha Cliath agus a bheith ina spreagthóirí d'fhás agus d'fhorbairt réigiúnach feadh Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath - Béal Feirste.

[1] Sraith Taighde Uimh.111 an ESRI 'Déimeagrafaic Réigiúnacha agus Éileamh ar Thithe Struchtúrach ag Leibhéal an Chontae, Nollaig 2020.

[2] Tháinig an Plean Forbartha Contae i bhfeidhm ar an 11 Samhain 2021 . Agus Athrú 1 den CDP á ullmhú, rinneadh breithniú ar líon na gcríochnuithe tí i Lú i R4 de 2021, arbh ionann é agus 167 aonad. Baineadh an figiúr seo ó 6,691 aonad chun sprioc tithíochta 6,524 aonad a thabhairt don chuid eile den tréimhse phlean i.e. R12022 - R32027.

Tá dáileadh an leithdháilte tithíochta ailínithe leis an réamh-mheastachán daonra do gach lonnaíocht agus tá staid na lonnaíochta in ordlathas lonnaíochta an Chontae curtha san áireamh freisin. Tá na sonraí iomlána leagtha amach sa Phríomhchlár Straitéise (Tábla 2.15)

***Tábla 2.13: Éileamh ar Thithe i Lú 2017 - R3 2027***

| | Lú | Líon Iomlán Tí | An Líon Blianta Ábhartha | Meánmhéid Bliantúil Tí |
|---|---|---|---|---|
| A | Cás NPF ESRI réamh-mheasta ar éileamh ar thithe nua 2017 go deireadh R3 2027 | 9,214 | 10.75 | 857 |
| B | An Fíor-sholáthar tithíochta nua 2017 go deireadh R3 2021 | 2,756 | 4.75 | 580 |
| C | Teaghlaigh gan dídean (na sonraí is déanaí) agus an t-éileamh nár sásaíodh mar a bhí sa Daonáireamh is déanaí | 233 | - | - |
| D | **Éileamh ar Thithíocht a Phleanáil** = Iomlán (A-B+C), (éileamh réamh-mheasta ar NPF de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta - críochnuithe nua) = Éileamh nár sásaíodh | **6,691**[6] | **6** | **1,115** |

## 2.6.4 Fáis Dlúithe

Príomhchuspóir an CNP agus an SSER ná gá le spriocanna uaillmhianacha d'fhás dlúithe i gceantair tuatha. Tá sé de dhíth ar Chontae Lú 30% ar a laghad, de gach teach nua laistigh de loirg fhoirgnithe reatha a chur ar fáil (NPO 3c). Féadfaidh an sprioc seo a bhaint amach trí athnuachan uirbeach agus forbairt láithreáin inlíonta/athfhorbraíochta, a chuirfidh le fás seicheamhach, inbhuanaithe agus dlúithe, athbheochan ar lonnaíochtaí reatha ar gach scála agus aistriú go sochaí ísealcharbóin agus theacht aniar ar aeráid. Chun sprioc an fháis dhlúith a bhaint amach, cuireadh anailís ar láithreáin athfhorbraíochta ahis inlíonta cuí chun cumas féideartha tithe nua a chur ar fáil i gcríoch le haghaidh Dhún Dealgan, Dhroichead Átha, Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire agus lonnaíochta leibhéil 3 atá fágtha. Cuirfidh an fás dlúithe seo ar fáil i lárionaid na lonnaíochtaí seo agus taobh le príomhchonairí iompair ar tailte zónála d'úsáidí lár bhaile, cónaithe agus meascán.

Leagtar sonraí cumais féideartha na dtailte inlíonta agus athfhorbraíochta amach i dTábla 2.17.

Laistigh de fhigiúirí forbartha inlíonta agus athfhorbraíochta tá cumas cónaithe féideartha na dtailte zónála d'fhorbairt lár bhaile agus d'fhorbairt úsáide measctha san áireamh. Leagtar iad seo amach i dTábla 2.16.

***Tábla 2.14: Cumas Cónaithe Féideartha na dtailte Zónála d'fhorbairt Lár Bhaile agus Úsáide Measctha i lonnaíochtaí Ardchéimeanna***

| Catagóir Lonnaíochta | Lonnaíocht | Líon na n-aonad féideartha ar féidir cur ar fáil ar thailte zónála d'fhorbairt Lár Bhaile agus Úsáide Measctha |
|---|---|---|
| **Lárionad Fáis Réigiúnach** | Droichead Átha | 500 |
| | Dún Dealgan | 570 |
| **Baile Fáis Féin-chónaithe** | Baile Átha Fhirdhia | 30 |
| | Dún Léire | 40 |

***Tábla 2.15: Tábla na Croí-Straitéise***

| Colún A | Colún B | Colún C | Colún D | Colún E | Colún F | Colún G | Colún H | Colún I | Colún J |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir Lonnaíochta** | **Lonnaíocht** | **Daonra 2016** | **Méadú Réamh-mheasta ar an Daonra go dtí 2027** | **Daonra Réamh-mheasta 2027** | **Leithdháileadh Tithíochta 2021-2027** | **Tailte ina bhfuil féidearthacht chun forbairt Inlíonta nó Athfhorbraíochta a chur ar fáil (ha)** | **Aonaid a cuireadh ar fáil ar thailte Inlíonta/ Athfhorbraíochta** | **Iomlán na dTailte Criosaithe le haghaidh Cónaithe Nua Céim 1 (Tith)** | **Iomlán na dTailte Criosaithe le haghaidh Cónaithe Nua ( Céim 1 agus Céim 2) (Tith)** |
| **Contae** | Lú | 128,884 | 21,082 | 149,966 | 6,524 | 110.4 | 4,302 | 506.1 | 597.1 |
| **Lárionad Fáis Réigiúnach** | Droichead Átha | 34,199 | 6,914 | 41,113 | 2,447 | 34.8 | 1,725 | 270 | 270 |
| | Dún Dealgan | 39,004 | 7,660 | 46,664 | 2,447 | 30 | 1,743 | 150.3 | 225.7 |
| **Bailte Fáis Féin-chónaithe** | Baile Átha Fhirdhia | 4,928 | 1,655 | 6,583 | 440 | 8.5 | 298 | 35.9 | 51.5 |
| | Dún Léire | 1,822 | 935 | 2,757 | 146 | 3.1 | 109 | 8.4 | 8.4 |
| **Bailte Féin-chónaithe** | Cairlinn | 1,445 | 200 | 1,645 | 50 | 2.6 | 31 | 2.0 | 2.0 |
| | Baile an Ghearlánaigh/ Cill Sáráin | 1,126 | 110 | 1,236 | 65 | 1.1 | 27 | 10.9 | 10.9 |
| | Ceann Chlochair | 2,145 | 300 | 2,445 | 75 | 1.6 | 39 | 3.2 | 3.2 |
| | Tearmainn Feichín | 1,579 | 250 | 1,829 | 70 | 3.4 | 40 | 4.5 | 4.5 |
| | Tulaigh Álainn | 1,547 | 220 | 1,767 | 65 | 1.2 | 29 | 0 | 0 |
| **Baile Beaga** | Lonnaíochtaí Leibhéil 4 | 5,103 | 785 | 5,888 | 230 | 24.1 | 260 | 20.8 | 20.8 |
| **Sráidbhailte** | Lonnaíochtaí Leibhéil 5 | 35,986 | 300 | 38,039 | 489 | N/A | N/A | N/A | N/A |
| **Ceantar Tuaithe** | Ceantar Tuaithe | | 1,753 | | | | | | |

## 2.7 Forbairt Eacnamaíochta

Ní fhéadfaí Contae Lú a shárú i dtéarmaí a shuíomh straitéiseach agus lárnach ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste, ina bhfuil an dá LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan lonnaithe, atá mar bhonn faoi infreastruchtúr iompair láidir a cheanglaíonn an dá phríomhchathair mhórscála ar an oileán le chéile. De réir na straitéisí fáis agus lonnaíochta, tá sé mar aidhm ag an bPlean teacht le chéile ar áit ina bhfuil cónaí ar dhaoine ann agus ina n-oibríonn siad, an cóimheas poist a fheabhsú, pátrúin chomaitéireachta a laghdú agus ar an gcaoi sin caighdeán beatha na ndaoine a fheabhsú agus aistriú go sochaí ísealcharbóin agus a thagann aniar ar an aeráid a chur chun cinn.

I comhréir phrionsabail an CNP agus an SSER, agus mar aitheantas ar ríthábhacht na Conaire Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste, cuireann an Plean seo fás eacnamaíochta sna suímh a aithníodh san this SSER a d'fhéadfadh déileáil le fás eacnamaíochta suntasaigh, a chur chun cinn, go príomha i LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. Beidh na LFR mar chroílár chun cnuasach tábhachtach a ghnóthú agus tionchar dearfach a chur ar fáil do cheantar máguaird fad is a feabhsaítear fás ginearálta Réigiúnach agus Náisiúnta. Tá gá le cur chuige comhordaithe ar infheistíocht infreastruchtúir d'fhorbairt agus d'fhás inbhuanaithe na lonnaíochtaí uirbeacha agus idirnaisc chun mór leibhéil cnuasaigh thábhachtaigh a thógáil agus gluaiseacht éifeachtach daoine agus earraí a éascú.

Ullmhófar Chomh-Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) le haghaidh Dhroichead Átha le Contae na Mí agus cuirfidh an PCÁ a ullmhófar le haghaidh Dhún Dealgan mionsonraí ar fáil ar creat polasaithe do na lonnaíochtaí seo a chuideoidh le hinfheistíocht infreastruchtúir a chomhordú.

Cé go ndíríonn formhór an fháis gheilleagraigh ar Dhroichead Atha agus ar Dhún Dealgan, aithnítear go bhfuil deiseanna eacnamaíochta ar fáil in áit eile sa chontae, go háirithe sna Bailte Fáis Féin-chónaithe Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire ach i lonnaíochtaí níos lú scaipthe ar fud an Chontae chomh maith.

## 2.8 Forbairt Miondíola

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle cinntiú go bhfuil forbairt miondíola ceadaithe laistigh den chontae i gcomhréir leis na *Treoracha um Pleanáil Miondíola d'Údaráis Pleanála, 2012 (DECLG), Lámhleabhar um Deartha Miondíola – Treoir Cleachtaidh Maithe, 2012 (DECLG)* agus *Straitéis Miondíola Chontae Lú*, atá ullmhaithe mar chuid den Phlean seo. Leagan an Straitéis Miondíola féidearthacht tháscach d'áisiúlacht, do chomparáid spás urláir d'earraí tí thoirtiúil sa bhreis in Droichead Átha, i nDún Dealgan agus i mBaile Átha Fhirdhia. Cuireann cliarlathas lonnaíochta agus miondíola agus fás réamh-mheasta daonra cumas féideartha spás urláir na lonnaíochtaí seo in iúl. Tá sonraí ar fad na Straitéise Miondíola ar fáil in Aguisín 4, Imleabhar 3.

## 2.9 Gníomhú ar son na hAeráide

D'ullmhaigh Comhairle Contae Lú Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide mar chuid de riachtanais an Creata Náisiúnta Oiriúnú (NAF), a foilsíodh mar fhreagra ar sholáthraí *an Achta Forbartha um Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin 2015.*

Is é ról na straitéise seo ná tuiscint ar rioscaí an athruithe aeráide a chinntiú, gníomhartha pleanála theacht aniar ar an aeráid a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuireann ceisteanna oiriúnú aeráide eolas ar fáil do pholasaithe an Phlean.

Dearadh an *Plean Náisiúnta um Gníomhaithe Aeráide 2019* a thugann deis d'Éire a geallta ar athrú aeráide an AE a chomhlíonadh trí pholasaithe rialtais a dhíonadh ar charbón agus trí buiséid charbóin a bhunú.

Cuireann sé 183 gníomh polasaithe aonair ar fáil thar 12 earnáil chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus seal ama chun laghdú 30% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach idir 2021 agus 2030 agus i dtreo astaíochtaí glan ar charbón a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Cuireann an cháipéis thábhachtach seo Éire ar thús cadhnaíochta iarrachtaí idirnáisiúnta chun Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe 13 a ghnóthú – an gá le gníomhú ar bhonn práinne chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus na tionchair a bhíonn aige.

Baineadh príomhbhearta líonmhara a aithnítear sa Phlean Náisiúnta um Gníomhaithe ar son na hAeráide amach, clárúchán na 31 Údaráis Áitiúla in Éirinn ar *Chairtfhostú an Ghníomhaithe Aeráide*, san áireamh. Síníodh na *Cairte Gníomhaithe Aeráide* Chontae Lú in 2019.

Tugann an Chairt aitheantas d'athrú aeráide agus go gcaithfear tabhairt faoi ghníomhartha chun na hathruithe ar an aeráid a laghdú agus chun dul i dtaithí orthu.

Is cuid bhunúsach é Gníomhú ar son na hAeráide i ngach caibidil den Phlean seo agus tugtar aghaidh ar i gCaibidil 12 ach go háirithe.

## 2.10 Croí-Straitéis agus Measúnacht Straitéiseach i gcás Tuilte

Tugann polasaithe agus cuspóirí láidre eolas agus treoir don Phlean seo maidir le Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte, a dearadh chun a chinntiú go ngéillfidh forbairt as seo amach don *'Chóras Pleanála agus Treorach Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis'* (2009), i gceantair atá i mbaol tuilte.

Ullmhaíodh Measúnacht Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA) mar chuid don Phlean seo agus tá atá ar fáil in Imleabhar 5. Tháinig a sonraí bunlíne ó cheantar Oifige na nOibreacha Poiblí (OPW) agus ó shonraí na *Measúnachta Straitéisí Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (CFRAM)*, ó shonraí na *Réamh-Measúnachta Straitéisí Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (PFRAM)* agus *Ceantair Breismheasúnachta (AFA).*

## 2.11 Croí-Straitéis agus SEA/AA

Ullmhaíodh an Croí-Straitéis i gcomhar le chéile le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí agus atá aird aige ar an dá mheasúnacht maidir le hathruithe/moltaí a glacadh leo sa straitéis.

### 2.11.1 Cuspóirí Polasaithe Straitéiseach Uileghabhálaigh an Chontae

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL1** | Cur i bhfeidhm na Croí-Straitéise agus na Straitéise Lonnaíochta a chinntiú a mhéid is indéanta, trí fás inbhuanaithe a threorú i dtreo na lonnaíochtaí ainmnithe, ag brath ar infreastruchtúr agus seirbhísí a bheith ann. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 2** | Fás dlúithe a bhaint amach trí 30%, ar a laghad, de thithe nua i gceantair uirbeacha a chur ar fáil laistigh de lorg foirgnithe reatha na lonnaíochtaí, trí fhorbairt a dhéanamh ar láithreáin inlíonta, athfhorbraíochta agus athnuachana agus athfhorbairt a dhéanamh ar thalamh gann úsáide thar láithreáin úrnua. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 3** | Forbairt féin-chónaithe, inbhuanaithe na lonnaíochtaí a thacú agus a bhainistiú ar shlí pleanáilte, ina bhfuil fás daonra i gcomhar le chéile le soláthar infreastruchtúir eacnamaíochta, fhisicigh agus shóisialta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 4** | Céimniú a chur i bhfeidhm ar cur ar fáil na forbartha cónaithe nua mar a léirítear ar léarscáileanna zónála na lonnaíochtaí bainteacha, ina mbeidh cead ach ag forbairt cónaithe, seachas forbartha inlíonta, athfhorbraíochta nó úsáid mheasctha amháin ar thailte céimnithe 1. San áit nach gcuirtear tailte zónála 'Cónaithe Nua Céimniú 1' i láthair d'fhorbairt i gceantair ar leith agus ina bhfuil sé ag cur bac ar bhaint amach réamh-mheastachán na Croí-Straitéise agus ag cur srian ar fhás na lonnaíochta mar a bhí i gceist bpolasaí náisiúnta agus réigiúnach, féadfaidh go gcuirtear scaoileadh san áireamh le linn shaolré an Phlean seo tailte 'Cónaithe Nua Céimniú 2' lonnaithe mar is cuí, faoi réir tailte atá ag cur le pátrúin forbartha dlúithe agus comhdhlúithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 5** | Tacaíocht a thabhairt do dul chun cinn agus do cur ar fáil na dtionscadal a éascódh pobail bhríomhara agus inbhuanaithe a chothú agus athnuachan a dhéanamh ar na bailte agus ar na sráidbhailte, go háirithe aon thionscadal le bheith maoinithe ag Ciste um Forbartha agus Athnuachana Tuaithe nó Uirbí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 6** | Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Birt Ghlais an AE, Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019, Chlár an Rialtais 2020, Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Chontae Lú 2019-2024 agus an Chairt Gníomhaithe ar son na hAeráide tríd an bPlean agus, más cuí, athrú an Phlean forbartha a chur san áireamh chun leanúnachas le cur chuige gníomhaithe ar son na haeráide a chinntiú a moladh i dTreoracha an Phlean Forbartha leasaithe arna glacadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 7** | Cur chuige pleanáilte agus bunaithe ar fhianaise in ullmhúchán na bPleananna Ceantair Áitiúla le haghaidh Dhroichead Átha, Dhún Dealgan, Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire a chinntiú, ina dtugann Pleananna Iompair Áitiúla (le haghaidh Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan) eolas do Phleananna faoi seach, an Mheasúnacht Infreastruchtúir agus Mheasúnacht Úsáide na Talún don lonnaíocht faoi seach, agus aon eolas cuí eile atá ar fáil ó chomhlachtaí reachtúla, ó ghníomhaireachtaí rialtais nó ó sholáthróirí infreastruchtúir. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 8** | Chun leanúnachas le leithdháileadh tithíochta na Croí-Straitéise a chinntiú mar a leagtar amach i bPlean Forbartha an Chontae, mar chuid d'ullmhúchán an Chomh-phlean Ceantair Áitiúil le haghaidh Dhroichead Átha déanfar athbhreithniú ar thailte zónála A2 Cónaithe Nua i gceantair máguaird thuaidh agus leagfar céimniú straitéiseach amach. Cuirfidh sé seo ainmniú Dhroichead Átha mar Lárionad Fáis Réigiúnach san áireamh i bpolasaí náisiúnta agus réigiúnach, leithdháileadh tithíochta le haghaidh Dhroichead Átha sa Chroí-Straitéis, fáil ar infreastruchtúr iompair agus sheirbhísí uisce, agus chun cinntiú go gcoimeádann ceantar máguaird thuaidh a chumas feidhmiú mar cothromú do cheantair máguaird theas an bhaile. |

| Cuspóirí Polasaithe | |
|---|---|
| **CSSL 9** | Athbhreithniú a dhéanamh ar Mheasúnacht Infreastruchtúir agus Measúnacht Úsáide na Talún le haghaidh Dhroichead Átha, Dhún Dealgan, Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire, mar chuid d'ullmhúchán na bPleananna Ceantair Áitiúla do na lonnaíochtaí agus and chun a chinntiú go bhfuil teacht ag úsáid zónála talaimh ar bith le cur ar fáil infreastruchtúir. |

De réir straitéise daonra agus eacnamaíochta an Phlean seo maidir le díriú fáis daonra agus eacnamaíochta ar phríomhionaid uirbeacha, go háirithe, LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, leagtar cuspóirí polasaithe na Croí-Straitéise amach de réir an chliarlathais croíláir agus lonnaíochta mar seo a leanas:

### 2.11.2 Lárionaid Fáis Réigiúnacha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 10** | Formhór fáis daonra an Chontae a threorú agus a chomhdhlúthú i Lárionaid Fáis Réigiúnacha láidre agus dinimiciúla Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan de réir cuspóirí na Straitéise um Spásáil Réigiúnaigh agus Eacnamaíochta agus de réir Chroí-Straitéisí agus Straitéise Lonnaíochta an Phlean Forbartha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 11** | Tacaíocht a thabhairt do Lárionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar cheann feadhna eacnamaíochta ina bhfuil sé mar sprioc fás cathrach mórscála a bhaint amach ina bhfuil daonra 50,000 ann faoin mbliain 2031 agus caipitliú a dhéanamh ar a lonnaíocht straitéiseach ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 12** | Forbairt inbhuanaithe na Conaire Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste a chur chun cinn, rochtain agus seirbhís bóthair, iarnróid agus cumarsáide a chosaint agus a fheabhsú agus caidrimh trasteorann a fheabhsú chun fás féideartha Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-An tIúr mar ghréasán trasteorann tábhachtach d'fhorbairt réigiúnach a bhaint amach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 13** | Tosaíocht a thabhairt d'ullmhúchán Chomh-Phlean Ceantair Uirbeach (UAP/LAP) le haghaidh Dhroichead Átha i gcomhpháirt le Comhairle Contae na Mí, a chuirfidh ceantair an Phlean ceantair áitiúla reatha san áireamh ina bhfuil tionchar acu ar mhórcheantar máguaird an bhaile i gcreat pleanála ginearálta do Lárionad Fáis Réigiúnach Dhroichead Átha. Tabharfaidh an Plean iompar áitiúil eolas d'ullmhúchán an UAP/LAP, i gcomhréir le riachtanais Chuspóir Polasaithe Réigiúnaigh 4.11 na Straitéise um Spásáil agus Eacnamaíochta Réigiúnaigh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 14** | Tosaíocht a thabhairt d'ullmhúchán an Phlean Ceantair Áitiúil Uirbeach le haghaidh Dhún Dealgan, a chuirfidh an Plean ceantair áitiúil reatha agus creat pleanála na gceantar san áireamh a bhfuil tionchar acu ar mhórcheantar máguaird an bhaile i gcreat pleanála ginearálta do Lárionad Fáis Réigiúnach Dhún Dealgan. Tabharfaidh plean iompair áitiúil eolas d'ullmhúchán an UAP/LAP, i gcomhréir le riachtanais Chuspóir Polasaithe Réigiúnaigh 4.19 na Straitéise um Spásáil agus Eacnamaíochta Réigiúnaigh. |

### 2.11.3 Bailte Fáis Féin-chónaithe

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 15** | Plean Ceantair Áitiúil nua a ullmhú le haghaidh Bhaile Átha Fhirdhia de réir na Croí-Straitéise agus mar aitheantas ar ról Bhaile Átha Fhirdhia mar phríomhcheann feadhna áitiúil réigiúnaigh agus mar Bhaile Fáis Féin-chónaithe sa Straitéis Lonnaíochta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 16** | Plean Ceantair Áitiúil nua a ullmhú le haghaidh Dhún Léire de réir na Croí-Straitéise agus mar aitheantas ar ról Dhún Léire mar phríomhcheann feadhna áitiúil réigiúnaigh agus Bhaile Fáis Féin-chónaithe sa Straitéis Lonnaíochta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 17** | Fás comhréireach, rialaithe agus dlúithe a chinntiú laistigh de na Bailte Féin-chónaithe a aithníodh sa Chliarlathas Lonnaíochta, ina dhírítear infheistíocht san earnáil glas, i seirbhísí, san infreastruchtúr agus san fhostaíocht agus teacht ar thithíocht a chothromú. |

### 2.11.4 Bailte agus Sráidbhailte Beaga

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 18** | Cinntigh go bhfuil fás logánta inbhuanaithe laistigh de na bailte agus de na sráidbhailte a aithníodh sa Straitéis Lonnaíochta, comhréireach le méid na lonnaíochta, ina thugtar tosaíocht do láithreáin inlíonta/athfhorbraíochta agus go dtugtar tacaíocht d'fhorbairt bainteach le eacnamaíocht. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 19** | Sráidbhailte tuaithe a neartú agus a athbheochan agus pobail tuaithe inbhuanaithe a chothú le riachtanais na dtithe tuaithe a chomhlíonadh agus gá le tithíocht tuaithe aon uaire faoin tuatha a laghdú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 20** | Éileamh na tithíochta tuaithe a threorú go sráidbhailte agus nóid tuaithe ar an gcéad ásc agus cinntigh nach dtabharfar cead do thithíocht aon uaire faoin tuath, ach amháin má tá comhlíonadh soiléir le critéir do thithíocht tuaithe mar a fhoráiltear sa Phlean Forbartha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 21** | Éileamh na tithíocht tuaithe a aithníodh i Nóid Tuaithe a éascú i gcomhréir an scála, na bpátrún forbartha agus na seirbhísí ar fáil faoi láthair. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 22** | Tailte gann úsáide nó tailte folmha, nó tailte a aithníodh d'athnuachan a chur chun cinn, a thacú agus a éascú, trí cur chuige comhordaithe bhainistíocht ghníomhach na talún idir an Chomhairle agus geallsealbhóirí. |

## 2.12 CLIARLATHAS LONNAÍOCHTA AGUS STRAITÉIS FÁIS

Forbraíodh Cliarlathas Lonnaíochta an Phlean seo chun feidhm agus ról gach lonnaíocht a aithníodh a chur san áireamh de réir chomhréiteach gar leis an gcliarlathas lonnaíochta san SSER. Tugann réimse fachtóirí eolas dó trí dhaonra, trí bhonn fostaíochta, trí sholáthar áiseanna agus seirbhísí, trí leibhéil fáis le gairid agus trí chumas spás a bheith ann d'fhás as seo amach. Leagtar Cliarlathas Lonnaíochta Chontae Lú amach i dTábla 2.4.

De réir na prionsabail fhorbairt inbhuanaithe, tabharfar tosaíocht d'fhás LFR Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, gar le fostaíocht, le seirbhísí agus le háiseanna áitiúla. Tugtar aitheantas chomh maith d'fhéidearthacht na mbailte agus na sráidbhailte níos lú forbairt ag ráta inbhuanaithe.

### 2.12.1 Lárionaid Fáis Réigiúnacha: Droichead Átha agus Dún Dealgan

Cuirfidh an chuid seo achoimre straitéise fáis ar fáil le haghaidh Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan le linn shaolré an Phlean seo. Ullmhaíodh léarscáileanna zónála úsáid na talún do na lonnaíochtaí seo agus féadfaidh iad a fheiceáil in Imleabhar 1A an Phlean seo.

## 2.13 DROICHEAD ÁTHA

Ba é Droichead Átha ar an mbaile ba mhó in Éirinn in 2016, ina bhfuil daonra thart ar 41,000 ann. Tá réimse leathan seirbhísí agus áiseanna ag tabhairt tacaíocht don daonra seo, ina measc tá; áisiúlacht shuntasach agus punann mhiondíola chomparáideach i lár an bhaile agus ar imeall láir lonnaíochtaí, Ospidéal Réigiúnach Mhuire Lourdes, bunscoileanna agus meánscoileanna, áis oideachais d'aosaigh, ionaid phobail, páirceanna súgartha, agus spásanna oscailte, chomh maith le réimse gnóthaí áitiúla agus idirnáisiúnta, táirgeadh, agus áiseanna déantúsaíochta lonnaithe i bpáirceanna gnó agus fiontair sa bhaile. Tá Droichead Átha lonnaithe laistigh de cheantair riaracháin Chontae Lú agus Chomhairle Contae na Mí.




Tá lár an bhaile agus croílár uirbeach lonnaithe i gContae Lú agus síneann imill theas laistigh de Chontae na Mí. In 2016 bhí cónaí ar tuairim is 84% den daonra (34,199 duine) laistigh de cheantar riaracháin Lú.

### 2.13.1 Chomh-Phlean Ceantair Uirbeach

Le cumas eacnamaíochta Dhroichead Átha a bhaint amach admhaítear go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe maidir le straitéis fáis as seo amach agus infheistíocht infreastruchtúir. Cuireann an Chomhairle fáilte roimh riachtanas an SSER le Chomh-phlean Ceantair Uirbeach a ullmhú do Dhroichead Átha idir Comhairlí Contae Lú agus Contae na Mí.

Tabharfaidh na cuspóirí straitéiseacha a leagadh amach sa Phlean seo eolas don agus soláthróidh sé cuspóirí agus phríomhghníomhartha ar leith chun ligean le barr cumais Dhroichead Átha mar Lárionad Fáis Réigiúnach.

### 2.13.2 Straitéis Fáis

Díreoidh straitéis fáis Dhroichead Átha ar cur le buntáiste an bhaile, go háirithe, a suíomh ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste agus fáil ar Aerfort agus ar Chathair BÁC.

Tabharfaidh sé tacaíocht d'fhás suntasach daonra agus eacnamaíochta a chinnteoidh go leanfaidh an baile ar aghaidh ag feidhmiú ar cheann feadhna réigiúnach d'fhás eacnamaíochta agus le bonn eacnamaíochta an bhaile a neartú.

Tá treocht fáis daonra bunaithe ar mhéadú daonra go 50,000 in 2031 mar a leagadh amach san SSER.

Díreofar go príomha ar athnuachan lár an bhaile a chur chun cinn trí cheantair ar leith agus tailte d'úsáidí athnuachana a aithint agus dul chun cinn thionscadal athnuachana amhail Fís Westgate.

Chomh maith leis sin, is gné bhunúsach de straitéis fáis díreach agus fadtéarmach an bhaile iad forbairt fostaíochta agus thailte cónaithe sa mhórcheantar máguaird thuaidh agus Rochtain ar Chalafort an Trasbhealaigh (PANCR) a chur ar fáil. Tá géarghá le soláthar PANCR chun deireadh a chur le trácht a bhaineann leis an gcalafort ó lár an bhaile agus chun athnuachan ar thailte lár an bhaile a éascú.

### 2.13.3 Ceantair Athnuachana

Tá cumas suntasach ag an mbaile fás dlúithe a chur ar fáil, ina bhfuil roinnt foirgnimh agus tailte folmha agus gann úsáide lonnaithe sa chroílár. Cuireann sé seo ceantar Westgate san áireamh, inar bhfoilsíodh straitéis forbartha, 'Westgate Vision', agus cuireann an Ciste um Athnuachana agus Forbartha Uirbigh maoiniú ar fáil chun é a chur i bhfeidhm.

Tá sé de chumas ag ceantar Westgate spás a chur ar fáil d'úsáidí tráchtála, oifige agus cónaithe i gceantar den bhaile a bhfuil ardleibhéil folúntais agus tréigin.

Is lonnaíocht eile de chuid an bhaile é an ceantar dugaí, a bhfuil féidearthacht athnuachana ann. Ina measc tá Céanna Istigh Thuaidh agus Theas. Cuireann *Plean Ceantair Dugaí 2007*, creat d'athfhorbairt an chuid seo den bhaile. Cuireann sé seo cruthú cheathrú uirbí ar dhá thaobh na Bóinne san áireamh. Cuireadh deireadh le fuadar an Chalafoirt ar Chéanna Istigh Theas agus ina bhfuil cur i nduga fós i mbun ar Chéanna Istigh Thuaidh.

Tá níos mó cumais d'athfhorbartha ag na Céanna Istigh Theas sa chéad téarma eile, ach, tá tograí curtha chun cinn le Calafort Dhroichead Átha a neartú ag áis uisce ar Phointe Tom Roe féadfaidh go mbeidh ar fáil amach anseo. Spreagfadh athnuachan na ceantar dugaí athfhorbairt sa bhreis i lár an bhaile agus spás cónaithe tarraingteach, dlúithe agus bríomhar a chothú i gcroílár an bhaile.

*Tábla 2.16: Achoimre ar Phríomhstaitisticí Dhroichead Átha*

| DROICHEAD ÁTHA | |
|---|---|
| **Daonra 2016** | 34,199 |
| **Daonra Réamh-mheasta 2027** | 41,113 |
| **Méadú an Daonra Réamh-mheasta** | 6,914 |
| **Stoc Tithíochta** | 13,741 |
| **Méadú an Stoic Tithíochta Réamh-mheasta 2021-2027** | 2,447 |
| **Oibrithe Cónaithe 2016** | 16,108 |
| **Poist Iomlán 2016** | 12,361 |
| **Cóimheas Post:Lucht saothair 2016**[5] | 0.76 |
| **Lucht saothair cónaithe ag obair i gCathair agus i mbruachbhailte BÁC 2016** | 2,662 (16.5%) |

[5] Cuireann líon iomlán na bpost, na n-Oibrithe Cónaithe agus an chóimheasa Post:Lucht Saothair Dhroichead Átha mórcheantair máguaird an bhaile san áireamh atá mar cheantar riaracháin na Mí. In 2016 bhí daonra Dhroichead Átha laistigh de cheantar riaracháin Lú 34,199. Bhí 12,408 oibrithe cónaithe i gceantar Lú an bhaile agus 11,145 post ina bhfuil cóimheas Post:Lucht Saothair ag 0.90.

### 2.13.4 Foirgnimh ar Airde Méadaithe

Mar chuid de straitéis fáis dhlúith tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil tacaíocht do thograí chun foirgnimh ar ard méadaithe ar thailte ina bhfuil lonnaíocht oiriúnach agus cumraithe a fhorbairt.

De ghnáth beidh lonnaíocht láir ag na tailte seo, gar d'iompar poiblí nó do lonnaíochtaí straitéiseacha sa bhaile ina mbeidh feidhm sainchomhartha nó croíláir ag na foirgnimh seo la haghaidh forbartha.

Déanfar anailís níos sonraithe ar an suíomh is fearr d'fhoirgnimh níos airde mar chuid de UAP/LAP Dhroichead Átha. Idir an dá linn, déanfar meas ar fhorbairt fhoirgneamh níos airde, atá tacaithe ag achoimre ar dhearadh cuí, atá comhréiteach le soláthracha na Riachtanas um Polasaithe Pleanála ar Leith a leagadh amach i *bhForbairt Uirbeach agus Arda Foirgnimh, Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 2018*.

### 2.13.5 Creatphlean um Deartha Uirbeach na Ceathrún Oidhreachta

In 2013 foilsíodh an *Creat um Phlean Dearadh Uirbeach don Cheathrú Oidhreachta,* a bhí mar aidhm aige cuir le gnéithe ar leith de Cheathrú Oidhreachta an bhaile agus a ballaí meánaoiseacha, agus croílár ghníomhartha cultúrtha agus gnó an bhaile a chothú aisti.
Dúshlán amháin atá ag an gceantar ná aghaidh a thabhairt ar ardleibhéil folúntais. Cuireann an Creatphlean straitéis ar fáil ina bhfuil sé mar aidhm aige gnéithe na Ceathrún Oidhreachta a fheabhsú agus a chosaint agus forbairt a threorú agus a chumasú ar shlí athraithe agus bainistithe
Leanfaidh an Plean seo ar aghaidh ar tabhairt tacaíocht do phrionsabail agus chur i bhfeidhm an Chreatphlean um Deartha Uirbeach.

### 2.13.6 Ceantair Máguaird Thuaidh Dhroichead Átha

Chomh maith le hathnuachan cheantar lár an bhaile tá bunachar talún suntasach de thailte zónála fostaíochta, cónaithe agus pobail i gCeantair Máguaird Thuaidh an bhaile. Beidh an bunachar talún seo mar chuid den UAP/LAP agus cinnteoidh sé go bhfuil de chumas ag an mbaile fás daonra agus eacnamaíochta a shamhlaítear san CNP agus san SSER a bhaint amach agus beidh sé mar chúitigh don leibhéal fáis a tharla i gCeantair Máguaird Theas an bhaile. Is mó an tábhacht a bhaineann le hinfreastruchtúr Rochtana ar Chalafort an Trasbhealaigh Thuaith (PANCR) i gCeantair Máguaird Thuaidh a chinnteoidh forbairt chuimsitheach agus chomhtháite an cheantair agus athnuachan ar phríomhshuímh laistigh de chroílár an bhaile a éascú.

Tá sé tábhachtach go mbeidh tógáil na dtailte seo comhordaithe ionas go gcuirtear an t-infreastruchtúr sóisialta, pobail agus fóillíochta riachtanach ar fáil i gcomhar le chéile le forbairt chónaithe.
Ina leith sin beidh gá le cur chuige céimnithe a chur i bhfeidhm le forbairt na ceantar máguaird Thuaidh. Thabharfadh socruithe céimnithe a leagadh amach Máistirphlean 2006 (ar féidir féachaint air trí chliceáil ar an nasc seo) eolas dó, nó Máistirphlean ina dhiaidh sin a ullmhaíodh don cheantar seo. Anuas air seo, chuirfí béim ar chomhdhlúthú idir ceantair forbartha nó atá á dtógáil agus ceantar foirgnithe reatha Dhroichead Átha seachas leanúnachas ar phátrún forbartha scaipthe sa Cheantar Máguaird Thuaidh.
Cé go n-admhaítear go bhfuil candam suntasach talún sna Ceantair Máguaird Thuaidh a bhfuil zónáil déanta orthu d'úsáid chónaithe, is cuid bhunúsach de straitéis fáis fadtéarmach an bhaile iad na tailte seo agus forbrófar iad thar tréimhse pleananna forbartha.
Tá dlúthnasc ag forbairt na dtailte seo le soláthar bóithre, sráid-dreach nua, gréasáin choisithe agus rothaíochta agus infreastruchtúr ar sheirbhísí uisce a thabharfaidh cead don Chomhairle scaoileadh céimnithe na dtailte a bhainistiú.

### 2.13.7 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Tá réimse leathan gnóthaí áitiúla agus idirnáisiúnta lonnaithe i bpáirceanna gnó agus fiontair an bhaile.

Leanfaidh an Plean seo ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht do réimse leathan úsáidí fostaíochta a chur ar fáil in Droichead Átha chun cuidiú le feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta sa bhaile agus chun comaitéireacht a laghdú.

Oibreoidh an Chomhairle go géar le gnóthaí agus le geallsealbhóirí, go háirithe, Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) agus Fiontraíocht Éireann le hinfheistíocht eacnamaíocht agus forbairt fostaíochta a chur chun cinn agus a mhealladh chun an bhaile.

Leagtar amach sonraí sa bhreis ar phróifíl eacnamaíochta agus ar suímh miondíola féideartha le haghaidh Dhroichead Átha i gCaibidil 5 'Eacnamaíocht agus Fostaíocht'.

### 2.13.8 Gluaiseacht

Is gné thábhachtach an PANCR le d'infreastruchtúr cuimsitheach le haghaidh Dhroichead Átha a chuirfeadh ceangal díreach ar fáil ón Mótarbhealach go dtí an Calafort. Is mó an tábhacht a bhaineann leis an infreastruchtúr cuimsitheach don gheilleagar áitiúil agus réigiúnach toisc go bhfeabhsódh sé nascacht idir Calafort Dhroichead Átha agus an réigiún i gcoitinne, agus trácht a bhaineann leis an gcalafort a bhaint ó lár an bhaile, a chuireann deiseanna d'infheistíochta sa réimse poiblí ar fáil a dtabharfadh tosaíocht níos fearr do mhodhanna iompair níos inbhuanaithe i gcroílár an bhaile.

Aithnítear tábhacht an tionscadail i gCuspóir Beartais Réigiúnach 4.12 an SSER, a thacaíonn seachadadh an bhóthair.

Molann an Clár um Fhorleathnú DART seirbhísí DART ar an líne thuaidh go Droichead Átha a leathnú. Is áisitheoir tábhachtach fáis é seo do Dhroichead Átha óir is go bhfeabhsódh an nascacht go BÁC de bharr minicíocht méadaithe na seirbhísí, rud a chiallaíonn go mbeidh rochtain níos fearr ar an mbaile agus go mbeidh sé tarraingt d'infheistíocht eacnamaíochta agus forbairt fostaíochta.

Chuirfeadh athnuachan Stáisiún Iarnróid Mhic Ghiolla Bhríde agus comhtháthú seirbhísí bus agus iarnróid sa bhaile trí Mhol Iompair Phoiblí Comhtháthaithe a chruthú, go mór le soláthar agus rochtain iompair phoiblí sa bhaile, ina mbeidh iompar poiblí ina rogha inmharthana eile ar charr príobháideach.

*Figiúr 2.6: Achar an Cheantair Oidhreachta Aitheanta sa Chreatphlean*



## 2.13.9 Cuspóirí Polasaithe um Straitéise Lonnaíochta Straitéisí le haghaidh Dhroichead Átha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 1** | Ról Dhroichead Átha mar Lárionad Fáis Réigiúnach agus mar cheann feadhna fáis ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste a thacú, agus leathnú agus fás leanúnach an bhaile a éascú, atá bunaithe ar phrionsabail forbartha cothromaíochta agus inbhuanaithe a chumasaíonn cruthú fostaíochta, a thacaíonn infheistíocht eacnamaíochta, agus a chruthaíonn timpeallacht tarraingteach cónaithe agus oibre. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 2** | Lean le ról eacnamaíochta Dhroichead Átha mar lárionad fostaíocht réigiúnach ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste a thacú agus a chur chun cinn, agus aon infheistíocht infreastruchtúrach nó fostaíocht is cúis le forbairt inbhuanaithe a éascú, a neartóidh ról an bhaile agus a iomaíochas a choinneáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 3** | Tacaíocht a thabhairt d'ullmhúchán Chomh-Phlean Ceantair Uirbeach le haghaidh Dhroichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae na Mí de réir riachtanais an Chuspóra Polasaithe Réigiúnach 4.11 san SSER. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 4** | Tacaíocht a thabhairt do dhlús ard forbartha inbhuanaithe, go háirithe i áit lárnach agus ar chonairí iompair phoiblí a bhfuil gá le híos-dhlús 50 aonad/ha sna háiteanna seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 5** | Tacaíocht a thabhairt d'arda foirgnimh méadaithe in áiteanna cuí in Droichead Átha, ag brath ar dhearadh agus scála foirgnimh a bhfuil cuir le dearfach lena timpeallacht agus lena sráid-dhreach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 6** | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe na láithreán athnuachana a aithníodh ar an léarscáil zónála d'úsáid na talún la haghaidh úsáidí cuí atá comhoiriúnach leis an gceantar mórthimpeall. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 7** | Tacaíocht a thabhairt do dul chun cinn agus cur i bhfeidhm aon tionscadal in Droichead Átha atá maoinithe ag an gCiste um Athnuachana agus Forbartha Uirbeach, Westgate Vision sa áireamh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 8** | Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Chreatphlean um Deartha Uirbeach Don Cheathrú Oidhreachta i nDroichead Átha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 9** | Ról Chalafort Dhroichead Átha mar Chalafort a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leis a thacú agus a chosaint agus aon infheistíocht, fheabhsúchán, nó obair chothabhála don Chalafort a éascú, ag brath ar cheisteanna timpeallachta cuí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 10** | Fás Dhroichead Átha a bhainistiú ar bhealach go mbainfear cruthú lonnaíochta dlúithe amach, a bhfuil ceantair inbhuanaithe tharraingteacha agus chuimsitheacha ina bhfuil rogha tithíochta inacmhainne do gach duine. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 11** | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chomhordaithe na gceantar máguaird thuaidh Dhroichead Átha agus soláthar agus seachadadh áiseanna inbhuanaithe sóisialta agus pobail agus infreastruchtúr i gcomhar le chéile le forbairt chónaithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 12** | Tábhacht an Rochtain ar Chalafort an Trasbhealaigh Thuaidh (PANCR) mar chuid thábhachtach d'infheistíocht cumasaithe i straitéis fáis Dhroichead Átha agus maoiniú sábháilte a lorg chun dul chun cinn a dhéanamh i gcuir ar fáil an thionscadail seo mar thosaíocht le linn shaolré an Phlean seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 13** | Tacaíocht a thabhairt d'infheistíocht infreastruchtúir agus seirbhísí inbhuanaithe in iompair poiblí agus dul chun cinn Chlár um Leathnú DART, go háirithe, ina bhfuil leictriúchán na líne iarnróid agus leathnú seirbhísí DART go Droichead Átha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 14** | Ról seanbhunaithe croílár Dhroichead Átha a neartú agus a áit mar rogha ceann scríbe do chuairteoirí agus d'áitritheoirí araon, agus béim ar leith ar an ról atá ag ballaí an bhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 15** | Obair go dlúth le grúpaí gnó agus le geallsealbhóirí chun folúntais a athnuachan agus a laghdú i gcroílár an bhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 16** | Forbairt inbhuanaithe na bpríomhláithreán féideartha laistigh de chroílár an bhaile a chur chun cinn agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 17** | Obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), le húinéirí talún, agus le forbróirí chun gréasán comhtháite cosáin coisithe agus rothaíochta a chur i bhfeidhm ar fud Dhroichead Átha, ina aithnítear an tosaíocht is mó a thabhairt do rothaíocht agus siúil ar mhodhanna iompair eile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 18** | Gréasán ceantair glas a fhorbairt ar fud an bhaile, go háirithe glasbhealach a chur ar fáil ar bhruacha thuaidh agus theas na Bóinne, a shíníonn ó Halla an Toinlígh go Baile Trá agus ón tSeandroichead go Baile Uí Mhornáin i gContae na Mí agus sláine láithreán na Bóinne Natura 2000 a choinneáil. |

## 2.14 DÚN DEALGAN

Is é Dún Dealgan príomhbhaile an Chontae agus ceantar riaracháin An Lú. Is lonnaíocht il-mhódúil é a bhaineann leas as a suíomh straitéiseach ar Chonair Eacnamaíochta Bhail Átha Cliath-Bhéal Feirste agus as nascacht iontach le BÁC agus Béal Feirste.
Is príomhionad fostaíochta an Chontae é ina bhfuil 14,000 post sa bhaile. Ullmhófar Plean Ceantair Uirbeach níos sonraithe do Dhún Dealgan le linn shaolré an Phlean seo.

### 2.14.1 Straitéis Forbartha

Beidh straitéis forbartha le haghaidh Dhún Dealgan bunaithe ar daonra 50,000 a bhaint amach faoin mbliain 2031, mar a leagtar amach san SSER.
Leanfaidh sé ar aghaidh ar thóir bhonn fostaíochta an bhaile a leathnú agus a neartú agus fás daonra agus eacnamaíochta a gceadódh dó a fheidhm mar Lárionad Fáis Réigiúnach a chomhlíonadh. Is tosaíocht é croílár bríomhar a chruthú ina dteastaíonn ó dhaoine cónaí ann agus cuairt a thabhairt air.

### 2.14.2 Croílár an Bhaile

Leanfaidh *Creatphlean um Dearadh Uirbeach* a foilsíodh in 2008 ar aghaidh le deis d'fhorbairt ceantair croílár an bhaile amach anseo a chur ar fáil.
D'aithin an Creatphlean seo 7 n-áit bunaithe ar a bhfoirm stairiúla, eacnamaíochta agus ailtireachta agus chuir sé moltaí ar leith ar fáil do gach áit. Cuireann na moltaí seo creat láidir ar fáil d'fhás fadtéarmach láir an bhaile. Féadfar an Creatphlean a fheiceáil trí chliceáil a dhéanamh ar an nasc seo
Is samplaí iad infheistíochtaí na Comhairle sa réimse poiblí timpeall ar Shráid Chlann Bhreasail agus Ceathrún San Niocláis de ghnéithe den Chreatphlean a cuireadh i bhfeidhm.
Cruthaigh na tionscadail seo áit tharraingteach agus bhríomhar d'fheidhmiú gnóthaí agus le haghaidh cúrsaí siopadóireachta agus sóisialta.
Táthar ag déanamh dul chun cinn ar Thionscadal Ceathrún Longwalk, a bhfuair maoiniú tríd an gCiste um Athnuachana agus Forbartha Uirbeach, a chruthóidh ceathrú cónaithe agus oibre nua i gcroílár an bhaile. Tabharfar tacaíocht leanúnach don thionscadal seo agus d'aon thionscadal athnuachana nó sa réimse poiblí a dhéanfaidh athbheochan ar chroílár an bhaile agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an pholasaithe ar fhás dlúithe.

***Tábla 2.17: Achoimre ar Phríomhstaitisticí Dhún Dealgan***

| DÚN DEALGAN | |
|---|---|
| **Daonra** | 39,004 |
| **Daonra réamh-mheasta 2027** | 46,664 |
| **Méadú an Daonra réamh-mheasta** | 7,660 |
| **Stoc Tithíochta** | 16,351 |
| **Méadú an Stoic Tithíochta réamh-mheasta 2021-2027** | 2,447 |
| **Oibrithe Cónaithe** | 14,178 |
| **Poist Iomlán** | 14,163 |
| **Cóimheas Poist: Lucht saothair** | 0.99 |
| **Lucht saothair cónaithe ag obair i gCathair agus i mbruachbhailte BÁC 2016** | 1,004 (7.1%) |

### 2.14.3 Ceantair Athnuachana

Aithníodh áiteanna agus tailte ar leith le zónáil athnuachana chun athbheochan sa bhaile a chur chun cinn. Rinneadh an zónáil seo a threorú go háiteanna ar leith sa bhaile, ina gceaptar go mbeadh tionscadal nó forbairt athnuachana ina spreagadh ar ghníomhaíochtaí athfhorbartha as seo amach.

Seo iad na suíomh/áiteanna a aithníodh:

- Sráidbhaile Carroll;
- Ionad Siopadóireachta Longwalk;
- Ceathrú San Niocláis; agus
- Ceantar Calafoirt.

Tá lorg foirgnimh reatha in Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Carroll agus carrchlós ar achar dromchla mór. Tá lonnaíocht straitéiseach aige ar choirnéal taobh le The Long Walk agus atá feiliúnach d'fhorbairt úsáide measctha, úsáidí tráchtála, miondíola agus cónaithe.

Tá an Ionad Siopadóireachta Longwalk lonnaithe ó dheas an Ionaid Siopadóireachta Shráidbhaile Carroll thuasluaite. Cé gur crann taca é Tesco, tá ardleibhéil folúntais san ionad ina bhfuil ráta áitíochta ag tuairim is 50%.

Tá seanfhoirgneamh Toymaster, atá soir ó thuaidh ón ionad, curtha sa cheantar athnuachana seo. Is é aidhm an t-ainmniú seo ná cuidiú le hathfhorbairt an ionaid seo a spreagadh ina bhfuil féidearthacht miondíola agus úsáidí measctha a bhaineann leis.

Tá ceantar den bhaile é Ceathrú San Niocláis a bhfuil ardleibhéil folúntais, forbartha ad-hoc agus thréigthe ann.

Tá sé de chumas ag an gceantar ceathrú athbheochana uirbigh a chruthú ar Shráid an Droichid, ar Shráid an Gheata Thuaidh agus ar Shráid Hall an Lín ina bhfuil deiseanna d'fhorbairt thalamh cúil agus inlíonta.

Is ceantar eile de Dhún Dealgan é ceantar reatha an chalafoirt atá gann-úsáide faoi láthair. Cé go mbaintear úsáid as cuid de na tailte le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcalafort, tá achar mór talún atá folamh faoi láthair (c.1.6 heicteár). A cur gaireacht na dtailte seo do chroílár an bhaile san áireamh, tá féidearthacht ann na tailte seo a fhorbairt la haghaidh réimse úsáidí a chuirfeadh go mór le croílár an bhaile agus a athbheofadh an chuid seo den bhaile.

Tugann Cuspóir Beartais Réigiúnach (RPO) 4.23 den SSER tacaíocht d'athnuachan ceantair calafoirt an bhaile agus aithníonn sé a fhéidearthacht mar shuíomh forbartha eacnamaíochta.

Féadfaidh go mbeidh na tailte oiriúnach d'fhoirgnimh arda a cur ar fáil a mhéadódh a shuíomh ar bhruach na habhann agus a ghaireacht do chroílár an bhaile, agus tairseach ar an gCalafort a chur ar fáil de dheasca a lonnaíochta straitéisí.

D'aithin an Plean seo Suímh Féideartha Miondíola, inar féidir teacht ar na sonraí sa Straitéis Miondíola in Imleabhar 3, Aguisín 4.



### 2.14.4 Foirgnimh ar Airde Méadaithe

Mar chuid de straitéis fáis dhlúith tá an Chomhairle go gníomhach ag tabhairt tacaíocht do thograí chun foirgnimh ar airde ar thailte a bhfuil lonnaíocht agus cumraithe oiriúnach iontu a fhorbairt. De ghnáth bíonn lonnaíocht láir ag na tailte seo, gar d'iompar poiblí nó do lonnaíochtaí straitéiseacha sa bhaile ina mbeidh feidhm sainchomhartha nó croíláir ag na foirgnimh seo la haghaidh forbartha.

Déanfar anailís níos sonraithe ar an suíomh is fearr d'fhoirgnimh níos airde mar chuid de Phlean Ceantair Uirbeach Dhún Dealgan. Idir an dá linn, déanfar meas ar fhorbairt fhoirgneamh níos airde, atá tacaithe ag achoimre ar dhearadh cuí, atá comhréiteach le soláthracha na Riachtanas um Polasaithe Pleanála ar Leith a leagadh amach i *bhForbairt Uirbeach agus Arda Foirgnimh, Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 2018*.

### 2.14.5 Forbairt Chónaithe

Díreoidh forbairt chónaithe ar fhoirgnimh agus spásanna ar dhearadh ardchaighdeáin a chur ar fáil, a chomhlíonann riachtanais tithíochta gach ball den phobal, is cuma faoi haois nó faoi chumas, agus nascacht agus tréscaoilteacht a sholáthar idir ceantair reatha agus as seo amach. Tá géarghá le forbairtí ar dlús níos airde chun fás dlúithe a bhaint amach, go háirithe ar thailte ar shuímh lárnacha nó ar thailte iompair mhaith le croílár an bhaile.

Le gairid tá tógáil tithíochta comhchruinnithe go príomha i gceantair deiscirt an bhaile i gceantar Na Creagacha Dubha agus ar thailte cónaithe ar thaobh thiar an R132. Tá forbairt leanúnach i gceantair thiar agus thuaidh an bhaile chomh maith.

Rinneadh anailís ar thailte cónaithe zónáilte neamhfhorbartha de dheasca candaim na dtailte cónaithe zónáilte atá ar fáil breis agus ná a bhfuil gá d'fhás a bhfuiltear ag súil leis le linn shaolré an Phlean seo.

Bunaithe ar an anailís, a chuir suíomh na talún maidir le croílár an bhaile, le hiompar poiblí, le háiseanna áitiúla agus le rochtain seirbhísí agus infreastruchtúir a bhfuil gá leo chun freastal ar na tailte, rinneadh tosaíocht agus áireamh ar na tailte dá réir sin.

Cuireadh aon talamh sa bhreis i bhfreaschuir straitéiseach agus ní bheidh rochtain forbartha uirthi le linn shaolré an Phlean seo. Beidh ceantar Ascaill an Mhóta, ar thaobh thiar de chroílár an bhaile, ar cheann de na príomhshuímh d'fhás cónaithe le linn shaolré an Phlean seo.

Cé go scaoilfidh tógáil Bhóthar Ceangail Ascaill an Mhóta maoinithe ag an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF) le roinnt talamh, tá c.38 heicteár talún atá faoi réir ag Máistirphlean atá mar chumas aige c.1,200 aonad cónaithe a chur ar fáil, i dteannta le páirc líneach agus áiseanna pobail.

Beidh croílár an bhaile mar phríomhchúram forbartha inlíonta agus athfhorbraíochta a mbeidh líon mór féidearthachtaí forbartha ar fáil.

I dtaobh thiar an bhaile déanfar bainistíocht chúramach ar fhorbairt i gceantar Na Creagacha Dubha, ag díriú ar neartú, tógáil amach ceadanna ar marthain agus forbairtí atá á dtógáil faoi láthair.

Tugann an Plean fáil tithíocht inacmhainne, meascán cineáil tithíochta agus tionacht a oireann do gach tráth den saol san áireamh.

### 2.14.6 Eacnamaíocht

Ciallaíonn suíomh Dhún Dealgan ar an teorann go bhféadfaidh éiginnteachta agus éagobhsaíochta eacnamaíochta féideartha maidir leis tarraingt amach na Ríochta Aontaithe ón AE dochar a dhéanamh dó, leanfaimid ag tabhairt tacaíocht d'infheistíochtaí infreastruchtúrach agus d'fheabhsúcháin do nascacht chun gur féidir gnóthaí agus fiontair aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo. Chomh maith leis sin, tabharfaidh sé tacaíocht do nascacht trasteorann a neartú agus do chomhoibriú leanúnach idir gníomhaireachtaí agus gnóthaí rialtais ar dhá thaobh na teorann a spreagfaidh agus a éascóidh fás eacnamaíochta agus forbairt fiontraíochta.

Tabharfar tacaíocht leanúnach do leathnú páirceanna gnó agus fiontair an bhaile, tá an Chomhairle ag leanúint uirthi ag obair go dlúth le gnóthaí agus geallsealbhóirí, ina measc tá, an Oifig Fiontair Áitiúil, Fiontraíocht Éireann agus an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) chun infheistíocht eacnamaíochta sa bhreis agus forbairt a chruthaíonn fostaíocht don bhaile a chur chun cinn agus a mhealladh.

Tá lonnaíocht straitéiseach ag bunachar talún na dtailte zónála fostaíochta neamhfhorbartha in áiteanna éagsúla an bhaile agus tá sé oiriúnach do réimse úsáidí fiontraíochta agus fostaíochta.

Is áis oideachais thábhachtaigh sa bhaile agus i réigiún thoir thuaidh é Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT) a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh forbartha oideachais agus scileanna an lucht saothair áitiúil chomh maith le deiseanna comhoibrithe idir gnóthaí agus tionscail áitiúla.

Déanfar forbairt leanúnach an chur chuige comhpháirtíochta seo a thacú agus a éascú sa Phlean seo. Tugann an Plean tacaíocht do DKIT mar ionad bairr feabhais le haghaidh oideachais.

Leagtar amach sonraí sa bhreis ar phróifíl eacnamaíochta agus miondíola Dhún Dealgan i gCaibidil 5 'Eacnamaíocht agus Fostaíocht'.

### 2.14.7 Gluaiseacht

Oibreoidh an tÚdarás Áitiúil go dlúth leis an NTA chun plean iompair don bhaile a fhorbairt a dhíríonn ar ghréasán cosáin coisithe agus rothaíochta comhtháite a chur ar fáil ar fud Dhún Dealgan. Cé go dtabharfar tosaíocht do mhodhanna iompair inbhuanaithe, má mhéadaíonn daonra Dhún Dealgan ag an ráta a bhfuiltear ag súil leis san SSER beidh gá le hinfheistíocht in infreastruchtúr bóithre chun aistriú éifeachtach daoine agus earraí ar fud an bhaile a chinntiú.

Ag cur candam na dtailte zónáilte d'úsáid chónaithe i gceantar Ascaill an Mhóta san áireamh, beidh gá le hinfreastruchtúr na mbóithre a uasghrádú chun sruthanna agus gluaiseachtaí tráchta a éascú.

Tá riachtanas ag bóithre ceangail ceantair comharsanachta agus ceantair tionsclaíochta/gnó a nascadh le príomhbhóthar rochtana go dtí agus ón mbaile. Leagtar amach sonraí sa bhreis ar an tionscadal seo i gCaibidil 'Gluaiseacht'.

### 2.14.8 Cuspóirí Polasaithe um Straitéise Lonnaíochtaí Straitéisí le haghaidh Dhún Dealgan

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 19** | Ról Dhún Dealgan mar Lárionad Fáis Réigiúnach agus mar cheann feadhna fáis ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste agus ar an teorainn a thacú, agus leathnú agus fás leanúnach an bhaile a éascú, atá bunaithe ar phrionsabail forbartha cothromaíochta agus inbhuanaithe a chumasaíonn cruthú fostaíochta, a thacaíonn infheistíocht eacnamaíochta, agus a chruthaíonn timpeallacht tarraingteach cónaithe agus oibre. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 20** | Lean le ról eacnamaíochta Dhún Dealgan mar lárionad fostaíocht réigiúnach ar an teorainn a thacú agus a chur chun cinn, agus aon infheistíocht infreastruchtúrach nó fostaíocht is cúis le forbairt a éascú, a neartóidh ról an bhaile agus a iomaíochas a choinneáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 21** | Tacaíocht a thabhairt do dhlús ard forbartha inbhuanaithe, go háirithe in áit lárnach agus ar chonairí iompair phoiblí a bhfuil gá le híosdhlús 50 aonad/ha sna háiteanna seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 22** | Tacaíocht a thabhairt d'arda foirgnimh méadaithe in áiteanna cuí i nDún Dealgan, ag brath ar dhearadh agus scála foirgnimh a bhfuil cuir le dearfach lena timpeallacht agus lena sráid-dhreach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 23** | Ról seanbhunaithe croílár Dhún Dealgan a neartú agus a áit mar rogha ceann scríbe do shiopadóireacht, agus béim ar leith ar fholúntais i bpríomhcheantar miondíola a athbheochana agus a laghdú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 24** | Forbairt inbhuanaithe na bpríomhláithreán féideartha laistigh de chroílár an bhaile, nó láithreán laistigh den bhaile nó gar dó a chur chun cinn agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 25** | Fás Dhún Dealgan a bhainistiú ar bhealach go mbainfear cruthú lonnaíochta dlúithe amach, a bhfuil ceantair inbhuanaithe tharraingteacha agus chuimsitheacha ina bhfuil rogha tithíochta inacmhainne do gach duine. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 26** | Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Chreatphlean um Deartha Uirbeach 2008 le haghaidh Dhún Dealgan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 27** | Tacaíocht a thabhairt do dul chun cinn agus cur i bhfeidhm aon tionscadal i nDún Dealgan atá maoinithe ag an gCiste um Athnuachana agus Forbartha Uirbeach, Tionscadal Ceathrún Longwalk san áireamh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 28** | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe na láithreán athnuachana a aithníodh ar an léarscáil zónála d'úsáid na talún le haghaidh úsáidí cuí atá comhoiriúnach leis an gceantar mórthimpeall. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 29** | Tacaíocht a thabhairt do ról Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT) mar ionad bairr feabhais le haghaidh oideachais agus aon tograí a neartóidh ról agus próifíl DKIT mar áis taighde agus oideachais a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 30** | Soláthar na Bóithre Ceangail beartaithe a urrú, go háirithe Bóthar Ceangail Ascaill an Mhóta maoinithe ag LIHAF, agus feabhsúcháin bóthair eile, i gcomhar geallsealbhóirí agus gníomhaireachtaí rialtais. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 31** | Obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), úinéirí talún áitiúla, agus forbróirí chun gréasán comhtháite cosáin coisithe agus rothaíochta ar fud Dhún Dealgan a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 32** | Gréasán ceantair glas a fhorbairt ar fud an bhaile, ag cur le hinfreastruchtúr glas reatha, agus dul chun cinn a dhéanamh ar Ghlasbhealach an Oirthir a chur ar fáil ar an gcósta, a chuireann soláthar infreastruchtúir glasbhealaigh agus coisithe ar dhá thaobh Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan, agus sláine láithreán Chuan Dhún Dealgan Natura 2000 a choinneáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 33** | Seachadadh Chreatphlean na gCeantar Máguaird Thuaidh a chinntiú, a aithníonn gá le hacomhal ar Bhóthar Ard Mhaca chun trácht neamh-áitiúil a laghdú ag teacht isteach go Dún Dealgan ag acomhal An Leasa Dhuibh agus an cuidiú comhfhreagrais Ghníomhú ar son na hAeráide. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 34** | Aitheantas a thabhairt d'infreastruchtúr straitéiseach ar a tugadh Láithreán Líonta Talún Dhún Dealgan le bheith forbartha le haghaidh páirceanna imeartha agus feidhmeanna fóillíochta. |

## 2.15 BAILTE FÁIS FÉIN-CHÓNAITHE

### 2.15.1 BAILE ÁTHA FHIRDHIA

Is ionad seirbhís áitiúil thábhachtaigh é Baile Átha Fhirdhia i lár Lú, a sholáthraíonn réimse seirbhísí agus fostaíocht do cheantar fairsing a leathnaíonn, in áiteanna, go dtí An Mhí agus go Muineachán. In 2016 bhí níos mó ná 1,700 post sa bhaile.

Is comhartha bonn fostaíochta láidir sa bhaile é post iomlán an bhaile, in éineacht lena chóimheas ard post: lucht saothair, a bhí ag 0.93 in 2016, Léiríonn sé go bhfuil cothromaíocht ag cóimheas daonra: fostaíocht an bhaile chomh maith.

***Tábla 2.18: Achoimre ar Phríomh-Staitisticí Bhaile Átha Fhirdhia***

| Baile Átha Fhirdhia | |
|---|---|
| **Daonra** | 4,928 |
| **Daonra réamh-mheasta 2027** | 6,583 |
| **Méadú an Daonra réamh-mheasta** | 1,655 |
| **Stoc Tithíochta** | 2,002 |
| **Méadú an Stoic Tithíochta réamh-mheasta 2021-2027** | 440 |
| **Oibrithe Cónaithe** | 1,819 |
| **Post iomlán** | 1,716 |
| **Cóimheas Post:Lucht Saothair** | 0.93 |

Is suíomh tarraingteach le haghaidh fáis agus infheistíocht é de dheasca an nascachta agus rochtana a sholáthraíonn an baile de bharr shuíomh ar an ngréasán bóithre náisiúnta.

I measc an nascachta seo tá rochtain ar Chonair Eacnamaíochta BÁC-Bhéal Feirste tríd an M1, iarthuaisceart an Chontae tríd an N2, agus rochtain ar ionaid áitiúla fostaíochta i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre tríd an N52.

Is í straitéis fáis Bhaile Átha Fhirdhia, le linn shaolré an Phlean seo, ná a ainmniú mar 'Bhaile Fáis Féin-chónaithe' a dhaingniú, agus a bhonn fostaíochta a leathnú agus fás cónaithe inbhuanaithe a éascú a chomhlíonfadh riachtanais éileamh ón bpobal áitiúil.

Bheadh leathadh an bhaile comhlántach le forbairt na Lárionad Fáis Réigiúnaigh Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

Tá bunachar talún na dtailte zónáilte neamhfhorbartha le haghaidh úsáidí cónaithe agus fostaíochta i mBaile Átha Fhirdhia a chomhlíonfaidh na riachtanas cónaithe agus fostaíochta / eacnamaíochta an bhaile le linn thréimhse an Phlean seo. Spreagfaidh cur chuige seicheamhach d'fhorbairt na dtailte cónaithe, ina dtugtar tosaíocht do thailte gar do chroílár an bhaile.

Féadfaidh forbairt na dtailte seo cruthú na bpobal tarraingteach agus inbhuanaithe a éascú.

Cuireadh aon talamh sa bhreis i bhfreaschuir straitéiseach agus ní bheidh rochtain forbartha go dtí i ndiaidh éaga an Phlean seo.

Mar chuid de straitéis chur chun cinn athnuachana croíláir an bhaile, tacóidh agus éascóidh an Plean seo forbairt ar ardchaighdeán a mbeidh ina cúis le forbairt ar thailte folmha nó gann úsáide, a bhfeabhsóidh beocht croíláir an bhaile agus lonnaíocht níos dlúithe a chruthú.

Tá sé mar chuid de straitéis athnuachana an Phlean seo ná athfhorbairt Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia, atá lonnaithe ar Phríomhshráid an bhaile. Fuarthas maoiniú chun an caisleán a athfhorbairt faoin gCiste um Athnuachana agus Forbartha Tuaithe.

Is tionscadal tábhachtach turasóireachta é seo don chontae agus do Bhaile Átha Fhirdhia, toisc go bhfuil sé de chumas aige líon na gcuairteoirí chun na háite a mhéadú go suntasach.

Mar chuid den pholasaí feabhas a chur le nascacht ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach tá tograí chun an N2 agus an N52 a uasghrádú. Is éard atá i gceist leis na tograí seo ná seachbhóthar ar Bhaile Átha Fhirdhia ar an dá bhóthar seo. Nuair a chuirtear na tionscadail seo i gcríoch d'athródh croílár Bhaile Átha Fhirdhia ó bhonn toisc go mbainfeadh sé trácht ó bpríomhcheantar uirbeach agus chuirfeadh sé deiseanna le haghaidh infheistíochta sa réimse poiblí ar fáil, thabharfadh tosaíocht níos fearr do shiúil agus do rothaíocht. Chuirfeadh na bhfeabhsúchán timpeallachta seo saol i gcroílár an bhaile níos tarraingtí ar fáil.

Ullmhaíodh Léarscáil ar Úsáid na Talún Zónáilte le haghaidh Bhaile Átha Fhirdhia agus tá sé ar fáil in Imleabhar 1A den Phlean seo.

## Cuspóirí Polasaithe um Straitéise Lonnaíochta Straitéisí le haghaidh Bhaile Átha Fhirdhia

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 35** | Tacaíocht a thabhairt do ról Bhaile Átha Fhirdhia mar Bhaile Fáis Féin-chónaithe, a bheidh comhlántach leis na Lárionaid Fáis Réigiúnacha, agus chun fás daonra agus eacnamaíochta a thagann le chéile a éascú, a chomhlíonfaidh riachtanais chónaitheoirí Bhaile Átha Fhirdhia agus a chúlchríocha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 36** | Tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíochta Bhaile Átha Fhirdhia trí réimse úsáidí is cúis le fostaíocht sa bhaile a éascú agus a thacú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 37** | Tacaíocht a thabhairt do chruthú lonnaíochta dlúithe inbhuanaithe i mBaile Átha Fhirdhia a chuireann deiseanna siúil agus rothaíochta ar fáil, agus chun íos-dhlús 25 aonad/ha le haghaidh forbairtí cónaithe nua a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 38** | Tacaíocht a thabhairt do chruthú phobal inbhuanaithe, tarraingteach agus ionchuimsitheach ina bhféadfaidh riachtanais cónaithe an daonra iomlán a chomhlíonadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 39** | Obair go dlúth le grúpaí gnó agus sealbhóirí chun folúntas i gcroílár Bhaile Átha Fhirdhia a athbheochan agus a laghdú agus athúsáid foirgnimh i lár an bhaile nó ar imeall an láir a thacú agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 40** | Tacaíocht a thabhairt do dul chun cinn agus cur i bhfeidhm aon thionscadail i mBaile Átha Fhirdhia atá maoinithe ag an gCiste um Athnuachana agus Forbartha, Athdheisiú Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia agus an Plean Athnuachana le haghaidh Bhaile Átha Fhirdhia san áireamh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 41** | Tógáil an seachbhóthair N2 agus an seachbhóthair N52, a bhfuil cead ó Bhonneagar Iompair Éireann ar feitheamh, agus forbairt ar na bóithre beartaithe a choinneáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 42** | Soláthar bóthair ceangail nua a éascú ó Ráth Guaire agus ó Mhullach Drislinn go dtí an Bóthar Dubh |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 43** | Cosáin a uasghrádú agus lána rothar a sholáthar taobh le Shráid Sheáin Uí Chearbhaill. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 44** | Soláthar bóthar ceangail Thuaidh-Theas ar thaobh thiar an bhaile a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 45** | Féidearthacht raon reatha le haghaidh Bhaile Átha Fhirdhia le linn shaolré an Phlean seo a scrúdú. |

## 2.15.2 DÚN LÉIRE

Is lonnaíocht bheag é Dún Léire in oirthear an M1 lonnaithe idir Droichead Átha agus Dún Dealgan. Ceanglaíonn an R169 Dún Léire leis an mótarbhealach acomhal 12, a sholáthraíonn nascacht den chéad scoth tríd an ngréasán bóithre náisiúnta.
Cé go bhfuil soláthar daonra agus seirbhíse an bhaile níos lú ná Baile Átha Fhirdhia, tá earnáil fostaíochta láidir aige, ina bhfuil níos mó ná 800 post sa bhaile in 2016. In 2016 bhí níos mó post ná oibrithe cónaithe, agus is cúis le cóimheas Poist:Lucht saothair ag 1.10. Ba shin an ráta taifeadadh is airde sa chontae agus is deimhniú é ar láidreacht bhoinn fostaíochta.

***Tábla 2.19: Achoimre ar Phríomh-Staitisticí Dhún Léire***

| DÚN LÉIRE | |
|---|---|
| **Daonra** | 1,822 |
| **Daonra réamh-mheasta 2027** | 2,757 |
| **Méadú an Daonra réamh-mheasta** | 935 |
| **Stoc Tithíochta** | 719 |
| **Méadú an Stoic Tithíochta réamh-mheasta 2021-2027** | 146 |
| **Oibrithe Cónaithe** | 751 |
| **Post Iomlán** | 822 |
| **Cóimheas Post:Lucht saothair** | 1.10 |

Is éard a bheidh i gceist le straitéis forbartha le haghaidh Dhún Léire le linn an Phlean seo ná lean le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt a bhaineann le heacnamaíocht agus le fostaíocht sa bhaile, chomh maith le fás cónaithe a chomhlíonann riachtanais tithíochta an daonra áitiúil.

Bheadh an fás comhlántach le forbairt na Lárionad Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.
Cuirfidh an Plean seo daingniú chroí uirbeach Dhún Léire chun cinn agus forbairt na dtailte inlíonta agus athfhorbraíochta folmha nó gann úsáide. Dhíreodh forbairt a bhaineann le heacnamaíocht agus le fostaíocht i gceantair fostaíochta sheanbhunaithe an bhaile.
Beidh gá le Máistirphlean a ullmhú do na tailte zónáilte neamhfhorbartha le haghaidh úsáidí a bhaineann le fostaíocht ar thaobh thiar theas chroílár an bhaile, agus a bheith aontaithe leis an Údarás Pleanála sula gcuirtear iarratas pleanála isteach.

I measc ghníomhaíocht chónaithe an bhaile le gairid tá tógáil 80 aonad tithíochta sóisialta ag Ravel Grange. Bheadh aon fhorbairtí cónaithe amach anseo ar ardchaighdeán a chuireann nascacht agus tréscaoilteacht chun cinn agus a chomhlíonann riachtanais cónaithe gach ball den phobal.
Ullmhaíodh Léarscáil ar Úsáid na Talún Zónáilte le haghaidh Dhún Léire agus tá sé ar fáil in Imleabhar 1A den Phlean seo.

## Cuspóirí Polasaithe um Straitéise Lonnaíochta Straitéisí le haghaidh Dhún Léire

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 46** | Tacaíocht a thabhairt do ról Dhún Léire mar Bhaile Fáis Féin-Chónaithe, a bheadh comhlántach leis na Lárionaid Fáis Réigiúnacha, agus chun fás daonra agus eacnamaíochta a thagann le chéile a éascú, a chomhlíonfaidh riachtanais cónaitheoirí Dhún Léire agus a chúlchríocha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 47** | Tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíochta Dhún Léire trí réimse úsáidí is cúis le fostaíocht sa bhaile a éascú agus a thacú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 48** | Tacaíocht a thabhairt do chruthú lonnaíochta dlúithe inbhuanaithe i nDún Léire a chuireann deiseanna siúil agus rothaíochta ar fáil, agus chun íos-dhlús 25 aonad/ha le haghaidh forbairtí cónaithe nua a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 49** | Tacaíocht a thabhairt do chruthú phobal inbhuanaithe, tarraingteach agus ionchuimsitheach ina ndéantar riachtanais cónaithe an daonra iomlán a chomhlíonadh agus i gcomhréir sholáthar an infreastruchtúir pobail agus shóisialta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 50** | Obair go dlúth le grúpaí gnó agus sealbhóirí chun folúntas i gcroílár Dhún Léire a athbheochan agus a laghdú agus saol i lár an bhaile a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 51** | Géarghá le hullmhúchán an Mháistirphlean ar na tailte ar thaobh thiar theas chroílár an bhaile atá zónáilte le haghaidh Tionscail, Fiontraíochta, agus Nuálaíochta. Ní fhéadfaidh iarratas pleanála a chur isteach roimh aontú an Mháistirphlean seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 52** | Obair le húinéirí áitiúla chun oibreacha sa réimse poiblí i nDún Léire a éascú agus a chur i bhfeidhm, oibreacha ar bhóithre agus ar chosáin agus ar lánaí/lánaí rothar reatha san áireamh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 53** | Féidearthacht suímh páirceála eas-sráide sa bhreis a sholáthar le haghaidh Dhún Léire a scrúdú. |

## 2.16 BAILTE FÉIN-CHÓNAITHE

Tá 5 lonnaíocht sa chontae a aithníodh mar Bhailte Féin-Chónaithe iad:-Cairlinn, Ceann Chlochair, Baile an Ghearlánaigh/ Cill Sáráin, Tearmann Feichín, agus Tulaigh Álainn. Tá leathadh cónaithe iontu ina bhfuil leibhéil éagsúla fáis agus infheistíocht i bhforbairt atá ina cúis le fostaíocht agus soláthar seirbhíse.

Thaifead Cairlinn, atá ina scean scríbe tábhachtach turasóireachta sa chontae, an líon is mó poist sa chatagóir lonnaíochta seo, ina bhfuil 370 post agus cóimheas Post:Lucht saothair 0.81 ann. Is lonnaíocht eile é Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin ina bhfuil bonn fostaíocht láidir ann, agus cóimheas poist 0.65 ann.

Bhí an daonra is airde 2,145 i gCeann Chlochair in 2016, ach an cóimheas Post:Lucht saothair is lú 0.17 ann.

Is léiriú é seo go bhfuil ar sciar mór de chónaitheoirí an bhaile taistil taobh amuigh den lonnaíocht le haghaidh fostaíochta.

Is éard a bheidh i gceist le straitéis fáis na mBailte Féin-chónaithe seo ná díriú ar infheistíocht a threorú i seirbhísí, i bhfás agus in infreastruchtúr fostaíochta agus déileáil le seachadadh tithíochta, go háirithe, na croícheantair a neartú agus fás dlúithe a chur ar fáil.

Cuireann Imleabhar 2 den Phlean seo Ráiteas Scríofa agus Léarscáileanna Ilchodacha agus Zónála ar Úsáid na Talún ar fáil le haghaidh gach Bailt Féin-Chónaithe.

***Tábla 2.20: Achoimre ar PhríomhStaitisticí na mBailte Féin-Chónaithe***

| Lonnaíocht | Daonra 2016 | Daonra Réamh-mheasta 2021-2027 | Stoc Tithíochta 2016 | Leithdháileadh Tithíochta 2021-2027 | Lucht Saothair Cónaithe 2016 | Poist Iomlán2016 | Cóimheas Post:Lucht Saothair 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cairlinn** | 1,445 | 1,645 | 840 | 50 | 459 | 370 | 0.81 |
| **Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin** | 1,126 | 1,236 | 510 | 65 | 451 | 295 | 0.65 |
| **Ceann Chlochair** | 2,145 | 2,445 | 895 | 75 | 860 | 150 | 0.17 |
| **Tearmann Feichín** | 1,579 | 1,829 | 582 | 70 | 629 | 204 | 0.32 |
| **Tulaigh Álainn** | 1,547 | 1,767 | 500 | 65 | 675 | 138 | 0.20 |

## 2.17 BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE BEAGA

Tá 8 lonnaíocht sa chatagóir Bailte agus Sráidbhailte Beaga. Tá feidhm tábhachtach ag na lonnaíochtaí seo chun fás áitiúil a chur chun cinn.

Tá siad éagsúil de réir méid, tá Baile Trá ar an lonnaíocht is lú, a raibh daonra 132 ann in 2016, agus tá Droim Ineasclainn ar an lonnaíocht is mó agus daonra 1,195 duine ann. Is lonnaíocht beag eile é Áth na gCasán agus daonra 201 ann sa daonáireamh, bhí daonra idir 600-900 duine sna lonnaíochtaí atá fágtha sa chatagóir seo.

Athraíonn soláthar fostaíochta ag brath ar mhéid, ar fheidhm agus ar shuíomh na lonnaíochta. Tá cóimheas poist níos lú ná 0.4 ag gach lonnaíocht sa chatagóir seo, agus is léiriú é seo ar bhonn fostaíochta lag agus spleáchas ar chomaitéireacht amach le haghaidh fostaíochta.

Bhí an cóimheas Post:Lucht Saothair is airde ag Ó Méith, a raibh cóimheas poist 0.38 ann, agus ag Collann, a raibh cóimheas poist 0.31 ann, sa chatagóir seo.

Díreoidh an straitéis fáis le haghaidh Bhailte agus Shráidbhailte Beag sa Phlean seo ar fhás áitiúil inbhuanaithe a chomhlíonann riachtanais daonra áitiúil.

Bheadh aon fhorbairt chónaithe nua i gcomhréir le méid na lonnaíochta ina bhfuil sé suite, agus ina dtugtar tosaíocht d'fhorbairt inlíonta agus athfhorbraíochta.

Déanfar bainistiú ar fhorbairt nua i lonnaíochtaí a bhfuil ardleibhéil fáis iontu le blianta anuas chun cosc a chur ar chruthú lonnaíochtaí comaitéireachta.

Tabharfar tacaíocht d'fhorbairt a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta agus fostaíochta a neartódh an bonn fostaíochta áitiúil agus spleáchas ar chomaitéireacht a laghdú.

Cuireann Imleabhar 2 den Phlean Ráiteas Scríofa agus Léarscáileanna Ilchodacha agus Zónála ar Úsáid na Talún ar fáil le haghaidh gach Baile agus Sráidbhailte Beaga.

## 2.18 NÓID TUAITHE

Aithníodh 24 Nód Tuaithe ar leibhéal 5 den chliarlathas lonnaíochta. Tá cnuasaigh na réadmhaoine cónaithe ina shainghné ag nóid a bhfuil seirbhísí agus áiseanna áitiúla teoranta. Mar chuid de straitéis dhaingniú creatlach na nód tuaithe agus cruthú pobail tuaithe inbhuanaithe, d'aithin an Plean seo tailte laistigh de nóid atá oiriúnach chun riachtanais tithíochta tuaithe a chomhlíonadh. Tugann an Plean seo tacaíocht do thionscnamh '*Tithe Nua i mBailte agus i Sráidbhailte Beaga'* a bhí I bhfách i gCuspóir Beartais Réigiúnach 4.78 an SSER. Beidh cur chuige comhordaithe sa thionscnamh seo idir na hÚdaráis Áitiúla, Uisce Éireann agus pobail áitiúla i soláthar suíomh a ndearna seirbhís orthu chun éileamh tithíochta áitiúil a chomhlíonadh. Cuideoidh an tionscnamh polasaithe seo bailte agus sráidbhailte tuaithe a neartú agus a athbheochan ar fud an Chontae. Cuireann Alt 3.17.6 den Chaibidil Tithíochta treoir sa bhreis ar fhorbairt sna Nóid Tuaithe ar fáil.

Tá léarscáil de gach Nód Tuaithe ar fáil in Imleabhar 2 den Phlean seo.

**Cuspóirí Polasaithe Straitéiseacha le haghaidh Bailte Féin-Chónaithe, Bailte agus Sráidbhailte Beaga agus Nód Tuaithe**

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 54** | Daonra agus fás eacnamaíochta cothrom agus comhréireach sna Bailte Fáis Féin-Chónaithe, sna Bailte agus Sráidbhailte agus sna Nóid Tuaithe a thacú agus a éascú a chomhlíonfaidh riachtanais chónaitheoirí na lonnaíochtaí a aithníodh i ngach catagóir lonnaíochta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 55** | Tacaíocht a thabhairt do chruthú na bpobal tuaithe trí fhás inbhuanaithe i mbailte tuaithe a chur chun cinn agus a spriocdhíriú agus fás na gceantar tuaithe atá faoi brú maidir le forbairt a bainistiú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 56** | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscnaimh 'Tithe Nua i mBailte agus i Sráidbhailte' idir an tÚdarás Áitiúla, Uisce Éireann, pobail, agus geallsealbhóirí eile a aithneodh deiseanna sholáthar suímh a ndearna seirbhís orthu chun riachtanais tithíochta tuaithe i mbailte agus i sráidbhailte sa chontae a chomhlíonadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 57** | Tacaíocht a thabhairt d'athbheochan cheantar láir na lonnaíochtaí trí fhorbairt inbhuanaithe a chuideoidh leibhéal folmha a éascú agus/nó deiseanna áitiúla bhonn fostaíochta a chruthú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 58** | Go mbeidh gá le dearadh, scála, agus leagan amach fhorbairt cónaithe i gcomhréir le gné na lonnaíochta, ina bhfuil sé lonnaithe agus meas a thabhairt di agus cosc ar aon leagan amach a bheidh ina chúis le forbairt ar stíl bhruachbhailteach atá coimhthíoch leis an timpeallacht áitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 59** | Tacaíocht a thabhairt do chruthú creation pobail inbhuanaithe, tarraingteacha agus ionchuimsitheacha ina ndéanfar riachtanais cónaithe an daonra iomlán a chomhlíonadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 60** | Obair go dlúth le grúpaí gnó agus geallsealbhóirí chun ionaid bailte agus sráidbhailte a athnuachan agus leibhéal folmha a laghdú agus saol i gcroílár bailte agus sráidbhailte a spreagadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 61** | Obair le húinéirí talún agus gnóthaí agus grúpaí pobail áitiúla chun oibreacha sa réimse poiblí a éascú, go háirithe oibreacha ar bhóithre agus ar chosáin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CSSL 62** | Athúsáid agus athbheochan na dtailte folmha agus gann úsáide i mbailte, sráidbhailte tuaithe agus nóid tuaithe le haghaidh úsáidí cuí a chur chun cinn. |

# Caibidil 3

## Tithíocht

*“Soláthar de mheascán cineálacha tithíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais chónaitheoirí uile an Chontae; bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le comhfhorbairt áite, fás dlúth, agus pobail shláintiúla, inbhuanaithe ina bhfuil tithíocht gar do sheirbhísí agus inar féidir modhanna inbhuanaithe iompair a éascú."*

# 3 TITHÍOCHT

## 3.1 RÉAMHRÁ

Leagfar amach sa chaibidil seo an straitéis chun tithíocht a sholáthar i gcodanna uirbeacha agus tuaithe den Chontae le linn shaolré an Phlean seo. Díreoidh sé ar áiteanna a chruthú inar mian le daoine maireachtáil agus tithíocht dea-dheartha a sholáthar atá inoiriúnaithe agus tithíocht a bhfuil acmhainn aici ar thionchair an athraithe aeráide, tithíocht atá in ann freastal ar riachtanais tithíochta an Chontae faoi láthair agus amach anseo. Cuirfidh sé san áireamh freisin an fócas beartais náisiúnta agus réigiúnach a bhaineann le fás dlúth a bhaint amach agus breithneoidh sé an ról atá ag airde tógála i ndlúis chónaithe níos airde a bhaint amach in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

## 3.2 NA TREOCHTAÍ IS DÉANAÍ SA TITHÍOCHT

Tá éifeachtaí na géarchéime airgeadais domhanda in 2008 agus an cúlú eacnamaíochta ina dhiaidh sin fós le feiceáil san earnáil chónaithe. Ní féidir an soláthar freastal ar an éileamh. Tá sé seo mar gheall ar thréimhse fhada neamhghníomhaíochta i dtógáil chónaithe , tréimhse ina ndeachaigh líon na dtithe a tógadh dul ón mbuaicphointe ab airde riamh in 2006 go dtí an pointe ab ísle sa tréimhse 2008-2013. De réir mar a thosaigh an geilleagar ag téarnamh ó 2014, thosaigh leibhéal na gníomhaíochta i dtógáil chónaithe ag méadú, cé gur ag ardú ó phointe íseal a bhí sé. Tá baint ag an téarnamh eacnamaíoch leis an éileamh méadaithe ar thithíocht mar go bhfuil an imirce isteach ag méadú de réir mar a thagann feabhas ar dheiseanna fostaíochta.

Cuireann sé seo brúnna breise ar mhargadh na tithíochta, margadh nach raibh ag feidhmiú mar ba chóir cheana féin. Mar thoradh air sin bhí méaduithe ar an gcíos nach bhfacthas riamh agus bhí leibhéal na ndaoine gan dídean ag leibhéal gan fasach.

Agus an Plean seo á scríobh, bhí an tír ag teacht amach as dianghlasáil gan fasach, mar iarracht scaipeadh COVID-19 a mhoilliú.

Chuir an dianghlasáil seo isteach ar bheagnach gach earnáil den gheilleagar. Ní léir cén tionchar geilleagrach a bheidh ag an dianghlasáil seo ar an ngeilleagar náisiúnta agus domhanda.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchair shuntasacha ag an neamhchinnteacht agus an cur isteach seo ar an ngeilleagar ar mhargadh na tithíochta, lena n-áirítear laghdú ar líon na n-aonad cónaithe a thógfar. Tá sé seo ag brath ar roinnt tosca lena n-áirítear; an méid a cuireadh isteach ar an obair, luas an téarnaimh, an tionchar ar ioncaim theaghlaigh, agus infheistíocht idirnáisiúnta sa tír.

### 3.2.1 Athruithe Reachtaíochta agus Freagra Beartais

Rinne an rialtas an fhreagairt ar an nganntanas tithíochta a chomhordú ar leibhéal náisiúnta trí reachtaíocht agus tionscnaimh bheartais a thabhairt isteach a bhfuil sé mar aidhm acu líon na tógála a mhéadú. Dá bharr sin, tá soláthar suntasach nua reachtaíochta ann ó glacadh leis an bplean deireanach.

Achtaíodh na píosaí reachtaíochta seo a leanas mar chuid den fhreagairt ar an nganntanas tithíochta:

- Laistigh den *Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithíocht 2015*, bhí athruithe ar Chuid V den *Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú)*, leis an gceanglas maidir le tithíocht inacmhainne a bhaint agus an oibleagáid tithíochta sóisialta a ísliú ó 20% go 10% d'fhorbairtí 10 n-aonad nó níos mó. Cuireadh soláthar san áireamh chun Tobhach ar Láithreán Folamh a thabhairt isteach.
- Leagann *Alt 24A den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú)* amach na riachtanais chun Crios Brú Cíosa a ainmniú. Agus é seo á scríobh, ainmníodh gach Limistéar Toghcháin Áitiúil i Lú, seachas Clochar, mar Chrios Brú Cíosa.
- Leagann *Alt 38 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2019* amach na ceanglais reachtaíochta do dhuine a bhfuil sé ar intinn aige a mhaoin a ligean ar cíos go gearrthéarmach má tá an mhaoin suite laistigh de Chrios Brú Cíosa.
- In *Alt 3 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe Pleanála agus Forbartha 2016,* tugadh isteach, ar feadh tréimhse theoranta, socruithe le haghaidh iarratas pleanála mear ar Fhorbairtí Tithíochta Straitéiseacha de 100 aonad tithíochta nó níos mó, cóiríocht do mhic léinn le 200 spás leapa nó níos mó, nó cóiríocht chomhroinnte de 200 spás leapa nó níos mó, a dhéanamh go díreach don Bhord Pleanála lena chinneadh.

Leagann an Plean Gníomhaíochta Tithíochta 'Atógáil Éireann - *Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine,* a foilsíodh in 2016, amach an straitéis chun déileáil leis an nganntanas tithíochta ar leibhéal náisiúnta.

Is plean ilbhliantúil é a theastaíonn uaidh soláthar iomlán na tithíochta a mhéadú go 25,000 aonad in aghaidh na bliana faoi 2021.

Is é croíchuspóir Atógáil Éireann dlús a chur le seachadadh tithíochta do na hearnálacha príobháideacha, sóisialta agus cíosa.

I measc na mbeart tacaíochta tá ciste €6 bhilliún a chabhróidh le seachadadh 50,000 aonad tithíochta sóisialta breise faoi 2021.

I measc samplaí d'fhorbairtí a cuireadh i gcrích le déanaí agus a dtacaíonn an ciste seo leo sa Chontae tá Ravel Grange i nDún Léire agus Castleguard i mBaile Átha Fhirdhia.

Tá Ciste Gníomhachtaithe Tithíochta Bonneagair Áitiúil (LIHAF) €200 milliún leithdháilte ar Údaráis Áitiúla chun limistéir mhóra tailte cónaithe, atá suite go straitéiseach, a scaoileadh chun tithíocht a sheachadadh.

D'éirigh leis an gComhairle ina hiarratas maoinithe LIHAF ar uasghrádú Bhóthar Ascaill an Mhóta i nDún Dealgan, a thacóidh le forbairt tosaigh de 200 teach. T\a an fhéidearthacht ann suas le 1,200 aonad a thógáil ar na tailte níos leithne agus uasghrádú a dhéanamh ar bhóthar sa Bhaile Nua i nDroichead Átha, a thacóidh le seachadadh suas le 700 aonad cónaithe go fadtéarmach.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún in 2018. Is comhlacht tráchtála, státurraithe é a chomhordóidh talamh atá faoi rialú an Stáit agus a shainaithneoidh tailte nach mbaintear a ndóthain úsáide astu, a bhfuil an cumas iontu athghiniúint agus forbairt chónaithe a dhéanamh. San fhadtéarma samhlaítear go mbaileoidh an Ghníomhaireacht cúlsoláthar talún straitéiseach ó mheascán de thailte poiblí agus príobháideacha a thabharfaidh cobhsaíocht fhadtéarmach don mhargadh tithíochta.

Chomh maith le hathruithe reachtacha agus tionscnaimh bheartais, foilsíodh treoir phleanála atá idir nua agus nuashonraithe.

Is uasdátú é *Na Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua*, a foilsíodh in 2018, ar threoirlínte 2015.




Aithníonn na treoirlínte seo go mbeidh ról suntasach ag forbairtí árasán maidir le bailte agus cathracha níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a chinntiú, agus go gcaithfidh árasáin a bheith ina rogha tithíochta tharraingteach agus inmhianaithe má tá fás dlúth le baint amach. Díríonn leasuithe ar na treoirlínte ar na nithe seo a leanas:

- Meascán de chineálacha árasán a chumasú, a fhreastalaíonn ar bhunú teaghlaigh chomhaimseartha agus ar phatrúin éilimh.
- Soláthar níos fearr a dhéanamh le haghaidh athchóiriú foirgneamh agus scéimeanna inlíonta uirbeacha ar scála beag;
- Aghaidh a thabhairt ar na hearnálacha 'tógáil le ligean ar cíos' agus 'cóiríocht chomhroinnte' atá ag teacht chun cinn agus
- Na riachtanais maidir le páirceáil a bhaint i gcúinsí áirithe ina bhfuil réitigh shoghluaisteachta níos fearr, agus chun costais a laghdú.

Tá ailíniú dlúth idir *Na Treoirlínte um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Foirgníochta*, a foilsíodh in 2018, agus na torthaí agus na cuspóirí straitéiseacha náisiúnta sa Chreat Pleanála Náisiúnta, a thacaíonn le dlúis níos airde agus le fás uirbeach níos dlúithe. Tacaíonn na Treoirlínte seo le méadú ar airde foirgneamh in áiteanna uirbeacha cuí.

Chuir an beartas tithíochta sa Phlean seo an reachtaíocht nuashonraithe, chomh maith leis an bhfreagairt bheartais agus an treoir bheartais a cuireadh ar fáil ar leibhéal náisiúnta san áireamh.

## 3.3 Soláthar Tithíochta i Lú

Tá méadú seasta ar sholáthar tithíochta sa Chontae ó 2015. Tá an chuid is mó den soláthar méadaithe i lonnaíochtaí uirbeacha Dhroichead Átha, Dhún Dealgan, Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire. Tá tógáil agus an t-éileamh ar thithíocht aonuaire fós ard i gceantair thuaithe.

## 3.4 Straitéis Tithíochta

De réir cheanglais Alt 94 den *Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú),* ullmhaíodh Straitéis Tithíochta don Phlean seo. Is é aidhm Straitéise Tithíochta ná a chinntiú go ndéantar soláthar do riachtanais tithíochta dhaonra an Chontae, riachtanais atá ann faoi láthair agus iad atá fós le teacht.

Ceanglaítear le Cuspóir Beartais Náisiúnta 37 den Chreat Pleanála Náisiúnta ar gach Údarás Áitiúil Measúnacht ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta (HNDA) a fhorbairt, a chaithfidh taca a chur faoi ullmhú straitéisí tithíochta agus gach aschur beartais tithíochta gaolmhar.

Baineadh úsáid as anailís mhionsonraithe ar shonraí socheacnamaíocha chun bonnlíne láidir atá bunaithe ar fhianaise a chruthú, a chuir bonn eolais faoin gcreat beartais d'fhás teaghlaigh le linn thréimhse an phlean.

Meastar go bhfeabhsóidh an HNDA a dhéantar mar chuid den Straitéis Tithíochta sa Phlean seo an chaoi a sainaithnítear éileamh géar ar thithíocht, nach bhfuil sásaithe, sula dtagann sé chun cinn.

Soláthraíonn sé measúnú láidir ar thionchair réigiúnacha agus áitiúla, amhail daonra agus imirce maidir le riachtanais agus éilimh a mheas. Chuir an anailís ar na sonraí socheacnamaíocha an bhonnlíne ar fáil chun tionacht agus méid teaghlaigh sa todhchaí a thuar le linn shaolré an Phlean.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Roinn 4.0 den Straitéis Tithíochta 'Riachtanas Tithíochta' (Imleabhar 3, Aguisín 3).

Chinn an Straitéis Tithíochta nach mbeidh 1,949 teaghlach incháilithe do mhorgáiste le linn thréimhse an phlean.

Cinneadh freisin nach gcomhlíonfaidh an 1,949 teaghlach seo na critéir inacmhainneachta maidir le cíos príobháideach. Meastar go dteastaíonn tithíocht shóisialta agus inacmhainne ó na teaghlaigh seo. Is ionann é seo agus 29.1% de na teaghlaigh bhreise a bhfuil súil leo le linn thréimhse an phlean.

Tá sonraí iomlána na Straitéise Tithíochta leagtha amach in Imleabhar 3, Aguisín 3.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 1** | *Straitéis Tithíochta Chontae Lú 2021-2027* a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 2** | Tacú le tithíocht shóisialta a sheachadadh i gContae Lú de réir Chlár Seachadadh Tithíocht Shóisialta na Comhairle agus Beartas an Rialtais mar atá leagtha amach in *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 3** | Riachtanas tithíochta sóisialta agus inacmhainne a chur i bhfeidhm de réir riachtanais Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 4** | Forbairt ar chóiríocht éigeandála a éascú, lena n-áirítear brúnna do dhaoine aonair agus do theaghlaigh gan dídean, ar bhealach cothrom ar fud an chontae ach bunaithe ar riachtanais i gceantair ar leith. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 5** | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta mar chuid den athbhreithniú éigeantach ar Phlean Forbartha Dhá Bhliain. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 6** | Monatóireacht a dhéanamh agus taifead a choinneáil ar fhorbairt chónaithe a cheadaítear i lonnaíochtaí atá ainmnithe faoin ordlathas lonnaíochta agus na forbartha a cheadaítear i nóid tuaithe agus faoin tuath chun cuspóirí na Croí-Straitéise a chomhlíonadh agus de réir na treorach ón Roinn a foilsíodh maidir le HNDA a bhunú, chomh maith le haonad comhordaithe agus monatóireachta agus cur i bhfeidhm gaolmhar bunachar sonraí spásúlachta láraithe do Thithíocht Údaráis Áitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 7** | Tacú le monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach an HNDA de réir aon treorach ar mhodheolaíocht HNDA arna eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. |

## 3.5 TOBHACH AR LÁITHREÁN FOLAMH

Mar chuid de straitéis an rialtais chun úsáid agus forbairt tailte folmha agus talamh nach mbaintear mórán úsáide as a spreagadh mar bhealach chun tacú le forbairt eacnamaíoch i gceantair uirbeacha, tugadh isteach Tobhach ar Láithreán Folamh. Tá an reachtaíocht don tobhach seo leagtha amach san *Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithíocht 2015.*

Is é rún an tobhaigh seo feidhmiú mar uirlis gníomhachtaithe láithreáin, a spreagann forbairt suíomhanna folmha nó díomhaoin a ligfidh don Chomhairle dul i mbun straitéise maidir le bainistíocht ghníomhach talún. Cuideoidh an Tobhach seo le straitéis an Phlean Forbartha a chur i bhfeidhm chun tacú le fás dlúth, athbheochan tailte díomhaoine i gceantair uirbeacha agus freastal ar riachtanais tithíochta an Chontae.

Baineann an tobhach le tailte cónaithe agus athbheochana, a shainmhínítear mar seo a leanas:

- Ciallaíonn tailte cónaithe tailte atá criosaithe lena n-úsáid chun críocha cónaithe amháin nó go príomha chun críocha cónaithe de réir Alt 10(2)(a) den *Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú);* agus
- Ciallaíonn talamh athghiniúna tailte a shainaithnítear lena n-athnuachan de réir Alt 10(2)(h) den *Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú)*.

### 3.5.1 Tailte a Aithníodh le haghaidh Úsáid Chónaithe

Tá na criosanna úsáide talún seo a leanas infheidhme maidir le catagóir cónaithe den Tobhach ar Láithreán Folamh:

- A1 Crios Cónaithe Reatha;
- A2 Crios Cónaitheach - Céim 1 Nua;
- B1 Lár Baile nó Sráidbhaile; agus
- C1 Úsáid Mheasctha.

### 3.5.2 Tailte a Aithníodh le haghaidh Athbheochana

Tá na tailte a sainaithníodh le cuspóir criosaithe 'Athbheochan D1' infheidhme maidir le catagóir athghiniúna an tobhaigh.

### 3.5.3 Tobhach ar Láithreán Folamh a chur i bhfeidhm

Mar chuid de straitéis bainistíocht ghníomhach talún don Chontae, bunóidh an Chomhairle Clár Láithreán Folamh, trí shuíomhanna atá folamh a shainaithint, suíomhanna a chomhlíonann riachtanais an *Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithíocht (arna leasú)*. Déanfaidh an Chomhairle monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar an gClár seo. Leagann Alt 16 den *Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 (arna leasú)* an tobhach atá dlite, atá cothrom le 7% de luach margaidh an láithreáin do 2019 agus do na blianta ina dhiaidh sin (mura ndéantar a mhalairt a athbhreithniú).

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 8** | Forbairt inbhuanaithe láithreán folamh cónaithe agus athghiniúna a chur chun cinn i ngach ionad forbartha sa Chontae, de réir mar is cuí, de réir riachtanais an *Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 (arna leasú).* |

### 3.5.4 Limistéir Athghiniúna

Mar aitheantas ar an ngá le fás dlúth agus comhdhlúthú na forbartha i gceantair uirbeacha a chur chun cinn agus a éascú, tá tailte sainaitheanta sa Phlean seo ar a dtacófar le tograí athghiniúna. Cuideoidh tionscadail athghiniúna den sórt sin le comharsanachtaí agus pobail níos inbhuanaithe a chruthú trí fheabhsuithe ar an réimse poiblí agus ar an timpeallacht thógtha a fhágfaidh go mbeidh na ceantair níos tarraingtí d'infheistíocht eacnamaíoch. Tá na réimsí athghiniúna seo leagtha amach i dTábla 3.1.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 9** | Tacú agus éascú a dhéanamh ar infheistíocht i gceantair agus i dtailte sa Chontae a sainaithníodh le haghaidh athghiniúna lena n-áirítear iad siúd mar atá leagtha amach ar na Léarscáileanna Criosaithe Úsáid Talún agus chun comhoibriú le húinéirí talún agus geallsealbhóirí i bhforbairt na dtailte seo. |

**Tábla 3.1: Tailte / Limistéir a aithníodh le haghaidh Athghiniúna i gContae Lú**

| Lonnaíocht | Suíomh Ginearálta | Léargas Ginearálta |
|---|---|---|
| **Droichead Átha** | Ceantar Dugaí | Limistéar fairsing tailte ó thuaidh agus ó dheas ó Abhainn na Bóinne a bhféadfadh ceathrú uirbeach nua a bheith ann. Foilsíodh Plean Cheantar Dugaí Dhroichead Átha in 2007. |
| **Droichead Átha** | Ceantar an Gheata Thiar | Ceantar siar ó lár an bhaile ina bhfuil leibhéal ard foirgneamh díomhaoin agus tailte folmha a bhféadfadh forbairt úsáide measctha a bheith ann lena n-áirítear úsáidí tráchtála agus cónaithe. Foilsíodh *Westgate Vision* in 2018. |
| **Droichead Átha** | Iar-Chairéal | Iar-chairéal atá suite i dtuaisceart an bhaile. Baineann féidearthacht turasóireachta, fóillíochta agus chónaithe leis an suíomh seo. |
| **Dún Dealgan** | Carroll Village | Is ionann 2 heicteár agus an talamh ar fad a bhaineann le hiar-Ionad siopadóireachta Carroll Village, agus an carrchlós dromchla a bhain leis. Tá an láithreán oiriúnach d'fhorbairt úsáide measctha lena n-áirítear úsáidí tráchtála, miondíola agus cónaithe. |
| **Dún Dealgan** | Ionad Siopadóireachta Longwalk | Tá Ionad Siopadóireachta Longwalk suite díreach ó dheas ón iar-Ionad Siopadóireachta Carroll Village. Tá laghdú suntasach tagtha ar an ionad siopadóireachta le blianta beaga anuas. Tá Tesco fós mar an príomhthionónta laistigh den ionad. Tá seanfhoirgneamh Toymaster, atá soir ó thuaidh ón ionad san áireamh sa limistéar athghiniúna seo. Tá an fhéidearthacht ann an ceantar seo a athfhorbairt le haghaidh miondíola agus úsáidí measctha gaolmhara. |
| **Dún Dealgan** | Ceantar San Nioclás | Tá leibhéil arda folúntas, forbairt ad-hoc agus tréigthe sa cheantar seo den bhaile. Tá féidearthacht athnuachana agus forbartha ag an gceantar seo. D'fhéadfadh sé a bheith mar cheathrú uirbeach feadh Shráid an Droichid, Sráid an Gheata Thuaidh, agus Sráid Halla an Lín. |
| **Baile Átha Fhirdhia** | Iar-Shuíomh Bácúis | Is iar-bhácús Bhaile Átha Fhirdhia an láithreán seo, agus tá sé suite ar an taobh thoir de Shráid an Chaisleáin. Is Struchtúr atá Faoi Chosaint é an foirgneamh de dhearadh suntasach. Tá an fhéidearthacht ann réimse úsáidí a fhorbairt anseo. |

## 3.6 Comharsanachtaí agus Pobail Inbhuanaithe

Is é an bealach a bhfaighimid taithí ar ár mbailte agus sráidbhailte ná trí chomharsanachtaí áitiúla - áit ina bhfuil cónaí orainn, áit ina mbíonn muid ag obair agus áit ina gcaithfimid ár gcuid ama saor agus ina ndéanfaimid sóisialú. Is laistigh de na comharsanachtaí seo a fhorbraítear pobail. Agus muid ag iarraidh lonnaíochtaí níos dlúithe a chruthú agus fás an daonra a éascú i dtimpeallacht uirbeach chomhdhlúite, tá sé ríthábhachtach go gcuireann an fás le cruthú comharsanachtaí agus pobail inbhuanaithe, níos sláintiúla. Is féidir é seo a bhaint amach trí:

- Ceantair chónaithe, fostaíochta, thráchtála agus áineasa a nascadh le cosáin, rotharbhealaí agus iompar poiblí;
- Folláine agus stíl mhaireachtála ghníomhach a chur chun cinn sa phobal áitiúil;
- Rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn lena n-áirítear caomhnú fuinnimh agus uisce, chomh maith le laghdú dramhaíola;
- Comhtháthú sóisialta a chur chun cinn a thacaíonn le pobail mheasctha tionachta a chruthú i gcás ina bhfuil measc iomchuí tithíochta ann chun freastal ar riachtanais an phobail ar fad; agus
- Comharsanachtaí sábháilte inrochtana a chruthú a spreagann idirghníomhaíochta sóisialta agus gníomhaíochtaí lasmuigh.

Féachann an Plean seo le tacú le forbairt leanúnach comharsanachtaí agus pobail inbhuanaithe ar fud an Chontae. Éascóidh sé cruthú fostaíochta agus infheistíocht eacnamaíoch in áiteanna a laghdódh amanna turais chun na hoibre.

Cuirfidh sé maireachtáil shláintiúil chun cinn trí fhás dlúth a spreagadh agus trí láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta a fhorbairt de rogha ar láithreacha úrnua ar imeall an ionaid, agus cuirfidh sé forbairtí cónaithe ar ardchaighdeán chun cinn le measc oiriúnach tithíochta gar do sheirbhísí áitiúla agus áiseanna pobail agus áineasa.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 10** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le pobail inbhuanaithe a chruthú ar fud an Chontae do dhaoine ar fud na gcéimeanna saoil trí chruthú comharsanachtaí tarraingteacha a éascú, ina bhfuil naisc láidre le seirbhísí áitiúla, áiseanna pobail agus ceantair fostaíochta agus ina dtugtar tosaíocht don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí. |

## 3.7 Saol Lár an Bhaile

Ba é ról traidisiúnta lár an bhaile freastal ar riachtanais mhiondíola an phobail áitiúil. Mar thoradh ar nósanna athraitheacha tomhaltóirí, iomaíocht leanúnach ó shiopadóireacht lasmuigh den bhaile agus láithreacht mhéadaithe miondíola ar líne tá dúshláin nach bhfacthas riamh ann do lár na mbailte, agus mar thoradh air sin tá laghdú ar líon na ndaoine agus méadú ar an bhfolúntas.

Agus an timpeallacht mhiondíola atá ag athrú á cur san áireamh, teastaíonn cur chuige nua chun cabhrú le hathbheochan lár na mbailte.

Tacóidh an Plean seo le cur chuige ilghnéitheach chun beocht a thabhairt ar ais go lár na mbailte.

Cuimsíonn sé seo tacaíocht d'úsáidí gnó éagsúla a ligfidh do lár na mbailte a bheith ina gcinn scríbe ilghnéitheacha a sholáthraíonn seirbhísí agus úsáidí fóillíochta, cultúrtha, cathartha agus cónaithe.

Cuid den straitéis ilghnéitheach seo is ea daoine a thabhairt ar ais go lár an bhaile trí mhaireachtáil lár an bhaile a éascú. Áireofar leis seo athúsáid nó oiriúnú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá folamh nó nach mbaintear mórán úsáide astu.

Féadfar forbairt chónaithe a mheas ar leibhéal an urláir talún i gcúinsí áirithe, nó in áiteanna ina raibh leibhéal marthanach folúis thar thréimhse fhada. De ghnáth beidh sé seo ar thailte lasmuigh den Lárcheantar Miondíola i lár na mbailte.

Ní éascófar soláthar cóiríochta den sórt sin ach amháin i gcúinsí ina léirítear go gcomhlánódh an fhorbairt ról lár an bhaile mar 'cheann scríbe' do ghníomhaíochtaí tráchtála, sóisialta nó cultúrtha.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 11** | Réimse úsáidí iomchuí a spreagadh agus tacú leo i lár bailte agus sráidbhailte a chabhróidh le hathghiniúint foirgneamh agus talamh atá folamh agus díomhaoin agus a chuirfidh fuinneamh arís i lár na mbailte agus na sráidbhailte, faoi réir ardchaighdeán forbartha a bhaint amach. |

## 3.8 Tithíocht do Dhaoine Scothaosta

Le daoine ag maireachtáil níos faide agus cion na ndaoine scothaosta sa daonra a mheastar a mhéadú, tá sé tábhachtach go mbeadh rogha oiriúnach cóiríochta ann do dhaoine scothaosta a ligfidh dóibh maireachtáil go neamhspleách níos faide agus fanacht mar chuid den phobal.

Bhí an Chomhairle réamhghníomhach ina tacaíocht do dhaoine scothaosta agus d'fhoilsigh sí '*Straitéis Aoisbháúil Chontae Lú*', a fhéachann le folláine daoine scothaosta laistigh dá bpobail a neartú.

Ar leibhéal náisiúnta aithníonn an Rialtas riachtanais athraitheacha daoine scothaosta, ar cheart iad a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh maireachtáil go neamhspleách chomh fada agus is féidir.

Aithníonn an Ráiteas Beartais '*Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Dul in Aois'* a d'fhoilsigh an Rialtas in 2020, an gá atá le pleanáil chun tosaigh chun freastal ar riachtanais daonra atá ag dul in aois.

D'aithin an Ráiteas Beartais seo 6 phrionsabal maidir le tithíocht dár ndaonra aosaithe:

**Aosú in Áit:** Ba cheart go mbeadh tithíocht suite gar d'áiseanna agus do sheirbhísí chun neamhspleáchas a fheabhsú;

**Ag tacú le hAthnuachan Uirbeach:** Tacóidh soláthar lárionaid uirbeacha ardchaighdeáin le rogha tionachtaí tithíochta leis an aosú agus ligfidh sé do dhaoine scothaosta roghanna tithíochta a roghnú a oireann dá riachtanais;

**Tithíocht Saoil Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn:** Ba cheart go mbeadh cóiríocht inoiriúnaithe agus inrochtana ann chun freastal ar riachtanais athraitheacha tithíochta agus sláinte daoine de réir mar a théann siad in aois;

**Teicneolaíocht Chúnta a Úsáid:** Ba cheart cóiríocht a dhearadh chun suiteáil na teicneolaíochta cliste a éascú chun teicneolaíochtaí cúnta mar TeleCare, TeleHealth, agus Monatóireacht Chianda a éascú, d'fhonn mothú slándála agus nascachta a sholáthar do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí leo féin;

**Ag Fanacht Nasctha go Sóisialta:** Ba chóir go mbeadh cóiríocht suite i gceantair ina bhfuil tacaíochtaí sóisialta ar fáil, agus ina bhfuil deiseanna ann comhtháthú agus nascadh leis an bpobal áitiúil; agus

**Ag Obair le Chéile:** Tá sé riachtanach go n-oibreoidh na páirtithe leasmhara go léir le chéile chun roghanna agus rogha tithíochta iomchuí a fhorbairt do dhaoine de réir mar a théann siad in aois.

Tacóidh an Plean seo le cur i bhfeidhm na bprionsabal seo d'fhonn a chinntiú go bhfuil tithíocht do dhaoine scothaosta suite go cuí chun ligean do dhaoine a gcuid neamhspleáchais a choinneáil agus fanacht mar chuid den phobal de réir mar a théann siad in aois.

Mar chuid den straitéis comhdhlúthaithe agus dlúthfháis, beidh deiseanna ann athfhorbairt a dhéanamh ar thalamh inlíonta agus athfhorbraíochta i gceantair lárnacha i mbailte agus sráidbhailte. D'fhéadfadh tailte den sórt sin a bheith oiriúnach mar chóiríocht do dhaoine scothaosta

I bhforbairtí níos mó, ba cheart machnamh a dhéanamh ar aonaid aon stóir a sholáthar. Thabharfadh sé seo an rogha do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí i dtithe móra spás níos oiriúnaí (níos lú) a fháil más mian leo.

Tá tuilleadh sonraí faoi roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta leagtha amach i gCaibidil 4 'Sóisialta agus Pobal'.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 12** | Tacú le cur i bhfeidhm an Ráitis Bheartais '*Roghanna Tithíochta dár nDaonra a*tá ag Dul in Aois' maireachtáil neamhspleách agus/nó chúnaimh a sholáthar do dhaoine scothaosta mar chóiríocht saintógtha, oiriúnú na réadmhaoine atá ann cheana, agus deiseanna do dhaoine scothaosta spásanna oiriúnacha a bhunú laistigh dá bpobal ag láithreacha atá cóngarach do sheirbhísí agus áiseanna atá ann cheana lena n-áirítear cosáin do choisithe, siopaí áitiúla, páirceanna agus iompar poiblí. |

## 3.9 Tithíocht Speisialtóra

Is ríthábhachtach é soláthar tithíochta iomchuí do dhaoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, lena n-áirítear tithíocht speisialaithe agus tacaithe, chun cabhrú leo saol sábháilte agus neamhspleách a bheith acu.

Tá an suíomh ríthábhachtach agus tithíocht á meas do dhaoine faoi mhíchumas.

Is tosca suntasacha iad rochtain ar iompar poiblí, seirbhísí pobail áitiúla agus áiseanna chun cáilíocht na beatha a fheabhsú.

Maidir le dearadh tithíochta, leathnaíonn comhlíonadh Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta na roghanna atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

Tacóidh an Chomhairle le forbairt a sholáthróidh cúram faoisimh agus/nó cónaithe in áiteanna iomchuí sa Chontae, ar cheart iad a dhearadh agus a thógáil de réir phrionsabail an dearaidh uilíoch.

I ngach cás, caithfidh an fhorbairt a bheith i gcomhréir le prionsabail an dearaidh uilíoch agus le foilseachán an Údaráis Náisiúnta Míchumais '*Ag Tógáil do Chách: Cur Chuige Uilíoch' (2012)* agus tabharfaidh sé aird ar *'An Straitéis Náisiúnta Míchumais* ' (2004) agus '*Plean Forfheidhmithe na Straitéise Míchumais Náisiúnta 2013-2015'* de chuid an Rialtais.

In 2016, d'fhoilsigh an Chomhairle straitéis maidir le Tithíocht a Sholáthar do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Féachann an Straitéis seo le tithíocht oiriúnach a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo an tithíocht seo a sholáthar sa timpeallacht tithíochta príomhshrutha, agus go mbeidh seirbhísí riachtanacha ar fáil.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 13** | Maireachtáil neamhspleách agus/nó chúnaimh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas nó dóibh siúd a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, trí chóiríocht saintógtha a thógáil nó trí réadmhaoin atá ann cheana a oiriúnú. |

## 3.10 CÓIRÍOCHT DO THAISTEALAITHE

Leagann *Clár Cóiríochta Taistealaithe Chomhairle Contae Lú 2019-2024* amach beartas na Comhairle maidir le Cóiríocht do Thaistealaithe. Tá raon iomlán roghanna tithíochta ar fáil maidir le cóiríocht a sholáthar do Thaistealaithe lena n-áirítear; tithíocht shóisialta chaighdeánach, cóiríocht láithreáin stad taistealaithe, úinéireacht tí príobháideach agus cóiríocht phríobháideach ar cíos, le tacaíocht ón Ísocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP).

Cuimsíonn an Clár moltaí chun athchóirithe agus uasghrádú fuinnimh a dhéanamh ar scéimeanna tithíochta do ghrúpaí taistealaithe atá ann cheana i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan. Tá sé beartaithe freisin dul chun cinn a dhéanamh ar cheithre scéim grúpthithíochta i nDún Dealgan le linn shaolré an Chláir.

Maidir le láithreáin stad, rinneadh obair athchóirithe ar láithreán stad Pháirc na Coille i nDún Dealgan. Samhlaítear go gcomhlíonfar an gá atá le cóiríocht láithreáin stad trí na bánna atá ann cheana a ligean ar cíos arís.

Déanfar athbhreithniú ar an gceanglas maidir le láithreán stad i nDroichead Átha le linn shaolré an Chláir.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 14** | Cur i bhfeidhm *Chlár Cóiríochta Taistealaithe Chomhairle Contae Lú 2019-2024* agus aon chlár ina dhiaidh sin a ullmhaíodh le linn shaolré an Phlean seo. |

## 3.11 DLÚIS

Mar chuid den straitéis chun fás níos dlúithe a chinntiú agus forbairt a chomhdhlúthú in áiteanna lárnacha, beidh fócas níos mó ar fhorbairtí a sheachadadh ag dlús níos airde.

Dhéanfadh cur chuige den sórt sin úsáid níos éifeachtaí as talamh, mhéadódh sé tairseach chriticiúil an daonra i gcroílár uirbeach na lonnaíochtaí agus dhéanfadh sé uasmhéadú ar an toradh ar infheistíocht bhonneagair.

Ag brath ar an gcineál forbartha, is féidir dlúis éagsúla a bhaint amach. I measc na gcineálacha forbartha féideartha tá forbairtí árasán i gclóis nó i mbloic aonair/in ilbhloic, sraith tithe ina bhfuil tithíocht chaighdeánach nó árasáin agus aonaid déphléacsacha, agus aonaid scoite agus leathscoite.

Agus dlús féideartha láithreáin á aithint, caithfear machnamh a dhéanamh ar an gceantar máguaird agus ar an gcaoi a mbeadh baint ag an bhforbairt seo leis na struchtúir atá ann cheana agus le carachtar a shuímh.

Ceann de na príomhghnéithe a bhaineann le forbairt ard-dlúis a dhéanamh mar áit tharraingteach le maireachtáil ann, is ea cáilíocht an dearaidh inmheánaigh amhail an méid solas lae a fhaigheann an chóiríocht agus an spás seachtrach ar a bhfuil an foirgneamh/na foirgnimh suite i.e cáilíocht an réimse poiblí. Is gné ríthábhachtach freisin cáilíocht an spáis oscailte.

Tá na dlúis sa Phlean seo bunaithe ar bheartas náisiúnta agus réigiúnach agus ar *Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála*, a éilíonn forbairtí dlúis níos airde i gceantair atá suite go lárnach, i gceantair uirbeacha móra agus feadh chonairí iompair phoiblí.

Cé go bhfuil sé mar chuspóir ag an bPlean seo tacú le dlúis níos airde, cuirfidh sé cumas na dtailte freastal ar an gcineál seo forbartha, suíomh na dtailte agus rochtain ar iompar poiblí san áireamh.

Is iad na príomhbhreithnithe ná cáilíocht na timpeallachta cónaithe a chruthófar. Tá dlús molta na bhforbairtí cónaithe sa Chontae mionsonraithe i dTábla 3.2.

Sna Bailte Féinchothabhálacha agus sna Bailte Beaga agus na Sráidbhailte, léireoidh dlús na forbartha carachtar na lonnaíochta agus an patrún forbartha atá ann cheana sa cheantar.

Cé gur cheart go ndéanfadh gach forbairt a ndícheall na dlúis mholta a bhaint amach, admhaítear go mbeidh cásanna ann ina mbeidh srianta ar leith (cosúil le topagrafaíocht) a chuirfidh srian le scála na forbartha atá insoláthartha. I gcásanna den sórt sin, féadfar a mheas go bhfuil dlús níos ísle ná an dlús forordaithe inghlactha.

***Tábla 3.2: Dlúis Molta i Lonnaíochtaí Ardleibhéil***

| Catagóir Lonnaíochta | An Dlús Íosta Molta in aghaidh an Heicteáir | |
|---|---|---|
| | **Lár an Bhaile** | **Imeall na Lonnaíochta** |
| **Lárionaid Fáis Réigiúnacha Dún Dealgan agus Droichead Átha** | 50 | 35 |
| **Baile Fáis Féinchothabhálach Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire** | 35 | 25 |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 15** | Forbairt a chur chun cinn a éascaíonn dlús inbhuanaithe níos airde, dlús a thacaíonn le fás dlúth agus comhdhlúthú na limistéar uirbeach, a bheidh oiriúnach don chomhthéacs áitiúil agus a fheabhsóidh an timpeallacht áitiúil ina bhfuil sé suite. |

## 3.12 Foirgnimh Arda

San áit cheart, is féidir le foirgnimh níos airde próifíl ceantair a ardú, athrú a léiriú, tacú le hathbheochan agus deiseanna fostaíochta áitiúla a chruthú.

Tacaíonn an beartas náisiúnta agus réigiúnach le fás dlúth agus leis na ceantair thógtha lonnaíochtaí atá ann cheana a chomhdhlúthú agus a neartú.

Meastar go mbainfear é seo amach trí airde agus dlús na forbartha cónaithe i lonnaíochtaí uirbeacha a mhéadú.

Tógadh foirgnimh ísle i gContae Lú go traidisiúnta. I lár bhailte Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, tá foirgnimh 2-3 stór ar airde de ghnáth. Le blianta beaga anuas, áfach, forbraíodh roinnt foirgneamh níos airde le haghaidh úsáidí tráchtála agus cónaithe.

Tacóidh an Plean seo le méadú ar airde foirgneamh, go háirithe i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan, ag léiriú a dtábhacht mar lárionaid fáis réigiúnacha.

Agus suíomh féideartha d'fhoirgnimh níos airde á shainaithint, cuirfear na prionsabail agus na critéir seo a leanas san áireamh:

**Suíomh:** Is gnách go mbeidh foirgnimh níos airde suite i lár na mbailte, gar d'iompar poiblí, in áiteanna straitéiseacha ag an mbealach isteach chuig bailte nó ar thailte straitéiseacha ar an mbóthar isteach go lár an bhaile.

Beidh an bonneagar sóisialta agus fisiciúil ag an gceantar áitiúil chun freastal ar na leibhéil mhéadaithe gníomhaíochta.

**Inléiteacht Neartaithe:** Freagróidh foirgnimh níos airde do charachtar na háite agus cuirfidh siad leis an sráid-dreach ar bhealach dearfach.

**Ómós Áite a Neartú:** Tá ról tábhachtach ag foirgnimh níos airde i ndearcadh daoine ar cheantar ar leith. Má tá siad deartha go dona nó suite sa limistéar mícheart, is féidir leo íomhá dhiúltach a chruthú do cheantar.

**Dearadh Ardchaighdeáin a Chur Chun Cinn:** Caithfidh foirgnimh níos airde cur go dearfach agus go buan lena suíomh.

**An Sráid-Dreach agus an Oidhreacht atá ann cheana a Chosaint agus a Fheabhsú:** Tá sé tábhachtach nach gcuirfidh foirgnimh níos airde isteach ar cheantair stairiúla bailte nó nach gcuirfidh siad isteach ar radhairc thábhachtacha. Níor chóir iad a lonnú ach in áiteanna a chuirfeadh le carachtar ceantair.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 16** | Tacú le méadú ar airde foirgneamh in áiteanna oiriúnacha i Lárionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. |

## 3.13 Prionsabail Maidir le Dearadh Ardchaighdeáin agus Leagan Amach

Is féidir le dea-fhorbairt luach a chur leis an timpeallacht áitiúil trí mhothú folláine agus pobail a chruthú, cáilíocht na timpeallachta tógtha a fheabhsú agus stíleanna maireachtála gníomhacha agus sláintiúla a chur chun cinn. Tá treoirlínte éagsúla foilsithe le deich mbliana anuas a sholáthraíonn bunús beartais do dhearadh forbairtí cónaithe agus comharsanachtaí. Ina measc seo tá:

- An ráiteas beartais *Tithe a Sheachadadh, Pobail a Chothú* agus treoirlínte gaolmhara *Tithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inbhuanaithe*, (foilsithe in 2007) agus
- *Treoirlínte um Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha* agus an lámhleabhar a ghabhann leis, *Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach - Treoir Dea-Chleachtais,* (foilsithe in 2009).

Tá liosta iomlán de na cáipéisí treorach a bhaineann le forbairtí cónaithe ar fáil i Roinn 13.9 'Tithíocht' de na Treoirlínte Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 13.

Taispeánann an Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach conas is féidir na Treoirlínte um Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

Tá an Lámhleabhar bunaithe ar dhá chritéar déag a chuimsíonn na breithnithe dearaidh d'fhorbairt chónaithe. Tá sé i gceist go bhfeidhmeodh na critéir seo mar threoir phraiticiúil sa phróiseas dearaidh uirbigh, agus cabhróidh siad le freagairt agus réiteach dearaidh a aithint le linn an phróisis seo.

### 3.13.1 Comhfhorbairt Áite

Is cur chuige dearaidh í comhfhorbairt áite a chuireann luach le forbairt. Cuirtear san áireamh ann suíomh, carachtar, topagrafaíocht, stair agus saincheisteanna eile a mhúnlaigh an limistéar ina bhfuil forbairt suite.

Is coincheap leathan é a thugann le chéile raon disciplíní idirghaolmhara lena n-áirítear pleanáil, ailtireacht, ailtireacht tírdhreacha, innealtóireacht agus bonneagar, éiceolaíocht, eacnamaíocht agus obair shóisialta.

Leagann an RSES amach sraith Treoirphrionsabal maidir le 'Comhfhorbairt Áite Shláintiúil' a chuimsíonn spásanna oscailte ilfheidhmeacha, nascacht idir scoileanna, ionaid oibre agus ceantair chónaithe, agus tosaíocht a thabhairt don siúl, don rothaíocht agus don inrochtaineacht. Féachfaidh an Plean seo leis na Treoirphrionsabail seo a chur i bhfeidhm, atá leagtha amach níos mionsonraithe i Roinn 9.4 den RSES.

I measc cuid de phríomhphrionsabail a bhaineann le comhfhorbairt áite, tá cruthú comharsanachtaí inar féidir le daoine a gcuid riachtanas laethúla a chomhlíonadh agus comharsanachtaí ina mothaíonn daoine sábháilte. Tá na comharsanachtaí is rathúla nasctha go maith, ilfheidhmeach agus is gnách go mbíonn réimse leathan rudaí le déanamh iontu.

Tá sráideanna agus spásanna tarraingteacha acu atá sábháilte, slán agus is éasca do bhealach a dhéanamh iontu. Cuidíonn na prionsabail seo le braistint phobail agus féiniúlachta a chruthú agus déanann siad áiteanna níos tarraingtí le maireachtáil iontu, mar gheall ar bheocht agus cháilíocht na beatha a bhaineann le háiteanna agus comharsanachtaí den sórt sin.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 17** | Forbairt inbhuanaithe ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a éascú ina bhfuil ómós áite, áit a bhfuil sráideanna, spásanna agus comharsanachtaí tarraingteacha. Ní mór do na comharsanachtaí a bheith inrochtana agus sábháilte do gach ball den phobal, áit ar féidir leo bualadh le chéile agus sóisialú a dhéanamh. |

***Fíor 3.1: Critéir Dhearaidh maidir le Forbairt Uirbeach***



## 3.14 ÁIT ATÁ DEA-DHEARTHA A CHRUTHÚ

Agus áit dea-dheartha á baint amach, tá raon tosca ann nach mór a mheas, lena n-áirítear:

i. **Leagan Amach**: Leagann leagan amach na forbartha amach a socrú, dáileadh na n-úsáidí, agus an nasc atá idir na foirgnimh, na sráideanna agus na spásanna oscailte lena chéile. Ba chóir go mbeadh an leagan amach feidhmiúil agus deartha chun idirghníomhaíocht shóisialta a chur chun cinn nuair a spreagtar daoine chun siúl, rothaíocht agus úsáid a bhaint as limistéir de spás oscailte.

   Is féidir é seo a bhaint amach trí éadan gníomhach a chruthú ina bhfuil aghaidh foirgneamh ar shráideanna agus spásanna oscailte, agus trí spásanna oscailte a lonnú i gceantair atá idir inrochtana agus suite go lárnach. I bhforbairtí níos mó, ba cheart go mbeadh leagan amach dea-dheartha in ann freastal ar raon úsáidí lena n-áirítear úsáidí cónaithe, pobail, oideachais, tráchtála agus fostaíochta.

   I scéim úsáide measctha den sórt sin, ní mór don leagan amach a chinntiú go laghdaíonn lonnaíocht na n-úsáidí talún éagsúla an gá atá ann taisteal a dhéanamh le carr. Is gá chomh maith comharsanachtaí cónaithe a chosaint, agus timpeallacht shlán shábháilte a chruthú inar féidir le páistí spraoi a dhéanamh agus inar féidir le comharsana idirghníomhú lena chéile. Is féidir úsáid theoranta cul-de-sacanna feithiclí a mheas i bhforbairtí cónaithe ina bhfuil imní maidir le trácht nó dúshláin ó thaobh thimpeallacht mhaireachtála uilechuimsitheach, shábháilte agus shlán a chruthú. Ní bhreithneofar é seo ach sa chás nach mbeadh tionchar mór ag a n-úsáid ar leagan amach den sórt sin.

   Ar bhloic níos mó agus/nó bloic neamhrialta féadfar cul-de-sacanna gearra a úsáid freisin chun freastal ar líon beag áitreabh agus chun cineálacha forbartha níos dlúithe/níos éifeachtaí a chumasú.

ii. **Foirm, Scála agus Mais:** Tagraíonn foirm foirgnimh dá chruth tríthoiseach, atá ag brath ar a mhéid, a airde agus a thoirt. Comhcheanglaíonn mais foirgnimh lena chruth agus a thoirt agus tagraíonn sé do mhéid iarbhír foirgnimh, nó a mhéid i gcoibhneas lena chomhthéacs áitiúil. Tá baint dhíreach aige le tionchar amhairc foirgnimh.

   Tagraíonn scála foirgnimh dá airde, dá leithead agus dá fhad i ndáil lena thimpeallacht. Is féidir leis baint a bheith aige le méid foirgnimh i gcomhthéacs an cheantair máguaird nó leis an ngaol idir codanna éagsúla d'fhoirgneamh, ar a dtugtar a chomhréireanna. Is féidir le scála foirgnimh dul i bhfeidhm ar an gcaoi ar féidir an spás timpeall air a úsáid agus taithí a fháil air.

iii. **Dealramh Amhairc:** Tagraíonn cuma foirgnimh dá ghnéithe dearaidh a chinneann an tionchar amhairc atá aige ina aonar agus sa timpeallacht máguaird. Cuimsíonn sé seo stíl an fhoirgnimh, agus a scála, a chomhréireanna agus a bhailchríocha.

iv. **Tírdhreachtú Crua agus Bog:** Cuimsíonn tírdhreachtú crua dromchlú, cóireálacha teorann, troscán sráide agus trealamh súgartha agus cuimsíonn tírdhreachú bog crainn, toir, limistéir féaraigh agus plandú eile. Is gnéithe tábhachtacha iad seo a chinneann conas a chomhtháthaíonn foirgneamh nó forbairt leis an timpeallacht máguaird.

v. **Bailchríocha:** Féadfaidh bailchríocha foirgnimh nó spáis difear a dhéanamh do cháilíocht dearaidh fhoriomlán na forbartha agus féadfaidh siad tionchar a imirt ar an ngaol idir an foirgneamh/spás agus a bhfuil timpeall air.

Ba cheart go mbeadh na bailchríocha oiriúnach don láthair, go mbeidís buan agus tarraingteach, agus go n-éascódh siad comhtháthú an fhoirgnimh nó na forbartha sa tírdhreach áitiúil.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 18** | Comharsanachtaí inbhuanaithe agus rathúla a fhorbairt trí chomhdhlúthú agus athfhorbairt limistéar tógtha; sráidbhailte uirbeacha agus tuaithe nua a chur chun cinn a bhfreastalaíonn iompar poiblí agus bonneagar glas orthu. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 19** | Creatlach na lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe atá ann cheana a fheabhsú agus a fhorbairt de réir phrionsabail an dea-dhearaidh uirbigh, lena n-áirítear príomhiontrálacha ardchaighdeáin dea-dheartha a chur chun cinn inár mbailte agus inár sráidbhailte. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 20** | A éileamh go nglacfar cur chuige bunaithe ar dhearadh i leith forbairt chónaithe inbhuanaithe de réir na 12 phrionsabal dearaidh uirbeacha atá leagtha amach sa '*Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach - Treoir Dea-Chleachtais (2009)*' agus aon treoir ina dhiaidh sin, chun a chinntiú go gcruthófar ceantair chónaithe agus comharsanachtaí ardchaighdeáin, atá idir tharraingteach agus dea-nasctha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 21** | A chinntiú go bhfuil forbairtí cónaithe nua comhsheasmhach, a mhéid is indéanta, leis na '*Treoirlínte maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha*'' ' chun pobail tharraingteacha, inbhuanaithe agus sláintiúla a chruthú, pobail atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 22** | A cheangal ar fhorbairtí cónaithe tosaíocht agus éascú a dhéanamh ar an siúl, an rothaíocht agus an t-iompar poiblí agus soláthar a áireamh do naisc le háiseanna atá ann cheana agus nóid iompair phoiblí sa chomharsanacht níos leithne. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 23** | A cheangal ar leagan amach na bhforbairtí cónaithe an *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2019)* a chur san áireamh agus bonneagar á sholáthar do choisithe agus do rothaithe, agus an lámhleabhar céanna a chur san áireamh i ndearadh bóithre agus acomhail eastát. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 24** | A cheangal go soláthrófar limistéir ardchaighdeáin de spás oscailte poiblí i bhforbairtí cónaithe nua, ar spásanna feidhmiúla iad, atá suite go lárnach agus a ndéantar dearmad orthu. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 25** | Déanfar gach forbairt nua cónaithe agus teach aonair a dhearadh agus a thógáil de réir na dTreoirlínte Bainistíochta Forbartha atá leagtha amach i gCaibidil 13 den Phlean seo. |

## 3.15 Meascán Áitreabh agus Tithe Inoiriúnaithe

Tá sé tábhachtach go gcuimseodh ceantair chónaithe nua meascán oiriúnach de chineálacha tithe chun freastal ar riachtanais gach tionachta agus aoisghrúpa lena n-áirítear teaghlaigh, daoine a chónaíonn leo féin agus daoine scothaosta. Cuirfidh sé seo rogha ar fáil do dhaoine agus tacóidh sé le pobal cothrom, inbhuanaithe a chruthú.

Beidh sé níos tábhachtaí réimse cineálacha agus méideanna tithíochta a sholáthar sa Chontae, de réir mar a léiríonn treochtaí meath i dtithíocht teaghlaigh agus méadú ar líon na dteaghlach aosta agus aonair.

Ba chóir tithe nua a dhearadh ionas go mbeidh siad inoiriúnaithe chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí trí chéimeanna éagsúla dá saol.

Is féidir le cur i bhfeidhm 'Dearadh Oiriúnaithe' ag céim dhearaidh agus tógála forbartha a bheith ina bhealach costéifeachtach chun teach a oiriúnú le go seasfaidh sé an aimsir. Is fiú chomh maith dearaí inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí cliste a thabhairt isteach, a ligfidh do dhaoine maireachtáil go neamhspleách níos faide.

I bhforbairtí tithíochta níos mó le 100 aonad cónaithe nó níos mó, soláthrófar réadmhaoin aon urláir chun an rogha cóiríochta atá ar fáil a leathnú.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 26** | A éileamh go soláthrófar meascán iomchuí de chineálacha agus de mhéideanna tithe i bhforbairtí cónaithe ar fud an Chontae, a bheadh ag freastal ar riachtanais an daonra agus a thacódh le pobail chothroma chuimsitheacha a chruthú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 27** | A éileamh go soláthrófar áitribh aon stóir i bhforbairtí cónaithe níos mó ná 100 aonad ag ráta 1% aonad aon stór ar a laghad in aghaidh an 100 aonad cónaithe, mura féidir é a thaispeáint le taighde bunaithe ar fhianaise, déanta ag gairmí cáilithe, nach bhfuil éileamh ar chóiríocht den chineál seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 28** | Nuálaíocht a spreagadh i ndearadh chun foirgnimh ardchaighdeáin a sholáthar, foirgnimh a chuireann go dearfach leis an timpeallacht thógtha agus leis an sráid-dreach áitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 29** | A lorg go ndéantar foráil i ngach forbairt chónaithe nua os cionn 20 aonad cónaithe do 30% aonad inoiriúnaithe, ar a laghad, de réir cheanglais *'Ag Tógáil do Chách: Cur Chuige um Dhearadh Oiriúnaithe* ' foilsithe ag an Ionad Feabhais i nDearadh Oiriúnaithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 30** | Dearadh agus leagan amach foirgneamh a spreagadh a uasmhéadaíonn solas an lae agus aeráil nádúrtha agus a chuimsíonn bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus caomhnaithe a fheabhsóidh feidhmíocht chomhshaoil na bhfoirgneamh de réir an chleachtais is fearr. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 31** | Tacú go gníomhach le tograí a spreagann maireachtáil i lár an bhaile mar urláir uachtaracha foirgneamh (os cionn na talún) a thiontú ina n-úsáid chónaithe d'fhonn creatlach shóisialta agus fhisiciúil lárionaid uirbeacha sa Chontae a athbheochan agus maolú na gcaighdeán forbartha do thionscadail den sórt sin a éascú faoi réir cóiríocht ar ardchaighdeán a sholáthar. |

## 3.16 Forbairtí Cónaithe Eile i Limistéir Uirbeacha

### 3.16.1 Láithreáin Inlíonta, Chúinne agus Chúil

Spreagtar go ginearálta forbairt suíomhanna inlíonta, cúinne agus cúil tearcúsáidte i gceantair chónaithe atá ann cheana. Teastaíonn cothromaíocht, idir cosaint áiseanna, príobháideacht, carachtar seanbhunaithe an cheantair agus inlíon cónaithe nua.

Breithneofar úsáid réitigh dearaidh chomhaimseartha agus nuálacha don chineál seo forbartha.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 32** | Forbairt suíomhanna inlíonta, cúinne agus cúil tearcúsáidte a spreagadh agus a chur chun cinn i gceantair uirbeacha atá ann faoi réir charachtar an cheantair agus an chomhshaoil a chosaint. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 33** | Úsáid réitigh dearaidh chomhaimseartha agus nuálaíocha a chur chun cinn, ach meas ag an am céanna ar charachtar agus oidhreacht ailtireachta an cheantair. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 35** | Tacú le cóiríocht a sholáthar do mhic léinn tríú leibhéal ar champas institiúidí tríú leibhéal nó in áiteanna iomchuí eile a bhfuil rochtain acu ar naisc rothaíochta agus siúil ar ardchaighdeán agus iompar poiblí atá cóngarach d'ionaid oideachais tríú leibhéal. |

### 3.16.2 Síntí ar Áitribh

Aithnítear go bhfuil gá le daoine a n-áitribh a leathnú agus a athchóiriú.

Ligfear do shíntí ar scála iomchuí i gcás nach mbeidh tionchar diúltach acu ar áitribh thadhlacha nó ar nádúr an cheantair máguaird.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TITH 34** | Síntí atá deartha go stuama ar áitribh atá ann cheana a spreagadh, cinn nach mbíonn tionchar diúltach acu ar an gcomhshaol, ar áiseanna cónaithe, ar áitribh máguaird, nó ar an sráid-dreach áitiúil agus síntí atá seasmhach ó thaobh na haeráide. |

### 3.16.3 Cóiríocht do Mhic Léinn

Is í Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT) an institiúid tríú leibhéal is suntasaí i gContae Lú. Soláthraíonn Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha (DIFE), atá lonnaithe sa Mhónaidh Mhór go leor cúrsaí agus cláir oiliúna. Is ospidéal mór oiliúna é Ospidéal Lourdes freisin, atá gar do DIFE.

Agus iarratais phleanála ar chóiríocht mac léinn á meas aici, tabharfaidh an Chomhairle aird ar'*Threoirlínte ar Fhorbairtí Cónaithe do Mhic Léinn Tríú Leibhéal* nuashonraithe in 2020 (go háirithe maidir le suíomh agus dearadh).

## 3.17 TITHÍOCHT FAOIN TUATH

Is acmhainn luachmhar í an tuath i Lú don Chontae agus don Réigiún níos leithne. Is foinsí tábhachtacha taitnimh iad an tírdhreach radhairc agus na háiseanna áitiúla agus táirgeann an talamh feirme táirgí talmhaíochta ar ardchaighdeán.

Mar gheall ar cháilíocht na beatha a bhaineann le maireachtáil faoin tuath, tá éileamh mór ar thithíocht faoin tuath.

Tá dúshláin ag baint leis seo maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na gceantar tuaithe de réir mar a bhíonn an tírdhreach á chreimeadh de réir a chéile agus talamh feirme á laghdú go mall.

Aithníonn an Plean seo an tábhacht a bhaineann le saol na tuaithe agus le geilleagar na tuaithe don Chontae agus féachfaidh sé le tacú le fás agus forbairt leanúnach na gceantar tuaithe.

Tá sé tábhachtach go mbainfear cothromaíocht amach a ligfear do chaomhnú na tuaithe do na glúnta atá le teacht agus a éascóidh fás gheilleagar na tuaithe agus na bpobal tuaithe freisin.

### 3.17.1 Tithíocht Tuaithe agus Athrú Aeráide

Agus cothromaíocht á baint amach maidir le tacú le pobail tuaithe agus an tuath a chosaint, caithfear machnamh a dhéanamh ar thionchar na tithíochta aonuaire ar an aeráid agus ar an gcomhshaol.

Mar thoradh ar nádúr scoite na tithíochta aonuaire, tá an iomarca spleáchais ar an gcarr, agus deiseanna teoranta ann do dhaoine siúl nó rothaíocht mar gheall ar an bhfad idir tithe agus an scoil, obair nó seirbhísí áitiúla. Tá tionchar ag iomadú umair sheipteacha aonair agus córais chóireála fuíolluisce ar cháilíocht ithreach agus uisce.

Agus muid ag iarraidh maolú a dhéanamh ar thionchair an athraithe aeráide, tá sé tábhachtach go laghdaíonn patrúin forbartha sa todhchaí ár lorg carbóin, go gcosnaíonn siad ár dtimpeallacht agus go gcuireann siad bealaí maireachtála níos inbhuanaithe chun cinn.

### 3.17.2 Comhthéacs Beartais

Tá an beartas maidir le tithíocht aonair faoin tuath sa Phlean seo treoraithe ag beartas náisiúnta agus réigiúnach, a bhfuil achoimre air mar a leanas:

Aithníonn **An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF)** an méid a chuireann ceantair thuaithe le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na tíre. Féachann sé le pobail tuaithe a neartú, nascacht a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar mheath trí dhíriú ar an bhféidearthacht bailte agus sráidbhailte beaga a athnuachan agus a fhorbairt.

Aithníonn an doiciméad nasc idir an éagothroime spásúil a chruthaíonn tithíocht aonuaire agus an tionchar a bhí aige seo ar mheath na lonnaíochtaí níos lú agus leibhéal na seirbhísí atá ar fáil. Mar sin, tá béim láidir ar bhailte agus sráidbhailte a athbheochan agus fás tithíochta agus fostaíochta áitiúla a dhíriú sna suíomhanna seo.

D'fhorbair an NPF cur chuige bunaithe ar fhianaise maidir le ceantair thuaithe atá faoi bhrú ó thaobh na forbartha de a aithint, trí shainmhíniú a áireamh ar an limistéar uirbeach feidhmiúil nó ar dhobharcheantar comaitéireachta thart ar chathair nó baile mór[1]. Meastar gur ceantair faoi thionchar uirbeach iad ceantair thuaithe atá suite laistigh de dhobharcheantar comaitéireachta de chathair nó de bhaile mór. Tá iarratais ar áitribh tuaithe aon uaire sna láithreacha seo le breithniú maidir le riachtanas eacnamaíoch nó sóisialta maireachtáil sa cheantar tuaithe, critéir suite agus dearaidh agus inmharthanacht bailte níos lú agus lonnaíochtaí tuaithe[2].

[1] Tá an sainmhíniú seo bunaithe ar shainmhíniú an AE/ECFE ar réigiún cathrach, áit a bhfuil 15% den phríomhfhórsa saothair fostaithe i bpríomhlimistéar na cathrach.

[2] Tá na critéir seo leagtha amach in Cuspóir Beartais Náisiúnta 19 den Chreat Náisiúnta Pleanála

**Aithníonn Straitéis Réigiúnach Eacnamaíoch Spásúil (RSES) do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre 2019-2031** go bhfuil cothromaíocht ag teastáil agus pleanáil á déanamh do cheantair thuaithe idir bainistíocht a dhéanamh ar éileamh ar áiteanna uirbeacha agus tacú le fás inbhuanaithe na bpobal agus na ngeilleagar tuaithe.

Cuireann an Straitéis béim ar na leibhéil shuntasacha fáis a bhíonn ann i gceantair thuaithe gar do lonnaíochtaí móra uirbeacha agus an gá atá le leibhéal an fháis sna suíomhanna seo a bhainistiú.

Admhaítear go soláthródh tacaíocht do thithíocht agus d'fhás daonra i mbailte agus sráidbhailte tuaithe rogha inmharthana ar thithíocht tuaithe aonuaire. Deimhnítear é seo sa chuspóir beartais a thacaíonn le forbairt tionscnamh 'Tithe Nua i mBailte Beaga agus Sráidbhailte' i bPleananna Forbartha atá san áireamh sa Straitéis[3].

Molann **Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála,** a foilsíodh i 2005, gur cheart d'Údaráis Phleanála cur chuige anailíseach agus plean-threoraithe a ghlacadh chun a chumasú do Phleananna Forbartha freagairt do na dúshláin atá roimh cheantair thuaithe. Éilíonn siad go n-aithneofar riachtanais na bpobal tuaithe i bpróiseas an phlean forbartha agus go ndéantar freastal ar fhorbairt chónaithe in áiteanna oiriúnacha chun pobail tuaithe a chothú.

Éilíonn na Treoirlínte ar an gComhairle na cineálacha éagsúla ceantair thuaithe sa Chontae a shainaithint, ag brath ar an mbrú atá ar an gceantar le haghaidh forbartha. Tá béim freisin ar chóras pleanála a chinntíonn go bhfuil forbairtí treoraithe chuig na láithreacha cearta, agus ar an gcaoi sin, déantar gnáthóga nádúrtha a chosaint mar limistéir íogaire comhshaoil agus tírdhreacha áille radhairc.

In 2017, d'eisigh an DECLG Imlitir PL 2/2017 ag tabhairt le fios go bhfuil na Treoirlínte á n-athbhreithniú faoi láthair chun an 'Cás Foraithne Pléimeannach' a chur san áireamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an cur chuige beartais nuashonraithe i leith forbairt tuaithe atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála Agus an méid seo á scríobh, níor foilsíodh na treoirlínte nuashonraithe.

### 3.17.3 Cineálacha Ceantair Thuaithe a Aithint

Mar chuid den bhailiúchán faisnéise agus den bhonn fianaise ar ullmhaíodh an Plean seo, rinneadh anailís ar leibhéal na forbartha i gceantair thuaithe sa Chontae. Áiríodh air seo:

- Úsáid sonraí POWSCAR [4] ó Dhaonáireamh 2016 chun a fháil amach cá bhfuil daoine i gceantair thuaithe ag obair;
- Anailís ar shonraí daonáirimh chun leibhéil daonra agus tithíochta a scrúdú, agus folúntas i gceantair thuaithe;
- Anailís ar shonraí 'Críochnú Áitribh Nua' na Príomh-Oifige Staidrimh chun líon na n-áitreabh nua a cuireadh i gcrích i gceantair thuaithe a aithint;
- Sainaithint limistéar agus tírdhreacha atá íogair don chomhshaol nó a bhfuil ardluach radhairc acu.

[3] Cuspóir Réigiúnach an Bheartais 4.78

[4] Áit Oibre, Scoil nó Coláiste - Daonáireamh Taifead Gan Ainm.

San anailís ar shonraí POWSCAR, ba léir go bhfuil caidreamh láidir idir lárionaid mhóra uirbeacha agus na ceantair thuaithe le líon ard comaitéireachta go Droichead Átha, Dún Dealgan agus Ceantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath.

Tá an anailís seo comhsheasmhach leis an gcur chuige a glacadh sa NPF agus RSES, áit ar sainaithníodh an 'Limistéar Feidhmiúil Uirbeach' nó dobharcheantar comaitéireachta cathracha agus lárionaid mhóra uirbeacha[5].

Tar éis anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bailíodh, thángthas ar an gconclúid go bhfuil an contae ar fad 'faoi thionchar láidir uirbeach'.

Tá sé seo mar gheall ar roinnt tosca lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- An ráta ard comaitéireachta amach ó cheantair thuaithe i Lú go Ceantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath agus Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan le haghaidh fostaíochta;
- Leibhéil arda de thithíocht aonuaire i gceantair thuaithe an Chontae le déanaí;
- Brú ar bhonneagar i gceantair thuaithe mar bhóithre áitiúla agus
- Brú ar cheantair thuaithe ar ardchaighdeán radhairc agus atá íogaire ó thaobh an chomhshaoil.

Chomh maith le bheith faoi bhrú ó fhorbairt uirbeach, tá codanna den Chontae atá ina gceantair atá íogair don chomhshaol mar gheall ar a n-ardcháilíocht radhairc agus a n-ardluach cultúrtha.

Tá sé tábhachtach go ndéantar bainistíocht chúramach ar fhorbairt sna suíomhanna seo d'fhonn na tírdhreacha íogaire seo a chaomhnú.

Is iad seo a leanas na suíomhanna seo:

- Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha
  - Sléibhte Chairlinn agus Fhíd, agus
  - Ceann Chlochair agus Port Oirialla
- Limistéir Sáráilleachta:
  - Sléibhte Fhíd agus Ceantar Chuaille;
  - Mainistir Bhuithe;
  - Gleann na Bóinne/Gleann Rí Liam;
  - Ardtailte Chollann;
  - Dún Áine agus
  - Portach Bhaile Átha Fhirdhia.
- Réimsí le Luach Cultúrtha:
  - Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECNA - Brú na Bóinne:
  - Suíomh Oidhreachta Domhanda Sealadach Mainistir Bhuithe; agus
  - Láithreán Catha Chath na Bóinne.

Tá tuilleadh sonraí faoi thábhacht na dtírdhreach seo le fáil i gCaibidil 8 Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas, agus Caibidil 9 Oidhreacht agus Cultúr Tógtha.

Agus é seo á chur san áireamh, sainaithníodh dhá Chrios Beartais Tuaithe sa Chontae mar seo a leanas:

[5] Bunaithe ar shainmhíniú an OECD ar 'Limistéar Feidhmiúil Uirbeach' má thaistealaíonn níos mó ná 15% den daonra cónaitheach ó Cheantar Toghcháin chuig cathair / lárionad uirbeach mór chun oibre meastar go bhfuil siad laistigh den 'Limistéar Feidhmiúil Uirbeach' nó dobharcheantar comaitéireachta den socrú sin.

*Tábla 3.3: Criosanna Beartais Tuaithe*

| Crios Beartais | Cur síos |
|---|---|
| **Crios Beartais Tuaithe 1** | Ceantar faoi thionchar láidir uirbeach agus luach suntasach tírdhreacha |
| **Crios Beartais Tuaithe 2** | Ceantar faoi thionchar láidir uirbeach |

Tá méid na gcriosanna beartais seo leagtha amach ar Léarscáil 3.2.

***Léarscáil 3.1: Léarscáil Brú ar Fhorbairt Tuaithe Lú 2021-2027***



***Léarscáil 3.2: Criosanna Beartais Tuaithe i gContae Lú***



### 3.17.4 Riachtanas Tithíochta Tuaithe

Sa chuid seo leagtar amach an beartas maidir le tithíocht tuaithe, a shainmhínítear mar gach limistéar lasmuigh de theorainn forbartha lonnaíochtaí ar Leibhéil 1-5 a shainaithnítear san ordlathas lonnaíochta i dTábla 2.4. Aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le daoine a bhfuil nasc láidir eacnamaíoch nó sóisialta acu lena gceantar tuaithe áitiúil a éascú, chun an pobal tuaithe a neartú. Tá critéir cháilitheacha shonracha ann do gach ceann de na Criosanna Beartais Tuaithe atá leagtha amach i dTáblaí 3.4 agus 3.5.

Ceanglófar ar iarratasóirí a thaispeáint don Údarás Pleanála go gcáilíonn siad le ceann de na critéir sa Chrios Beartais Tuaithe ábhartha.

Le soiléiriú a fháil, measfar go gcáileoidh aon duine ó Chrios Beartais Tuaithe 1 atá ina gcónaí ó dhúchas sa cheantar agus a léirigh riachtanas tithíochta tuaithe ach nach bhfuil ag gabháil do ghníomhaíochtaí talmhaíochta lánaimseartha chun tógáil ar shuíomh atá suite go hoiriúnach i gCrios Beartais Tuaithe 2. De ghnáth, ní bheidh suíomh an iarratais níos faide ná 6km ón áit chónaithe cháilitheach teaghlaigh.

**Ceantar Tuaithe Áitiúil:**
Ga 6km ón áit chónaithe cháilitheach teaghlaigh. Sa chás go laghdaítear an limistéar cáilitheach mar gheall ar a shuíomh, mar shampla gaireacht don chósta, teorainneacha contae, nó teorainneacha crios forbartha, féadfar an ga 6km a leathnú chun limistéar atá comhionann leis an limistéar a cailleadh a chuimsiú.

**Úinéir Talún Cáilithe:**
Duine a bhfuil gabháltas talún de 1.5 heicteár ar a laghad aige agus a bhfuil úinéireacht aige ar an talamh ar feadh 15 bliana ar a laghad.

*Tábla 3.4: Critéir Cháilitheacha maidir le Riachtanas Tithíochta Áitiúla i gCrios Beartais Tuaithe 1*

| Critéir Cháilitheacha Bheartas Tuaithe 1 - Ceantar faoi Thionchar Uirbeach Láidir agus ar Luach Tírdhreacha Suntasach |
|---|
| **1.** Daoine atá i mbun talmhaíochta lánaimseartha. Cuimsíonn sé seo feirmeoireacht beostoic, éanlaith chlóis, déiríochta agus curaíochta, gníomhaíochtaí a bhaineann le stoc folaíochta agus eachaí, foraoiseacht agus gairneoireacht. Is leor nádúr na gníomhaíochta talmhaíochta, trí thagairt a dhéanamh do ghabháltas talún, líon beostoic, nó déine úsáid na talún, chun tacú le slí bheatha lánaimseartha nó pháirtaimseartha shuntasach. Ag brath ar an ngníomhaíocht beidh éagsúlacht sa doiciméadacht atá ar fáil, áfach, beidh an dualgas ar an iarratasóir inmharthanacht an fhiontair a léiriú. Áireofar ar an bhfaisnéis a bheidh le soláthar:<br>• Méid an ghabháltais talún;<br>• Cineál na n-oibríochtaí;<br>• Foirgnimh agus stóráil a bhaineann leis na hoibríochtaí;<br>• Líon na ndaoine atá fostaithe;<br>• Líon beostoic (má bhaineann sé le hábhar); |

**Critéir Cháilitheacha Bheartas Tuaithe 1 -
Ceantar faoi Thionchar Uirbeach Láidir agus ar Luach Tírdhreacha Suntasach**

- Rannpháirtíocht i scéimeanna/cláir rialtais m.sh. Dearbhú Cáilíochta Bord Bia, Scéim Íocaíochta Bunúsaí (BPS), GLAS, nó aon chláir nó scéimeanna comhchosúla/nuashonraithe;
- Aon fhaisnéis eile a thacódh leis an iarratas.

**Nó**

**2** Mac nó iníon le húinéir talún (féach an sainmhíniú thuas) atá ag iarraidh an chéad teach a thógáil le haghaidh buanchónaithe. Sainmhínítear úinéir talún cáilitheach mar dhuine a bhfuil gabháltas talún de 1.5 heicteár ar a laghad aige agus a bhfuil úinéireacht aige ar an talamh ar feadh 15 bliana ar a laghad. Ní mór d'aon iarratasóir faoin gcatagóir seo riachtanas tithíochta tuaithe a léiriú agus riachtanas sóisialta nó eacnamaíoch follasach a bheith aige chun cónaí sa cheantar agus ní bheidh áitreabh aige roimhe seo. Ní cheadófar níos mó ná trí theach (seachas teach an teaghlaigh) ar an ngabháltas talún. Beidh aon iarratas faoi réir an tsuímh chuí agus na machnaimh ar phleanáil cheart agus ar fhorbairt inbhuanaithe.

**Nó**

**3.** Duine a bhfuil gnólacht seanbhunaithe aige atá ag brath ar a bheith lonnaithe i gCrios Beartais Tuaithe 1 agus dá bharr sin éilíonn sé orthu cónaí i gCrios Beartais Tuaithe 1 den cheantar tuaithe. Beidh nádúr oibríochtaí an ghnó sainiúil don cheantar tuaithe seo agus é ar an eolas faoin ngá le hardluach taitneamhachta an tírdhreacha a chosaint. Léireoidh aon iarratas inmharthanacht an ghnó agus leagfaidh sé amach go soiléir cineál na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngnó agus an fáth a n-éilíonn sé ar an úinéir cónaí sa chomharsanacht.

**Nó**

**4.** Daoine a gceanglaítear orthu cónaí i gceantar tuaithe Chrios 1 um Bheartas Tuaithe, ar chúiseanna eisceachtúla sláinte. Ceanglófar ar an duine ceangail eacnamaíocha nó sóisialta inléite a bheith aige leis an gceantar ar an gcéad dul síos le go mbreithneofar é faoin gcatagóir seo. Beidh tuarascáil ó chomhairleoir leighis agus moladh in éineacht le haon iarratas ag imlíniú na gcúiseanna gur gá don iarratasóir cónaí i gceantar tuaithe. Taispeánfaidh an t-iarratas freisin an fáth nach féidir teach reatha an duine muinteartha a oiriúnú chun freastal ar riachtanais an iarratasóra.

**Nó**

**5.** Cónaitheoirí a bhfuil ceangail shóisialta shoiléire acu leis an gceantar agus atá ag soláthar cúraim do dhuine/dhaoine scothaosta nó do dhuine/dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí i gceantar tuaithe iargúlta agus nach bhfuil aon duine atá ar lánchumas ina chónaí leo. Léireoidh aon iarratas cén fáth nach féidir an mhaoin atá ann a leathnú nó a oiriúnú chun cóiríocht chónaithe a sholáthar don chúramóir. Ní cheadófar ach teach amháin ar an mbonn seo agus caithfidh an láithreán a bheith in aice leis an áitreabh ina gcónaíonn an duine/daoine scothaosta nó an duine/daoine faoi mhíchumas.

**Nó**

| Critéir Cháilitheacha Bheartas Tuaithe 1 - Ceantar faoi Thionchar Uirbeach Láidir agus ar Luach Tírdhreacha Suntasach |
|---|

**6.** Duine a bhí ina chónaí san áit ar feadh 10 mbliana ar a laghad agus a raibh teach aige roimhe seo agus nach bhfuil an teach sin ina sheilbh aige a thuilleadh mar gheall ar dhiúscairt maoine tar éis scaradh dlíthiúil/ colscartha / athshealbhaithe agus is féidir leis riachtanas sóisialta nó eacnamaíoch a léiriú le teach nua a fháil sa cheantar tuaithe.

***Tábla 3.5: Critéir Cháilitheacha maidir le Riachtanas Tithíochta Áitiúla i gCrios Beartais Tuaithe 2***

| Critéir Cháilitheacha Bheartas Tuaithe 2 - Ceantar Faoi Thionchar Uirbeach Láidir |
|---|

**1.** Daoine atá i mbun talmhaíochta lánaimseartha. Cuimsíonn sé seo feirmeoireacht beostoic, éanlaith chlóis, déiríochta agus curaíochta, gníomhaíochtaí a bhaineann le stoc folaíochta agus eachaí, foraoiseacht agus gairneoireacht. Is leor nádúr na gníomhaíochta talmhaíochta, trí thagairt a dhéanamh do ghabháltas talún, líon beostoic, nó déine úsáid na talún, chun tacú le slí bheatha lánaimseartha nó pháirtaimseartha shuntasach. Ag brath ar an ngníomhaíocht beidh éagsúlacht sa doiciméadacht atá ar fáil, áfach, beidh an dualgas ar an iarratasóir inmharthanacht an fhiontair a léiriú. Áireofar ar an bhfaisnéis a bheidh le soláthar:

- Méid an ghabháltais talún
- Cineál na n-oibríochtaí
- Foirgnimh agus stóráil a bhaineann leis na hoibríochtaí
- Líon na ndaoine atá fostaithe
- Líon beostoic (má bhaineann sé le hábhar)
| **SP 33** | Tacú le leathnú agus forbairt Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan mar ionad barr feabhais agus a hardú stádas go hollscoil teicneolaíochta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 34** | Tacú le leathnú agus forbairt Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha. |

## 4.11 Áiseanna Cúraim Leanaí

Aithnítear go bhfuil soláthar áiseanna cúram leanaí ina chuid ríthábhachtach den bhonneagar sóisialta, atá bunúsach don fholláine eacnamaíoch agus shóisialta náisiúnta toisc go n-éascaíonn sé rannpháirtíocht sa lucht saothair, oideachas agus líonraí sóisialta. Tacaíonn an Chomhairle le forbairt inbhuanaithe áiseanna cúram leanaí inrochtana ar ardchaighdeán sa Chontae.

Molann '*Treoirlínte Áiseanna Cúraim Leanaí d'Údaráis Phleanála (DEHLG 2001)* ról réamhghníomhach ag údaráis phleanála i gcur chun cinn an tsoláthair chúraim leanaí méadaithe, agus áiseanna cónaithe á gcosaint ag an am céanna.

Moltar gur chóir creche 20 aonad nó áis um chúram leanaí a sholáthar do gach 75 teach laistigh d'fhorbairtí cónaithe nua. Ag féachaint do na treoirlínte, cuirfidh an Chomhairle an soláthar cúraim leanaí atá ann san áireamh agus í ag smaoineamh ar áiseanna nua a sheachadadh mar chuid d'fhorbairt chónaithe d'fhonn ró-sholáthar a sheachaint.

Sna cásanna seo agus le comhaontú na Comhairle, ceanglófar ar fhorbróirí sochair phobail eile a sholáthar ina n-ionad trí sholáthar díreach nó trí ranníocaíocht airgeadais.

Tá an Chomhairle tiomanta oibriú le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Lú (LCCC) chun na háiseanna is fearr a fhorbairt ag láithreacha oiriúnacha ar fud an Chontae. De réir na forbartha inbhuanaithe, díreofar saoráidí creche nó cúram leanaí chuig lonnaíochtaí mar a shainaithnítear iad san Ordlathas Lonnaíochta. Spreagfaidh an Chomhairle comhlonnú áiseanna cúram leanaí le scoileanna d'fhonn taisteal sa Chontae a laghdú.

Bíonn cúram lae iomlán, áiseanna seisiúnacha agus seirbhísí iar-scoile ar fáil in áiseanna cúraim leanaí.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 35** | Tacú agus soláthar inbhuanaithe áiseanna cúraim leanaí a éascú in áiteanna oiriúnacha agus a soláthar a lorg i gcomhthráth le forbairt chónaithe nua, agus aird á tabhairt ar gach ceann acu *Treoirlínte um Áiseanna Cúraim Leanaí d'Údaráis Phleanála (2001)* agus *na Rialacháin um Chúram Leanaí (2006)* agus aon treoirlínte ina dhiaidh sin, i gcomhairle le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Lú. Díreofar áiseanna den sórt sin ar lonnaíochtaí a shainaithnítear san Ordlathas Lonnaíochta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 36** | Iarracht a dhéanamh soláthar sochar breise pobail trí sholáthar díreach nó trí ranníocaíocht airgeadais in ionad áiseanna cúraim leanaí a sholáthar i gcás ina léirítear chun sástacht na Comhairle go bhfuil go leor spásanna cúram leanaí ar fáil sa cheantar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 37** | Áiseanna cúram leanaí a cheadú ar mhéid agus scála iomchuí i lonnaíochtaí, cóngarach d'áiseanna pobail agus/nó oideachais atá ann cheana agus i gceantair chónaithe atá ann cheana ar an gcoinníoll nach mbeidh tionchar diúltach suntasach acu ar charachtar nó ar thaitneamhachtaí ceantair, go háirithe maidir le trácht, páirceáil agus an iomarca torainn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 38** | Spreagfaidh an Chomhairle comhlonnú áiseanna cúram leanaí le scoileanna ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe. |

## 4.12 Áiseanna um Chúram Sláinte

Soláthraíonn réimse gníomhaireachtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha áiseanna cúram sláinte agus leighis. Is é FSS an príomhchomhlacht atá freagrach as seirbhísí sláinte agus sóisialta a sholáthar do mhuintir Lú. Tá ról ríthábhachtach aige freisin i gcur chun cinn na sláinte agus na folláine.

Tá ról tábhachtach ag an gComhairle maidir le tacú le soláthar oiriúnach cúraim sláinte, trína chinntiú go gcuirtear dóthain tailte in áirithe sa Phlean chun freastal ar sholáthar áiseanna um chúram sláinte imleor do dhaonra an Chontae.

Tá dhá ospidéal i Lú a fhreastalaíonn ar a gcónaitheoirí agus iad siúd ó chontaetha mórthimpeall, eadhon Ospidéal Chontae Lú i nDún Dealgan agus Ospidéal Mhuire Lourdes i nDroichead Átha.

Féachfaidh an Chomhairle le tacú le háiseanna cúram sláinte a bheith ann le seirbhísí tacaíochta pobail, ar thailte atá criosaithe go hoiriúnach, in áiteanna inrochtana, atá oiriúnach do rochtain do choisithe agus d'iompar poiblí. Áireofar ar thailte oiriúnacha lár na mbailte agus na sráidbhailte agus/nó na dtailte atá cóngarach do cheantair chónaithe nua agus reatha, a ligfidh do phobail rochtain a fháil ar chúram sláinte ildisciplíneach, in áiteanna inrochtana go héasca ar fud an Chontae.

Is é príomhról na Comhairle i soláthar cúram sláinte a chinntiú go bhfuil tailte leordhóthanacha ar fáil i bpleananna forbartha agus i bpleananna ceantair áitiúla chun soláthar a dhéanamh d'áiseanna nua agus do leathnú nó oiriúnú na n-áiseanna atá ann cheana. Ba cheart go léireodh na háiseanna seo Ordlathas Lonnaíochta an Chontae maidir le scála agus suíomh.

Measann an Chomhairle gur chóir go mbeadh áiseanna cúram sláinte lonnaithe sna Lonnaíochtaí atá ag Leibhéal 1, 2, 3 agus 4 sa Chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 39** | Comhoibriú le FSS agus gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile agus leis an earnáil phríobháideach chun saoráidí cúraim sláinte iomchuí a sholáthar do gach cuid den phobal, faoi réir breithnithe pleanála cearta agus prionsabail na forbartha inbhuanaithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 40** | Tacú le háiseanna cúram sláinte a sholáthar ar thailte oiriúnacha laistigh de na Lonnaíochtaí ag Leibhéal 1, 2, 3 agus 4 atá ann cheana agus ar shuíomhanna atá oiriúnach d'iompar coisithe agus poiblí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 41** | Comhtháthú áiseanna um cúram le háiseanna pobail nua agus reatha a spreagadh, nuair is féidir. |

### 4.12.1 Tithe Cúraim Chónaithe, Scoir agus Altranais

Le hionchas saoil méadaithe agus daonra ag dul in aois tá éileamh méadaitheach ar sholáthar cúram cónaithe, tithe scoir agus altranais, sráidbhailte scoir agus scáthchóiríocht sa Chontae.

**Teach Cúraim Chónaithe:** Tagraíonn an téarma 'teach cúraim chónaithe' do roinnt cineálacha éagsúla maoine ina gcuirtear cóiríocht ar fáil do dhaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu ar chúiseanna éagsúla.

Bíonn rochtain ag na háititheoirí, de ghnáth i seomraí singil, ar sheirbhísí cúraim ar an láithreán. Is féidir cúram a sholáthar ar bhonn 24 uair an chloig nó i bpáirtchúram, ag brath ar riachtanais an duine.

**Teach Scoir:** Is áis tithíochta ilchónaithe é 'teach scoir' atá beartaithe do dhaoine scothaosta. Is é an patrún is gnách ná go bhfuil seomra ar stíl árasáin nó sraith seomraí ag gach duine nó lánúin sa bhaile. Cuirtear áiseanna breise ar fáil san fhoirgneamh. Go minic áirítear leis seo áiseanna le haghaidh béilí, fóillíocht, agus cineál éigin cúraim sláinte nó ospíse.

**Teach Altranais:** Is áis é 'teach altranais' do chúram (fadtéarmach de ghnáth) othar nach bhfuil tinn go leor chun cúram ospidéil a bheith ag teastáil ach nach bhfuil in ann fanacht sa bhaile.

Sa lá atá inniu ann, tá ról níos gníomhaí ag tithe altranais i gcúram sláinte, ag cabhrú le hothair ullmhú chun cónaí sa bhaile nó le ball teaghlaigh nuair is féidir. Cuidíonn siad le háiseanna costasacha ospidéil a chaomhnú do dhaoine atá go dona tinn agus feabhsaíonn siad ionchais na ndaoine faoi mhíchumas ainsealach. Tá teach scoir difriúil ó theach altranais ó thaobh leibhéal an chúraim leighis a thugtar.

**Sráidbhaile Scoir :** Is coimpléasc é 'sráidbhaile scoir' ina bhfuil tithe neamhspleácha ar leithligh do chónaitheoirí, a bhfuil sé beartaithe go mbeidh daoine ar scor den chuid is mó nó go heisiach, a rinne conarthaí sráidbhaile le hoibreoir an choimpléisc.

Is é an toimhde go bhfuil sráidbhailte scoir den sórt sin ann go mbeidh siad lonnaithe i suíomh uirbeach ionas go mbeidh seirbhísí agus áiseanna inrochtana.

**Scáthchóiríocht:** Is scéimeanna tithíochta iad scáthchóiríocht le háiseanna comhchoiteanna ar an láthair a chabhraíonn le maireachtáil neamhspleách chuidithe.

De ghnáth bíonn maor ar an láthair ag scéimeanna scáthchóiríochta agus cuimsíonn siad tacaíochtaí cúraim mar sholáthar béilí agus cúnamh cúram sláinte. Is féidir le háiseanna comhchoiteanna féideartha ar an láithreán tá limistéir fóillíochta, córais aláraim agus teach níocháin.

Measann an Chomhairle gur cheart freastal ar sholáthar seirbhísí den sórt sin i Lonnaíochtaí Leibhéal 1, 2, 3 agus 4:

- Tá fóntais phoiblí (uisce agus fuíolluisce) ar fáil;
- Tá fáil ar iompar poiblí;
- Tá deiseanna ann maidir le hionchuimsiú sóisialta agus comhtháthú an phobail;
- Cuirtear nascacht chun cinn trí leathanbhanda ardluais chun tacú le teileachúram agus teileachógaisíocht; agus

- Is féidir freastal ar mheascán de thurais do chuairteoirí.

Go ginearálta, tá toimhde ann i gcoinne na n-áiseanna seo a sholáthar faoin tuath ar chúiseanna a bhaineann le neamh-inbhuanaitheacht, droch-inrochtaineacht, eisiamh sóisialta agus cur isteach amhairc.Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh cásanna teacht chun cinn nuair a bhíonn foirgnimh folamh agus nach n-úsáidtear iad a thuilleadh don chúis a tógadh iad an chéad lá riamh. I gcásanna den sórt sin, agus faoi réir na pleanála cearta agus na forbartha inbhuanaithe, féadfar machnamh a dhéanamh ar na foirgnimh atá ann cheana a thiontú agus a athúsáid.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 42** | A éileamh go mbeidh cúram cónaithe, tithe scoir agus altranais, sráidbhailte scoir agus scáthchóiríocht lonnaithe i Lonnaíochtaí Leibhéal 1, 2, 3 agus 4 ar chúiseanna inbhuanaitheachta, inrochtaineachta, uilechuimsitheachta sóisialta agus gaireacht do sheirbhísí. In imthosca eisceachtúla agus nuair a mheastar go bhfuil siad oiriúnach, breithneofar athúsáid agus tiontú foirgneamh atá ann cheana. |

## 4.13 Seirbhísí Éigeandála

Soláthraíonn Comhairle Contae Lú seirbhís dóiteáin agus tarrthála agus seirbhís um chosc agus rialú dóiteáin i Lú, de réir na riachtanas reachtúil. Tá ionad oiliúna réigiúnach ag an tSeirbhís Dóiteáin i nDún Dealgan.

Tá socruithe déanta ag Comhairle Contae Lú, i gcomhar le gníomhaireachtaí freagartha éigeandála eile, (Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána) chun freagairt go héifeachtach d'éigeandálaí móra agus d'imeachtaí adhaimsire.

D'fhorbair an Chomhairle *Plean Mór Éigeandála* agus *Plean Drobhaimsire* agus choinnigh sé na pleananna seo cothrom le dáta. Tástáladh na Pleananna seo trí chleachtaí rialta idirghníomhaireachta.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 43** | Seirbhís dóiteáin agus tarrthála éifeachtach agus seirbhís coiscthe a sholáthar i Lú agus freagairt éifeachtach a chinntiú d'éigeandálaí móra agus d'imeachtaí adhaimsire. |

## 4.14 Maoiniú Pobail

Tá maoirseacht ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú (LCDC) ar an maoiniú pobail go léir i gContae Lú. Ag teacht le fís straitéiseach an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) agus an Phlean agus i gcomhordú le deontais eile ó údaráis áitiúla, chun seachadadh cothrom maoinithe a chinntiú ar fud an chontae.

Is iad na cistí is suntasaí: LEADER, Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP), Ciste Éire Shláintiúil, agus an Clár um Fheabhsú Pobail.

Cuireann na cistí seo le cistí eile mar an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile, CLÁR, an Scéim Fóillíochta Allamuigh agus i gcásanna áirithe an Scéim Athghiniúna Tuaithe.

Spreagann agus tacaíonn an Chomhairle le tionscadail mhaoinithe ón bpobal a mholtar in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae.

Éascóidh sé, nuair is iomchuí, le daoine eile lena n-áirítear an LCDC trí na cláir mhaoinithe éagsúla go háitiúil agus go náisiúnta, chun tionscadail a chur i gcrích, a fheabhsóidh líon na n-áiseanna fóillíochta ar fud an Chontae, ag brath ar an maoiniú a bheith ar fáil.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 44** | Cláir mhaoinithe náisiúnta a sheachadadh i gcomhar le fís straitéiseach an Phlean agus an Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil, agus tacú agus comhoibriú nuair is cuí, le gníomhaireachtaí forbartha, grúpaí pobail agus eagraíochtaí chun tionscadail a chur i gcrích, arna maoiniú go náisiúnta agus go háitiúil, deartha chun stoc na n-áiseanna agus na seirbhísí áiseanna agus áineasa sa Chontae a fheabhsú. |

## 4.15 Ionaid Adhartha

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le hionaid adhartha agus ionaid ilchreidmheacha chun freastal ar riachtanais creidimh dhaonra an Chontae.

Ag féachaint do na tionchair torainn agus tráchta a bhaineann le húsáidí den sórt sin, féachfaidh an Chomhairle go mbeidh siad seo suite go hoiriúnach i gcás nach mbeidh drochthionchar acu ar na taitneamhachtaí atá ann cheana.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 45** | Tacú le forbairt áiteanna adhartha / áiteanna tionóil agus áiseanna ilchreidmheacha ag láithreacha oiriúnacha mar lár bhailte nó sráidbhailte nó áiteanna oiriúnacha eile atá cóngarach do phobail chónaithe i gcás nach mbíonn drochthionchar acu ar na taitneamhachtaí atá ann cheana. |

## 4.16 Ionaid Adhlactha

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go bhfuil áiseanna adhlactha leordhóthanacha ann, lena n-áirítear tailte a fháil le haghaidh áiseanna den sórt sin nuair is gá. Is féidir leis an earnáil phríobháideach reiligí agus créamatóiriamaí a sholáthar. B'fhéidir go gcaithfear reiligí a leathnú le linn thréimhse an Phlean chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna acmhainne de réir mar a thagann siad chun cinn. B'fhéidir go gcaithfear riachtanais adhlactha na bpobal ilchreidmheach agus neamh-reiligiúnach a chur san áireamh maidir le háiseanna den sórt sin.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 46** | Tacú le reiligí nua nó leathnaithe a fhorbairt, lena n-áirítear reiligí nádúrtha agus créamatóiriamaí ag láithreacha oiriúnacha sa Chontae, faoi réir cosaintí iomchuí maidir le tionchair chomhshaoil, torainn agus tráchta, agus taitneamhachtaí cónaithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 47** | Reiligí stairiúla a chosaint agus a mbainistíocht agus a gcothabháil a spreagadh de réir an chleachtais chaomhnaithe is fearr. |

## 4.17 Cuibhrinn Phobail

Faoin *Acht Pleanála & Forbartha 2000 (arna leasú),* ciallaíonn cuibhreann limistéar talún nach bhfuil níos mó ná 1,000 méadar cearnach, ligthe, nó ar fáil le ligean do dhuine amháin nó níos mó ná duine amháin atá ina bhall den phobal áitiúil agus atá ina chónaí in aice leis an gcuibhreann nó gar dó, chun glasraí nó torthaí a tháirgeadh lena dtomhailt go príomha ag an duine nó ag ball dá theaghlach.

Aithníonn Comhairle Contae Lú go bhfuil méadú suntasach tagtha ar spéis an phobail i bhfás torthaí agus glasraí go háitiúil le blianta beaga anuas.

Tharla sé seo mar gheall ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear cúinsí eacnamaíocha, tairbhí sláinte, chomh maith le hábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht agus an fuinneamh a bhaineann le táirgeadh agus iompar domhanda bia.

Mar sin éascóidh an tÚdarás Pleanála forbairt cuibhreann ag áiteanna oiriúnacha ar fud an Chontae. Ba cheart go mbeadh láithreacha den sórt sin comhsheasmhach le téarmaí an tsainmhínithe thuas agus ba cheart go mbeadh siad suite laistigh nó gar do lonnaíochtaí atá ann cheana, áit a mbeidh siad níos inrochtana do gach cuid den tsochaí.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **SP 48** | Forbairt cuibhreann ag suíomhanna oiriúnacha ar fud an Chontae a éascú. Ba cheart go mbeadh aon áis den sórt sin suite laistigh de lonnaíocht atá ann cheana nó gar di agus ba cheart go mbeadh sí inrochtana go héasca. |

# Caibidil 5

## Geilleagar agus Fostaíocht

*"Chun bonn fostaíochta agus próifíl gheilleagrach Lú a neartú a chuireann le hainmniú Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha agus a uasmhéadaíonn suíomh straitéiseach an Chontae le taobh Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste. Cinnteoidh beartú tosaíochta Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan maidir le hinfheistíocht gheilleagrach mar aon le ról geilleagrach tacaíochta breise na mbailte agus na sráidbhailte beaga go leanfaidh cóimheas Post: Lucht Oibre ag feabhsú chun pobail níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chruthú."*

# 5 GEILLEAGAR AGUS FOSTAÍOCHT

## 5.1 RÉAMHRÁ

Lorgaíonn an Plean tacú agus áisiú le forbairt gheilleagrach inmharthana agus le cruthú post, i réimse earnálacha, de réir phrionsabail phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe. De réir mar atá daonra Lú ag leanúint ag fás, tá sé den tábhacht go bhfuil an Contae ag leanúint i suíomh chun infheistíocht gheilleagrach bhreise a áisiú agus freagairt do héiginnteacht geilleagrach ar bith.

Leagfaidh an chaibidil seo amach an fhís agus an straitéis d'fhorbairt gheilleagrach sa Chontae i rith shaolré an Phlean. Aithneoidh sé na deiseanna do Lú a bhonn geilleagrach a neartú agus leanúint ag mealladh infheistíochta agus tacú le cruthú post do ghnólachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta araon. Tá an chreatlach spásúil maidir le forbairt fiontair agus fostaíochta comhsheasmhach le agus ailínithe ar bheartais fhorbartha gheilleagracha ar bhonn leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

## 5.2 PRÓIFÍL GHEILLEAGRACH LÚ

Tá suíomh maith ag Lú le taobh Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste atá mar bhuntáiste chun rochtain iontach a chur ar fáil ar Lár na Cathrach, ar an Aerfort, ar an gCalafort i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus sna hEochair Bhailte sa Réigiún chun infheistíocht gheilleagrach a mhealladh.

Maidir le haitheantas Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha (RGCs) sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus sa Straitéis Gheilleagrach Straitéiseach Réigiúnach (RSES), is aitheantas é ar thábhacht na réiteach seo ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta chun an daonra agus fás geilleagrach amach anseo a áisiú.

Tá forbairt gheilleagrach agus fostaíochta sa Chontae dírithe ar pháirceanna gnó, eastáit tionsclaíochta, agus lárbhailte i nDroichead Átha, i nDún Dealgan, i mBaile Átha Fhirdhia, agus i nDún Léire. Lasmuigh de na socruithe seo tá fiontraíochtaí ar scála beag sna bailte agus sna sráidbhailte beaga agus amuigh faoin tuath.

Le os cionn 35,000 post sa Chontae agus cóimheas Post: Lucht Oibre de 0.71 a taifeadadh i Móráireamh 2016, is léir go bhfuil buntáistí geilleagracha ag baint le suíomh straitéiseach an Chontae, agus go háirithe le neart an bhoinn fostaíochta. Is léir go bhfuil an t-idirspleáchas idir Lú agus Baile Átha Cliath i gceist le ráta aistrithe líonra de bheagnach 30% d'oibrithe cónaithe atá ag taisteal lasmuigh den Chontae, a bhformhór acu a bhíonn ag obair i mBaile Átha Cliath.

Ar leibhéal socruithe, tá Dún Dealgan ar an bpríomhionad fostaíochta sa Chontae, ina bhfuil beagnach 14,200 post i 2016. Tá sé sin cothrom le 40% de phoist iomlána sa Chontae agus is léir go bhfuil neart an Lárionaid Fháis Réigiúnacha seo mar shuíomh fostaíochta. Bhí an cóimheas Post: Lucht Oibre ar an mbaile ar 0.99 i 2016, a leagann béim ar an ailíniú dlúth idir fás daonra agus fostaíocht sa bhaile agus an t-ardán inbhuanaithe ar a bhfuil an baile ag forbairt.

Tá Droichead Átha tábhachtach mar ionad fostaíochta freisin ina raibh os cionn 12,300 post i 2016[1]. Tá an cóimheas Post: Lucht Oibre ag léiriú an idirspleáchais den bhaile le Baile Átha Cliath, mar gheall ar an méid níos airde de thimaistriú amach le haghaidh fostaíochta.

[1] Áirítear anseo na Purláin i nDeisceart an bhaile ina raibh 1,216 post agus 3,700 oibrí cónaithe i 2016.

Tá bonn fostaíochta láidir i mBaile Átha Fhirdhia agus i nDún Léire, ina bhfuil an dá bhaile cothrom go hinbhuanaithe maidir le fás daonra agus fostaíocht. I gcomparáid le socruithe de mhéideanna comhchosúla, is léir go bhfuil an dá bhaile ag sárú go leor bailte eile sa Réigiún agus ar fud na tíre maidir le poist iomlána. Tugann an méid sin le tuiscint tábhacht na mbailte maidir le fostaíocht agus soláthar seirbhísí ina chúlchríocha mórthimpeall. Tá Dún Léire ar an aon bhaile sa Chontae le hinsreabhadh d'oibrithe rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó poist sa bhaile ná oibrithe cónaithe, agus tá cóimheas Post: Lucht Oibre 1.10 i gceist.

Tá socruithe níos lú sa Chontae ina bhfuil bonn fostaíochta níos teoranta iontu agus níos lú poist mar thoradh air. Is iad Cairlinn agus Baile an Ghéarlánaigh/Cill Sáráin na heisceachtaí ina bhfuil cóimheas Post: Lucht Oibre de 0.8 (370 post sa bhaile) agus 0.65 (295 post sa bhaile) faoi seach.

Bíonn na socruithe níos lú ag brath ar thimaistriú amach agus tá cóimheas Post: Lucht Oibre idir 0.17 (Ceann Chlochair) agus 0.32 (Tearmann Feichín) i gceist. Is léiriú é seo ar bhonn fostaíochta lag. Tá sonraí iomlána den bhriseadh síos d'oibrithe cónaithe, de phoist iomlána agus de chóimheas post i ngach socrú i Lú leagtha amach i bhFíor 5.1.

Cuireann Fíor 5.2 briseadh síos ar fáil de na grúpaí oibre sa Chontae i 2011 agus i 2016. Is léiriú fiúntach é sin ar an réimse leathan fostaíochta sa Chontae, mar aon le béim a leagan ar an tacar sainscileanna san fhórsa oibre. Áirítear orthu sin róil ghnó agus riaracháin, bainistíocht chorparáideach, taighde agus innealtóireacht, agus ceirdeanna oilte. Bhí méadú beag i bhformhór na ngrúpaí oibre idir 2011-2016, ina raibh gairmeacha gairmiúla agus seirbhísí ar an méadú is airde. Bhí ceirdeanna tógála oilte ar an laghdú is mó le linn na tréimhse seo.

*Fíor 5.1: Oibrithe Cónaithe, poist, agus cóimheas post i Lú trí shocrú i 2016*



*Fíor 5.2: Briseadh síos den fhórsa oibre i Lú i 2011 agus i 2016*



## 5.3 PRÓIFÍL FHOSTÓRA

Tá réimse leathan fostóirí ó earnálacha tionsclaíochta éagsúla bunaithe i Lú. Tá bithchógais, táirgeadh bia agus deoch, déantúsaíocht, seirbhísí airgeadais, agus teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) ar na hearnálacha is suntasaí.

Chomh maith le fostaíocht dhíreach a chruthú, cruthaíonn na gnólachtaí agus na fostóirí móra sa Chontae táirgeacht níos airde sa gheilleagar níos leithne mar go gcuireann siad fostaíocht indíreach ar fáil i réimsí ar nós soláthar seirbhíse, cothabháil agus lóistíocht.

Is earnálacha fostaíochta suntasacha iad sláinte agus oideachas freisin, le dhá ospidéal (Ospidéal Mhuire Lourdes i nDroichead Átha agus Ospidéal Chontae Lú i nDún Dealgan) agus áis oideachais tríú leibhéal (Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, (DkIT) agus Institiúid Bhreisoideachais Dhroichead Átha (DIFE)) lonnaithe sa Chontae.

Laistigh de na hearnálacha fostaíochta éagsúla sa Chontae bíonn deiseanna ann le haghaidh fás agus forbairt.

## 5.4 STRAITÉIS GHEILLEAGRACH

Cuireann an Plean creatlach ar fáil maidir le fás agus infheistíocht gheilleagrach ar leibhéal Contae. Tá an chreatlach seo ailínithe go dlúth le beartas náisiúnta agus réigiúnach agus tá cuntas ar fhoilseacháin rialtais le deireanaí a bhaineann le forbairt gheilleagrach, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta do Phoist agus Fiontar 2025. Tá an straitéis gheilleagrach don Chontae bunaithe ar fhís chun bonn geilleagrach láidir a fhorbairt le tacaíocht ó fhiontar, nuálaíocht agus scileanna. Iarrann an Plean seo an fhís seo a neartú tríd é a ailíniú leis na príomhphrionsabail gheilleagracha atá leagtha amach san RSES.

Cé nach gcruthaíonn Plean Forbartha fostaíocht, tá ról ríthábhachtach ag an bPlean forbairt a áisiú agus tacú le fás geilleagrach. Má tá Plean ann chun tacú le fás geilleagrach, ní mór a chinntiú go bhfuil a dhóthain tailte ar fáil d'infheistíocht agus gur féidir seirbhís a dhéanamh ar na tailte le bóithre, seirbhísí uisce, fuinneamh agus bonneagar teileachumarsáide riachtanacha. Más ann d'easnaimh ar bith sa bhonneagar beidh neamhéifeachtúlachtaí, caillteanas táirgeachta, agus ardchostais do ghnólachtaí mar thoradh air agus tionchair ar iomaíochas geilleagrach sa deireadh. Tá gá le gníomhaíocht agus comhoibriú rialta le gníomhaíochtaí agus soláthraithe bonneagair chun tionscadail a shainaithint agus dul chun cinn a dhéanamh le fás geilleagrach a áisiú agus lena chinntiú go bhfuil cur chuige soiléir agus iomlán ann maidir le forbairt. Ina theannta sin, má chruthaítear an timpeallacht cheart d'fhiontar agus d'fhostaíocht beidh áiteanna ar ardchaighdeán ar fáil mar meallfar daoine chun oibre, chun cónaí ann agus meallfar infheisteoirí agus meallfar daoine chun staidéar agus cuairt a thabhairt ar an áit.

Is é an príomh-lárionad a bhaineann le forbairt fostaíochta sa Phlean ná Lárionaid Fháis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. Tá bonn fostaíochta láidir ag na socruithe seo, ina bhfuil réimse leathan seirbhísí, agus margadh agus abhantrach mhór, a bhfuil an cumas ann cur le níos mó infheistíochta sna lárcheantair ina bhfuil deiseanna ann dul i meitheal le fiontair atá ann faoi láthair.

Trí dhíriú ar fhás sna socruithe seo beidh deis ann tairseach chriticiúil a chruthú den daonra a thacódh le hinfheistíocht bonneagair agus forbairt a neartú sna mórcheantair uirbeacha seo.

*Fíor 5.3*

## 5.5 COMHTHÉACS BEARTAIS

Mar fhreagra ar na leibhéil arda dífhostaíochta ar fud na tíre le linn an chúlaithe eacnamaíochta, d'fhoilsigh an Rialtas líon tionscnamh dírithe ar thacú le fás geilleagrach agus cruthú post. Is iad seo a leanas na príomhfhoilseacháin:

### 5.5.1 Plean Gníomhaíochta do Phoist

Is foilseachán bliantúil é seo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a leagann amach cur chuige an Rialtais chun cruthú post a uasmhéadú ar fud na tíre. Tá sé leanúnach ó 2012, ina bhfuil spriocanna ar leith san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta a bhaineann le fás fostaíochta.

Tá Pleananna Fiontar Réigiúnacha ullmhaithe freisin, ina bhfuil Lú lonnaithe laistigh den Réigiún Thoir Thuaidh/Thiar Thuaidh. Aithníonn an Plean Fiontair seo go bhfuil bonn fiontair éagsúil ag an gceantar seo agus earnáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a bhfuil rath orthu le cumas ann leathnú. Aithnítear an bonn scileanna agus staid na nInstitiúd Teicneolaíochta sa Réigiún agus go bhfuil tábhacht leo chun fórsa oibre oilte a chruthú. Tá an *Plean Fiontair Réigiúnach Thoir - Thuaidh* dírithe ar chur le láidreachtaí sa Réigiún, tacú le comhoibriú leanúnach le gnólachtaí, páirtithe leasmhara, agus gníomhaireachtaí poiblí, agus fostaíocht a mhéadú.

### 5.5.2 Ár gCumas Tuaithe a Fhíorú - Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe i 2017 a aithníonn na dúshláin a bhaineann le ceantair thuaithe. Díríonn an Plean Gníomhaíochta seo *'Ár gCumas Tuaithe a Fhíorú'* ar fhorbairt gheilleagrach a neartú sna ceantair thuaithe trí bhonneagar a fheabhsú, trí bhailte agus sráidbhailte a athghiniúint, trí dhul i ngleic le heisiamh sóisialta agus trí thacú le cruthú post.

### 5.5.3 Beartas Straitéiseach

Leagann an NPF agus an RSES amach an cur chuige maidir le beartas pleanála d'fhorbairt gheilleagrach ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Leagtar béim ar chur chuige pleandírithe i dtreo fhorbairt gheilleagrach a dhíríonn ar thógáil ar athléimneacht sa gheilleagar, comhoibriú a chur chun cinn, nuálaíocht, agus fiontraíocht, nascacht agus rochtain a chothú agus infheistíocht bonneagar a ailíniú le socruithe ceaptha d'fhás.

Iarrann an RSES tacú le fás geilleagrach agus cruthú post sa Réigiún trí choincheap de speisialtóireacht chliste. Is Straitéis Eorpach í seo a iarrann cur le fás geilleagrach trína chur ar chumas Réigiúin buntáistí iomaíocha a shainaithint agus a fhorbairt. Is cur chuige comhpháirtíochta é seo a thugann le chéile údaráis áitiúla, ollscoileanna, grúpaí gnó agus eagraíochtaí, agus an pobal i gcoitinne.

Shainaithin an RSES Droichead Átha agus Dún Dealgan mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha agus aithníonn sé an cumas suntasach de na socruithe seo feidhmiú ar thiomántoirí d'fhorbairt gheilleagrach sa Réigiún.

### 5.5.4 Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail

Mar chuid den rialtas áitiúil a athstruchtúrú lena chur chun feidhme *'Daoine a chur i dTosach'* agus Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014, tugadh ról níos fearr d'údaráis áitiúla i bhforbairt gheilleagrach. San áireamh bhí Oifig Fiontair Áitiúil a chruthú do gach údarás áitiúil, a tháinig in áit Bhoird Fiontair Chontae, agus an riachtanas do gach údarás áitiúil '*Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2022 (LECP)*' a ullmhú [2]. Glacadh le LECP Lú Márta 2016. Tá gaol gairid ag spriocanna geilleagracha an LECP leis an bPlean 10 bpointe a d'ullmhaigh Fóram Geilleagrach Lú. Tá sé mar phríomhaidhm ag an LECP geilleagar agus pobal faoi bhláth a chruthú inar féidir le gnólachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta araon teacht chun cinn. Is gá go mbeadh an LECP i gcomhréir le Plean Forbartha an Chontae agus an RSES, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ailínithe go dlúth le beartas pleanála ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach.

[2] Roinn 44 d'Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 a leagann amach na riachtanais chun gach údarás áitiúil a ullmhú do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ullmhú

*Fíor 5.4: Spriocanna Geilleagracha LECP Lú*

### 5.5.5 Fóram Geilleagrach Lú

Bunaíodh Fóram Geilleagrach Lú i 2009 ina bhfuil foireann ildisciplíneach ón earnáil phoiblí agus príobháideach lena n-áirítear gnólachtaí áitiúla, gníomhaireachtaí stát, agus an Chomhairle. Feidhmíonn an fóram mar ionad ilfhreastail d'infheisteoirí féideartha a chuireann comhairle agus eolas ar fáil.

D'fhoilsigh an Fóram Plean 10 bPointe agus léiríodh 10 réimse ar leith le díriú orthu. D'ullmhaigh na tascghrúpaí san Fhóram sraith de Phleananna Gníomhaíochta. Cuireann na Pleananna Gníomhaíochta seo léargas fónta ar fáil sa gheilleagar áitiúil i Lú mar aon le léargas a leagan amach maidir leis an mbealach ina bhfuil sé i gceist cur leis an ngeilleagar agus é a fhorbairt[3].

## 5.6 Treochtaí Geilleagracha Le Deireanas

Bhí geilleagar na hÉireann ag déanamh go maith go dtí Márta 2020 nuair ba léir an gheit gheilleagrach a bhain le paindéim Covid-19. Nuair a scríobhadh an t-alt seo bhí socruithe agus freagairtí beartais éagsúla i bhfeidhm do dhaoine, do ghnólachtaí, agus do ghníomhaireachtaí agus seirbhísí rialtais sa gheilleagar agus sa tsochaí chun déileáil leis na hamanna éiginnte seo. Tá tionchar ag na freagairtí seo ar aschur agus ar fheidhmiú geilleagrach.

Roimh an phaindéim Covid-19, tháinig geilleagar na hÉireann as tréimhse fhada de chúngú agus de stad sa gheilleagar go dtí geilleagar a bhí ar cheann de na geilleagair is fearr san Eoraip le blianta beaga anuas. Bhí fás bliain ar bhliain ar an ngeilleagar ó 2014, agus ardú i bhfostaíocht, i bpá, agus i gcaiteachas tomhaltóirí.

Sa cheathrú ceathrú de 2019, bhí an ráta dífhostaíochta ar 4.8%, an ráta is lú ó 2007[4].

Bhí an t-athrú fáis i gcomparáid leis an gcuid eile d'Eoraip a bhí soiléir i gcomparáid le rátaí fáis.

Idir 2010-2019 ba é an meánráta fáis bhliantúil ná 4.5%, cé go raibh an chuid eile den Eoraip, le linn na tréimhse chéanna, ar 1.6%[5].

Léiríonn réamh -mheastacháin gheilleagracha tar éis na paindéime Covid-19 go laghdóidh an geilleagar i 2020 agus go mbeidh cúlú eacnamaíochta ann[6]. Tá sé sin i gcodarsnacht leis na réamh-mheastacháin roimh an phaindéim, a thuar go mbeadh fás leanúnach i gceist, cé go mbeadh sé níos lú ná blianta roimhe sin. Mar gheall ar an éiginnteacht maidir leis an bpaindéim, tá sé deacair a éifeacht a thuar go fadtéarmach. Tá sé glactha go forleathan, áfach, go mbeidh tréimhse ama suntasach ann sular féidir filleadh go gnáthgheilleagar.

Tacóidh an Plean seo le comhoibriú idir an Chomhairle, a hOifig Fiontair Áitiúil agus na gníomhaireachtaí cosúil leis an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA) agus Fiontraíocht Éireann chun oibriú i gcomhar le gnólachtaí agus fostóirí chun freagairt don phaindéim agus chun tacaíocht a thabhairt más féidir. Iarrfar chomh maith creatlach a leagan amach a thacóidh le cruthú timpeallachta a bheadh mealltach d'infheistíocht gheilleagrach agus cruthú fostaíochta nuair a fhillfidh fás sa gheilleagar arís.

---

[3] Cliceáil anseo chun teacht ar na Pleananna Gníomhaíochta a fhoilsíonn Fóram Geilleagrach Lú

[4] Suirbhé Ráithe 4 maidir le Fórsa Oibre 2019

[5] ESRI Tráchtaireacht Gheilleagrach Ráithiúil do Gheimhreadh 2019

[6] ESRI Tráchtaireacht Gheilleagrach Ráithiúil d'Earrach 2020

### 5.6.1 Dúshláin maidir le Fás Geilleagrach sa Todhchaí

**Covid-19:** Tá paindéim Covid-19 ar an mbagairt is mó ar gheilleagar na hÉireann ó tharla an ghéarchéim airgeadais dhomhanda. Mar gheall ar an bhfreagairt ar scaipeadh an víris tá caillteanas post suntasach sa gheilleagar, le ráta dífhostaíochta de 28.2% a taifeadadh i 2020[7]. I mí Mheán Fómhair d'fhoilsigh an Rialtas 'Plean Athléimneachta agus Aisghabhála maidir le Maireachtáil le COVID 19' chun an riosca a bhaineann leis an bpaindéim a bhainistiú agus chun déileáil leis na hiarmhairtí sóisialta agus geilleagracha. Mar gheall ar éiginnteacht faoi thionchair mheánfad téarmacha den phaindéim, tá sé á dtuar go mbeidh na deiseanna maidir le fás geilleagrach agus infheistíocht sa todhchaí láithreach teoranta.

**Teannais Trádála Idirnáisiúnta:** Tá geilleagar oscailte ag Éirinn a chiallaíonn go bhfuil sé neamhchosanta go haon athrú nó luaineacht don timpeallacht gheilleagrach ar leibhéal domhanda. Tugann comhlachtaí ilnáisiúnta iasachta ranníocaíocht shuntasach do gheilleagar na hÉireann maidir le poist, easpórtálacha agus ioncam fioscach. Baineann impleachtaí suntasacha ar thrádáil idirnáisiúnta, ar thráchtáil, agus ar thurasóireacht leis na srianta ar thaisteal idirnáisiúnta agus leis an dianghlasáil a cuireadh i bhfeidhm i dtíortha ar fud an domhain. Tá geilleagar oscailte in Éirinn neamhchosanta ag na luaineachtaí seo.

Ciallaíonn an iontaoibh agus an t-idirspleáchas d'Éirinn ar infheistíochtaí agus trádáil dhomhanda go mbeidh tionchar suntasach i bhfreagairt an gheilleagair dhomhanda maidir leis an bpaindéim a bhainistiú.

Baineann údair imní eile sa gheilleagar domhanda le teannas trádála leanúnach idir na Stáit Aontaithe agus an tSín, agus an éiginnteacht faoi chomhpháirtíocht sa todhchaí idir an Ríocht Aontaithe agus an AE tar éis dóibh tarraingt amach as an AE. Beidh gnólachtaí ag coinneáil siar infheistíocht agus beidh laghdú i gcaiteachas tomhaltóirí mar gheall ar na héiginntí seo, agus beidh daoine ag sábháil níos mó dá n-ioncam aon uaire.

**An Breatimeacht:** Mar gheall go bhfuil Lú suite le fad na teorann, tá an Contae neamhchosanta ar na héiginntí faoin mBreatimeacht, ina bhfuil gnólachtaí a bhfuil custaiméirí, slabhra soláthair, agus táirgeoirí ar an dá thaobh den teorainn. Faoi láthair, tá aistriú gan uaim d'earraí agus de sheirbhísí thar an teorainn mar gheall go bhfuil an dá thír laistigh den Mhargadh Aonair. Beidh éifeacht mhór ar na hearnála gnó agraibhia maidir le haon athrú ar na dálaí seo mar beidh tionchar ag an earnáil ar shlabhra soláthair agus socruithe lóistíochtúla.

Tá seans ann go gcuirfí tús le taraifí, nó dibhéirseacht rialála, a d'ardódh costais agus bheadh moilleanna in iompar earraí agus seirbhísí mar thoradh air agus bheadh ardú i gcostas chun gnó a dhéanamh mar sin. Bíonn tionchar i luaineachtaí airgeadra ar chostais agus d'fhéadfadh patrúin in athrú iompar tomhaltóirí a bheith mar thoradh air, go háirithe i gceantair sa teorainn ina mbaineann daoine tairbhe as na rátaí malartáin níos ísle. D'fhéadfadh an méid sin tionchar a bheith ar thurasóireacht, le níos lú cuairteoirí ag taisteal ó Thuaisceart Éireann agus an Bhreatain mar gheall ar dhíluacháil steirling.

Cé go bhfuil dúshláin ar gheilleagar na hÉireann mar thoradh ar an mBreatimeacht, bíonn deiseanna ann chomh maith. Coinneoidh Éire na buntáistí ar fad de bhallraíocht an AE agus beidh teacht ar fhórsa oibre léannta, oilte, a labhraíonn Béarla a bheidh mar fhachtóir tábhachtach chun infheistíocht dhíreach iasachta a mhealladh.**Deiseanna:** Maidir le suíomh Lú le fad na teorann, áit a bhfuil nascacht iontach le Baile Átha Cliath agus Béal Feirste araon agus teacht ar fhórsa oibre léannta agus oilte, is áit mhealltach é an Contae do ghnólachtaí ón Ríocht Aontaithe atá ag iarraidh teacht ar an Margadh Aonair, agus do ghnólachtaí Éireannacha, Eorpacha agus Idirnáisiúnta atá ag iarraidh teacht ar mhargadh na Ríochta Aontaithe.

## 5.7 Conair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste

Tá Lú suite go straitéiseach idir an dá chathair is mó ar an oileán, Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Tá nascacht iontach idir na cathracha tríd an mbóthar ceangail ardinniúlachta (Mótarbhealach M1), atá mar chuid den Phríomhlíonra AE Gréasán tras-Eorpach iompartha TEN-T, nasc idirchathrach ar iarnród, mar aon le naisc idirnáisiúnta trí na calafoirt agus na haerfoirt, agus tá deiseanna suntasacha cruthaithe d'infheistíocht gheilleagrach agus do chruthú post.

Leagann an NPF agus an RSES béim ar thábhacht na conaire seo chun tacú le fás geilleagrach agus chun iomaíochas geilleagrach a chothabháil. Rinneadh sainaithint ar dheiseanna chun na naisc seo a neartú ar feadh na conaire seo agus go háirithe na naisc trasteorann idir Dhroichead Átha-Dún Dealgan-an tIúr mar thiománaí féideartha d'fhás geilleagrach.

Tá níos mó suntais ag baint le diminsean idirnáisiúnta na conaire seo sa chomhthéacs go bhfuil an Ríocht Aontaithe ag tarraingt amach as an AE.

Chomh maith leis na naisc trasteorann, tá nascacht láidir idir Lú, an Mhí, Muineacháin agus an Cabhán i soláthar seirbhísí, fostaíocht, agus oideachas, a chruthaíonn líonra trasteorann níos leithne de chontaetha agus lonnaíochtaí thoir thuaidh den tír.

Leanfaidh an Plean seo le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn agus tacú léi ar fud na Conaire seo. Mar chuid den straitéis ionaid scála a fhorbairt, déanfar na Lárionaid Fháis Réigiúnacha de Dhroichead Átha agus Dún Dealgan a shainaithint mar príomhshuímh d'fhás geilleagrach.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 1** | Chun cumas geilleagrach Lú a uasmhéadú trí chur lena bhuntáiste gheografach ar fud na Conaire Geilleagraí Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus chun Lárionaid Fháis Réigiúnacha i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan a chothú agus a mhargú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 2** | Chun dul i ngleic le agus obair go dlúth le hÚdarás Réigiúnach Oirthear agus Lár Tíre agus na hÚdaráis Áitiúla chun forbairt gheilleagrach a chur chun cinn ar fud na Conaire Geilleagraí Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste. |

[7] CSO Díthostaíocht Mhíosúil, Aibreái 2020. Tabhair faoi deara nuair a bhaintear amach na daoine ar íocaíocht phaindéime speisialta, bhí an ráta díthostaíochta ar 5.4%.

### 5.7.1 Infheistíocht Thrasteorann

Tá tacaíocht láidir ó na rialtais ar an dá thaobh den teorainn maidir le comhoibriú leanúnach i dtionscadail agus i dtionscnamh trasteorann. Tá an cumas geilleagrach de líonra Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-an tIúr sainaitheanta sa NPF agus sa RSES. Tá an tairseach chriticiúil ag na lonnaíochtaí seo chun dul in iomaíocht sa gheilleagar domhanda agus slabhra gnó níos airde a mhealladh trí linnte móra a thairiscint d'oibrithe a bhíonn cáilithe go hoiriúnach, tacú le bonneagar, agus seirbhísí poiblí agus tráchtála a ofráil ar ardchaighdeán.

Cuireann Cistí Struchtúrtha an AE ar nós Clár Struchtúrtha INTERREG VA maoiniú ar fáil do thionscadail trasteorann. Tá an ciste seo deartha chun ceisteanna a shárú a thagann chun cinn mar gheall ar theorainn. Bíonn réimse ceisteanna i gceist ó shláinte, iompar, ceisteanna timpeallachta, agus forbairt fiontair. Is é Foras um Chláir Speisialta an AE (SEUPB) a bhainistíonn an ciste. Tá gealltanas ann ón AE leanúint leis an maoiniú do thionscadail trasteorann tar éis don Ríocht Aontaithe aistarraingt ón AE.

Ar leibhéal rialtas áitiúil, tá comhoibriú trasteorann soiléir sa mheabhrán tuisceana (MOU) a forbraíodh agus a shínigh Comhairle Contae Lú agus Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Leagann an MOU amach na hoibriúcháin sonraithe, a lorgaíonn tacú leis an bhforbairt gheilleagrach agus í a chur chun cinn agus iomaíochas sa réigiún. Tá an bhéim don dá Chomhairle ar neart i ndaoine ag obair ar scáth a chéile chun cabhrú le agus tacú leis na pobail áitiúla ar a bhfreastalaíonn siad. Tá sampla de na tionscadail leanúnacha trasteorann sa cheantar leagtha amach i dTábla 5.1.

## 5.8 Oideachas agus Oiliúint

Tá fórsa oibre atá léannta, oilte, agus inoiriúnaithe mar chuid lárnach d'fhás agus d'fhorbairt gheilleagrach. Bhain Lú tairbhe as áis ardoideachais sa Chontae, le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT), a chuireann deiseanna ar fáil d'oideachas agus d'fhorbairt scileanna do dhaoine agus déantar comhoibriú idir gnólachtaí agus tionscail áitiúla.

Is é DkIT an pointe fócais d'ardoideachais thoir thuaidh agus tá limistéar malartáin ag síneadh amach ar dhá thaobh den teorainn. Neartaíonn an phunann taighde de DkIT, mar aon le rochtain ar fhórsa oibre oilte, an geilleagar eolasbhunaithe sa Chontae a dhéanann an ceantar tarraingteach ó thaobh infheisteoirí féideartha.

D'fhreagair DkIT go dearfach do riachtanais oideachais agus oiliúna atá ag athrú de ghnó agus de thionscail araon. Tháinig forbairt ar chomhpháirtíocht láidir idir DkIT agus fostóirí áitiúla, agus an Institiúid ag athchóiriú modúil agus cúrsaí chun freagairt do riachtanais na bhfostóirí. Tá an cur chuige comhpháirtíochta seo mar phríomhghné chun tacú le forbairt fiontair sa Chontae.

Bronnadh maoiniú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (LMETB) i Meitheamh 2020, tríd an gCiste Fiontair Teorann, le haghaidh Ionad Oiliúna agus Oideachais Ard-déantúsaíochta i nDún Dealgan. Cuirfidh infheistíocht agus forbairt den áis seo an fórsa oibre ar fáil le deiseanna a gcuid scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú i dteicnící Ard-déantúsaíochta, atá mar réimse nuálaíochta agus mar bhuntáiste iomaíoch atá riachtanach má éiríonn le gnólachtaí dul in iomaíocht sa mhargadh domhanda.

Cuireann Institiúid Bhreisoideachais Dhroichead Átha (DIFE) réimse cúrsaí Breisoideachais ar fáil do lucht fágála scoile agus do dhaoine fásta atá ag filleadh ar oideachas.

Ciallaíonn na háiseanna nua-aimseartha, agus an caidreamh dlúth le fostóirí go bhfuil cúrsaí ábhartha i gcónaí agus go bhfuil na mic léinn eolach ar theicneolaíocht san ionad oibre.

*Tábla 5.1 Tionscadail Trasteorann Leanúnacha i Lú*

| Téamaí | Tionscadail |
|---|---|
| **Fuinneamh in-athnuaite agus Teicneolaíocht Ghlas** | VARSITIES, Beart ar son Bithéagsúlachta; Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Micrighiniúint; Source to Tap; Tionscadal SWELL |
| **Turasóireacht agus Áineas** | Glasbhealach Loch Cairlinn; Bainistíocht Turasóireachta; Bád Farantóireachta an Ghrianfoirt go Caisleán na hOireanaí; EU_SHAFE |
| **Fás Geilleagrach agus Cruthú Post Inbhuanaithe** | Limistéar Geilleagrach Trasteorann Dhroichead Átha/Dhún Dealgan/An tIúr, CO INNOVATE |
| **Pleanáil Éigeandála** | Seirbhís Bhainistíochta Móréigeandála |

## 5.9 Áiseanna Comhionaid agus Gníomhaíochtaí Baile

Tá dul chun cinn i dteicneolaíocht ag athrú timpeallachtaí oibre. Tá gairmeacha ann nach gá d'fhostaithe a bheith i bpríomhionaid fhostaíochta an t-am go léir, mar gur féidir leo obair ó bhaile. Tá an méid sin aitheanta ag fostóirí a admhaíonn na buntáistí a bhaineann le cianobair. Ar na buntáistí seo tá caighdeán saoil níos fearr d'fhostóirí mar gheall ar laghdú timaistrithe, le gnólachtaí ag baint tairbhe as laghdú i gcostais do limistéir mhóra de spás oifige i bpríomhshuíomhanna tráchtála.

Tacaíonn an Plean seo le forbairt na n-áiseanna comhoibrithe a chuireann solúbthacht ar fáil sna socruithe oibre chun dul i ngleic le fiontair thionscnaimh agus le gnólachtaí bunaithe araon, ina bhfuil bonn áitiúil ag fostaithe a laghdaíonn an gá le timaistriú fadraoin go laethúil.

Tá sé aitheanta chomh maith go bhfuil gníomhaíochtaí geilleagracha bailebhunaithe beaga oiriúnach i láithreacha ar leith, faoi réir nádúr na n-oibríochtaí agus na n-úsáidí gnó nach gcuireann isteach ar charachtar ná ar na háiseanna sa cheantar ina bhfuil siad suite.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 3** | Chun tacú le fás inbhuanaithe an gheilleagair agus é a áisiú i gContae Lú agus ag caomhnú agus ag feabhsú caighdeán comhshaoil. Tá an beartas forbartha geilleagrach seo ag dréim leis na príomhchuspóirí seo a leanas a chur i bhfeidhm:<br>• Chun ionaid fhostaíochta atá ann cheana féin a neartú a fhaigheann tacaíocht ó fhiontar, nuálaíocht agus scileanna;<br>• Chun comhcheangail a neartú idir fostaíocht, tithíocht agus iompar d'fhonn ceantair uirbeacha dlúite a chur chun cinn agus chun spleáchas carranna a laghdú;<br>• Chun bearta a chur chun cinn chun tarraingteacht an Chontae a fheabhsú mar ionad infheistíochta agus gníomhaíocht fiontraí a mhéadú;<br>• Chun timpeallacht ghnó cnuasach ar leith a fheabhsú tríd éiceachóras gnó fabhrach a chur i bhfeidhm do nuálaíocht agus fiontraíocht a thacaíonn le forbairt slabhra breisluacha tionsclaíochta agus tionscail nua atá ag teacht chun cinn.<br>• Chun fás geilleagrach a áisiú trí shuíomhanna tionsclaíochta agus tráchtála atá ann faoi láthair a dhaingniú agus trína chinntiú go bhfuil soláthar imleor de thailte fostaíochta seirbhísithe ag ionaid fheiliúnacha;<br>• Chun athghiniúint de cheantair tearcúsáidte tionsclaíochta agus lárbhaile a chur chun cinn ar bhealach a chuireann leis an ngeilleagar áitiúil agus a spreagann cur chuige seicheamhach maidir le forbairt; agus<br>• Chun soláthar do réimse de chineálacha lóistín gnó, lena n-áirítear aonaid atá feiliúnach do ghnó beag. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 4** | Chun obair i gcomhar le gníomhaireachtaí fostaíochta náisiúnta lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann agus an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA), Tionól Réigiúnach Oirthir agus Lártíre, agus Oifig Fiontair Áitiúil na Comhairle chun Lú a chur chun cinn mar phríomháit chun infheistíocht gheilleagrach a dhéanamh agus tacú le tionscnaimh fostaíochta agus chun deiseanna fostaíochta a uasmhéadú laistigh den Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 5** | Chun obair go dlúth leis an IDA agus gníomhaireachtaí eile chun infheistíocht dhíreach iasachta a chur chun cinn agus a áisiú i Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 6** | Chun comhoibriú agus obair i gcomhar le gníomhaireachtaí bonneagar lena n-áirítear Uisce Éireann, Líonraí Gáis Éireann, Líonraí BSL, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompar Éireann, agus Oifig na nOibreacha Poiblí chun tionscadail bhonneagair a shainaithint agus a chur ar aghaidh a theastaíonn le forbairt gheilleagrach a áisiú sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 7** | Chun dul i ngleic leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, Oifig Fiontair Áitiúil, Fóram Geilleagrach Lú agus páirtithe leasmhara éagsúla chun tacú le cur i bhfeidhm Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Forbairt Pobail 2016-2021 agus Pleananna ar bith eile ina dhiaidh sin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 8** | Chun obair a chur chun cinn in Oifig Fiontair Áitiúil an Lú chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus do mhicrifhiontair sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 9** | Chun leanúint ag cur comhoibriú agus comhpháirtíochtaí chun cinn idir gnólachtaí agus grúpaí tionscail agus DkIT a thabharfaidh spreagadh do thaighde agus d'fhorbairt agus a chuirfidh breisoideachas agus deiseanna oiliúna ar fáil d'oibrithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 10** | Chun comhoibriú agus obair i gcomhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla sna Ceantair Thoir agus Lártíre agus Thuaidh agus Thiar chun infheistíocht gheilleagrach a áisiú agus tionscail a ghineann fostaíocht agus geilleagar uile-oileáin a fhorbairt. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 11** | Chun dul i ngleic le gníomhaireachtaí Rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann chun cláir agus tionscnaimh gheilleagracha a thacaíonn le comhoibriú agus forbairt gheilleagrach thrasteorann. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 12** | Chun tacú le forbairt bhonn geilleagrach láidir go háirithe fad le conair gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste a fhaigheann tacaíocht ó fhiontair, nuálaíocht agus scileanna, agus caighdeán comhshaoil a chaomhnú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 13** | Chun tacú le gnólachtaí agus fiontair, i gcomhréir le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara lena n-áirítear an IDA, Fiontraíocht Éireann, Oifig Fiontair Áitiúil na Comhairle, mar fhreagra ar dhúshláin agus ar éiginntí a bhaineann le haistarraingt na Ríochta Aontaithe ón AE. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 14** | Chun a chinntiú go bhfuil tailte aimsithe atá leordhóthanach agus sainaitheanta le húsáid mar fhiontair agus thionscail sa Chontae de réir ainmniú gach lonnaíocht sa Ghrádlathas Lonnaíochta a thabharfaidh tacaíocht d'infheistíocht agus fás fostaíochta geilleagrach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 15** | Chun soláthar réimse aonaid fostaíochta agus fiontair a chur chun cinn agus a áisiú ar mhéid, scála agus leagan amach difriúla a chuirfidh rogha ar fáil d'áiseanna den sórt sin chun freastail ar riachtanais na n-earnálacha fiontair agus fostaíochta sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 16** | Chun deiseanna neamhionchasacha a áisiú agus tacú leo tairiscintí bailí maidir le forbairt fiontair a thagann chun cinn ina bhfuil tiomántóirí suímh láidre ann nach mbaineann leis an réim chéanna in áit eile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 17** | Chun pobail tharraingteacha, sláintiúla agus inbhuanaithe a aithint a bhfuil ról bunúsach acu i rath geilleagrach a chur ar fáil agus chun infheistíocht iasachta agus intíre a mhealladh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 18** | Chun aonaid fholmha agus thearcúsáidte tionsclaíochta, fiontair, déantúsaíochta agus ollstórála a spreagadh agus a áisiú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 19** | Chun suíomhanna a aithint sa Chontae do ghníomhaíochtaí fiontair difriúla lena n-áirítear aonaid tionscnaimh/goradáin, forbairt ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, micrifhiontair agus gnólachtaí idirnáisiúnta agus bardais. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 20** | Chun buntáistí geilleagracha agus fostaíochta a aithint d'fhiontair comhchosúla a chnuasaíonn i gceantar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 21** | Chun tacú le cur i bhfeidhm an choincheapa de 'speisialtóireacht chliste' mar chuid de Straitéis Gheilleagrach Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
Tá Dún Dealgan suite go straitéiseach le fad na Conaire Geilleagraí Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste le nascacht iontach bóithre agus iarnróid chuig an dá chathair. Tá sé ainmnithe mar Lárionad Fáis Réigiúnach san RSES. Is éasca teacht ar an mbaile agus tharraing sé infheistíocht shuntasach le blianta beaga anuas. Tá an baile ag baint tairbhe as Institiúid Theicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT) atá suite ar an deisceart, a mheallann mic léinn ón taobh ó thuaidh thoir den réigiún. Tá scéim Cheantar Feabhsaithe Gnó (BID) i bhfeidhm i nDún Dealgan. Is eagraíocht sheachbhrabúsach í an scéim chun timpeallacht lárbhaile fáilteach inmharthana go geilleagrach a chruthú.

Ar an mbailiúchán de 1,200 gnó i lár an bhaile, a oibríonn i gcomhar le páirtithe leasmhara, chun cur le tarraingteacht lár an bhaile mar áit chun siopadóireacht, áineasa agus forbairt gnó a dhéanamh trí líon na gcustaiméirí a mhéadú agus feabhas a chur ar a fheidhmiú trádála.

Tá líon príomhshuíomhanna athfhorbartha laistigh de lár an bhaile, a chuireann an deis ar fáil cur níos mó le lár an bhaile. Tá líon sráideanna siopadóireachta ar an mbaile chomh maith lena n-áirítear Sráid Chlann Bhreasail agus Sráid na Páirce a chuireann réimse maith de shiopaí éadach neamhspleácha ar ardleibhéil ar fáil.

Tá Cearnóg an Mhargaidh athghinte le blianta beaga anuas agus cuireann sé spás poiblí tarraingteach ar fáil d'ócáidí sóisialta agus d'fhéilte.

Leanann Ionad Siopadóireachta Marshes ag mealladh réimse leathan de mhiondíoltóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus Páirc Mhiondíola Dhún Dealgan ar an bpríomhsprioc d'earraí siopadóireachta toirtiúla. Baineann dúshláin laistigh den timpeallacht mhiondíola, go háirithe maidir le háiteanna fágtha agus leathadh aonaid mhiondíola seirbhíse agus ord níos lú laistigh de chroílár miondíola.

Cuireann an Straitéis Mhiondíola atá in éineacht le hAguisín 4, Imleabhar 3 don Phlean seo níos mó sonraí ar fáil maidir le timpeallacht mhiondíola laistigh de Dhún Dealgan.

### 5.23.3 Spás Urláir Bhreise

Tá gá le Straitéisí Miondíola chun measúnú leathan den spás urláir bhreise a bhfuil gá leis i gcontaetha a chur ar fáil i saolré a straitéise. Tá an riachtanas maidir le spás urláir bhreise laistigh de Chontae Lú leagtha amach sa Straitéis Mhiondíola. Tá an riachtanas spás urláir measta i gcomhréir leis na hathruithe den daonra, réamh-mheastacháin daonra, eolas tugtha cothrom le dáta ar chaiteachas, spás urláir miondíola trádála agus spás urláir miondíola neamhshealbhaithe.

Leagann sé amach treoir leathan ar an gcineál agus an méid de spás urláir a mbeidh gá leis chun freastail do chaiteachas breise le linn amscála na Straitéise agus suas go dtí 2030.

Tá achoimre de na riachtanais spás urláir leagtha amach i dTábla 5.3. Leagann Tábla 5.4 amach an cumas táscach do spás urláir bhreise a bheadh áisiúil, comparáideach agus comparáideach go toirtiúil sna bailte Droichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia suas go dtí 2027 agus 2030.

Tá an chainníocht féideartha maidir le spás urláir do gach baile faoi réir ag lonnaíocht agus grádlathas miondíola den Chontae agus tá sé i gcomhréir le spriocdhaonra de na lonnaíochtaí a luadh cheana i 2027. Faoi réir ag na Treoirlínte Pleanála Miondíola, tá na riachtanais tháscacha do spás urláir atá leagtha amach sna táblaí thíos le cur san áireamh mar threoir leathan maidir le candam breise de sholáthar spás urláir. Níor chóir candam spás urláir a mheas mar uastheorainneacha nó íostheorainneacha, mar tháscach de scála an spás urláir nua atá riachtanach chun díriú ar riachtanais an daonra agus an chaiteachais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo sa Chontae.

D'fhéadfadh aon spás urláir bhreise a mholtar dul in ionad spás urláir mhiondíola atá as dáta nó curtha isteach go dona. Sa chás go gcuirtear iarratas pleanála isteach d'fhorbairt mhiondíola, nach bhfuil de réir an scála a leagadh amach sa straitéis mhiondíola, tá an fhreagracht ar an iarratasóir a chruthú don Údarás Pleanála nár bhain an fhorbairt ón mbeogacht nó ón inmharthanacht i lár an bhaile.

**Tábla 5.4 Riachtanais Spás Urláir Táscach do Chontae Lú**

| Bliain | Áisiúlacht ($m^2$) | Comparáid ($m^2$) | Comparáid Toirtiúil ($m^2$) |
|---|---|---|---|
| **2027** | 6479 | 4749 | 2098 |
| **2030** | 8039 | 11242 | 5849 |

**Tábla 5.5: Féidearthacht Spás Urláir Táscach trí Lonnaíocht - 2027**

| 2027 | Áisiúlacht ($m^2$) | Comparáid ($m^2$) | Comparáid Toirtiúil ($m^2$) |
|---|---|---|---|
| **Droichead Átha** | 3060 | 2243 | 1043 |
| **Dún Dealgan** | 2696 | 1976 | 919 |
| **Baile Átha Fhirdhia** | 399 | 292 | 136 |
| **An chuid eile den Chontae** | 324 | 238 | - |

**Tábla 5.6: Féidearthacht Spás Urláir Táscach trí Lonnaíocht - 2030**

| 2030 | Áisiúlacht ($m^2$) | Comparáid ($m^2$) | Comparáid Toirtiúil ($m^2$) |
|---|---|---|---|
| **Droichead Átha** | 3797 | 5310 | 2908 |
| **Dún Dealgan** | 3345 | 4678 | 2562 |
| **Baile Átha Fhirdhia** | 495 | 692 | 379 |
| **An chuid eile den Chontae** | 402 | 562 | - |

## 5.24 CUR CHUIGE LÁR AN BHAILE AR DTÚS

Aithníonn Cur Chuige Lár an Bhaile ar dTús tábhacht chur chuige iomlán, trasearnála agus comhoibritheach, agus de dhaoine atá ag maireachtáil i lár an bhaile. Leagann sé sláinte lárionaid an bhaile i gcroílár na cinnteoireachta. Treisíonn Cur chuige Lár an Bhaile ar dTús an gá atá le bheith in áiteanna atá faoi bhláth chun cónaí go maith ann agus teastaíonn cláir náisiúnta a thabhairt isteach chun lár na mbailte a athbheochan ar scálaí difriúla. Teastaíonn cur chuige comhoibritheach agus straitéiseach ón gcur chuige seo chun ár mbailte agus ár sráidbhailte a athghiniúint. Cuireann áiteanna fágtha deiseanna ar fáil do mhiondíoltóirí athlonnú go lár na mbailte agus cur le hilghnéitheacht fhoriomlán den ionadaíocht mhiondíola agus is feidhm iad den chúrsa geilleagrach. Ach má bhíonn leibhéil ró-arda d'áiteanna fágtha is léir gur tearcfheidhmíocht ghaolmhar é de lár an bhaile nó croílár an mhiondíola. Tacóidh an Chomhairle ullmhúchán agus cur i bhfeidhm Phleananna Athnuachana Lár an Bhaile do Dhroichead Átha agus Dún Dealgan tríd an chreat náisiúnta do 'Athnuachan Lár an Bhaile' a chur i bhfeidhm ina bhfuil trí chroíghné:

- Seiceáil Sláinte Lár an Bhaile;
- Foirne Baile a Bhunú; agus
- Plean Lár an Bhaile a Ullmhú.

Lorgaíonn an Chomhairle a chinntiú go mbeidh lár an bhaile níos tarraingtí agus go mbeidh timpeallachtaí níos glaise ann, atá báúil le haois, éasca teacht orthu, inléite agus a thugann muinín do dhaoine cuairt a thabhairt ar na hionaid seo agus cónaí ann. Lorgaíonn an Plean seo ar lár an bhaile dul i ngleic le clár oibre carbóin ar nialas agus athrú aeráide a mhaolú agus ag tógáil geilleagar áitiúil atá seasmhach agus cuimsitheach.

Agus ag cur an timpeallacht mhiondíola a bhíonn ag athrú san áireamh, tá gá le cur chuige nua chun cabhrú le hathbheochan lár an bhaile.

Tacóidh an Plean seo le cur chuige iltoiseach chun lár an bhaile a ath-fhuinniú agus a athbheochan.

Áirítear tacaíocht do ghnólachtaí difriúla a ligfidh do lár an bhaile a bheith mar cheann scríbe ilfheidhmiúil a chuireann úsáidí seirbhísí, fóillíochtaí, cultúrtha, sibhialta agus cónaitheacha ar fáil.

Tá cuid den straitéis iltoiseach seo ag tabhairt daoine ar ais chuig lár an bhaile, trí mhaireachtáil lár an bhaile a áisiú, go háirithe sna hurláir uachtaracha d'fhoirgnimh. Áireofar an athúsáid nó oiriúnú d'fhoirgnimh atá folamh nó nach bhfuil in úsáid mórán.

D'fhéadfadh forbairt chónaitheach a mheas ar leibhéal bunurláir i gcásanna áirithe nó áiteanna ina bhfuil áiteanna fágtha ar leibhéal marthanach thar thréimhse fhada. Is iondúil go mbeadh sé sin ar thailte lasmuigh de chroílimistéar lár na mbailte. Maidir le soláthar lóistín den sórt sin, ní éascófar é ach amháin i gcásanna a léirítear go gcuirfeadh an fhorbairt le ról lár an bhaile mar 'cheann scríbe' do ghníomhaíochtaí tráchtála, sóisialta, nó cultúrtha.

Leanfaidh an Chomhairle ag cur soláthar agus nuachóiriú lóistín cónaitheach chun cinn os cionn áitribh tráchtála nó mhiondíola, laistigh de chroílimistéar miondíola de bhailte agus de shráidbhailte, chun beogacht lár na mbailte a fheabhsú. Beidh an méid sin faoi réir ag soláthar lóistín ar chaighdeán maith le rochtain ar leith atá sábháilte ón tsráid agus an chosaint ar áiseanna cónaitheacha ó choinbhleacht féideartha le húsáidí eile.

Agus ag spreagadh úsáid chónaitheach na n-urlár uachtarach d'áitribh thráchtála i limistéir thráchtála/mhiondíola bunaithe de Dhroichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia, measfaidh an Chomhairle dispeansáidí féideartha ó ghnáthchaighdeáin, chun 'Maireachtáil os cionn an tSiopa' a áisiú a chuirfidh go dearfach le hathnuachan limistéir, ar an gcoinníoll nach bhfuil tionchar diúltach ag na mionathruithe molta ar áiseanna físiúla nó an sráid-dreach atá ann faoi láthair.

• D'fhéadfadh sé go dtabharfar maolaithe d'áitribh thráchtála níos sine i gcásanna oiriúnacha maidir le spás oscailte príobháideach, páirceáil, agus caighdeáin de mhéid an aonaid;

• D'fhéadfadh sé go dtabharfar maolaithe do pháirceáil carranna i láithreacha baile/lárnacha reatha faoi dhiscréid na nÚdarás Pleanála.

Féach freisin Roinn 3.7 'Maireachtáil i Lár an Bhaile' i gCaibidil 3 - 'Tithíocht' chun níos mó sonraí a fháil maidir le hathúsáid na bhfoirgneamh reatha i lár na mbailte d'fhorbairt cónaitheacha.

## 5.25 Measúnú ar Mholtaí maidir le Forbairt Mhiondíola

De réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola agus Grádlathas Miondíola an RSES don cheantar, cuireann Grádlathas Miondíola an Chontae creatbheartas straitéiseach ar fáil do dháileadh spásúlachta d'fhorbairt miondíola nua. Ba chóir forbairtí miondíola nua ar scála suntasach a spriocdhíriú go príomha laistigh den chroílimistéar miondíola de Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 mar a aithníodh laistigh de Straitéis Mhiondíola Lú.

Ní mheasfar forbairt mhiondíola ar scála suntasach lasmuigh den chroílimistéar miondíola ach i gcásanna eisceachtúla, sa chás go bhfuil na hÚdaráis Phleanála sásta nach bhfuil aon láthair eile ar fáil agus go bhfuil an fhorbairt riachtanach chun freastail ar riachtanais an cheantair.

Ba chóir go mbeadh forbairt miondíola nua i Leibhéal 4 & Leibhéal 5 ar scála oiriúnach chun freastail ar riachtanais mhiondíola áitiúla amháin. Tá an Cur Chuige Seicheamhach atá leagtha amach sna *Treoirlínte Pleanála Miondíola 2012* curtha i bhfeidhm chun iarratais a mheas d'fhorbairtí miondíola nua.

Aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile agus na sráidbhailte. Ní mór go gcomhlíonfaidh iarratais phleanála do mholtaí forbartha miondíola, lena n-áirítear leathnú nó athrú ábhartha d'úsáid na bhforbairtí reatha (mar a tugadh isteach sna Treoirlínte Pleanála Miondíola 2012), leis na critéir d'úsáid, méid, scála agus inrochtaineachta oiriúnacha. Caomhnóidh an méid sin tábhacht mhiondíola i lár an bhaile agus cosnóidh sé inmharthanacht agus beogacht i lár an bhaile laistigh den chontae.

Maidir leis an ardréim físeach miondíola aithneofar é laistigh den bhaile nó den sráidbhaile.

Mar sin, ní mór go mbeadh caighdeán ard deartha i gceist le haghaidh gach fhorbairt miondíola nua sna láithreacha seo.

Spreagfaidh an tÚdarás Pleanála forbairtí a chuirfidh le beogacht agus go dearfa le lár an bhaile. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála chun cinn meascán feiliúnach d'úsáidí laethúla agus oíche laistigh de na láithreacha seo. D'fhéadfadh úsáidí tráchtála, sóisialta, cónaitheacha, sibhialta, cultúrtha agus fóillíochta a bheith san áireamh anseo.

I gceantair ina bhfuil leibhéil mharthanacha d'áiteanna miondíola fágtha, measfaidh an Chomhairle úsáidí ailtéarnacha ar leibhéal bunurláir, a d'fhéadfaí a mheas in éineacht le miondíol.

Tá soláthar d'áiseanna stórála rothaíochta atá slán riachtanach chun tacú le rothaíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt mar mhodh iompair inbhuanaithe.

Meastar gur príomhghné é áiseanna stórála rothaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil i gceannphointí d'aon straitéis dírithe ar rothaíocht a spreagadh. Cuirfear páirceáil rothaíochta ar fáil d'aon fhorbairt miondíola nua de réir na gcaighdeán atá leagtha amach i gCaibidil 13, Tábla 13.12 den Phlean.

### 5.25.1 Miondíolachán ar Ísealaicme

Agus iarratais phleanála a mheas do mhiondíolachán ar ísealaicme lena n-áirítear Siopaí Geallghlacadóirí, Stuaraí Siamsaíochta, Casaíní agus Siopaí Vápála, beidh na meastacháin seo a leanas san áireamh:

- An riachtanas beogacht agus marthanacht a chosaint den chroílimistéar aitheanta agus chun meascán feiliúnach d'úsáidí miondíola a choinneáil;
- An leathadh d'áiseanna reatha den sórt sin sa limistéar;
- Éifeacht na n-áiseanna sa limistéar a ardaítear ó thorann, uaireanta oibre agus bruscar;
- Cóireáil a bhaineann le fógraíocht aghaidh shiopa agus taispeántais fhuinneoige.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 64** | Timpeallacht miondíola iomaíoch a chur chun cinn laistigh de Chontae Lú agus chun beogacht agus marthanacht lár an bhaile agus na sráidbhailte a chaomhnú agus a ról mar chroílimistéir mhiondíola. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 65** | Chun athúsáid agus athbheochan na n-aonad agus na n-áitreabh fágtha (agus tréigthe) laistigh de lár an bhaile agus den sráidbhaile agus athrú a mheas in iarratais úsáidí bunaithe ar ghradam agus rannpháirtíocht iomlán ar bheogacht lár an bhaile agus geilleagar an lae agus an oíche. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 66** | Maidir le hiarratais d'fhorbairt mhiondíola a chinntiú go gcomhlíonann siad le forálacha Straitéis Mhiondíola Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 67** | Chun tacú le hiarratais phleanála go ginearálta a mholann úsáidí comhlántacha nach miondíol iad i limistéir lár an bhaile, ina bhfuil leibhéil mharthanacha d'áiteanna fágtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 68** | Chun croílimistéar miondíola a chur chun cinn mar phríomhionad siopadóireachta nó forbairtí seirbhíse sa limistéar seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 69** | Diúltú go ginearálta d'athrú úsáide ó mhiondíol nó ó sheirbhís (lena n-áirítear bainc agus institiúidí comhchosúla le seirbhísí thar an gcuntar) go húsáid nach miondíol nó seirbhís iad ar leibhéal bunurláir i limistéir ina bhfuil soláthar miondíola láidir ann cheana féin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 70** | Chun tacú le 'Cur Chuige Lár an Bhaile ar dTús' agus bunú aon tionscnamh do lár an bhaile a lorgaíonn an cur chuige seo a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 71** | Chun tacú le bunú Fhoireann Bainistíochta Lár an Bhaile ó Chomhairle Contae Lú do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 72** | Chun timpeallachtaí lár an bhaile slán agus glan a chruthú a thugann misneach do dhaoine cuairt a thabhairt ar na hionaid. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 73** | Chun tacú le forbairt Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha agus mar phríomhláithreacha d'fhorbairt mhiondíola amach anseo, agus chun tacú le Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire mar Lárionaid Fháis Féinchothabhála agus an fheidhm mhiondíola de lonnaíochtaí eile, ar coimhéid le riachtanais ginte go háitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 74** | Chun soláthar na n-ionad miondíola áitiúil a chur chun cinn a dhéanann freastail ar dhaonraí beaga, logánta i limistéir chónaitheacha nua, ar coimhéid le riachtanas ginte go háitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 75** | Feabhas a chur chun cinn den timpeallacht agus de réimse poiblí lár an bhaile agus an tsráidbhaile trí dhearadh, tírdhreachtú, troscán sráide, soghluaisteacht a fheabhsú trí bhainistíocht tráchta, agus comhoibriú le Coistí na mBailte Slachtmhara agus grúpaí pobail eile chun scéimeanna feabhsúcháin timpeallachta a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 76** | Comhlaí slándála a fháil ar aghaidheanna siopaí (más gá) le bheith feiceálach agus leagtha taobh thiar d'fhuinneoga gloiniú ar aghaidh an tsiopa nó réitigh nuálaíochta a mheas lena n-áirítear sciatha fuinneoga iarann buailte traidisiúnta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 77** | Chun soláthar agus nuachóiriú lóistín cónaitheach a chur chun cinn os cionn áitribh tráchtála i mbailte agus i sráidbhailte chun beogacht a n-ionad a fheabhsú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 78** | Chun aghaidheanna siopaí fíréanta agus traidisiúnta agus dearthaí comhaimseartha ar chaighdeán maith a chaomhnú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 79** | Maidir le Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta: Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála 2011 (DAHLG) agus aon treoirlínte ina dhiaidh sin, agus iarratais á meas d'aghaidheanna siopa ar struchtúr cosanta nó i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAanna). |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 80** | Chun úsáid dallóga a spreagadh, más gá, ar éadan aghaidh an tsiopa ionas gur féidir iad a aistarraingt nuair nach bhfuil siad in úsáid. Ní thabharfar spreagadh do cheannbhrait cuartha ná Ollanacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **GF 81** | Chun a chinntiú go bhfuil gach forbairt comharthaíochta in oiriúint leis an gcritéir agus na treoir measúnaithe ábhartha atá leagtha amach laistigh de Threoirlínte Bainistíocht Forbartha (Caibidil 13) den Phlean seo mura bhfuil sé sa Phlean Limistéar Áitiúil/Uirbeach. |

# Turasóireacht

## Caibidil 6

‘Chun tacú le forbairt turasóireachta inbhuanaithe agus chun an rannpháirtíocht turasóireachta a neartú maidir leis na pobail áitiúla, cultúr agus geilleagar an Chontae. Chun leanúint le ról na turasóireachta a fhorbairt agus chun earra turasóireachta ilghnéitheach ar ardchaighdeán a fhorbairt ar fud an Chontae ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.’

# 6 TURASÓIREACHT

## 6.1 RÉAMHRÁ

Tá earra láidir turasóireachta ag Lú le hacmhainn shuntasach fáis. Tá go leor le tairiscint ag an gContae mar cheannphointe turasóireachta, go háirithe a thimpeallacht nádúrtha gan mhilleadh, a oidhreacht shaibhir agus éagsúil agus neart nithe is díol spéise cultúrtha agus de dhéantús an duine. Tá réimse leathan lóistín ar chaighdeán maith sa Chontae agus tá sé suite ar comhfhad ó aerfort Bhaile Átha Cliath agus ó aerfort Bhéal Feirste.

Bhí ról suntasach ag turasóireacht sa téarnamh geilleagrach le blianta beaga anuas agus tá sé bunúsach i dtéarmaí na ndeiseanna a chuirtear ar fáil do ghnólachtaí agus d'fhostaíocht ar fud na Tíre. Tá sé i measc na n-earnálacha is mó tábhacht i ngeilleagar na hÉireann, ina bhfuil 300,000 duine fostaithe agus a ghineann na billiúin euro in ioncam.

Tá turasóireacht ar cheann de na hearnálacha is mó agus is tábhachtaí den gheilleagar náisiúnta, a chruthaíonn fostaíocht do thuairim is 260,000 duine, rannpháirtíocht gheilleagrach de €7.8 billiún (gan admhálacha iompróirí a áireamh), agus ioncam státchiste de €1.8 billiún, a thugann maoiniú do sheirbhísí poiblí eile. Maidir le Contae Lú, léiríonn figiúirí Fháilte Éireann go bhfuil 1% de chuairteoirí thar lear a fhanann thar oíche i Lú ag giniúint sciar chomhchosúil den ioncam.

De réir fhigiúirí an CSO, bhí an líon iomlán de thurais go hÉirinn ó chuairteoirí thar lear i 2019 ardaithe 1.8% ó 2018. Ach bhí tionchar tromchúiseach ag an bpaindéim Covid-19 ar an earnáil turasóireachta agus ar na srianta taistil ina dhiaidh sin ó agus go dtí Éire agus laistigh d'Éirinn. Bhí turasóireacht ar cheann de na chéad earnálacha a bhí buailte ag srianta na paindéime agus is cosúil go mbeidh sé ar an gceann deireanach ag teacht as an éigeandáil. Tógfaidh sé roinnt blianta ar an earnáil turasóireachta teacht as an méid a cailleadh le linn na paindéime Covid-19.

Ó seoladh é i 2015, tá Fáilte Éireann ag margaíocht 'Sean-Oirthear na hÉireann' mar cheann scríbe turasóireachta.

Tá tionscnamh Sean-Oirthear na hÉireann, ina bhfuil Contae Lú, deartha chun ligean do chuairteoirí na sraitheanna ama a tharraingt siar agus dul ar an mbóthar chun taitneamh a bhaint as taithí na mílte bliain de stair. Dírítear ar shaibhreas na nithe is díol spéise cultúrtha agus oidhreachta sa cheantar.

Beidh gá le forbairt na hearnála turasóireachta don todhchaí a chaipitliú ar shuíomh uathúil Chontae Lú maidir le Gleann na Bóinne agus na Ceantair Mhúrn/Chuaille/Sliabh gCuillinn.

Ní mór tairbhe a bhaint astu ar bhealach cothrom chun acmhainní an Chontae a chosaint ar dhíobháil agus ar rófhorbairt.

## 6.2 COMHTHÉACS BEARTAIS

### 6.2.1 Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020, (Oifig Thurasóireachta Ghleann na Bóinne 2016)

Tá an comhchruinniú is mó de shócmhainní oidhreachta náisiúnta in Éirinn i gceantar turasóireachta Ghleann na Bóinne de Chontae Lú agus na Mí. Tá Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Bhrú na Bóinne lonnaithe anseo.

Tá *Straitéis 2016-2020* deartha chun díriú ar réimsí fáis féideartha, príomhthionscadail a aithint a fheidhmíonn mar spreagadh d'fhorbairt turasóireachta agus a thugann turasóireacht Ghleann na Bóinne go dtí an chéad leibhéal eile.

Tá Turasóireacht Ghleann na Bóinne mar phríomhcheann scríbe ionadaí ar chomhlacht margaíochta agus tacaíochta. Ach baineann rath ar an bplean le cur chuige comhchoiteann leis an trádáil turasóireachta agus le páirtithe leasmhara eile.




Leagann an Straitéis amach bealach do Ghleann na Bóinne a bheith mar cheann scríbe ar thús cadhnaíochta in Éirinn bunaithe ar chur chuige ceann scríbe comhoibritheach agus fócas ar theacht isteach ar infheistíocht margaíochta.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 1** | Chun comhoibriú le gach páirtí leasmhar chun '*Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020*' a chur i bhfeidhm, agus aon straitéis ina dhiaidh sin a foilsíodh le linn shaolré an Phlean seo. |

### 6.2.2 Daoine, Áit agus Beartas - Turasóireacht faoi Bhláth go 2025 (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt 2019)

Is creat beartais é *Daoine, Áit agus Beartas - Turasóireacht faoi Bhláth go 2025* chun forbairt a dhéanamh ar thurasóireacht laistigh den Tír. Bunaíonn an creat na cuspóirí turasóireachta iomlána den Rialtas:

- Beidh fostaíocht san earnáil turasóireachta thart ar 250,000 faoi 2025, i gcomparáid le thart ar 200,000 atá ann faoi láthair;
- Beidh 10 milliún cuairt ar Éirinn go bliantúil faoi 2025; agus
- Sroichfidh ioncam turasóireachta thar lear €5 billiún i ndáiríre faoi 2025.

### 6.2.3 Forbairt agus Nuálaíoch Turasóireachta - Straitéis Infheistíochta 2016-2022, (Fáilte Éireann, 2016)

Leagann an *Straitéis um Fhorbairt agus Nuálaíoch Turasóireachta* amach straitéis a bheidh bunaithe ar thoradh agus aithneoidh sé na cineálacha tionscadal le hinfheistiú ann a bhainfidh amach na torthaí seo, seachas tionscadail nó suíomhanna infheistíochtaí ar leith.

Chun nuálaíoch a spreagadh agus chun iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú, tá Ciste um Fhorbairt agus Nuálaíoch Turasóireachta suntasach nua seolta ag Fáilte Éireann a bheidh mar phríomhfhoinse mhaoinithe san earnáil sna cúig bliana amach romhainn.

Leagann an straitéis amach an creat agus an mheicníocht chun infheistíocht a chur chun cinn sna cathracha, bailte, sráidbhailte, pobail agus gnólachtaí ar fud na Tíre.

Aithníonn sé na tosaíochtaí a thacaíonn le nuálaíoch san earnáil chun iomaíochas na Tíre a choimeád agus a fhás san áit mhargaidh.Tá sé mar aidhm bhunaidh tarraingteacht na hÉireann a neartú do chuairteoirí idirnáisiúnta.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna straitéiseacha den Straitéis um Fhorbairt agus Nuálaíoch Turasóireachta:

- Taithí cuairteoirí den chéad scoth a chur ar fáil go leanúnach;
- Tacú le hearnáil turasóireachta atá brabúsach agus a bhaineann amach leibhéil inbhuanaithe fáis agus a chuireann jabanna ar fáil;
- Pobail a áisiú chun ról feabhsaithe a imirt i bhforbairt turasóireachta ina dhúiche féin, agus pobail áitiúla a neartú agus a fheabhsú mar sin; agus
- Timpeallacht nádúrtha na hÉireann a aithint, agus a chur leis agus a luach a aithint mar chloch coirnéile thurasóireacht na hÉireann.

### 6.2.4 Straitéis Spásúlachta agus Geilleagrach Réigiúnach, 2019-2031

Leagann an *Straitéis Spásúlachta agus Geilleagrach Réigiúnach (RSES*) béim ar thábhacht na turasóireachta do gheilleagar an cheantair agus lorgaíonn sé tacú le Fáilte Éireann níos mó buntáistí turasóireachta a chur ar fáil don cheantar.

Tá béim ar an acmhainn oidhreachta agus turasóireachta suntasach de Dhroichead Átha atá leagtha amach san RSES, laistigh den bhaile féin ina bhfuil a oidhreacht uirbeach shaibhir soiléir sa tseandálaíocht agus san ailtireacht laistigh de chroílár stairiúil an bhaile, agus mar gheata freisin do láithreacha oidhreachta lasmuigh den bhaile i nGleann na Bóinne.

Tá Abhainn na Bóinne aitheanta mar an áis nádúrtha is tábhachtaí de Dhroichead Átha le hacmhainn na habhann mar phointe fócais do na tionscadail athghiniúna a bhfuil béim orthu.

Maidir leis na buntáistí a bhaineann le forbairt ar fhearainn pháirce in iarthar an bhaile, a chuideodh le naisc chuig Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne, tá an méid sin aitheanta freisin. Cuireann Cuspóir Beartais Réigiúnach 4.15 sonraí ar fáil chun Droichead Átha a chur chun cinn mar lárionad turasóireachta.

### 6.2.5 Plean Gníomhaíochta Turasóireachta & Oidhreachta Chontae Lú 2016-2021

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Turasóireachta & Oidhreachta Chontae Lú 2016-2021 mar chuid d'Fhóram Geilleagrach Lú Plean Gníomhaíochta Geilleagraí 10 bPointe.

Bunaíodh tascghrúpaí chun na limistéir seo a thiomáint lena n-áirítear Turasóireacht agus Oidhreacht.

Chuaigh Fóram Geilleagrach Lú i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar leibhéal Réigiúnach agus Áitiúil, chun a chinntiú go bhfuil an *Plean Gníomhaireachta Turasóireachta agus Oidhreachta* i gcomhréir le straitéisí turasóireachta Náisiúnta agus Réigiúnach, agus chun comhpháirtíocht tionscail a bharrfheabhsú a bhfuil taca curtha faoi chur chuige Fhóram Turasóireachta agus Oidhreachta ón tús.

Lorgaíonn sé tairbhe a bhaint as deiseanna Lú agus cur leis na geilleagair áitiúla ar fud an Chontae. Chun an méid sin a bhaint amach, tá gá le cur chuige comhpháirtíochta idir Oifig Thurasóireachta Lú agus imreoirí ranna eile, lena n-áirítear Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann, agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann.

Tá sé mar fhís ag an bPlean Gníomhaíochta líon na gcuairteoirí a mhéadú sa cheantar trí oibriú i gcomhar le páirtíocht chun taithí turasóra inbhuanaithe den chéad scoth a fhorbairt. Tá an fhís seo bainte amach le:

- Líon na n-oícheanta leaba agus 'am fanachta' a mhéadú chun níos mó ioncaim turasóireachta a ghiniúint, fostaíocht turasóireachta a chruthú agus cur le geilleagair áitiúla;
- Maoiniú ioncaim a uasmhéadú chun buntáiste tráchtála agus fás turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach;
- Margaíocht a dhéanamh ar láidreachtaí oidhreachta, ealaíon agus cultúrtha agus iad a chur chun cinn; agus
- Tairbhe a bhaint as clú 'Glas' an chontae, a shárthimpeallacht agus a ghníomhaíochtaí áineasa, spóirt agus eile.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 2** | Chun tacú le cur i bhfeidhm 'Phlean Gníomhaíochta Turasóireachta & Oidhreachta Chontae Lú' agus aon phlean ina dhiaidh sin a foilsíodh le linn shaolré an Phlean seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 3** | Chun tacú le cur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Aeráid Náisiúnta 2019, Cairt Gníomhaíocht Aeráide agus Straitéis Oiriúnaithe Athrú Aeráide Lú 2019-2024 trí bhearta athrú aeráid a shlánú i bpleananna turasóireachta amach anseo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 4** | Chun turasóireacht a chur chun cinn agus a áisiú mar cheann de na phríomhchrainn taca de gheilleagar an Chontae agus mórghineadóir fostaíochta agus tacú leis an soláthar de mhéadú suntasach riachtanach in áiseanna, nithe cuairteoirí is díol spéise agus feabhsúcháin in áiteanna poiblí chun lár na mbailte a chur chun cinn mar áiteanna tarraingteacha agus beoga do chuairteoirí. |

### 6.2.6 Grúpa Oibre Straitéiseach Ghleann na Bóinne

Tá Gleann na Bóinne mar chuid den straitéis ceann scríbe náisiúnta Fáilte Éireann. Tarraingíonn Gleann na Bóinne tionscail turasóireachta Chontae Lú agus Contae na Mí le chéile. Ó 2012, tá cur chuige comhoibritheach ag Comhairle Contae Lú agus na Mí maidir le turasóireacht, ina bhfuil an dá chomhairle ag obair ar scáth a chéile chun margaíocht a dhéanamh ar Ghleann na Bóinne agus é a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta.

Ceapadh Oifigeach Forbartha Thurasóireacht Ghleann na Bóinne chun obair go dlúth leis na páirtithe leasmhara chun ceann scríbe Ghleann na Bóinne a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Bhunaigh Comhairle Contae Lú agus na Mí Grúpa Oibre Straitéiseach Ghleann na Bóinne le hionadaíocht ón turasóireacht agus ó na comhlachtaí ábhartha ar fud an dá Chontae, agus é mar aidhm straitéis nua a ullmhú chun forbairt turasóireachta a threorú.

Tá sé mar phríomhaidhm ag an straitéis seo Gleann na Bóinne a bheith mar ionad turasóireachta ar thús cadhnaíochta.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 5** | Chun tacú le hobair Ghrúpa Oibre Straitéiseach Ghleann na Bóinne agus a phríomhchuspóir Gleann na Bóinne a bheith mar ionad inbhuanaithe turasóireachta. |

### 6.2.7 Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne 2016-2021

Bunaíodh an fhorbairt ar Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne chun cur leis an obair mhaith a cuireadh tús leis sa Cheantar.

Ba é ceann de na crainn taca den straitéis ná líonra bia Lú/na Mí a chruthú, a thacaíonn le agus a éascaíonn le fás ar phobal bia áitiúil sa dá Chontae agus chun Ceantar Ghleann na Bóinne a fhorbairt mar Sheaimpín Bia laistigh de Shean-Oirthear na hÉireann.

Cé go bhfuil an straitéis faoi mhana Ghleann na Bóinne, tá sé scríofa le gach cuid den dá Chontae san áireamh, ar an mbonn nach n-aithníonn an turasóir ná an tomhaltóir teorainneacha tíreolaíocha.

Is í an fhís straitéiseach is mó a bhaineann le Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne 2016-2021 ná don cheantar, Gleann na Bóinne, a bheith aitheanta mar lárionad bia agus deoch náisiúnta ar thús cadhnaíochta agus a bheith chun cinn mar cheantar bia i Sean-Oirthear na hÉireann.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 6** | Chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne 2016-2021 agus aon phlean a fhoilseofar ina dhiaidh sin le linn shaolré an Phlean seo. |

### 6.2.8 Tionscadal Geo-thurasóireachta Mhúrn-Chuaille-Shliabh gCuillinn

Is tionscadal trasteorann é Tionscadal Geo-thurasóireachta Mhúrn-Chuaille-Shliabh gCuillinn a bhfuil sé mar aidhm aige ceann scríbe atá aitheanta a bheith iomaíoch, idirnáisiúnta mar cheann scríbe turasóireachta a bhaineann tairbhe as an tírdhreach álainn agus an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le ceantar Mhúrn-Chuaille-Shliabh gCuillinn, a chuireann feabhas ar bhonneagar cuairteora agus seirbhísí agus a ardaíonn feasacht den acmhainn nádúrtha seo.

Clúdaíonn an tionscadal na limistéir thalamh ard de cheantar Mhúrn Sárálainn Nádúrtha agus Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn chomh maith le leithinis Chuaille agus na limistéir mórthimpeall laistigh de Chontae Lú. Cuireann an tionscadal chun cinn na nithe uathúla den cheantar, a gheolaíocht agus a réimse ábhartha a bhaineann le seandálaíocht, miotaseolaíocht agus oidhreacht.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 7** | Chun na páirtithe leasmhara ábhartha a chur chun cinn agus comhoibriú leo chun forbairt a áisiú sa Tionscadal Geo-thurasóireachta Mhúrn Chuaille Shliabh gCuillinn. |

## 6.3 Nithe Turasóireachta is díol spéise laistigh de Chontae Lú

Áirítear réimse áiseanna agus nithe turasóireachta i gContae Lú, a leathnaíonn ar fud an chontae, ó Mhúrn/Cuaille/Sliabh gCuillinn go dtí ceantar Ghleann na Bóinne:

- Ceantair le limistéir sháráille nádúrtha agus limistéir ardscéimhe;
- Ceantar Ghleann na Bóinne: Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Bhrú na Bóinne agus Láithreán Chath na Bóinne;
- Láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta lena n-áirítear an Mhainistir Mhór agus Láithreán Oidhreachta Domhanda Sealadach Mhainistir Bhuithe;
- Ceantar Mhúrn/Chuaille/Shliabh gCuillinn a ionchorpraíonn an tionscadal Geo-thurasóireachta;
- Bailte le ballaí stairiúla i nDroichead Átha, i mBaile Átha Fhirdhia agus i gCairlinn;
- Tithe stairiúla agus tírdhreacha deartha;
- Staid Dhún Dealgan - rásraon capall uile aimseartha;
- Iascaireacht intíre agus mhara;
- Siúlóidí agus bealaí rothaíochta aitheanta;
- Gníomhaíocht eachaíochta;
- Galfchúrsaí ar ardchaighdeán;
- Os cionn 70 ciliméadar d'imeallbhord glan lena n-áirítear 3 láthair le brat gorm agus 1 láthair chósta glas (2019);
- Réimse de mhiondíoltóirí ilnáisiúnta agus neamhspleácha ar ardchaighdeán;
- Óstáin agus áiseanna comhdhála den chéad scoth;

- Féilte ealaíon, ceardaíochta agus bia;
- Áiteanna áineasa lena n-áirítear pictiúrlanna, tithe ósta, bialanna agus amharclanna; agus
- Deiseanna éaneolaíochta.

### 6.3.1 Féarbhealaí - Bealaí Siúlóide agus Rothaíochta

Is éard is féarbhealach ann ná conaire áineasa nó choisí le haghaidh turais gan inneall, a forbraíodh ar bhealach comhtháite, a chuireann leis an timpeallacht agus le caighdeán saoil na timpeallachta mórthimpeall. Rinneadh forbairt ar go leor féarbhealaí le fad línte iarnróid tréigthe, conairí fóntais nó spásanna oscailte líneacha nádúrtha eile cosúil le bruacha aibhneacha agus canálacha. Tá a bhforbairt le feiceáil in áiteanna scéimhe nach raibh rochtain ar choisithe ná ar rothaithe orthu cheana.

Tá móréilimh ar na conairí seo chun nós maireachtála níos gníomhaí a bheith ag duine agus cuireann siad go mór le tarraingteacht turasóireachta na limistéar.

Léiríonn figiúirí ó Fháilte Éireann go bhfuil claonadh suas suntasach i dtreo turasóireacht siúlóide agus rothaíochta in Éirinn.

Tháinig fás easpónantúil ar líon na dturasóirí a thagann go hÉirinn ar laethanta saoire shiúlóide agus rothaíochta le blianta beaga anuas, ó 371,000 i 2012 go 1.8 milliún i 2017.

Anuraidh, bhí 46% de lucht saoire go hÉirinn ag siúil nó ag rothaíocht mar chuid dá laethanta saoire. Má bhaintear tairbhe as acmhainn na hearnála turasóireachta seo d'fhéadfadh buntáistí geilleagracha suntasacha a bheith i gceist. Rinne Fáilte Éireann *Cás-staidéar Iarmharta Geilleagrach* i 2011 ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair i Maigh Eo agus fuarthas go raibh iarmhairt gheilleagrach mheasta de thart ar €6.3 milliún.

Léiríonn 50% de ghnólachtaí ar a raibh suirbhé déanta orthu go bhfuil méadú ar láimhdeachas gnó mar thoradh ar an nGlasbhealach.

D'fhoilsigh an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt '*Straitéis don Fhorbairt sa Todhchaí de Ghlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha*'.

Tá sé mar chuspóir ag an straitéis cabhrú le forbairt straitéiseach na nglasbhealaí go náisiúnta agus go réigiúnach sna hionaid chuí, atá tógtha ar an gcaighdeán oiriúnach, chun taithí mhaith a chur ar fáil do gach úsáideoir glasbhealaigh.

Ba chóir go gcuirfeadh moltaí maidir le forbairt glasbhealaigh/gormbealaigh i dtreo chosaint nó feabhsú an bhonneagair ghlais reatha agus aird a thabhairt mar is cuí do 'Ag Nascadh leis an Dúlra ar mhaithe le do Shláinte agus d'Fholláine', Tuarascáil Taighde EPA 2020. Is féidir breis eolais a fháil ar Ghlasbhealaigh i Roinn 7.5.11 de Chaibidil 7.

#### 6.3.1.1 Glasbhealach Mór an Oirthir

Tá an glasbhealach a tógadh le sainchuspóir idir Cairlinn agus Ó Méith mar chuid de 'Ghlasbhealach Mór an Oirthir' atá á fhorbairt faoi láthair idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Osclaíodh an Glasbhealach i 2013 a shíneann 6km ar fad, a úsáideann líne iarnróid tréigthe go príomha, idir Ó Méith agus Cairlinn.

Bhain os cionn 50,000 duine in aghaidh na bliana úsáid as an stráice de ghlasbhealach críochnaithe idir Cairlinn agus Ó Méith.

Ó shin, d'éirigh le Comhairle Contae Lú agus Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i gcomhpháirtíocht le chéile os cionn €3 milliún a urrú i maoiniú chun tionscadal Glasbhealaí trasteorann a shíneann 20km idir an tIúr agus Cairlinn a chríochnú.

Beidh Glasbhealach Loch Cairlinn, agus é críochnaithe, ag nascadh le Port an Dúnáin-an tIúr agus beidh fad iomlán de 52km i gceist de ghlasbhealach trasteorann a bheidh go hálainn, sábháilte agus tarraingteach.

#### 6.3.1.2 Glasbhealach na Bóinne

Agus é ag síneadh ó Pháirc San Doiminic ar bhruach thiar d'Abhann na Bóinne in aice leis an Droichead Síochána i nDroichead Átha, tógann Glasbhealach na Bóinne tú le fad na habhann gar do Dhroichead Cáblaí Mháire Mhic Giolla Íosa agus ansin le fad Canáil na Bóinne go dtí Ionad Cuairteoirí Chath na Bóinne ag an Seandroichead.

Tá sé beartaithe go sínfidh Glasbhealach na Bóinne thoir le fad inbhear na Bóinne go dtí Baile Uí Mhornáin (atá faoi ábhar iarratas Cuid 8 faoi láthair).

Baineann an áis siúlóide agus rothaíochta úsáid as cuid den chlárchosán chun acmhainn in aice na habhann a chur ar fáil a nascann lár bhaile Dhroichead Átha le hEastát an tSeandroichid, trí na rampair atá ann faoi láthair.

Tá líon comharthaí oidhreachta le fad na gclárchosán le heolas faoi mhiotaseolaíocht na hÉireann a bhaineann le Gleann na Bóinne.

Tá líon siúlóidí i bhféintreorú le taitneamh a bhaint astu trí pháirceanna ag láthair Chath na Bóinne, Eastát an tSeandroichid.

Tá sé d'acmhainn ag Glasbhealach na Bóinne tairbhe a bhaint as nádúr scéimhe an bhealaí ach freisin as a shócmhainní oidhreachta suntasacha laistigh dá phurláin.

Cuireann sé deis ar fáil d'eispéireas cuairteora uathúil agus difreáil i léiriú cuairteora de Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO i mBrú na Bóinne agus an chonair oidhreachta íocónach.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 8** | Chun forbairt a chur chun cinn agus a áisiú de bhealaí siúlóide agus rothaíochta sna hionaid chuí ar fud an Chontae ag úsáid naisc taistil tréigthe más indéanta.[1] |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 9** | Chun ionracas agus caighdeán scéimhe na mbealaí siúlóide agus rothaíochta reatha agus a suíomh a chosaint.[1] above |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 10** | Chun obair i gcomhar le húdaráis thadhlacha lena n-áirítear Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus Comhairle Contae na Mí chun conairí siúlóide agus rothaíochta nua a shíneadh agus a dhearadh, lena n-áirítear Glasbhealach Mór an Oirthir agus Glasbhealach na Bóinne. A chinntiú go bhfuil breithmheas d'iarmhairtí timpeallachta in éineacht le gach moladh agus go bhfuil cuntas iomlán de na hiarmhairtí diúltacha féideartha ar Shuíomhanna Eorpacha tríd an bpróiseas le haghaidh Measúnacht Chuí.[1] above |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 11** | Leanúint le forbairt ar líonra de ghlasbhealaí i gContae Lú de réir '*Straitéis don Fhorbairt sa Todhchaí de Ghlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha*'. |

[1] Beidh na beartais thuasluaite TUR 8 - 10 faoi réir chomhlíonadh gach beartas ábhartha an AE cosúil leis an Chreat-treoir Uisce agus na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga SEA & EIA.

### 6.3.2 Turasóireacht Oidhreachta

Tá réimse sócmhainní oidhreachta i gContae Lú, ó fhothracha stairiúla i Mainistir Bhuithe i ndeisceart an Chontae go dtí baile meánaoiseach le ballaí mórthimpeall i gCairlinn ó thuaidh den Chontae. Is cineál turasóireachta é Turasóireacht Oidhreachta lena mbaineann cuairt ar shuíomhanna stairiúla, tionsclaíochta nó nádúrtha, agus atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha de shuíomh. Tá sé aitheanta mar cheann de na gnéithe is mó fáis den tionscail turasóireachta agus ar cheann de na crainn taca, atá mar bhunús den tionscnamh Sean-Oirthear na hÉireann.

Is féidir le turasóireacht atá bunaithe ar shócmhainní oidhreachta de cheann scríbe deis bhreise a chur ar fáil chun an méid ama a chaitheann cuairteoirí sa chontae a mhéadú, mar aon le haitheantas cultúrtha a neartú trí ioncam a chruthú chun oidhreacht tógtha agus oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a thacú.

Tá oidhreacht agus cultúr saibhir agus éagsúil ag Contae Lú, atá mar bhunús den chuid is mó den tionscail turasóireachta sa Chontae.

Tá acmhainn turasóireachta suntasach ag go leor de na suíomhanna oidhreachta laistigh de Chontae Lú. Ar na suíomhanna sin tá An Mhainistir Mhór agus Tulach an Mhuilinn i nDroichead Átha, Caisleán Rí John i gCairlinn, Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia agus suíomh oidhreachta Mhainistir Bhuithe.

Ina theannta sin, tá sócmhainní oidhreachta tionsclaíochta shaibhir i nDún Dealgan lena n-áirítear monarchan Carroll's agus suíomh Mhórghrúdlann an Tuaiscirt, mar aon le suíomhanna meánaoiseacha cosúil le Móta Chaisleán Dhún Dealgan.

Tá an líon is mó de shócmhainní oidhreachta agus nádúrtha sa Chontae i gCairlinn.

Tá sé d'acmhainn cur sa bhreis le forbairt turasóireachta i gCairlinn trí ghníomhaíochtaí, na sócmhainní nádúrtha agus oidhreachta agus an stair agus miotaseolaíocht áitiúil a bhaineann leis an gceantar a comhcheangal.

Tá sé mar aidhm ag na Comhairlí na sócmhainní seo a chosaint agus cur leo ar mhaithe leis an earnáil turasóireachta.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 12** | Chun oibriú leis na páirtithe leasmhara lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí, an Chomhairle Oidhreachta, Fáilte Éireann, an Chomhairle Ealaíon, pobail agus gnólachtaí áitiúla chun tacú le forbairt ar thurasóireacht oidhreachta agus cultúrtha i Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 13** | Chun oidhreacht mheánaoiseach agus tionsclaíoch Dhún Dealgan a aithint mar aon leis an gceantar máguaird trí dhul i ngleic le Fáilte Éireann agus gníomhaireachtaí gaolmhara. |

### 6.3.3 Bia agus Ceardaíocht

Is príomhghné é an margadh bia agus ceardaíochta laistigh den earnáil turasóireachta agus baineann forbairt leanúnach de thaithí cuairteora súp as. Tá an méid sin soiléir ach go háirithe i gceantar Ghleann na Bóinne ina bhfuil grúpa Blasanna Ghleann na Bóinne faoi bhláth san earnáil. Is grúpa de tháirgeoirí, seirbhís agus soláthraithe bia é Blasanna Ghleann na Bóinne i nGleann na Bóinne.

Tá sé mar aidhm acu táirgí áitiúla inbhuanaithe a chur chun cinn, agus a fhorbairt i mbialanna/caiféanna agus turasóireacht bia a fhorbairt i gceantar Ghleann na Bóinne. Tá Aimsigh Blasanna Ghleann na Bóinne maoinithe ag comhthionscnamh idir Comhairle Contae Lú agus na Mí.

Bunaíodh an grúpa i 2013 nuair a cuireadh tús le Sraith Bhia Ghleann na Bóinne agus rinneadh forbairt ar *Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne 2016-2021* chun cur leis an obair mhaith a rinneadh sa cheantar ag grúpaí ar nós Líonra ó Lámh Cheardaí na Mí agus Grúpa Bia Oriel i gContae Lú.

Is iad Grúpa Blasanna Ghleann na Bóinne a reáchtálann Sraith Bhia Ghleann na Bóinne gach bliain. Is féilire imeachtaí é seo, a cheiliúrann an talamh, oidhreacht, daoine agus táirgí uathúla sa Cheantar. Thug an tSraith Bhia cúnamh don Cheantar a bheith ar thús cadhnaíochta ar an stáitse bia náisiúnta.

Mar gheall ar an rath a bhí ar an tSraith Bhia tá Gleann na Bóinne ainmnithe mar cheann de cheann scríbe bia is fearr ar domhan, i 2019, ag an National Geographic.

Tá sé de chumas ag an margadh bia agus ceardaíochta cur leis an taithí pacáilte laistigh de cheantar Ghleann na Bóinne. Tá an acmhainn ann cur leis an earnáil trí chonairí bia agus seanchaíocht faoi bhia áitiúil.

#### 6.3.3.1 Conaire Scéimhe Bia Mara Lú

Is tionscnamh turasóireachta agus eispéireas cuartaíochta é Conaire Scéimhe Bia Mara Lú a forbraíodh chun imeallbhord pictiúrtha Lú agus na tairiscintí bia mara áitiúla a chur ar an léarscáil, agus a leagann béim dá bhrí sin ar Lú mar lárionad turasóireachta bia gnóthach in Éirinn.

sea louth
see eat admire

Tá an tionscnamh tiomanta ag Comhairle Contae Lú i gcomhpháirtíocht le hOifigeach Forbartha Bia Ghleann na Bóinne agus Oifigeach Turasóireachta Dhún Dealgan, agus faigheann sé tacaíocht ó Ghrúpa Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúil (FLAG) don Cheantar Thuaidh Thoir.

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh:

- Sárthaispeántas a dhéanamh dár gcomhábhair bia mara ar féidir a fháil go háitiúil agus a cheiliúradh;
- Feasacht a spreagadh de ghnéithe a bhaineann le cósta Lú a sheasann amach;

- Líon na gcustaiméirí a spreagadh inár mbialanna a chuireann béilí bia mara ar ardchaighdeán ar fáil agus
- Cur le heispéireas cuartaíochta laistigh den chontae agus 'am fanachta' a mhéadú.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 14** | Chun tacú le forbairt na hearnála turasóireachta maidir le bia agus ceardaíocht laistigh den Chontae agus conairí bia a chur chun cinn a chuireann go mór le heiseamláir thurasóireachta measctha. |

### 6.3.4 Tránna

Is sócmhainn mhór é imeallbhord Lú maidir le turasóireacht, áineasa agus gníomhaíochtaí fóillíochta mara. Maidir le láithreacha snámha ainmnithe, tránna brataí gorma agus tránna ar chaighdeán ard laistigh den Chontae, is áis áitiúil shuntasach iad agus tá siad tábhachtach ó thaobh turasóireachta agus forbairt gheilleagrach de. Tá na tránna ag an bPort/an Lorgain Bhuí, Ceann Chlochair, agus Cnoc Loch Síleann/Baile an Teampaill ar ardchaighdeán, agus tá acmhainn turasóireachta suntasach acu.

Fuair na tránna sin ar fad stádas Brait Ghoirm i 2020 agus fuair Rinn na Mara Gradam Cósta Glas i 2020 mar aitheantas ar ardchaighdeán timpeallachta.

Bhain na huiscí snámha aitheanta sa Chontae, ag na suíomhanna thuasluaite, stádas chaighdeán an uisce 'Den chéad scoth' amach gach bliain le ceithre bhliain anuas.

Luaitear i dtuarascáil Cháilíocht an Uisce Snámha in Éirinn EPA go bhfuil "uiscí snámha i gCo. Lú ag leanúint le bheith ar ardchaighdeán agus ní raibh ach beagán foinsí truaillithe aitheanta"

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 15** | Chun tránna, agus limistéir shnámha a chosaint mar áiseanna áitiúla luachmhara agus mar acmhainn turasóireachta agus chun tacú le cothabháil, cosaint agus feabhas a chur ar rochtain na n-áiseanna seo. |

### 6.3.5 Imeachtaí agus Féilte

Is bealach tábhachtach iad na himeachtaí agus na féilte chun cuairteoirí breise a mhealladh chuig an gContae agus caiteachas a mhéadú, cuairteoirí a spreagadh le linn an tséasúir bheagéilimh agus cuartaíocht a thabhairt ar an áit arís. Faoi láthair cuireann an Contae líon imeachtaí agus féilte i láthair, a chuireann go mór le forbairt turasóireachta agus gheilleagrach sa Chontae.

Ar na himeachtaí sin tá Fleadh Cheoil na hÉireann a cuireadh ar bun go rathúil i nDroichead Átha i 2018 agus i 2019, Féile Púca, Féile na nOisrí Chairlinn agus Féile Idirnáisiúnta na gCláirseach.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 16** | Chun tacú le féilte agus imeachtaí spóirt reatha agus iad a chur chun cinn chun próifíl chultúrtha, oidhreachta agus stíl maireachtála an chontae a mhéadú, agus más cuí an fhorbairt ar na himeachtaí agus na hionaid nua seo a chur chun cinn agus a áisiú chun na himeachtaí seo a reáchtáil. |

### 6.3.6 Eispéiris Turasóireachta Breise

Tugann Comhairle Contae Lú tacaíocht d'fhorbairt eispéiris turasóireachta breise nó nithe turasóireachta is díol spéise, a chuirfeadh le turasóireacht agus fostaíocht sa Chontae. Tacaíonn an Plean le forbairt inbhuanaithe ar áiseanna cosúil le páirceanna fóillíochta nó gníomhaíochta lasmuigh ag ionaid fheiliúnacha ar fud an Chontae. Measfar moltaí forbartha do thairiscintí turasóireachta uathúla faoi réir cosaint na hoidhreachta nádúrtha agus tógtha den Chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 17** | Chun forbairt inbhuanaithe den earnáil turasóireachta a áisiú agus deiseanna turasóireachta uathúla a chur ar fáil ag tarraingt ar líonra d'áiteanna i gContae Lú agus nithe féideartha ar díol spéise iad don todhchaí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 18** | Fás agus inbhuanaitheacht na hearnála turasóireachta a chumasú, a áisiú agus a spreagadh trí fhorbairtí fiontair turasóireachta a sholáthar in ionaid tuaithe faoi réir an bonneagar cuí a sholáthar agus go ngéilltear do na gnáthdhálaí pleanála. |

### 6.3.7 Droichead Chaol Uisce

Maidir le tógáil droichead idir Leithinis Chuaille i gContae Lú agus deisceart Bheanna Boirche i gContae an Dúin ag Caol Uisce, is tionscadal suntasach é a bheadh siombalach agus stairiúil.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí den tionscadal:

- Rochtain thrasteorann níos fearr a áisiú ar áilleacht scéimhe ar an dá thaobh de Loch Cairlinn;
- Cur le hacmhainn turasóireachta den cheantar trasteorann agus chun cruthú post a spreagadh;
- Feabhas a chur ar acmhainn áineasa an cheantair do na cónaitheoirí chomh maith leis na turasóirí/cuairteoirí;
- Idirghníomhú a chur chun cinn idir na pobail ó thuaidh agus ó dheas den teorainn;
- Gníomhaíocht coisíochta agus rothaíochta a spreagadh agus cur le tionscnaimh cuairteoirí eile sa réigiún trasteorann; agus
- Athrú modhach a spreagadh i measc na ndaoine a bhíonn ag obair sa cheanter.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 19** | Comhoibriú leis na húdaráis ábhartha agus na gníomhaireachtaí rialtais ó thuaidh agus ó dheas den Teorainn chun Droichead Chaol Uisce a sholáthar. |

### 6.3.8 Bád Farantóireachta Loch Cairlinn

Oibríonn Bád Farantóireachta Loch Cairlinn idir Calafort an Ghrianfoirt, Contae Lú agus Caisleán na hOireanaí, Contae an Dúin. Déanann an bád farantóireachta freastail do réimse feithiclí lena n-áirítear carranna, veaineanna, veaineanna campála, carbháin, mionbhusanna agus cóistí.

Imíonn an tseirbhís in aghaidh na huaire ó gach críochfort i gcaitheamh na bliana agus in aghaidh na leathuaire le linn mhíonna an tsamhraidh. Cuireadh tús leis an tseirbhís i 2017 agus cuireann sé nasc turasóireachta tábhachtach ar fáil do Chontae Lú.

## 6.4 Straitéisí Fháilte Éireann

### 6.4.1 Sean-Oirthear na hÉireann

Tá sé mar aidhm ag Fáilte Éireann, an t-údarás forbartha turasóireachta náisiúnta, turasóireacht a threorú agus a chur chun cinn mar chuid lárnach dúchasach de gheilleagar na hÉireann.

Bunaíodh Sean-Oirthear na hÉireann i 2015 chun spreagadh an-láidir a thabhairt do chuairteoirí chun cuairt a thabhairt ar oirthear na hÉireann agus chun bratcheann scríbe cosúil le Slí an Atlantaigh Fhiáin a chruthú ar a bhfuil rath mór.

Clúdaíonn an coincheap contaetha ar an gcósta le fad oirthear na hÉireann mar aon le contaetha ar an taobh thuaidh thoir lena n-áirítear Muineachán agus an Cabhán agus tugann sé deis comhoibriú le turasóireacht a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Tá an branda fréamhaithe i stair shaibhir agus i réimse éagsúil d'oidhreacht chultúrtha atá leitheadúlacht go háirithe in Oirthear agus i nDeisceart na hÉireann.

Go dtí seo, tá an straitéis á cur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, le hinfheistíocht i gcomharthaíocht treoshuímh agus feabhsú taithí an chuairteora ar fud an chláir.

Cuireadh tús leis an gcéad chéim den chomharthaíocht treoshuímh do Shean-Oirthear na hÉireann ag deireadh 2016 le líon comharthaíochta treoshuímh do chuairteoirí atá comhdhlúite anois sa Chontae. Tá na comharthaí deartha chun cuairteoirí a spreagadh fanacht níos faide agus an ceantar máguaird a thaiscéaladh agus tá siad suite go straitéiseach in ionaid cosúil le músaem Dhroichead Átha (Tulach an Mhuilinn), Oifig Thurasóireachta Dhún Dealgan, Oifig Thurasóireachta Chairlinn, an Mhainistir Mhór agus Cloigtheach & Cros Ard Mhainistir Bhuithe.

Tá sé mar phríomhaidhm ag tionscnamh Shean-Oirthear na hÉireann líon na gcuairteanna thar oíche a mhéadú ó chuairteoirí thar lear sa Chontae mar aon le hioncam turasóireachta agus an turasóireacht fostaíochta a bhaineann leis a mhéadú.

### 6.4.2 Plean Forbartha maidir le Ceann Scríbe Ársa 2020-2024

Is plean forbartha cúig bliana é *Plean Forbartha maidir le Ceann Scríbe Ársa* (ADDP) agus é deartha chun forbairt turasóireachta a threorú trí threochlár de phríomhthionscadal a ghlacann na páirtithe leasmhara chun fás turasóireachta inbhuanaithe a chinntiú.

I rith chúrsa an ADDP, beidh a rath tomhaiste sa chomhthéacs maidir le fás a bhaint amach thar réimse táscairí ó sholáthar taithí nua, éileamh cuairteora agus táscairí forbartha maidir le ceann scríbe.

Tá an cur chuige a ghlac an ADDP deartha le bheith bunathraitheach maidir leis an gcur chuige comhtháite chun príomhthionscadail a fhorbairt a ghineann fás geilleagrach ar fud an chinn scríbe.

Tá sé deartha chun cur le sócmhainní reatha agus iad a fhorbairt chun cúiseanna láidre a chur ar fáil chun cuairt a thabhairt ar an áit, agus ag díriú go príomha ar fhorbairt eispéiris don tionscal turasóireachta. Ar na spriocaischuir ón ADDP beidh laghdú i séasúracht, méadú i gcaiteachas cuairteora, fás ar oícheanta leapa cuairteora, fostaíocht agus leathadh cuairteoirí.

### 6.4.3 Droichead Átha - Baile Chinn Scríbe

Tá Droichead Átha ainmnithe mar 'Bhaile Chinn Scríbe' ag Fáilte Éireann. Cuirfidh Fáilte Éireann maoiniú ar fáil faoin tionscnamh seo chun acmhainn tarraingteachta agus turasóireachta an bhaile a mhúscailt. Tá an scéim Fáilte Éireann mar chuid den obair a rinne an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun cuairteoirí thar lear agus intíre a mhealladh agus caiteachas a thiomáint.

Tá an scéim maoinithe faoi straitéis an Rialtais Tionscadal Éireann 2040 agus é mar aidhm fás inbhuanaithe san earnáil turasóireachta in Éirinn agus ioncam níos airde a thiomáint agus poist a chruthú ar fud na hÉireann.

Tá taighde ó Fháilte Éireann ag léiriú go leanúnach go bhfuil bailte agus cathracha tarraingteacha mar spreagthóirí suntasacha do chuairteoirí thar lear a thagann go hÉirinn. Lorgaíonn an scéim 'Baile Chinn Scríbe' cur le spásanna poiblí cosúil le cearnóga, sráid-dreacha agus margaí ar bhealach a théann i dteagmháil le turasóirí chun cur lena n-eispéireas. Áirítear spásanna do mhargaí bia agus ceardaíochta, láithreacha d'imeachtaí lár an bhaile, taispeántais ealaíne poiblí mar aon le treoshuíomh agus comharthaíocht chun cabhrú le cuairteoirí oidhreacht an bhaile áitiúil a thaiscéaladh.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 20** | Forbairt inbhuanaithe Chontae Lú a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta ar ardchaighdeán i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus gníomhaireachtaí gaolmhara a bhfuil na téamaí seo a leanas i gceist: oidhreacht, cultúr agus timpeallacht nádúrtha gan mhilleadh agus chun tacú le tionscadail turasóireachta nuálaíochta a mhúsclódh fostaíocht agus a chuirfeadh Contae Lú chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta, faoi réir chomhlíonadh leis na riachtanais de na Criosanna Forbartha mar atá léirithe i gCaibidil 3. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 21** | Chun bainistíocht timpeallachta dea-chleachtais a lorg agus promhadh ó thaobh na haeráide d'fhorbairtí ábhartha agus gníomhaíochtaí chun geilleagar ciorclach, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola, soláthar agus athchúrsáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 22** | Chun cabhrú le Cinn Scríbe aitheanta a fhorbairt lena n-áirítear Gleann na Bóinne agus cinn scríbe Mhúrn Chuaille Sliabh gCuillinn, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 23** | Droichead Átha a thacú agus a chur chun cinn mar 'Bhaile Chinn Scríbe' ainmnithe agus dul i dteagmháil le Fáilte Éireann chun acmhainn turasóireachta an bhaile a fhorbairt agus a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 24** | Tacú le Fáilte Éireann agus obair leo chun Pleananna Forbartha maidir le hEispéireas Chinn Scríbe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus dul i dteagmháil le Fáilte Éireann chun *Plean Forbartha maidir le Ceann Scríbe Ársa 2020-2024* laistigh de Chontae Lú a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm. |

## 6.5 LÓISTÍN TURASÓIREACHTA

Tá géarghá le lóistín turasóireachta agus cuairteora a chur ar fáil a d'éascódh an fás san earnáil turasóireachta laistigh den Chontae.

Teastaíonn ón Chomhairle a chinntiú go bhfuil réimse lóistín ar ardchaighdeán agus inacmhainne curtha ar fáil chun freastail do na riachtanais do chuairteoirí agus do thurasóirí sa Chontae.

I ndeisceart an Chontae, tá gearrdháileadh aitheanta maidir le lóistín turasóireachta. Tá béim ar an méid sin sa Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020 agus is iombhagairt shuntasach i measc oibreoirí turasóireachta chun fanacht thar oíche a chur i sceideal. Ní mór lóistín turasóireachta a chur ar fáil ar bhealach nach gcuireann isteach ar oidhreacht nádúrtha gan milleadh na Tíre agus nach gcomhghéilleann an phríomhchúis ar thurais inmheánacha sa chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 25** | Chun forbairt lóistín turasóireachta breise a chur chun cinn agus a thacú in ionaid chuí ar fud an Chontae go háirithe sna Lárionaid Fháis Réigiúnacha i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan. |

### 6.5.1 Lóistín in Óstán, Teach Ósta agus Teach Leaba & Bricfeasta

I 2019 bhí 856 seomra agus 2,097 leaba ar fáil sa Chontae sa réimse leathan de chineálacha lóistín turasóireachta (óstáin, tithe ósta, tithe leaba & bricfeasta, brúnna agus iostas féinfhreastail), le 84% de na spásanna leapa curtha ar fáil ag na hóstáin atá ann cheana féin (Fáilte Éireann, Cainníocht Lóistín 2019).

Tá sé aitheanta freisin go bhfuil méadú suntasach i ligean gearrthéarmach agus in óstáil ar fud Éireann le blianta beaga anuas ar ardáin ar nós Airbnb. Is rogha chomhghnásach é seo mar lóistín do líon turasóirí agus cuairteoirí.

Is gné thábhachtach den trádáil óstán é comhdháileacha a óstáil agus laghdaíonn sé an tuilleamaí ar thrádáil turasóireachta shéasúrach. Maidir le láthair straitéiseach Lú le fad na Conaire Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus a chóngaracht d'aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste, tá acmhainn shuntasach maidir le fás sa cheantar seo.

Ba chóir tithe ósta atá saincheaptha a bheith suite laistigh de bhailte agus de shráidbhailte chun teacht ar sheirbhísí reatha agus tacú leo. Cuirtear lóistín leaba & bricfeasta ar fáil go hiondúil laistigh d'áitribh atá ann cheana féin agus is féidir teacht orthu i gceantair uirbeacha agus thuaithe.

Teastaíonn ón Chomhairle a chinntiú go bhfuil réimse lóistín ar ardchaighdeán agus inacmhainne curtha ar fáil chun freastail do na riachtanais do chuairteoirí agus do thurasóirí sa Chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 26** | Chun forbairt thurasóireacht-bhunaithe a threorú lena n-áirítear Óstáin, Tithe Ósta agus Tithe Leaba & Bricfeasta go Lonnaíochtaí Leibhéal 1, 2 agus 3 ina bhfuil bonneagar imleor chun an fhorbairt a sheirbhísiú, seachas nuair a bhaineann an moladh le hathúsáid nó éagsúlú d'fhoirgneamh reatha, faoi réir ghnáthchritéir phleanála. |

### 6.5.2 Iostas Féinfhreastail

Tá iostas féinfhreastail sainmhínithe mar 'aonaid chónaitheacha féinchuimsitheacha a tógadh le sainchuspóir, a chuireann lóistín ar fáil go gearrthéarmach do chuairteoirí chuig an áit'.

Chun an soláthar de lóistín turasóireachta a bhainistiú ar bhealach a théann i ngleic le riachtanais an turasóra, agus ag tacú leis an ngeilleagar áitiúil ag an am céanna, meastar go bhfuil sé tábhachtach go gcuirtear lóistín féinfhreastail ar fáil laistigh den líonra de lonnaíochtaí reatha agus ar scála go bhfuil an lonnaíocht in ann a choinneáil.

Mar sin, ní bheidh an Chomhairle ag iarraidh moltaí ar iostas féinfhreastail faoin tuath, seachas san áit a bhfuil foirgnimh reatha den chineál le hathchóiriú nó nuair a mholtar athchóiriú ar an áitreabh dúchasach.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 27** | Chun soláthar iostas féinfhreastail a áisiú in áiteanna laistigh de na bailte agus na sráidbhailte, ar scála a bhfuil an lonnaíocht in ann a choinneáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 28** | Chun cosc a chur ar mholtaí maidir le hiostas féinfhreastail a fhorbairt faoin tuath seachas san áit a bhfuil foirgnimh atá ann cheana féin den chineál le hathchóiriú nó nuair a mholtar athchóiriú ar an áitreabh dúchasach lena n-áirítear tithe ceann tuí. |

### 6.5.3 Láithreáin Champála agus Charbhán

Is gné thábhachtach é láithreáin champála agus charbhán a sholáthar chun freastail do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag teacht ar saoire. D'fhéadfadh soláthar láithreáin champála agus charbhán níos mó turasóirí a mhealladh chuig an gContae agus níos mó ioncam a ghiniúint. Aithníonn an Chomhairle an gá atá le láithreáin champála a sholáthar chun freastail do charbháin, veaineanna campála agus campaí, atá suite go cuí agus deartha go híogair.

Tá an earnáil athraithe ar aon dul le héileamh tomhaltais agus tá sí ag tairiscint lóistín cosúil le faighneog ghlampála anois. Léirítear aonaid um fhaighneog ghlampála mar stíl uasmhargaidh de champáil agus is struchtúir daingnithe nó leathbhuan iad go hiondúil.

Má tharlaíonn sé go bhfuil na láithreáin champála agus charbhán suite san áit mhícheart d'fhéadfadh sé go mbeidís amscaí don tírdhreach agus ag tógáil den chaighdeán scéimhe agus áise.

Chun áis fhíseach den tírdhreach a chosaint is iondúil go lonnaítear láithreáin champála/ghlampála laistigh de na lonnaíochtaí atá ann faoi láthair.

Measfar láithreáin champála/ghlampála ar scála beag lasmuigh de lonnaíochtaí sa chás go léirítear go bhfuil éileamh inchosanta sa cheantar sin.

I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh láithreáin champála nó charbhán a bheith inghlactha lena mbaineann a bhfuil sa mholadh seo:

- Athfhorbairt ar láithreán ar a raibh obair déanta cheana;
- Áit laistigh d'fhoraois nó coillearnach; agus
- Suíomh diméine.

Ba chóir an moladh a bheith criathraithe go cuí, líonra bóithre cuí chun freastail don fhorbairt, mar aon le draenáil bhréan imleor.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 29** | Chun spreagadh a thabhairt do láithreáin charbhán agus champála lonnú laistigh de lonnaíochtaí atá criathraithe go cuí agus atá seirbhísithe ag líonra bóithre agus draenáil bhréan cuí agus inghlactha. I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfaí glacadh le láithreáin charbhán agus champála i láithreáin a bhí in úsáid cheana, in áit fhoraoise nó coillearnach nó diméine. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 30** | Chun soláthar lóistín glampála/campála a mheas lasmuigh de lonnaíochtaí ina léirítear go bhfuil éileamh turasóra inchosanta nó ina moltar athúsáid a bhaint as foirgnimh dhúchasacha atá ann cheana féin. Ní mór an gá atá le forbairt in áit ar leith a chothromú in aghaidh iarmhairtí timpeallachta, sóisialta agus cultúrtha den fhorbairt agus de na buntáistí a bhaineann leis an bpobal áitiúil. I gcásanna den sórt sin, ba chóir fianaise dhoiciméadach a chur isteach a thugann bunús leis an bhforbairt mholta agus measfar gach iarratas ar leith de réir a thuillteanais féin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 31** | Chun uasghrádú láithreáin charbhán agus champála a áisiú i láithreáin fhaofa agus a chinntiú go bhfuil uasghrádú den sórt sin seasmhach ó thaobh na haeráide. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 32** | Chun soláthar áiseanna campála veain a sholáthar in áiteanna cuí sa Chontae faoi réir ag áiseanna atá inghlactha maidir le suíomh, iarmhairt fhísiúil, agus go ngéillltear le haon measúnaithe timpeallachta a bhfuil gá leo. |

### 6.5.4 Brúnna

Tá nideog thábhachtach ag lóistín brúnna, a fhreastalaíonn go príomha dóibh siúd a bhíonn ag taisteal ar bhuiséad teoranta, laistigh den mhargadh lóistín turasóireachta. Cé go bhfuil an caiteachas ar leith ar an gcineál lóistín seo íseal, d'fhéadfadh an caiteachas dúchasach atá ag turasóirí san áit a bheith suntasach.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 33** | Chun soláthar brúnna ar bhuiséad a áisiú laistigh de Lonnaíochtaí ar Leibhéal 1, 2 agus 3 chun an méid seo a leanas a chinntiú: dearadh agus ailtireacht ar chaighdeán ard, soláthar bonneagar cuí, go ngéillltear do na critéir phleanála agus faoi réir ag an gcosaint ar an timpeallacht nádúrtha gan mhilleadh agus áis tírdhreacha. |

### 6.5.5 Ligin Ghearrthéarmacha

Faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2019 agus faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) Uimh. 2 Rialacháin 2019 tugadh isteach leasúcháin don earnáil ligin ghearrthéarmacha.

Tá na leasúcháin seo dírithe ar dhul i ngleic leis an tionchar ar mhargadh na gcíosanna príobháideacha trí thithe cónaithe a úsáid do ligean turasóireachta gearrthéarmach in áiteanna a bhfuil éileamh mór ar thithíocht. Baineann na forálacha seo le limistéir ainmnithe mar 'Chriosanna Brú Cíosa' faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (mar atá leasaithe).

Ag am scríofa ainmníodh gach áit i gContae Lú seachas limistéar toghcháin Chlochair mar Chrios Brú Cíosa.

Ní bheidh na Rialúcháin Ligin Ghearrthéarmach i bhfeidhm nuair a bheidh Criosanna Brú Cíosa ainmnithe ann, go dtí Nollaig 2021 ag am scríofa.

Tá soláthar ann maidir leis na hainmniúcháin seo a shíneadh a thuilleamh más ann do cheisteanna faoi sholáthar cíosa i 2021.

Faoi na socruithe nua lena mbaineann i gcriosanna brú cíosa:

- Sainmhínítear ligean gearrthéarmach mar theach nó árasán a ligean nó cuid de theach nó árasán, ar thréimhse nach mó ná 14 lá;
- Is ceadmhach comhroinnt tithe i gcónaí ar bhonn neamhshrianta;
- Tá cead ag comhroinnteoirí tithe a n-áit chónaithe phríobháideach phríomha a fholigean do thréimhse charnach de 90 lá sa chás go bhfuil siad as láthair óna dteach féin; agus
- Má sháraítear an tairseach de 90 lá, beidh gá le cead athrú úsáide.

Maidir le comhroinnteoirí tithe i gcriosanna brú cíosa atá ag iarraidh na díolúintí, ní mór dóibh clárú leis an gComhairle.

Más ann d'áitreabh nach í an áit chónaithe phríobháideach phríomha í a bheidh le húsáid mar ligean gearrthéarmach beidh gá le hathrú úsáide san iarratas. Beidh na hiarratais seo measúnaithe ar bhonn cás ar chás agus beidh an méid ceisteanna seo a leanas san áireamh: an t-éileamh ar thithíocht phríobháideach sa cheantar, feiliúnacht an áitribh do ligean gearrthéarmach, páirceáil carranna, rochtain agus socruithe seirbhíse, agus an tionchar ag an bhforbairt ar áiseanna cónaitheacha agus an timpeallacht áitiúil sa cheantar máguaird.

## 6.6 Bainistíocht Chuairteora agus Ghnáthóige

Tá na Cuspóirí Beartais seo a leanas ag baint le forbairt inbhuanaithe na turasóireachta agus cosaint timpeallachta agus bainistíochta comhtháite sa Phlean trí na próisis SEA agus AA.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 34** | Chun ardú i líon na gcuairteoirí a lorg agus a bhainistiú chun éifeachtaí suntasacha a sheachaint lena n-áirítear caillteanas gnáthóige agus suaitheadh agus a chinntiú go bhfuil aon tionscadal nua, cosúil le féarbhealaí, ar fhad feiliúnach ó íogaireachtaí éiceolaíochta, cosúil le criosanna bruachánacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUR 35** | Maidir leis na héifeachtaí timpeallachta féideartha d'ardú dóchúil turasóirí/méideanna trácht a bhaineann le turasóirí go háirithe in áiteanna le fad bóithre ar leith, measfar iad agus maolófar iad de réir mar is cuí. Ba chóir tionchar féideartha a mheas ar an mbonneagar atá ann cheana féin (lena n-áirítear uisce óil, fuíolluisce, dramhaíl agus iompar) a bhfuil moltaí turasóireachta mar thoradh orthu. |

# GLUAISEACHT

*‘Infheistíocht agus feabhas ar bhonneagar iompair sa Chontae a éascú chun cabhrú le fás agus infheistíocht agus pobail shláintiúla inbhuanaithe a chruthú; trí nascacht agus amanna turais laistigh de na lonnachtaí agus idir na lonnaíochtaí a fheabhsú, modhanna taistil níos inbhuanaithe, lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh iontu, réimsí poiblí níos tarraingtí a chruthú, agus astaíochtaí carbóin a laghdú.’*

# 7. GLUAISEACHT

## 7.1 RÉAMHRÁ

Cuidíonn líonra iompair nua-aimseartha, atá feidhmiúil agus inbhuanaithe agus a ligeann do dhaoine agus d'earraí bogadh ó áit go háit go héifeachtúil le saol a chruthú ina mbíonn rath ar ghnólachtaí agus ina mbíonn daoine in ann taitneamh a bhaint as stíl mhaireachtála níos cothromaithe. Tá sé de bhuntáiste ag Lú go bhfuil líonra dea-fhorbartha de naisc iompair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla aige.

Cuireann suíomh straitéiseach an Chontae feadh Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste naisc iompair den scoth ar fáil leis an dá chathair sin tríd an mótarbhealach, na bóithre náisiúnta, agus an líne iarnróid idirchathrach. Tá líonra láidir bóithre réigiúnacha agus áitiúla ann freisin a cheanglaíonn lonnaíochtaí laistigh den Chontae leis na príomhionaid seirbhíse sa réigiún i gcoitinne.

Leagfar amach sa Chaibidil seo an straitéis maidir le soláthar agus infheistíocht bonneagair iompair sa Chontae. Féachfaidh sé leis an nasc idir úsáid na talún agus cúrsaí iompair a neartú agus déanfaidh sé iarracht modhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear saoráidí siúil agus rothaíochta, iompar poiblí agus roinnt gluaisteáin, lena n-áirítear feithiclí leictreacha, ar mhaithe leis an mbrú trách ta sna ceantair uirbeach a laghdú, timpeallachtaí níos tarraingtí a chruthú agus cabhrú leis an gContae athrú go dtí contae atá íseal ar charbóin agus acmhainneach ó thaobh na haeráide de.

Féachann an Plean freisin le príomhthionscadail bhonneagair a chur chun cinn a éascóidh an fás geilleagrach sa Chontae agus a chuideoidh leis an iomaíochas eacnamaíoch a choinneáil.

## 7.2 MAOIRSEACHT AGUS FREAGRACHT AS AN MBEARTAS IOMPAIR, BONNEAGAR AGUS SEIRBHÍSÍ

### 7.2.1 An Roinn Iompair

Ag an leibhéal náisiúnta, tá an Roinn Iompair freagrach as an mbeartas iompair agus as maoiniú agus maoirseacht a dhéanamh ar bhonneagar agus ar sheirbhísí iompair.

Is iad an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Bonneagar Iompair Éireann (TII), agus iad ag cur chun feidhme sainchúraim na Roinne Iompair, na gníomhaireachtaí stáit atá freagrach as bonneagar iompair a sholáthar agus a chothabháil.

### 7.2.2 Bonneagar Iompair Éireann (TII)

Bunaíodh Bonneagar Iompair Éireann trí chumasc a rinneadh idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród faoi Acht na mBóithre *2015.* Is í príomhfheidhm TII ná cur chuige comhtháite a chur ar fáil don todhchaí mar a bhaineann le forbairt agus oibriú an ghréasáin bóithre náisiúnta agus an bhonneagair iarnróid éadroim ar fud na hÉireann.

### 7.2.3 An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)

Tá an NTA freagrach as pleanáil, cur chun feidhme agus maoiniú a dhéanamh ar an iompair agus ar an mbonneagar poiblí, rialáil agus conarthaí a dhéanamh ar sheirbhísí iompair phoiblí, agus áiseanna agus bonneagar a sholáthar a chuireann an siúl agus an rothaíocht chun cinn.

### 7.2.4 Údaráis Áitiúla

Oibríonn Údaráis Áitiúla go dlúth leis an DTTAS, an NTA agus TII chun beartais iompair a chur i bhfeidhm agus bóithre agus tionscadail a bhaineann le cúrsaí iompair a shainaithint agus a mhaoiniú ag an leibhéal áitiúil.

## 7.3 COMHTHÉACS AN BHEARTAIS

Tá an Straitéis Gluaiseachta agus Iompair sa Phlean seo curtha ar an eolas ag raon leathan doiciméad agus straitéisí beartais náisiúnta agus réigiúnacha. Tá achoimre ghairid ar na doiciméid sin leagtha amach sa chuid seo.

### 7.3.1 STRAITÉISÍ NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACHA

Tionscadal Éireann 2040 – An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (NDP): Aithníonn an NPF an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite maidir le húsáid talún agus pleanáil iompair maidir le spriocanna an Chreata a bhaint amach. Leagtar na spriocanna seo amach sa doiciméad mar Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta.

Áirítear leis an gcur chuige comhtháite seo:

- Feabhas a chur ar iompar poiblí chun an dlúthfhás a éascú agus laghdú ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach;
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar siúil agus rothaíochta le stíleanna maireachtála níos gníomhaí agus níos sláintiúla a chur chun cinn; agus
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar na nascbhóithre agus inrochtaineacht a fheabhsú.

Leagtar amach san NDP sonraí maidir le hinfheistíocht i mbonneagair suas go dtí 2027. Tá sé ag teacht go dlúth le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an NPF a chinnteoidh go mbeidh cur chuige comhordaithe ann idir beartais agus caiteachas. Tá na tionscadail seo a leanas a bhaineann le cúrsaí iompair i Lú san áireamh sa NDP:

- Uasghrádú ar an N2 -Baile Átha Fhirdhia go Baile na Lorgan;
- Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia ar an N52; agus
- Clár Leathnaithe an DART go Droichead Átha.

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES) do Réigiún an Oirthir agus Lár tíre 2019-2031:
Tacaíonn an RSES le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta trí chreat straitéiseach pleanála agus eacnamaíoch a leagan amach atá ag teacht leis na Cuspóirí Beartais Náisiúnta agus na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá leagtha amach sa NPF.

Chun go mbeidh comhcheangal idir an phleanáil mar a bhaineann le húsáid na talún agus cúrsaí iompair, táthar ag leagan béime ar ghearradh siar ar an méid taistil is gá a dhéanamh trí bheith ag díriú na forbartha ar ionaid atá aitheanta mar ionaid fáis agus a chinntiú go bhfuil fás an daonra agus fás na fostaíochta ag réiteach níos fearr le chéile. Tá Pleananna Iompair Áitiúla le hullmhú do lonnaíochtaí atá aitheanta sa réigiún, lena n-áirítear Droichead Átha agus Dún Dealgan, chun cabhrú le húsáid na talún agus an phleanáil do chúrsaí iompair.
Leagtar béim freisin ar aistriú córa iompair go dtí modhanna iompair atá níos inbhuanaithe a chur chun cinn, ionas nach mbeifear ag braith an oiread céanna ar an gcarr príobháideach, le go mbeidh an líonraí iompair in ann a bheith níos éifeachtaí agus aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide.

Chomh maith le tacú le dul chun cinn na dtionscadal bonneagair atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, tacaíonn an RSES freisin le bonneagar cumasúcháin a chur ar fáil a chabhróidh le fás an daonra agus forbairt na heacnamaíochta in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus a chuirfidh ar chumas na lonnaíochtaí sin forbairt ina n-ionaid scála. Áirítear leis sin tógáil Rochtain Calafoirt Bhealach na Croise Thuaidh (PANCR) i nDroichead Átha.
Pleanáil don Úsáid Talún agus don Iompar – Outlook 2040 (PLUTO 2040): Is creat é seo chun infheistíocht a dhéanamh in iompar talún agus bhí sé á ullmhú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus é seo á scríobh. Nuashonrú atá ann ar an doiciméad 'Infheistíocht Straitéiseach in Iompar Talún' a foilsíodh in 2015. Leagfar amach ann na príomhthosaíochtaí agus na príomhphrionsabail le haghaidh infheistíocht sa todhchaí lena chinntiú go mbeidh líonra iompair á sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na tíre agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá i Tionscadal Éireann 2040.
Ag Tógáil ar Théarnamh: Infheistíocht i mBonneagair agus i gCaipitil 2016-2021: Cuireann an Plean Caipitil seo creat nua €42 billiún an Rialtais le haghaidh infheistíocht sa bonneagar in Éirinn don tréimhse 2016 go 2021 i láthair.
Taisteal Níos Cliste: Is beartas iompair é seo a d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2009. Leagtar amach ann fís maidir leis an gcaoi a bhféadfaí córas inbhuanaithe taistil agus iompair a chur ar fáil.

Áirítear sa doiciméad sraith cuspóirí agus spriocanna lena n-áirítear:

- Inrochtaineacht ar iompar a fheabhsú
- Cur le héifeacht an líonra iompair agus brú tráchta agus scrogaill thráchta a laghdú;
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le hiompar a laghdú;
- An t-éileamh atá ar an gcarr príobháideach agus t-achair a thaistealaíonn sé a laghdú; agus
- An spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

Aithnítear sa doiciméad go gcaithfidh, le go mbeadh rath ar chur i bhfeidhm an bheartais seo, an fás ar fhostaíocht agus ar dhaonra sa todhchaí a bheith dírithe, den chuid is mó, ar cheantair uirbeacha dhlútha.

### 7.3.2 Treoir Pleanála

Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta: Tugann 'Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála' treoirlínte agus moltaí pleanála mar a bhaineann leis an bhforbairt a mbíonn tionchar aici ar mhótarbhealaí, príomhbhóithre náisiúnta agus bóithre tánaisteacha náisiúnta.



Leagann na treoirlínte béim go príomha ar ghréasáin na bóithre náisiúnta a choinneáil éifeachtach, acmhainneach agus sábháilte.

Leagtar béim sna Treoirlínte ar:

- An chaoi a mbraitheann beartais úsáide talún agus beartais i leith chúrsaí iompair ar a chéile chun an gá atá le taisteal a laghdú agus
- An tionchar a bhíonn ag bealaigh nua isteach chuig bóithre náisiúnta ar shábháilteacht ar na bóithre, agus a tábhachtaí atá an bhainistíocht forbartha mar a bhaineann le ardchaighdeáin a bhaint amach ó thaobh caighdeán dearaidh agus bainistíocht trachta.

Cuirtear chun cinn sna Treoirlínte an fhorbairt a bheidh faoi stiúir an phlean agus patrúin forbartha don todhchaí á gcur san áireamh, lena n-áirítear an cruthú turais a bhfuil baint aige le criosú talún agus an bealach a ndéanfar freastal air seo.

Creat an Bheartais Náisiúnta Rothaíochta Náisiúnta: Foilsíodh Creat an Bheartais Náisiúnta Rothaíochta in 2009 in éineacht leis an gcáipéis Beartais um Thaisteal Níos Cliste. Is é sprioc an Chreata seo gnás láidir rothaíochta a chruthú ar fud na tíre. Tá réimse cuspóirí a chabhróidh leis an sprioc sin a bhaint amach leagtha amach sa doiciméad.

Díríonn na cuspóirí sin ar an infheistíocht i mbonneagar rothaíochta, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos sábháilte agus go bhféadfar é a roghnú in ionad an mhótariompair.

Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta: Is treoir é an Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta a d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus a úsáideann pleanálaithe agus innealtóirí chun an t-soláthar rothaíochta a fheabhsú agus an rothar a chomhtháthú i ndearadh na limistéar uirbeach. Cuimsíonn an lámhleabhar an prionsabail 'Sábháilteacht Inbhuanaithe' ar prionsabal dearaidh de chuid na hÍsiltíre é, a fhéachann le bóithre agus sráideanna a dhéanamh níos éasca le húsáid, agus ar an gcaoi sin timpeallacht níos sábháilte a chruthú do gach duine a úsáideann na bóithre, rothaithe san áireamh.

Straitéis d'Fhorbairt Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha don Todhchaí: Féachann an Straitéis seo le cuidiú le forbairt a dhéanamh ar ghlasbhealaí atá suntasach go náisiúnta agus go réigiúnach agus cur le líon agus scaipeadh tíreolaíoch na nglasbhealaí ar fud na tíre.

Aithníonn sé go bhfuil acmhainneacht turasóireachta ag na Glasbhealaí ó thaobh gheilleagar na gceantar áitiúil a chur chun cinn, go háirithe más féidir bonneagar gaolmhar a sholáthar nó go bhfuil fáil air cheana féin. Molann an Straitéis dlúthchaidreamh oibre idir na príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear Údaráis Áitiúla, úinéirí talún, pobail áitiúla agus comhlachtaí stáit eile chun gur féidir Glasbhealaí rathúla a sheachadadh.

Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS): Foilsíodh an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, dá ngairtear 'DMURS' go minic, i dtosach in 2013 agus foilsíodh leagan nuashonraithe de in 2019. Féachann DMURS le sráideanna dea-dheartha a chur i gcroílár na bpobal inbhuanaithe agus tacaíonn sé le beartais níos leithne de chuid an rialtais a bhaineann leis an gcomhshaol, pleanáil agus iompar. Cuireann sé na bearta praiticiúla ar fáil chun na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- Sráideanna atá ceangailte go maith le chéile ionas gur féidir le daoine siúl agus rothaíocht chuig a bpríomh cheann scríbe ar bhealach atá díreach agus insroichte;
- Timpeallacht sráide atá sábháilte agus compordach do choisithe agus do rothaithe i ngach aoisghrúpa;
- Sráideanna a chuidíonn le pobail atá tarraingteach agus bríomhar a chruthú; agus
- Sráideanna a dhéanann maolú ar an trácht de bharr raon de bhearta dearaidh a chiallaíonn go mbíonn tiománaithe níos airdeallaí ar a dtimpeallacht.

Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua Treoirlínte d'Údaráis Phleanála: Déantar tagairt sa doiciméad seo do chaighdeán na n-áiseanna páirceála do charranna i gcás árasáin nua.

Foilseacháin TII: Is éard atá i gceist le foilseacháin TII ná sraith foilseachán a chuireann caighdeáin, nótaí comhairle agus doiciméid eile ar fáil mar a bhaineann le dearadh, measúnú agus oibriú na mBóithre Náisiúnta, bóithre stoca, mionbhóithre, lena n-áirítear mótarbhealaí, in Éirinn, go hiondúil lasmuigh de na criosanna 60kph. Déantar Foilseacháin TII a chatagóiriú mar Chaighdeáin nó Teicniúil.

Tagann na Foilseacháin seo in ionad Lámhleabhar Dearaidh an NRA do Bhóithre agus Droichid(DMRB), a cuireadh isteach mar chuid d'Fhoilseacháin TII. D'fhonn leanúnachas a choinneáil idir Foilseacháin TII agus seanchóras Chaighdeáin an NRA, tá 'tagairt stairiúil' tugtha do dhoiciméid a bhí ann cheana laistigh de DMRB an NRA agus MCDRW, ionas gur féidir na doiciméid agus na líníochtaí atá ann cheana a chuardach trí úsáid a bhaint as seanainmneacha na ndoiciméad.

Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Droichid: Sraith imleabhar is ea an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Droichid an NRA (DMRB) a sholáthraíonn caighdeáin, nótaí comhairle agus doiciméid eile a bhaineann le dearadh, measúnú agus oibriú na mBóithre Náisiúnta agus na mórbhóithre lena n-áirítear mótarbhealaí, in Éirinn. Tá na Caighdeáin seo curtha isteach i bhfoilseacháin TII.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 1** | Oibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta iompair chun tacú le gréasán iompair inbhuanaithe ar ardchaighdeán atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, a sholáthar sa Chontae. |

## 7.4 Iompar agus an t-Athrú Aeráide

In 2017, bhí córais iompair ciontach as 19.8% den astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn. Leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, a d'fhoilsigh an Rialtas in 2019, sraith gníomhartha bunaithe ar bheartais a thacóidh le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí ón earnáil iompair faoi 2030. Áirítear leis sin laghdú 45-50% ar astaíochtaí CO2 i gcomparáid le réamh-mheastacháin réamh-PFN 2030, méadú ar líon na bhfeithiclí leictreacha, agus infheistíocht i dtionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe a chabhróidh cur leis leis an aistriú córa iompair chuig modhanna inbhuanaithe iompair. Ceanglaítear le hAlt 10(2)(n) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go gcuirfí san áireamh i bpleananna forbartha cuspóirí a bhaineann le straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta chun costais fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus dul in oiriúint don athrú aeráide.

Aithnítear sa Phlean seo an gá atá le hathrú go dtí sochaí ísealcharbóin agus tacóidh sé le cur chun feidhme aon phleananna nó cláir a chuideoidh leis na spriocanna náisiúnta a bhaint amach ó thaobh laghdú a dhéanamh ar gháis cheaptha teasa a thagann as gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar.

Agus na spriocanna seo á mbaint amach, cuirfear san áireamh an Creat 'Seachain-Athraigh-Feabhsaigh' a fhéachann le córais iompair inbhuanaithe a sholáthar trí:

i) Na córais iompair a dhéanamh níos éifeachtaí e.g. trí úsáid agus pleanáil an iompair a dhéanamh níos comhtháite;

ii) Turais a dhéanamh níos éifeachtaí trí aistriú córa iompair ón ngluaisteáin príobháideacha go dtí córas iompair neamh-mhótair a chur chun cinn (i.e. siúl agus rothaíocht nó córais iompair phoiblí);

iii) Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhreosla d'fheithiclí agus nuálaíocht a chur chun cinn mar a bhaineann le bonneagar iompair.

Oibreoidh an Chomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí rialtais agus go háirithe leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) chun feabhas a chur ar bhonneagair agus ar sheirbhís an iompair phoiblí, agus ar bhonneagar don siúl agus don rothaíocht, sa Chontae trí raon beart lena n-áirítear:

- Pleananna Iompair Áitiúla a ullmhú do lonnaíochtaí móra Dhroichead Átha (i gcomhar le Comhairle Contae na Mí) agus Dhún Dealgan, pleananna a fhéachfaidh le feabhas a chur ar gceangal idir úsáid na talún agus an cúrsaí iompair;
- Cur i bhfeidhm an Phlean Soghluaisteachta Tuaithe '*Éire a Nascadh*' atá á ullmhú faoi láthair ag an NTA, agus a fhéachann leis an tsoghluaisteacht i gceantair thuaithe a fheabhsú agus naisc níos fearr a chruthú idir sráidbhailte agus bailte trí na lonnaíochtaí a nascadh ag úsáid líonra réigiúnach níos fearr;

- Tionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe arna gcistiú ag an NTA a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil, ach cur chuige comhordaithe a bheith in úsáid ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus i seirbhísí iompair den chineál sin, go n-athrófar chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe, rud a chuideoidh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i gcomhréir leis an mbeartas agus leis na spriocanna náisiúnta.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 2** | Tacú le cur i bhfeidhm 'Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide' 2019, agus aon phleananna a thiocfaidh ina dhiaidh sin, agus go háirithe na bearta atá san áireamh a chabhróidh leis an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí CO2 a bhaint amach faoi 2030 san earnáil iompair, mar atá leagtha amach i Roinn 10.2 de *'Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide'.* |

## 7.5 Comhtháthú Úsáid Talún agus an Phleanáil Iompair

Tá an gaol idir úsáid na talún agus cúrsaí iompair bunaithe ar an áit ina gcónaíonn daoine, ina mbíonn siad ag obair nó ag freastal ar scoil agus an bonneagar iompair atá ar fáil dóibh chun iad a thabhairt chuig a gceann scríbe.

Tá sé ríthábhachtach an gaol seo a aithint ionas gur féidir timpeallacht a chruthú áit nach bhfuil daoine ag braith an oiread céanna ar an gcarr príobháideach agus inar féidir tionchar a imirt ar nósanna taistil chun modhanna iompair níos inbhuanaithe a spreagadh.

Aithníonn an beartas náisiúnta agus réigiúnach na buntáistí a d'fhéadfadh teacht as an bpleanáil chomhtháite maidir le húsáid talún agus córais iompair, ó thaobh inrochtaineacht agus nascacht a fheabhsú laistigh de chomharsanachtaí agus de cheantair uirbeacha, cur leis an táirgiúlacht eacnamaíoch agus stíleanna maireachtála cothromaithe agus sláintiúla a éascú.

Tá an-bhaint ag na sochair seo leis na beartais i leith an dlúthfháis agus na hathghiniúna uirbí atá sa CNP agus sa RSES, agus is féidir iad a chur ar fáil ach forbairtí níos dlúithe a chur chun cinn, go háirithe feadh conairí an iompair phoiblí; nascacht a fheabhsú agus tús áite a thabhairt don siúl agus don rothaíocht laistigh de na comharsanachtaí agus idir na comharsanachtaí; agus tacú le comharsanachtaí measctha áit a mbíonn deiseanna fostaíochta agus áiseanna pobail cóngarach don áit ina mbíonn cónaí ar dhaoine.

Tá treoir le fáil i gCaibidil 8,' Nascacht' de shraith an RSES 'Treoirphrionsabal maidir le Comhtháthú Úsáid Talún agus Iompair'. Tá na 'Treoirphrionsabail' a bhaineann le Lú mar bhonn leis an Straitéis Chomhtháite Um Úsáid Talún agus Iompar atá sa Phlean seo.

Cabhróidh an Plean seo le go leanfar le cur chuige comhordaithe agus comhtháite maidir le húsáid na talún agus an phleanáil iompair sa Chontae, rud a thabharfaidh deis do dhaoine a nósanna mar a bhaineann leis an taisteal a athrú ón gcarr príobháideach go dtí modhanna iompair atá níos inbhuanaithe lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.

### 7.5.1 Pleananna Iompair Áitiúla

Mar chuid dá straitéis chun tacú leis an úsáid talún a chomhtháthú leis an iompair, cuireann an RSES san áireamh cuspóirí beartais faoina gcaithfear pleananna iompair áitiúla a ullmhú do lonnaíochtaí atá roghnaithe. Tá Droichead Átha agus Dún Dealgan ar liosta na lonnaíochtaí atá roghnaithe.

Áireofar sna Pleananna Iompair Áitiúla seo anailís ar shruthanna, gluaiseachtaí agus tosaíochtaí infheistíochta mar a bhaineann le cúrsaí iompair, rud a thacóidh le modhanna iompair níos inbhuanaithe.

**Cuirfidh na Pleananna Iompair Áitiúla a ullmhófar do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan bonn eolais faoi bheartas agus straitéis fáis don Phlean Ceantair Uirbigh / Ceantair Áitiúil i gcás an dá lonnaíocht.**

| Cuspóir an Beartais | |
|---|---|
| **G 3** | Comhtháthú na húsáide talún le bonneagair iompair inbhuanaithe a éascú i gcomhréir le ceanglais RPO 8.1 in RSES trí thacaíocht a thabhairt do chruthú tairseach chriticiúil mar a bhaineann le forbairt an daonra agus forbairt na fostaíocht ar mhaithe leis an infheistíocht i mbonneagar iompair phoiblí a uasmhéadú agus lonnaíochtaí dlútha inbhuanaithe a chruthú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 4** | Forbairt inbhuanaithe dlúis níos mó a chur chun cinn feadh na gconairí iompair poiblí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 5** | Plean Iompair Áitiúil a ullmhú do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann agus páirtithe leasmhara ábhartha eile [1]mar chuid d'ullmhú na bPleananna Ceantair Uirbigh / Pleananna Ceantair Áitiúil do na lonnaíochtaí seo. Beidh ullmhú na bPleananna seo bunaithe ar an nóta treorach maidir le Measúnú Iompair Ceantarbhunaithe a d'fhoilsigh an NTA/BIÉ in 2019 agus beidh na Pleananna seo faoi réir scagadh le haghaidh SEA agus AA agus déanfar measúnuithe iomlána más cuí. |

[1] Comhairle Contae na Mí san áireamh mar chuid den Chomhphlean do Dhroichead Átha

## 7.6 IOMPAR INBHUANAITHE

Toisc go bhfuil daoine ag déanamh níos mó taistil, tá méadú tagtha ar an lorg carbóin a fhágann na gníomhaíochtaí iompair, agus is é an carr príobháideach an modh iompair is mó a úsáidtear.

Aithnítear go gcaithfear tuilleadh béime a leagan ar mhodhanna iompair níos inbhuanaithe chun laghdú a dhéanamh ar na torthaí a d'fhéadfadh eascairt as an athrú aeráide agus deireadh a chur leis an bplódú sna bailte agus sráidbhailte le go mbeidh siad níos tarraingtí le bheith ag spaisteoireacht iontu. Chuige sin, caithfear níos mó tacaíochta agus tosaíochta a thabhairt don bhonneagar rothaíochta, siúil agus iompair phoiblí agus tuilleadh úsáide a bheith á bhaint as feithiclí atá níos glaine agus a bhfuil níos lú astaíochtaí astu.

Ní tharlóidh an t-athrú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe mura gcuirtear roghanna malartacha atá inacmhainne, inrochtana agus níos glaine ar fáil do dhaoine.

Leagfar amach sa chuid seo a leanas den Chaibidil na modhanna éagsúla iompair inbhuanaithe atá i Lú. Sula ndéanfar athbhreithniú ar na modhanna iompair seo déanfar anailís ar na patrúin taistil reatha atá sa Chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 6** | Prionsabail an dearaidh uilíoch a chur chun cinn agus tacú leo d'fhonn a chinntiú go mbeidh gach timpeallacht cuimsitheach, go mbeidh rochtain ag gach úsáideoir orthu agus go mbeidh an oiread rochtain agus is féidir orthu beag beann ar aois, ar chumas nó ar mhíchumas. |

### 7.6.1 Patrúin Taistil Reatha sa Chontae

Seo a leanas achoimre ar na patrúin taistil a bhí ag mic léinn agus oibrithe sa Chontae in 2016:

- Is é an carr an modh iompair is mó atá in úsáid agus níos mó ná 63% de na hoibrithe ag tiomáint chuig a gcuid oibre agus os cionn 50% de na mic léinn ag taisteal ar scoil nó ar choláiste i gcarr (faigheann 47% síob agus tiomáineann 3.5%);
- Is é an siúl an modh iompair inbhuanaithe is coitianta agus is de shiúl na gcos a théann beagnach 26% de na mic léinn agus 10.5% de na hoibrithe chuig a gcuid oibre, ar scoil nó chuig an gcoláiste;
- Bíonn céatadán ard de na mic léinn ag úsáid na seirbhísí bus atá ar fáil ag 21.5%;
- Ní bhíonn an oiread oibrithe ag taisteal ar bhus (4.5%) agus a bhíonn ag comhroinnt carranna (6.1%);
- Tá líon na mac léinn agus na n-oibrithe a bhíonn ag taisteal ar an traein íseal (0.5% de na mic léinn agus 1.9% de na hoibrithe); agus
- Ní bhíonn ach 1.4% de na mic léinn agus 2.2% de na hoibrithe ag rothaíocht chuig an gcoláiste nó chuig an obair. Deimhníonn na sonraí seo agus tarraingíonn siad aird ar na dúshláin atá roimh an gContae maidir le haistriú córa iompair ón gcarr a chur chun cinn.

Féachfaidh an Plean seo leis an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú trí mhodhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn, éascaíocht a dhéanamh orthu agus tacaíocht a thabhairt don fhorbairt in áiteanna a laghdódh an gá a bheadh le taisteal.

Ag leibhéal na lonnaíochta tá an patrún céanna i gceist sa mhiondealú ar chóra iompair agus atá ag leibhéal an Chontae. Tá sé suntasach, a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuiltear ag braith níos mó ar an gcarr príobháideach sna lonnaíochtaí beaga ná mar atá sna lonnaíochtaí móra.
I nDroichead Átha agus i nDún Dealgan bíonn níos mó daoine ag siúl chun na scoile agus chuig an obair, agus i nDún Dealgan tá líon na ndaoine a bhíonn ag rothaíocht chuig a gcuid oibre níos airde ná in aon lonnaíocht eile ná Contae.

I nDroichead Átha bíonn a dhá oiread de na hoibrithe ag taisteal ar an traein le hais mar a bhíonn i nDún Dealgan. Léiríonn sé seo ar fad má bhíonn breis deiseanna siúil agus rothaíochta ann agus níos mó seirbhísí iompair phoiblí curtha ar fáil i gceantair uirbeacha go roghnaíonn tuilleadh daoine na modhanna iompair seo a úsáid.

**Tábla 7.1 Sciar Módach na Mac Léinn agus na n-Oibrithe i Lonnaíochtaí Ardleibhéil 2016**

| Modh Iompair | Obair | | | | Scoil nó Coláiste | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Droichead Átha | Dún Dealgan | Baile Átha Fhirdhia | Dún Léire | Droichead Átha | Dún Dealgan | Baile Átha Fhirdhia | Dún Léire |
| **Siúl** | 16.1% | 13.1% | 11.5% | 10.25% | 34.7% | 33.6% | 33.3% | 38.3% |
| **Rothaíocht** | 1.6% | 5.2% | 1.7% | 0.3% | 1.2% | 2.6% | 1.1% | 0.5% |
| **Bus** | 5.7% | 5.9% | 4.3% | 4% | 22% | 16.2% | 15.3% | 12.9% |
| **Iarnród** | 3.8% | 1.4% | 0.2% | 0.7% | 1.3% | 0.2% | 0.1% | 0% |
| **Carr (Tiománaí)** | 60.4% | 60% | 64.9% | 69.4% | 2.4% | 3.2% | 5.1% | 5% |
| **Carr (Paisinéir)** | 6.2% | 8.1% | 5.2% | 4.8% | 38.2% | 43.9% | 44.1% | 42.8% |
| **Veain** | 4.3% | 4.3% | 9.7% | 6.9% | 0.1% | 0.2% | 0.1% | 0.5% |
| **Ag obair sa bhaile den chuid is mó** | 1.9% | 2.1% | 2.6% | 3.7% | 0.05% | 0.1% | 0.8% | 0% |
| **IOMLÁN** | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |

**Tábla 7.2: Sciar maidir le córa iompair na Mac Léinn agus na n-Oibrithe i mBailte Féinchothaitheacha 2016**

| Modh iompair | Obair | | | | | Scoil nó Coláiste | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | C'ford | C'head | C'bgm | Tmfkn | Tulyn | C'ford | C'head | C'bgm | Tmfkn | Tulyn |
| Siúl | 19.7% | 3.3% | 6.8% | 2% | 1.7% | 20% | 34.3% | 15.3% | 16% | 37% |
| Rothaíocht | 1.3% | 0.5% | 1% | 1% | 0% | 1.3% | 1.2% | 5.6% | 0% | 0% |
| Bus | 2.6% | 4.5% | 5% | 2.3% | 6.4% | 13.2% | 32.2% | 36.2% | 26.6% | 26.1% |
| Iarnród | 2.6% | 3.5% | 0.8% | 3% | 1.7% | 0% | 0.5% | 0.5% | 0.8% | 0% |
| Carr (tiománaí) | 60.7% | 69.4% | 69% | 76.4% | 77.6% | 1.5% | 2.8% | 2% | 2.8% | 2.2% |
| Carr (paisinéir) | 2.2% | 4.5% | 6.4% | 3.9% | 4.7% | 63.8% | 29% | 39.8% | 53% | 33.8% |
| Van | 4.9% | 11.5% | 8% | 5.9% | 5.8% | 0.2% | 0% | 0.6% | 0.8% | 0.7% |
| Ag obair sa bhaile den chuid is mó | 6% | 2.8% | 3% | 5.5% | 2.1% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0.2% |
| Iomlán | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |

**Tábla 7.3:Sciar maidir le córa iompair na Mac Léinn agus na n-Oibrithe i mBailte agus Sráidbhailte Beaga 2016**

| Modh Iompair | Obair | | | Scoil nó Coláiste | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Áth na gCasán | Colann | Droim Ineasclainn | Áth na gCasán | Collann | Droim Ineasclainn |
| Siúl | 2.5% | 3.7% | 4% | 0% | 36.3% | 16.6% |
| Rothaíocht | 0% | 0.9% | 0.2% | 0% | 0.4% | 1.4% |
| Bus | 1.3% | 7.1% | 1.8% | 17.9% | 34.2% | 31.1% |
| Iarnród | 1.3% | 1.2% | 0.4% | 0% | 0% | 0.4% |
| Carr (tiománaí) | 73.4% | 76.3% | 72.9% | 3.6% | 3.3% | 5% |
| Carr (Paisinéir) | 8.3% | 4.9% | 6.8% | 78.5% | 25.8% | 45.5% |
| Veain | 7.2% | 5.2% | 11.1% | 0% | 0% | 0% |
| Ag obair ón mbaile den chuid is mó | 6% | 0.7% | 2.8% | 0% | 0% | 0% |
| Iomlán | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |

**Tábla 7.4: Sciar Módach na Mac Léinn agus na n-Oibrithe i mBailte agus Sráidbhailte Beaga 2016**

| Modh Iompair | Obair | | | | Scoil nó Coláiste | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Knkbdge | Lth Vge | Omth | Tlnstn | Knkbdge | Lth Vge | Omth | Tlnstn |
| **Siúl** | 1% | 5.9% | 11.9% | 3% | 26.5% | 26% | 16% | 27.7% |
| **Rothaíocht** | 0% | 0% | 0% | 0.4% | 0% | 0.6% | 0.8% | 0% |
| **Bus** | 2.1% | 3% | 1.6% | 4.8% | 26.5% | 34.3% | 27.5% | 32.4% |
| **Iarnród** | 1.7% | 1.5% | 0.5% | 0% | 0.6% | 0.6% | 0% | 0% |
| **Carr (tiománaí)** | 75.7% | 70.3% | 66.8% | 70.4% | 6.4% | 1.7% | 3.8% | 0.7% |
| **Carr (paisinéir)** | 6.3% | 4.8% | 5.2% | 9.2% | 40% | 37% | 51.9% | 38.5% |
| **Veain** | 10.1% | 12.6% | 9.8% | 10% | 0% | 0% | 0% | 0.7% |
| **Ag obair ón mbaile den chuid is mó** | 3.1% | 1.9% | 4.2% | 2.2% | 0% | 0% | 0% | 0% |
| **Iomlán** | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% |

Níl aon sonraí ar fáil do Bhaile Trá

| Cuspóir an Beartais | |
|---|---|
| **G 7** | Tacú le haistriú córa iompair ón gcarr príobháideach go dtí cineálacha iompair atá níos inbhuanaithe, dála iompar poiblí, rothaíocht agus siúl agus aon spriocanna náisiúnta a bhaineann le haistriú córa iompair a fhoilseofar le linn shaolré an Phlean seo a bhaint amach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 8** | Spriocanna comhroinnte i leith córa iompair a leagan síos i ngach Plean Ceantair Áitiúil nua i gcomhar leis an NTA, CARO, EMRA agus le geallsealbhóirí ábhartha eile i gcomhréir le haon Treoirlínte nó spriocanna ábhartha a fhoilseofar le linn shaolré an Phlean seo. |

| Cuspóir an Beartais | |
|---|---|
| **G 9** | Tacú le hinfheistíocht i mbonneagar iompair inbhuanaithe a fhágfaidh go mbeidh an siúl, an rothaíocht nó an t-iompar poiblí níos tarraingtí, agus fáil go héasca ag cách orthu, beag beann ar aois, ar chumas gluaisteachta fhisiciúil, nó ar mhíbhuntáiste sóisialta. |

**Fíor 7.1: Sciar de réir córa iompair na Mac Léinn agus na n-Oibrithe i Lú in 2016 (Foinse: Daonáireamh 2016)**

Cairt A – Daltaí ar scoil nó sa choláiste




Cairt B – Daoine atá ag an obair




## 7.6.2 Feithiclí Leictreacha

I measc na bhfeithiclí leictreacha (EV) tá Feithiclí Leictreacha Ceallraí (BEV) agus Feithiclí Leictreacha Hibrid Inluchtaithe (PHEV).

Is feithiclí astaíochtaí ísle iad na LEVanna a úsáideann teicneolaíochtaí ísealcharbóin, a scaoileann astaíochtaí ísle agus a chuireann réiteach iompair níos inbhuanaithe ar fáil.

Beidh ról tábhachtach ag na feithiclí glana seo, atá tíosach ar fhuinneamh, ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil an iompair, caighdeán an aeir a fheabhsú agus truailliú torainn a laghdú i mbailte agus i sráidbhailte.

Tá fáil ar aonaid luchtaithe éagsúla do EVanna ar fud an Chontae. Cuireann an Plean seo suiteáil agus leathnú amach na bpointí luchtaithe do na feithiclí seo chun cinn.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 10** | An t-athrú chuig Feithiclí Leictreacha a éascú trí phointí luchtaithe leictreacha breise a chur i ar fáil ag suíomhanna cuí laistigh den Chontae i gcomhar le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha. |

| Cuspóir Bheartais | |
|---|---|
| **G 11** | Bonneagair luchtaithe leictreachais d'fheithiclí leictreacha a sholáthar ar an tsráid agus i bhforbairtí nua, i gcomhréir leis na caighdeáin pháirceála carranna atá forordaithe sna Treoirlínte Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 13. |

### 7.6.3 Gás Nádúrtha Comhbhrúite (CNG)

Is gás nádúrtha é GNC atá comhbhrúite le dul isteach in umar feithicle agus tá sé oiriúnach go háirithe le húsáid i bhfeithiclí tráchtála.

Trí Bhonneagar GNC a fhorbairt, beidh fheithiclí earraí troma (HGVanna) agus busanna in ann athrú ó bhreosla díosal go dtí GNC. Is teicneolaíocht bhunaithe í GNC a úsáidtear i gcuid mhaith tíortha ar fud an domhain. Táirgeann GNC níos lú astaíochtaí carbóin ná díosal agus mar thoradh air sin feabhsaíonn caighdeán an aeir, le go mbíonn 95% níos lú ábhar cáithníneach, 70% níos lú Ocsaíd Nítrigine, agus 80% níos lú Dé-ocsaíd Sulfair ann (https://www.ngva.eu/policy-priorities/air-quality/). Is féidir feithiclí GNC a rith ar ghás atá 100% in-athnuaite. Is breosla glan, in-athnuaite agus neodrach ó thaobh carbóin de é seo, a tháirgtear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht Díleá Anaeróbach (AD) ó shruthanna dramhaíola atá ann cheana agus foinsí éagsúla bithmhaise inbhuanaithe, lena n-áirítear féar, dramhaíl ainmhithe, iarmhair barr agus dramhbhia.

Tá forbairt á dhéanamh cheana féin in Éirinn ar bhonneagair le haghaidh GNC, agus 14 stáisiún mearlíonta GNC líonta á suiteáil ar fud chroíghréasán na mbóithre TEN-T, trí thionscadal ar a dtugtar Staidéar Causeway a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach trí Chiste Iompair SCE agus tríd an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU).

Tacóidh an Plean le húsáid gáis i gcórais iompair agus éascóidh sé soláthar aon bhonneagair athbhreoslaithe in áiteanna cuí sa Chontae, faoi réir na gceanglas atá leagtha amach i roinn 13.12.5 'Stáisiúin Seirbhíse agus Miondíola' agus aon chúinsí ábhartha pleanála agus comhshaoil eile.

### 7.6.4 Comhroinnt Carranna

Tá comhroinnt carranna (ar a dtugtar clubanna gluaisteán freisin) bunaithe ar an bprionsabal go mbeadh carr ar fáil le húsáid nuair a theastódh sé. Tá roinnt cuideachtaí ar fud na tíre a chuireann an tseirbhís seo ar fáil.

Is rogha úsáideach é do dhaoine nach dteastaíonn uathu carr a bheith acu. Tá roinnt buntáistí ag baint le chomhroinnt carranna lena n-áirítear brú tráchta a laghdú, agus má bhíonn dóthain glacadh leis/éileamh ar an tseirbhís d'fhéadfadh nach mbeadh an oiread gá le hionaid páirceála do charranna.

Aithnítear sa Phlean seo an ról a d'fhéadfadh a bheith ag comhroinnt carranna ó thaobh líon na bhfeithiclí agus an phlódaithe a bhaineann leo a laghdú sna ceantair uirbeacha is mó sa Chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 12** | Soláthar bonneagair agus áiseanna comhroinnte carranna a éascú, i gceantair oiriúnacha sa Chontae. |

### 7.6.5 Iompar Poiblí

Cuimsíonn an soláthar iompair phoiblí i Lú seirbhísí iompair bus, iarnróid agus córais iompair tuaithe, chomh maith le seirbhísí tacsaí. Tá seirbhísí áitiúla ann a chruthaíonn naisc idir na lonnaíochtaí laistigh den Chontae agus seirbhísí réigiúnacha a dhé anann ceangal leis an réigiún níos leithne, go háirithe le Baile Átha Cliath. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) atá freagrach as seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar.

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag plé leis an NTA chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar bhonneagar iompair sa Chontae, nascacht a fheabhsú agus cabhrú le dul i ngleic le fadhbanna eisiaimh agus leithlisithe, go háirithe i gceantair tuaithe sa Chontae atá scoite amach.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 13** | Dul i dteagmháil agus oibriú go dlúth leis na húdaráis agus leis na hoibreoirí iompair ábhartha, poiblí agus príobháideach araon, ó thaobh éascú a dhéanamh ar fháil agus ar sholáthar an bhonneagar agus na seirbhísí don iompair phoiblí sa Chontae agus iad a leathnú amach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 14** | Athrú córa iompair ón gcarr príobháideach go dtí modhanna iompair níos inbhuanaithe, lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, a spreagadh. |

### 7.6.6 Seirbhísí Iarnróid

Téann líne iarnróid an tuaiscirt trí Lú, agus tá dhá stáisiún sa Chontae, ceann i nDroichead Átha agus ceann i nDún Dealgan. Ar na seirbhísí a oibríonn amach as na stáisiúin seo tá seirbhísí comaitéireachta go Baile Átha Cliath agus an tSeirbhís (Idirchathrach) Enterprise, Baile Átha Cliath-Béal Feirste.

Faoi láthair tá srianta ar an líne seo toisc teorainn a bheith ar chosáin traenach a thaistealaíonn trí rannóg lár na cathrach idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Duga na Canálach Móire. Cuirfidh Tionscadal Athchóirithe Comharthaíochta lár na Cathrach (CCRP) leis an acmhainneacht, mar go mbeidh líon na cosán traenach ag ardú ó 12 go dtí 20 in aghaidh na huaire i ngach treo.

Mar chuid den tionscnamh seo freisin déanfar nuachóiriú ar an trealamh comharthaíochta, tráth a dtiocfaidh idirghlasáil ríomhairebhunaithe in ionad na gcóras comharthaíochta athsheachadáin atá ann cheana. Tá an CCRP le cur i gcrích i 4 chéim, agus Céim 2 le bheith críochnaithe i Ráithe 4 de 2020.

Beidh an Clár Um Fhorleathnú an DART, lena n-áireofar seirbhísí DART a bheith á gcur ar fáil idir Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus Droichead Átha, in ann cur le hacmhainneacht agus le minicíocht na seirbhísí agus córas iompair níos éifeachtúla a chruthú.

Is mórthionscadal bonneagair é seo a chuirfear ar fáil ar bhonn céimnithe.

I measc na n-oibreacha a theastaíonn ar an líne thuaidh tá bonneagar comharthaíochta agus teileachumarsáide, leictriú agus soláthar cumhachta, atógáil droichid chun gur féidir na gconairí a leathnú, uasghrádú ar iostaí cothabhála, cur leis an acmhainneacht i nDroichead Átha agus rothstoc breise.

Tá an tionscadal seo curtha san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027.

Ag tráth a scríofa (R2 de 2020) bhí soláthar comhairleoirí fós ar siúl. Táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha pleanála agus dearaidh i Ráithe 1 de 2021.

D'fhoilsigh Iarnród Éireann, i gcomhar le soláthraí iompair phoiblí Thuaisceart Éireann, Translink, Plean Straitéiseach i mí an Mheithimh 2018 inar leagadh amach tograí a bhain le feabhsúcháin a dhéanamh ar sheirbhís Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste an Enterprise. [2]

[2] Better Connecting Dublin and Belfast Enterprise Strategic Development Plan June 2018

Áirítear leis seo seirbhís in aghaidh na huaire a thabhairt isteach idir an dá chathair, bonneagair a fheabhsú chun gearradh siar ar méid ama a thógann na turais agus na naisc agus leictriú trí infheistíocht i mbonneagar agus i rothstoc.

Tacaíonn an NPF agus an RSES leis an bhfeabhsúchán ar an tseirbhís seo.[3]
Cé go dtéann líne iarnróid Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste trí Dhún Léire le níl aon seirbhís iarnróid ar an mbaile. Aithnítear go dtugann Dún Léire an deis seirbhís iarnróid níos fearr a chur ar fáil do cheantair lár agus deiscirt Lú.

[3] Regional Policy Objective 8.12 supports the delivery of a higher speed rail service between Belfast, Dublin, and Cork

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 15** | Tacú le cur i gcrích Thionscadal Athchóirithe Comharthaíochta lár na Cathrach (CCRP,) a chuirfidh acmhainn bhreise ar fáil sa ghréasán iarnróid. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 16** | Tacú leis an gClár Um Fhorleathnú an DART, lena n-áirítear bonneagar nua agus leictriú na línte atá ann cheana feadh na líne iarnróid ó thuaidh go Droichead Átha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 17** | Tacú le seirbhís iarnróid ardluais a sholáthar idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus le haon infheistíocht agus oibreacha bonneagair gaolmhara a theastaíonn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 18** | Seirbhísí iarnróid níos fearr a chinntiú, i gcomhar le hIarnród Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, do cheantair láir agus dheiscirt Lú agus go háirithe féachaint le scrúdú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé an stáisiún iarnróid a athoscailt i nDún Léire, agus stáisiúin iarnróid nua bhreise a chur ar fáil do Dhroichead Átha Thuaidh, do Dhún Dealgan Theas agus do cheantar Lár Lú. |

### 7.6.7 Áiseanna Páirceála agus Taistil Ionnaithe ag Iarnróid

Tá áiseanna Páirceála agus Taistil cheana féin ag Stáisiúin Iarnróid Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. Baintear úsáid mhaith as an dá áis. Déanfar athbhreithniú ar an ngá atá tuilleadh acu a chur ar fáil mar chuid d'ullmhú na bPleananna Iompair Áitiúla do Dhroichead Átha agus Dún Dealgan.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 19** | Tacú le feabhas a chur ar áiseanna páirceála agus taistil atá lonnaithe ag iarnróid Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, lena n-áirítear saoráidí luchtaithe carranna a sholáthar. |

### 7.6.8 Seirbhísí Bus

Tá seirbhísí bus Lú á n-oibriú ag oibreoirí poiblí agus príobháideacha agus bíonn raon seirbhísí á gcur ar fáil acu a chruthaíonn naisc le lonnaíochtaí laistigh den Chontae agus leis na réigiún níos faide ó bhaile.

Téann cóistí luais agus seirbhisí a stopann as Dhroichead Átha agus Dún Dealgan go Baile Átha Cliath go minic agus tá seirbhísí rialta ann a nascann na bailte seo.

Tá seirbhísí trasteorann ann freisin chuig an Iúr, áit a bhfuil deiseanna nasctha.

Déanann na seirbhísí príobháideacha busanna Luais go Baile Átha Cliath freastal mhaith ar Bhaile Átha Fhirdhia agus seirbhísí a thosaíonn amach i Muineacháin, i nDún na nGall agus i nDoire ag taisteal tríd an mbaile.

Taobh istigh de Dhroichead Átha agus de Dhún Dealgan tá seirbhísí áitiúla ann a chothaíonn naisc idir lár an bhaile agus an ceantar máguaird. In 2019, rinneadh feabhsuithe suntasacha idir Droichead Átha agus an Inse agus seirbhís ardmhinicíochta á chur ar fáil feadh an bhealaigh.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 20** | Cabhrú leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus páirtithe leasmhara eile agus grúpaí pobail le seirbhísí agus bonneagair bus fheabhsú sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 21** | Plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), le páirtithe leasmhara eile agus le grúpaí pobail chun oibreoirí bus a spreagadh le seirbhísí níos fearr a chur ar fáil sa Chontae agus tríd na gContae. |

### 7.6.9 Áiseanna Páirceála agus Taisteal agus Páirceáil agus Comhroinn

Mar chuid den straitéis le modhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú, tá deiseanna ann le forbairt a dhéanamh sa Chontae ar áiseanna Pháirceáil agus Taisteal bunaithe ar bhusanna agus ar áiseanna Páirceáil agus Comhroinn.

Dhéanfadh na háiseanna bus-bhunaithe an rochtain ar iompar poiblí níos éasca agus bheadh na háiseanna carrbhunaithe úsáideach do chomaitéirí a bhíonn ag comhroinnt carranna. Laghdódh saoráidí den chineál sin an brú trachta agus dhéanfadh siad modhanna iompair níos inbhuanaithe a spreagadh.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 22** | Oibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus aon pháirtithe leasmhara eile chun láithreacha sa Chontae a bheadh oiriúnacha le haghaidh áiseanna Pháirceáil agus Taisteal, bunaithe ar bhusanna, agus áiseanna Páirceáil agus Comhroinn, bunaithe ar charanna, a aithint agus fhorbairt. |

### 7.6.10 Iompar Tuaithe

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as seirbhísí iompair tuaithe a sholáthar ar fud na tíre. Cuirtear é seo ar fáil tríd an gClár 'Nasc Áitiúil' agus tá dhá phríomhshruth maoinithe aige ón Roinn Iompair agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí (An Scéim Pas Saorthaistil).

Is é cuspóir na scéime seo ná aonrú tuaithe agus eisiamh sóisialta a laghdú agus na seirbhísí iompair tuaithe a chomhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile i.e. seirbhísí sceidealaithe bus agus iarnróid.

Tá an tSeirbhís 'Nasc Áitiúil' do Lú, don Mhí agus d'Fhine Gall á hoibriú faoi láthair ag Flexibus. Áirítear leis seo seirbhísí bus ó dhoras go doras agus seirbhísí sceidealaithe i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair thuaithe sa Chontae. Tá an tseirbhís bunaithe ar an bpobal agus rinneadh na seirbhísí a fhorbairt bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta idir eagraíochtaí pobail éagsúla, an tÚdarás Áitiúil agus na Gníomhaireachtaí atá freagrach as iompar inrochtana a sholáthar. I measc na gcineálacha turais a chuireann an tseirbhís seo ar fáil tá turais oibre, siopadóireachta, sóisialta, oideachais agus turais a bhaineann le cursaí sláinte.

Aithnítear sa Phlean seo an tábhacht a bhaineann leis an iompar tuaithe ó thaobh nasc sóisialta agus eacnamaíoch a chothú idir bailte agus sráidbhailte, agus tá ról lárnach ag an tseirbhís Local Link maidir le bailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan, rud a fheabhsóidh rochtain ar fhostaíocht, ar sheirbhísí poiblí agus ar líonraí sóisialta agus a chabhróidh le hardchaighdeán maireachtála i gceantair thuaithe. Tá ról tábhachtach ag an gcóras iompair poiblí i gceantair thuaithe freisin ó thaobh tacú leis an turasóireacht i mbailte agus i sráidbhailte agus í a fhorbairt trí sheirbhísí a sholáthar a dhéanfaidh rochtain níos éasca don chuairteoir.

Mar chuid den bheartas náisiúnta maidir le nascacht agus soghluaisteacht inbhuanaithe a fheabhsú, tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag ullmhú Plean Soghluaisteachta Tuaithe 'Éire a Nascadh', a dhéanfaidh iarracht cur leis an nascacht agus feabhas a chur ar an soghluaisteacht i gceantair thuaithe. Bheadh buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha do cheantair thuaithe an Chontae ag cur i bhfeidhm an Phlean seo toisc go dtabharfaí daoine níos gaire dá chéile agus go mbeadh na bailte agus na sráidbhailte tuaithe níos tarraingtí don infheistíocht eacnamaíoch. Tá an Plean seo le foilsiú i dtreo dheireadh 2021. Tá an Chomhairle ag obair go dlúth leis an NTA maidir le hullmhú an Phlean seo le nascacht a fheabhsú agus úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn i gceantair thuaithe.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 23** | Leanúint de bheith ag tacú leis an tseirbhís iompair tuaithe 'Nasc Áitiúil /Local Link' agus na hoibreoirí a spreagadh le feabhas a chur ar an tseirbhís chun freastal ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha na bpobal tuaithe sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 24** | Tacú leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus oibriú leis chun an Plean Soghluaisteachta Tuaithe 'Éire a Nascadh' a chríochnú agus a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le nascacht an iompair phoiblí agus soghluaisteacht inbhuanaithe idir bailte agus sráidbhailte sa Chontae a fheabhsú. |

### 7.6.11 Rothaíocht agus Siúl

Is modhanna iompair atá sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol iad an rothaíocht agus an siúl, a bhfuil buntáistí aonair agus phobail ag baint leo, a spreagann stíl mhaireachtála ghníomhach, a fheabhsaíonn an leibhéil aclaíochta agus a chuidíonn le feabhas chur ar an idirghníomhaíocht shóisialta idir daoine.

Is modhanna éifeachtúla iompair iad freisin, go háirithe i gceantair uirbeacha ina mbíonn brú tráchta.

Ina theannta sin, is lú spáis bóthair a theastaíonn don rothaíocht agus don tsiúlóid ná mar a theastaíonn don charr príobháideach agus ní bhíonn aon ghá ach oiread le spásanna páirceála do charranna.

Má chuirtear prionsabail an dea-dheartha uirbigh i bhfeidhm trí úsáid na talún a shocrú agus sráideanna agus comharsanachtaí atá nasctha go maith le chéile a chruthú idir na ceantair a bhfuil cónaí iontu, na hionaid chomharsanachta, na scoileanna, agus na hionaid oibre, spreagfar daoine le tuilleadh siúil agus rothaíochta a dhéanamh.

Thacaigh an Chomhairle le bonneagar siúil agus rothaíochta a fhorbairt ar fud an Chontae d'fhonn athrú córa iompair a spreagadh ionas nach mbeifear ag braith ar an gcarr príobháideach.

Leanfaidh an Plean seo de bheith ag tacú agus ag éascú soláthar an bhonneagair seo, a chruthódh timpeallacht níos compordaí agus níos tarraingtí do choisithe agus do rothaithe.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 25** | Tacú, nuair is féidir, le soláthar siarghabhálach an bhonneagair siúil agus rothaíochta i lonnaíochtaí atá ann cheana, d'fhonn cur leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus an gréasán siúil agus rothaíochta a neartú agus a fheabhsú. |

| Policy Objective | |
|---|---|
| **G 26** | Na bealaigh do choisithe agus do rothaithe chuig scoileanna, coláistí tríú léibhéal, mórlimistéir fostaíochta, stáisiúin bus agus iarnróid agus moil iompair phoiblí eile, a fheabhsú. |

| Policy Objective | |
|---|---|
| **G 27** | Athbhreithniú a dhéanamh (nuair a mheastar gá a bheith leis) ar indéantacht agus ar chur i bhfeidhm na gcriosanna 30km/u i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan ar mhaithe le timpeallachtaí tarraingteacha, ina mbeadh luas íseal, a chruthú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 28** | An siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn do gach aoisghrúpa mar mhodh iompair atá sábháilte, áisiúil, sláintiúil, éifeachtúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 29** | Leanúint de bheith ag obair agus ag plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Iompair agus aon ghníomhaireachtaí eile chun líonra nua-aimseartha d'infreastruchtúr siúil agus rothaíochta a fhorbairt sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 30** | Bealaí saor ó thrácht do choisithe agus do rothaithe a sholáthar, nuair is féidir, go háirithe sa chás go dtabharfadh bealaí taistil den chineál sin rogha eile do dhaoine seachas an carr agus bealaí a bheadh níos dírí, níos sábháilte agus níos tarraingtí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 31** | Seirbhísí áiseanna páirceála slána do rothair slána a spreagadh i mbailte agus i sráidbhailte sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 32** | Bealach Cósta Lú, feadh an chósta thoir a phleanáil agus a fhorbairt, faoi réir na gcúinsí comhshaoil iomchuí. |

## 7.6.12 Glasbhealaí

Is conairí easbhóthair iad na glasbhealaí atá curtha in áirithe don iompar neamh-mhótair, lena n-áirítear an siúl agus an rothaíocht. Is áiseanna áineasa luachmhara iad a chuireann stíl mhaireachtála ghníomhach agus shláintiúil chun cinn agus is áiseanna tábhachtacha turasóireachta iad freisin.

Tacóidh an Chomhairle le feabhsuithe ar na naisc idir glasbhealaí, lár bailte agus bonneagar siúil agus rothaíochta atá ann cheana agus tá sé go mór i bhfách leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag infheistiú i líonra Glasbhealaí an Chontae mar seo a leanas:

**Glasbhealach Mór an Oirthir:** Faoi láthair téann Glasbhealach Mór an Oirthir ó Chairlinn go Ó Méith feadh bhruach Loch Chairlinn.

Tógadh é, den chuid is mó, feadh an tseanlíne iarnróid. Tá sé beartaithe an glasbhealach seo a shíneadh ar dtús go dtí an tIúr agus ansin go Dún Dealgan, ag cur san áireamh An Ghrianfort agus Baile an Teampaill, rud a d'fhágfadh go mbeadh an cosán thart ar 55km agus go dtiocfadh feabhas suntasach an mbonneagar áineasa agus ar na naisc trasteorann feadh an chósta uathúil seo.

**Bealach Cósta Lú:** Mar chuid de thionscadal cosanta Cósta Lú, samhlaítear go mbeidh gnéithe de Ghlasbhealach Dhún Dealgan go dtí Na Creagacha Dubha agus Glasbhealach Dhroichead Átha tugtha isteach sna scéimeanna cosanta seo. Beidh na codanna seo den Ghlasbhealach mar chuid den Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta (Conair 5, Dún Dealgan go Loch Garman).

**Glasbhealach Dhún Dealgan – Shligigh:** Beidh Glasbhealach Dhún Dealgan – Shligigh mar chuid den Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta (Conair 1). Rachaidh an bealach siar ó thuaidh ag ceangal Dhún Dealgan le baile Shligigh, agus sínfidh sé thart ar 176km trí chúig chontae.

Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gcuid den Ghlasbhealach atá idir Dún Dealgan agus Baile na Lorgan.

**Glasbhealach na Bóinne:** Téann Céim 1 de Ghlasbhealach na Bóinne ó Páirc Dhoiminic ar an mbruach theas d'Abhainn na Bóinne go dtí Ionad Cuairteoirí Chath na Bóinne ag an Seandroichead tríd na ballaí cosanta atá ann cheana. Is áis luachmhar é an glasbhealach seo don chuid ó dheas den Chontae. I measc na gcéimeanna den Ghlasbhealach a thógfar amach anseo tá síneadh ó Dhroichead Átha go dtí Baile Uí Mhornáin. Táthar ag súil go rachaidh an bealach sínte trí Dhroichead Átha agus go leanfaidh sé bruacha theas na Bóinne soir ón mbaile agus amach go Baile Uí Mhornáin.

Beidh an Glasbhealach seo mar chuid den Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta (Conair 5 agus 15), ag nascadh ó Chonair an Chósta Thoir i nDroichead Átha go dtí Bealach 2 thrastíre EuroVelo ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath, siar ó dheas de Bhaile Átha Troim.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhar le Comhairle Contae na Mí chun an chuid de Ghlasbhealach na Bónne atá idir Droichead Átha agus Baile Uí Mhornáin a chur chun cinn.

Tá tuilleadh eolais faoi na Glasbhealaí i gCuid 6.3.1 de Chaibidil 6.

***Léarscáil 7.1: Glasbhealaí atá ann cheana***



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 33** | Leanúint den fhorbairt ar líonra na nGlasbhealaí sa Chontae i gcomhréir leis an Straitéis don Fhorbairt sa Todhchaí ar Ghlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 34** | Leanúint de bheith ag plé agus ag obair go dlúth le Comhairle Contae na Mí agus páirtithe leasmhara eile ar fhorbairt agus leathnú Ghlasbhealach na Bóinne. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 35** | Leanúint de bheith ag plé agus ag obair go dlúth le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus páirtithe leasmhara eile ar fhorbairt agus ar leathnú Ghlasbhealach Mór an Oirthir ó Chairlinn go dtí an tIúr. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 36** | Leanúint de bheith ag plé agus ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le páirtithe leasmhara eile ar fhorbairt Ghlasbhealach an Chósta ó Dhún Dealgan go dtí na Creagacha Dubha, lena n-áirítear bonneagar den chineál sin a sheachadadh ar dhá thaobh Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan, agus ó Bhaile Trá go Droichead Átha trí Thionscadail Cosanta Cósta Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 37** | Leanúint de bheith ag plé agus ag obair go dlúth le Comhairle Contae Mhuineacháin agus le páirtithe leasmhara eile sa bhforbairt ar gcuid idir Dún Dealgan agus Baile na Lorgan de Ghlasbhealach Dhún Dealgan – Shligigh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 38** | Páirt a ghlacadh i bpróiseas an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh nuair is gá chun cabhrú le go mbeidh Tionscadail na nGlasbhealaigh agus na Rotharbhealaigh sa Chontae curtha i gcrích in am. |

### 7.6.13 Clár Taistil na Scoileanna Glasa

Is clár oideachais comhshaoil é Clár na Scoileanna Glasa a thugann deis do scoileanna glacadh le saincheisteanna comhshaoil agus iad a chur i bhfeidhm ar oibríochtaí na scoile ó lá go lá. Tá an Clár á fheidhmiú ag An Taisce i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus tá tacaíocht aige freisin ó Ranna Rialtais.

Tá sé mar aidhm ag Clár Taistil na Scoileanna Glasa cur le líon na mac léinn a bhíonn ag siúl, ag rothaíocht, ag comhroinnt nó ag úsáid córais iompair phoiblí le dul ar scoil. Léiríonn sé do na daltaí a thairbhí don chomhshaol atá an iompar inbhuanaithe agus ag an am céanna bíonn níos mó aclaíochta ar bun dá bharr.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 39** | Tacú le Clár na Scoileanna Glasa agus le haon tionscnamh iompair inbhuanaithe eile a bhíonn á bhforbairt ag scoileanna ar fud an Chontae, trí bhonneagar tiomnaithe siúil agus rothaíochta a chur ar fáil cóngarach do scoileanna, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil. |

## 7.7 FEABHSÚCHÁIN SA RÉIMSE POIBLÍ

Tá an Chomhairle tiomanta d'fheabhas a chur ar spásanna poiblí sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud an Chontae, ionas go mbeidh an timpeallacht uirbeach ina áit níos taithneamhaí le bheith ag maireachtáil, ag obair agus i mbun gnó ann.

Má bhíonn réimse poiblí ann atá ar ardchaighdeán agus slachtmhar d'fhéadfadh go mbeadh na lonnaíochtaí ina láithreacha agus ina n-ionaid tarraingteacha chun féilte agus imeachtaí a óstáil agus a éascú iontu.
Tá na feabhsúcháin seo ar an réimse poiblí mar chuid den chur chuige comhtháite maidir le húsáid talún agus pleanáil iompair sa Chontae.

I measc samplaí de thionscadail a cuireadh i gcrích le déanaí tá Scéim Athnuachana Réimse Poiblí Shráid Clanbrassil agus Cheathrú San Nioclás i lár Dhún Dealgan. Tabharfaidh na tionscadail seo níos mó tosaíochta don siúl agus don rothaíocht agus cabhróidh siad le hathghiniúint a dhéanamh ar limistéir i lár an bhaile. I dTábla 7.1 tugtar sonraí na dtionscnamh a bhaineann leis an réimse poiblí a chuirfear chun cinn le linn shaolré an Phlean.

### 7.7.1 Inrochtaineacht do Chách

Aithnítear sa Phlean seo an tábhacht a bhaineann le go gcruthófaí timpeallacht seachtrach atá cuimsitheach agus inrochtana do gach duine agus a bhféadfaidh gach úsáideoir, beag beann ar aois, ar chumas nó ar mhíchumas lánúsáid a bhaint as. I ndáil leis an méid sin, cuirfear san áireamh a oiread agus is féidir prionsabail dea-chleachtais an dearaidh uilíoch chun limistéir sheachtracha a dhearadh agus a thógáil a chinnteoidh go gcuirfear an rochtain chuí ar fáil do gach úsáideoir.

***Tábla 7.5: Tionscadail sa Réimse Poiblí a chuirfear chun cinn le linn shaolré an Phlean seo.***

| Suíomh | Tionscadal |
|---|---|
| **Droichead Átha** | Scéim Athghiniúna Uirbí West Gate Vision |
| | Cnoc Naomh Peadar |
| | Geata san Labhras |
| **Dún Dealgan** | Scéim Athghiniúna Cheathrú San Nioclás |
| | Scéim Athghiniúna Uirbí an Long Walk |
| | Spás Oscailte Shiúlán Bhruach na Náibhí |
| | Ceathrú Leabharlann Dhún Dealgan |
| **Baile Átha Fhirdhia** | Tionscadal Athghiniúna Tuaithe Bhaile Átha Fhirdhia 2040 |
| **Dún Léire** | Tionscadal Athnuachana Lár an Bhaile |
| **Cairlinn** | Tionscadal Athghiniúna Tuaithe Bhaile Chairlinn |
| **Ó Méith** | Tionscadal Athghiniúna shráidbhaile Tuaithe Ó Méith |
| **Áth na gCasán** | Athghiniúint na Príomhshráide |
| **Collann** | Tionscadal Halla an tSráidbhaile |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 40** | Tacú le dearadh agus cur chun feidhme na dtionscnamh don Réimse Poiblí i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Chontae, rud a fhágfaidh go mbeidh na háiteanna seo níos tarraingtí agus níos éasca le maireachtáil iontu, go mbeidh siad in ann déileáil leis an aeráid agus iad inrochtaineacht do chách, beag beann ar aois, ar shoghluaisteacht fhisiciúil, nó ar mhíbhuntáiste sóisialta. |

## 7.8 BONNEAGAR BÓITHRE

Tá gréasán dea-fhorbartha bóithre i Lú atá mar chuid bhunúsach d'iomaíochas eacnamaíoch an Chontae agus gluaiseacht éifeachtúil earraí agus daoine á éascú acu. De bharr shuíomh straitéiseach an Chontae feadh Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste tá sé de bhuntáiste ag an gContae go bhfuil rochtain aige ar an ngréasán mótarbhealaigh chomh maith le príomhbhealaí náisiúnta agus bealaí tánaisteacha, rud a chothaíonn nasc le Baile Átha Cliath, Béal Feirste agus príomhionaid seirbhíse sa réigiún agus i limistéar na teorann. Faoi bhun na mbóithre náisiúnta tá ordlathas de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla a nascann na bailte agus na sráidbhailte. Tá ról tábhachtach ag na bóithre seo ó thaobh tacaíocht a thabhairt don ghníomhaíocht eacnamaíoch áitiúil agus don fhorbairt shóisialta agus phobail.

### 7.8.1 Mótarbhealach

Is nascbhóthar tábhachtach straitéiseach é Mótarbhealach an M1, a nascann Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus a théann trí Lú. Trasnaíonn an M1 cuar-mhótarbhealach an M50, a nascann na príomhbhealaí náisiúnta atá ag síneadh amach ón M50 go dtí gach cearn den tír. Tá an M1 mar chuid de Chroíghréasán TEN-T an AE agus is nasc straitéiseach tábhachtach é laistigh den chontae agus tríd an gcontae, lena n-áirítear nascacht chriticiúil idirnáisiúnta agus inrochtaineacht réigiúnach a bheith á chur ar fáil.

Tá 2 stáisiún seirbhíse mótarbhealaigh ag feidhmiú i Lú chun freastal ar an trácht atá ag dul ó thuaidh agus ó dheas.

Tá 'Seirbhísí Bhaile an Ghearlánaigh' suite idir Acomhal 15 agus 16. Cuireann na limistéir seirbhíse réimse áiseanna agus seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear breosla, bia, miondíol, ionaid phicnice, ionaid scíthe, seomraí scíthe agus cithfholcadáin agus iad ag cur seirbhís agus feidhm thábhachtach ar fáil acu don phobal taistil.

### 7.8.2 Forbairt ag Acomhail na Mótarbhealaigh

D'fhéadfadh an M1 an- spreagadh a thabhairt don fhorbairt agus don ghníomhaíocht eacnamaíoch trí bhonneagar bóithre agus nascacht ardchaighdeáin a chur ar fáil chuig calafoirt aeir agus calafoirt mhara agus ar an gcaoi sin chuig margaí intíre agus margaí idirnáisiúnta. Is suíomhanna straitéiseacha iad acomhail na mótarbhealaigh a mbíonn an-tóir ag forbróirí orthu gheall ar a inmhianaithe atá sé rochtain sciobtha a bheith acu ar an bpríomhlíonra bóithre. Mar sin féin, is minic a bhíonn fadhbanna ag baint leis an bhforbairt ag acomhail nach mbíonn smachtaithe ná rialaithe go maith. D'fhéadfadh gur mar gheall ar an bhforbairt sin a bheith ag brath go hiomlán ar iompar de bhóthar a tharlódh na fadhbanna, nó an plódú tráchta a d'fhéadfadh a bheith ar bhealaí náisiúnta, an tionchar ar thírdhreacha agus ar thimpeallachtaí tuaithe nó an costas a bhainfeadh le bonneagar eile, dála seirbhísí píopaithe, leictreachas agus gás,

a sholáthar. Tá forbairt den chineál sin in ann infheistíocht a tharraingt freisin ó na bailte agus lonnaíochtaí atá ann cheana féin a dteastaíonn athnuachan agus forbairt go géar uathu. D'fhonn an oiread leasa agus is féidir a bhaint as na buntáistí a bheadh don Chontae sa mhótarbhealach agus forbairt feadh an bhealaí a rialáil ar bhealach inbhuanaithe agus iomchuí, cuirfear na beartais seo a leanas i bhfeidhm.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 41** | Feidhm straitéiseach iompair na mbóithre náisiúnta, lena n-áirítear mótarbhealaí, a chosaint, trí chur i bhfeidhm na *'Pleanála Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála'* agus aon treoirlínte a thagann ina dhiaidh sin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 42** | Tacú le feabhas agus cosaint líonra TEN-T an Aontais agus feidhm straitéiseach an ghréasán bóithre idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. |

### 7.8.3 Bóithre Náisiúnta

Is iad na Príomhbhóithre Náisiúnta a théann trí Lú ná bóthar an N2 Baile Átha Cliath-Dhoire, bóthar an N1/A1 Dhún Dealgan-Béal Feirste, agus an N33, a théann ó Acomhal Bhaile an Ghleantúnaigh (Acomhal 14 ar an M1) go dtí Baile Átha Fhirdhia. Tá na bóithre seo ríthábhachtach chun tacú le forbairt réigiúnach níos cothroime toisc go gcuireann siad nasc ríthábhachtach ar fáil d'iarthuaisceart na tíre.

Is iad na Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha sa Chontae ná an N51 Droichead Átha-Baile Shláine, an N52 Dún Dealgan-An tAonach (trí Bhaile Átha Fhirdhia agus Ceanannas) agus an N53 Dún Dealgan-Baile na Lorgan. Cuireann na bóithre seo leibhéal tábhachtach nascachta ar fáil idir Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus na príomhionaid seirbhíse sa réigiún i gcoitinne agus níos faide ó bhaile.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 43** | Forbairt a chur chun cinn agus a éascú ag acomhail a bhaineann le ceantair uirbeacha* de réir na bhforálacha criosaithe do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan, mar atá leagtha amach ar na léarscáileanna criosaithe do Dhroichead Átha agus Do Dealgan i bPlean Forbartha Chontae Lú agus aon Phleananna Ceantair Áitiúil a bheadh i gceist, ina dhiaidh sin, do na lonnaíochtaí seo.[4] Caithfidh aon togra forbartha ar mhórscála a bheadh cóngarach do na hacomhail seo Measúnú Tráchta agus Iompair a ullmhú de réir cheanglais*'Treoirlínte 2014 maidir le Measúnú Iompair agus Tráchta'.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 44** | Cur in aghaidh na forbartha ag acomhail mhótarbhealaigh a bhainfeadh leis an tuath**.[5] |

[4] * Is iad na hidirmhalartaithe uirbeacha a bhaineann le Baile Mhic Scanláin (Acomhal 18), Bóthar Bhaile na Lorgan (Acomhal 17), Idirmhalartú Theas Dhún Dealgan (Acomhal 16) agus Droichead Átha Thuaidh (Acomhal 10).

[5] ** Is iad na hidirmhalartaithe tuatha a bhaineann le Carraig Aodháin (Iúil 20), Droim Leac (Acomhal 15), Baile an Ghleantúnaigh (Acomhal 14), Baile Ardach (JAcomhal 3) agus Fearann na Coille (Acomhal 12).

***Léarscáil 7.2: Gréasán Bóithre***



### 7.8.4 Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Cuireann na bóithre réigiúnacha agus áitiúla rochtain agus naisc ar fáil chuig na bailte, sráidbhailte agus pobail tuaithe atá scaipthe thart sa Chontae. Tá ról tábhachtach ag na bóithre seo ó thaobh tacú lejabanna agus seirbhísí áitiúla. Is nasc ríthábhachtach sóisialta agus eacnamaíoch iad go dtí na pobail, seirbhísí agus poist i mbailte agus i sráidbhailte laistigh den Chontae agus go dtí na contaetha atá in aice láimhe sa réigiún níos leithne, lena n-áirítear an Cabhán, Muineachán agus an Mhí. Tá gréasán de bhóithre réigiúnacha agus áitiúil atá ar ardchaighdeán agus dea-chothabháilte ríthábhachtach chun a chinntiú go mbíonn na lonnaíochtaí sa Chontae insroichte agus iad nasctha le chéile go maith d'fhonn iomaíochas eacnamaíoch a choinneáil agus deiseanna a éascú don infheistíocht eacnamaíoch sna lonnaíochtaí atá sainaitheanta mar ionaid fáis.

### 7.8.5 Bóthar Áitiúil – Tionscadail Iompair Inbhuanaithe agus Feabhsú Comhshaoil

Leagtar amach i dTábla 7.2 thíos sonraí maidir le tionscadail feabhsúcháin agus cothabhála bóithre a dhéanfar a mheas le linn shaolré an phlean, lena n-áirítear feabhsúcháin timpeallachta agus bonneagair siúil agus rothaíochta. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an liosta tionscadal seo le linn thréimhse an phlean agus tá sé faoi réir athrú.

***Tábla 7.6: Tionscadail Áitiúla Bóithre, Iompair Inbhuanaithe agus Feabhsúcháin Timpeallachta***

| Suíomh | Oibreacha atá Beartaithe |
|---|---|
| Geata San Labhrás, Droichead Átha | Oibreacha Feabhsúcháin Timpeallachta |
| Bóthar Ráth Maoláin, /Bridge of Peace | Uasghrádú ar Acomhal |
| Bóthar Thigh Líobáin, Droichead Átha | Uasghrádú |
| Droichead Naomh Doiminic, Droichead Átha | Athchóiriú an Droichid |
| An Droichead Oiblisce, Droichead Átha | Athchóiriú an Droichid |
| Crois Leonaird / Bóthar Chollann, Droichead Átha | Acomhal Nua |
| Bóthar Ráth Maoláin, Road Droichead Átha | Leathnú an bhóthair go dtí teorainn na Mí |
| Rotharbhealaí Dhroichead Átha | Gnéithe de Straitéis Rothaíochta Dhroichead Átha a chur i bhfeidhm |
| Glasbhealach Bhaile Uí Mhornáin go Droichead Átha, feadh an R150 | Tionscadal Nua Glasbhealaigh, Comhairle Chontae na Mí |
| Crois Leonaird, Droichead Átha | Cúrsa an bhóthair a athrú |
| Seanbhóthar Bhaile Shláine, Droichead Átha | Leathnú chun cosáin a éascú |

| Suíomh | Oibreacha atá Beartaithe |
|---|---|
| An L2307, Na Glaschnoic go Bóthar an Tobair Nua, Droichead Átha | Leathnú chun feabhsuithe ginearálta a dhéanamh agus cosáin chun forbairt a éascú |
| Smarter Travel Projects, Dún Dealgan | Athchóiriú |
| Bóthar Charraig Mhachaire Rois / Ascaill Mhic an tSaoi, Dún Dealgan | Oibreacha Uasghrádaithe ar Acomhal |
| Glasbhealach Mór an Oirthir, Leithinis Chuaille | Síntí ar an nGlasbhealach Reatha |
| Glasbhealach ó Dhún Dealgan go dtí na Creagacha Dubha | Glasbhealaí istigh mar chuid de Thionscadal Cosanta Cósta Lú |
| Uasghrádú ar Bhóthar Ascaill an Mhóta | Meascán d'oibreacha uasghrádaithe agus de bhóithre nua |
| Bóthar cónasctha ó Lána Uí Eochaidh go dtí Ascaill Tom Bellew, Dún Dealgan | Tógáil Sráide Áitiúil Nua |
| Droichead Shráid an Chnoic a leagan agus acomhal nua a leagan amach le Bóthar na Mílaoise, Dún Dealgan | An droichead iarnróid atá ann cheana a leagan agus an charrbhealach atá ann cheana a athógáil chomh maith le hoibreacha ar acomhal nua |
| Sráid Sheáin Uí Chearbhaill, Baile Átha Fhirdhia | Leathnú Bóithre agus cosáin |

| Cuspóir an Beartais | |
|---|---|
| **G 45** | Tacú le hinfheistíocht agus feabhsuithe ar bhonneagar na mbóithre poiblí sa Chontae, lena n-áirítear droichid agus struchtúir chúntacha eile, agus modhanna iompair a bhaineann le carranna agus nach mbaineann leo á gcur san áireamh, chomh maith le sábháilteacht ar bhóithre. |

| Cuspóir an Beartais | |
|---|---|
| **G 46** | Tacú le feabhsuithe agus uasghráduithe ar an ngréasán bóithre sa Chontae, de réir na dtionscadal atá leagtha amach i dTábla 7.2 agus aon tionscadal eile a bhíonn sainaitheanta ag an gComhairle nó a áirítear in aon Chlár Oibreacha Bóthair nuashonraithe amach anseo, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil. |

| Cuspóir an Beartais | |
|---|---|
| **G 47** | A cheangal go n-ullmhófaí Measúnuithe Iompair agus Tráchta d'fhorbairtí nua i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach i dTreoirlínte Measúnaithe Tráchta agus Iompair an TII. |

## 7.9 TIONSCADAIL STAITÉISEACHA BÓITHRE

Cé go gcuireann an Plean seo athrú córa iompair chun cinn agus go dtacaíonn sé le modhanna iompair níos inbhuanaithe, aithníonn sé freisin go dteastaíonn feabhas a chur ar bhonneagar na mbóithre atá cheana féin sa Chontae le nascacht a fheabhsú agus tacú le forbairt eacnamaíoch níos tomhaiste. Fágfaidh sé sin go mbeidh lonnaíochtaí in ann a n-acmhainneacht eacnamaíoch a chomhlíonadh. Tacófar le dul chun cinn na dtionscadal seo a leanas sa Phlean:

***Tábla 7.7: Tionscadail Bóithre Náisiúnta***

| **Tionscadail Bóithre Náisiúnta** |
|---|
| N2 Baile Átha Fhirdhia go Baile na Lorgan |
| N52 Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia |
| N53 Crois an Mhaoir go Rosán |
| Feabhsuithe ginearálta ar an N2, N51, N52 agus an N53 |

***Tábla 7.8: Príomhthionscadail Bóthair agus Droichid***

| **Príomhthionscadail Bóthair agus Droichid** | |
|---|---|
| **Suíomh** | **Tionscadal** |
| Droichead Átha | Rochtain Calafoirt Bhealach na Croise Thuaidh (PANCR) |
| | Droichead ag Na Glaschnoic chun deisceart Dhroichead Átha a nascadh leis an PANCR |
| | Crosaire an Droichid soir ón gCé Theas go dtí taobh an thoir de Ché na gCeannaithe |
| | Crosaire Droichid ón PANCR le ceangal a dhéanamh le nasc dheas an M1 sa Mhí |
| Dún Dealgan | Nasc Thoir-Thiar An Cabhán go Dún Dealgan |
| | R215 (An sean N52) Cúrsa Dhroichead Bhaile an Mhápasaigh a athrú |
| | Nascbhóthar ón L-3161, Thimpeallán Mhóin an Mharla go dtí an L-7163, Timpeallán Bhóthar an tSéipéil |
| | Nascbhóthar ón R177, Bóthar Ard Mhacha go dtí an R215, seanbhóthar Bhaile Átha Cliath |
| | Nascbhóthar ón R934, Bóthar Bhaile na Lorgan go dtí an R178, Bóthar Charraig Mhachaire Rois |
| | Nascbhóthar ón R178, Bóthar Charraig Mhachaire Rois go dtí an R171, Seanbhóthar Bhaile Átha Fhirdhíonaigh |
| | Bóthar Áitiúil a nascann an R132 trí Eastát Belfield go dtí Timpeallán Mhóin an Mharla |
| | Nascbhóthar ó Bhóthar uasghrádaithe Ascaill an Mhóta go dtí an bóthar atá beartaithe chun Bóthar Bhaile na Lorgan a nascadh le Bóthar Charraig Mhachaire Rois |
| | Nasc thimpealláin Bhóthar Marlbog go dtí Seanbhóthar an Mhachaire Ghailf, Na Creagacha Dubha |
| Baile átha Fhirdhia | Nasc ón N2 Ráth Guaire go dtí Cluain Mhór |
| Ó Méith | Droichead Chaol Uisce |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 48** | Tacú leis na mórthionscadail feabhsúcháin bóithre agus droichid atá leagtha amach i dTáblaí 7.3 agus 7.4 agus aon tionscadal eile atá sainaitheanta ag an gComhairle nó atá san áireamh i gClár na mBóithre trí na conairí a choinneáil saor, de réir mar a shainaithnítear iad agus nuair a shainaithnítear iad, ó aon fhorbairt a chuirfeadh isteach ar sholáthar na dtograí sin. |

### 7.9.1 Uasghrádú an N2 ó Bhaile Átha Fhirdhia go Baile na Lorgan

Tá an tionscadal seo mar chuid d'uasghrádú fadtéarmach ar an N2, a fheabhsóidh na naisc idir Baile Átha Cliath agus iarthuaisceart na tíre. Déanfaidh an scéim seo uasghrádú ar thart ar 32 ciliméadar de bhóthar idir Baile Átha Fhirdhia agus Baile na Lorgan. Chomh maith le feabhas a chur ar bhealach an N2/A5 tabharfaidh an scéim seo rochtain níos fearr freisin ar bhealaí straitéiseacha breise, n-áirítear an N33/M1, an N52 agus an N53. Tá an tionscadal á chur chun cinn i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin agus Bonneagar Iompair Éireann. Tá an scéim curtha san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027. Aithníonn an RSES freisin na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal agus áiríonn sé tacaíocht don dul chun cinn maidir lena sheachadadh i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 8.10. Agus é seo á scríobh bhí an tionscadal ag an gcéim go raibh roghanna bealaigh á n-aithint.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 49** | Tacú le dul chun cinn an uasghrádú fadtéarmach ar an N2; agus go háirithe an chonair bealaigh is fearr den scéim uasghrádaithe bóithre idir Baile Átha Fhirdhia agus Baile na Lorgan a chosaint, agus cosc a chur ar aon fhorbairt a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá chur chun feidhme; agus leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth le Bonneagar Iompair Éireann, Comhairle Contae Mhuineacháin, úinéirí réadmhaoine, agus cónaitheoirí a mbeidh tionchar aige orthu, agus páirtithe leasmhara eile chun an tionscadail seo a sheachadadh. |

| Policy Objective | |
|---|---|
| **G 50** | Féachaint le scrúdú a dhéanamh, i gcomhairle le Bonneagar Iompair Éireann, ar a indéanta a bheadh sé seachbhóthar an N2 le haghaidh Baile Bhaile Átha Fhirdhia a chur chun cinn agus a sheachadadh. |

### 7.9.2 Seachbhóthar N52 Bhaile Átha an Fhirdhia

Aithníodh an gá atá le seachbhóthar le haghaidh Baile Átha Fhirdhia agus cuireadh é san áireamh i mbeartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil le roinnt blianta anuas. Mar gheall ar shrianta maoinithe, áfach, níor cuireadh an tionscadal chun cinn. Rinneadh an scéim a athmhúscailt in 2018 agus bhí athbhreithniú mionsonraithe ar siúl agus é seo á scríobh. Tá an scéim curtha san áireamh sa NDP. Aithníonn an RSES freisin na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal agus áiríonn sé tacaíocht don dul chun cinn agus an seachadadh maidir leis seo na leith i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 8.10.

| Policy Objective | |
|---|---|
| **G 51** | Tacú le dul chun cinn Sheachbhóthar N52 Bhaile Átha Fhirdhia agus leanúint de bheith ag obair go dlúth le Bonneagar Iompair Éireann agus le Comhairle Contae na Mí agus páirtithe leasmhara eile chun an tionscadail seo sheachadadh. |

### 7.9.3 Rochtain Calafoirt Dhroicheadh Átha Bhealach na Croise Thuaidh (PANCR)

Is píosa ríthábhachtach é PANCR Dhroichead Átha a chuireadh an bonneagar ar fáil le nasc díreach a chruthú ó Mhótarbhealach an M1 go dtí Calafort Dhroichead Átha, agus, ar an gcaoi sin, an trácht trom a bhaineann leis an gcalafort a tharraingt ó lár an bhaile. Chomh maith leis sin, shaorfadh sé le haghaidh fostaíocht agus lonnaíocht tailte atá suite go straitéiseach i dtuaisceart an bhaile. Is cuid bhunúsach de straitéis fáis fhadtéarmach an bhaile é an nascbhóthar seo a sholáthar.

Tacaíonn Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 4.12 in RSES le forbairt an bhóthair seo.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 52** | Tacú leis an dul chun cinn ar Rochtain Calafoirt Dhroichead Átha Bhealach na Croise Thuaidh agus leanúint den phlé le páirtithe leasmhara agus le húinéirí talún áitiúla chun an maoiniú a fháil leis an tionscadal a sheachadadh. |

### 7.9.4 Nascbhóithre Dhún Dealgan

Baineann na tionscadail nascbhóithre seo le gréasán nua bóithre a chur ar fáil a nascann comharsanachtaí nó limistéir thionsclaíocha / ghnó leis na príomhbhóithre rochtana isteach go Dún Dealgan agus amach as. Tabharfar tosaíocht ar na bóithre sin, nuair a oireann, do lánaí bus, cosáin rothaíochta agus áiseanna do choisithe a chur ar fáil. Beidh seachadadh na nascbhóithre seo faoi thionchar an fhorbróra agus is dócha go dtógfar iad ina gcodanna.

Cuirfear dearadh na mbóithre seo ar an eolas trí shamhaltú agus anailís mhionsonraithe ar shruthú /ar mhéid an tráchta atá ann cheana agus atá réamh-mheasta, na turais a tharlóidh de bharr forbairt ar na dtailte i gcóngar na mbóithre atá beartaithe agus tionchair na bhforbairtí sin ar na gréasáin bhóithre atá ann cheana, i gcomhthéacs fhás agus fhorbairt ghinearálta an bhaile.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 53** | Tacú le dul chun cinn na Nascbhóithre aitheanta a theastaíonn i nDún Dealgan agus leanúint de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus le húinéirí talún áitiúla chun maoiniú a fháil leis na naisc sin a dhearadh agus a sheachadadh. |

### 7.9.5 Tionscadal Dhroichead Chaol Uisce

Is tionscadal trasteorainn é Tionscadal Dhroicheadh Chaol Uisce, a chruthóidh nasc nua trasna Abhainn an Iúir, ó thuaidh de Loch Cairlinn. Aithnítear é mar thionscadal a bhfuil tábhacht stairiúil agus shiombalach ag baint leis a chuideodh leis an bhforbairt áitiúil ó thaobh na heacnamaíochta agus na turasóireachta ar an dá thaobh den teorainn.
Áirítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030 tacaíocht don tionscadal seo.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 54** | Tacú le dul chun cinn Thionscadal Chaol Uisce i gcomhar le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí maoinithe, faoi réir aon cheanglais measúnú comhshaoil. |

### 7.9.6 Bóthar Dhún Dealgan – Shligigh

Meastar go bhfuil an tionscadal bóithre seo ina chuid lárnach den inrochtaineacht idir-réigiúnach agus mar thoradh air déanfar uasghrádú incriminteach ar bhealach sonraithe chun ionaid fáis réigiúnacha Dhún Dealgan agus Shligigh a nascadh. Trí fheabhas a chur ar an mbealach seo sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, cuirfear conair thábhachtach straitéiseach iompair trasteorann ar fáil idir réigiúin an oirthuaiscirt agus an iarthuaiscirt, áit nach bhfuil aon bonneagar iarnróid. Tá tacaíocht ag an tionscadal bóithre seo ó RPO 6.10 de RES Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 55** | Tacú leis an dul chun cinn ar Bhóthar Dhún Dealgan-Shligigh agus leanúint de bheith ag obair go dlúth le Bonneagar Iompair Éireann agus le páirtithe leasmhara eile ar mhaithe le seachadadh an tionscadail seo. |

## 7.10 Bealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha faoi Chosaint

Chun éifeachtúlacht agus feidhmiúlacht an ghréasáin bóithre náisiúnta agus réigiúnacha a choinneáil, tá sé tábhachtach go gcuirfí srian ar líon na rochtain nua agus ar aon mhéadú ar na rochtana atá ann cheana. Cosnaíonn srianta den chineál seo an infheistíochtaí atá déanta sa ghréasán bóithre agus cinntítear go leanann na bóithre seo de bheith ag soláthar feidhm thábhachtach ó thaobh iomaíochas eacnamaíoch a choinneáil. Laghdaíonn na srianta seo aon rioscaí breise do shábháilteacht ar na bóithre mar go bhféadfadh stopadh breise agus casadh timpeall a bheith mar thoradh ar bhealaí isteach nua, agus go bhféadfadh tuilleadh timpistí tráchta tarlú dá bharr. I dTábla 7.5 tugtar sonraí faoi na srianta ar rochtain ar Bhóithre Náisiúnta agus i dTábla 7.6, tugtar sonraí faoi na srianta ar rochtain ar Bhóithre Réigiúnacha sa Chontae. Tugtar sonraí i Léarscáil 3.2 faoi shuíomh na mbóithre seo sa Chontae.

***Tábla 7.9: Srianta agus Díolúintí maidir le Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta***

| **Catagóir Bóthair** | **Srianta** | **Eisceachtaí** |
|---|---|---|
| Mótarbhealaí | Gan aon rochtain dhíreach | Gan aon eisceachtaí |
| Dé-Charrbhealaí | Gan aon rochtain dhíreach | Gan aon eisceachtaí |
| Carrbhealaí Aonair (Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha | Gan aon rochtain nua ná méadú ar rochtain atá ann cheana. | 1. Sa chás go gcuirfeadh an rochtain nua deireadh le guais tráchta.<br>2. Sa chás go bhfuil gá le rochtain nua le haghaidh aon mhórfhostaíochta a mbeadh gníomhaíocht dá bharr, lena n-áirítear turasóireacht nó forbairt a mbeadh tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint léi.<br>3. Síntí ar úsáid atá údaraithe, sa chás nach mbeidh aon ghuais trácht a mar thoradh ar an trácht breise.<br>4. Sa chás gur chuig acmhainn nádúrtha sheasta, a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint léi, atá an rochtain nua agus nach féidir aon rochtain oiriúnach eile d' fheithiclí a sholáthar. |

***Tábla 7.10: Srianta agus Díolúintí ar Bhóithre Réigiúnacha Faoi Chosaint***

| Bealach | Srianta | Eisceachtaí |
|---|---|---|
| R173/R175 Dún Dealgan-Grianfort<br><br>R173/R176 Grianfort-Cairlinn – Ó Méith (Corr na Muclach)<br><br>R178 Dún Dealgan-Carraig Mhachaire Rois (Droim Muirbhigh)<br><br>R171 Sráidbhaile Dhún Dealgan-Baile Lú<br><br>R169 Dún Léire -Collann<br><br>R168 Droichead Átha-Collann<br><br>R166 Droichead Átha-Tearmann Feichín<br>R132 Dún Dealgan-Droichead Átha<br><br>R132 Dún Dealgan-Fíd<br><br>R132 Carrickarnon-An Teorainn<br><br>R177 Dún Dealgan-An Teorainn<br><br>Rochtain Calafoirt Bhóthar na Croise Thuaidh [6]<br><br>R215 Meitheamh 16 go Baile Átha Fhirdhia (an sean r-N52)<br><br>R215 ó Acomhal R132 go dtí Acomhal 16 | Gan aon rochtain nua ná aon mhéadú ar rochtain atá ann cheana. | Sa chás go gcuirfeadh an rochtain nua deireadh le guais trách ta.<br><br>I gcás ina bhfuil gá le rochtain nua le haghaidh mórfhorbairt, lena n-áirítear forbairtí turasóireachta, a mbeadh tábhacht náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil ag baint leo agus nach gcruthófaí aon ghuais trách ta mar thoradh ar an trácht breise a bheadh ann dá bharr.<br><br>Síntí ar úsáid atá údaraithe, i gcás nach gcruthófaí guais trách ta mar thoradh ar an trácht breise a bheadh dá bharr.<br><br>I gcás ina mbeidh an rochtain nua ina bhealach chuig acmhainn nádúrtha sheasta a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint léi agus nach féidir aon rochtain oiriúnach eile d'fheithiclí a chur ar fáil.<br><br>Áitribh a theastaíonn chun freastal ar riachtanais tithíochta na ndaoine a bhí ina gcónaí le 18 mbliana ar a laghad sa cheantar, áit nach bhfuil aon láithreán eile ar fáil amach ó mhionbhóthar agus sa chás go n-úsáidtear an bealach isteach atá ann cheana le freastal ar theach an teaghlaigh. Sa chás nach féidir úsáid a bhaint as an mbealach isteach chuig teach an teaghlaigh atá ann cheana, ní chuirfear san áireamh ach aon bealach isteach nua amháin ón mbealach réigiúnach in aice leis atá faoi chosaint. Ceangailte le haon chead a dheonaítear faoin díolúine seo beidh an coinníoll gur ag ball den teaghlach amháin a bheidh cead áitíochta ar feadh 7 mbliana ar a laghad. |

[6] Is féidir codanna den bhóthar seo a thógáil le linn ré an Phlean seo faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 56** | Cumas agus sábháilteacht an ghréasáin Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha a chosaint trí shrian a chur ar aon rochtain bhreise ar Bhóithre Réigiúnacha Náisiúnta, Tánaisteacha agus Cosanta, de réir na sonraí atá leagtha amach i dTáblaí 7.5 agus 7.6. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 57** | Srian a chur le tograí forbartha le haghaidh tithe cónaithe nó eile laistigh de 100 méadar ó Mhótarbhealach an M1 nó de bhealach náisiúnta an N1/A1, seachas i gcásanna eisceachtúla. Is iad na cúinsí eisceachtúla ná nuair is forbairt inlíonta í an fhorbairt agus go bhfuil sí suite feadh líne tógála atá seanbhunaithe. Ceanglófar ar aon fhorbairt ceanglais an Achta um *Pleanáil Spásúlachta agus Treoirlínte na mBóithre Náisiúnta (2012)* agus Cuspóirí Beartais ENV 6 agus ENV 7 agus is ar an bhforbróir a thitfidh aon chostas a bheadh i gceist le haon bhearta maolaithe a bhainfeadh leis an gcur chun feidhme. |

## 7.11 COMHARTHAÍOCHT COIS BÓTHAIR

Is é príomhchuspóir na comharthaíochta feadh na mbóithre (seachas comharthaí trách ta agus comharthaí treorach a bhíonn curtha suas ag an Údarás Bóithre) ná gnó nó táirge a fhógairt nó treoracha chuig áit ar leith a sholáthar.

Treoraíonn comharthaí treorach an phobal chuig suíomh ar leith agus d'fhéadfadh go mbeadh baint acu le gnó, seirbhís, saoráid turasóireachta nó club spóirt.

Tá sé i gceist go gcomhlánódh na comharthaí seo, ach nach mbeidís in ionad, réamhphleanáil don turas, treoracha ó bhéal, ná úsáid léarscáileanna agus mapaí bóthair.

Bíonn comharthaí fógraíochta deartha chun margaíocht a dhéanamh ar ghnó, ar tháirge nó ar sheirbhís ar leith.

Cé go n-aithnítear gur cuid riachtanach d'oibriú gnó í an fhógraíocht, tá freagracht ar an gComhairle ó thaobh radhairc thaitneamhacha a chosaint agus gan aon chontúirtí a d'eascródh as comharthaíochta a chruthú. Ag brath ar an suíomh, tá 2 phróiseas toilithe mar seo a leanas ann le haghaidh fógraíocht agus comharthaíocht:

- Teastaíonn cead pleanála le haghaidh aon chomharthaíocht nó fógra atá suite ar mhaoin phríobháideach. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil fógraí áirithe díolmhaithe faoi Sceideal 2 Cuid 2 de na *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú).*
- Ní cheadaítear comharthaí fógraíochta ar bhóthar poiblí, ná os cionn nó ar feadh bóthar poiblí faoi alt 254 *den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú*). Is ar bhonn sealadach a bhíonn na ceadúnais seo tugtha.

Cinnfear cineál agus méid na comharthaíochta is incheadaithe bunaithe ar scála, riachtanas, suíomh agus aicmiú an bhóthair ar a mbeidh sé suite. Déanfar comharthaíocht ar Bhóithre Náisiúnta a rialú go docht agus ní cheadófar é go hiondúil ach amháin de réir na bhforálacha a leagtar amach in alt 3.8 den *'Pleanáil* Spásúlachta *agus Treoirlínte na mBóithre Náisiúnta' (2012),* Beartas an TII maidir le *'Comharthaíocht Turasóireachta agus Fóillíochta a Sholáthar ar Bhóithre Náisiúnta' (2011).*

Is féidir tuilleadh sonraí maidir le Comharthaíocht Bóthair a fháil ar Pholasaí Lú maidir le Comharthaíocht Bóthair Neamhrialála, agus tá teacht air ach chliceáil ar an nasc:

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 58** | Déanfar comharthaíocht ar Bhóithre Náisiúnta a rialú go docht agus ní cheadófar é go hiondúil ach amháin i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa *'Pleanáil Spásúlachta agus Treoirlínte na mBóithre Náisiúnta'* (2012) Polasaí an TII maidir le *'Comharthaíocht Turasóireachta agus Fóillíochta a Sholáthar ar Bhóithre Náisiúnta' (2011).* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 59** | Fógraíocht a rialú go docht feadh nó in aice le bóithre poiblí de réir Bheartas Údaráis Áitiúla Lú maidir le Comharthaíocht Bóthair Neamhrialála, chun sábháilteacht tráchta a chinntiú, tranglam a sheachaint agus radhairc thaitneamhacha a choinneáil. |

## 7.12 Ceart Slí Poiblí

Ciallaíonn Ceart Slí Poiblí an ceart bealaigh atá ag duine ar bhóthair nó cosáin, fiú mura bhfuil an bóthar nó an cosán sin faoi úinéireacht phoiblí.

Déanann siad níos éasca é taitneamh a bhaint as an tírdhreach agus tá siad tábhachtach don turasóireacht agus don áineas.

*Ceanglaítear le hAlt 10(2)(o) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* go n-áireofaí i bpleananna forbartha cuspóir chun cearta slí poiblí chuig cladaigh, sléibhte, bruacha locha, bruacha abhann nó áiteanna eile ina bhfuil áilleacht nádúrtha nó fóntais áineasa, a chaomhnú. Níl an Chomhairle ar an eolas faoi aon Chearta Slí Poiblí atá ann cheana ach déanfaidh sé athbhreithniú air seo le linn an Phlean agus beidh sé mar chuspóir léarscáil a ullmhú ina n-aithneofar cearta slí poiblí sa Chontae, más ann dóibh.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 60** | Rochtain atá ann cheana agus cearta slí poiblí ar limistéir áineasa a shainaithint agus a chaomhnú lena n-áirítear an cósta, sléibhte, bruacha abhann agus áiteanna eile ina bhfuil láithreacha áilleachta nádúrtha agus áiseanna áineasa. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **G 61** | Tús a chur leis an bpróiseas chun cearta slí poiblí sa Chontae a mhapáil agus a liostú le linn shaolré an Phlean seo, faoi fhorálacha Alt 14 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).* |

# Caibidil 8

## Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas

*“Oidhreacht agus bithéagsúlacht uathúil an Chontae a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear láithreáin atá ainmnithe go náisiúnta agus ag an Aontas, speicis agus gnáthóga faoi chosaint lasmuigh de láithreáin atá ainmnithe agus aitheantas a thabhairt ag an am céanna don acmhainneacht atá taobh istigh den Chontae i dtaca leis an bhforbairt inbhuanaithe ar bhonneagair ghlasa. Cuirtear cosaint, bainistiú agus feabhsú thírdhreach an Chontae  chun cinn, d’fhonn pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe don Chontae a chinntiú."*

# 8 - Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas

## 8.1 Réamhrá

Tá oidhreacht shaibhir nádúir ag Contae Lú, rud a chuireann go mór le carachtar an Chontae, leis an bhféiniúlacht agus an mothú go bhfuil ceangal againn le háit, agus a chabhraíonn freisin le folláine agus caighdeán saoil na ndaoine a mhaireann sa Chontae agus a thugann cuairt air. Cuimsíonn ár n-oidhreacht gach atá faighte le hoidhreacht againn ag ár sinsear agus tá acmhainní luachmhara ann a d'fhéadfaí a úsáid go ciallmhar chun ár sochaí, ár gcomhshaol, ár ngeilleagar agus ár muintir a fhorbairt agus todhchaí níos fearr a chruthú. Agus an Plean á réiteach agus cuspóirí na beartas á bhforbairt, lean an Chomhairle na prionsabail a bhaineann le Cur Chuige na Seirbhísí Éiceachórais, a bhfuil sé mar aidhm leo torthaí inbhuanaithe agus fónta ó thaobh na héiceolaíochta de a bhaint amach. Tá sonraí faoin gcur chuige seo ar fáil i gCuid 1.7.5.1 den Phlean agus tacaítear leo i gCuspóir Straitéiseach SO 6. Féachann siad seo le Bonneagar Glas agus seirbhísí éiceachórais an Chontae a chaomhnú agus a fheabhsú, tacú leis an mbainistíocht inbhuanaithe ar shócmhainní nádúrtha agus ar bhithéagsúlacht na ngnáthóga agus na speicis de chuid an Chontae atá faoi chosaint, ar mhaithe le raon leathan buntáistí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chur ar fáil do phobail.

## 8.2 An Oidhreacht Nádúrtha agus an Bhithéagsúlacht

Cuimsíonn an oidhreacht nádúrtha buntacaí bitheolaíocha agus geolaíocha ár saoil, ár mbithéagsúlacht agus ár ngeo-éagsúlacht, aud iad léirithe trí mheáin éagsúla lena n-áirítear an fheirmeoireacht, an fiadhúlra agus an tírdhreach.

Tagraíonn bithéagsúlacht don éagsúlacht iomlán saoil atá sa domhan, lena n-áirítear gnáthóga agus éiceachórais, a chuimsíonn gach planda, ainmhí agus miocrorgánach ar an talamh agus san uisce araon.

Tá Contae Lú saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, mar gheall ar an gcósta fada atá aige (ag síneadh ó Loch Chairlinn go hInbhear na Bóinne), na timpeallachtaí muirí, bogaigh, talamh coillte, aibhnacha agus gnáthóga ardtailte. Tacaíonn na gnáthóga seo, in éineacht, le héagsúlacht shaibhir ó thaobh speicis, plandaí agus ainmhithe a chur ar fáil.

Is ceann scríbe tábhachtach idirnáisiúnta é Contae Lú don fhiadhúlra imirceach, agus is é Cuan Dhún Dealgan an áit is fearr in Éirinn do na lapairí geimhrithe.

Tá limistéar atá níos fairsinge ná an seachtú cuid den Chontae ainmnithe faoi reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa um chosaint fiadhúlra, (lena n-áirítear limistéir mhuirí agus limistéir idirthaoideach). Aithnítear go bhfuil cuid de na ceantair ardtailte i Leithinis Chuaille i measc na gceantar sa tír is lú atá millte.

Tá cuid mhaith de bhithéagsúlacht agus d'oidhreacht nádúrtha Lú taobh amuigh de na ceantair atá ainmnithe go foirmiúil agus d'fhéadfadh siad a bheith i mbaol creimeadh nó laghdaithe.

Tá Comhairle Contae Lú tiomanta dár n-oidhreacht nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú agus tugann sé aitheantas don ról atá aige mar aon leis an mbonneagar glas agus an bhithéagsúlacht, mar a bhaineann le feabhas a chur ar chaighdeán saoil na saoránach trí thuiscint ar an bhféiniúlachta agus ar an bhfolláine a chruthú agus slí mhaireachtála atá gníomhach agus sláintiúil a chur chun cinn dóibh siúd atá ina gcónaí sa Chontae agus don dream a thagann ar cuairt.

### 8.2.1 An Plean Oidhreachta

Ba é an Plean Oidhreachta Náisiúnta 2002 an chéad phlean comhtháite a d'fhéach le gach gné dár n-oidhreacht náisiúnta a chaomhnú agus a chosaint, agus, mar cheann de na príomhchuspóirí, bhí ar na húdaráis áitiúla pleananna oidhreachta áitiúla a réiteach agus a ghlacadh i gcomhairle leis an bpobal.

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i mbun *'Oidhreacht Éireann 2030'* a thabhairt chun críche faoi láthair agus tiocfaidh sé in ionad an Phlean Oidhreachta Náisiúnta reatha. Táthar ag súil go ndéanfaidh *sé, inter alia;* cur leis an meas atá ar an oidhreacht agus an chosaint atá aici, feasacht a mhúscailt maidir leis an ról ríthábhachtach atá aici i ngach gné den tsochaí, treoir a chur ar fáil agus freagracht chomhroinnte a chumhdach.

Creatphlean straitéiseach a bhí sa chéad Phlean Oidhreachta 2007-2011 de chuid Lú agus é mar aidhm aige comhordú a dhéanamh ar chaomhnú, bainistiú agus forbairt bháúil na hoidhreacht sa Chontae. Rinneadh athbhreithniú air seo agus táthar ag súil go nglacfar go luath le *Dréacht-Phlean Oidhreachta Lú 2021-2026.* Cuimsíonn sé seo comhphlean oibre cúig bliana a cheap go leor daoine aonair agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoidhreacht Lú agus spéis acu inti.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 1** | Cur chun feidhme D*hréacht-Phlean Oidhreachta Lú 2021-2026* a chur chun cinn agus aon Phlean Oidhreachta eile do Lú a nglactar leis ina dhiaidh sin, le linn shaolré an Phlean seo. |

### 8.2.2 Beartais Idirnáisiúnta agus beartais an AE agus na hÉireann maidir leis an mBithéagsúlacht

Ba í an Chéad Reachtaíocht um Chaomhnú Fiadhúlra de chuid an Aontais Eorpaigh ná *Treoir maidir le hÉin (79/409/CEE),* arna fhorlíonadh leis an Treoir maidir le Gnáthóga *(92/43/CEE),* agus tugadh an dá cheann acu cothrom le dáta ó am go ham.

Ó shin i leith, tá líonra de limistéir atá faoi chosaint, lena n-áirítear láithreáin mhuirí, tógtha ag an AE sna Ballstáit ar fad. Léiríonn an réimse leathan Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta seo (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna), ar a dtugtar Líonra Natura 2000 na Láithreáin Eorpacha, - an líonra comhtháite is mó sa domhain de limistéir faoi chosaint, an tábhacht a thuigeann an AE a bheith ag baint leis an mbithéagsúlacht. Tá sé mar aidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, a shínigh agus a dhaingnigh Éire, agus an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta faoi 2020.

Is é an *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021* an tríú plean dá leithéid in Éirinn, agus tá sé mar aidhm ag na cuspóirí, na spriocanna agus gníomhartha atá ann fís na hÉireann maidir leis an mbithéagsúlacht a bhaint amach, trí chuspóirí straitéiseacha sonraithe a chur chun feidhme.

Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Pleananna Bithéagsúlachta a ullmhú. Ghlac Lú lena chéad phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta in 2008. Rinneadh athbhreithniú air seo agus glacadh leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil do Chontae Lú 2021-2026 i mí Eanáir 2021.

Cuireann sé creat ar fáil chun an bhithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach hinbhuanaithe ag an leibhéal áitiúil agus tá sé mar aidhm aige bithéagsúlacht Chontae Lú a chaomhnú agus a fheabhsú.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 2** | Cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta *Bithéag-súlachta Áitiúil do Chontae Lú 2021-2026* agus aon Phlean Gníomhaíochta Bithéag-súlachta ina dhiaidh sin do Lú, a fhoilseofar le linn shaolré an Phlean seo, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. |

## 8.3 Láithreacha Eorpacha i gContae Lú

Ar an iomlán tá 11 Ionad Ainmnithe de chuid na hEorpa lonnaithe go hiomlán i gContae Lú nó i gcuid de agus iad mar chuid de Líonra Láithreacha Eorpacha Natura 2000. Áirítear sa líonra seo Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) araon agus tá siad ionadaíoch ar na príomhcheantair caomhnaithe fiadhúlra sa Chontae a mheastar a bheith thar a bheith tábhachtach ag leibhéal na hEorpa agus na hÉireann araon. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar theorainneacha na gceantar atá faoi chosaint le linn shaolré an Phlean agus d'fhéadfaí limistéir bhreise a ainmniú.

Tá sé i gceist go dtabharfadh "*Measúnacht Chuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn; Treoir d'Údaráis Phleanála*"(An Roinn Oidhreachta Agus Rialtas Áitiúil 2010) ( An Roinn Oideachais agus Scileanna 2010), cúnamh agus treoir d'údaráis áitiúla agus lucht pleanála maidir leis an gcaoi le tabhairt faoi Mheasúnú Cuí (AA) ar phleananna agus ar thionscadail.

Leagann na treoirlínte seo béim ar an bhfreagracht atá ar ghníomhaireachtaí uile an Stáit, lena n-áirítear údaráis phleanála, gníomhú go dícheallach, chun a chinntiú go gcomhlíonann a gcinntí agus iad ag cur a bhfeidhmeanna i gcrích, chomh maith lena ngníomhartha, cuspóirí na Treorach maidir le *Gnáthóga (1992).*

Tá 6 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus 5 Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) i gContae Lú agus liostáiltear iad i dTáblaí 8.1 agus 8.2 agus taispeántar iad i Léarscáil 8. 1 agus i Léarscáil 8. 2 faoi seach.

Déanfar scagadh ar gach tionscadal agus plean a eascraíonn as an bPlean seo mar gheall ar an ngá atá le Measúnú Cuí a dhéanamh faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga. [i]

Ní cheadófar plean nó tionscadal ach amháin tar éis don údarás inniúil a fháil amach, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, ar scagadh le haghaidh Measúnú Cuí, agus Measúnú cuí a bheith déanta ina dhiaidh sin go bhfuil gá leis,:

- Nach n-eascróidh aon drochthionchar suntasach díreach, indíreach ná tánaisteach do shláine aon Láithreán Eorpach as an bplean nó tionscadal (as féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile);

nó

- Go mbeidh drochthionchar suntasacha ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine Láithreán Eorpach (nach bhfuil gnáthóg nádúrtha ann den chineál a bhfuil tosaíocht aige /agus nó speiceas a bhfuil tosaíochta aige) ach nach bhfuil aon réiteach eile ar fáil agus nach mór, mar sin, é a chur i gcrích ar chúiseanna ríthábhachtacha a bhaineann le leas sáraitheach an pobail, lena n-áirítear cúiseanna a bhainfeadh le cúrsaí sóisialta nó eacnamaíoch.

Sa chás seo, beidh sé ina cheanglas cloí leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa reachtaíocht agus gach beart cúiteach atá riachtanach a chomhaontú agus a dhéanamh chun a chinntiú go gcosnófar comhleanúnachas foriomlán Natura 2000; nó

- Go mbeidh drochthionchar suntasach ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine Láithreán Eorpach (a bhfuil gnáthóg nádúrtha ann den chineál a bhfuil tosaíocht aige agus/nó speiceas ag a bhfuil tosaíocht) ach nach bhfuil aon réiteach eile ar fáil agus nach mór, mar sin, é a chur i gcrích ar chúiseanna ríthábhachtacha a bhaineann le leas sáraitheach an pobail, ach atá teoranta do chúiseanna a bhaineann le sláinte an duine nó le sábháilteacht an phobail, d'iarmhairtí tairbhiúla atá tábhacht go phríomhúil don chomhshaol nó, de bhreis ar thuairim ón gCoimisiún, cúiseanna riachtanacha eile a bhaineann le leas sáraitheach an phobail. Sa chás seo, beidh sé ina cheanglas cloí leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa reachtaíocht agus gach beart cúiteach atá riachtanach a chomhaontú agus a dhéanamh chun a chinntiú go gcosnófar comhleanúnachas foriomlán Natura 2000;

[i] Áirítear ar thionscadail den sórt sin, gan a bheith teoranta dóibh iad siúd a bhaineann leis an: talmhaíocht; taitneamhacht agus caitheamh aimsire; láithreáin éillithe; tarchur leictreachais; maolú agus cosc ar thuilte; foraoiseachta; eastóscadh mianraí; tionscadail fuinnimh in-athnuaite; bóithre; teileachumarsáid; turasóireacht; fuíolluisce agus sceitheadh; agus soláthar uisce agus astarraingt uisce.

**Tábla 8.1: Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SACanna), Cho. Lú**

| Uimhir Thagartha | Ainm / Ionad |
|---|---|
| **002306** | Cladach Chairlinn |
| **000453** | Sliabh Chairlinn |
| **000455** | Cuan Dhún Dealgan |
| **001459** | Ceann Chlochair |
| **001957** | Cósta agus Inbhear na Bóinne agus Inbhear – Roinnte le Contae na Mí |
| **002299** | Abhainn na Bóinne agus an Abhainn Dhubh – Roinnte le Contae na Mí |

**Table 8.2: Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna), Co. Lú**

| Uimhir Thagartha | Ainm / Ionad |
|---|---|
| **004078** | Loch Chairlinn |
| **004026** | Cuan Dhún Dealgan |
| **004091** | Tigh Beannáin agus Baile Uí Bhrogáin |
| **004080** | Inbhear na Bóinne - Roinnte le Contae na Mí |
| **004232** | Abhainn na Bóinne agus an Abhainn Dhubh – Roinnte le Contae na Mí |

***Léarscáil 8.1:*** **Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna)**



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 3** | Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) atá ainmnithe faoi Threoracha an AE maidir le Gnáthóga agus Éin, a chosaint agus a chaomhnú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 4** | A chinntiú go gcloíonn gach forbairt atá beartaithe leis na riachtanais atá leagtha amach in *'Measúnacht Chuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn – Treoir d'Údaráis Phleanála 2010'.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 5** | A chinntiú nach gceadófar aon phlean, clár ná tionscadal ag a mbeadh tionchair shuntasacha charnacha, dhíreacha, indíreacha nó thánaisteacha ar láithreáin Eorpacha ag eascairt as a méid nó a scála, an talamh a thógann sé suas, a chóngaracht, a riachtanais acmhainní, astaíochtaí (diúscairt talún, uisce nó aeir), ceanglais iompair, fad na tógála, na hoibríochta, an díchoimisiúnaithe nó ó aon éifeachtaí eile, ar bhonn an Phlean seo, ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna, cláir nó tionscadail eile.[2] |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 6** | A chinntiú go ndéanfar scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (AA) ar gach plean agus/nó tionscadal agus/nó an Measúnú Céim 2 (Tuarascáil Tionchair Natura/ Measúnú Tionchair Natura) nuair is cuí, le cinneadh a dhéanamh. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i scagthástálacha den chineál sin Láithreáin Eorpacha atá lonnaithe lasmuigh den Chontae ach atá níos lú ná 15km ón láithreán forbartha atá beartaithe chomh maith leo siúd a bhfuil cosáin, mar shampla, naisc hidreolaíocha, ag dul fad leo, chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu a mheas. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 7** | Comhoibriú leis an Tionól Pleanála Réigiúnach agus na húdaráis áitiúla in aice leo agus le gníomhaireachtaí poiblí agus leasanna pobail chun na sócmhainní oidhreachta atá suntasach sa réigiún agus caighdeán an chomhshaoil a chosaint, agus aon chontúirtí atá ann cheana féin do chaighdeán an chomhshaoil a shainaithint sa chomhthéacs trasteorann don réigiúin ar fad, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann. |

[2]D'fhonn a chinntiú nach gceadófar aon phlean, clár ná tionscadal as a n-eascraíonn tionchair shuntasacha charnacha, dhíreacha, indíreacha nó thánaisteacha ar láithreáin Eorpacha a tharlódh de bharr a méid nó a scála, talamh a ghlacadh, a ngaireacht, a riachtanais acmhainní, astaíochtaí (diúscairt ar thalamh, uisce nó aer), ceanglais iompair, fad na tógála, na hoibríochta, an díchoimisiúnaithe nó aon éifeachtaí eile ar bhonn an Phlean seo, ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna, cláir etc. nó tionscadail eile ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, i gcás nach bhfuil aon roghanna eile ann, cúiseanna riachtanacha a bhaineann le leas an phobail sáraitheach chun dul ar aghaidh leis an tionscadal agus go bhfuil bearta cúiteacha leordhóthanacha i bhfeidhm.

## 8.4 Speicis Plandaí agus Ainmhithe faoi Chosaint

Maireann go leor plandaí, ainmhithe agus éin, cuid acu atá speisialta don Chontae, i Lú agus tacaíonn sé leo.

Tá speicis áirithe faoi chosaint ag an dlí, toisc go meastar iad a bheith neamhghnách agus faoi bhagairt agus go dtuigtear go bhfuil fáil orthu lasmuigh de láithreáin ainmnithe dála Láithreáin Eorpacha nó Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, agus go dteastaíonn bearta speisialta lena chinntiú go mairfidh siad. Áirítear orthu sin plandaí atá liostaithe i Liostaí Sonraí Dearga an Ordaithe um Phlandaí Éireannacha, Flóra (Cosaint), 2015 (nó Orduithe eile dá leithéid) agus a ngnáthóga, éin atá liostaithe in Iarscríbhinn I a théann leis an Treoir maidir le hÉin, agus éin agus ainmhithe eile atá liostaithe sna hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 go 2012 agus ionstraimí reachtúla ina dhiaidh sin.

Tá gach ceann de na speicis seo á gcosaint ag an dlí. Anuas air sin, tá an-chosaint faoin Treoir a bhaineann le Gnáthóga ag na speicis atá liostáilte in Iarscríbhinn IV den Treoir sin.

Sa chas go bhfuil speicis ann atá luaite in Iarscríbhinn IV , ní mór gach ní is féidir a dhéanamh chun aon damáiste dóibh nó cur isteach orthu a sheachaint agus tograí forbartha á gceapadh.

I gcás nach féidir an baol atá ann go ndéanfaí damáiste dóibh nó go gcuirfí as dóibh a sheachaint, féadfar iarratas ar cheadúnas maolaithe a dhéanamh chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Rialachán 54 nó 55 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach(Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) Rialacháin 2011 (S.I. 477/2011).

Ba cheart an ceadúnas maolaithe a fháil sula n-iarrtar cead pleanála le haghaidh forbairt a dhéanamh. (Tá liosta de na speicis a bhfuil cosaint speisialta acu ar fáil sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil do Chontae Lú 2021 – 2026.) Féachfaidh an próiseas pleanála le speicis neamhchoitianta atá faoi bhagairt a chosaint, lena n-áirítear speicis agus a ngnáthóga atá cosanta faoin an dlí. Ní mór do thograí forbartha a léiriú nach mbeidh drochthionchar suntasach acu ar speicis den chineál sin ná ar a ngnáthóga, agus a chinntiú go gcuirfear bearta oiriúnacha seachanta agus/nó maolaithe i bhfeidhm dá réir.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 8** | Dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus a dtuairimí agus aon riachtanais cheadúnaithe a chur san áireamh, tráth a mbíonn aon forbairt á déanamh, á ceadú nó á n-údarú, a d'fhéadfadh cur as do phlandaí, éin nó ainmhithe eile atá faoi chosaint an dlí. |

## 8.5 Luach Bithéagsúlachta a chosaint i Láithreáin Neamhainmnithe

Tá go leor suíomhanna bithéagsúlachta scaipthe ar fud Chontae Lú. Tá siad seo le fáil in ár ngnáth thailte agus tá an-tábhacht lena luach éiceolaíochta don Chontae, mar gur féidir leo feidhmiú mar chéim ar an aistear i líonra éiceolaíochta atá níos leithne.

Ina measc seo tá fálta sceach, ceantair bheaga faoi chrainn, linnte, sruthanna agus bruacha abhann mar gur naisc ríthábhachtacha iad ar fad atá riachtanach don imirce agus do scaipeadh agus malartú géiniteach na speiceas fiáin.

Is cuid ríthábhachtach iad na conairí agus na naisc sin den líonra éiceolaíochta atá ag feidhmiú agus moltar a gcosaint in *Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga* agus san Acht um Pleanáil agus *Forbairt 2000 (arna leasú).*

Chuige sin, rinne an Chomhairle suirbhéanna a choimisiúnú agus leanfaidh sí de bheith ag coimisiúnú suirbhéanna chun láithreáin den chineál sin a aithint, d'fhonn a gcaomhnú a chinntiú, toisc go bhfuil siad ríthábhachtach don líonra éiceolaíochta foriomlán agus luachmhar ó thaobh na bithéagsúlachta don Chontae. Ar na hoibreacha ar tugadh fúthu go dtí seo ar mhaithe le gnéithe tábhachtacha aimsiú, áirítear na Suirbhéanna Bogaigh, 2011 go 2014, agus staidéar samplach ar fhálta sceach. D'fhéadfadh go dtabharfaí faoi staidéir eile den chineál sin le linn shaolré an Phlean seo.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 9** | A chinntiú go dtabharfaidh tograí a bheidh á bhforbairt, nuair is cuí, cosaint agus caomhnú do láithreáin bhithéagsúlachta lasmuigh de na láithreáin atá ainmnithe, agus a cheangal go mbeidh an measúnú éiceolaíochta cuí déanta ag gairmithe a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun plé le tograí forbartha a bhfuil seans ann go mbeadh tionchar acu ar láithreáin den chineál sin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 10** | A chinntiú go bhfeabhsaíonn tograí a fhorbraítear, má bhaineann le hábhar, comhleanúnachas éiceolaíoch Líonra Natura 2000 na Láithreáin Eorpacha agus go ndéantar coinneáil agus bainistiú ar ghnéithe den tírdhreach a spreagadh, de réir *Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 11** | Sa chás go bhfuil sé indéanta, a chinntiú nach mbeidh aon líonraí éiceolaíocha, ná codanna díobh, a chruthaíonn naisc suntasacha idir réimsí den bhithéagsúlacht áitiúil, caillte gan aon dul as de bharr chur i bhfeidhm an Phlean seo. |

## 8.6 Speicis Ionracha

Is speicis plandaí agus ainmhithe iad na speicis ionracha, neamhdhúchasacha a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar na speicis dhúchasacha, atá in ann gnáthóga a athrú agus a bheith ina gcontúirt d'éiceachórais iomlána, rud a chruthódh fadhbanna tromchúiseacha don chomhshaol agus don gheilleagar araon.

I ndiaidh an chaillteanais gnáthóige, is iad na speicis ionracha an dara bagairt is mó atá ann don bhithéagsúlacht ar fud an domhain. Tá toirmisc i bhfeidhm maidir le speicis ionracha áirithe a thabhairt isteach nó a scaipeadh mar atá leagtha amach sa *Tríú Sceideal de chuid an AE (Rialacháin um Éin agus Gnáthóga, 2011 (I.R. 477/2011).*

Cé go bhfuil liosta fada de speicis ionracha fíoruisce, mhuirí agus talún in Éirinn anois, tá roinnt speiceas plandaí ina mbagairt thromchúiseach don timpeallacht thógtha. Sampla de seo is ea an ghlúineach bhiorach, atá in ann fás trí choincréit agus tarmac.

D'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt mhaith blianta sula mbeifí cinnte go raibh speiceas ar leith ruaigthe go hiomlán as suíomh a bhí truaillithe, agus, ar an gcaoi sin, a bheith cinnte nach dtiocfaidh sé ar ais.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 12** | Cosc agus smacht a chur ar scaipeadh speicis ionracha plandaí agus ainmhithe laistigh den Chontae. |
| **ONBBG 13** | Ní mór scrúdú a dhéanamh ar láithreáin atá á bhforbairt chun sa fháil amach an bhfuil speicis ionracha iontu, agus má tá ní mór déileáil leo agus/nó iad a dhíothú de réir an dea-chleachtais. Nuair is cuí, ullmhófar Pleananna Bainistíochta maidir le Speicis Ionracha do láithreáin den chineál sin. |

## 8.7 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha

Clúdaíonn an téarma 'Oidhreacht Nádúrtha' fiadhúlra (plandaí, ainmhithe agus a ngnáthóga) chomh maith le láithreacha geolaíochta agus gheomoirfeolaíoch. Ainmnítear láithreáin fiadhúlra a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, lena n-áirítear láithreáin éiceolaíocha agus geolaíocha araon, mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) faoin *Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000.* Tugtar 'Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe' ar láithreáin atá aitheanta ach nach bhfuil ainmnithe fós mar NHAanna agus ní bhíonn cosaint acu seo ó fhorbairt ach amháin nuair a chuirtear san áireamh iad i bplean forbartha.

Mhol An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) 24 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha éiceolaíochta i Lú, agus tá siad seo liostaithe i dTábla 8. 3 agus aitheanta ar Léarscáil 8. 3.

Tá próiseas ar siúl go leanúnach chun na suíomhanna seo a ainmniú agus táthar ag súil go n-ainmneofar ceann, nó níos mó, de na pNHAnna seo go hiomlán le linn an Phlean seo.

**Tábla 8.3 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe (pNHAanna)**

| Uimh.Thag | Ainm/Suíomh |
|---|---|
| **NH1454** | Lagphortach Bhaile Átha Fhirdhia |
| **NH1801** | Coill Bhearna Mheá |
| **NH1293** | Coill an Halla Dhuibh |
| **NH1957** | Cósta agus Inbhear na Bóinne |
| **NH1862** | Oileáin Abhainn na Bóinne |
| **NH452** | Loch Chairlinn |
| **NH453** | Sliabh Chairlinn |
| **NH1458** | Cnoc Chaisleán Có |
| **NH1459** | Ceann Chlochair |
| **NH1461** | Coill Chaisleán Dhairbhreach |
| **NH1462** | Lochanna Dhroim Chatha, Thaparáin agus Chortail |
| **NH1856** | Rinn Dhún Áine |
| **NH 455** | Cuan Dhún Dealgan |
| **NH1806** | Riasc Chill Modhíomóg |
| **NH1804** | Gleann An Rí Liam |
| **NH1451** | Riasc Liscarragh |
| **NH1616** | Coillte Bhaile an Tallúnaigh agus Bhaile Átha Fhirdhia |
| **NH1464** | Coill na Mainistreach Móire |
| **NH1805** | Fáschoill Ghleann na bhFiach |
| **NH1828** | Riasc Bhaile an Riabhaigh |
| **NH456** | Tigh Beannáin – Baile Uí Bhrogáin |
| **NH1803** | Linn Bhaile Lias |
| **NH1468** | Cnoc Trumpet |
| **NH1465** | Coillearnach ag Páirc Ó Méith |

## *Léarscáil 8.3 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá Beartaithe (pNHAanna)*



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 14** | Na gnéithe nó na limistéir sin atá spéisiúil ó thaobh na héiceolaíochta agus atá liostaithe mar PNHAnna nó a d'fhéadfaí a ainmniú mar PHNA, a chosaint ar aon fhorbairt mhíchuí agus a gcarachtar, ionracas agus luach caomhantais a chothabháil, le linn shaolré an Phlean seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 15** | A chinntiú go ndéantar aon fhorbairt atá laistigh de NHA nó pNHA, nó cóngarach dó, a dhearadh agus a lonnú ar bhealach a laghdóidh a tionchar ar luach éiceolaíoch an láithreáin agus cur i gcoinne aon fhorbairt a mbeadh dochar suntasach do ghnáthóga nó cur isteach ar speiceas mar thoradh uirthi. |

## 8.8 Láithreáin atá Spéisiúil ó thaobh na Geolaíochta

Tá oidhreacht gheolaíoch thar a bheith saibhir agus suimiúil ag Lú, agus tá an Chomhairle tiomanta do chosaint a thabhairt di. In 2013, choimisiúnaigh Comhairle Contae Lú, le maoiniú ón gComhairle Oidhreachta, staidéar chun na suíomhanna geolaíochta is tábhachtaí sa Chontae a aithint agus a mheas. Rinneadh an staidéar seo i gcomhar le Tionscadal Oidhreachta Geolaíochta atá ar bun ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, atá ag cur liosta le chéile faoi láthair de na láithreáin gheolaíocha a bhfuil tábhacht náisiúnta leo.

Tá sé i gceist ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann láithreáin gheolaíochta a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna).

Tugtar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe ar na limistéir ar fiú iad a ainmniú mar NHAanna ach nach bhfuil ainmnithe fós. Rangaítear láithreáin a bhfuil tábhacht níos áitiúla ag baint leo, ach nár roghnaíodh le haghaidh ainmniúchán mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha, nó mar Láithreáin Gheolaíochta Contae (CGS) agus cé nach bhfuil an tábhacht céanna ag baint leo, ba cheart, mar sin féin, iad a chosaint.

Idir an dá linn, déanfaidh an Chomhairle, na suíomhanna seo a chur san áireamh sa Phlean, chun oidhreacht gheolaíoch an Chontae a chosaint agus a chothabháil. Tá na suíomhanna seo liostaithe i dTábla 8. 4 agus léirithe ar Léarscáil 8.4.

**Tabhair faoi deara**:
Tá uimhreacha na láithreáin bunaithe ar an gcaoi a dtugtar iad i dtuarascáil Shuirbhéireacht Gheolaíochta Lú in 2013.
Is iad na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) na láithreáin sin a mheastar gurbh fhiú go n-ainmneodh an NPWS iad mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha.
Tagraíonn **CGS** do láithreáin nach bhfuil an tábhacht céanna leo, ach ar cheart cosaint a thabhairt dóibh ar aon nós, mar Láithreáin Gheolaíochta Contae.

### Tábla 8.4 Láithreáin atá Spéisiúil go Geolaíoch

| Uimhir an Láithreáin | Ainm an Láithreáin | Tábhacht an Láithreáin (ainmniú atá beartaithe) |
|---|---|---|
| **LH01** | Baile Átha Fhirdhia -Baile Nua an Tearmainn | CGS |
| **LH02** | Cairéal Bhearna Mhéabha | NHA |
| **LH03** | Suíomh B, Bearna Mhéabha | NHA |
| **LH04** | Suíomh C, Bearna Mhéabha | CGS |
| **LH05** | Suíomh D, Bearna Mhéabha | CGS |
| **LH06** | Suíomh F, Bearna Mhéabha | CGS |
| **LH07** | Mullach Bhearna Mhéabha | CGS |
| **LH08** | Deilt na Sceiche | CGS |
| **LH09** | Ceantar Chairlinn | NHA |
| **LH10** | Coimpléacs Mhoireáin Bhaile an Ghearlánaigh | CGS |
| **LH11** | Ceann Chlochair | NHA |
| **LH12** | Ardán Tonn Teasa Cheann Chlochair | CGS |
| **LH13** | Cairéal Chuaille | CGS |
| **LH14** | Cairéal Chaisleán Chuaille | CGS |
| **LH15** | Rinn Chuaille | CGS |
| **LH16** | Cairéal Dhroim Meánach | NHA |
| **LH17** | Rinn Dhun Áine | CGS |
| **LH18** | Cuan Dhún Dealgan | CGS |
| **LH19** | Trá Ardaithe Ghrianfort | CGS |

| Uimhir an Láithreáin | Ainm an Láithreáin | Tábhacht an Láithreáin (ainmniú atá beartaithe) |
|---|---|---|
| **LH20** | Caisleán Rí John | CGS |
| **LH21** | Gleann Rí Liam | CGS |
| **LH22** | Moiréan Bhaile na Linne | CGS |
| **LH23** | Coiréal Mheille | CGS |
| **LH24** | Sruthán Oireall | CGS |
| **LH25** | Trá Ardaithe An Phoirt | CGS |
| **LH26** | Páirc an Reithín | CGS |
| **LH27** | Coimpléacs An Rátha Choirr | CGS |
| **LH28** | Baile an tSalainn | NHA |
| **LH29** | Scláta Shliabh Feá | NHA |
| **LH30** | Sliabh na gCloch | CGS |
| **LH31** | Trá ardaithe Bhaile an Teampaill | CGS |
| **LH32** | Droichead Tirim Waterunderbridge | CGS |
| **LH33** | Bearna Gaoithe | NHA |

## Léarscáil 8.4: Láithreáin atá Spéisiúil go Geolaíoch



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 16** | Tacú le hainmniú láithreáin cháilithe ar díol spéise go geolaíoch iad atá liostaithe i dTábla 8.4 mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 17** | I gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, gnéithe nó réimsí leasa gheolaíoch atá liostaithe i dTábla 8.4 den Phlean a chosaint ó fhorbairt mhíchuí, agus a gcarachtar, a n-ionracas agus a luach caomhantais a choinneáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 18** | Feasacht a chur chun cinn, nuair is cuí, ar cheantair atá spéisiúil go geolaíoch, lena n-áirítear rochtain agus léirmhíniú a chur ar fáil i gcás go dteastaíonn sé agus go bhfuil sé indéanta. |

## 8.9 Bogaigh

I measc na mbogach tá sruthchúrsaí agus dobharlaigh chomh maith le cineálacha eile gnáthóige lena n-áirítear riasca, eanaigh, fraochmhánna agus lagphortaigh, chomh maith le limistéir a mbíonn tionchar ag an bhfarraige orthu– lena n-áirítear riasca cois cósta, riasca salainn ag inbhir, lagáin etc. Is iondúil go mbíonn ardluach bithéagsúlachta ag baint leo, go dtacaíonn siad le gnáthóga agus speicis éagsúla agus go mbíonn feidhm acu maidir le caighdeán an uisce agus/nó rialú tuile. Bíonn ról tábhachtach acu mar ionaid stórála carbóin, rud a chuidíonn le teacht aniar na haeráide, agus déanann siad scagadh ar thruailleáin chomh maith le deiseanna caithimh aimsire a chur ar fáil.

Cé go bhfuil bogaigh i gcuid mhaith de na limistéir atá faoi chosaint, tá formhór na limistéir bhogaigh lasmuigh de na láithreáin a bhfuil cosaint acu. Ar fud an domhain, tá bogaigh faoi chosaint ag Coinbhinsiún Ramsar. Laistigh de Lú, is é Cuan Dhún Dealgan amháin atá liostaithe mar shuíomh Ramsar.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an chuid ó thuaidh de Loch Chairlinn i gCo. An Dúin, ar suíomh comhroinnte é, liostaithe freisin faoi Choinbhinsiún Ramsar.

Is bogaigh iad cuid mhaith de na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus na Limistéir faoi Chosaint Speisialta i gContae Lú, a bhfuil tagairt déanta dóibh roimhe seo agus thuas.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Lú, le maoiniú ón gComhairle Oidhreachta, suirbhé ar gach bogach aitheanta agus féideartha sa Chontae. Tionscadal trí bliana a bhí i Suirbhé Bogaigh Lú (2011, 2012 agus 2014), a rinne cinneadh maidir le stádas bogaigh ag breis agus 300 láithreán, a measadh a thacódh le gnáthóga bogaigh, bunaithe ar an ithir thíos fúthu, an topagrafaíocht, mapáil stairiúil agus grianghraif ón aer. Rinne an suirbhé doiciméadú ar shuíomh, méid, bagairtí agus rangú caomhantais i gcás beagnach gach suíomh bogaigh sa Chontae, chomh maith le moltaí a chur i láthair maidir lena gcothabháil, lena mbainistiú agus lena gcaomhnú.

Tugann an reachtaíocht phleanála le fios go dteastaíonn cead pleanála i gcás obair nó forbairt, lena bhfuil draenáil nó athshlánú bogaigh i gceist, má tá an bogach níos mó ná 0.1ha.
I gcás draenála nó athshlánú ar bhogaigh atá níos mó ná 2ha, tá gá le Measúnú Tionchair Timpeallachta.
Éileoidh an Chomhairle go ndéanfar measúnú éiceolaíoch (lena n-áirítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta nuair is gá) ar an leibhéal cuí i gcás tograí a bhaineann le draenáil nó athshlánú bogaigh.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 19** | A chinntiú go ndéantar na measúnaithe éiceolaíochta cuí i gcás tograí a bhaineann le draenáil, inlíonadh nó athshlánú ar ghnáthóg bogaigh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 20** | Láithreáin bhogaigh a fuair rátáil A (Idirnáisiúnta), B (Náisiúnta), C+ (Contae), C agus D i Suirbhé Bogaigh Lú agus in aon leaganacha díobh ina dhiaidh sin, a chosaint agus a fheabhsú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 21** | Tacú le cur i bhfeidhm na moltaí atá san áireamh i Suirbhé Bogaigh Lú agus in aon leaganacha díobh ina dhiaidh sin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 22** | Tacú le cur i bhfeidhm na moltaí atá sa *Straitéis Náisiúnta Tailte Móna 2015* agus in aon straitéisí ina dhiaidh sin. |

## 8.10 Tírdhreach

Cinnteoidh an *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha (NLS) 2015-2025* go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún Um Thírdhreach na hEorpa, a dhaingnigh Éire in 2002. Cuireann sé seo creat do bheartais ag ardleibhéal ar fáil agus aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le cosaint a thabhairt don tírdhreach agus an nasc atá idir an tírdhreach, an bhithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide. Ceann de na cuspóirí atá aige ná Measúnú Náisiúnta ar Nádúr An Tírdhreacha a fhorbairt, d'fhonn comhsheasmhacht a sholáthar maidir leis an gcaoi le comharthaí sóirt an tírdhreacha a aithint agus ceangal a dhéanamh leis, agus creat a chur ar fáil le haghaidh measúnaithe réigiúnacha agus áitiúla ar nádúr an tírdhreacha. Tugtar tacaíocht iomlán dó sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus i Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRSES).

### 8.10.1 Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha

Déanann Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha go bunúsach cur síos, mapáil agus rangú ar thírdhreacha ar mhaithe le tuiscint a fháil ar luach agus ar íogaireacht thírdhreacha an Chontae agus ar na riachtanais bhainistíochta a bheidh aige amach anseo. Cuidíonn sé leis na sainghnéithe sin a thugann féiniúlacht ar leith do cheantar a aithint, agus ag an am céanna, cabhraíonn sé le moltaí beartais a sholáthar.
I 2002, rinne an Chomhairle, de réir *Dréacht-Treoirlínte don Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha (2000)* an Rialtais Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha don Chontae, a raibh 2 chéim i gceist leis.

I gCéim 1 aithníodh agus rangaíodh naoi Limistéir Nádúir Tírdhreacha (LCAanna) i gContae Lú, limistéir gheografacha shonracha ina bhfuil cineál nó cineálacha ar leith tírdhreacha.

Rinne **Céim 2** measúnú ar íogaireacht agus luachanna nádúir an tírdhreacha, chun na príomhluachanna tírdhreacha agus cuspóirí comhfhreagracha a shannadh, chomh maith le gach ATF a chur i gcatagóir a thug le fios go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil ag baint leis.

Bhí an critéar a úsáideadh sa mheastóireacht bunaithe orthu seo a leanas:

- Caighdeán an Tírdhreacha – idirghníomhaíochtaí leis an tírdhreacha agus an riocht ina bhfuil na comharthaí sóirt agus na gnéithe;
- Caighdeán an Radhairc – tírdhreacha a thugann taitneamh go príomha do na céadfaí amhairc;
- Neamhchoitiantacht – comharthaí sóirt agus gnéithe neamhchoitianta a bheith sa tírdhreach;
- Leasanna Caomhnaithe – comharthaí sóirt a bhaineann le fiadhúlra, domhaneolaíocht, seandálaíocht, stair nó gné chultúir ar leith, a chuireann le luach an tírdhreacha, chomh maith le bheith tábhachtach iontu féin;
- Fiántas – talamh fiáin a bheith laistigh den tírdhreach, rud a chuireann go mór le sainiúlacht na háite;
- Deis Caithimh Aimsire – an méid áiseanna caithimh aimsire faoin aer atá laistigh den tírdhreach agus cóngarach do lonnaíochtaí;
- Baint leis an gCultúr – le daoine, ealaíontóirí, scríbhneoirí, imeachtaí stairiúla, finscéalta ar leith;
- Suaimhneas –gan mórán timpeallacht thógtha, trácht ná torann ann agus a laghad agus is féidir den soilsiú saorga; agus
- Ionadaíoch ar na Geallsealbhóirí – an bhfuil gné ar leith sa tírdhreach a dteastódh ó pháirtithe leasmhar go gcuirfí i láthair é.

Tá na naoi dTírdhreach Nádúrtha de chuid Lú aitheanta i dTábla 8. 5 agus i Léarscáil 8.5.

Tá an acmhainn tírdhreacha a bhainfeadh le gach Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha (LCA) bunaithe ar na cineálacha táscacha forbartha a cheaptar a bheidh déanta laistigh de limistéar an staidéir. D'aithin an Measúnú Ar Nádúr Tírdhreacha Lú 2002 raon gnéithe a d'fhéadfadh athrú a chur ar thírdhreacha na tuaithe agus áiríodh orthu sin, *inter alia:* an fheirmeoireacht, tithíocht tuaithe, feirmeacha gaoithe, forbairt tráchtála, cairéalú etc. Tá *Measúnú ar Nádúr Tírdhreacha Lú 2002* ar fáil ag an nasc seo a leanas.

**Tábla 8.5: Limistéir Nádúir Tírdhreacha**

| Limistéir Nádúir Tírdhreacha | Tábhacht |
|---|---|
| • Loch agus Sléibhte Chairlinn agus Ardtailte Fhíd Thiar san áireamh | Idirnáisiúnta |
| • Gleann na Bóinne & Gleann na Máiteoige | Náisiúnta |
| • Cósta Chuan Dhún Dealgan<br>• Cósta an Inbhir ó Dhún Áine go dtí An Bhóinn<br>• Ardtailte Chollann agus Mainistir na Buithe | Réigiúnach |
| • Tailte íseal agus Limistéar Cósta Chuaille<br>• Fochaird Íochtarach, Caisleán Dhún Dealgan agus Abhantrach Ghlais Ghallaigh<br>• Drumlin Lú agus na Limistéir Locha<br>• Machaire Mhuirtheimhne | Áitiúil |

**Léarscáil 8.5: Limistéir Nádúir Tírdhreacha**



### 8.10.2 Limistéar Nádúir Tírdhreacha

Cuireann *Alt 204 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* ar chumas Údaráis Phleanála, ar mhaithe le tírdhreach a chaomhnú, limistéar nó áit laistigh dá limistéar feidhme a ainmniú mar Limistéar Nádúir Tírdhreacha. Agus é sin á dhéanamh aige, is féidir leis an údarás pleanála forbairtí áirithe a fhorordú a bheadh díolmhaithe de ghnáth ach nach mbeadh díolmhaithe i limistéar caomhantais ainmnithe.

Moladh i *Measúnú Ar Nádúr Tírdhreacha Lú 2002* go ndéanfaí machnamh ar Limistéar Shliabh Chairlinn a ainmniú mar Limistéar Nádúir Tírdhreacha.

Déanfaidh an Chomhairle, le linn shaolré an Phlean, agus i gcomhairle leis an roinn agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Chairlinn a ainmniú mar Limistéar Caomhnaithe Tírdhreacha.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 23** | A chinntiú go ndéanfar caomhnú ar nádúr uathúil tírdhreacha trí aird a thabhairt ar a nádúr, a luach agus a chuspóirí i gcomhréir le beartais agus treoirlínte agus le *Measúnú Ar Nádúr Tírdhreacha Lú* agus trína chinntiú go gcomhlíonann aon fhorbairt nua ardchaighdeáin ó thaobh suímh agus dearaidh agus nach ndéanann sé damáiste míchuí ná aimhleas do nádúr an tírdhreacha nó don timpeallachta nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 24** | A chinntiú go léiríonn, agus más féidir, go treisíonn sé sainiúlacht agus féiniúlacht na gcineálacha éagsúla tírdhreacha lena n-áirítear comharthaí sóirt nó saintréithe tábhachtacha a choinneáil, agus na gnéithe éagsúla a chuireann lena sainiúlacht amhail caighdeán an radhairc, gnáthóga, patrún lonnaíochta, oidhreacht stairiúil agus úsáid talún, á gcur san áireamh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 25** | A cheangal, má oireann, go mbeadh measúnuithe ar thionchair ar thírdhreacha agus amhairc arna n-ullmhú ag gairmithe atá cáilithe go cuí curtha isteach le hiarratais forbartha, a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar limistéir nádúir tírdhreacha, go háirithe i gceantair atá an-íogair. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 26** | Iniúchadh a dhéanamh ar ainmniú Limistéar Caomhantais Tírdhreacha de réir mar is cuí, i gcomhar leis an Roinn Rialtais ábhartha agus le páirtithe leasmhara tírdhreacha tábhachtacha ar leith a chosaint, go háirithe mar a bhaineann le SAC Shliabh Chairlinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 27** | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh, más gá, ar *Mheasúnú Ar Nádúr an Tírdhreacha Lú 2002* de bhun creata do mheasúnuithe réigiúnacha agus áitiúla ar nádúr an tírdhreacha mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha *2015-2025.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 28** | Comhoibriú le húdaráis áitiúla atá in aice láimhe, ó thuaidh agus ó dheas den teorainn, lena a chinntiú go ndéantar an comhshaol a chaomhnú ar bhealach inbhuanaithe agus tacú le hainmniú comhordaithe a dhéanamh ar thírdhreacha íogaire agus ar chur chuige beartais leis na ceantair atá ag síneadh leo agus ar gach gné de chosaint an chomhshaoil, go háirithe i gcás go sainaithnítear leochaileachtaí comhshaoil trasteorann. |

## 8.11 Crainn, Coillearnacha agus Fálta Sceach

Cuireann crainn, coillearnacha agus fálta sceach go mór le nádúr an tírdhreacha agus leis an mbithéagsúlacht i Lú. Cuireann siad áiseanna faire ar fáil i dtimpeallachtaí tuaithe agus uirbeacha, foscadh agus aer glan, gnáthóga tábhachtacha do go leor speiceas fiadhúlra agus toisc gur gnáthóga bithéagsúlachta maithe iad tá siad ríthábhachtach do bhearta maolaithe aeráide agus oiriúnaithe aeráide araon, agus ról suntasach acu ó thaobh stóráil carbóin.

Tá níos lú coillte in Éirinn ná mar atá in aon tír eile de chuid an AR. Tá an codán de Lú atá faoi chrainn ar cheann de na cinn is ísle sa tír agus sa chomhthéacs sin, tá sé ag éirí níos tábhachtaí ná riamh na coillearnacha atá ann cheana féin a chaomhnú.

Tá go leor de na coillearnacha atá fós i Lú suite laistigh d'eastáit mhóra, áit ar cuireadh iad go minic mar chuid de thionscadail tírdhreachtaithe agus iad ag cur leis an tírdhreach deartha.

Is féidir le crainn, agus go háirithe grúpaí crann, a bheith ina gcuid thábhachtach den tírdhreach áitiúil, de dhreach an bhaile agus de shuíomh na bhfoirgneamh agus d'fhéadfaidís a bheith ina mbealaí leis an bhforbairt nua a nascadh isteach go deas leis an tírdhreach. D'fhéadfaí crainn a chailleadh nó dochar a bheith déanta dóibh mura mbíonn an fhorbairt deartha, lonnaithe agus tógtha go híogair. Dá bhrí sin, ba chóir go gcuirfí san áireamh na crainn atá ann cheana agus tograí forbartha á bhfoirmliú agus á measúnú. I gcás ina bhféadfadh crainn nó grúpaí crann a bhfuil tábhacht ar leith leo a bheith i mbaol ó fhorbairt nó ó ghníomhaíochtaí eile, féadfar féachaint le hOrdú um Chaomhnú Crann a dhéanamh.

Ba cheart plandáil nua a spreagadh agus a chur chun cinn chun athghiniúint leanúnach an chlúdaigh crann a chinntiú i gcoitinne agus ionas nach ligfear do príomhghrúpaí crann éirí sean agus mífholláin.

Cuireann fálta sceach go mór leis an gContae, agus iad ag feidhmiú mar chonairí tábhachtacha do gnáthóga agus fiadhúlra chun gur féidir le flóra agus fána gluaiseacht agus scaipeadh tríd an tírdhreach (cuidíonn gnáthóga na bhfeithidí agus láithreáin neadaithe na n-éan, le mamaigh bheaga agus speicis ialtóg). Ag an am céanna, cuireann siad le oidhreacht nádúrtha agus áiseanna radhairc an cheantair, chomh maith le carachtar tuaithe an ceantair a chaomhnú agus forbairt a scáthú. Fuarthas amach i suirbhé samplach ar fhálta sceach Lú in 2014 go raibh an dlús is airde fálta sceach in Éirinn ag Lú, beagán chun cinn ar Chontae Mhuineacháin in aice láimhe.

Seachas i gcúinsí eisceachtúla, glacfar leis go mbeifear i gcoinne crainn agus fálta sceach a bhaint.

Sa chás go gcaithfear crainn agus fálta sceach a bhaint, teastóidh ón gComhairle go gcuirfí ar ais iad nó go gcuirfí crainn leordhóthanach ina n-áit.

### 8.11.1 Orduithe Caomhnaithe Crann

Ceadaíonn Alt 205 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* do na húdaráis pleanála foráil a dhéanamh maidir le caomhnú aon chrainn, crann, grúpaí crann nó coillearnacha trí Ordú um Chaomhnú Crann (TPO) sa chás go ndéantar é ar mhaithe le tairbhe, taitneamhacht nó an comhshaol. Tá Orduithe Caomhnaithe Crann a rinne an Chomhairle go dtí seo liostaithe i dTábla 8.6 agus léirithe i Léarscáileanna 8.6, 8.7, 8.8, 8.9 agus 8.10.

**Tábla 8.6: Orduithe Caomhnaithe Crann, Contae Lú**

| DROICHEAD ÁTHA | | CONTAE | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Thagartha** | **Suíomh** | **Uimhir Thagartha** | **Suíomh** |
| **TPO 1** | Teach Bayview | **TPO 2** | Clúthair an tSionnaigh, Baile Átha Fhirdhia |
| | | **TPO 3** | Club Gailf Bhaile Átha Fhirdhia (Tagann TPO 2 go hiomlán laistigh den réimse seo) |
| | | **TPO 4** | Red House, Baile Átha Fhirdhia |
| | | **TPO 5** | Meille, Droichead Átha |
| | | **TPO 6** | One Mile Wood, Tigh Líobáin |

## Léarscáil 8.6: TPO1 (Teach Bayview, Droichead Átha)

**Léarscáil 8.7:TPO 2 (Cluthair an tSionnaigh, Baile Átha Fhirdhia) agus TPO 3 (Club Gailf Bhaile Átha Fhirdhia)**

**Léarscáil 8.8: TPO 4 (Red House, Baile Átha Fhirdhia) TPO 4**



**Léarscáil 8.9: TPO 5 (Meille, Droichead Átha)**



**Léarscáil 8.10: TPO 6 (Coill One Mile) Meille, Doichead Átha  TPO 5**



### 8.11.2 Crainn agus Coillearnacha ag a bhfuil Luach Conláiste Speisialta

Agus aitheantas á thabhairt don ról tábhachtach atá ag crainn agus coillearnacha, tá crainn agus grúpaí crann laistigh den Chontae aitheanta agus taifeadta ag an gComhairle, a meastar Luach Conláiste Speisialta a bheith acu. Dá bhrí sin, agus mar aitheantas do thábhacht na gcrann, beidh gá iad gcaomhnú mar chuid d'aon chead pleanála a bhíonn tugtha.

Beidh coinníoll pleanála ann i gcás aon fhorbairt a cheadóidh, i gcúinsí eisceachtúla, crainn nó grúpaí crann a bhaint, lena gceanglófar crainn dhúchasacha, leath-aibí a phlandáil ina n-áit ag cóimheas de dheich gcrann nua in aghaidh an chrainn aonair a baineadh sa Chontae agus ag cóimheas de chúig chrann nua in aghaidh an chrainn aonair a baineadh i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan.

Tá na Crainn agus na Coillearnacha a bhfuil Luach Conláiste Speisialta acu laistigh de Dhroichead Átha, Dún Dealgan, Baile Átha Fhirdhia agus sa Chontae aitheanta i dTáblaí 8.7, 8.8, 8.9 agus 8.10 agus léirithe ar Léarscáileanna 8.11, 8.12, 8.13 agus 8.14 thíos. Tá suirbhéanna crann do Dhroichead Átha agus do Dhún Dealgan araon mar aon le Treoirlínte maidir le Cosaint Crann, sonraithe in Aguisín 5 agus in Aguisín 6 faoi seach, Imleabhar 3.

**Tábla 8.7: Crainn agus Coillearnacha i nDroichead Átha a bhfuil Luach Conláiste Speisialta acu**

| Uimhir Thagartha | Suíomh | Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|---|---|
| **TWSAV1** | Corrán Bhaile Anna | **TWSAV23** | An Mhónaidh Mhór |
| **TWSAV2** | Gort na Fuinseoige | **TWSAV24** | Lána an Mhuilinn |
| **TWSAV3** | Cnoc Gharrán Bhál | **TWSAV25** | Cnocán Sandford |
| **TWSAV4** | Na Cluainte Leathana | **TWSAV26** | Ó thuaidh den Chairéal |
| **TWSAV5** | Brookville | **TWSAV27** | Bóthar an Tobair Nua |
| **TWSAV6** | Acra an Bhulaí | **TWSAV28** | An Trá Thuaidh |
| **TWSAV7** | Óstán Boyne Valley | **TWSAV29** | Plásóga na Darach |
| **TWSAV8** | Teach Boyne View | **TWSAV30** | Cnoc Pheadair |
| **TWSAV9** | Lána na Cille | **TWSAV31** | Lána Theach na mBocht 1 |
| **TWSAV10** | Ard an Choláiste | **TWSAV32** | Teach an tSagairt, Lána Theach na mBocht |
| **TWSAV11** | Lána Chromail 1 | **TWSAV33** | Siúlóid an Rampair |
| **TWSAV12** | Droichead Iarnróid Bhóthar Bhaile Átha Cliath | **TWSAV34** | Club Rugbaí |
| **TWSAV13** | Cé na nIascairí | **TWSAV35** | Clochar Sienna |

| Uimhir Thagartha | Suíomh | Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|---|---|
| **TWSAV14** | Cnoc an Fhuaráin | **TWSAV36** | Steach Mín |
| **TWSAV15** | Céide an Ghleanna Mhóir | **TWSAV37** | Cois Bóthair Steach Mín 1 |
| **TWSAV16** | Coláiste na nGlaschnoc | **TWSAV38** | Páirc San Doiminic |
| **TWSAV17** | Arda an Chairdis | **TWSAV39** | Sráid Mhuire –Eaglais Gerrard |
| **TWSAV18** | An tOspidéal, Bóthar Bhaile Átha Cliath | **TWSAV40** | Teachín Waterunder |
| **TWSAV19** | Leonard's Cross | **TWSAV41** | Weirhope |
| **TWSAV20** | Lána Uí Mhearthaile | **TWSAV42** | Lána an Uisce |
| **TWSAV21** | Lóiste Mhic Mhatha | **TWSAV43** | Cúirt an Fhaoitigh |
| **TWSAV22** | Tabhairne Marsh House (seantabhairne) | **TWSAV44** | Halla na Cruithneachta |

**Léarscáil 8.11 Crainn agus Coillearnacha i nDroichead Átha ag a bhfuil Luach Conláiste Speisialta**



**Tábla 8.8: Crainn agus Coillearnacha i nDún Dealgan ag a bhfuil Luach Conláiste Speisialta**

| Uimhir Thagartha | Suíomh | Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|---|---|
| **TWSAV45** | Páirc San Eiléana | **TWSAV67** | An Dún Mór/BSL, Bóthar na hAscaille |
| **TWSAV46** | Tailte na Marist St. Bóthar Mhuire | **TWSAV68** | Scrín Thobar Mhuire, Bóthar Bhaile Átha Cliath |
| **TWSAV47** | Óstán Derryhale, Bóthar Charraig Mhachaire Rois | **TWSAV69** | Os comhair Ardán Thobar Mhuire, Bóthar Bhaile Átha Cliath |
| **TWSAV48** | An Clochán Caol, Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia | **TWSAV70** | Teach Bayiew, Bóthar Bhaile Átha Cliath |
| **TWSAV49** | An Ráth Rath – Bóthair Dhroichead an Chnoic/ Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia | **TWSAV71** | Muirtheimhne |
| **TWSAV50** | Teach Lios an Mhullaigh, Bóthar Charraig Mhachaire Rois | **TWSAV72** | Tailte DKIT, Bóthar Bhaile Átha Cliath |
| **TWSAV51** | Brookfield, Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia | **TWSAV73** | Na Labhrais |
| **TWSAV52** | Hilltop - sean-Ospidéal Naomh Oilibhéar, Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia | **TWSAV74** | Eaglais na hÉireann (An Eaglais Ghlas) Sráid an Teampaill. |
| **TWSAV53** | Scrín Chnoc Oilibhéar, Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia | **TWSAV75** | Sráidbhaile Carroll- sean Pháirc De La Salle |
| **TWSAV54** | Bóthar Charraig Mhachaire Rois: Rucky Hill | **TWSAV76** | An Siúlan Fada |
| **TWSAV55** | Lios an Mhullaigh, Ascaill an Mhóta | **TWSAV77** | An Diméin |
| **TWSAV56** | Bealach isteach chuig Grúdlann McArdles | **TWSAV78** | Radharc na Páirce |
| **TWSAV57** | An Corrán/ Páirc an Chorráin | **TWSAV79** | Crainn ar Ascaill an Mhóta |
| **TWSAV58** | Scoil Ghramadaí, An Corrán | **TWSAV80** | De La Salle, Bóthar an Mhuilinn |
| **TWSAV59** | P.J. Carroll's, Bóthar Bhaile Átha Cliath | **TWSAV81** | Séipéal Fatima – Tobar Óna – Club Rugbaí |
| **TWSAV60** | Lána Uí Eochaidh agus an Páirc Dúiche | **TWSAV82** | Grey Acre, Bóthar Bhaile na Lorgan |
| **TWSAV61** | Bóthar na gCreagacha Dubha | **TWSAV83** | Reilig Chaisleán Dhún Dealgan |
| **TWSAV62** | Scoil Mhaolmhaodhóg, Sráid Anna. | **TWSAV84** | Clochar Naomh Louis / Caisleán Dhún Dealgan |
| **TWSAV63** | Cnoc an Tí Oighir agus a thimpeallacht | **TWSAV85** | The Paddock, Ascaill an Mhóta |
| **TWSAV64** | Sráid an tSrutháin/Ardán Bhaile Átha Fhirdhia | **TWSAV86** | Eastát Farndreg |
| **TWSAV65** | Teach Mhóta an Hamaltúnaigh, Bóthar Charraig Mhachaire Rois | **TWSAV87** | Páirc an Chaisleáin |
| **TWSAV66** | New Forest/Foraois Uí Chléirigh | **TWSAV88** | Bóthar an Iúir: Red Cow |

| Uimhir Thagartha | Suíomh | Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|---|---|
| **TWSAV89** | Mullach an Dúdálaigh, Bóthar an Iúir | **TWSAV99** | An Eaglais Chaitliceach, Na Creagacha Dubha |
| **TWSAV90** | Móta agus bábhún, Bóthar Uí Dhúill / Gort na mBrící / Bóthar an Iúir | **TWSAV100** | Teach Bhaile Hagaird / Bellfield, Dublin Road |
| **TWSAV91** | Corrán Chois Abhann | **TWSAV101** | Bóthar an Teampaill, Baile Hagaird |
| **TWSAV92** | Faiche an Aonaigh | **TWSAV102** | Teach Marl, Bóthar an Teampaill, Baile Hagaird |
| **TWSAV93** | Bóthar an Phointe | **TWSAV103** | Teach Seafield, Bóthar Seafield |
| **TWSAV94** | Acomhal Bhóthar Maol Bóthar na gCreagacha Dubha | **TWSAV104** | Taobh Thoir de Bhóthar Seafield |
| **TWSAV95** | Teorainn Thuaidh de Bunker Lodge, Sandymount | **TWSAV105** | An Móta, Bóthar Seafield |
| **TWSAV96** | Teach Na Páirce, Sandymount | **TWSAV106** | Bóthar Chnoc na Ruachan |
| **TWSAV97** | Soir ó Bhóthar Sandymount, ó Rockmount go dtí An Corrán | **TWSAV107** | Caisleán Chú Chulainn |
| **TWSAV98** | An Corrán | | |

**Léarscáil 8.12: Crainn agus Coillearnacha i nDún Dealgan**




**ag a bhfuil Luach Conláiste Speisialta**

**Tábla 8.9: Crainn agus Coillearnacha i mBaile Átha Fhirdhia ag a bhfuil Luach Conláiste Speisialta**

| Uimhir Thagartha | Suíomh | Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|---|---|
| **TWSAV108** | Teach an Reachtaire, Baile Átha Fhirdhia | **TWSAV112** | Clochar na Trócaire, Sraid Mhic hÉil |
| **TWSAV109** | Séipéal Naomh Iósaef, Baile Átha Fhirdhia | **TWSAV113** | Halla an Mhúraigh (Mainistir De la Salle, Sráid Mhic hÉil ) |
| **TWSAV110** | Red House Baile Átha Fhirdhia | **TWSAV114** | Teach an Pharóiste, (Sráid Mhic hÉil) |
| **TWSAV111** | Séipéal Naomh Bríd, Bóthar Cheanannais | **TWSAV115** | An tOileán, Sráid an Droichid |

**Tábla 8.10: Crainn agus Coillearnacha i gContae Lú ag a bhfuil Luach Conláiste Speisialta**

| Uimhir Thagartha | Suíomh | Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|---|---|
| **TWSAV116** | Sráidbhaile Thearmann Feichín | **TWSAV131** | Baile an Teampaill |
| **TWSAV117** | Teach Bhaile nua an Tearmainn (An Grianán) | **TWSAV132** | Teach Bhaile an Phiobaraigh |
| **TWSAV118** | Crainn Soir ó Thearmann Feichín | **TWSAV133** | Teach Chorr an Doire, Cillín Chúile |
| **TWSAV119** | N1 Acomhal Thuaidh Ghrianfort (Acomhal 18) | **TWSAV134** | Béilinn |
| **TWSAV120** | Muine Bháláit taobh thoir de de stáisiún BSL | **TWSAV135** | Séipéal Bhaile Mhic Éinigh |
| **TWSAV121** | Séipéal ag Baile na Muileann | **TWSAV136** | Coillearnacha ag Páirc Ó Méith |
| **TWSAV122** | Teach Lios Raithní, Baile an Tallúnaigh | **TWSAV137** | Fáschoill Ghleann an bhFiach |
| **TWSAV123** | Ó dheas de Chill Ó nDaighre | **TWSAV138** | Trumpet Hill |
| **TWSAV124** | Ó thuaidh de Shliabh Oireall | **TWSAV139** | Linn Bhaile Lias |
| **TWSAV125** | Mullaigh Ais, Collann | **TWSAV140** | Halla an Toinlígh / Gleann Rí Liam |
| **TWSAV126** | Baile an Tallúnaigh | **TWSAV141** | Coill an Halla Dhuibh |
| **TWSAV127** | Teach na Rátha Briste | **TWSAV142** | Coill na Mainistreach Móire |
| **TWSAV128** | Bóthar Dhroichead Átha – Bhéal Trá | **TWSAV143** | Coill Bhearna Mheá |
| **TWSAV129** | N1 ag Áth na Sceach | **TWSAV144** | Coill Chaisleán Dhairbhreach |
| **TWSAV130** | Droim Chora | **TWSAV145** | Cluthair an tSionnaigh, Baile Átha Fhirdhia |

**Léarscáil 8.13:**
**Crainn agus Coillearnacha i mBaile Átha Fhirdhia ag a bhfuil Luach Conláiste Speisialta**



**Léarscáil 8.14: Crainn agus Coillearnacha ar Luach Conláiste Speisialta i gContae Lú**



### 8.11.3 Crainn Curaidh Lú

Chuir Comhairle Crann na hÉireann, i gcomhar le Cumann Crann na hÉireann, tús le tionscadal Chlár Crann na hÉireann (TROI) agus é mar aidhm acu bunachar sonraí de chrainn na Éireann a thiomsú. D'aithin *'ChampionTrees – A Selection of Irelands Great Trees',* ar a fhoilsiú, fiche haon crann curaidh i Lú.

Is é an 'crann curaidh' an sampla is airde, is sine nó is mó dá speiceas nó dá chineál i réigiún ar leith. Tá luach suntasach comhshaoil ag baint leis na crainn seo don Chontae agus ba cheart iad a chosaint ar fhorbairt nuair is gá. Tá na Crainn Curaidh atá lonnaithe agus aitheanta i gContae Louth i dTábla 8.11.

**Tábla 8.11: Crainn Churaidh, Contae Lú**

| Crainn Curaidh – Contae Lú | | |
|---|---|---|
| **Speicis** | **Suíomh** | **Toisí** |
| ***Cedrus libani*** (Céadar na Liobáine) | An Teach Dearg, Baile Átha Fhirdhia | 7.41 @ 1.5 m × 36 m |
| ***Fagus sylvatica*** *- Atropurpurea* (Feá Rua) | An Teach Dearg, Baile Átha Fhirdhia | 4.91 @ 1.3 m × 29.5 m |
| ***Juglans regia*** (Crann Gallchnó) | An Teach Dearg, Baile Átha Fhirdhia | 4.50 @ 0.6 m × 22 m |
| ***Abies procera Glauca*** *Group* (Giúis Mhaorga) | An Teach Dearg, Baile Átha Fhirdhia | 4.48 @ 1.5 m × 39 m |
| ***Liriodendron tulipifera*** (Crann Tiúilipí) | An Teach Dearg, Baile Átha Fhirdhia | 4.46 @ 1.5 m × 23 m |
| ***Cedrus deodara*** (Céadar Dé) | An Teach Dearg, Baile Átha Fhirdhia | .81 @ 1.5 m × 31.3 m |
| ***Ilex aquifolium*** (Crann Cuilinn) | An Teach Dearg, Baile Átha Fhirdhia | 31 @ 1.5 m × 21.3 m |
| ***Ulmus minorvar.minor*** *(Leamhán)* | Teach an Reachtaire, Baile Átha Fhirdhia | 3.53x15.7m – 2ú ceann is airde dá chineál in Éirinn |
| ***Ulmus minor var.minor*** | Teach an Reachtaire, Baile Átha Fhirdhia | 2.98 x 22m |
| ***Cryptomeria japonica*** *Grúpa Elegans* (Cedar Crón Seapánach) | Baile an Ghearlánaigh | 3.17 @ 0.8 m × 17.7 m |
| ***Quercus Robur 'Pendula'*** | Béilinn, Droichead Átha | 3.35 x 42.5m |
| ***Ilex aquifolium*** *(Crann Cuilinn)* | Teach Chill Ó nDaighre, Droichead Átha | 1.94 x 16.5m |
| ***Juglans regia*** *(Crann Gallchnó)* | Páirc Clermount, Dún Dealgan | 3.49 @1.4 x 17.5m |
| ***Ilex aquifolium 'Albomarginata'*** *(Crann Cuilinn)* | Páirc Clermount, Dún Dealgan | 2.17@ 1 x 15.5m |
| ***Castanea Sativa*** *(Crann Cnó Capaill)* | Caisleán Bhearna Mheá, Dún Léire | 5.63 x 21m |

| Crainn Curaidh – Contae Lú | | |
|---|---|---|
| **Speicis** | **Suíomh** | **Toisí** |
| ***Abies alba* (Giúis Gheal)** | Caisleán Bhearna Mheá, Dún Léire | 3.38x42.5m |
| ***Acer Pseudoplatanus* (Seiceamar)** | Mainistir an Chnoic | 6.43x24m |
| ***Liriodendron tulipfera* (Crann Tiúilipí)** | Mainistir an Chnoic | 6.25x18m |
| ***Sequoiadendron giganteum* (Wellingtonia Giant Sequoia)** | Mainistir an Chnoic | 6.05 x19.5m |
| ***Taxus baccata* (Crann Iúir)** | Mainistir an Chnoic | 5.42x13.5m |
| ***Robinia pseudoacacia* (Crann Lócaiste)** | Mainistir an Chnoic | 2.96x17m |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 29** | Cosaint a thabhairt do chrainn a bhfuil Orduithe Caomhnaithe Crann acu agus féachaint le hOrduithe Breise um Chaomhnú Crann (TPO) a ainmniú, nuair is cuí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 30** | Crainn agus coillearnacha a bhfuil luach speisialta taitneamhachta acu a chosaint. Athbhreithniú a dhéanamh, agus i gcás gur cuí, Orduithe(í) Um Chaomhnú Crann a dhéanamh i ndáil le crainn a bhfuil luach speisialta taitneamhachta acu. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 31** | Más rud é, i gcúinsí eisceachtúla, go gcaithfear crainn agus/nó fálta sceach a bhaint chun cuidiú leis an bhforbairt, déanfar é seo lasmuigh de shéasúr an ghoir agus beidh ceanglas ann go gcaithfear speicis dhúchasacha a chur in ionad na gcrann a leagadh ag cóimheas 10:1 agus beidh speiceas dúchasach le cur in áit gach fál sceach a bhaintear. I nDroichead Átha agus i nDún Dealgan, caithfear crainn a athsholáthar ag cóimheas 5:1, sa chás gur gá crainn a bhaint chun an fhorbairt a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartaise | |
|---|---|
| **ONBBG 32** | Crainn agus coillearnacha oiriúnacha a bhfuil luach taitneamhachta speisialta leo a scrúdú agus a aithint lena gcur san áireamh áireamh i dTáblaí 8.7, 8.8, 8.9 agus 8.10 nuair is cuí, le linn shaolré an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 33** | Measúnú a dhéanamh ar impleachtaí na forbartha atá beartaithe do chrainn agus fálta sceach atá lonnaithe ar thailte a bhfuiltear ag smaoineamh ar iad a fhorbairt, agus iarracht a dhéanamh iad a ionchorprú sna tograí dearaidh, nuair a oireann agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá sonraithe in Aguisín 6. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 34** | Cur leis an gclúdach de chrainn dhúchasacha atá sa Chontae le go bhfeidhmeoidh siad mar linnte carbóin, trí phlandáil crainn agus fálta sceach dúchasacha oiriúnacha a chur chun cinn feadh bóithre poiblí, sráideanna cónaithe, páirceanna agus limistéir eile ina bhfuil spásanna oscailte. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 35** | Tionscnaimh a spreagadh a thacaíonn le scéimeanna a dhéanann crainn dhúchasacha agus coillearnaí a phlandáil go príobháideacha agus ag pobail ar fud an Chontae, ag baint úsáide as na scéimeanna maoinithe atá ar fáil. |

## 8.12 Comhshaol agus Conláistí

Tá roinnt ceantair thábhachtacha ag Contae Lú a bhfuil fíor áilleacht agus ardtaitneamhacht ag baint leo a dteastaíonn cosaint uathu.

### 8.12.1 Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONB)

Laistigh de Chontae Lú, aithníodh dhá cheantar ar leith mar Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONB) mar gheall ar a dtírdhreach nádúrtha gan mhilleadh, a gcarachtar speisialta agus a radhairc mhórthaibhseacha. Ós rud é gur timpeallachtaí thar a bheith íogair iad an dá áit seo, tugadh an- chosaint dóibh sa Phlean ar mhaithe lena n-uathúlacht agus a dtábhacht mar láithreacha taitneamhacha a chaomhnú le go bhféadfaidh an dream tá ann anois agus na glúnta atá le teacht aoibhneas a bhaint astu. Tá an dá cheantar a aithníodh mar Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha liostaithe i dTábla 8.12 agus léirithe ar Léarscáil 8.15.

**Tábla 8.12: Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONB)**

| Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|
| **AONB 1** | Cairlinn agus Sléibhte Fhíd |
| **AONB 2** | Ceann Chlochair agus Bá Oireall |

Is i dtuaisceart an Chontae atá an ceann is mó den dá limistéar agus cuimsíonn sé Sléibhte Chairlinn agus Fhíd. Is iad Sliabh Feá, atá 588m agus Sliabh Dhubh atá 508m, na pointí is airde sa raon. Tá cuid mhaith den cheantar fós fágtha faoin nádúr, é á úsáid le haghaidh iníor caorach agus capall ar dhéine íseal agus é faoi aiteann, raithneach agus fraoch.

Tá cuid den cheantar seo ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus tá sé beartaithe é a ainmniú mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (pNHA) faoi reachtaíocht de chuid na hEorpa agus na hÉireann.

Tá radharcanna iontacha le feiceáil ó roinnt ionaid faire ar leith anonn thar AONB Loch Chairlinn go Sléibhte Mhúrn i gContae an Dúin agus AONB Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn i gContae Ard Mhacha agus thar Chuan Dhún Dealgan go lár agus deisceart Chontae Lú.

Tá an dara AONB i gCeann Chlochair agus cuimsíonn sé Port Oirialla agus an ceann tíre máguaird. Cé nach bhfuil siad seo chomh garbh ná chomh hiargúlta le Sléibhte Chairlinn agus Sléibhte Fhíd mar sin féin, tá radharcanna chomh mórthaibhseach céanna anseo soir go Muir Éireann, ó dheas i dtreo Inbhear na Bóinne agus Chontae na Mí agus ó thuaidh thar Chuan Dhún Dealgan go Sléibhte Chairlinn agus Mhúrn. Tá an chuid is mó den cheann tíre, a bhfuil cuid mhaith de faoi úinéireacht Chomhairle Contae Lú, ainmnithe freisin mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, déantar é a bhainistiú de facto mar thearmann dúlra, agus bíonn cead isteach ag an bpobal ann le haghaidh caitheamh aimsire.

### 8.12.2 Limistéir Ardscéimhe

Cé nach bhfuil na ceantair ina bhfuil Limistéir Ardscéimhe (AHSQanna), baileach chomh hálainn agus nach bhfuil an tírdhreach ar chaighdeán baileach chomh hard leis na Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONBanna), mar sin féin cuireann siad go mór leis an réimse de thírdhreacha ina bhfuil radhairc nádúrtha laistigh den Chontae. Tá siad liostaithe i dTábla 8.13 agus léirithe ar Léarscáil 8.15.

Tá feirmeoireacht ar bun i láthair na huaire sna Limistéir Ardscéimhe ar fad, cé go bhfuil an-difríocht idir caighdeán na talún chun críocha feirmeoireachta ó cheantar go ceantar. Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go gcosnófaí na Limistéir Ardscéimhe ó fhorbairt a bheadh iomarcach, go háirithe ón gcineál tithíocht mhíchuí, aonuaire, a eascraíonn as cathracha le gur féidir a dtírdhreacha tuaithe gan mhilleadh a chaomhnú.

**Tábla 8.13: Limistéir Ardscéimhe (AHSQ)**

| Uimhir Thagartha<br>Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|
| **AHSQ 1** | Sleibhte Fhíd agus Ceantar Chuaille |
| **AHSQ 2** | Mainistir na Buithe |
| **AHSQ 3** | Gleann na Bóinne / Gleann Rí Liam |
| **AHSQ 4** | Ardtailte Chollann |
| **AHSQ 5** | Dún Áine |
| **AHSQ 6** | Portach Bhaile Átha Fhirdhia |

## Léarscáil 8.15 Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha agus Limistéir Ardscéimhe



### 8.12.3 Radhairc agus Amhairc atá ina n-acmhainní Luachmhara

Tá go leor ceantair i gContae Lú a bhfuil tírdhreacha ar ardchaighdeán iontu, go háirithe feadh an chósta, i ngleannta na n-abhann agus ar thailte arda. Mar gheall air seo is údar mórtais don Chontae é go bhfuil go leor ionaid ann as a bhfuil feiceál ar radhairc agus ar amhairc atá fíor aoibhinn. Is áiseanna ríthábhachtacha don turasóir agus don dream a mhaireann ann na radhairc tíre agus an tírdhreach iontach atá sa Chontae, mar go gcuireann siad leis an gcaighdeán saoil agus gur acmhainn luachmhar ó thaobh na heacnamaíochta atá iontu. Dá bhrí sin, tá cosaint na hacmhainne seo tábhachtach mar a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar phoitéinseal an Chontae.

Is dúshán é bainistiú a dhéanamh ar an tírdhreach ionas gur athruithe a mbeidh torthaí deimhneacha orthu a dhéanfar agus ar an gcaoi seo a chinntiú go dtabharfar cosaint don tírdhreach.

Is gá mar sin na radhairc tíre agus na hamhairc a chaomhnú, le go mbeidh na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh in ann taitneamh a bhaint astu. Níl sé i gceist leis seo an fhorbairt a chosc ach is amhlaidh, sa chás go gceadaítear forbairt, go dteastaíonn nach gcuirfeadh sé isteach ar na radhairc tíre agus nach mblocálfadh sé iad

agus go ndéanfaí an fhorbairt a dhearadh agus a lonnú ar bhealach a chuirfeadh isteach a laghad agus is féidir ar an tírdhreach. Tá liosta de na radhairc tíre agus na hamhairc atá faoi chosaint i gContae Lú, i nDún Dealgan, i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Fhirdhia, chomh mith leo siúd atá i gCairlinn, i gCeann Chlochair agus sa Tulaigh Álainn, liostaithe i dTáblaí 8.14, 8.15, 8.16, 8.17 agus 8.18 agus léirithe ar Léarscáileanna 8.16, 8.17, 8.18 agus 8.19. Tá fáil ar léarscáileanna de na radhairc tíre agus na hamhairc atá i gCairlinn, i gCeann Chlochair, agus sa Tulaigh Álainn sna Léarscáileanna Ilchodacha faoi seach atá in Imleabhar 2. Tá sonraí cuimsitheacha maidir leis na Radhairc agus na hAmhairc sin sa Chontae ag a bhfuil cosaint, lena n-áirítear Lonnaíochtaí Leibhéal 3, liostaithe in Aguisín 7, Imleabhar 3.

**Tábla 8.14: Radhairc agus Amhairc, Contae Lú**

| Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|
| **VP 1** | Droim Mullaigh – radharc i dtreo Chaol Uisce |
| **VP 2** | Droichead Clermontpass |
| **VP 3** | Crann Cumarsáide RTÉ, Carn Clermont |
| **VP 4** | Bearna Gaoithe |
| **VP 5** | Loch Chairlinn |
| **VP 6** | Sliabh Feá |
| **VP 7** | Speilg an Fhiaigh |
| **VP 8** | An Gleann Mór – Sléibhte agus Gleann |
| **VP 9** | Bearna Mhéabha agus Sliabh Chairlinn |
| **VP 10** | Cnoc Bhaile Sheinicín |

| Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|
| **VP 11** | Baile Sheinicín |
| **VP 12** | Baile Mhic Eileoid |
| **VP 13** | Cnoc Fhochairde |
| **VP 14** | Crosbhóthar Dhún Guaille |
| **VP 15** | Radhairc ar Chaisleán Dhún Gall |
| **VP 16** | Crois an Mhaoir – radharcanna ar shléibhte i dtreo Fhoirceala |
| **VP 17** | Cúrsa Gailf an Chillín – radhairc ar na sléibhte i dtreo Fhoirceala |
| **VP 18** | Droim Ineasclainn - radharcanna farraige trasna go Dún Dealgan, Sléibhte Chuaille agus Mhúrn |
| **VP 19** | Ó thuaidh d'Áth na gCasán - sea views across to Cooley and Mourne Mountains |
| **VP 20** | Baile an tSalainn - radhairc farraige trasna go Cuan Dhún Dealgan i dtreo Shléibhte Chuaille agus Mhúrn |
| **VP 21** | Baile na Coirre – radhairc farraige trasna go Cuan Dhún Dealgan i dtreo Shléibhte Chuaille agus Mhúrn |
| **VP 22** | An Lorgáin Bhuí- radharcanna farraige trasna go Cuan Dhún Dealgan i dtreo Shléibhte Chuaille agus Mhúrn |
| **VP 23** | Baile na gCailleach go Ceann Chlochair |
| **VP 24** | Ráth an Dairdisigh i dtreo an chósta agus Ceann Chlochair |
| **VP 25** | Baile Bhrún ó dheas thar AHSQ i dtreo Dhroichead Átha |
| **VP 26** | Baile Nua Mhainistir Bhuithe i dtreo Thúr Mhainister Bhuithe |
| **VP 27** | Radharc Siúlóide Dúlra ar shuíomh Chath na Bóinne Halla an Toinlígh |
| **VP 28** | Scairp an Droichid Tirim, radharc ar Shuíomh Chath na Bóinne |
| **VP 29** | Plateau Waterunder, iontach ar Shuíomh Chath na Bóinne (Arm an Rí Liam) |
| **VP 30** | Cnoc Oireall |
| **VP 31** | N2, An Fhuinseog |
| **VP 32** | Baile Mhilóg |
| **VP 33** | Páirceanna an Bhaile |
| **VP 34** | Áth na gClog |

**Tábla 8.15: Radhairc agus Amhairc, Dún Dealgan**

| Radharc | Suíomh |
|---|---|
| **VP 35** | Radhairc ar an mbaile, Ar Chuan Dhún Dealgan agus i dtreo agus Sléibhte Chuaille agus Sléibhte Mhúrn |
| **VP 36** | Radhairc ó thuaidh ar Bhóthar an Phointe idir Bóthar Uí Chofaigh agus Pointe an tSaighdiúra |
| **VP 37** | Radhairc ó Chnocán Chaisleán Dhún Dealgan |
| **VP 38** | Radhairc ar an mbaile ó Bhóthar Bhaile Átha Fhirdhia |
| **VP 39** | Radhairc ar an mbaile ó Bhóthar Blinne, Ard Easmuinn |
| **VP 40** | Radhairc ó thuaidh ar Sléibhte Chuaille agus ó dheas ar an mbaile ó sheaniarnród Dhún Dealgan-An Grianfort |
| **VP 41** | Radhairc ó thuaidh, soir agus ó dheas ó Phointe an tSaighdiúra agus radhairc ar Shléibhte Chuaille |
| **VP 42** | Radhairc ar an mbaile, ar Chuan Dhún Dealgan agus Sléibhte Chuaille ó Bhruach na Náibhí Bank – Bóthar an Chladaigh |
| **VP 43** | Radhairc ó na tailte soir ón ráschúrsa |
| **VP 44** | Radhairc ar Chuan Dhún Dealgan agus Sléibhte Chuaille ó Bhóthar an Chósta idir Carraig Mhic Uiginn agus Teorainn Chomhairle Baile Dhún Dealgan |
| **VP 45** | Radhairc of Cuan Dhún Dealgan agus Sléibhte Chuaille ón gCorrán go dtí An Phríomhshráid |
| **VP 46** | Radhairc amach ar an bhfarraige ó Chnoc na Ruachán |
| **VP 47** | Radhairc of Sléibhte Chuaille ón gcarrchlós ag Séipéal Naomh Fursa, Baile Hagaird |
| **VP 48** | Radhairc of Sléibhte Chuaille ó Bhóthar Mhuire agus an acomhal leis an mBóthar Faoisimh Laistigh |

**Tábla 8.16: Radhairc agus Amhairc, Droichead Átha**

| Radharc | Suíomh |
|---|---|
| **VP 49** | Radhairc ar an mbaile ó Thulach an Mhuilinn |
| **VP 50** | Radhairc ar an mBaile ó Gharrán Bál |
| **VP 51** | Radhairc ar Thulach an Mhuilinn ón taobh thiar |
| **VP 52** | Radhairc ar Thulach an Mhuilinn ag breathnú ó dheas ó Lár an Bhaile |
| **VP 53** | Radhairc ar an mBóinn ón Log Buí |
| **VP 54** | Radhairc ar an mBóinn Thoir agus Thiar ó dhroichid feithiclí agus coisithe |
| **VP 55** | Radhairc ar an mbaile ó Bhóthar Ráth Maoláin |
| **VP 56** | Radhairc ar Thulach an Mhuilinn agus ar Theach an tSagairt ó Donor's Green |
| **VP 57** | Radharcanna ar tharbhealach an iarnróid ó lár an bhaile, na droichid feadh na Bóinne agus Bóthar Thearmann Feichín ón taobh thiar |

**Nóta:** VP29 ar an léarscáil – féach Tábla 8.14

**Tábla 8.17: Radhairc agus Amhairc i mBaile Átha Fhirdhia**

| Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|
| **VP 58** | Cnoc Mhullach Drislinn agus Mullaigh Ais ó Lár an Bhaile |
| **VP 59** | Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia |
| **VP 60** | Móta Castleguard |

**Tábla 8.18: Radhairc agus Amhairc i Ionnaíochtaí Leibhéal 3**

| Uimhir Thagartha | Suíomh |
|---|---|
| **VP 61** | Caisleán an Rí Liam, Cairlinn |
| **VP 62** | Caisleán Taaffe, Cairlinn |
| **VP 63** | Eaglais na Tríonóide Naofa, Ionad Oidhreachta Chairlinn |
| **VP 64** | An Mhainistir Dhoiminiceach, Cairlinn |
| **VP 65** | Cósta agus Cuan, Cairlinn |
| **VP 66** | Cuan Cheann Chlochair |
| **VP67** | Sean-Lána na hEaglaise, os comhair reilig Thulaigh Álainn |
| **VP68** | Idir 2 theach ar an taobh thoir de Shean-Lána na hEaglaise, Tulaigh Álainn |

**Léarscáil 8.16 Radhairc agus Amhairc, Contae Lú**



## Léarscáil 8.17 Radhairc agus Amhairc, Dún Dealgan



**Léarscáil 8.18 Radhairc agus Amhairc, Droichead Átha**



**Léarscáil 8.19 Radhairc agus Amhairc, Baile Átha Fhirdhia**



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 36** | Cosaint a thabhairt do thimpeallachtaí nádúrtha gan mhilleadh an Limistéir Sáráilleacht Nádúrtha (AONB) ar aon fhorbairt mhíchuí agus a nádúr, a sainiúlacht agus a bhféiniúlacht a threisiú, le go mbainfidh an dream atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht tairbhe agus taitneamh astu. |

| Cuspóir an Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 37** | Tírdhreacha tuaithe gan mhilleadh an Ceantair ina bhfuil Radhairc ar Ardchaighdeán (AHSQ) a chosaint ar fhorbairt mhíchuí, le go mbainfidh an dream atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht tairbhe agus taitneamh astu. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 38** | Cuma agus nádúr na radhairc agus na hamhairc atá liostaithe i dTáblaí 8.14 – 8.18 den Phlean seo, agus atá ag cur leis an mianach ar leith a bhaineann leis an tírdhreach, a chosaint ar fhorbairt mhí chuí agus a iad chothabháil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 39** | Rochtain phoiblí ar láithreacha faire a fheabhsú, nuair is gá, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. |

## 8.13 Bealaí Scéimhe

Tá an t-ádh ar Lú go bhfuil go leor ceantair ann ina bhfuil tírdhreacha den scoth, go háirithe feadh an chósta, na limistéar ardtailte agus gleannta na n-abhann, mar a léirítear thuas in Limistéir Sáráilleacht Nádúrtha, Limistéir ina bhfuil Radhairc den Scoth agus Radhairc agus Amhairc. In éineacht leis na tírdhreacha nádúrtha ardchaighdeáin seo, aithníodh sraith de Bhealaí Radhairc tábhachtacha atá tábhachtach mar shaoráidí agus mar áiseanna turasóireachta, agus a dteastaíonn cosaint uathu. Ba cheart d'iarratais ar fhorbairt smaoineamh go cúramach ar shuíomh, dearadh agus tírdhreachú na forbartha atá beartaithe chun a chinntiú nach ndéantar aon athruithe suntasacha ar nádúr an cheantair. Ní cheadófar aon tograí forbartha, a chuirfeadh isteach ar na bealaí radhairc seo nó a dhéanfadh dochar dóibh. Aithnítear na Bealaí Scéimhe i gContae Lú i dTábla 8.19 agus léirítear iad ar Léarscáil 8.20.

**Tábla 8.19: Bealaí Scéimhe, Contae Lú agus Dún Dealgan**

| Uimhir Thagartha | Bealach |
|---|---|
| **SR 1** | Cnoc Fhochaird, Fochaird Uachtarach |
| **SR 2** | Bóthar Ghleann na bhFiach (Carraig an Mharascalaigh go Droim Fhada) |
| **SR 3** | Bóthar Pháirc na bhFia |
| **SR 4** | Droim Fhada tríd an N1, Bruach Aitinne go Dúleargaidh |
| **SR 5** | Áth na bhFearnaí |
| **SR 6** | Dúleargaidh |

| Uimhir Thagartha | Bealach |
|---|---|
| **SR 7** | Baile Sheinicín (Minor agus Cnoc) |
| **SR 8** | Baile Mhic Eileoid |
| **SR 9** | Baile Sheinicín go Baile Mhic Dhónaill |
| **SR 10** | Baile Sheinicín go Ó Méith Omeath trí Bhearna Gaoithe |
| **SR 11** | Baile Mhic Dhónaill-An Beannach-Speilg an Fhiaigh |
| **SR 12** | An Sceach-Bearna Gaoithe -Éadan an Tobair |
| **SR 13** | Bush-Cairlinn incl. Commons |
| **SR 14** | An Grianfort-Cairlinn- Ó Méith |
| **SR 15** | Bóthar an Chósta-Baile an Fhaoitigh -Baile Lagáin-An Baile Trasna |
| **SR 16** | Bóthar an Chósta, Droim Ineasclainn |
| **SR 17** | Páirceanna an Bhaile, Baile Átha Fhirdhia |
| **SR 18** | Baile an Ghearlánaigh-Áth na gCasán Ceann Chlochair -Tearmann Feichín |
| **SR 19** | Béal Trá -Béilinn |
| **SR 20** | Bóthar Shláine, Halla an Toinlígh |
| **SR 21** | Gleann Rí Liam |
| **SR 22** | Cnoc Oriel (Collann -Buaille Phádraig) |
| **SR 23** | Bóthar an Chósta, Sráidbhaile na gCreagacha Dubha |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **ONBBG 40** | Cosc a chur ar aon fhorbairt mhíchuí a chuirfeadh isteach ar nó a dhéanfadh dochar do na Bealaí Scéimhe mar a shainaithnítear iad i dTábla 8.19 agus a léirítear ar Léarscáil 8.20. |

**Léarscáil 8.20: Bealaí Scéimhe, Contae Lú agus Dún Dealgan**



## 8.14 Bonneagar Glas

### 8.14.1 Réamhrá

Is líonra idirnasctha de spásanna glasa é an bonneagar glas a chuidíonn le héiceachórais nádúrtha a chaomhnú, i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon, agus a bhfuil buntáiste iontu don duine de bharr go ndéanann siad íonú uisce, rialú ar thuilte, carbóin a ghabháil, bia a tháirgeadh agus gur áiseanna caithimh aimsire iad. Áirítear ar na spásanna seo coillearnacha, cóstaí, tuilemhánna tuile, fálta sceach, páirceanna uirbeacha agus crainn ar shráideanna. Cuimsíonn Bonneagar Glas spásanna glasa (nó gorm má tá éiceachórais uisceacha i gceist) agus gnéithe fisiciúla eile i limistéir talún (lena n-áirítear cois cósta) agus i limistéir mhuirí.

Is gné riachtanach é soláthar bonneagair ghlais chun ardchaighdeán saoil a chruthú do na pobail reatha agus na pobail nua araon agus timpeallacht ardchaighdeáin a chur ar fáil a bhfuil féiniúlacht agus sainiúlacht ar leith ag baint leis. Tá cosaint, feabhsú, cruthú agus nascadh an bhonneagair ghlais ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae. Tá bonneagar glas de réir a nádúir ilfheidhmeach ó thaobh na húsáide a bhaintear as.

Áirítear orthu sin ach níl siad teoranta dóibh, an fiadhúlra, áineasa, cultúrtha agus oidhreachta chomh maith le seirbhísí comhshaoil dála draenáil inbhuanaithe uisce agus cosaint ar thuilte a sholáthar. D'fhéadfadh ardtailte, bogaigh, talamh coillte, aibhneacha, lochanna agus limistéir cois cósta a bheith san áireamh ann. D'fhéadfadh Bonneagar Glas a bheith ag tagairt freisin d'eilimintí tírdhreacha ag gach scála spásúil lena n-áirítear páirceanna, spásanna oscailte, talamh feirme, gairdíní príobháideacha, fálta sceach, conairí glasa, agus limistéir amuigh faoin tuath. Tá sé in ann réimse leathan buntáistí eacnamaíocha, comhshaoil agus cáilíochta saoil a sholáthar do na pobail áitiúla lena n-áirítear:

- Tacaíonn sé le gnáthóga don fhiadhúlra, don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais atá leochaileach, ionas gur féidir leo bláthú;
- Cuireann sé an caitheamh aimsire, an turasóireacht agus an cultúr chun cinn;
- Cuidíonn sé leis an ngníomhaíocht coirp faoin aer agus leis an idirghníomhaíocht shóisialta agus tugann sé rochtain ar an dúlra, rud a fheabhsaíonn an tsláinte agus an fholláine;
- Meallann sé gnó agus infheistíocht isteach toisc go gcruthaíonn sé timpeallacht tarraingteach;
- Cruthaíonn sé féiniúlacht agus sainiúlacht áitiúil;
- Cuidíonn sé le hoiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear maolú tuile;
- Cuireann sé leis an oideachas agus leis an eolas i dtaobh an chomhshaoil; agus

- Soláthraíonn sé áiteanna inar féidir bia áitiúil a tháirgeadh tríd an talmhaíocht, na cuibhrinn agus na gairdíní.

Féachann Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais 2011 le deireadh a chur le cailliúint na bithéagsúlachta san Eoraip faoi 2020 lena n-áirítear sprioc chun a chinntiú go mbeidh ‘éiceachórais agus a gcuid seirbhísí á gcothabháil agus á bhfeabhsú trí Bhonneagar Glas a bhunú agus 15 % ar a laghad de na héiceachórais a bhí díghrádaithe a athbhunú.

In 2013, d'fhoilsigh an tAontas *Bonneagar Glas a Thógáil don Eoraip* in éineacht le *Bonneagar Glas: Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Fheabhsú,* creat agus straitéis a chur ar fáil chun tacú le tionscadail bhonneagair ghlas agus iad a chur chun tosaigh nuair atá beartais á gcur chun cinn, tacú le tionscadail, rochtain a fháil ar mhaoiniú agus an fhaisnéis agus an nuálaíocht a chothú. Aithnítear an iliomad buntáistí a bhaineann leis an mBonneagar Glas i raon doiciméad beartais náisiúnta lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, an Plean *Náisiúnta Bithéagsúlachta (2017-2021),* an *Straitéis d'Fhorbairt Náisiúnta* agus Glasbhealaí Réigiúnacha don todhchaí (*2019-2021*), *Bonneagar Glas a Chruthú d'Éirinn (2010)* agus *Treoirlínte um Bainistiú Priacal Tuile (2009).*

Aithníonn an NPF Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta an Oirthir agus Lár Tíre (RSES) agus tacaíonn siad leis na príomhphrionsabail threoracha mar a bhaineann leis na Straitéisí Bonneagair Ghlais atá le corprú ag Údaráis Áitiúla agus a straitéisí á n-ullmhú acu.

Áirítear leis seo tacaíocht do sholáthar bonneagair ghlais agus ghorm agus bonneagar straitéiseach glas agus líonra gaolmhar de bhealaí siúil agus rothaíochta a fhorbairt, rud a chabhróidh le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú trí cheapadh carbóin agus soláthar malartach fuinnimh a chur ar fáil.

### 8.14.2 Pleanáil don Bhonneagar Glas

Is cur chuige réamhghníomhach é pleanáil an Bhonneagair Ghlais i dtaca leis an bhforbairt inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha agus ar an mbithéagsúlacht, agus aithníonn sí gur príomhchoincheapa chuige seo iad an nascacht agus an infheidhmeacht. Ní féidir le limistéir nádúrtha faoi chosaint a bheith rathúil astu féin. Is gá an ceangal idir na limistéir nádúrtha sin a chothabháil agus a athbhunú sláinte na n-éiceachóras a thabhairt ar ais agus ligean do speicis a bheith bisiúil mórthimpeall a ngnáthóg nádúrtha ar fad. Is mó de bhuntáiste don duine agus don fhiadhúlra araon na spásanna glasa atá nasctha, ná spásanna glasa atá scoite amach.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil cur chuige iomlánaíoch i gceist le pleanáil an Bhonneagair Ghlais, agus go bhfuil sé ina chuid lárnach den fhorbairt inbhuanaithe, in éineacht le bonneagar eile amhail fóntais agus líonraí iompair chun an oiread tairbhe agus is fearr a bhaint as ár sócmhainní nádúrtha, agus ag an am céanna príomhfheidhmeanna a chur i gcrích ar son ár bpobail.

Nuair a dhéantar bonneagar éiceolaíoch, dála fálta sceach agus conairí bruachánacha a chaomhnú, éascaíonn sé agus cuireann sé chun cinn an fhorbairt ar 'líonra na láithreán' rud a neartaíonn agus a fheabhsaíonn ár mbonneagar glas agus a chuidíonn leis an imirce agus an malartú speiceas idir limistéir chaomhantais.

Chuige sin, agus d'fhonn feabhas a chur ar chomhleanúnachas éiceolaíoch Líonra Natura 2000, spreagfaidh an Chomhairle bainistiú ar ghnéithe den tírdhreach, atá an-tábhacht don flóra agus fána fiáin. Ina theannta sin, sainaithneoidh an Chomhairle láithreáin a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil acu trí *Dhréacht-Phlean Oidhreachta Lú 2021-2026* agus An *Plean Gníomhaíochta Um Bithéagsúlacht Áitiúil do Chontae Lú 2021-2026* a chur i bhfeidhm.

### 8.14.3 Straitéis Lú don Bhonneagar Glas

Tá Straitéis um Bonneagar Glas (GIS) i bPlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027. Tá na prionsabail a bhaineann leis an gcur chuige don bhonneagar glas ó thaobh na pleanála d'úsáid na talún ina dtéamaí cothrománacha i mbeartais agus i gcuspóirí an Phlean seo.

Tá cuspóirí straitéiseacha Straitéis Struchtúrtha Glas Lú leagtha amach thíos:

- Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte agus Oiriúnú don Athrú Aeráide;
- Creat Éiceolaíochta;
- Líonra Um Ghluaiseacht Inbhuanaithe;
- Féiniúlacht Áite;
- Conair Abhann agus Bainistíocht Cósta;
- Tacaíocht don Athghiniúint Uirbeach agus
- Pobal, Sláinte agus Taitneamh

Tá an Straitéis um Bonneagair Glas agus an treoir ghaolmhar don bhainistíocht ar fhorbairt san áireamh in Aguisín 8, Imleabhar 3. Léirítear Líonra Bhonneagar Glas Lú ar Léarscáil 8.21.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 41** | Tacú le líonra an bhonneagair ghlais i gContae Lú agus a chinntiú go gcuirfear chun feidhme é agus measúnú a dhéanamh ar gach togra forbartha chun drochthionchar ar nascacht éiceolaíoch Chroí-Limistéir Chontae Lú a chosc. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 42** | A cheangal go n-úsáidfear agus go ndéanfar forbairt ar líonra an Bonneagair ghlais, agus tacú le nascacht a athbhunú chun caomhnú agus feabhsú na bithéagsúlachta a chinntiú agus mar threoir fhorlíontach do chosaint agus do chaomhnú na Láithreán Eorpach i gContae Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 43** | An fhaisnéis ar fad atá ar fáil i Mheasúnú Bonnlíne Lú a úsáid mar chóras cinnteoireachta fianaise-bhunaithe i gCroístraitéis Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 44** | Carachtar nádúrtha agus orgánach na n-uiscebhealaí sa Chontae a chosaint, a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear iad a oscailt le haghaidh solas an lae nuair atá sé sábháilte agus indéanta. Beidh gá le criosanna maolánacha bruachánacha a chruthú agus/nó a fheabhsú nuair is féidir. Beidh ar gach siúlbhealach cósta atá beartaithe cloí leis na Treoracha maidir le Gnáthóga, ón MTT agus an MST |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 45** | Straitéisí sonracha do na bonneagair ghlas a ullmhú d'Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus iad a chomhtháthú sa phlean ceantair áitiúil i gcás gach lonnaíocht acu. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 46** | Páirceanna líneacha a fhorbairt, go háirithe feadh uiscebhealaí, agus páirceanna agus spásanna oscailte atá ann cheana a nascadh chun slabhraí glasa a sholáthar a chuireann tréscaoilteacht chun cinn do choisithe agus do rothaithe in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 47** | Tacú leis na gnéithe spéise atá cheana féin i Lonnaíochtaí Leibhéal 3 agus 4 i gContae Lú agus aon limistéir a shainaithnítear le haghaidh feabhsúcháin a chur ar na bonneagair ghlas iontu a chur chun cinn agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 48** | Ceanglófar ar gach togra forbartha amach anseo na sócmhainní comhshaoil agus na ngnéithe bithéagsúlachta atá ann cheana féin a chomhtháthú laistigh den scéim deartha fhoriomlán, lena n-áirítear iad siúd a shainaithnítear i dTábla 9 den Straitéis um Bonneagar Glas Aguisín 8, Imleabhar 3, chun cáilíocht, nádúr agus dearadh an togra a fheabhsú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 49** | A cheangal go ndéanfar bonneagar glas a chomhtháthú agus scéimeanna plandála dúchais a chuimsiú i ngach togra forbartha atá i gceantair tírdhreachaithe, spásanna oscailte agus limistéir spáis phoiblí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 50** | Na ballaí cloiche ar fad atá aitheanta a ionchorprú i dtograí forbartha. Sa chás nach féidir an balla cloiche a choinneáil beidh ceanglas ann an balla cloiche a atógáil ag suíomh malartach atá oiriúnach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 51** | Chun a cheangal go ndéanfar bearta maolaithe an athraithe aeráide a chur san áireamh in aon phleananna spásúla sa todhchaí agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide sna forbairtí atá beartaithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 52** | Cur chuige don bhonneagair glas sa réigiún a fhorbairt agus tacú leis trí oibriú i gcomhar le Chéile agus i gcomhpháirtíocht le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, údaráis áitiúla sa chóngar agus príomhpháirtithe leasmhara eile bonneagar glas atá ann cheana laistigh den Chontae a shainaithint, a chosaint, a fheabhsú agus a bhainistiú agus bonneagair bhreise a chur ar fáil nuair is féidir. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 53** | Tacú le hinfheistíocht agus í a mhéadú mar a bhaineann leis an gcothabháil leanúnach an bhonneagair atá ann cheana, agus bonneagar glas breise a sholáthar trí rochtain a fháil ar shásraí cistiúcháin ábhartha an Aontais agus ar dheiseanna cistiúcháin náisiúnta, lena n-áirítear maoiniú a bhfuil baint aige leis an turasóireacht. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 54** | Cosaint, feabhsú agus cothabháil an Bhonneagair Ghlais a chinntiú, mar aitheantas ar a thairbhí don tsláinte atá sé, anuas ar an luach eacnamaíoch, sóisialta, comhshaoil agus fisiceach atá ag na spásanna glasa, trí phleanáil agus forbairt an Bhonneagair Ghlais a chomhtháthú sa phróiseas pleanála. |

| Policy Objective | |
|---|---|
| **ONBBG 55** | Bonneagar glas atá comhtháite agus comhleanúnach a chruthú do Chontae Lú trína dhéanamh cinnte go gcomhlíontar na cuspóirí atá liostaithe sa Straitéis um Bonneagar Glas atá leagtha amach in Aguisín 8, Imleabhar 3, bealaí rochtana do choisithe agus do rothair a fheabhsú laistigh den ghréasán seo agus a chinntiú ag an am céanna nach gcuirfear feidhmeanna éiceachórais agus úsáidí taitneamhachta atá ann cheana féin i mbaol agus go bhfuil an bhithéagsúlacht agus an oidhreacht atá ann cheana á gcosaint agus á bhfeabhsú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 56** | Díriú ar phríomhshráideanna a 'ghlasú' in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus i bpríomhbhailte agus sráidbhailte, trí chaighdeáin níos airde a leagan síos don phleanáil agus áiseanna a chur feadh na bpríomhbhealaí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ONBBG 57** | A chinntiú nach ndéanfar aon fhorbairt, lena n-áirítear ábhair a imréiteach nó a stóráil, laistigh d'achar íosta 10m ó gach banc d'aon abhainn, sruth nó sruthchúrsa. |

**Léarscáil 8.21: Gréasán an Bhonneagair Ghlais i gContae Lú**



# Caibidil 9

## Oidhreacht Thógtha agus Cultúr

*"Oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta an Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú agus forbairt íogair, inbhuanaithe a spreagadh lena marthanacht agus a cothabháil do na glúine romhainn, a chinntiú".*

# CAIBIDIL 9 - OIDHREACHT THÓGTHA AGUS CULTÚR

## 9.1 RÉAMHRÁ

Tá oidhreacht thógtha Chontae Lú, a nascann an t-am atá thart leis an lá atá inniu ann, saibhir agus éagsúil agus léirítear í sna rianta fisiciúla a d'fhág glúnta roimhe seo ar an tírdhreach i bhfoirm suíomhanna agus láithreáin seandálaíochta, bailedhreacha, foirgnimh stairiúla agus struchtúir dhúchasacha. Is cuid shainiúil dár bhféiniúlacht í an oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta seo, agus de charachtar agus tarraingteacht an Chontae. Cuireann sé le beocht agus tarraingteacht na n-áiteanna ina bhfuilimid inár gcónaí, ag obair agus ag maireachtáil chomh maith le bheith ina catalaíoch le turasóireacht agus infheistíocht a mhealladh.

Tugann sé deis a bheith ag foghlaim ón am

atá thart, ár mórtas áite a threisiú agus a bheith ag obair inár gcaomhnóirí do na glúnta atá le teacht.

Déanfaidh an Chomhairle oidhreacht thógtha agus seandálaíochta an Chontae a chosaint roimh thionchair dhíreacha agus indíreacha ón athrú aeráide.

Aithnítear agus tacaítear leis an tábhacht a bhaineann leis an oidhreacht thógtha agus chultúrtha agus an rochtain uirthi sa RSES agus sna Cuspóirí Beartais Réigiúnacha a bhaineann léi.

Bhí an Plean i gceapadh a Chuspóirí Beartais de réir an RSES.

## 9.2 COMHTHÉACS POLASAÍ

Níor sainmhíníodh 'Oidhreacht' go foirmiúil leis an Acht Oidhreachta, 1995 a bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta. Thagair an tAcht dóibh seo a leanas, áfach, ina ngnéithe d'oidhreacht na hÉireann: séadchomharthaí, earraí seandálaíochta, earraí oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, gairdíní oidhreachta agus páirceanna agus uiscebhealaí intíre.

Mar sin cuimsíonn an focal 'oidhreacht' acmhainní nádúrtha agus tógtha agus leathnaítear amach é le hoidhreacht dholáimhsithe agus chultúrtha a chlúdach freisin.

Dá bhrí sin tá an oidhreacht thart timpeall orainn, cuidíonn sí linn a shocrú cé muid féin agus cuireann sí le mórtas láidir áite agus féiniúlachta a fhorbairt.

Thug ullmhú na caibidle seo aird ar reachtaíocht agus treoirlínte náisiúnta ábhartha, ar phleananna agus ar bheartais réigiúnacha agus áitiúla, agus ar an ngá lena chinntiú go gcomhlíonann an Plean gach reachtaíocht agus rialachán ábhartha AE agus náisiúnta maidir le cosaint ar oidhreacht thógtha agus chultúrtha an Chontae.

Tá Plean Oidhreachta Náisiúnta nua *'Oidhreacht na hÉireann 2030'* á dhréachtú faoi láthair ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

Creat comhleanúnach, cuimsitheach agus spreagúil a bheidh ann de luachanna, prionsabail, tosaíochtaí straitéiseacha agus gníomhartha leis an earnáil oidhreachta a threorú sna deich mbliana amach romhainn. Sonraíonn an Creat Náisiúnta Pleanála cáilíochtaí saibhre ár n-oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha agus a gcaomhnú agus a bhfeabhsú, ar bhealach iomchuí ag teacht lena dtábhacht trí NSO7 agus NPO60. Tá aithne sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Oirthir agus Lár-Tíre gur cuid dhílis de shaol na hÉireann iad an cultúr agus an oidhreacht, idir a luach sainiúil, a mbuntáiste sóisialta níos leithne agus a n-acmhainneacht eacnamaíoch. Measfaidh an Chomhairle forálacha reachtacha iomlána agus cáipéisí treorach agus beartais tacaíochta ar eisíodh le héifeacht a thabhairt d'fhorálacha reachtacha.

Tá líon suntasach de Threoirlínte Alt 28 agus Rialtais eile a bhaineann go díreach leis an oidhreacht thógtha. D'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta *'Cosaint ar Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála' (2011).* Tá sé ar an bpríomhdhoiciméad treorach maidir le beartas pleanála i dtaobh ár n-oidhreacht thógtha. Cuimsítear treoir ábhartha eile an *'Creat agus Prionsabail le hOidhreacht Seandálaíochta a Chosaint' (1999)* .

## 9.3 Oidhreacht Seandálaíochta

Is í atá sa tseandálaíocht ná staidéar ar shochaithe san am atá thart trína n-iarsmaí ábhair agus fianaise a dtimpeallachta. Níl sé teoranta do thréimhsí ársa amháin; agus áirítear ann staidéar ar shochaithe le déanaí. Tá an oidhreacht seandálaíochta comhdhéanta d'iarsmaí ábhair ar fad de shochaithe roimhe seo a bhféadfadh cur lenár n-eolas ar shochaithe den sórt sin.

Mar sin cuimsíonn sé iarsmaí de ghnéithe cosúil le lonnaíochtaí, séadchomharthaí, adhlacthaí, longa agus báid agus earraí iniompartha de gach cineál, ón ngnáthshaol go dtí gnéithe an-speisialta.

Cuimsíonn sé fianaise freisin ar an timpeallacht ina raibh na pobail sin ina gcónaí. Tá oidhreacht seandálaíochta le fáil i ngach timpeallacht, uirbeach agus tuaithe, ceantair sléibhte agus ísealchríocha, féarach, curaíochta agus foraoiseachta, intíre agus cósta, tailte tirime, bogaigh (lena n-áirítear tailte portaigh) agus faoi uisce (lena n-áirítear sruthchúrsaí, lochanna agus an fharraige).

D'fhéadfadh le hoidhreacht seandálaíochta a bheith ann i bhfoirm iarsmaí seasmhacha nó infheicthe, nó mar ghnéithe faoi dhromchla gan aon trácht orthu ar an dromchla. Mar gheall ar an méid thuas, tá oidhreacht seandálaíochta i láthair agus níl sí sonraithe fós i ngach timpeallacht. Ina theannta sin cabhraíonn sé linn tuiscint a fháil ar an gcaoi ar idirghníomhaigh daoine leis an gcomhshaol san am atá thart, míniú a fhoirmiú ar an dóigh ar fhorbair siad cultúr agus an stair a chaomhnú don fhoghlaim reatha agus don fhoghlaim amach anseo.

Is acmhainn theoranta agus soloite í, a shaibhríonn ár dtírdhreacha agus ár mbailedhreacha, ach atá soloite ag an bhforbairt nua-aimseartha agus athruithe ar úsáid talún.

Is cuspóir dlisteanach é a chaomhnú agus caithfear an gá leis an bhforbairt a chothromú agus a mheas sa chomhthéacs sin.

Tá beartas náisiúnta maidir le hoidhreacht seandálaíochta leagtha amach i *'gCreat agus Prionsabail leis an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint'* (Rialtas na hÉireann 1999). Beidh an Plean faoi threoir agus déanfar iarracht ann a chinntiú go gcuirfear beartais atá leagtha amach ann san áireamh agus go gcuirfear i bhfeidhm iad go cuí tríd an bpróiseas pleanála.

Is cóid shonrach reachtach iad *Na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014* le séadchomharthaí, raiceanna stairiúla agus réada seandálaíochta a chosaint. Tugtar cosaint dhlíthiúil do gach earra seandálaíochta, raiceanna 100 bliain nó níos mó agus do raon catagóirí séadchomharthaí agus áiteanna iontu.

Déantar earraí seandálaíochta (a chuimsíonn gach earra inaistrithe a bhfuil tábhacht seandálaíochta leo go ginearálta) a chosaint go cuimsitheach faoi na hAchtanna um Séadchomharthaí Náisiúnta.

Cuimsítear cosaint na hoidhreachta seandálaíochta agus gnéithe eile sa mhéid seo a leanas:

- Láithreáin agus séadchomharthaí atá san áireamh i dTaifead Láithreán agus Séadchomharthaí (SMR) arna gcothabháil ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiún (NMS);
- Séadchomharthaí agus áiteanna a áirítear sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) mar a bunaíodh faoi alt 12 den Acht um Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994;

- Séadchomharthaí stairiúla agus ceantair seandálaíochta atá san áireamh i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla mar a bunaíodh faoi Alt 5 den Acht um Shéadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1987;
- Séadchomharthaí náisiúnta atá faoi réir Orduithe Caomhnaithe faoi na hAchtanna Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 agus séadchomharthaí náisiúnta atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó ag údaráis áitiúil;
- Earraí seandálaíochta de réir bhrí na nAchtanna um Séadchomharthaí Náisiúnta;
- Raiceanna atá cosanta faoi na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 nó a n-áirítear ar bhealach eile san Amharcóir Raice a chothaíonn an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta; agus
- Gnéithe seandálaíochta nach bhfuil sonraithe go fóill ach a bhféadfadh forbairt dul i bhfeidhm orthu.

Faoi láthair, tá séadchomhartha cosanta ar cheann amháin de cheithre bhealach:

1. Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) **:** Tá seo ar an liostú is infheidhme go forleathan de na séadchomharthaí de thábhacht seandálaíochta iad agus déantar é a nuashonrú de réir mar a aimsítear suíomhanna seandálaíochta nár taifeadadh roimhe seo. Faoi láthair, tá thart ar 1,600 séadchomhartha taifeadta seandálaíochta sa RMP do Chontae Lú.

Le haon obair a dhéanamh in aice le Séadchomhartha Taifeadta, nó i ndáil leis, caithfear fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire dhá mhí sula dtosófar ar an obair sin, le ham a thabhairt breithniú a dhéanamh ar na hoibreacha beartaithe agus cosaint an tséadchomhartha. Is féidir an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) do Chontae Lú a iniúchadh ag www.archaeology.ie .

2. Clár na Séadchomharthaí Stairiúla:
Tá séadchomharthaí stairiúla (i.e. aon séadchomhartha a thógadh roimh 1700AD agus aon séadchomhartha le ar díol spéise ábhartha iad) agus ceantair seandálaíochta iontráilte ar an gclár seo.
Ní mór fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire dhá mhí sula dtosófar ar an obair sin le haon obair a dhéanamh ag Séadchomhartha Cláraithe nó i ndáil leis, le ham a thabhairt breithniú a dhéanamh ar na hoibreacha beartaithe agus ar aon bhearta a bhfuil gá lena dhéanamh le cosaint an tséadchomhartha a chinntiú.

3. Séadchomhartha náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán nó Údarás Áitiúil: Is éard atá i Séadchomhartha Náisiúnta ná aon séadchomhartha, agus an caomhnú air dá réir, gur ábhar é a bhfuil tábhacht náisiúnta leis mar dhíol spéise seandálaíochta, ailtireachta, staire, traidisiúnta nó ealaíne. Ní thiocfaidh cosaint dlí i bhfeidhm ach amháin dá mba bhfuil an séadchomhartha náisiúnta faoi úinéireacht / faoi chaomhnóireacht an Aire nó údaráis áitiúil nó má tá sé faoi réir Ordú Caomhnaithe.
Is iad na séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Stáit ná iad siúd atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht Aire na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Tá an Stát freagrach as a gcothabháil agus a gcaomhnú.
Tá liosta de na Séadchomharthaí Náisiúnta i gContae Lú, atá faoi chúram an Stáit, ar fáil i dTábla 9.1.
Teastaíonn toiliú i scríbhinn roimh ré ón Aire le haghaidh aon oibreacha ag séadchomharthaí náisiúnta nó gar dóibh atá faoi chúram an Stáit.
D'fhéadfadh séadchomharthaí náisiúnta a bheith faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht ag Údarás Áitiúil a bhfuil freagrachtaí comhchosúla orthu leis an DCHG. Teastaíonn toiliú i scríbhinn roimh ré ón Aire le haghaidh aon oibreacha ar shéadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Údaráis Áitiúil nó atá gar dóibh.
4. Séadchomhartha náisiúnta atá faoi réir ordú caomhnaithe (nó ordú caomhnaithe sealadach): Tá liosta de na Séadchomharthaí Náisiúnta i gContae Lú atá faoi réir Ordú Caomhnaithe ar fáil i dTábla 9.2. Teastaíonn toiliú i scríbhinn roimh ré ón Aire le haghaidh aon oibreacha ag séadchomharthaí náisiúnta nó atá gar dóibh atá faoi réir ag Ordú Caomhnaithe.
Cuimsítear oidhreacht seandálaíochta sainithe agus nach bhfuil sainithe san oidhreacht seandálaíochta lena n-áirítear; iontrálacha ar Thaifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, seandálaíocht faoi uisce, iontrálacha ar Thaifead Láithreán agus Séadchomharthaí Thuaisceart Éireann, agus Limistéir ar díol spéise seandálaíochta atá suntasach agus acmhainneacht seandálaíochta Thuaisceart Éireann iad. Cuimsítear idir-infheictheacht agus idirghaolmhaireacht idir oidhreacht seandálaíochta laistigh den tírdhreach níos leithne freisin, lena n-áirítear idir-infheictheacht trasteorann agus idirghaolmhaireachtaí.

**Tábla 9.1 Séadchomharthaí Náisiúnta i gContae Lú i gCúram Stáit**

| Ainm | Cur Síos | Baile Fearainn | Stádas Dlíthiúil | Uimhir RMP. | Uimhir an tSéadchomhartha Náisiúnta |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áth na Sceach** | Dhá Chairn | Áth na Sceach | Caomhnóireacht | LH004-032 LH004-033 | 326 |
| **Caisleán Áth Cláir** | Caisleán | Áth Cláir | Caomhnóireacht | LH018-040 | Gan eolas |
| **Baile Mansfield** | Séipéal | An Bábhún | Caomhnóireacht | LH015-004001 | 480 |
| **Caisleán Chairlinn** | Caisleán | Cairlinn | Caomhnóireacht | LH005-042002 | 249 |
| **An Miontas (Cairlinn)** | Túrtheach uirbeach | Cairlinn | Caomhnóireacht | LH005-042008 | 242 |
| **Dún Dealgan** | Móta | Baile an Chaisleáin | Caomhnóireacht | LH007-118007 | 388 |
| **An Domhnach Mór** | Uaimh Thalún | An Domhnach Mór | Caomhnóireacht | LH006- 060001, LH006-060002 | 526. |
| **Geata San Labhráis (Droichead Átha)** | Geata an Bhaile | Droichead Átha | Caomhnóireacht | LH024-020 | 511 |
| **Droim Ineasclainn** | Túr eaglaise agus cloigtheach | Droim Ineasclainn | Úinéireacht | LH012-046001, LH012-046003 | 92 |
| **Droim Chatha** | Móta | Droim Chatha | Úinéireacht | LH015-012001 | 144 |
| **Mainistir Chairlinn** | Coinbhint(Dominiceach) | Saoirsí | Úinéireacht | LH005-042013 | 623 |
| **Dún Lios na Rann** | Lios | Baile na Linne | Caomhnóireacht | LH015-015001 | 579 |
| **Mainistir na Mainistreach Móire** | Coinbhint (Cistéirseach) | An Mhainistir Mhór | Úinéireacht | LH023-002 | 93 |
| **Mainistir Bhuithe** | Crosa Ard, Eaglaisí & Cloigtheach | Mainistir Bhuithe | Úinéireacht | LH021-062007, LH021-062003, LH021-062004, LH021-062008, LH021-062009, LH021-062006 | 94 |
| **Séipéal Mochta** | Séipéal | Dúiche na mBráthar | Caomhnóireacht | LH011-115002 | 312 |
| **Proilíg** | Tuama Ursanach & Tuama Dingeach | Proilíg | Caomhnóireacht | LH004-074, LH004-075 | 476 |
| **Cloch an Fhir Mhóir** | Gallán | Ráth Aidí | Caomhnóireacht | LH011-020 | 474 |
| **Páirc Ghleann na bhFiach** | Cairn | Páirc Ghleann na bhFiach | Úinéireacht | LH004-004 | 597 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dún Gall** | Caisleán | Dún Gall | Caomhnóire acht | LH003-029001 | 460 |
| **Carraig an Mharascalaigh** | Tuama Cúirte | Carraig an Mharascalaigh | Úinéireacht | LH008-033 | (562) |
| **Caisleán Bhaile an Rútaigh** | Caisleán | Baile an Rútaigh | Úinéireacht | LH014-047 | 298 |
| **Caisleán Thearmann Feichín** | Caisleán | Tearmann Feichín | Úinéireacht | LH022-041012 | 178 |
| **Halla an Toinlígh** | Tuama Pasáiste | Halla an Toinlígh | Úinéireacht | LH024-008002 | 529. |

**Foinse: www.archaeology.ie a rinneadh rochtain air ar 25 Meitheamh 2014**

**Tábla 9.2 Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi réir Ordú Caomhnaithe**

| Uimhir PO | Cur Síos | Baile Fearainn | Uimhir RMP. |
|---|---|---|---|
| **36/1934** | Cairn Áth na Sceach (Dhá Chairn) | Áth na Sceach | LH004-032; LH004-032001; LH004-033-26 |
| **25/1976** | Lios | Áth na Sceach | LH004-031001; LH004-031002 |
| **3/1998** | Coimpléasc Seandálaíochta | Buaile Phádraig | LH020-004001; LH020-004002; LH020-004003; LH020-004004; LH020-004005; LH020-012; LH020-013 |
| **8/1985** | Uaimh Thalún | An Beannach | LH008-051001; LH008-051002; LH008-051003 |
| **11/1973** | Lios & For-ráth | Caisleán Chuaille | LH008-054001; LH008-054002 |
| **2/1971** | Dún Lios na Rann | Baile na Linne | LH015-015001; LH015-015002; LH015-015003 |
| **2/1999** | Áit chónaithe | Baile an Mhuilinn | Lú LH018-052 |
| **16/1977** | Tulach | Baile an Mhuilinn | LH021-037 |
| **05/1932** | Séipéal Mochta, Dúiche na mBráthar | Dúiche na mBráthar | LH011-115002 |
| **1/2002** | Lios | Páirc an Reithin | LH008-070001; LH008-070002 |
| **3/1971** | Ráth Droma Nao | Ráth Droma Nao | LH018-045001; LH018-045002 |

### 9.3.1 Crios na Poitéinseal Seandálaíochta

Tá limistéar mór ag roinnt séadchomharthaí taifeadta, ag clúdach croí stairiúil na mbailte meánaoiseacha sa Chontae, bíodh siad uirbeach faoi láthair nó nach mbíodh (i.e. bailte meánaoiseacha tréigthe chomh maith le hionaid uirbeacha de bhunadh meánaoiseach an lae inniu).

Sainaithníodh criosanna ina bhfuil iarsmaí seandálaíochta dóchúla faoi dhromchla, chomh maith le hiarsmaí seasmhacha a thabhairt faoi deara, agus áiríodh iad sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna.

Tugtar Criosanna d'Acmhainneacht Seandálaíochta (ZAP) ar na séadchomharthaí taifeadta seo sa Phlean, a bhfuil trí cinn déag díobh sa Chontae. Tá na séadchomharthaí taifeadta seo cosanta faoi *Na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014.*

Tá na Criosanna d'Acmhainneacht Seandálaíochta seo liostaithe i dTábla 9.3 agus tá na léarscáileanna gaolmhara ar fáil in Aguisín 9, Imleabhar 3.

Níl na cáilíochtaí ar díol spéise seandálaíochta agus ailtireachta iad comheisiatach. D'fhéadfadh struchtúir áirithe a shainaithint ina Shéadchomhartha Taifeadta agus mar Struchtúr atá Cosanta. agus dá bhrí sin d'fhéadfaidís a bheith ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) agus ar Chlár na Struchtúr Cosanta (RPS), Imleabhar 4.

**Tábla 9.3: Crios na Poitéinseal Seandálaíochta, Contae Lú**

| Tagairt | Suíomh |
|---|---|
| **ZAP 1** | Droichead Átha |
| **ZAP 2** | Dún Dealgan |
| **ZAP 3** | Baile Átha Fhirdiadh |
| **ZAP 4** | Cairlinn |
| **ZAP 5** | Caisleán Fhraing |
| **ZAP 6** | Dún Gall |
| **ZAP 7** | Collann |
| **ZAP 8** | Droim Ineasclainn |
| **ZAP 9** | Dún Léire |
| **ZAP 10** | An Ghráinseach |
| **ZAP 11** | Sráidbhaile Lú |
| **ZAP 12** | Mainistir Bhuithe |
| **ZAP 13** | Tearmann Feichín |

### 9.3.2 Seandálaíocht Mhuirí

Bhí uiscebhealaí na hÉireann – idir mhara agus fhionnuisce - lárnach i bhforbairt na beatha ar an oileán seo agus dá bharr sin tá oidhreacht mhuirí ag Éirinn le fada an lá. Cé gur thaifead Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (NMS) líon suntasach de longa briste timpeall an chósta, meastar go bhfuil i bhfad níos mó fós nach bhfuil aimsithe go fóill. Tá dearbhaithe ag iarsmaí cultúrtha eile, mar shampla tírdhreacha báite, cuanta agus áiteanna tuirlingthe, oidhreacht chultúrtha shaibhir faoi uisce ag Éirinn atá le fáil in uiscí ainmnithe na hÉireann, ar feadh chósta na hÉireann, sna haibhneacha, sna canálacha, i dtimpeallachtaí bogaigh srl.

Is acmhainn theoranta luachmhar í an oidhreacht chultúrtha faoi uisce agus tá brúnna nádúrtha agus daonna ag bagairt ar a caomhnú. Tá sé de chúram ar an NMS oidhreacht chultúrtha faoi uisce na tíre a chosaint agus a chaomhnú. Tá siad ag bainistiú an tAmharcóir raice agus Fardal Longa Briste na hÉireann (WIID) a choinníonn taifid ar níos mó ná 18,000 láithreán raic aitheanta agus féideartha agus a fheidhmíonn mar uirlis chun cabhrú le raiceanna stairiúla a bhainistiú agus a chosaint.

Ní dhéanfar aon fhorbairt os cionn nó faoi uisce, lena n-áirítear ar bhruacha abhann nó imill chósta, taobh le láithreán a bhfuil díol spéise seandálaíochta ann, dochar do charachtar an láithreáin seandálaíochta nó a shuíomh. Tarchuirfear iarratais phleanála chuig Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta más cuí.

### 9.3.3 Bailte Múrtha

Is iar-bhailte múrtha i gContae Lú iad Baile Átha Fhirdhia, Cairlinn, Droichead Átha agus Dún Dealgan, a bunaíodh idir an dara haois déag agus an tríú haois déag. Glactar mar shéadchomhartha taifeadta áirithe gach ceann de na bailte múrtha seo agus is Criosanna d'Acmhainneacht Seandálaíochta iad uile. Tá léarscáileanna de na Bailte Múrtha de Dhroichead Átha, Bhaile Átha Fhirdhia agus Cairlinn ar fáil in Aguisín 10, Imleabhar 3. Taobh amuigh de Dhún Dealgan, d'ullmhaigh an Chomhairle Pleananna Caomhnaithe agus Bainistíochta, le tacaíocht ó Líonra na mBailte Éireannacha a bhfuil Balla thart timpeall Orthu (cuid den Chomhairle Oidhreachta), do na bailte múrtha go léir.

Déantar ballaí baile agus cosaintí eile a chatagóiriú mar Shéadchomharthaí Náisiúnta faoin bPolasaí Náisiúnta do Bhailte Múrtha 2008. Tá léarscáileanna de na Bailte Múrtha do Dhroichead Átha, Baile Átha Fhirdhia agus Cairlinn ar fáil in Aguisín 10, Imleabhar 3. Sainaithnítear ina Struchtúir atá Cosanta iad na hiarsmaí seasmhacha de na bailte múrtha i nDroichead Átha, Baile Átha Fhirdhia agus Cairlinn agus tá siad san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta, Imleabhar 4.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 1** | Suíomhanna agus séadchomharthaí seandálaíochta, seandálaíocht faoi uisce, agus earraí seandálaíochta atá liostaithe i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP), agus / nó i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla a chosaint agus a gcaomhnú a lorg (ie toimhde i bhfabhar iad a chaomhnú in situ nó i gcásanna eisceachtúla, ar a laghad, iad a chaomhnú trí thaifead). Déanfar seo tríd an bpróiseas pleanála agus aird a thabhairt ar chomhairle agus ar mholtaí Sheirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na prionsabail atá leagtha amach sa *'Creat agus Prionsabail leis an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint';* (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán 1999). |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 2** | Sócmhainní oidhreachta tógtha an chontae a chosaint agus a chinntiú go ndéantar iad a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach nach mbeidh drochthionchar acu ar luach sainiúil na sócmhainní seo. Chomh maith leis sin, a bheith ag tacú le hathnuachan eacnamaíoch agus le forbairt inbhuanaithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 3** | Limistéir, láithreáin, séadchomharthaí, struchtúir agus earraí seandálaíochta atá sonraithe agus nach bhfuil sonraithe, a chosaint, trí aird a thabhairt ar chomhairle Sheirbhísí Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 4** | Feasacht agus eolas ar acmhainní seandálaíochta an Chontae a chur chun cinn agus a bheith ag tacú le tionscnaimh nuair is cuí a sholáthraíonn rochtain níos fearr ar an timpeallacht thógtha stairiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 5** | Gach láithreán agus gné le díol spéise seandálaíochta a chosaint a aimsíodh tar éis fhoilsiú an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (i.e. caomhnú in situ nó i gcásanna eisceachtúla, caomhnaithe trí thaifead ar a laghad) ag féachaint do chomhairle agus do mholtaí na Rannóige Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 6** | Lena chinntiú nach mbeidh aon fhorbairt, bíodh sé os cionn nó faoi thalamh, gar do shéadchomhartha taifeadta nó i gCrios d'Acmhainneacht Seandálaíochta (lena n-áirítear bailte a raibh ballaí thart orthu roimhe seo) díobhálach do charachtar an láithreáin seandálaíochta nó dá shuíomh agus go mbeidh sé suite agus deartha leis an séadchomhartha agus a shuíomh a chosaint. Sa chás go bhfuil iarsmaí seasmhacha ann, d'fhéadfadh go mbeadh gá le measúnú tionchar físiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 7** | A cheangal ar iarratasóirí atá ag iarraidh cead le haghaidh forbartha laistigh de Chriosanna d'Acmhainneacht Seandálaíochta agus láithreáin eile mar atá liostaithe sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht seandálaíochta mar chuid den iarratas pleanála. D'fhéadfadh an Chomhairle a cheangal go ndéanfar measúnú seandálaíochta ar an láthair trí thriail, sula ndéanfar cinneadh ar iarratas pleanála. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 8** | Gach gné de chóracha cosanta baile meánaoiseacha (seasmhacha agus faoi thalamh) agus na gnéithe a bhaineann leo a chosaint agus a chaomhnú in situ de réir na bPleananna Caomhnaithe agus Bainistíochta de réir mar is cuí le *'Beartas Náisiúnta ar Chóracha Cosanta Baile'* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2008). |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 9** | An leagan amach sráide meánaoiseach, línte foirgnimh agus leithead de na ceapacha burgáiste a choinneáil i mbailte múrtha stairiúla. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 10** | A cheangal, mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha, measúnuithe tionchair seandálaíochta, suirbhéanna geoifisiceacha, tochailtí tástála agus monatóireacht de réir mar is cuí, sa chás ina mbíonn glanadh talún níos mó ná leath heicteár nó le haghaidh forbairtí líneacha os cionn aon chiliméadair ar fhad i gceist le tograí forbartha. Sa chás go mbíonn forbairtí gar do cheantair ina bhfuil dlús séadchomharthaí seandálaíochta aitheanta agus stair fionnachtana ann, mar a shainaithin seandálaí ceadúnaithe. |

### 9.3.4 Láithreáin de Láithreacha Catha

Cé gur eachtraí neamhbhuana iad go stairiúil, tá an tábhacht le láithreacha catha cáiliúla mar áiteanna lárnacha i stair na hÉireann aitheanta go forleathan. Go stairiúil, bhí roinnt cathanna móra i gContae Lú, Cath na Bóinne i 1690 thar ceann ar bith eile. Tá an caomhnú, bhainistíocht agus chosaint ar Láithreacha Catha casta, agus is réimse staidéir é atá ag teacht chun cinn go náisiúnta.

Is staidéar é an *'Tionscadal ar Láithreacha Catha na hÉireann'.* Is staidéar é seo a dhéanann taighde ar láithreacha lárnacha catha i stair na hÉireann, a suíomh, a bhfairsinge, agus a gcúlraí stairiúla agus seandálaíochta. Méadóidh gach ceann acu ár n-eolas agus ár dtuiscint ar imeachtaí suntasacha den sórt sin. Tá a chuid oibre críochnaithe agus tá sé le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta faoi láthair. Má fhoilsítear é le linn shaolré an Phlean, tá sé ar intinn ag an gComhairle éagsúlacht de Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 a mholadh lena chorprú. Taispeántar Láthair Chatha na Bóinne ar Léarscáil 9.1.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 11** | Le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae na Mí, gníomhaireachtaí ábhartha agus an pobal le Láthair Chatha de Chath na Bóinne a chur chun cinn, a thuiscint, a chaomhnú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe chomh maith lena thírdhreach cultúrtha a chosaint agus a fheabhsú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 12** | Le hathrú ar Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 a mholadh, más gá, le leasuithe iomchuí a dhéanamh ar an bPlean mar thoradh ar aon mholtaí a eascrófar as foilsiú *'Thionscadal ar Láithreacha Catha na hÉireann'.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 13** | Iarracht a dhéanamh tírdhreacha stairiúla agus seandálaíochta, lena n-áirítear láithreacha catha, a chosaint roimh fhorbairt mhíchuí. |

***Léarscáil 9.1: Láithreáin Chath na Bóinne***



### 9.3.5 Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO - Brú na Bóinne

Tá Brú na Bóinne ar cheann de na tírdhreacha seandálaíochta is tábhachtaí ar domhan, leis an dlús is mó agus is tábhachtaí d'ealaín mheigiliteach réamhstairiúil san Eoraip. D'aithin UNESCO an fhíric seo i 1993 nuair a inscríobhadh mar Láithreán Oidhreachta Domhanda (WHS) é. Is tírdhreach seandálaíochta é, ar a dtugtar freisin "Brú na Bóinne" ina bhfuil na trí phríomhshuíomh réamhstairiúla An Ghráinseach Nua, Cnóbha agus Dubhadh. Clúdaíonn an WHS Croí-Limistéar agus Crios Maolánach a bhfuil a bhformhór suite i gContae na Mí. Mar sin féin, tá limistéar atá laistigh den Chrios Maolánach suite i gContae Lú i mbaile fearainn na Gráinsí Bige mar atá léirithe ar Léarscáil 9.2. Tá Láithreán Oidhreachta Domhanda de Bhrú na Bóinne 4.8km siar ó Dhroichead Átha agus beagnach an fad céanna ó Bhaile Shláine i gContae na Mí.



**Léarscáil 9.2: Suíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO Brú na Bóinne**



### 9.3.6 Sárluach Uilíoch

Leagann an inscríobh mar Láithreán Oidhreachta Domhanda oibleagáid ar an Stát an Sárluach Uilíoch (OUV) de Laithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO de Bhrú na Bóinne a chosaint chuig na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Díorthaítear Sárluach Uilíoch de laithreán ó; ráitis ar an luach uilíoch, an chaoi a gcomhlíonann sé critéir UNESCO, agus ráitis ar bharántúlacht agus ar chaighdeán. Is é an OUV an bonn le haghaidh cosaint, bainistíocht agus caomhnú ar Láithreán Oidhreachta Domhanda, a chroí-Limistéar agus a chriosanna maolánacha, mar a shainaithnítear san inscríobh.

Mheas UNESCO go raibh Sárluach Uilíoch ag Bailiúchán Seandálaíochta de Bhrú na Bóinne, ag comhlíonadh trí cinn de na sé chritéar maidir le hoidhreacht chultúrtha mar atá mínithe thíos:

| |
|---|
| **Critéar (i): Cuimsítear i séadchomharthaí Brú na Bóinne an léiriú is mó agus is tábhachtaí d'ealaín phlaisteach mheigiliteach réamhstairiúil san Eoraip.** |
| **Critéar (iii): Mar gheall ar an dlús de na séadchomharthaí sóisialta, eacnamaíocha agus sochraide ag an ionad deasghnátha tábhachtach seo agus an leanúnachas fada ón réamhstair go dtí deireadh na meánaoiseanna, tá sé seo ar cheann de na suíomhanna seandálaíochta is suntasaí san Eoraip.** |
| **Critéar (iv): Ba ghné thar a bheith tábhachtach san Eoraip réamhstairiúil agus níos faide i gcéin an tuama pasáiste, tá léirithe is fearr anseo.** |

#### *9.3.6.1 An Sárluach Uilíoch a Chothú*

Foilsíodh an chéad Phlean Bainistíochta do Shuíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO de Bhrú na Bóinne i mí na Nollag 2002 ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG).

De réir na dTreoirlínte Oibriúcháin chun an Coinbhinsiún Oidhreachta Domhanda a Chur i bhFeidhm (2019), ba cheart go mbeadh plean bainistíochta iomchuí nó córas bainistíochta doiciméadaithe eile ag gach maoin ainmnithe a chaithfidh a shonrú conas ba cheart an Sárluach Uilíoch réadmhaoine a chaomhnú, trí modhanna rannpháirtíochta más féidir. Chuir an Roinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta, Réigiúnach, Tuaithe agus Gaeltachta an *Plean Bainistíochta Brú na Bóinne, 2017* reatha, ar plean neamhreachtúil é, faoi bhráid UNESCO.

Tuigeann an t-údarás pleanála an tionchar carnach dochúlaithe agus dochrach a bhféadfadh a bheith ag forbairt incriminteach píosa ar phíosa ar an tírdhreach uathúil seo. Tá sé ríthábhachtach nach dtabharfar cead do a thuilleadh forbairtí nua le nach gcreimfear tábhacht oidhreachta an tírdhreacha seo.




Clúdaítear i gCrios 1 den Bheartas Tuaithe, *inter alia,* an tírdhreach leochaileach den Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO de Bhrú na Bóinne, an Láithreán Oidhreachta Domhanda Sealadach de Mhainistir Bhuithe agus láthair chatha de Chath na Bóinne. Déanfar seo lena oidhreacht agus a thírdhreach cultúrtha a chosaint. Ina thaobh seo, tá sé ar intinn ag an gComhairle Creatphlean a ullmhú don cheantar seo.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 14** | Le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae na Mí, gníomhaireachtaí ábhartha agus an pobal le Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO de Bhrú na Bóinne a chur chun cinn, a thuiscint, a chaomhnú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe lena Sárluach Uilíoch (OUV) a choinneáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 15** | Lena chinntiú nach gceadaítear aon fhorbairt a bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha suntasacha a bheith aici ar charachtar an Láithreáin Oidhreachta Domhanda. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 16** | Leis an dronlíne thuaisceartach a chosaint (Léarscáil 13.1, Caibidil 13) a dhéanann frámú ar na radhairc laistigh de agus amuigh ó Láithreán Oidhreachta Domhanda de Bhrú na Bóinne ó fhorbairt atá ionsaitheach ó thaobh amhairc de agus atá míchuí. Déanfar seo faoi réir na gCritéar um Measúnú Bainistíochta Forbartha atá mionsonraithe i gCaibidil 13 agus ag baint úsáide as anailís seantán-amharc mar uirlis le bainistíocht forbartha a threorú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 17** | Á moladh e go gcoinneofar, go n-athúsáidfear agus go gcaomhnófar foirgnimh dúchasacha i gCrios Beartais Tuaithe a hAon ag díriú ar a athsholáthar nó foirgnimh nua a thógáil ar láithreáin úrnua agus a cheangal ar gach forbairt anseo amach a bheith faoi réir na gCritéar um Measúnú Bainistíochta Forbartha mar atá mionsonraithe i gCaibidil 13. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 18** | Creatphlean a ullmhú le tailte atá faoi réir Chrios Beartais Tuaithe a hAon a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn (de réir mar is infheidhme maidir leis na tailte lena n-áirítear Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO de Bhrú na Bóinne, Suíomh Oidhreachta Domhanda Sealadach de Mhainistir Bhuithe, agus Láthair Chatha de Chath na Bóinne). |

## 9.4 FORBAIRT DHÍOLMHAITHE

Níl forbairt díolmhaithe ón oibleagáid le hiarratas a dhéanamh ar chead pleanála a fháil, dá ndéanfadh sé; cur isteach ar charachtar tírdhreacha, nó radharc nó ionchas ar luach taitneamhachta sainiúil nó sainspéis, a bhfuil a chaomhnú mar chuspóir ag an bPlean. Níl sé díolmhaithe más ar thochaltán, athrú nó scartáil áiteanna ar uaimheanna, láithreáin, ghnéithe nó earraí eile ar díol spéise seandálaíochta, geolaíochta, nó staire, eolaíochta nó éiceolaíoch iad, nó is cuspóir de chuid an Phlean é a chaomhnú.

Toisc go bhfuil sé mar chuspóir ag an bPlean seo an tírdhreach, na radhairc agus na hionchais sa Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO de Bhrú na Bóinne a chosaint, d'fhéadfadh go mbeadh cead pleanála ag teastáil ó go leor forbairtí, a mheasfaí a bheith díolmhaithe i réimsí eile. Ba cheart dóibh siúd atá ag smaoineamh ar oibreacha forbartha a dhéanamh laistigh de limistéar Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO de Bhrú na Bóinne dul i gcomhairle le Comhairle Contae Lú ar dtús sula dtosaítear ar aon oibreacha.

## 9.5 Laithreáin Oidhreachta Domhanda Sealadacha

Is fardal réadmhaoine atá ann sa Liosta Sealadach, a bhfuil sé de rún ag tír a mheas lena ainmniú don Liosta Oidhreachta Domhanda. Cuireadh an Liosta Sealadach is déanaí faoi bhráid UNESCO in 2010 agus bhí suíomh amháin i gContae Lú san áireamh ann, is é sin:

- Láithreáin Mhainistreacha Luath-Mheánaoise (lena n-áirítear Mainistir Bhuithe).

Bíodh is go bhfuil an t-ainmniú foirmiúil de Mhainistir Bhuithe agus láithreáin eile blianta fada ar shiúil, tá sé tábhachtach go gcosnófar an tírdhreach agus luachanna eile a chuireann le hainmniúchán an láithreáin agus a chinntiú nach ndéantar damáiste dó seo ar bhealach ar bith sa Phlean seo. D'iarr an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta iarratais do Liosta Sealadach réadmhaoine na hÉireann ar son ainmniúchán féideartha amach anseo don Liosta Oidhreachta Domhanda 2020-2030.

Ní ainmneofar aon réadmhaoin ón Liosta Sealadach nua le hinscríobh ar an Liosta Oidhreachta Domhanda ach amháin tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, páirtithe ar suim leo agus pobail áitiúla. Taispeántar Láithreán Oidhreachta Domhanda Sealadach de Mhainistir Bhuithe ar Léarscáil 9.3.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 19** | Le Sárluach Uilíoch (OUV) an Láithreán Oidhreachta Domhanda Sealadach de Mhainistir Bhuithe a choinneáil agus a bheith ag tacú lena ainmniúchán mar Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO. |

**Léarscáil 9.3: Laithreán Oidhreachta Domhanda Sealadach, Mainistir Bhuithe**



## 9.6 Oidhreacht Ailtireachta

Is acmhainn uathúil í ár n-oidhreacht ailtireachta agus léiriú luachmhar ar ár stair, a bhfuil tairbhí eacnamaíocha agus comhshaoil ag baint lena cothabháil agus a athúsáid inbhuanaithe. Tugann sé fianaise stairiúil ar athruithe sóisialta le himeacht ama chomh maith.

Cuimsítear san oidhreacht ailtireachta an rud atá ainmnithe nó san áireamh i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH), Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha NIAH, Taifid ar Struchtúir Chosanta agus Foirgnimh Liostaithe Thuaisceart Éireann agus Páirceanna Stairiúla, Gairdíní agus Diméinte Thuaisceart Éireann. Cuimsítear idir-infheictheacht agus idirghaolmhaireacht idir oidhreacht ailtireachta laistigh den tírdhreach níos leithne freisin, lena n-áirítear idir-infheictheacht trasteorann agus idirghaolmhaireachtaí. Is féidir tuilleadh sonraí maidir leis an NIAH a fháil ag www.buildingsofireland.ie .

Is méanar ag Contae Lú oidhreacht shaibhir agus éagsúil d'fhoirgnimh agus struchtúir a bhfuil tábhacht ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla leo a bheith ann.

Is é an príomh-mheicníocht leis na foirgnimh agus na struchtúir seo a chosaint ná a áireamh sa 'Taifead ar Dhéanmhais Chosanta'.

Tugtar aitheantas dearfach do thábhacht an struchtúir, agus cosaint a shaintréith á iarraidh ann ó thionchair dhochracha ann.

De réir Chuid IV *den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* tá sé ina dhualgas ar an gComhairle Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) a choinneáil.

Mura luaitear a mhalairt, tá seo leanas ann:

- Taobh amuigh agus taobh istigh an déanmhais;
- An talamh atá laistigh dá chúirtealáiste;
- Aon struchtúir eile agus a taobh istigh atá suite laistigh den chúirtealáiste sin; agus
- Gach daingneán agus gné, atá mar chuid den taobh istigh nó taobh amuigh d'aon cheann de na struchtúir seo.

Is taifead beo é an RPS agus d'fhéadfaí struchtúir a chur leis agus a scriosadh ón RPS le linn phróiseas athbhreithnithe an Phlean Forbartha (Alt 12) agus lasmuigh den phróiseas athbhreithnithe (Alt 55). Cuimsítear sa Phlean seo an RPS iomlán don Chontae ina iomláine lena n-áirítear ceantair uirbeacha Dhroichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia. Tá an RPS liostaithe agus mapáilte in Imleabhar 4.

Déantar struchtúr a chur ar an RPS lena chinntiú go gcoinnítear carachtar an déanmhais agus má dhéantar aon athruithe nó leasuithe air, go gcoinneofar agus go bhfeabhsófar a charachtar. Ní hionann sé sin nach féidir forbairt nó athruithe ar struchtúr atá cosanta a dhéanamh, ach in áit sin, dá ndéanfadh oibreacha beartaithe difear ábhartha do charachtar struchtúir chosanta, beidh cead pleanála ag teastáil.

Ní fhéadfaí feidhm a bheith ag rialacháin forbartha díolmhaithe ar struchtúir chosanta.

D'fhéadfadh d'úinéirí nó d'áititheoirí de struchtúir chosanta Dearbhú a lorg faoi Alt 57 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* le liosta a dhéanamh de na cineálacha oibreacha a dhéanann agus nach ndéanann difear do charachtar an déanmhais agus a theastaíonn nó nach dteastaíonn cead pleanála uathu dá bhrí sin.

Leagann *an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* dualgas ar úinéirí agus ar áititheoirí de struchtúir atá cosanta a chinntiú nach gcuirtear an struchtúr (nó aon ghné den déanmhas, a chuireann lena leas sainiúil) i mbaol, trí fhaillí nó trí oibreacha míchuí.

Iarrtar ar úinéirí agus áititheoirí dul i gcomhairle le Comhairle Contae Lú má tá siad ag smaoineamh ar oibreacha a dhéanamh ar struchtúr atá cosanta.

Ba chóir go mbeadh na moltaí le haghaidh oibreacha ar Struchtúir atá Cosanta:

- In éineacht le cáipéisí iomchuí mar a thuairiscítear sna *Treoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (DAHG),* le measúnú ceart a chumasú ar na hoibreacha beartaithe agus a dtionchar ar an struchtúr nó ar an limistéar;
- Ag teacht le carachtar an fhoirgnimh agus leis an gcarachtar ailtireachta nó stairiúil uathúil agus aon ghnéithe atá aige a chaomhnú;
- Ag tabhairt aird ar an gcáilíocht dearaidh agus báúil ó thaobh scála agus foirme leis an bhfoirgneamh bunaidh agus ag úsáid ábhar agus sonraí eile faoin tréimhse agus an stíl; agus
- Déantar é de réir an chleachtais is fearr *Treoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála* agus faoi mhaoirseacht gairmí atá cáilithe go cuí.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 20** | Lena chinntiú go bhfuil aon fhorbairt, modhnú, athrú, nó síneadh a théann i bhfeidhm ar struchtúr atá cosanta agus / nó ar a shuíomh, suite agus deartha go híogair, go bhfuil sé comhoiriúnach leis an gcarachtar uathúil agus go bhfuil sé oiriúnach i dtéarmaí an scála, mais, dlúis, leagan amach agus ábhair an struchtúir atá cosanta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 21** | Coinneofar foirm agus sláine struchtúrtha an déanmhais chosanta agus a shuíomh agus cosnófar an gaol idir an struchtúr cosanta, a chúirtealáiste agus aon choimpléasc d'fhoirgneamh tadhlach, gnéithe tírdhreacha deartha, radhairc dheartha nó radharcanna ón struchtúr nó ag amharc amach ón struchtúr. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 22** | Toirmeasc a chur ar fhorbairt mhíchuí laistigh den chúirtealáiste agus / nó tailte atá taobh leis an struchtúr atá cosanta. Ní mór d'aon fhorbairt a bheartaítear laistigh den chúirtealáiste agus / nó tailte taobh leis, a léiriú go bhfuil sí mar chuid de straitéis fhoriomlán leis an gcoimpléasc iomlán a chaomhnú sa todhchaí. Áirítear anseo na struchtúir, diméin agus / nó na tailte taobh leis. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 23** | A éileamh go mbeidh an cháipéisíocht chuí i ngach iarratas pleanála a bhaineann le struchtúir atá cosanta mar a thuairiscítear sa *Treoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (2011)* nó aon treoirlínte ina dhiaidh sin, le measúnú ceart a chumasú ar na hoibreacha beartaithe agus a dtionchar ar an struchtúr nó ar an limistéar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 24** | A cheangal go gcoinneofaí gnéithe bunaidh mar fhuinneoga, doirse, rindreáil, clúdaigh dín agus gnéithe suntasacha eile a chuireann le carachtar na struchtúr atá cosanta agus athshuíomh de na gnéithe atá mionsonraithe go cuí a cailleadh a spreagadh. Carachtar na struchtúr atá cosanta a athbhunú mar chuid de na moltaí forbartha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 25** | An cleachtas caomhnaithe is fearr a chur chun cinn agus úsáid a bhaint as sainchleachtóirí oilte i gcaomhnú agus i gcomhair aon oibreacha ar struchtúir atá cosanta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 26** | Á moladh go gcoinneofar, go n-athúsáidfear go báúil agus go n-athshlánófar struchtúir atá cosanta agus a suíomhanna nuair is cuí agus nuair atá an togra comhoiriúnach lena gcarachtar agus lena dtábhacht. I gcásanna áirithe, féadfar treoirlínte bainistíochta forbartha a mhaolú d'fhonn caomhnú an struchtúir atá cosanta agus na ngnéithe ailtireachta tábhachtacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 27** | Le scartáil nó modhnú suntasach ar struchtúr atá cosanta a cheadú i gcásanna faoi leith amháin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 28** | Lena chinntiú go gcosnófar gnéithe ailtireachta tábhachtacha mar chuid d'aon athfhorbairt bheartaithe i gcás ina mbeidh sé ag teacht salach ar riachtanais phlean forbartha eile amhail spás oscailte, áiteanna páirceála srl. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 29** | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta ar bhonn leanúnach agus rudaí a chur leis agus a scriosadh de réir mar is cuí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 30** | Sruthanna maoinithe a lorg do thionscadail shonracha tosaíochta agus cabhrú le húinéirí ar struchtúir atá cosanta leis an deisiú agus an chaomhnú agus iarracht a dhéanamh an struchtúr a dhéanamh seasmhach ó thaobh na haeráide de. |

### 9.6.1 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAanna)

Is Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) ann agus áit, limistéar, grúpa de struchtúr nó bailedhreach a bhfuil díol spéise ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil ann nó a chuireann leis an meas ar struchtúir atá cosanta.

Is féidir le sráid-dreacha iomlána, ardán de thithe, lár baile nó struchtúir a bhaineann le foirgneamh ar leith cosúil le teach tuaithe a bheith ina ACA. Is féidir le carachtar spásúil de ACAanna a bheith mar bhunús lena n-ainmniú.

Is dá bhrí sin atá gá le heilimintí ar nós fearann poiblí, plandáil, patrúin lonnaíochta traidisiúnta agus ábhair thógála a chosaint, trí nádúr na n-athruithe agus na forbartha nua a rialú.

Baineann stádas cosanta ACA leis an taobh amuigh agus leis an sráid-dreach, agus teastaíonn cead pleanála le haghaidh aon oibreacha a rachadh i bhfeidhm go hábhartha ar a charachtar. Níl sé i gceist, áfach, limistéar a ainmniú mar ACA agus srianta iomarcacha a chuir roimh fhorbairt, ach tionchar dearfach a bheith aige air. Déanfar seo lena chinntiú go gcuireann forbairt nua go dearfach le limistéar a sainaithníodh mar áit le tábhacht shuntasach.

Féadann athruithe ar na foirgnimh nó ar an bhfearann poiblí, ar chomharthaíocht agus ar bhonneagar poiblí, carachtar an ACA a athrú agus caithfear iad a mheas maidir leis an tionchar a bhféadfadh a bheith aige ar a charachtar.

Ar an iomlán, tá 36 Limistéar Caomhantais Ailtireachta ainmnithe (ACAanna) i gContae Lú atá sonraithe i dTábla 9.4, lena n-áirítear Droichead Átha agus Dún Dealgan. Tá teorainneacha na ACAanna ainmnithe sa Chontae, i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan a shainaithnítear i dTábla 9.4, mapáilte agus ar fáil in Aguisín 11, Imleabhar 3.

Tá Cuspóirí Treoracha maidir le forbairt ag gabháil leis na ACAanna ainmnithe i nDún Dealgan. Tá cuspóirí agus breithiúnas gairid ar an gcarachtar ag gabháil leis na ACAanna ainmnithe sa Chontae agus tá gach ceann díobh ar fáil freisin in Aguisín 11, Imleabhar 3.

Ullmhaíodh Breithiúnais Charachtair mionsonraithe mar dhoiciméad treorach do ACA Bhaile Átha Fhirdhia. Tá sé seo ar fáil in Aguisín 12, Imleabhar 3. Tá sé beartaithe go ndéanfar tuilleadh Breithmheasanna Carachtair ACA le linn shaolré an Phlean seo, lena n-áirítear an tSráid Thiar i nDroichead Átha agus Sráid Chlann Bhreasail i nDún Dealgan.

**Tábla 9.4: Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAanna)**

| Contae | Droichead Átha | Dún Dealgan |
|---|---|---|
| **Baile Átha Fhirdhia** | Cearnóg Bolton / Lánaí Glasa | Bóthar Mhuire |
| **Cairlinn** | Lána an Chliontúnaigh | Sráid Roden |
| **Baile an Ghearlánaigh** | An Gleanntán | An Corrán |
| **Colann** | Sráid an Aonaigh | Sráid Chlann Bhreasail |
| **An Ghrianfort** | Sráid Labhrais | Sráid Jocelyn / Plás Bhaile na Trá |
| **Mainistir Bhuithe** | Páirc Log an Mhúirín | Pointe na Saighdiúirí - Tithe an Gharda Cósta |
| **An Baile Nua – Mainistir Bhuithe - Clachan** | Sráid Mhaigdiléana (Thuaidh) | Bóthar an Mhighnéid / An Diméin |
| **Baile an tSalainn** | Iostáin Naomh Muire | An Corrán, An Charraig Dhubh |
| **Baile an Fhaoitigh** | Cnocán an Mhuilinn | |

| Contae | Droichead Átha | Dún Dealgan |
|---|---|---|
| **Diméin Halla an Toinlígh** | An Ché Thuaidh / Na Lánaí Cúl | |
| **Diméin an tSeandroichid (Co. An Mhí** | Eaglais Pheadair agus a Purláin | |
| | Ardán an Iarnróid | |
| | Bóthar an Mhuilinn Ghaoithe (cuid de) | |
| | An tSráid Thiar agus na sráideanna siopadóireachta máguaird atá mar chroílár siopadóireachta Dhroichead Átha | |
| | Plás Leyland | |
| | Sráid na Long | |
| | Lána na Seanmhainistreach | |
| | Cé na gCeannaithe | |

**Nóta: Tá treoir ACA mar atá mínithe thíos ar fáil ag an nasc seo a leanas.**

- **Treoirlínte maidir le hoibreacha i Limistéar Caomhantais Ailtireachta (Aguisín 13, Imleabhar 3)**
- **Treoir ar Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta i gContae Lú (Aguisín 14, Imleabhar 3)**
- **Treoirlínte Bainistíochta Forbartha don ACA (Aguisín 15, Imleabhar 3)**

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 31** | A éileamh go gcosnófar nó go bhfeabhsófar an carachtar agus cuma na háite i ngach togra forbartha laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta. A éileamh go gcaomhnófar gnéithe ailtireachta ar díol spéise iad agus a chinntiú go mbíonn aird sa dearadh do charachtar na hailtireachta stairiúla i dtéarmaí airde, scála, leagan amach agus ábhair. Tabharfaidh gach togra forbartha aird ar chuspóirí an Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta in Aguisín 11, Imleabhar 3 agus na cuspóirí atá sna Breithiúnais Charachtair is infheidhme nuair atá siad ar fáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 32** | Aon fhoirgneamh laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta a chuireann go dearfach le carachtar nó cuma an cheantair a choimeád. Ní bhreithneofar ar scartáil ar struchtúir den sórt sin, ag fáil réidh le gnéithe agus troscán sráide a chuireann le carachtar an cheantair ach i gcásanna ar leith amháin. Tá ar shuirbhé tomhaiste agus grianghrafadóireachta, tuarascáil staide agus measúnú oidhreachta ailtireachta a bheith ag gabháil le hiarratais ar scartáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 33** | Lena chinntiú nach mbeidh aon bhonneagar seirbhíse nua (suiteáilte ag an Údarás Áitiúil nó Cuideachtaí Fóntais san Earnáil Phoiblí / Phríobháideach) curtha in aon áit a ndéanfadh sé dochar do charachtar an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 34** | Lena chinntiú go gcoinnítear cosaint gnéithe ailtireachta tábhachtacha laistigh de Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta mar chuid d'aon athfhorbairt atá beartaithe. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh treoirlínte bainistíochta forbartha a mhaolú lena gcaomhnú a dhaingniú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 35** | Lena éileamh nach milleann aon fhorbairt ar imeall Limistéar Caomhantais Ailtireachta an carachtar atá ann cheana sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta ainmnithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 36** | Lena chinntiú nach mbeidh bánna trádála nua agus comharthaíocht a bhaineann leis suite áit a mbeidh sé díobhálach do charachtar an Limistéar Caomhantais Ailtireachta nó d'aon fhoirgneamh nó víosa tábhachtach sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 37** | Ceapacha meánaoiseacha agus leaganacha amach sráide a mhaireann sna Ceantair Chaomhnaithe Ailtireachta agus i mbailte agus sráidbhailte eile a choinneáil mar fhianaise agus fianaise ar theorainneacha agus leagan amach ársa a thaifeadadh agus a mharcáil srl, le linn na forbartha. |

## 9.7 GAIRDÍNÍ STAIRIÚLA AGUS TÍRDHREACHA DEARTHA

Tá oidhreacht shaibhir de ghairdíní agus gairdíní tírdhreachtaithe deartha ina bhfuil páirceanna poiblí, gairdíní príobháideacha, agus tírdhreacha a bhaineann le heastáit tuaithe agus diméin ag Contae Lú. Is minic a chuimsíonn na tírdhreacha seo bealaí a bhfuil crainn ar gach taobh de, coillte foirmiúla ornáideacha, locháin maisithe, gairdíní pleanáilte, ardáin agus gnéithe foirmiúla eile. Níl an teach agus na foirgnimh ann a thuilleadh, ach tá an tírdhreach diméin agus deartha fós ann i roinnt cásanna.

Aithníonn an Chomhairle tábhacht na ngairdíní stairiúla seo agus na dtírdhreach deartha agus a ról i suíomh a sholáthar do struchtúir atá cosanta. Mar gheall ar sin déantar iarracht a chinntiú go gcosnaítear iad ó fhorbairt sháraitheach agus forbairt taobh leis. Rinne an Fardal Náisiúnta um Oidhreacht Ailtireachta (NIAH) suirbhé allamuigh, a liostáil 93 gairdín stairiúil agus tírdhreacha deartha i gContae Lú. Tá siad seo liostaithe i dTábla 9.5, léirithe ar Léarscáil 9.4 agus tá siad ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin d'Fhoirgnimh na hÉireann.

**Tábla 9.5 Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha**

| | Ainm | Aitheantas Gairdín | Foirgnimh NIAH | RPS |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | Baile Alaird | LH0032 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **2.** | An Grianán (Tearmann Feichín) | LH0055 | 13834001 | Lhs022-010 |
| **3.** | Teach Áth na bhFearnaí | LH0001 | 13900422 - 13900425 | Lhs004-006 - 006c |
| **4.** | Ospidéal Ceantair Bhaile Átha Fhirdhia ( Teach Bhaile Átha Fhirdhia ) Naomh Seosamh & Naomh Bríd & Túrtheach | LH0002 | 13823032 , 13823033 , 13823035 , 13823036 | Lhs017-035, Lhs017 -037, Lhs017- 038 |
| **5.** | Teach Bhaile Artúir | LH0003 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **6.** | Baile na Fuinseog (An Fhuinseog) | LH0075 | 13901702 13901703 | NÍL SEO AR FÁIL |
| **7.** | Óstán Bhaile Mhic Scanláin | LH0004 | 13900416 , 13900747 - 13900753 , 13900756 - 13900760 | Lhs004-024, Lhs007-007 -Lhs007-013 Lhs007-022 - Lhs007-025 |
| **8.** | Caisleán Bhearna Mheá | LH0005 | 13901816 , 13901817 | Lhs018-020 |
| **9.** | Reachtaire Bhaile Bharúin | LH0006 | 13900604 | Lhs006-005 |
| **10.** | Teach Bhéilinn | LH0007 | 13902506 - 13902519 | Lhs025-001 Lhs025-002 –Lhs025-002i |
| **11.** | Páirc Bhaile na Lorgan | LH0008 | 13900746 | Lhs007-014 |
| **12.** | Baile Tichburne | LH0009 | 13902528 - 13902530 | Lhs025-018 |
| **13.** | An Halla Dubh | LH0010 | 13902207 , 13902206 | Lhs022-003 - Lhs022-004 |
| **14.** | Teach Bhaile Uí Bhragáin | LH0011 | 13901517 | Lhs015-048 |
| **15.** | Teach Bhaile an Chairdinigh | LH0076 | 13901303 , 13901304 | Lhs013-003 Lhs013-004 |
| **16.** | Teach Charastún | LH0013 | 13902116 , 13902202, 13902203 | Lhs021-010 Lhs022-027 Lhs022-028 |
| **17.** | Baile an Ghearlánaigh (Caisleán Bhaile an Ghearlánaigh) | LH0014 | 13826003 , 13826005 , 13826008 , 13826009 , 13826010 , 13826011 , 13826012 | Lhs015-005 Lhs015-006 Lhs015-007 Lhs015-008 Lhs015-009 Lhs015-010 Lhs015-011 Lhs015-033 |

| | Ainm | Aitheantas Gairdín | Foirgnimh NIAH | RPS |
|---|---|---|---|---|
| **18.** | Teach Bhaile an Chaisleáin (Baile an Chaisleáin - Cuaille) | LH0077 | 13900809 | Lhs008-015 |
| **19.** | Garrán Chaitríona (Mullach an tSí - Cairlinn) | LH0016 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **20.** | Baile an Ghleantúnaigh | LH0017 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **21.** | Teach Charraig an Aonaigh | LH0018 | 13900408 | NÍL SEO AR FÁIL |
| **22.** | Páirc Clermont | LH0019 | 13901215 , 13901216 | Lhs012-021 Lhs012-023, Lhs012-027 |
| **23.** | Teach Chluain an Líonáin | LH0020 | 13900601 | Lhs006-003 |
| **24.** | Stoda Bhaile an Chúlaígh, Droim Chatha, Cill Sáráin | LH0038 | 13901509 | Lhs015-045 |
| **25.** | Teach an Chorrbhaile | LH0022 | 13901427 | Lhs014-029 |
| **26.** | Teach Chorr an Doire | LH0023 | 13901115 | Lhs011-037 |
| **27.** | Óstán Caisleáin Dhairbhreach | LH0024 | 13901118 | Lhs011-028 |
| **28.** | Teach Dheilinn (Droim Ineasclainn) | LH0080 | 13901203 | NÍL SEO AR FÁIL |
| **29.** | Teach Dhoire Mhaoileoin | LH0025 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **30.** | Teach na Dúleargadh | LH0063 | 13900433 | Lhs004-038 |
| **31.** | Teach Bhaile an Dódaigh | LH0082 | 13901416 | Lhs014-008 |
| **32.** | Teach Dhroim Ing | LH0081 | 13901833 | Lhs018-003 |
| **33.** | Teach Dhroim Ineasclainn | LH0083 | 13829002 | Lhs012-036 |
| **34.** | Teach Dhroim Chaisil | LH0084 | 13901402 , 13901403 | Lhs014-011 |
| **35.** | Teach Dhroim Mullaigh | LH0027 | 13833006 | NÍL SEO AR FÁIL |
| **36.** | Clochar Dhún Luighaidh | LH0015 | 13900737 | D089, D090, D091, D092 |
| **37.** | Teach Dhún Áine | LH0028 | 139011902 | Lhs019-009 |
| **38.** | Teach an Chlocháin Chaoil | LH0030 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **39.** | Halla Fhalmair | LH0031 | 13900401 | Lhs004-012 |
| **40.** | Teach Fhochairde | LH0032 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **41.** | Cúirt Glyde , Baile an Tallúnaigh | LH0012 | 13901425 | Lhs014-007 |
| **42.** | Teach Bhaile Anraí , Baile Átha Fhirdhia | LH0039 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **43.** | Páirc Chnoc Icehouse (Teach Dhún Dealgan) | LH0029 | 13704017 | D179 |

| | Ainm | Aitheantas Gairdín | Foirgnimh NIAH | RPS |
|---|---|---|---|---|
| **44.** | Teach Chill Modhíomóg , Baile Átha Fhirdhia | LH0036 | 13901708 , 13901709 | Lhs017-089, Lhs017-090 |
| **45.** | Cilleán | LH0040 | 13900739 | Lhs007-001 |
| **46.** | Teach & Caisleán Chillín Cúile, Droichead an Chnoic | LH0085 | 13901116 | Lhs011-026 |
| **47.** | Teach Chill Ó nDaighre | LH0041 | 13902428 , 13902429 , 13902430 | Lhs024-003 Lhs024-003b Lhs024-003c |
| **48.** | Teach Chill Tamhlachta | LH0042 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **49.** | Caisleán Mhainistir an Chnoic | LH0072 | 13901130 | Lhs011-004 |
| **50.** | Teach Lios an Mhullaigh | LH0043 | NÍL SEO AR FÁIL | D035 |
| **51.** | Teach Lios Raithní , Baile an Tallúnaigh | LH0044 | 13901418 , 13901419 | Lhs014-005 Lhs014-023, |
| **52.** | Teach Lios Dubhóige , Droichead Átha | LH0045 | 13902432 | Lhs024-015 Lhs024-018 |
| **53.** | Halla Lú | LH0046 | 13901426 | Lhs014-004 |
| **54.** | Teach Mhaighean an Bhradáin | LH0047 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **55.** | Teach Bhaile Mhílis | LH0048 | NÍL SEO AR FÁIL | Lhs015-026 |
| **56.** | Teach Ghráinseach Bhaile na Muileann | LH0037 | 13901208 , 13901209 | Lhs012-044, Lhs012-045 |
| **57.** | Teach Mhainistir Bhuithe | LH0049 | 13902101 - 13902104 | Lhs021-001 Lhs021-002 Lhs021-002b Lhs021-002c |
| **58.** | Teach Mhuine Bhálait | LH0050 | 13901105 | Lhs011-007 |
| **59.** | Teach Bhaile Ardach | LH0051 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **60.** | Cnoc Bailey (An Carn Beag) | LH0052 | NA () | NA () |
| **61.** | Clochar Chnoc Oliver | LH0053 | 13900414 | Lhs004-003 |
| **62.** | An Mhainistir Mhór Nua | LH0021 | 13828001 Teach Collon | Lhs020-009 |
| **63.** | An Baile Nua - Dairbhre | LH0097 | 13901204 | Lhs012-040 |
| **64.** | Teach an Bhaile Nua (Newtownstalaban) | LH0054 | 13902436 | Lhs024-017 |
| **65.** | Lóiste Nootka (Cairlinn) | LH0056 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **66.** | Óstán na Páirce Droim Mullaigh, Ó Méith | LH0095 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **67.** | Óstán Park Inn (An Carn Beag) | LH0094 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **68.** | Teach Bhaile Philib | LH0057 | 13900603 | Lhs006-004 |

| | Ainm | Aitheantas Gairdín | Foirgnimh NIAH | RPS |
|---|---|---|---|---|
| **69.** | Teach Bhaile an Phiobaraigh | LH0087 | 13902112 | Lhs021-015 |
| **70.** | Ionchas (Cnoc an Chabháin) | LH0058 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **71.** | Teach Ráth Eanchú | LH0065 | 13901408 , 13901409 , 13901410 | Lhs014-016, |
| **72.** | Teach an Rátha | LH0059 | 13902201 | Lhs022-011 |
| **73.** | Teach na Rátha Briste | LH0088 | 13901121 | Lhs011-038 |
| **74.** | Teach Ráth Cúil | LH0060 | 13901828 | Lhs018-047 |
| **75.** | Teach Ráth Eascair | LH0061 | 13901826 13901827 | Lhs018-001 Lhs018-046 |
| **76.** | Teach Ráth Nístin | LH0089 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **77.** | Teach Ghleann na bhFiach (Páirc Ghleann na bhFiach) | LH0062 | 13900419 , 13900420 , 1390043 | Lhs001-001 Lhs004-027 Lhs004-028, Lhs004-035 Lhs004-040 |
| **78.** | Teach Dearg (Baile Átha Fhirdhia) | LH0064 | 13901401 | Lhs014-006 |
| **79.** | Caisleán Bhaile Risteaird | LH0090 | 13901712 , 13901711 , 13901713 | Lhs017-051 |
| **80.** | Halla Rokeby, Dún Léire | LH0066 | 13901801 , 13901802 , 13901803 , 13901809 , 13901810 | Lhs018-019 Lhs018-019, Lhs018-035, Lhs018-036 |
| **81.** | Teach an tSeanleasa | LH0091 | 13901706 | NÍL SEO AR FÁIL |
| **82.** | Teach na Cloiche Giorra | LH0067 | NÍL SEO AR FÁIL | NÍL SEO AR FÁIL |
| **83.** | An Chloch Ghearr Íochtarach | LH0096 | 13900305 | Lhs003-005 |
| **84.** | Óstán Chaisleán Smearamair | LH0068 | 13901701 | Lhs017-050 |
| **85.** | Cnoc Spencer | LH0034 | 13901513 | Lhs015-047 |
| **86.** | Ospidéal Mhuire **(**Droim Chora) | LH0026 | 13901503 | Lhs015-027 |
| **87.** | Teach Bhaile Lias | LH0069 | 13901114 | Lhs011-042 |
| **88.** | Teach Thigh Cillín | LH0098 | 13901716 | NÍL SEO AR FÁIL |
| **89.** | Teach na Cloiche (Cros Mhol Áirí, Dún Léire) | LH0070 | 13902110 | Lhs021-006 |
| **90.** | An Garrán, Teach & Geata Gharrán Bál | LH0101 | 13621018 , 13621015 | DB-219 DB-220 |
| **91.** | Teach Thistle | LH0071 | 13900411 | Lhs004-021 |
| **92.** | Halla an Toinlígh | LH0073 | 13902411 , 13902412 , 13902414 - 13902417 , 13902419 | Lhs025-001a Lhs025-001j |
| **93.** | Teach Bhaile Liam | LH0074 | 13901511 , 13901512 | Lhs015-003 |

**Léarscáil 9.4: Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha**



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 38** | Lena chinntiú nach ndéanfadh forbairt nua drochthionchar a imirt ar an láithreán, ar an suíomh nó ar na radhairc chuig agus ó ghairdíní stairiúla agus tírdhreacha deartha a bhfuil tábhacht oidhreachta leo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 39** | Lena éileamh go n-áirítear breithiúnas ar an tírdhreach agus radhairc dheartha agus caol-léargais, agus measúnú ar chrainn shuntasacha nó ar ghrúpaí crann i tograí d'fhorbairt nua i dtírdhreacha agus i ndiméin deartha. Déanfar seo nuair is iomchuí le go mbeidh bonn eolais faoi mholtaí dearaidh atá oiriúnach don láithreán. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 40** | Lena éileamh go mbainfear feidhm as uirlisí Samhaltú Suirbhé Digiteach 3D nó cibé próisis / uirlisí eile atá inghlactha ag an Údarás Pleanála a úsáid le haghaidh forbairtí mórscála laistigh de Thírdhreacha Deartha agus Diméinte. Déanfar seo lena léiriú nach ndéanann an fhorbairt atá beartaithe drochthionchar a imirt ar an láithreán ná ar a shuíomh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 41** | Aird a thabhairt ar an *'Treoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta' (2011)* agus an '*Nótaí Treorach maidir le 'Breithmheas ar Ghairdíní Stairiúla, Diméinte, Eastáit agus a Socruithe' (2006)* sa bhreithiúnas agus sa tuairisc ar Ghairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha, agus aon Treoirlínte ina dhiaidh sin. |

## 9.8 Oidhreacht Dhúchasach

Tá stoc fairsing d'fhoirgnimh agus struchtúir stairiúla atá tógtha ag daoine áitiúla, ag baint úsáide as scileanna agus ábhair áitiúla, amhail tuí laistigh de bhailte agus sráidbhailte Chontae Lú agus scaipthe tríd an tuath. Léiríonn seo stair áitiúil uathúil agus carachtar áite. Ó thaobh na hailtireachta de, is den Oidhreacht Dhúchasach atá siad , cuireann seo cultúr an phobail in iúl agus tá siad ina gcuid ríthábhachtach den tírdhreach. Bíodh nach bhfuil ainmniú sonrach ag na seanfhoirgnimh seo mar Struchtúir atá Cosanta, cuireann a bhfoirm, a scála, a n-ábhair agus a dtreoshuíomh leis an tírdhreach tuaithe go dearfach i dteannta le bailte agus sráidbhailte Chontae. Tá siad ina mbunús mar charachtar sainiúil de cheantair áirithe.

Tá tréithe d'fhoirgnimh dhúchasacha mar atá siad ar fáil in Aguisín 16, Imleabhar 3.

Tá na struchtúir dhúchasacha, lena n-áirítear teachíní ceann tuí, an-leochaileach mar gheall ar riachtanais agus éilimh na nglúnta reatha ag athrú agus caillteear go leor díobh trí scartáil, athsholáthar nó iad bheith tréigthe. De dheasca sin, tá rud a bhí coitianta tráth ag dul i ngáinne.

Spreagfaidh agus cuirfidh an Chomhairle athúsáid ar fhoirgnimh dhúchasacha chun cinn thar rud eile a chur ina n-áit, agus aithneoidh an gá atá ann le foirgnimh den sórt sin a fhorbairt le go mairfidh siad.

Ní hamháin go baineann cailliúint na hailtireachta dúchasaí le cailliúint na struchtúr iomlán, ach baineann sé le sonraí ailtireachta a chailleadh de réir a chéile. Is féidir le hathruithe ar fhoirgnimh aonair tionchar suntasach carnach a imirt ar shráid-dreacha agus ar thírdhreacha. Ba cheart go mbeadh aon athruithe a mholtar ar struchtúr dúchasach ag teacht lena ghnéithe uathúil agus lena charachtar, agus a úsáid leanúnach á chinntiú chomh maith.

## 9.9 Stoc d'Fhoirgnimh Stairiúla

Ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, meastar gur fearr athúsáid agus oiriúnú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin, lena n-áirítear teachíní ceann tuí, seachas iad a scartáil.

Molann Beartas an Rialtais maidir le hAiltireacht 2009-2015 go dtugann gach údarás poiblí aghaidh ar athúsáid an stoic fhoirgnimh atá ann cheana, beag beann ar a stádas cosanta nó eile.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 42** | Cosaint, coinneáil, cothabháil ag teacht le hailtireacht na háite, agus athbheochan agus úsáid iomchuí na hoidhreachta tógtha dúchasaí a chur chun cinn, lena n-áirítear teachíní ceann tuí agus struchtúir eile i gceantair uirbeacha agus thuaithe, a chuireann le carachtar an tírdhreacha agus an tírdhreacha agus a choisceann scartáil na struchtúir seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 43** | Clocha colbha agus clocha pábhála a chothabháil agus a athchóiriú áit a bhfuil sé indéanta agus áit a bhfuil gá le colbhaí nua. Cinnte a dhéanamh go bhfuil siad ar ardchaighdeán agus ag teacht leis na cinn atá ann. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 44** | Le hathúsáid agus oiriúnú a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla atá ann cheana a spreagadh ar bhealach atá ag teacht lena gcarachtar. |

## 9.10 Oidhreacht Chultúrtha Teangeolaíoch

Tá sé aitheanta ag Coinbhinsiún na NA ar son Cosaint ar an Oidhreacht Chultúir Doláimhsithe 2003, ról ríthábhachtach na teanga i léiriú agus i seachadadh na hoidhreachta beo. Tagraíonn sé go mbraitheann an oidhreacht chultúrtha doláimhsithe ar fad ar theanga as a brí ó lá go lá, agus lena chinntiú go ndéantar í a aistriú ó ghlúin go glúin. Tá traidisiún teanga agus liteartha saibhir ag Contae Lú. Bhí canúint Ghaeilge Oirial á labhairt in Ó Méith i ndiaidh lár an 20ú haois. Le haitheantas a thabhairt ar seo, agus líon méadaitheach na gcainteoirí Gaeilge á gcur fúthu sa cheantar, bunaíodh brainse Ó Méith de Chonradh na Gaeilge i mí Iúil 2014 leis an nGaeilge a chur chun cinn in Ó Méith agus sa cheantar máguaird. Tá aitheanta ag an gComhairle an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh leis an nGaeilge a chur chun cinn sa Chontae agus tacóidh sí léi.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTC 45** | A bheith ag tacú le tionscnaimh a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa Chontae. |

# Caibidil 10

## Bonneagar agus Fóntais Phoiblí

***" A bheith ag tacú le straitéis Chontae Lú maidir le daonra spriocdhírithe agus fás láidir eacnamaíochta de réir cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha trí bhonneagar seirbhísí uisce a chosaint, a fheabhsú agus a leathnú agus seirbhísí maolaithe tuile ar fud an Chontae i gcomhar le comhlachtaí reachtúla eile. Éifeachtúlacht fuinnimh agus cumarsáide a spreagadh agus a bheith ag tacú leis chun cothromaíocht réasúnta a bhaint amach idir freagairt do bheartais an AE agus náisiúnta maidir le hathrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, cumarsáid agus cur ar chumas acmhainní a úsáid ar bhealach inbhuanaithe de réir phleanáil agus fhorbairt cheart an Chontae sa todhchaí. "***

# 10 BONNEAGAR AGUS FÓNTAIS PHOIBLÍ

## 10.1 UISCE ÉIREANN

### 10.1.1 Réamhrá

Tá fás inbhuanaithe an Chontae ag brath, i measc nithe eile, ar sholáthar leordhóthanach uisce agus an soláthar ar sheirbhísí fuíolluisce agus bonneagar fuíolluisce. Tá cur chuige straitéiseach de réir Croí-Straitéisí agus Lonnaíochtaí an Chontae riachtanach chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar, le cinntiú go mbeidh acmhainn leordhóthanach ann le tacú le forbairt an Chontae sa todhchaí lena n-áirítear infheistíocht eacnamaíoch agus pobail inbhuanaithe agus tarraingteacha. Caithfear soláthar bonneagair den sórt sin a chur i bhfeidhm ar bhealach a chosnaíonn sláinte an phobail, atá oiriúnach don chomhshaol agus atá laistigh de chomhthéacs aeráide atá ag athrú. De réir an Achta um Sheirbhísí Uisce 2013, aistríodh an fhreagracht as soláthar uisce phoiblí, bailiú fuíolluisce agus seirbhísí cóireála ó shainchúram na n-údarás áitiúil go hUisce Éireann. Ó 2014 i leith, tá Uisce Éireann freagrach as feidhmiú seirbhísí uisce poiblí lena n-áirítear bainistíocht agus cothabháil sócmhainní uisce agus bonneagar, seachadadh tionscadal caipitil, pleanáil straitéiseach agus forbairt beartais. Tá sí ina cuspóir de chuid Uisce Éireann acmhainn d'uisce óil agus d'fhuíolluisce a sholáthar chun fás a éascú de réir straitéisí lárnacha ar leibhéal Contae agus de réir na mbeartas agus na gcuspóirí ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Tá sé freagrach do dhá chomhlacht rialála; an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) arb é an rialtóir eacnamaíoch do thionscal an uisce agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) arb é an rialtóir comhshaoil é.

Tá Comhairle Contae Lú, trína Comhaontú Seirbhíse (SLA) le hUisce Éireann, ar conradh chun gach gné de sholáthar, oibriú agus chothabháil uisce agus fuíolluisce agus bainistíocht tionscadail caipitil i gContae Lú a bhainistiú agus a chothabháil, thar ceann Uisce Éireann.

Faoi láthair, tá Uisce Éireann ag forbairt an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (NWRP) ag leagan amach conas aistriú chuig soláthar uisce óil poiblí inbhuanaithe, slán agus iontaofa thar thréimhse 25 bliana agus an comhshaol á chosaint. Tabharfaidh sé breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag Uisce Éireann cothromaíocht a choinneáil idir soláthar ó fhoinsí uisce timpeall na tíre agus an t-éileamh ar uisce óil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Éascóidh sé seo pleanáil don todhchaí agus áiritheoidh sé soláthar dóthain uisce óil glan agus sábháilte chun fás sóisialta agus eacnamaíoch ár dtíre a éascú. In 2015 d'ullmhaigh Uisce Éireann a Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (WSSP) ag leagan na cuspóirí straitéiseacha amach maidir le seirbhísí uisce a sholáthar thar thréimhse 25 bliana agus an comhthéacs á leagan síos do phleananna infheistíochta agus cur chun feidhme.

Déantar athbhreithniú ar an bPlean seo ar thimthriall cúig bliana agus críochnaíodh an chéad athbhreithniú i mí Dheireadh Fómhair 2020. Leanfaidh Comhairle Contae an Lú agus Uisce Éireann orthu ag obair i gcomhpháirtíocht, chun na seirbhísí uisce a shainaithint a theastaíonn chun tacú le forbairt phleanáilte de réir na mbeartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach le cur san áireamh i bPleananna Infheistíochta Caipitil Uisce na hÉireann.

Tugann Clár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann (CIP) breac-chuntas ar na tosaíochtaí táscacha agus na hinfheistíochtaí i mbonneagar seirbhísí uisce thar thréimhse an phlean.

Tá sé mar aidhm ag an CIP feabhsuithe a thabhairt i gcrích ar cháilíocht uisce óil, sceitheadh, comhlíonadh fuíolluisce, éifeachtúlachtaí gnó agus seirbhís do chustaiméirí. Cheadaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) an tríú Tréimhse Rialaithe Ioncaim (RC3) d'Uisce Éireann le déanaí, le Plean Infheistíochta tacaíochta (2020-2024).

Sa chás go dtagann tograí forbartha chun cinn a éilíonn uasghrádú / leathnú ar bhonneagar straitéiseach Uisce Éireann sa bhreis ar an méid a chuimsítear sa Phlean Infheistíochta Caipitil (CIP), nó a éilíonn soláthar luathaithe an bhonneagair phleanáilte, déanfaidh Uisce Éireann measúnú eacnamaíoch ar impleachtaí na gceanglas seo.

Cuirfidh sé seo forálacha an Phlean seo san áireamh chomh maith le beartas níos leithne an rialtais maidir le pleanáil agus soláthróidh sé, nuair is ábhartha, costais thascacha don iarratasóir ceangail ar Uisce Éireann a sholáthraíonn an bonneagar seo (mar atá mionsonraithe i mBeartas Muirir Nasc Uisce Éireann).

Leanfaidh an Chomhairle, i gcomhar le hUisce Éireann, ag spreagadh úsáid lán-acmhainne an bhonneagair atá ar fáil agus ag spreagadh naisc leis an mbonneagar atá ann cheana i gcás ina bhfuil acmhainn ann, d'fhonn an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana agus costais infheistíochta breise a laghdú.

Is í an Chomhairle an tÚdarás Uisce ainmnithe i gcónaí chun córais chóireála fuíolluisce baile ar an láthair a mheas agus a cheadú sa Chontae. Tá sé freagrach freisin as an gClár Uisce Tuaithe, draenáil uisce dromchla, bainistíocht tuile agus monatóireacht ar cháilíocht uisce dromchla.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 1** | Idirchaidreamh a dhéanamh agus oibriú i gcomhar le hUisce Éireann chun cur i bhfeidhm tionscadal uisce agus fuíolluisce ar fud Chontae Lú a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur chun cinn thar shaolré an Phlean, de réir na gCroístraitéisí agus na Lonnaíochtaí. |

## 10.1.2 Fuíolluisce agus Seirbhísí Uisce

Comhoibreoidh Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle de Chontae Lú le hUisce Éireann chun soláthar uisce poiblí a chur ar fáil agus a choinneáil agus bonneagar bailithe agus cóireála fuíolluisce leordhóthanach a sholáthar ar fud an Chontae ar feadh thréimhse an phlean agus ina dhiaidh sin.

Déanfaidh an Rannóg Seirbhísí Uisce de Chomhairle Contae Lú a dícheall lena chinntiú go gcoinneofar leis an infheistíocht leanúnach i mbonneagar uisce agus feabhsúcháin air chomh maith lena thabhairt i gcrích thar thréimhse an Phlean, trí CIP 2020-2024 a chur i bhfeidhm.

#### 10.1.2.1 Bailiú Fuíolluisce agus Cóireáil

Tá soláthar agus cothabháil ar bhailiú fuíolluisce ar ardchaighdeán agus ar bhonneagar cóireála fuíolluisce riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe agus do chosaint an chomhshaoil agus shláinte an phobail. Tá an fhreagracht ar Uisce Éireann as cóireáil fuíolluisce i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil ionaid chóireála fuíolluisce poiblí ann agus tá ocht scéim chamrais déag poiblí sa Chontae faoi láthair.

Is é beartas Chomhairle Contae Lú a bheith ag obair i gcomhar le hUisce Éireann leis an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana a chosaint, chun acmhainneacht na hinniúlachta reatha a uasmhéadú. Tá sé ina bheartas an seachadadh tráthúil den bhonneagar seirbhísí fuíolluisce nua a éascú le fás sa todhchaí a éascú.

#### 10.1.2.2 Soláthar Uisce agus Dáileadh

Tá soláthar agus cothabháil ar bhonneagar cóireála uisce agus dáilte uisce ar ardchaighdeán riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe na bpobal agus na ngnólachtaí sa Chontae. Tá Uisce Éireann freagrach as cóireáil agus soláthar uisce i mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe, áit a bhfuil scéimeanna soláthair uisce poiblí i bhfeidhm agus faoi láthair oibríonn sé trí scéim soláthair uisce déag sa Chontae, ó thrí chrios acmhainní uisce.

Is é beartas na Comhairle a bheith ag obair i gcomhar le hUisce Éireann, chun an bonneagar uisce atá ann cheana a chosaint, chun acmhainneacht na hinniúlachta reatha a uasmhéadú. Tá sé ina bheartas an seachadadh tráthúil den bhonneagar seirbhísí fuíolluisce nua a éascú le fás sa todhchaí a éascú.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 2** | A bheith ag i gcomhar le hUisce Éireann leis an mbonneagar uisce agus fuíolluisce atá ann cheana a chosaint agus a dhéanamh seasmhach ó thaobh na haeráide de le hacmhainneacht na hinniúlachta reatha a uasmhéadú. A bheith ag obair leis an seachadadh tráthúil den bhonneagar seirbhísí uisce agus fuíolluisce nua a éascú le fás reatha agus fás sa todhchaí a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 3** | A bheith ag tacú le Pleananna Cosanta Uisce Óil a fhorbairt de réir riachtanais na Creat-Treoir Uisce agus na dtimthriallta Pleananna Bainistíochta Abhantraí reatha agus sa todhchaí. Ina thaobh seo, tá an Chomhairle ag tacú le bearta maolaithe agus cosanta do gach limistéar atá cosanta, lena n-áirítear Limistéir Chosanta Uisce Óil agus Pleananna Cosanta Foinse ag baint leo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 4** | A bheith ag tacú le soláthar, leathnú agus uasghrádú de bhonneagar seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar ardchaighdeán d'fhorbairtí atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí laistigh de Chontae Lú, i gcomhréir le prionsabail na hinbhuanaitheachta, ag tabhairt tosaíochta do na hionaid sin ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha le feiceáil iontu nó inar féidir a bheith ag súil le forbairt inbhuanaithe bhreise go réasúnta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 5** | A bheith ag tacú le leathnú nó uasghrádú de bhonneagar seirbhísí uisce atá ann cheana laistigh den Chontae (lena n-áirítear iad siúd atá liostaithe i gClár Infheistíochta IW) agus bonneagar seirbhísí uisce a sholáthar i lonnaíochtaí neamhsheirbhísithe chun cabhrú le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 6** | Lena cheangal ar gach forbairt nua go mbeidh orthu nascadh leis an soláthar poiblí san áit a bhfuil bonneagar uisce poiblí agus fuíolluisce ar fáil nó san áit ar dócha go mbeidh sé ar fáil agus a bhfuil inniúlacht go leor ann. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 7** | A bheith ag tacú le forbairt agus bainistíocht cheart de Ghrúpscéimeanna Uisce faoi réir ag leibhéal iomchuí cóireála a bheith soláthartha agus socruithe láidre oiriúnacha á gcur i bhfeidhm. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 8** | An úsáid de stáisiúin chaidéalúcháin le camras a iompar a dhíspreagadh mura bhfreastalóidh an stáisiún caidéalúcháin beartaithe ar dhobharcheantar suntasach de thailte forbartha criosaithe nach féidir a sheirbhísiú murach sin. Nuair a mheastar gur iomchuí, agus i gcomhairle le hUisce Éireann, d'fhéadfaí socruithe caidéalaithe sealadacha a mheas mar bheart eatramhach, ar fheitheamh socruithe níos buaine laistigh de thréimhse ama réasúnta. Beidh na socruithe uile ina leith sin de réir riachtanais agus chomhaontú Uisce Éireann. |

## 10.2 CAOMHNÚ UISCE

D'éirigh le Comhairle Contae Lú ina cláir chaomhnaithe uisce go dtí seo i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan. Úsáidtear bearta caomhnaithe uisce mar bhrath sceitheadh, bainistiú an éilimh agus bainistíocht brú chun an t-éileamh ar uisce inólta a laghdú, agus ar an gcaoi sin forbairt bhreise a éascú agus leibhéal na seirbhíse do chustaiméirí atá ann cheana a fheabhsú.

Feidhmíonn Uisce Éireann Clár Náisiúnta um Laghdú Sceitheadh, cuimsítear seanphíopaí a ndearnadh damáiste dóibh a shocrú nó a athsholáthar agus leibhéil arda sceitheadh a laghdú chun soláthar uisce níos iontaofa a chur ar fáil.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP9** | A bheith ag tacú leis an tiomantas do chaomhnú uisce agus laghdú sceite de réir an chleachtais is fearr, agus tríd an gClár Náisiúnta um Laghdú Sceitheadh a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hacmhainní luachmhara a chaomhnú agus dramhaíl a laghdú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 10** | A bheith ag tacú le hUisce Éireann le feasacht an phobail agus rannpháirtíocht i mbearta caomhnaithe uisce a chur chun cinn ag teaghlaigh, gnó agus tionscal. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 11** | Forbairtí nua a spreagadh chun bearta caomhnaithe uisce a ionchorprú amhail bailiú báistí le cur amú an tsoláthair uisce a íoslaghdú. |

### 10.2.1 Clár Uisce Tuaithe

Soláthraíonn soláthairtí príobháideacha uisce do na ceantair sin nach bhfreastalaíonn soláthar uisce poiblí orthu. Cuimsítear Grúpscéimeanna Uisce príobháideacha a fhreastalaíonn ar phobail áitiúla nó toibreacha príobháideacha a fhreastalaíonn ar thithe cónaithe aonair. Tá seacht nGrúpscéim phríobháideacha ag feidhmiú i gContae Lú. Tacaíonn an Chomhairle le feidhmiú agus forbairt leanúnach ar am earnáil Ghrúpscéim phríobháideach trí fhóirdheontais agus deontais a thabhairt, mar a fhoráiltear faoin gClár Uisce Tuaithe.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 12** | A bheith ag tacú agus ag cur forbairt agus bainistíocht cheart de Ghrúpscéimeanna Uisce sa Chontae chun cinn, faoi réir leibhéal iomchuí cóireála a bheith á sholáthar agus socruithe oibríochta oiriúnacha láidre á gcur i bhfeidhm. |

### 10.2.2 Cóireáil Fuíolluisce agus Córais Diúscartha

Tá sé riachtanach bonneagar cóireála fuíolluisce d'ardchaighdeán atá bail coinnithe air le forbairt inbhuanaithe a éascú sa Chontae, agus an comhshaol agus sláinte an phobail a chosaint freisin. Doirtear gach fuíolluisce, lena n-áirítear baile agus trádáil, in uisce. Bíodh sin talamh, dromchla nó muirí é.

Dá bhrí sin, tá soláthar cóireála agus diúscartha fuíolluisce sásúil riachtanach chun an comhshaol a chosaint. Tá freagracht ar Uisce Éireann anois as cóireáil agus diúscairt fuíolluisce, áit a mbíonn áiseanna fuíolluisce poiblí laistigh de lonnaíochtaí.

Teastaíonn ceadúnas sceitheadh eisiltigh ó gach eisilteach tráchtála bíodh siad ag doirteadh go huiscí talún nó uiscí dromchla. Teastaíonn ceadúnas sceitheadh freisin ó eisilteach baile a dhoirteann isteach chuig uiscí dromchla agus chuig uiscí talún (nuair a sháraíonn méid na sceithe 5 mhéadar ciúbach in aon tréimhse 24 uair). Níor cheart go dtiocfaí meath ar stádas an dobharlaigh mar thoradh ar fhuíolluisce cóireáilte a scaoiltear chuig uiscí talún agus dromchla faoi cheadúnas, agus caithfidh sé cloí leis na rialacháin screamhuisce agus uisce dromchla.

D'fhéadaí úsáid a bhaint as na córas bailithe agus aisghabhála uisce liath a mheas faoi réir chomhlíonadh na rialachán tógála. Moltar sna rialacháin tógála nach n-úsáidtear ach uisce ó mheaisíní níocháin agus folcadáin le haghaidh seo agus ní ó dhoirtil chistine agus miasniteoirí.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 13** | A éileamh go nascfar an fhorbairt go léir laistigh de limistéar a bhfreastalaíonn córas cóireála fuíolluisce poiblí air leis an gcóras sin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 14** | A éileamh, go gcóireofar an fuíolluisce go cuí agus go ndoirtfear é chuig uisce glactha oiriúnach, faoi réir ceadúnas doirte san uisce ar thailte atá sainaithnítear le haghaidh forbairt neamh-bhaile nach bhfuil aon ionad fuíolluisce poiblí ann nó molta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 15** | Bailiú báistí agus úsáid uisce liath a chur chun cinn i ngach forbairt agus go háirithe i gcás forbairtí níos mó, mar mhalairt ar mhaolúchán. |

### 10.2.3 Córais Chóireála Fuíolluisce ar an láthair

Is í Comhairle Contae Lú an tÚdarás Uisce ainmnithe chun córais chóireála fuíolluisce baile príobháideach aonair ar an láthair sa Chontae a mheas agus a cheadú.



Is é an príomh-mhodh diúscartha camrais i gceantair tuaithe ná trí dhabhacha séarachais aonair agus córais chóireála fuíolluisce dílsithe. Tá na ceanglais i dtaobh na gcóras seo leagtha amach i gCód Cleachtais an EPA Córais Chóireála Fuíolluisce Baile, Coibhéis Daonra ≤ 10 (2021).

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 16** | A cheangal le go ndéanfar maoirseacht, suiteáil agus coimisiúnú ceart ar córais chóireála fuíolluisce ar an láthair trína cheangal gur gá tréithrithe gnásanna ar láthair agus measúnuithe oiriúnacha geoiteicniúla a bheith déanta ag daoine proifisiúnta cumasacha atá slánaithe agus cáilithe go cuí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 17** | A éileamh go ndéanfaidh duine inniúil atá cáilithe go cuí maoirseacht agus deimhniú ar thógáil agus suiteáil gach córais chóireála fuíolluisce mar atá oiriúnach don chuspóir atá beartaithe agus go gcomhlíonann sé riachtanais na Comhairle. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 18** | A éileamh go gcomhlíonfaidh córais chóireála fuíolluisce príobháideacha do thithe aonair, nuair a cheadaítear iad, na moltaí atá i gCód Cleachtais an EPA Córais Chóireála Fuíolluisce Baile, Coibhéis Daonra ≤ 10 (2021). |

### 10.2.4 Draenáil Uisce

D'fhorbair Comhairle Contae Lú agus Uisce Éireann Meabhrán Tuisceana (MoU) maidir le draenáil uisce dromchla agus bainistíocht tuile.

Nuair a thógtar forbairt nua , ní ionsaítear an méid céanna báisteach isteach sa talamh le méid agus ráta sreafa méadaithe ag gabháil chuig draenacha dá bharr. D'fhéadfadh go mbeidh seo mar chúis le tuilte áitiúla i sruthanna agus i ndraenacha píopaithe, chomh maith le hábhar salaithe dromchla a thabhairt go díreach isteach i gcúrsaí uisce, agus truailliú a dhéanamh dá réir.

### 10.2.5 Córais Draenála Inbhuanaithe

Cuireadh cúig cháipéis bheartais le chéile i Staidéar Draenála Straitéiseach Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDSDS), lena n-áirítear:

- Bainistíocht Chomhshaoil;
- Draenáil d'Fhorbairtí Nua agus;
- Athrú aeráide

Dhírigh na cáipéisí seo ar an gcur chuige dearaidh agus na critéir maidir le bonneagar draenála laistigh d'fhorbairt nua lena chinntiú nár lean sé le treocht an truaillithe agus na tuilte ar uiscebhealaí.

Cur chuige comhtháite agus réiteach iomlán ar bhainistíocht bháistí an coimriú is fearr is féidir a thabhairt ar Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) agus tá sé infheidhme i dtaobh ceantair uirbeacha agus tuaithe.

Is modh í an teicníc SuDS chun tréithe nádúrtha rith chun srutha báistí a mhacasamhlú ó aon láithreán.

Cinntíonn seo go ndéantar uisce a insíothlú nó a bogadh chuig an gcóras draenála níos moille agus ar deireadh thiar chuig cúrsaí uisce trí phábháil tréscaoilteach, claiseanna reatha, díonta glasa, bailiú báistí, báisíní coinneála, linnte agus bogaigh.

Tá na háiseanna seo deartha ionas nach dtarlóidh truailliú ar sruthanna agus aibhneacha agus tionchair rith chun srutha uirbigh a íoslaghdú trína ghabháil chomh gar don fhoinse agus is féidir agus a dhoirteadh go mall ina dhiaidh sin ionas go mbeidh tionchar na forbartha neodrach nó dearfach i gceist na tuile.

Chomh maith lena bheith mar chuid de bhonneagar draenála an Chontae, is féidir le SuDS áiseanna taitneamhachta a sholáthar do phobail áitiúla agus tairbhí don bhithéagsúlacht ag an am céanna. Is féidir gnéithe SuDS atá deartha agus suite i gceart a ionchorprú agus cur leis an áis agus aeistéitiúil na spásanna oscailte. Déanfar bearta mionsonraithe maidir le teicnící SuDS i ngach Plean Ceantair Áitiúil atá le teacht a dhearadh go cuí chun bithéagsúlacht agus áiseanna a fheabhsú agus le cosaint na suíomhanna agus gnáthóga atá íogair don chomhshaol a chinntiú, lena n-áirítear an áit a bhfuil bearta bainistíochta riosca i gcás tuile beartaithe.




**The SuDS triangle**

The SuDS philosophy is to replicate, as closely as possible the natural drainage from a site before development.

SuDS is designed within the opportunities and constraints of a site to deliver the most benefits for water quantity, quality and amenity/biodiversity. Where these objectives overlap this is called the SuDS triangle.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 19** | A cheangal go bhfuil gá le go n-úsáidfear Córais Draenála Inbhuanaithe chun méid an cruadhromchlaithe agus na pábhála a íoslaghdú agus a theorannú agus a cheangal go n-ionchorprófar bearta SuDS i ngach forbairt nua (lena n-áirítear síntí ar fhorbairtí atá ann cheana). Beidh measúnú cuimsitheach SuDS ag gabháil le gach togra forbartha lena n-áirítear cainníocht an rith chun srutha, cáilíocht an rith chun srutha agus tionchair ar ghnáthóga agus ar cháilíocht uisce. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 20** | A éileamh go gcomhlíonfaidh gach togra forbartha na critéir dearaidh, (a rinneadh coigeartú orthu chun na dálaí áitiúla a léiriú), agus dearaí ábhair atá i Staidéar Draenála Straitéiseach Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDSDS) agus a thaispeáint conas a ghabhtar rith chun srutha chomh gar don fhoinse agus is féidir le go ndoirtear go mall ina dhiaidh sin chuig an gcóras draenála agus sruthchúrsa é. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 21** | Iarracht a dhéanamh sceitheadh uisce dromchla breise chuig séaraigh chomhcheangailte a sheachaint agus Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe (SuDS) agus réitigh a chur chun cinn chun acmhainneacht na mbailte le córais draenála comhcheangailte a uasmhéadú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 22** | Lena chinntiú go gcuimsíonn gach forbairt nua bearta iomchuí chun na dobharlaigh atá ann cheana a chosaint, trí chóireáil a dhéanamh ar rith chun srutha go cuí. Cóireálfar go cuí le doirteadh ó charrchlóis chun ábhair truailleán a bhaint go háirithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 23** | Lena chinntiú go bhforálfar córais draenála scartha i ngach forbairt nua. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 24** | Spreagadh a thabhairt go bhforálfar soláthar de dhíonta glasa agus ballaí glasa i bhfoirgnimh ar airde méadaithe ach go háirithe, mar chuid chomhtháite de Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) agus a sholáthraíonn buntáistí don bhithéagsúlacht, nuair is féidir. |

### 10.2.6 Dorchla bruachánach

Is é atá i ndorchla bruachánach ná an talamh atá díreach taobh le huiscebhealach nádúrtha nó saorga nó timpeall thart orthu. Féadann sé aibhneacha móra agus tánaisteacha, bogaigh, góilíní agus sruthanna idirscartha nó buana a áireamh. Is féidir le leithead an dorchla bhruachánaigh athrú feadh an uiscebhealaigh agus tá sé ag brath ar shuíomh laistigh den dobharcheantar (gleann nó tuilemhá) agus an úsáid talún in aice láimhe.

Soláthraíonn na dorchlaí seo nasc ríthábhachtach idir éiceachórais talún agus srutha atá ina n-aonad uathúil éagsúil sa tírdhreach máguaird agus go hiondúil tá raon éagsúil speiceas plandaí iontu.

Nuair is gá caighdeán éiceolaíoch nó comhshaoil de chúrsa uisce a choinneáil agus maidir le cúrsaí uisce a bhfuil inniúlacht tíolactha suntasach acu, is gá go mbeadh slánachar ó imeall na gcúrsaí uisce chun ligeadh do rochtain le haghaidh glanadh agus cothabháil cainéal. Teastóidh slánachar de 10m ar a laghad (nó leithead eile, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle) ar gach taobh den chúrsa uisce, ag brath ar leithead an chúrsa uisce.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 25** | Lena chinntiú nach dtarlaíonn aon fhorbairt lena n-áirítear réiteach nó stóráil ábhar laistigh d'íosfhad 10m arna thomhas ó gach bruach d'aon abhainn, sruthán nó sruthchúrsa. |

## 10.3 Bainistíocht Riosca Tuilte

Is feiniméan nádúrtha é an tuile den timthriall hidreolaíoch a d'fhéadfaí tarlú ag am ar bith, i réimse leathan suíomhanna, le tionchair shuntasacha, ag bagairt ar shaolta daoine agus ar a gcuid maoine agus ar an gcomhshaol.

Cé gur tharla tuilte i gContae Lú, i gcomparáid le contaetha eile, bhí líon na tuile seo íseal. Mar gheall ar réaltacht an athraithe aeráide, áfach, tá ceantair sa Chontae atá i mbaol tuilte cósta, báistiúla, abhann agus inbhir.

Is téamaí lárnacha iad draenáil agus bainistíocht tuile i Straitéis Oiriúnaithe Athrú Aeráide Chontae Lú 2019-2024. Tá cuspóir uileghabhálach an riosca tuile a bhainistiú trí fhreagairtí éagsúla.

**Tuile Cósta:** Mar thoradh ar leibhéil farraige níos airde ná mar is gnách, bíonn an fharraige ag cur thar maoil ar thalamh. Bíonn tionchar ag leibhéal ard taoide, borrthaí stoirme agus tonnghníomhú ar a leithéid de thuilte.

**Tuile Báistiúil:** Mar thoradh ar theagmhais báistí ard-déine nuair a sháraíonn an méid rith chun srutha cumas an líonra uisce dromchla.

**Tuile Abhann:** Sáraítear acmhainneacht an chúrsa uisce nó cuirtear bac ar an gcainéal agus doirtear an iomarca uisce ón gcainéal ar thuilemhánna cóngaracha.

**Tuile Inbhear:** Cuireann teaglaim de shreabhadh ard taoide agus abhann cosc roimh uisce sreabhadh amach chun farraige, rud a fhágann go mbíonn leibhéil uisce intíre ina cúis le tuile ar bhruacha abhann.

Mar aon le próisis nádúrtha eile ní féidir deireadh a chur go hiomlán le tuilte, ach is féidir a dtionchair a íoslaghdú, trí bhainistíocht réamhghníomhach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil ar dhobharcheantair, ceantair atá i mbaol tuile a aithint agus trí bhearta a ghlacadh lena chinntiú nach gcuireann forbairt leis féin nó go carnach le méadú ar riosca tuile.

Tá an chosúlacht ann go mbeidh níos mó báistí ann agus leibhéil na farraige ag ardú le hathrú aeráide, agus i dteannta le huirbiú méadaithe is dócha go dtiocfaidh méadú ar riosca tuile do mhaoin sa todhchaí

### 10.3.1 Riosca Tuilte

Is é atá sa Réamh-Mheasúnú Riosca Tuilte ná cleachtadh scagthástáil náisiúnta a chuir an OPW i gcrích. Tá sé bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil agus atá furasta a dhíorthú agus déantar le ceantair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte a aithint.

Bhreithnigh an staidéar PFRA ar thuilte ó roinnt foinsí, lena n-áirítear foinsí abhann, cósta, báistiúla agus screamhuisce agus bhí sraith náisiúnta de léarscáileanna tuile ar scála leathan mar thoradh air.

Ceanglas de Threoir an AE maidir le Tuilte é an PFRA agus tá measúnú níos mionsonraithe ann mar thoradh ar fhoilsiú na hoibre, atá á dhéanamh mar chuid de na staidéir um Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantar (CFRAM).

Thug sé tosaíocht do na ceantair is mó riosca féideartha ó fhoinse tuilte amháin nó níos mó agus ainmníodh iad seo mar Limistéir le haghaidh Measúnachta Breise (AFA), a bhfuil ocht gcinn díobh aitheanta i gContae Lú. Os a choinne sin , Chuir Comhairle Contae Lú Staidéar Tuilte Dhún Léire ar fáil in 2016, a chuimsíonn Mapáil Tuilte mionsonraithe do shráidbhaile Dhún Léire.

Thug an OPW faoin gclár um Riosca agus Bainistíocht Tuilte Dobharcheantar (CFRAM) chun pictiúr cuimsitheach a fháil de riosca tuile sna AFAanna agus lena haithint conas an riosca tuile seo a bhainistiú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe. Ba é an toradh a bhí air seo ná gur fhorbair an OPW an méid seo a leanas:

- Plean Bainistíochta Riosca Tuilte Banna Loch nEathach;
- Plean Bainistíochta Riosca Tuilte an Oirthir.

Tá na hocht Réimse le haghaidh Measúnachta Breise agus na Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte gaolmhara leagtha amach i dTábla 10.1.

Teastaíonn infheistíocht chaipitil shuntasach sna pleananna seo i dteannta le tosaíocht a thabhairt don infheistíocht seo leis na bearta atá leagtha amach sa phlean a chur i bhfeidhm. Tar éis maoiniú a leithdháileadh uirthi, agus i gcomhar le OPW, tá an Chomhairle ag iarraidh na Scéimeanna Faoisimh Tuilte seo a leanas a sheachadadh le linn shaolré an Phlean seo:

- Scéim Faoisimh Tuilte Dhún Dealgan, na gCreagacha Dubha agus Bhaile Átha Fhirdhia
- Scéim Faoisimh Tuilte Dhroichead Átha agus Bhaile Trá: agus
- Scéim Faoisimh Tuilte Chairlinn agus an Ghrianfoirt.

Tá an Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte (SFRA) le cur i gcrích le linn an phróisis déanta Plean de réir *An Córas Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte (2009)* curtha leis seo leis an bPlean seo.

Clóitear leis an bprionsabal nár cheart cineálacha áirithe d'fhorbairt leochaileach a cheadú i gceantair riosca tuile sna treoirlínte seo, go háirithe tuilemhánna, ach amháin i gcás nach bhfuil aon suíomhanna malartacha agus iomchuí ar fáil i gceantair riosca níos ísle atá ag teacht le cuspóirí na pleanála cearta agus na forbartha inbhuanaithe.

*Tábla 10.1 Réimsí le haghaidh Measúnachta Breise agus a bPlean Bainistíochta Riosca Tuilte Gaolmhara*

| Réimse le haghaidh Measúnaithe Breise (AFA) | Plean Riosca agus Bainistíochta Tuilte (FRAM) |
|---|---|
| **Áth na gCasán** | Banna Loch nEathach |
| **Baile Átha Fhirdhia** | Banna Loch nEathach |
| **Baile Trá** | Thoir |
| **Cairlinn** | Banna Loch nEathach |
| **Droichead Átha** | Thoir |
| **Dún Dealgan & An Charraig Dhubh** | Banna Loch nEathach |
| **An Ghrianfort** | Banna Loch nEathach |
| **Tearmann Feichín** | Banna Loch nEathach |

Is ceantair gheografacha iad criosanna tuile ina bhfuil an dóchúlacht ag raon ar leith go mbeidh tuilte ann agus is uirlis lárnach iad i mbainistíocht riosca tuile . Tá trí chineál criosanna tuile sainithe sna treoirlínte. Tugtar breac-chuntas orthu seo i dTábla 10.2.

Tá aitheanta sa mhapáil SFRA na háiteanna is dóichí a dtarlóidh Criosanna Tuilte A agus B, ag díriú ar na bailte agus na sráidbhailte níos lú ar fud an Chontae.

Léiríonn mapáil bhreise tuilte i ngach suíomh uirbeach agus tuaithe, a éascaíonn sainaithint ar limistéar ina mbeidh tograí forbartha faoi réir Measúnú Riosca Tuilte suíomhoiriúnaithe.

**Tábla 10.2: Cineál an Chreasa Tuilte**

| Cineál Crios Tuilte | Cur síos |
|---|---|
| **A** | Is é an seans is mó go mbeidh tuilte ann (níos mó ná 1% nó 1 as 100 i gcás tuilte abhann nó 0.5% nó 1 as 200 i gcás tuilte cósta) agus i gcás go mbeadh raon leathan gabhdóirí leochaileach |
| **B** | Is seans measartha atá ann go mbeidh tuilte ann (idir 0.1% nó 1 as 1000 agus 1% nó 1 as 100 le haghaidh tuilte abhann agus idir 0.1% nó 1 i 1000 bliain agus 0.5% nó 1 as 200 le haghaidh tuilte cósta) |
| **C** | Is lú an tseans go mbeidh tuilte ann (níos lú ná 0.1% nó 1 as 1000 i gcás tuilte abhann agus cósta) |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| BFP 26 | An riosca go rachaidh tuilte i bhfeidhm ar fhorbairt sa todhchaí a laghdú:<br>• Forbairt a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuile agus<br>• Nuair nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh maidir le bainistíocht riosca tuile bunaithe ar sheachaint, laghdú agus oiriúnú don riosca. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 27** | Lena chinntiú go bhfuil gach togra forbartha a thagann faoi Chriosanna Tuilte A nó B comhsheasmhach leis an "An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála" 2009. Ní mór Measúnú Riosca Tuilte suíomhoiriúnaithe a bheith ann ag tacú le moltaí forbartha a shainaithnítear a bheith leochaileach ó thuilte a bheith agus a léiriú chun sástacht an Údaráis Phleanála go seachnófar rioscaí suntasacha tuilte fhorbairt agus a bonneagar agus nach gcuirfidh sé tuilte in áiteanna eile.<br>I gCrios Tuilte C, áit a bhfuil an seans go mbeidh tuilte íseal (níos lú ná 0.1%), d'fhéadfadh go mbeadh gá le Measúnú Riosca Tuilte suíomhoiriúnaithe agus ba cheart don fhorbróir iad féin a shásamh go bhfuil dóchúlacht na tuile ag teacht leis an bhforbairt atá á moladh.<br>Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha dul i gcomhairle le tacar sonraí de Phlean an Chontae SFRA agus an mhapáil cásanna aeráide Clár CFRAM is nuashonraithe maidir le forbairtí ina leith seo agus cuirfear ar fáil iad do phróisis Bhainistíochta Forbartha ar leibhéal níos ísle sa Chomhairle.<br>Soláthróidh iarratais ar fhorbairt i gcriosanna atá leochaileach ó thuilte, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol faoi Chás Lár-Réimse Todhchaí an OPW, sonraí faoi bhearta bainistíochta riosca struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha, amhail iad siúd a bhaineann le leibhéil urláir, leagan amach inmheánach, tógáil atá sheasmhach ó thuilte, pleanáil freagartha éigeandála agus rochtain agus dul amach le linn tuilte. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 28** | Sa chás go léiríonn Measúnú Riosca Tuilte suíomhoiriúnaithe go bhfuil rioscaí suntasacha tuilte ann d'fhorbairt bheartaithe nó dá háititheoirí atá i gcoimhlint le "An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála" 2009, de ghnáth ní thabharfar cead pleanála de ghnáth mura féidir le ceanglais Alt 5.28 'Measúnú ar mhion-mholtaí i gceantair ina bhfuil riosca tuile' a chomhlíonadh. |

,

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 29** | Leis na Bearta Bainistíochta Riosca Tuilte a chur i bhfeidhm, mar a shonraítear i bPlean Bainistíochta Riosca Tuilte Banna Loch nEathach , Plean Bainistíochta Riosca Tuilte an Oirthir agus Plean Bainistíochta Riosca Tuilte Dhún Léire, ag cinntiú go dtacaíonn nach agus nach gcuireann na moltaí forbartha bac ar dhul chun cinn na mbeart seo. Seachadfaidh Comhairle Contae Lú, i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) na Scéimeanna Faoisimh Tuilte seo a leanas:<br>• Dún Dealgan, an Charraig Dhubh agus Baile Átha Fhirdhia;<br>• Droichead Átha agus Baile Trá; agus<br>• Cairlinn agus An Grianfort. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 30** | A bheith ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun straitéisí bunaithe ar dhobharcheantair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun riosca tuile a bhainistiú - lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le stóráil agus tíolacas. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 31** | Cur le feabhsú agus / nó le hathchóiriú ar fheidhmeanna nádúrtha bainistíochta riosca tuile de thuilemhánna faoi réir reachtaíocht comhshaoil a chomhlíonadh agus an teacht ar acmhainní. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 32** | Lena chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht bainistíochta riosca tuile a scrúdú chun na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun oiriúnú éifeachtach don athrú aeráide a leabú agus iad a sholáthar a dhéanamh mar atá leagtha amach i bPlean Oiriúnaithe Earnála Athrú Aeráide OPW Bainistíocht Riosca Tuilte a bhí infheidhmithe ag an am. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 33** | Sa chás go bhfuil cuid de láithreán i mbaol tuile, beidh na tailte atá i mbaol faoi réir an chur chuige seicheamhach lena chinntiú ar an gcéad dul síos go bhfuil forbairt nua dírithe ar thailte le baol tuile íseal; agus an cineál forbartha a shrianadh go dtí an 'iomchuí' sin do gach crios tuile de réir Táblaí 3.1 agus 3.2 de na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 34** | Le dul i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) maidir le forbairtí beartaithe i ndúichí de chainéil draenála agus aibhneacha a bhfuil an OPW freagrach astu. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 35** | Le dul i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) maidir le forbairtí beartaithe lena n-áirítear droichead nó lintéar a thógáil, a athsholáthar nó a athrú agus a cheangal go bhfaighidh na forbróirí toiliú ón OPW faoi Alt 50 den AE (Measúnú agus Bainistíocht na Rialacháin um Rioscaí Tuilte) 2010 agus Alt 50 den Acht um Dhraenáil Artaireach 1945, nuair is iomchuí. |

### 10.3.2 Mapáil PFRA

Baineadh úsáid as mapáil PFRA leis na criosanna tuile a shainiú in áiteanna atá lasmuigh de scóip Staidéar CFRAM agus Staidéar Tuilte Dhún Léire. Ba chóir a bheith cúramach leis na ceantair seo mar gheall ar nádúr táscach na mapála PFRA. Cuirtear ar fáil é chun críocha faisnéise chun cabhrú le ceantair a shainaithint inar cheart riosca tuile a iniúchadh níos mionsonraithe. Ar an gcúis seo, tá idirdhealú soiléir idir Mapáil Criosaithe agus Mapáil Ilchodach do gach ceann de na Lonnaíochtaí a bhaineann leis an bPlean Forbartha idir criosanna tuile a dhíorthaítear ó mhapáil PFRA agus Staidéar CFRAM, ar an eochair eolas faoi iamh. Beidh ar aon iarratas pleanála ar thailte ina n-aithneofar tuilte báistiúla iontu le measúnú a bheith acu ar na rioscaí féideartha tuile a bhaineann le forbairt na dtailte mar aon le haon bhearta maolaitheacha a chinnteoidh go seachnóidh an fhorbairt agus an bonneagar a bhaineann leis rioscaí suntasacha tuile agus nach gcothófar tuile níos measa in áiteanna eile.

## 10.4 CUMARSÁID

### 10.4.1 Réamhrá

Is téarma é Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a úsáidtear leis na modhanna teicniúla chun faisnéis a phróiseáil agus a chur in iúl. Baineann sé go príomha le teicneolaíocht dhigiteach.

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le TFC ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, cúitíonn an rochtain ar chumarsáid thapa, iontaofa agus cost-éifeachtúil an tionchar a bhíonn an iargúltacht gheografach, agus méadaítear cuimsiú sóisialta, iomaíochas eacnamaíoch agus deiseanna fostaíochta.

Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh sé cur le spriocanna inbhuanaitheachta tríd an ngá le taisteal a laghdú m.sh. trí chianobair a sholáthraíonn cothromaíocht saoil baile níos fearr le níos lú aistear gluaisteán agus astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe.

Maidir le Teicneolaíochtaí Teileachumarsáide, aithníonn an Chomhairle a thábhacht agus tá sí ag súil le hiarracht a dhéanamh bonneagar teileachumarsáide forleathan a chur chun cinn agus a éascú ar fud an Chontae d'fhonn forbairt shóisialta agus forbairt eacnamaíochta cothrom a bhaint amach.

Cuirfidh an Chomhairle forbairt bhonneagair TFC breise chun cinn lena n-áirítear leathanbhanda, saoráidí teileachumarsáide, glacadh fón póca srl., Déantar seo le forbairt fhisiciúil agus eacnamaíoch Chontae Lú a sholáthar faoi réir gnáthcheisteanna pleanála.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 36** | Le seachadadh inbhuanaithe de líonra bonneagair TFC d'ardchaighdeán a chur chun cinn agus a éascú ar fud an Chontae ag cur an gá san áireamh leis an tuath agus an timpeallacht uirbeach a chosaint mar aon le hiarracht a dhéanamh forbairt shóisialta agus forbairt eacnamaíochta cothrom a bhaint amach. |

### 10.4.2 Bonneagar Leathanbhanda

Tá leathanbhanda ardluais, iomaíoch ó thaobh costais agus iontaofa mar bhonn agus mar thaca ag an bhforbairt eacnamaíoch. Tá aitheantas níos mó á bhronnadh air mar phíosa criticiúil bonneagair a chuireann ar chumas ag gnólachtaí teicneolaíochtaí nuálacha agus patrúin oibre níos solúbtha a ghlacadh agus trádáil a dhéanamh ar líne.

Tá sé deacair an fhostaíocht atá ann a choinneáil, poist nua a mhealladh agus deiseanna nua fiontraíochta a fhorbairt nuair nach bhfuil sé ann.

Titeann an cur i bhfeidhm de nascacht ardluais leathanbhanda faoi shainchúram na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo) a d'fhoilsigh *Sochaí Nasctha a Sheachadadh - Plean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn (NBP)* in 2012.

Is tionscnamh seo de chuid an Rialtais le tírdhreach leathanbhanda na hÉireann a athrú ó bhonn agus seirbhísí leathanbhanda ardluais, iontaofa agus cost-éifeachtúil a sholáthar do gach áitreabh sa Tír.

Seachadfar seo tríd an NBP trí mheascán d'infheistíocht ón tionscal príobháideach agus idirghabháil stáit (ar a dtugtar an Straitéis Idirghabhála), do na codanna sin den tír nach bhfuil pleananna ag comhlachtaí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh iontu.

Trí shíniú an chonartha leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a sheachadadh in 2019, ráthaigh an Rialtas go mbeadh na deiseanna céanna ag pobail tuaithe agus atá ag ceantair uirbeacha. Is é an bealach is fearr le seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar ná trí líonraí bunaithe ar snáthoptaic.

Spreagann líonraí den sórt an soláthar den leibhéal tástáil leathanbhanda ardluais i gceantar. Tá 5 uimh. Speisialtóirí Líonra Rochtana Oscailte agus Soláthraithe Mórdhíola, (eNET/MANS, SIRO, Open Eir, Viatel agus BT). D'fhorbair *Virgin Media Ireland* dhá líonra leathanbhanda dílsithe ardluais i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan.




Mar gheall ar na líonraí snáthoptaice a sholáthraíodh le déanaí ag na soláthraithe tráchtála seo, tá an dara leibhéal rochtana leathanbhanda is airde in Éirinn ag Contae Lú ag 87% d'áitribh.

Faoin PFN, cuirfear rochtain ar leathanbhanda ardluais ar fáil don 13% eile d'áitribh, a dtiteann faoin Limistéar Idirghabhála Stáit.

Tá Contae Lú ag leanúint de bheith ag baint leasa as an leath amach de roinnt scéimeanna leathanbhanda faoi stiúir an Rialtais, ag cinntiú go bhfuil seirbhísí leathanbhanda ar fáil i bpobail ar fud an Chontae.

Is Pointí Ceangail Leathanbhanda (BCPanna) ar scéim amháin den sórt sin a théann chun leasa Chontae Lú. Is suíomhanna poiblí iad seo (foirgnimh / láithreáin phoiblí) a gheobhaidh nascacht leathanbhanda ardluais 150Mb agus ina gcuirfear Wi-Fi poiblí ar fáil, rud a ligfidh do dhaoine sa cheantar leathanbhanda a úsáid de réir mar is gá. Aithníodh naoi suíomh den sórt sin i gContae Lú.

#### 10.4.2.1 Líonraí Cathrach (MANS)

Is líonra é seo de chábla duchta agus snáthoptaice atá suite laistigh de cheantar uirbeach, ar féidir le gnólachtaí agus eagraíochtaí éagsúla é a úsáid chun seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta chuig teileachumarsáid, teilifís agus idirlíon. Cé go bhfuil MANS faoi úinéireacht phoiblí (arna mbainistiú ag eNET), tugann siad rochtain oscailte ar an líonra do gach oibreoir seirbhíse teileachumarsáide (miondíoltóirí). Tá MANS curtha ar fáil i nDroichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia go dtí seo.

Meastar go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh leathanbhanda ar fáil chun na hionaid seo a chur chun cinn ag infheisteoirí ionchasacha giniúna fostaíochta.

#### 10.4.2.2 Plean Gníomhaíochta Leathanbhanda Chontae Lú

Cheap Fóram Eacnamaíoch Chontae Lú (LEC) Plean 10 bPointe foriomlán, ag aithint 10 réimse ar leith a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu ina chlár oibre.

Áiríodh leathanbhanda ardluais leis mar aitheantas ar a thábhachtaí atá sé ag tacú le fás eacnamaíoch. Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta ná leanúint le dul chun cinn suntasach agus leathanbhanda a chur ar aghaidh chuig ceantair thuaithe de réir an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Tá sé sholáthraí / mhórdhíoltóirí bonneagair leathanbhanda ardluais ag Droichead Átha agus Dún Dealgan, rud a chuireann ar chumas ag miondíoltóirí teileachumarsáide éagsúla luasanna suas le 1000MBps a thairiscint do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

Tá rochtain ag Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire ar leathanbhanda ardluais d'áitribh sna bailte sin.

Teastóidh idirghabháil stáit faoin NBP do thart ar 22% den áitreabh ar imeall an dá bhaile. Maidir leis na Lonnaíochtaí Leibhéal 3 agus 4, tá rochtain ag thart ar 66% den áitreabh ar leathanbhanda ardluais agus beidh idirghabháil stáit ag teastáil ar an 34% eile faoin NBP.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 37** | A bheith ag tacú le seachadadh agus cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 38** | Cur i bhfeidhm bonneagair leathanbhanda agus teileachumarsáide ar ardchaighdeán a chinntiú ar fud an Chontae agus a leathnú i gceantair iargúlta tuaithe a éascú, ar mhaithe le fás eacnamaíoch, iomaíochas agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 39** | Lena bheith ag comhoibriú leis na gníomhaireachtaí ábhartha leis na cáblaí leictreachais, teileafóin agus teilifíse a chur faoi thalamh i gceantair uirbeacha agus sin a éascú nuair is féidir, ar mhaithe le taitneamhacht amhairc. |

#### 10.4.2.3 Duchtú Rochtana Oscailte

Le tacaíocht ó Phlean Gníomhaíochta Leathanbhanda Chontae Lú, éileoidh an Chomhairle go gcuirfear rochtain oscailte ar fáil do gach líonra duchtaithe a sholáthraítear laistigh de limistéar an Phlean. Déanfar seo chun tacú le seirbhísí teileachumarsáide iomaíocha agus chun bóithre agus cosáin a chosaint roimh thochailt. Fanfaidh na líonraí faoi úinéireacht an fhorbróra go dtí go nglacfaidh an Chomhairle ceannas orthu.

Ina dhiaidh sin, beidh an soláthraí seirbhíse freagrach as an mbonneagar teileachumarsáide.

Iarrfaidh an Chomhairle, trí choinníoll a ghabhann le cead, ar an soláthraí seirbhíse comhaontú a dhéanamh leis an gComhairle lena chinntiú go soláthraítear rochtain oscailte, ar chostas eacnamaíoch.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 40** | Lena cheangal go gcuirfear duchtú rochtana oscailte ar fáil le haghaidh forbairtí nua do gach soláthraí seirbhíse ar bhonn léasa neamh-eisiatach ar chostas eacnamaíoch. |

#### 10.4.2.4 Struchtúir Tacaíochta Teileachumarsáide agus Aeróga:

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le bonneagar teileachumarsáide d'ardchaighdeán mar réamhriachtanas do gheilleagar rathúil agus glacann sí leis an tábhacht chriticiúil a bhaineann le seirbhís teileachumarsáide d'ardchaighdeán ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Mar thoradh ar dírialáil an tionscail teileachumarsáide tá rogha agus iomaíocht ann i dteannta leis an dúbailt agus ró-sholáthar de saoráidí.

Cé go n-aithnítear na buntáistí a bhaineann le bonneagar TFC d'ardchaighdeán, caithfear iad seo a chothromú leis an ngá atá ann leis an tírdhreach uirbeach agus tuaithe a chosaint, ar féidir leis nádúr fisiceach na struchtúr seo tionchar suntasach a imirt air.

Ba cheart go n-íoslaghdófar an tionchar amhairc le breithniú mionsonraithe ar dhearadh, ar shuíomh agus ar scóip chun bearta tírdhreachaithe a úsáid go héifeachtach.

Agus iarratais phleanála á mbreithniú, caithfear aird a thabhairt *Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, DECLG, 1996* , Ciorclán Pl07/12 agus *Na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú)* .

Spreagann na treoirlínte agus na rialacháin seo comhroinnt nó cnuasach de shuíomhanna, rud a léireofar i mbeartas na Comhairle.

Déantar foráil maidir le tuilleadh treorach ina dtaobh dearadh agus forbairt Sonraí Struchtúr Teileachumarsáide i gCaibidil 13, Roinn 13.16.3.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 41** | Lena chinntiú go ndéanfar forbairt ordúil ar theileachumarsáid ar fud an Chontae de réir cheanglais an *Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, DECLG, 1996* , ach amháin i gcás ina dtagann siad salach ar Chiorclán Pl07 / 12 a mbeidh tosaíocht aige, agus ar athbhreithnithe nó treoirlínte leathnaithe ina dhiaidh sin sa réimse seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BFP 42** | Iarrtar go mbeidh struchtúir agus láithreáin tacaíochta aeróige comhlonnaithe nuair is féidir. Iarrtar ar oibreoirí fianaise dhoiciméadach a chur isteach maidir le neamh-féidearthacht na rogha seo i dtograí le haghaidh struchtúir nua. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
Tá cur chuige réamhghníomhach ag Comhairle Contae Lú maidir le tacú le fuinneamh in-athnuaite laistigh den Chontae. Rinne an Chomhairle iarracht ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla trí acmhainní fuinnimh in-athnuaite a úsáid. In 2017, suiteáladh painéil PV ar chuid de dhíon oifig na Comhairle i nDún Dealgan. Gineann na painéil PV seo 11KW de leictreachas agus táthar ag súil go nginfidh siad thart ar 8,500KW uair an chloig de leictreachas nó thart ar 3% den úsáid fuinnimh bhliantúil laistigh den fhoirgneamh.

Chomh maith leis sin, príomhpháirtí ba ea an Chomhairle i dTionscadal Dhún Dealgan 2020 agus glacadh páirt i dTionscadal Concerto, atá á mhaoiniú ag an AE, dá bharr. Ba é Dún Dealgan an chéad phobal um fhuinneamh inbhuanaithe faoi Chlár Phobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) SEAI.

Cuid de chlár Dhún Dealgan 2020 ba ea comhoibriú idir údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí gairmiúla, gnóthaí agus grúpaí pobail áitiúla, agus ba é an aidhm a bhí acu úsáid fuinnimh a laghdú, spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh agus fuinneamh in-athnuaite a shuiteáil nuair ab fhéidir. Glactar le Dún Dealgan 2020 mar thionscadal eiseamláireach le haghaidh tionscadal den chineál céanna a bheidh á gcur i gcrích ar fud na hÉireann amach anseo.

Tá an Chomhairle airdeallach ar ról an Phlean i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt laistigh den Chontae. Ó glacadh le Plean Forbartha Chontae Lú 2015-2021, tá cead pleanála tugtha ag an gComhairle le haghaidh roinnt feirmeacha gréine sa Chontae. Cuimsítear ina measc seo *Solar PV Energy Developments* ag Dún Léire, An Corrbhaile agus Eastát Theach Bhéilinn, Droichead Átha.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an raon teicneolaíochtaí nua agus forbarthacha a d'fhéadfadh cabhrú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a íoslaghdú, a sholáthraíonn soláthar fuinnimh slán agus cobhsaí agus a chinntíonn go bhfuil céatadán níos mó dár bhfuinneamh ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite.

Go háirithe, tá an Chomhairle airdeallach ar an mbealach suntasach a d'fhéadfadh gaothfhuinneamh feidhmiú mar réiteach inbhuanaithe glan le haghaidh riachtanas fuinnimh agus ar an ról lárnach atá aige i spriocanna náisiúnta maidir le laghduithe breoslaí iontaise a chomhlíonadh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, tacóidh agus éascóidh an Chomhairle forbairt grianfhuinnimh, tacófar le dearadh éighníomhach grianfhuinnimh, PV gréine agus griantéamh uisce i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá á n-iarfheistiú.

Tacaíonn na cuspóirí beartais atá sonraithe sa Phlean seo le príomhfhoinsí fuinnimh in-athnuaite cosúil le gaoth, grian agus bithfhuinneamh, faoi réir breithniúchán timpeallachta.

**Tábla 12.1 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Leictreachas**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 50–55% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**Soláthrófar céimniú amach luath agus iomlán giniúint leictreachais guail agus móna.**<br><br>**Méadófar an leictreachas arna ghiniúint ó acmhainní in-athnuaite go dtí 70%, a gcuimseofar ann, go táscach:**<br>• **ar a laghad 3.5 GW d'fhuinneamh in-athnuaite eischósta**<br>• **suas le 1.5 GW de ghrianfhuinneamh ar scála eangaí**<br>• **suas le 8.2 GW ar fad den acmhainn gaoithe ar talamh.** | **IU 56** | Tacú le forbairt gaothfhuinnimh, de réir bheartas agus threoir an Rialtais agus 'Treoirlínte um Fhorbairt Gaothfhuinnimh' (2006) nó aon leasuithe a d'fhéadfaí a eisiúint thar shaolré an Phlean. |
| | **IU 610** | Tacú le forbairtí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta faoi réir gnáthbhreithniúchán pleanála, lena n-áirítear go háirithe an tionchar a bheidh ag a leithéid ar cheantair lena mbaineann íogaireacht timpeallachta nó tírdhreacha. |
| | **IU 64** | Tacú le forbairt bonneagar grianfhuinnimh sa Chontae lena n-áirítear "Feirmeacha Grianfhuinnimh" ar scála tráchtála, PV gréine, suite ar an talamh, faoi réir cosaintí timpeallachta agus cosaint gnéithe nádúrtha agus gnéithe den oidhreacht thógtha, bithéagsúlacht agus radhairc. |
| | **IU 49** | Tacú le tionscnaimh idirnáisiúnta, náisiúnta agus Contae a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a shrianadh agus a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus forbairt acmhainní fuinnimh in-athnuaite ag suíomhanna oiriúnacha, trí úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha an Chontae, ar bhealach atá inghlactha ó thaobh na timpeallachta de faoi réir gnáthbhreithniúchán ceart pleanála lena n-áirítear go háirithe an tionchar ar cheantair lena mbaineann íogaireacht timpeallachta nó tírdhreacha. |
| | **IU 50** | Comhoibriú leis na húdaráis chuí ó thuaidh agus ó dheas den teorainn ar mhaithe le fuinneamh in-athnuaite a sholáthar ar fud an oileáin. |
| | **IU 51** | Tacú le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo leibhéal an tomhaltais fuinnimh sa Chontae a laghdú. |
| | **IU 52** | Straitéis Fuinneamh In-athnuaite a chur i dtoll a chéile laistigh de bhliain amháin ó ghlacadh leis na Treoirlínte Gaothfhuinnimh Athbhreithnithe. Tabharfar aird sa straitéis seo ar 'Modheolaíocht le haghaidh Straitéisí Fuinnimh In-athnuaite Údaráis Áitiúil', (SEAI) agus comhlíonfar ceanglais Threoir SEA & na Treorach maidir le Gnáthóga. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 50–55% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**Soláthrófar céimniú amach luath agus iomlán giniúint leictreachais guail agus móna.**<br><br>**Méadófar an leictreachas arna ghiniúint ó acmhainní in-athnuaite go dtí 70%, a gcuimseofar ann, go táscach:**<br>• **ar a laghad 3.5 GW d'fhuinneamh in-athnuaite eischósta**<br>• **suas le 1.5 GW de ghrianfhuinneamh ar scála eangaí**<br>• **suas le 8.2 GW ar fad den acmhainn gaoithe méadaithe ar talamh.** | **IU 53** | Tacú le sainaithint, i gcomhar le EMRA, Criosanna Straitéiseacha Fuinnimh, ceantair atá oiriúnach le haghaidh tionscadal mór giniúna fuinnimh laistigh de Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre. |
| | **IU 55** | Tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Glas an AE, Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 (nó aon phlean ina dhiaidh sin), Clár an Rialtais 2020, Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide le haghaidh Chontae Lú agus an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide agus bearta a éascú a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. |
| | **IU 69** | Tacú le forbairt táirgeadh bithgháis agus teicneolaíochtaí líonraithe ag suíomhanna oiriúnacha agus faoi réir na ngnáthbhreithniúchán pleanála agus timpeallachta. |
| | **IU 70** | Tacú le suiteáil Téimh Ceantair agus é a spreagadh más praiticiúil ar fud an Chontae, agus taitneamhacht chónaithe a chosaint ag an am céanna. |
| | **HOU 30** | Dearadh agus leagan amach foirgnimh a spreagadh a bhaineann lántairbhe as solas an lae agus as aeráid nádúrtha agus a chuimsíonn bearta éifeachtúlachta agus caomhnaithe fuinnimh a bheidh mar bhonn le feidhmíocht timpeallachta foirgneamh a fheabhsú ar aon dul le dea-chleachtas. |
| | **IU 73** | Tacú le forbairt inbhuanaithe tionscadal hidrileictreach ar aibhneacha agus lochanna sa chás nach bhfuil aon tionchar éiceolaíoch acu ar aon láithreáin ag a bhfuil ainmniúchán AE nó náisiúnta agus/nó tionchar díobhálach ar speicis fionnuisce agus pasáiste gan bhac iasc. |
| | **IU 74** | Tacú le forbairt tonnfhuinnimh agus fuinneamh taoidmhear in uiscí oiriúnacha amach ó chósta Chontae Lú faoi réir chosaint gnáthóg mhuirí thábhachtach agus breithniúchán inghlactha amhairc agus timpeallachta. |
| | **IU 75** | Tacú le forbairt suiteálacha beaga giniúna leictreachais agus teicneolaíochtaí glasa agus iad a éascú, suiteálacha nach mbíonn tionchar diúltach acu ar chaighdeán na timpeallachta, tírdhreach, fiadhúlra agus gnáthóga agus taitneamhachtaí cónaithe. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| | **IU 78** | Tacú le treisiú agus forbairt soláthairtí feabhsaithe leictreachais agus gáis agus iad a éascú, agus líonraí gaolmhara, chun freastal ar riachtanais reatha agus thodhchaíocha an Chontae agus an Réigiúin. Áireofar anseo comhtháthú cheanglais an líonra tarchurtha a éascaíonn tograí fuinnimh in-athnuaite a nascadh leis an eangach tarchurtha leictreachais agus gáis, ar bhealach inbhuanaithe agus tráthúil, faoi réir measúnú timpeallachta oiriúnach agus an phróisis pleanála. |

**Tábla 12.2 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Timpeallacht Thógtha**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 40–45% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**An úsáid atá á baint as breoslaí iontaise a laghdú go suntasach, i bhfianaise an méid úsáide atá á baint as gás, ola, gual agus móin san earnáil.**<br><br>**Líon na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe a mhéadú go dtí 1,500.**<br><br>**Rolladh amach na Scéime** | **IU 54** | Tacú le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe agus le Grúpthionscnaimh Pobail Áitiúla deiseanna le haghaidh fuinneamh glas a fhorbairt laistigh den Chontae. |
| | **IU 84** | Tacú le cur chun feidhme thionscnaimh Náisiúnta agus Chontae chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a áireamh i ndearadh foirgneamh nua agus foirgnimh reatha a iarfheistiú. |
| | **IU 85** | A chinntiú go n-éiríonn le gach foirgneamh nua sa Chontae caighdeán an Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) a chomhlíonadh de réir na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) ag féachaint do na Treoirlínte le haghaidh Dearadh Inbhuanaithe agus Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh. |
| | **IU 87** | Dearadh foirgneamh nua nuálach agus iarfheistiú foirgneamh reatha a chur chun cinn más féidir, agus dearadh agus tógáil foirgneamh atá inoiriúnaithe go feidhmiúil a spreagadh, éifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh, caomhnú fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú, de réir an bheartais agus na treorach náisiúnta. |
| | **CS 2** | Dlúthfhás a chinntiú i soláthar ar a laghad 30% de gach teach nua i gceantair uirbeacha laistigh den lorg tógtha reatha lonnaíochtaí, trí láithreáin inlíonta, athfhorbraíochta agus athnuachana a fhorbairt agus tús áite a thabhairt d'athfhorbairt talamh tearcúsáidte seachas d'fhorbairt láithreán úrnua. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite (SSRH) a chur i gcrích, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh córais téimh bithmhaise agus díleá anaeróbach.**<br><br>**Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 40–45% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**An úsáid atá á baint as breoslaí iontaise a laghdú go suntasach, i bhfianaise an méid úsáide atá á baint as gás, ola, gual agus móin san earnáil.**<br><br>**Líon na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe a mhéadú go dtí 1,500.** | **CS 5** | Tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Glas an AE, Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019, Clár an Rialtais 2020, Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Lú 2019-2024 agus an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud an Phlean agus breithniú a dhéanamh, más cuí, ar leagan malartach den phlean forbartha chun comhsheasmhacht a chinntiú leis an gcur chuige maidir le hathrú aeráide atá molta in aon Treoirlínte athbhreithnithe a bhaineann leis an bPlean Forbartha a bhfuil glactha leo. |
| | **CS 20** | Éileamh tithíochta tuaithe a chur i dtreo sráidbhailte tuaithe agus nóid tuaithe ar an gcéad dul síos agus a chinntiú nach gceadaítear tithíocht aonuaire faoin tuath ach amháin sa chás go bhfuiltear in ann a léiriú go bhfuil na critéir le haghaidh tithíocht tuaithe á gcomhlíonadh mar atá sonraithe sa Phlean Forbartha. |
| | **SS 5 & SS 22** | Tacú le hairde mhéadaithe foirgnimh ag suíomhanna oiriúnacha i nDroichead Átha agus Dún Dealgan, faoi réir dearaidh agus scála aon fhoirgnimh, a chuireann ar bhealach dearfach lena thimpeallacht agus sráid-dreach mórthimpeall. |
| | **HOU 10** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le pobail inbhuanaithe a chruthú ar fud an Chontae do dhaoine ag gach céim dá saol trí chruthú comharsanachtaí mealltacha a éascú áit a bhfuil naisc láidre le seirbhísí áitiúla, áiseanna pobail agus limistéir fostaíochta agus áit a dtugtar tús áite do shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí. |
| | **HOU 15** | Tacú le forbairt a éascaíonn dlúthfhás oiriúnach agus comhdhlúthú ceantar uirbeach, a bheidh oiriúnach don chomhthéacs áitiúil agus a bheidh mar bhonn leis an timpeallacht áitiúil ina bhfuil sé lonnaithe a fheabhsú. |
| | **HOU 16** | Tacú le hairde foirgnimh méadaithe i suíomhanna oiriúnacha in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. |
| | **HOU 36** | Tithíocht uirbeach i gceantair thuaithe a dhíspreagadh agus tograí tithíochta den chineál sin a dhíriú ar na bailte agus ar na sráidbhailte i Leibhéil Lonnaíochta 1-4 sa Chontae mar atá sonraithe san Ordlathas Lonnaíochta i dTábla 2.4. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Rolladh amach na Scéime Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite (SSRH) a chur i gcrích, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh córais téimh bithmhaise agus díleá anaeróbach.** | **TOU 21** | Iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil aird á tabhairt ar bhainistíocht timpeallachta dea-chleachtais agus díonadh aeráide forbairtí agus gníomhaíochtaí turasóireachta lena n-áirítear an geilleagar ciorclach, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola, soláthar agus athchúrsáil. |
| | **IU 59** | Forbairt ghaothfhuinnimh ar scála beag chun críche uath-thomhaltais a bhreithniú go fabhrach, a thagann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena n-áirítear taitneamhacht chónaithe, impleachtaí oidhreachta, timpeallachta agus tírdhreacha. |
| | **IU 65** | Forbairt bonneagar grianfhuinnimh a spreagadh agus tacú leis le haghaidh úsáid fuinnimh ar an láthair, lena n-áirítear teicneolaíochtaí PV gréine, teirmeacha grianteasa agus stórála séasúracha. |
| | **IU 66** | Úsáid caidéal uisce chun foirgnimh bhaile, tráchtála agus caitheamh aimsire a théamh agus uisce a spreagadh agus tacú leis faoi réir gnáthbhreithniúchán pleanála agus timpeallachta. |
| | **IU 67** | Tacú le forbairt tionscadal a thiontaíonn bithmhais go fuinneamh faoi réir breithniúchán cuí pleanála agus timpeallachta agus forbairt den chineál seo a chur chun cinn. |
| | **IU 91** | Úsáid gnéithe dearaidh láithreánaithe agus tírdhreacha a spreagadh agus tacú leo chun riachtanais fuinnimh a íoslaghdú. |

**Tábla 12.3 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Iompar**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 45–50% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**Líon na bhFeithiclí Leictreacha a mhéadú go dtí 936,000.**<br><br>**An líonra luchtaithe Feithiclí Leictreacha a fhorbairt chun tacú le fás Feithiclí Leictreacha ag an ráta riachtanach, agus ár mbonneagar mearluchtaithe a fhorbairt ionas go mbeimid chun tosaigh ar an leibhéal éilimh.** | **MOV 10** | Tacú leis an aistriú chuig Feithiclí Leictreacha agus é a éascú trí rolladh amach pointí luchtaithe leictreacha breise ag suíomhanna oiriúnacha laistigh den Chontae i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha. |
| | **MOV 11** | Soláthar bonneagar luchtaithe leictreachais le haghaidh feithiclí leictreachais a éascú ar an tsráid agus i bhforbairtí nua de réir na gcaighdeán maidir le páirceáil carranna atá sonraithe sna Treoirlínte Bainistíochta Forbartha i gCaibidil 13. |
| | **NBG 51** | Comhtháthú beart maolaithe athraithe aeráide a cheangal in aon phleananna spásúla a bheidh ann amach anseo agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide i bhforbairtí beartaithe. |
| | **MOV 1** | Oibriú le gníomhaireachtaí iompair náisiúnta chun tacú le gréasán iompair atá ar ardchaighdeán, seasmhach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe sa Chontae. |
| | **MOV 2** | Tacú le cur chun feidhme 'Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide' 2019, agus aon phleananna ina dhiaidh sin, agus go háirithe na bearta atá san áireamh a chabhróidh le sprioc astaíochtaí CO2 a laghdú faoin mbliain 2030 san earnáil iompair mar atá sonraithe i Rannóg 10.2 den 'Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide'. |
| | **MOV 23** | Tacú le comhtháthú talamhúsáide le bonneagar iompair inbhuanaithe de réir cheanglais CBR 8.1 in RSES trí thacú le mais chriticiúil daonra a chruthú agus forbairt fostaíochta a bhainfeadh lántairbhe as infheistíocht i mbonneagar iompair phoiblí agus a chruthódh lonnaíochtaí dlútha, inbhuanaithe. |
| | **MOV 4** | Tacú le forbairt inbhuanaithe níos dlúithe feadh conairí iompair phoiblí. |
| | **MOV 9** | Tacú le hinfheistíocht i mbonneagar iompair inbhuanaithe a chiallóidh go mbeidh siúl, rothaíocht nó iompar poiblí níos mealltaí agus níos tarraingí, agus go mbeidh inrochtaineacht do chách, beag beann ar aois, soghluaisteacht fhisiciúil nó míbhuntáiste sóisialta. |
| | **MOV 14** | Aistriú córa iompair ó úsáid a bheith á baint as an gcarr príobháideach go dtí modhanna iompair níos inbhuanaithe lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a spreagadh. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí CO2 ón earnáil a laghdú 45–50% i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 Réamh-PFN.**<br><br>**Líon na bhFeithiclí Leictreacha a mhéadú go dtí 936,000.**<br><br>**An líonra luchtaithe Feithiclí Leictreacha a fhorbairt chun tacú le fás Feithiclí Leictreacha ag an ráta riachtanach, agus ár mbonneagar mearluchtaithe a fhorbairt ionas go mbeimid chun tosaigh ar an leibhéal éilimh.** | **SS 13** | Tacú le hinfheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí agus inbhuanaithe i nDroichead Átha lena n-áirítear forbairt Chlár Forleathnaithe DART a áirítear ann leictriú na líne iarnróid agus síneadh a chur le seirbhísí DART ionas go mbeidh siad ag freastal ar Dhroichead Átha. |
| | **SS 17** | Oibriú le NTA, úinéirí talún áitiúla agus forbróirí chun gréasán comhtháite do choisithe agus do rothaithe a chur chun feidhme ar fud Dhroichead Átha, ag cur san áireamh nach mór tús áite a thabhairt do rothaíocht agus do shiúl seachas modhanna iompair eile. |
| | **SS 18** | Gréasán de limistéir ghlasa a fhorbairt ar fud an bhaile lena n-áirítear glasbhealach a fhorbairt feadh bhruacha thuaidh agus theas na Bóinne ag síneadh ó Halla an Toinlígh chomh fada le Baile Trá agus An Seandroichead go dtí Baile Uí Mhornáin i gCo. na Mí, agus a chinntiú nach bhfuil damáiste á déanamh do shláine láithreáin Natura 2000 na Bóinne. |
| | **SS 21 & SS 4** | Tacú le forbairt inbhuanaithe dlúth, go háirithe i limistéir atá suite go lárnach agus feadh conairí iompair phoiblí agus dlús íosta de 50 aonad/ha a cheangal sna suíomhanna seo. |
| | **SS 31** | Oibriú le NTA, úinéirí talún agus forbróirí áitiúla chun gréasán comhtháite cosán do choisithe agus do rothaithe a chur ar fáil ar fud Dhún Dealgan. |
| | **SS 32** | Gréasán de limistéir ghlasa a fhorbairt ar fud an bhaile, ag cur leis an mbonneagar glas reatha agus le soláthar Ghlasbhealach an Oirthir feadh an chósta lena n-áirítear bonneagar glasbhealaigh agus coisithe a chur ar fáil ar an dá thaobh d'Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan, agus ag an am céanna sláinte láithreáin Natura 2000 Chuan Dhún Dealgan a chothabháil. |
| | **HOU 22** | A cheangal go dtugann forbairtí cónaithe tús áite do agus go n-éascaíonn siad siúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus go ndéanann siad socruithe le haghaidh nasc le saoráidí reatha agus le nóid iompair phoiblí sa chomharsanacht ghinearálta. |
| | **MOV 16** | Tacú le Clár Forleathnaithe DART lena n-áirítear bonneagar nua agus leictriú línte reatha feadh líne iarnróid an tuaiscirt chomh fada le Droichead Átha. |
| | **MOV 28** | Siúl agus rothaíocht a spreagadh mar mhodh iompair atá sábháilte, áisiúil, sláintiúil, éifeachtúil agus neamhdhíobhálach don timpeallacht le haghaidh gach aoisghrúpa. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóir Beartais | |
|---|---|---|
| | **MOV 30** | Bealaí saor ó thrácht a sholáthar, más féidir, do choisithe agus do rothaithe, go háirithe sa chás go mbeadh bealaí den chineál sin mar bhonn le rogha níos dírí, níos sábháilte agus níos mealltaí seachas an carr a sholáthar. |
| | **NBG 46** | Páirceanna líneacha a fhorbairt, go háirithe feadh uiscebhealaí, agus nasc a chruthú le páirceanna agus spásanna oscailte reatha chun slabhraí glasa a sholáthar a thacaíonn le tréscaoilteacht le haghaidh coisithe agus rothaithe in Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. |

**Tábla 12.4 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Talmhaíocht, Foraoiseacht & Talamhúsáid**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **Laghdú carnach de 16.5-18.5 MtCO2eq. a sholáthar.**<br><br>**Laghdú de 26.8 MtCO2eq. a sholáthar trí ghníomhartha LULUCF sa tréimhse idir 2021 agus 2030, ina gcuimsítear:**<br>• **8,000 ha sa bhliain ar an meán d'fhoraois nuaphlandaithe, agus** | **ENV 40** | De réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 (nó aon phlean a thagann ina dhiaidh), tacóidh Comhairle Contae Lú le forbairt inbhuanaithe foraoiseachta ag scála cuí laistigh den Chontae chun déileáil go díreach le gníomhú ar son na haeráide trí cheapadh carbóin agus go hindíreach trí dhíláithriú breosla iontaise. |
| | **ENV 33** | Forbairt foraoiseachta agus forbairt ghaolmhar a spreagadh mar bhealach chun éagsúlú a chinntiú ó ghníomhaíocht thraidisiúnta talmhaíochta atá ag tabhairt tús áite do speicis dhúchasacha. |
| | **ENV 31** | Tacú le beartas náisiúnta a bhaineann le foraoiseacht chun earnáil foraoiseachta atá iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta agus inbhuanaithe a sholáthraíonn raon iomlán buntáistí geilleagracha, timpeallachta agus sóisialta don tsochaí, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála. |
| | **ENV 38** | Sraitheanna suntasacha crann/fálta/coillearnach reatha a choimeád, agus iarracht a dhéanamh níos mó crann dúchasach a chur, más cuí, i bhforbairtí nua. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **bainistíocht inbhuanaithe foraoise na bhforaoisí reatha (laghdú carnach de 21 MtCO2eq.) ar a laghad 40,000 ha sa bhliain de dhlús bainistíochta laghdaithe féarach ar ithreacha orgánacha draenáilte (laghdú carnach de 4.4 MtCO2eq.)**<br>• **bainistíocht níos fearr féarach, talamh curaíochta agus bogach neamhthalmhaíochta (laghdú carnach de 1.4 MtCO2eq.)**<br><br>**Laghdú carnach de 16.5-18.5 MtCO2eq. a sholáthar.**<br><br>**Laghdú de 26.8 MtCO2eq. a sholáthar trí ghníomhartha LULUCF sa tréimhse idir 2021 agus 2030, ina** | **ENV 312** | Forbairt earnáil foraoiseachta dea-bhainistithe a spreagadh, atá comhoiriúnach le cosaint na timpeallachta lena n-áirítear éifeachtaí suntasacha dóchúla ar láithreáin Eorpacha (SACanna agus SPAnna) agus atá plandaithe, bainistithe agus saothraithe de réir Threoirlínte na Seirbhíse Foraoiseachta maidir leis an Tírdhreach, Saothrú Foraoiseachta agus Caighdeán Timpeallachta, Seandálaíochta, Bithéagsúlachta agus Uisce. |
| | **EE 61** | Éagsúlú na hearnála talmhaíochta a éascú trí thacú le fiontair mhalartacha feirmeoireachta faoi réir nádúr agus úsáid aon fhiontair a bheith comhoiriúnach leis an timpeallacht ina bhfuil sé lonnaithe. |
| | **HOU 38** | Tailte talmhaíochta, spás oscailte nó úsáid caitheamh aimsire atá mórthimpeall ar nó gar do theorainn forbartha bailte agus sráidbhailte sa Chontae a choimeád mar chriosanna dícharbónaithe ar mhaithe le sraoilleáil a chosc agus patrún líneach forbartha, agus a chinntiú go bhfuil deighilt idir limistéir fhoirgnithe agus ceantar tuaithe. |
| | **SC 15** | Pleanáil le haghaidh limistéar spás oscailte agus conairí glasbhealaigh a éascú agus a spreagadh ar bhonn ilfheidhmiúil ina gcuimsítear bearta a bhfuil sé mar aidhm leo éiceachórais a chur chun cinn agus a chosaint, bearta athraithe aeráide agus príomhghnéithe tírdhreacha a chur san áireamh lena n-áirítear breithniúcháin sheandálaíocha ina ndearadh. |
| | **NBG 19** | A chinntiú go bhfuil leibhéal oiriúnach de mheasúnú éiceolaíoch á chur i gcrích le haghaidh tograí a bhfuil draenáil, inlíonadh nó míntíriú gnáthóg bogaigh i gceist leo. |
| | **NBG 20** | Láithreáin bhogaigh a bhfuil rátáil tábhachta A (Idirnáisiúnta), B (Náisiúnta), C+ (Contae), C agus D luaite leo i Suirbhéanna Bogaigh Lú, agus aon leaganacha eile díobh ina dhiaidh sin, a chosaint agus a fheabhsú. |
| | **NBG 21** | Tacú le cur chun feidhme moltaí atá san áireamh i Suirbhé Bogaigh Lú agus aon leaganacha eile díobh ina dhiaidh sin. |
| | **NBG 33** | Measúnú a dhéanamh ar impleachtaí forbairt bheartaithe ar chrainn agus ar fhálta sceach suntasacha atá suite ar thailte atá á mbreithniú le haghaidh forbartha, agus iarracht a dhéanamh iad a áireamh i dtograí dearaidh más cuí agus de réir na nósanna imeachta atá mionsonraithe in Aguisín 6. |

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **gcuimsítear:**<br>• **8,000 ha sa bhliain ar an meán d'fhoraois nuaphlandaithe, agus bainistíocht inbhuanaithe foraoise na bhforaoisí reatha (laghdú carnach de 21 MtCO2eq.) ar a laghad 40,000 ha sa bhliain de dhlús bainistíochta laghdaithe féarach ar ithreacha orgánacha draenáilte (laghdú carnach de 4.4 MtCO2eq.)**<br>• **bainistíocht níos fearr féarach, talamh curaíochta agus bogach neamhthalmhaíochta (laghdú carnach de 1.4 MtCO2eq.)** | **NBG 34** | An brat crann dúchasach sa Chontae a mhéadú ionas go mbeidh sé ag feidhmiú mar linnte carbóin freisin trí thacú le cur crann dúchasach agus fálta sceach oiriúnacha feadh bóithre poiblí, sráideanna cónaithe, páirceanna agus limistéir eile de spás oscailte. |
| | **NBG 35** | Tionscnamh a spreagadh atá ag tacú le scéimeanna plandaithe crann agus coillearnach dúchasach príobháideacha agus poiblí ar fud an Chontae, trí úsáid a bhaint as scéimeanna maoinithe atá ar fáil. |
| | **NBG 51** | Comhtháthú beart maolaithe athraithe aeráide a cheangal in aon phleananna spásúla a bheidh ann amach anseo agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide i bhforbairtí beartaithe. |
| | **IU 31** | Cur le feabhsú agus/nó athchóiriú feidhmeanna bainistíochta riosca i gcás tuilte nádúrtha tuilemhánna faoi réir comhlíontacht le reachtaíocht timpeallachta agus infhaighteacht acmhainní. |
| | **IU 32** | A chinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht bainistíochta riosca i gcás tuilte á scrúdú chun cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhartha a theastaíonn chun oiriúnú éifeachtach don athrú aeráide a leabú agus soláthar a dhéanamh lena n-aghaidh mar atá sonraithe i bPlean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte OPW a bheidh infheidhme ag an am. |

**Tábla 12.5 – Spriocanna an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomparáid le Cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027 – Fiontraíocht**

| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019: Spriocanna | Plean Forbartha Chontae Lú Cuspóirí Beartais | |
|---|---|---|
| **Astaíochtaí thionscal ETS na hÉireann a laghdú idir 10-15% faoi 2030, i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030.**<br><br>**Ní mór go gcuirfeadh an earnáil fiontraíochta le spriocanna níos uaillmhianaí le haghaidh foirgneamh (20-25%) agus iompair (45-50%).** | **EE 23** | Tacú le soláthar áiseanna oibre comhionaid agus mol digiteach a thacaíonn le socruithe oibre solúbtha do ghnóthaí atá bunaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus d'fhiontair nuathionscanta. |
| | **IU 38** | Tacú le rolladh amach bonneagar leathanbhanda agus teileachumarsáide ar ardchaighdeán ar fud an Chontae agus leathnú an bhonneagair a éascú i gceantair thuaithe iargúlta, ar mhaithe le fás geilleagrach, iomaíochas agus cuimsiú sóisialta. |
| | **IU 37** | Tacú le soláthar agus cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. |
| | **IU 84** | Tacú le cur chun feidhme thionscnaimh Náisiúnta agus Chontae chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a áireamh i ndearadh foirgneamh nua agus foirgnimh reatha a iarfheistiú. |
| | **IU 85** | A chinntiú go n-éiríonn le gach foirgneamh nua sa Chontae caighdeán an Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) a chomhlíonadh de réir na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) ag féachaint do na Treoirlínte le haghaidh Dearadh Inbhuanaithe agus Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh. |
| | **EE 63** | A chinntiú go soláthraíonn gach iarratas ar fhorbairt thionsclaíoch agus fiontraíochta ríomh maidir le lorg carbóin agus go léirítear conas a dhéanfaidh foirgnimh agus próisis/gníomhaíochtaí nua na spriocanna atá sonraithe i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 nó aon leasuithe ar spriocanna i gcrích. |

# Caibidil 13

## Treoirlínte Bainistíochta Forbartha

"D'fhonn caighdeáin arda sa dearadh a bhaint amach agus pobail inbhuanaithe shláintiúla a thógaint inar féidir le daoine tairbhe a bhaint as caighdeán ard saoil."

# 13 –Treoirlínte Bainistíochta Forbartha

## 13.1 RÉAMHRÁ

Leagann an Caibidil seo amach na caighdeáin agus treoirlínte a chuirfear i bhfeidhm i measúnú de thograí forbartha. Soláthraítear na catagóirí croisaithe maidir le húsáid talún chomh maith leis na cuspóirí a bhaineann leo agus treoir.

Measúnaítear na hiarratais de réir na gcuspóirí beartais sna caibidlí roimhe seo, na Ráitis Lonnaíochta in Imleabhar 2 agus na gcaighdeán cáilíochtúil agus cainníochtúil a leagtar amach sa Chaibidil seo. Cuimsíonn caighdeáin cháilíochtúla leithéidí dearadh, leagan amach, tréscaoilteacht agus an fhoirm thógtha, fad is a chuimsíonn na caighdeáin cháilíochtúla dlús, cóimheas plota agus caighdeán tráchta.

Is é an bunsprioc ná dearadh ar ardchaighdeán a bhaint amach agus pobail inbhuanaithe shláintiúla a thógaint inar féidir le daoine tairbhe a bhaint as caighdeán saoil ard. Chomh maith leis na caighdeáin seo, tá treoir níos mionsonraithe foilsithe ag Rannóga an rialtais agus gníomhaireachtaí lena n-áirítear:

- an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- an Roinn Oideachais;
- An Roinn Iompair;
- an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil;
- an tÚdarás Náisiúnta Iompair; agus
- Bonneagar Iompair Éireann.

Measfar aon treoir foilsithe ag Rannóga agus gníomhaireachtaí in éineacht leis na caighdeáin agus an treoir sa chaibidil seo.

## 13.2 Réamhphleanáil

Leagtar amach in *Alt 247 den an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* na nósanna imeachta foirmiúla maidir le réamhphleanáil. Molann an tÚdarás Pleanála d'iarrthóirí bheith rannpháirteach sa phlé maidir le pleanáil agus déanfaidh sé a dhícheall an plé seo a éascú de réir mar is gá.

## 13.3 MEASÚNAITHE COMHSHAOIL (MC)

### 13.3.1 Measúnú Oiriúnach (MO)

Sna *Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga* leagtar amach na nósanna imeachta agus dualgais i dtaca le bainistiú chaomhnú an dúlra i Láithreáin Eorpacha agus na gnáthóga agus na speicis atá iontu. Mar chuid de seo tá riachtanas na himpleachtaí a d'fhéadfaí a bheith le haon chaomhnú an dúlra d'aon phlean nó tionscadal ar láithreán sa líonra Natura 2000.

Tugtar Measúnú Oiriúnach ar an bpróiseas ina ndéantar measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag plean nó tionscadal, in éineacht le pleananna agus le tionscadail eile, ar líonra Natura 2000. Leagtar amach an dualgas maidir le Measúnú Oiriúnach a dhéanamh in *Airteagal 6(3) and 6(4) de na Treoracha maidir le Gnáthóga.*

Tá tuilleadh sonraí maidir le Measúnú Oiriúnach ar fáil in san 'Measúnú Oiriúnach de Phleananna agus de Thionscadail in Éirinn: Treoir d'Údaráis Phleanála'.

### 13.3.2 Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT)

Is ó na Treoracha Eorpacha a thagann an ceanglas maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT). Próiseas is ea é in scrúdaítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal atá beartaithe ar an timpeallacht ghlactha. In *Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Treoir MTT* leagtar amach liosta de na tionscadail a bhfuil MTT riachtanach dóibh. Tá tionscadail Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 aistrithe go Cuid *5 (Cuid 1 agus 2) de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 (arna léasú).*

Maidir leis na tionscadail liostaithe i gCuid 1 de na *Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú)* tá gá le MTT má bhaintear an tairseach luaite amach nó má sáraítear é nó muna bhfuil aon tairseacha socraithe.

Liostaítear forbairtí fo-thairseacha i gCuid 2 a bhfuil scagadh MTT riachtanach dóibh.

Caithfidh forbróir Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT) a ullmhú d'fhorbairtí a bhfuil MTT riachtanach dóibh. Caithfidh an tuarascáil seo bheith scrúdaithe, breithnithe, agus measúnaithe ag an údarás inniúil.

Tá treoir bhreise maidir le MTT leagtha amach i 'dTreoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a chur i gcrích'. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) 'Treoirlínte ar Fhaisnéis le bheith i dTuarascálacha Measúnachta Tionchair Timpeallachta' sa bhliain 2017. Agus é seo á scríobh, tá na Treoirlínte seo fós sa dréachtscéim.

### 13.3.3 Measúnú Riosca i gcás Tuilte

In áit a bhféadfadh baol tuilte a chur isteach ar fhorbairt, is gnách go mbeidh gá le Measúnú Riosca i gcás Tuilte a dhéanamh atá in oiriúint do scála agus do nádúr na forbartha agus do na rioscaí a eascraíonn as.

Ba cheart don Mheasúnú mionsonraithe suíomhoiriúnaithe Riosca i gCás Tuilte na rioscaí agus éifeachtaí d'aon mhaolú riachtanach a thomhais, mar aon leis na bearta a bhfuil gá leo nó a mholtar chun rioscaí iarmharacha a bhainistiú.

## 13.4 TÉAMAÍ UILEGHABHÁLACHA

Tá prionsabail an dearaidh inbhuanaithe agus cruthú pobail shláintiúla, tharraingteacha agus inbhuanaithe mar théama uileghabhálach sa Phlean seo. Beidh na prionsabail seo mar chuid lárnach de mheasúnú iarratas pleanála. Ba cheart d'fhorbróirí, úinéirí tí agus dearthóirí na prionsabail seo a mheas i ndearadh foirgneamh nua nó síntí le foirgnimh, sráideanna agus pobail atá ann cheana. Áirítear leis seo glacadh le prionsabail an Dearaidh Uilíoch d'fhonn a chinntiú go bhfuil tithe agus foirgnimh inoiriúnaithe do dhaoine de réir mar a théann siad in aois, foirgnimh á ndéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos seasmhaí i gcoinne an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide orthu agus foráil a dhéanamh do chomhtháthú forbairtí nua le ceantair seanbhunaithe d'fhonn nascacht agus tréscaoilteacht a fheabhsú. Cuirfear tograí le haghaidh Córais Dhraenála Uirbeacha Inbhuanaithe (CDuI) san áireamh freisin i ndearadh spásanna poiblí, nuair is iomchuí.

## 13.5 MÁISTIRPHLEANANNA

Is é an cuspóir le máistirphlean ná fís agus treoir choincheapúil a sholáthar d'fhorbairt limistéar mór talún agus / nó suite go straitéiseach thar thréimhse fhada, nuair atá creat comhordaithe ann chun na tailte a phleanáil, a chéimniú agus a thógáil.

Is féidir le máistirphleananna a bheith an-úsáideach go deo i gcúinsí ina bhfuil ilúinéireacht ar thailte, toisc go bhféadfaí teacht ar chur chuige coiteann leo maidir le limistéar forbartha a chomhaontú.

Cinnteoidh dearadh agus tógáil limistéar forbartha de réir Máistirphlean comhaontaithe go seachnófar forbairt ad hoc agus píosa ar phíosa agus go ndéanfar an bonneagar, na seirbhísí agus na háiseanna riachtanacha a chur ar bun ag an am céanna le haon fhorbairt chónaithe, tráchtála nó fostaíochta.

Ullmhóidh úinéirí talún / forbróirí máistirphleananna le hiad a chur faoi bhráid an Údaráis Phleanála chun a chomhaontú a fháil. Beidh gach máistirphlean éagsúil maidir leis an leibhéal mionsonraí atá de dhíth ag brath ar mhéid na dáileachta talún, na gcriosanna úsáide talún agus na riachtanas bonneagair.

Áireofar an t-eolas seo a leanas:

- Limistéar an mháistirphlean i heicteáir agus miondealú ar úsáid talún gach criosaithe úsáide talún de réir ceantair
- Sonraí na n-uinéirí talún i limistéar an Mháistirphlean;
- Leagan amach coincheapúil agus treoir dhearaidh;
- Na dúshláin is tábhachtaí i bhforbairt limistéar an Mháistirphlean;
- Cineálacha agus dearadh foirgneamh (figiúr garbh do líon na n-aonad le haghaidh forbairt chónaithe agus spás urláir tráchtála / airde foirgneamh i bhforbairt úsáide measctha);
- Nascacht agus tréscaoilteacht lena n-áirítear rochtain do choisithe, d'fheithiclí agus do rothair;
- Socruithe seirbhíse lena n-áirítear uisce, fuíolluisce agus uisce dromchla;
- Aon uasghrádú féideartha ar bhonneagar is gá chun forbairt limistéar an Mháistirphlean a éascú
- Aon srianta comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann amhail tuilte, seandálaíocht, nó suíomh an Mháistirphlean laistigh de Láithreán Eorpach nó gar dó.
- Na socruithe céimnithe atá beartaithe d'fhorbairt limistéar an Mháistirphlean lena n-áirítear bonneagar pobail nó fisiciúil atá riachtanach a sholáthar i dteannta le forbairt chónaithe nó tráchtála;
- Tabharfar isteach na tograí i gcomhair Córais Dhraenála Uirbeacha Inbhuanaithe (CDuI) i Limistéar an Mháistirphlean; agus
- Aon eolas eile a mheastar bheith riachtanach.

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála a dhícheall chun obair go dlúth leis na geallsealbhóirí is tábhachtaí lena n-áirítear uinéirí talún, forbróirí agus gníomhaireachtaí bonneagair chun Máistirphleananna a chur chun cinn agus forbairt an limistéir máistirphlean a chinntiú.

Sna lonnaíochtaí níos mó sa Chontae, tá dáileachtaí talún móra de thailte neamhfhorbartha criosaithe le haghaidh úsáid cónaithe agus fostaíochta.

Beidh gá de ghnáth le Máistirphlean a chomhaontú mar gheall ar na bloic talún seo le cinntiú go mbeidh creat ar fáil a leagann amach conas a fhorbrófar an ceantar seo.

Cuimsíonn sé seo pointí rochtana, leagan amach bóithre inmheánacha, soláthar iompair inbhuanaithe, nascacht agus tréscaoilteacht leis na ceantair máguaird, bonneagar seirbhísí uisce, soláthar spáis oscailte agus dearadh agus leagan amach foirgneamh.

Bíonn comhaontú scríofa ó gach úinéir talún i limistéar Máistirphlean de dhíth de ghnáth. Nuair nach féidir é sin a bhaint amach tá seans ann go nglacfaí le hullmhú Máistirphlean in áit ar leith laistigh den dáileacht talún iomlán i limistéar an Mháistirphlean. Ní bhreithneofar é seo ach amháin sa chás go soláthraítear réasúnaíocht shoiléir ag míniú na gcúiseanna nach féidir an Máistirphlean don dáileacht talún iomlán a mheas. Caithfidh an réasúnaíocht seo a chruthú don Chomhairle nach ndéanfadh an cur chuige seo dochar d'fhorbairt an limistéir Máistirphlean i gcoitinne. Seans nach bhféadfaí é seo a dhéanamh sna limistéir Mháistirphlean ina bhfuil a lán cuspóirí criosaithe úsáide talún i gceist agus go gcaithfear raon bonneagair a sholáthar e.g. bonneagar seirbhísí sóisialta, pobail, iompair nó uisce in éineacht le fostaíocht agus / nó forbairt chónaithe.

Caithfidh aon Mháistirphlean a bhaineann go sonrach le suíomh laistigh den dáileacht talún foriomlán i limistéar an Mháistirphlean an gaol a léiriú idir na tailte i gceist agus na tailte níos leithne i limistéar iomlán an Mháistirphlean agus leagfaidh sé amach go soiléir cá mbeidh pointí rochtana (d'fheithiclí, don rothaíocht agus do choisithe), agus soláthar seirbhíse agus fóntais chomh maith le naisc d'fhonn a chinntiú go dtógtar cur chuige comhordaithe agus iomlánaíoch maidir le forbairt na dtailte amach anseo.

D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann nuair a chuirtear treoir nuashonraithe in ionad na treorach faoi Alt 28 a ndéantar tagairt dó i Máistirphleananna nó i gCreatphleananna. Féadfar treoir bhreise faoi Alt 28 a fhoilsiú freisin atá ábhartha do Mháistirphleananna nó do Chreatphleananna ar leith. Nuair a tharlaíonn cás mar seo, úsáidfear an treoir is nuashonraithe chun iarratais phleanála a bhaineann le réimse an Mháistirphlean nó an Chreatphlean a ullmhú agus a mheasúnú.

Rachaidh uinéirí talún agus forbróirí i dteagmháil leis an Údarás Pleanála go luath sa phróiseas dearaidh le fáil amach an bhfuil gá le Máistirphlean. Déantar cur síos ar na limistéir Mháistirphlean níos mó sa chontae i Tábla 13.1.

**Tábla 13.1: Limistéir Mháistirphlean**

| Uimhir Mháistirphlean | Lonnaíocht | Cur síos ginearálta | Staid |
|---|---|---|---|
| **1** | Dún Dealgan | Creatphlean an Mhullaigh Chairlinn–c.450 heicteár de thalamh atá i gceist suite idir an M1 agus imeall thoir Bhóthar Bhaile Átha Cliath c.2km ó dheas ó lár bhaile Dhún Dealgan. Tá thart ar 116 heicteár de na tailte seo tógtha amach. Tá cur i bhfeidhm an Chreatphlean ar siúl i gcónaí agus é seo á scríobh, le raon gnólachtaí agus úsáidí oideachais suite laistigh de Limistéar an Chreatphlean lena n-áirítear i bPáirc an IDA, Páirc Ghnó Xerox, agus campas DkIT. Comhlíonfaidh aon fhorbairt sa todhchaí a bheidh ar siúl laistigh de Limistéar an Chreatphlean riachtanais an Chreatphlean seo nó aon Phlean nuashonraithe. | Comhaontaithe sa bhliain 2008 |
| **2** | Dún Dealgan | Máistirphlean Mount Avenue – tá limistéar c.38 heicteár i gceist anseo de thalamh siar ó thuaidh ó lár bhaile Dhún Dealgan le héadanas ar Ascaill an Mhóta, Bóthar Greyacres agus Bóthar Bhaile an Chaisleáin. Tá na tailte criosaithe le haghaidh úsáidí cónaithe agus spáis oscailte le Suíomh Oidhreachta Seandálaíochta Áitiúil a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis laistigh de limistéar an Mháistirphlean. Is iad príomhphrionsabail aon Mháistirphlean ná cur chuige comhordaithe a bhunú maidir le forbairt na dtailte a chuimseoidh meascán de roghanna tithíochta a thacóidh le pobal inbhuanaithe, páirc líneach a sholáthar, saoráidí oideachais agus comharsanacht áitiúil a sholáthar agus áiseanna pobail. Áireofar sa Mháistirphlean soláthar do bhonneagar bóithre nua / uasghrádaithe a chur ar bun lena n-áirítear bóithre ceangail nua laistigh de limistéar an Mháistirphlean agus léireoidh sé conas a bheidh an bóthar seo ag teacht le hailíniú na mbóithre ceangail lasmuigh de limistéar an Mháistirphlean. | Á ullmhú 2020 |
| **3** | Droichead Átha | Máistirphlean Cheantar Máguaird an Tuaiscirt - aontaíodh an Máistirphlean seo i 2006 agus tá banc talún fairsing ann c.254 heicteár ó thuaidh ó lár an bhaile. Soláthraíonn an Máistirphlean raon leathan úsáidí lena n-áirítear áiseanna cónaithe, spáis oscailte, fostaíochta, comharsanachta agus pobail. Soláthrófar páirc líneach agus áiseanna spóirt agus áineasa freisin.<br>Braitheann forbairt an cheantair Mháistirphlean ar thógáil Bealach Trasnaithe an Tuaiscirt a thugann rochtain ar Chalafoirt agus bonneagar seirbhísí uisce. Go dtí seo tá pócaí beaga de limistéar an Mháistirphlean forbartha. | Comhaontaithe sa bhliain 2006 |

| Uimhir Mháistirphlean | Lonnaíocht | Cur síos ginearálta | Staid |
|---|---|---|---|
| **4** | Baile Átha Fhirdia | Máistirphlean an Oirthuaiscirt – tá tailte cónaitheacha agus fostaíochta i gceist anseo soir ó thuaidh ó lár an bhaile. Léiríonn an Máistirphlean seo sonraí an leagan amach de bhóithre inmheánacha agus rochtana chomh maith le leagan amach coincheapúil de na ceantair cónaitheacha. | Comhaontaithe sa bhliain 2008 |
| **5** | Dún Léire | Tailte soir ó lár an bhaile – Sainaithníodh na tailte seo mar limistéar leathnaithe de lár an bhaile a d'fhéadfadh freastal ar mheascán de ghníomhaíochtaí tráchtála agus forbairt chónaitheach choimhdeach . | Ag feitheamh le ullmhú |
| **6** | Dún Léire | Limistéar fostaíochta Thiar Theas – sainaithníodh na tailte seo le haghaidh úsáidí fostaíochta. | Ag feitheamh le hullmhú |
| **7** | Dún Dealgan | Is síneadh iad na tailte seo de Chreatphlean Mhullaigh Chairlinn agus soláthróidh siad deiseanna d'infheistíocht eacnamaíoch leanúnach agus d'fhorbairt cruthaithe fostaíochta i nDún Dealgan. Beidh forbairt na dtailte seo ag teacht go dlúth le dearadh agus leagan amach na dtailte in aice láimhe ó dheas mar a comhaontaíodh faoi Chreatphlean an Mhullaigh Chairlinn, go háirithe i dtaca le rochtain, tógáil agus seachadadh na seirbhísí, chomh maith le ardleibhéal de nascacht agus tréscaoilteacht a chur i gcrích idir na tailte.<br>Cuimseoidh an Máistirphlean atá beartaithe sonraí faoi dhearadh agus leagan amach aon fhoirgneamh, conas a rachfar i ngleic le haon srianta féideartha comhshaoil nó úsáide talún, conas a chaomhnófar ionaid réadmhaoine agus seirbhísí áitiúla, agus an céimniú atá beartaithe chun na tailte a thógáil amach.<br>Tabharfar aird faoi leith ar an dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon fhorbairt de na tailte ar Reilig Chill Alaidh agus rochtain ar an áit chéanna, le dírdhreachú oiriúnach agus criosanna maolánacha comhtháite in aon leagan amach d'fhonn a dtimpeallacht agus a nadúr ar leith a chosaint. Cíorfaidh an Máistirphlean deiseanna agus féidearacht athchóiriú an tseanchairéil, mar aon le aon húsáidí beartaithe don seanchairéal amach anseo. | Ag feitheamh le hullmhú |

## 13.6 SPOTCHUSPÓIRÍ

Cuimsíonn na léarscáileanna croisaithe úsáide talún spotchuspóirí sna háiteanna seo a leanas sa Chontae.

**Tábla 13.2: Spotchuspóirí**

| Uimhir an SpotChuspóra | Suíomh | Cuspóir |
|---|---|---|
| **1** | Dún Dealgan | Chun carachtar éiceolaíoch agus luach bithéagsúlachta an Limistéir Caomhnaithe Dúlra a chaomhnú. |
| **2** | Dún Dealgan | Chun luach éiceolaíoch agus carachtar na dtailte a chaomhnú agus áiseanna áineasa agus taitneamhachta iomchuí a sholáthar. |
| **3** | Dún Dealgan | A leagadh síos mar choinníoll go gcaithfear Máistirphlean a ullmhú. Féach Máistirphlean 7 i Tábla 13.1 le haghaidh tuilleadh sonraí. |
| **4** | Baile Átha Fhirdia | Chun páirc phoiblí a sholáthar le hachar íosta de 12 acra (4.9 heicteár) mar chuid den fhorbraíocht chónaitheach. |
| **5** | Baile Átha Fhirdia | Chun soláthar a dhéanamh de thithíocht do dhaoine breacaosta, deartha go speisialta le haghaidh solúbthachta agus inoiriúnaitheachta chun freastal ar riachtanais fhisiciúla agus chognaíocha na n-áithritheoirí de réir mar a athraíonn siad le himeacht aimsire. |
| **6** | Dún Dealgan | Chun 40% ar a laghad de spás oscailte poiblí a sholáthar mar chuid d'aon fhorbairt chónaitheach ar na tailte seo. |
| **7** | Droichead Átha | Chun forbairt ilchineálach a sholáthar a chuirfidh borradh nua faoin suíomh tearcúsáidte seo agus a thabharfaidh buntáistí fisiciúla, eacnamaíocha, sóisialta, agus caomhnaithe nach beag.<br>Cuimseoidh aon iarratas pleanála ar na tailte seo tograí chun aon Struchtúir atá faoi chosaint ar an láithreán seo a athúsáid agus a athchóiriú. Ní rachaidh líon iomlán na n-aonad cónaithe ar na tailte seo thar 80.<br>Áireofar in aon iarratas ar fhorbairt chónaitheach tograí i gcomhair na Strúchtúir atá faoi chosaint a athchóiriú, tograí a chuirfear i gcrích go pras in éineacht le haon fhorbairt chónaitheach. |
| **8** | Baile Átha Fhirdia | Máistirphlean a sholáthar d'fhorbairt na dtailte. |
| **9** | Cairlinn | Tacú le haon togra i gcomhair saoráid pobail nó áineasa ar na tailte seo ar an gcoinníoll go mbeidh aon fhorbairt ar ardchaighdeán ó thaobh dearaidh ailtireachta, méide agus leagan amach de a thacóidh le caighdeán comhshaoil an tírdhreacha leochailigh seo a chaomhnú agus a fheabhsú. |
| **10** | Ceann Chlochair | Tacú le hathfhorbairt na dtailte seo le haghaidh forbairt chónaithe i slí chomhordaithe agus chuimsitheach ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin ábhartha agus an treoir leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae. |

| Uimhir an SpotChuspóra | Suíomh | Cuspóir |
|---|---|---|
| **11** | Dún Dealgan | Foráil a dhéanamh do mheascán d'úsáidí gnó ardoird le tacaíocht ó chaiféanna/bialanna, shaoráidí pobail, aonaid oifige, chúraim sláinte, chónaithe, agus ghnó. Ní áireofar siopaí aonair níos mó ná oll-spás urláir de 350m² nó stóráil agus dáileachán. |
| **12** | Dún Dealgan | Áireofar in aon iarratas ar na tailte seo measúnú éiceolaíoch ar na bogaigh atá ann cheana san áit seo. Áireofar sa mheasúnú éiceolaíoch seo bearta chun aon bhogaigh ann cheana féin atá aitheanta leis na bearta seo a chosaint agus a fhorbairt agus aon mholtaí ón measúnú curtha san áireamh i ndearadh agus i bhforbairt na dtailte. |
| **13** | Dún Dealgan | Foráil a dhéanamh d'fhorbairt sráidbhaile lucht scoir. |

## CAIGHDEÁIN BAINISTÍOCHTA FORBARTHA

Leagtar amach sna Codanna seo a leanas na príomhchaighdeáin agus treoir maidir leis na cineálacha éagsúla forbartha seo a leanas:

- Bainistiú láithreacha tógala
- Tithíocht i gCeantair Uirbeacha
- Tithíocht amuigh faoin tuath
- Struchtúir Chónaitheacha Shealadacha
- Áiléir cholúir
- Sóisialta agus Pobail
- Fostaíocht
- Miondíol
- Forbairt Turasóireachta
- Córas iompair
- Timpeallacht
- Fuinneamh agus Teileachumarsáid
- Oidhreacht
- Seirbhísí Uisce

### 13.7 BAINISTIÚ LÁITHREACHA TÓGÁLA

Beidh sé riachtanach d'aon chead pleanála mór d'fhorbairt chónaithe, phobail, fostaíochta nó bhonneagair plean bainistíochta a ullmhú maidir le tógáil na forbartha.

Cinnteoidh sé seo go dtógfar an fhorbairt i slí eagraithe.

Caithfear na sonraí seo a leanas a sholáthar:

- Uaireanta oibríochta;
- Clár tógála/céimnithe;
- Plean bainistíochta tráchta;
- Bearta chun torann agus deannach a mhaolú;
- Sonraí faoi aon soilsiú tógála; agus
- Bainistiú dramhaíola tógála agus scartála, a bheidh de réir ceanglais na dTreoirlinte Sár-chleachtais maidir le hullmhú Pleananna Bainistíochta Dramhaíola do Thionscnaimh Tógála & Scartála (2006).

### 13.8 TÍTHÍOCHT I GCEANTAIR UIRBEACHA

#### 13.8.1 Réamhrá

Sa Chuid seo leagtar amach na caighdeáin a bheidh i bhfeidhm maidir le forbairtí a bhaineann le húsáidí cónaithe lena n-áirítear forbairtí aonair agus il-aonad, forbairtí ilchineálacha, síntí agus síntí curtha le hárasáin teaghlaigh.

Tá codanna faoi leith sa Chaibidil seo a thugann treoir ar chóras iompair (rochtain agus páirceáil san áireamh) (féach Cuid 13.16), seirbhísí uisce (féach Cuid 13.20), agus draenáil inbhuanaithe (féach Cuid 13.20.4).

Ba cheart eolas a chur orthu seo agus iarratas á ullmhú le haghaidh forbartha a bhaineann le húsáidí cónaithe.

Ba cheart breathnú ar na treoirdhoiciméid seo a leanas agus forbairt cónaithe á dearadh:

i) Na Treoirlínte maidir le Tithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inbhuanaithe, DEHLG, (2007);
ii) Na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, DEHLG, (2009);
iii) Lámhleabhar um Dearadh Uirbeach: Treoir Sár-Chleachtais, DEHLG, (2009);
iv) Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh le haghaidh Árasáin Nua, DHPLG, (2018);
v) Forbairt Uirbeach agus Treoirlínte maidir le hAirde Foirgneamh, DHPLG, (2018); agus
vi) An Lámhleabhar um Dhearadh do Bhóithre Uirbeacha agus Sráideanna, DTTAS agus DECLG, (2013 agus nuashonraithe sa bhliain 2019) Treoir Sár-Chleachtais Tréscaoilteachta, NTA, (2015).

### 13.8.2 Forbairtí Cónaithe Il-Aonad

Dearfar agus tógfar gach forbairt chónaithe il-aonad ar bhealach a thacaíonn le forbairt an phobail, caidreamh sóisialta, chomh maith le stíleanna maireachtála gníomhacha agus sláintiúla. Comhthéacs

Ag céim an réamhdheartha, déanfar anailís chomhthéacsúil a dhéanfaidh measúnú ar ghaol na forbartha le húsáidí talún sa cheantar máguaird ó thaobh dearaidh, scála agus leagan amach de. Cuideoidh sé seo le measúnú a dhéanamh ar conas mar a dhéanfaidh an fhorbairt comhtháthú leis an timpeallacht máguaird.

### 13.8.3 Dlús agus Cóimheas Plota

An modh caighdeánach chun dlús a ríomh ná líon na n-aonad a roinn ar an oll-achar láithreáin, rud a thugann líon na n-aonad in aghaidh an heicteáir.

Tugann Aguisín A de *Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairtí Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (Cathracha, Bailte agus Sráidbhailte), 2009* forálacha níos mionsonraithe i dtaca le seo.

I gcomhair forbairtí ina bhfuil meascán d'árasáin agus de thithe, bheadh cóimheas plota níos oiriúnaí mar mhodh, toisc gur léiriú níos fearr é ar raon na méideanna aonaid.

Déantar an cóimheas plota a ríomh trí achar urláir iomlán d'fhorbairt a roinnt ar an achar láithreáin. Leagtar amach an cóimheas dlúis agus plota a mholtar i dTábla 13.3.

Sna Bailte Féinchothabhálacha agus sna Bailte Beaga agus na Sráidbhailte, léireoidh cóimheas dlúis agus lota forbartha carachtar na lonnaíochta agus an patrún forbartha atá sa cheantar cheana féin.

Agus forbairt á dearadh, tá sé tábhachtach nach gcuireann dlús níos airde isteach ar chaighdeán na forbartha.

Má tá srianta ar an láithreán amhail topagrafaíocht nó cruth an láithreáin a d'fhéadfadh cur isteach ar chaighdeán na forbartha, seans go gcaithfí dlús/líon na n-aonad a laghdú.

**Tábla 13.3: Cóimheas Dlúis agus Plota Molta**

| Catagóir lonnaíochta | Íosdlús molta in aghaidh an Heicteáir | | Cóimheas Plota | |
|---|---|---|---|---|
| | Lár an Bhaile/tSráidbhaile | Imeall na Lonnaíochta | Lár an Bhaile/tSráidbhaile | Imeall na Lonnaíochta |
| **Lárionaid Fáis Réigiúnacha** | 50 | 35 | 2 | 1 |
| **Dún Dealgan agus Droichead Átha** | | | | |
| **Baile Fáis Féinchothabhálach** | 35 | 25 | 1 | 0.5 |
| **Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire** | | | | |

### 13.8.4 Clúdach an Láithreáin

Baineann clúdach an láithreáin le céatadán an láithreáin forbartha atá clúdaithe le foirgnimh agus struchtúir (seachas bóithre poiblí agus cosáin) agus ríomhtar é trí achar iomlán na talún atá clúdaithe le foirgnimh a roinnt ar an achar iomlán talún laistigh den láithreán. Is ríomh úsáideach é seo chun an cóimheas idir achar bunurláir den fhoirgneamh a oibriú amach i gcoibhneas le hachar iomlán an láithreáin.

### 13.8.5 Airde Foirgneamh

Tacaíonn na '*Treoirlínte maidir le Forbairt Uirbeach agus Airde Foirgneamh*' (*2018)* le hairde foirgneamh níos airde i gceantair uirbeacha mar chuid den straitéis chun ceantair uirbeacha a neartú agus lonnaíochtaí níos dlúithe a chruthú.

Breithneofar tograí le haghaidh foirgneamh níos airde i gceantair uirbeacha ar bhonn cás ar chás. Ceann de na príomhthosca a bheidh ann ná conas mar a chuireann airde an fhoirgnimh leis an timpeallacht áitiúil ina mbeidh sé suite.

Áireofar ráiteas dearaidh le haon iarratas a leagann amach sonraí choincheap na forbartha, scála, mórdhlúthú agus foirm thógtha an fhoirgnimh / na bhfoirgneamh agus aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt ar charachtar na comharsanachta ina bhfuil sé suite.

Breithneofar freisin aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar an miocraeráid amhail patrún na gaoithe, solas an lae, teocht an aeir agus bogthaise.

### 13.8.6 Leagan amach

I leagan amach d'aon fhorbairtí cónaithe caithfidh sráideanna agus ceantair tréscaoilteacha dea-nasctha a bheith ann ina bhfuil spásanna oscailte atá feidhmiúil, inrochtana, agus suite go lárnach agus ina dtugtar tús áite do choisíocht agus rothaíocht.

Nuair is féidir, moltar naisc do choisithe agus rothaithe a chur in aon fhorbairt nua chuig ceantair chónaithe/forbairtí tráchtála in aice láimhe. Ionchorprófar rochtain ar iompar poiblí agus aon chas-spás do bhusanna a bhaineann leo i ndearadh aon fhorbairt nuair is gá.

Tabharfar aird ar phatrúin sráide atá ann cheana agus ar línte tógála seanbhunaithe. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh riachtanas a bheith ann patrúin forbartha sheanbhunaithe a leanúint.

Mar sin féin, d'fhéadfadh imeacht ó na patrúin sin i gcásanna áirithe d'fhonn éagsúlacht a chruthú sa radharc sráide nó caighdeán na forbartha a fheabhsú.

Beidh ingearchló tosaigh na bhfoirgneamh dírithe ar an sráid de ghnáth d'fhonn éadanas sráide gníomhach a chruthú a chinnteodh faireachas éighníomhach ar spásanna oscailte agus ar chosáin.

Moltar go mbeadh gné dhúbailte ag aon fhoirgneamh ar shuíomh cúinne, go háirithe ag an mbealach isteach chuig forbairt.

Dearfar bóithre agus sráideanna i gceantair chónaithe chun luasanna a laghdú, nascacht agus tréscaoilteacht a chur chun cinn, agus a chinntiú go mbeidh timpeallacht shábháilte chompordach ann do choisithe agus do rothaithe.

Beidh bearta chun luasanna feithiclí a laghdú mar chuid de na dearaí tosaigh seachas bearta moillithe tráchta a shuiteáil go cúlghabhálach.

D'fhéadfadh sraontaí cothrománacha agus ingearacha a bheith i gceist le seo chomh maith le dromchlaí comhroinnte, páirceáil ar an sráid, gathanna cúinne níos doichte, agus páirceáil ar an sráid. Dearfar gach bóthar agus sráid de réir cheanglais an *Lámhleabhair um Dhearadh Bóithre Uirbeacha agus Sráideanna (2019).*

### 13.8.7 Ráiteas Dearaidh

Teastóidh Ráiteas Dearaidh le haghaidh aon fhorbairt níos mó ná 10 n-aonad cónaithe agus beidh an méid seo a leanas ann:

i) Prionsabail agus coincheap an dearaidh;
ii) Léiriú maidir le conas a bheidh an fhorbairt ag teacht leis na 12 chritéar atá leagtha amach sa *Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach*; agus
iii) Achoimre a thabhairt ar an gcaoi ina bhfuil an fhorbairt i gcomhréir le cuspóirí agus caighdeáin bheartais an Phlean Forbartha.
iv) B'fhéidir gur mhaith le hiarratasóirí fótamontáisí agus sceitsí a chur mar thacú lena n-iarratas.

### 13.8.8 Conláiste Cónaithe

#### 13.8.8.1 Príobháideachas

Agus forbairtí cónaithe á ndearadh, cuirfear san áireamh conláistí chónaitheoirí cheantar an limistéir forbartha, chomh maith le conláistí chónaitheoirí na forbartha sa todhchaí.

Cé go bhféadfadh roinnt radharc anuas bheith i gceist idir ionaid réadmhaoine i gceantair uirbeacha, déanfar iarracht chun cásanna de radharc anuas a sheachaint a oiread agus is féidir. Maidir le hionaid chónaithe, an gnás a chaithfear a chomhlíonadh de ghnáth ná bearna de 22 méadar ar a laghad a fhágaint idir seomraí ináitrithe ar an gcéad urláir a bhfuil díreach in aghaidh a chéile. Níl gá leis an achar scartha seo i gcás fuinneoga i seomraí neamh-ináitrithe leithéidí seomraí folctha, staighrí nó gabhálacha.

D'fhéadfadh cásanna bheith ann ina mbeadh laghdú ar na hachair scartha inghlactha. Braitheann sé seo ar threoshuíomh, shuíomh, agus leagan amach inmheánach na forbartha agus a gaol le haon fhoirgnimh mórthimpeall uirthi. Déanfar aon iarratais ar fhorbairtí den sórt sin a mheas ar bhonn cás ar chás.

Sa chás go bhfuil ingearchló tosaigh d'ionaid réadmhaoine nua i gceantair uirbeacha cóngarach do nó in aice le cosán poiblí, féachfar ar mhaolán de shaghas éigin a sholáthar amhail stráice plandaithe idir an réadmhaoin agus an cosán más féidir.

### 13.8.9 Solas an Lae agus Solas na Gréine

Agus forbairtí cónaitheacha á ndearadh féachfar chuige go mbeidh caighdeáin shásúla de sholas nadúrtha in áitribh nua agus go seachnófar tionchar do-ghlactha ar solas ar áitribh in aice láimhe.

Soláthraíonn treoirlínte an Fhorais um Thaighde Foirgníochta (BRE) *'Pleanáil Leagan Amach an tSuímh do Sholas an Lae agus Solas na Gréine: Treoir ar Dhea-Chleachtas (2011)* agus BS 8206-2008 - *'Soilsiú le haghaidh Foirgnimh - Cuid 2: Cód Cleachtais um Shoilsiú Lae* '- treoir úsáideach maidir le cailliúint solais do-ghlactha a sheachaint agus a chinntiú go soláthraíonn forbairtí íoschaighdeáin solais lae d'aonaid nua.

Deirtear i gcuid 6.7 de na 'Treoirlínte Árasáin' nuair nach féidir le togra riachtanais uile fhorálacha solas an lae a chomhlíonadh go hiomlán, go gcaithfear é seo a shainaithint go soiléir agus go gcaithfear réasúnaíocht maidir le haon réiteach dearaidh cúiteach eile a leagan amach, agus sa chás sin gur cheart don údarás pleanála a rogha féin a chur i bhfeidhm agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh acu lena n-áirítear srianta suíomhoiriúnaithe agus cothromaíocht a bhaint amach idir an measúnú sin agus an fháilte a bheadh roimh chuspóirí pleanála níos leithne a bhaint amach.

### 13.8.10 Cóireáil Teorann

I bhforbairtí cónaithe beidh cóireálacha teorann mar seo a leanas:

i) Is éard a bheidh sa teorainn chúl balla bloc 2 mhéadar ar airde;
ii) Beidh teorainneacha cliathánacha idir ionaid réadmhaoine 2 mhéadar ar airde. Más gá teorainneacha adhmaid a úsáid caithfear iad a cheangal agus a thacú le cuaillí coincréite;
iii) Ba cheart rindreáil a dhéanamh ar an dá thaobh agus claibín a chur ar bhallaí atá thart ar aon áit phoiblí; agus
iv) Aontófar teorainneacha tosaigh feadh bhóthar an eastáit agus idir réadmhaoine mar chuid den iarratas pleanála. Is féidir leo a bheith plean oscailte, curtha le plandaí, bheith déanta de bhalla nó ráille íseal-leibhéil, nó mar a aontaítear ar aon slí eile leis an Údarás Pleanála.

### 13.8.11 Tírdhreachú

Beidh tograí tírdhreachaithe mar chuid de gach iarratas. Cuimsíonn sé seo sceideal iomlán don phlandáil go léir a dhéanfar agus scála ama maidir leis an bplandáil. Má tá crainn nó fálta sceach le coinneáil beidh sé seo mionsonraithe go soiléir ar líníochtaí.

Nuair is gá crainn atá ann cheana a bhaint chun forbairt a éascú, cuirfear crainn dhúchasacha ag cóimheas 5: 1 i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan, le ceanglas 10: 1 i limistéar an Chontae. Is éard a bheidh in aon phlandáil speicis dhúchasacha (crainn, fál sceach, toim agus bláthanna fiáine) agus ilbhliantóga nach mbíonn mórán aire le tabhairt dóibh atá fabhrach do phailneoirí.

### 13.8.12 Dearadh, Méid agus Measc Áitribh

D'fhonn éagsúlacht a chothú ó thaobh cineálacha agus tionachtaí teaghlaigh de, déanfaidh forbairtí cónaithe nua a ndícheall, agus go háirithe scéimeanna níos mó ná 25 aonad chun meascán oiriúnach de chóiríocht chónaithe a chur ar fáil.

Tabharfar níos mó airde ar chóiríocht oiriúnach a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Cuimsíonn sé seo tithe inoiriúnaithe ar féidir iad a athrú chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí trí na céimeanna éagsúla den saol.

Tabharfar tús áite d'fhorbairtí os cionn 50 aonad chun aonaid aon stóir a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais daoine scothaosta.

Tá sé de dhualgas ar fhorbairtí cónaithe os cionn 100 aonad ar a laghad ceann amháin d'aonad aon stóir a sholáthar in aghaidh gach 100 aonad cónaithe ach amháin más féidir le gairmí cáilithe go cuí a thaispeáint nach bhfuil aon éileamh ar chóiríocht den chineál seo.

Dearfar gach fhorbairt chónaithe ar ardchaighdeán. Fáilteofar roimh dhearaí nua-aimseartha agus nuálacha a mbíonn tionchar dearfach acu ar an sráid-dreach máguaird.

D'fhonn éagsúlacht a chruthú sa sráid-dreach fáilteofar roimh mheascán de chineálacha foirgneamh, airde agus bailchríocha, go háirithe i bhforbairtí níos mó. D'fhéadfadh mionathruithe a bheith I gceist le seo amhail starráin nó forscáthanna chun sráid-dreach leamh a sheachaint. Soláthrófar sceideal iomlán de na bailchríocha seachtracha.

### 13.8.13 Athrú Aeráide agus Éifeachtúlacht Fuinnimh

Fáilteofar roimh fhoirgnimh atá deartha le bheith solúbtha ó thaobh iad a chur in oiriúint do tharlúintí adhaimsire cruthaithe ag athrú aeráide leithéidí tuiltí nó teochtaí méadaithe agus a fheabhsaíonn éifeachtúlacht fuinnimh ag an am céanna. Beidh stoc foirgneamh níos athléimní agus níos inoiriúnaithe mar thoradh ag na dearaí seo agus tacóidh sé le pobail agus stíleanna maireachtála níos inbhuanaithe a chur ar bun.

### 13.8.14 Spás Oscailte Poiblí

Nuair a sholáthraítear spásanna oscailte poiblí ar ardchaighdeán i dtimpeallacht chónaithe, d'fhéadfadh go leor buntáistí teacht astu do chomharsanacht áitiúil.

Féadann na spásanna oscailte seo cur le tarraingteacht ceantair trí mhothú de bheith in áit ann féin a chruthú.

Má dheartar go cuí iad agus má chuirtear in áit oiriúnach iad, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuid dhílis d'fhorbairt a chuireann caidreamh sóisialta agus gníomhaíocht choirp chun cinn, chomh maith le naisc agus ceangail thábhachtacha a sholáthar laistigh den fhorbairt agus leis na comharsanachtaí máguaird.

D'fhéadfaí iad a úsáid chun tacú le agus feabhas a dhéanamh ar bhithéagsúlacht sna comharsanachtaí.

D'fhéadfadh limistéir éighníomhacha de spás glas bheith i gceist le spás oscailte atá comhdhéanta de cheantair tírdhreachaithe a mhaolaíonn an sráid-dreach agus ceantair níos gníomhaí inar féidir le leanaí súgradh agus inar féidir le daoine fásta siúl.

D'fhonn an leas is mó a bhaint as limistéir de spás oscailte ba cheart go mbeidís feidhmiúil, suite go háisiúil, teacht orthu go héasca agus radharc anuas go héighníomhach orthu d'fhonn sábháilteacht agus slándáil a sholáthar. De ghnáth is ionann spás oscailte poiblí laistigh d'fhorbairt agus 15% d'achar iomlán an láithreáin. I bhforbairtí ina bhfuil caighdeán an spáis oscailte ar ardchaighdeán mar gheall ar a shuíomh, a fheidhmiúlacht agus aon sonraí breise atá beartaithe e.g. pábháil, tírdhreachú nó limistéir agus trealamh súgartha le dromchla, d'fhéadfadh go mbeadh ráta níos ísle de spás oscailte inghlactha. Déanfar laghdú den sórt sin a mheas ar bhonn cás ar chás. I gcás forbairtí cónaithe de suas le cúig aonad cónaithe ina bhfuil an leagan amach ar ardchaighdeán agus ina bhfuil spás oscailte príobháideach níos mó ná an achar íosta a mholtar, ní bheidh aon gá le spás oscailte poiblí a sholáthar.

### 13.8.15 Áiseanna Súgartha i Forbairtí Cónaithe

Ba cheart go mbeadh teacht ag páistí ar dheiseanna súgartha slán sábháilte amuigh faoin aer cóngarach dá dtithe féin. Cuimsíonn áiteanna súgartha do pháistí clóis súgartha traidisiúnta le trealamh súgartha foirmiúil agus spásanna súgartha nádúrtha le gnéithe nádúrtha a spreagann páistí le bheith ag spraoi go neamhfhoirmiúil.

I gcás forbairtí de 50 aonad nó níos mó ba cheart plean bheith ann chun limistéar súgartha tiomanta do pháistí a sholáthar atá deartha chun sástacht an Údaráis Phleanála.

### 13.8.16 Spás Oscailte Príobháideach

Tá sé tábhachtach limistéar de spás oscailte príobháideach feidhmiúil bheith ann chun timpeallacht chónaithe ar ardchaighdeán a chruthú a sholáthraíonn limistéar slán sábháilte amuigh faoin aer do pháistí agus do dhaoine fásta. Soláthrófar áitribh agus árasáin nua le limistéar feidhmiúil de spás oscailte príobháideach mar atá leagtha amach i Tábla 13.4.

**Table 13.4: Riachtanais maidir le Spás Oscailte Príobháideach**

| Cineál Aonaid | Lár an Bhaile agus Áiteanna Inlíonta / láithreáin athfhorbraíochta | Láithreáin úrnua / Suíomhanna bruachbhailteacha |
|---|---|---|
| **Áitreabh** | An t-íosmhéid de spás oscailte príobháideach is gá ($m^2$) | An t-íosmhéid de spás oscailte príobháideach is gá ($m^2$) |
| **1-2 sheomra codlata** | 50 | 60 |
| **3 sheomra codlata nó níos mó** | 60 | 80 |
| **Árasáin agus Árasáin Dhá Urlár** | Féach Tábla 13.5 | |

### 13.8.17 Páirceáil Carr agus Rothar

Leagtar amach na riachtanais maidir le páirceáil carr agus rothar d'fhorbairtí cónaithe i dTáblaí 13.11 and 13.12 sa chaibidil seo.

I gceantair nua tithíochta, is gnách go gcuirtear páirceáil ar fáil os comhair réadmhaoine ag cruthú sráid-dreach líneach le dromchla crua air. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar na limistéir pháirceála seo a bhriseadh suas trí leagan amach na páirceála a athrú in áiteanna áirithe e.g. ar shuíomhanna cúinne chun soláthar limistéar gairdín tosaigh a éascú d'fhéadfaí páirceáil a sholáthar ar thaobh an áitribh. Chabhródh sé seo chun feiceálacht na limistéar páirceála a laghdú agus thabharfadh sé éagsúlacht don radharc sráide.

Ba cheart aon limistéir de pháirceáil phobail bheith deartha go cuí agus suite go háisiúil do chónaitheoirí le soilsiú oiriúnach curtha ar fáil.

I limistéir pháirceála phobail soláthrófar an duchtáil agus an sreangú riachtanach chun suiteáil pointí luchtaithe Feithiclí Leictreacha a éascú ag ráta 20% de na spásanna iomlána. (Féach Cuid 13.16.9 le haghaidh tuilleadh sonraí).

Soláthrófar limistéar páirceála rothar atá sábháilte agus suite go háisiúil i bhforbairtí árasáin. Beidh an limistéar páirceála rothar seo faoi dhíon. D'fhéadfadh riachtanas páirceála carr laghdaithe bheith oiriúnach i gcásanna áirithe, mar shampla sna cúinsí seo a leanas:

- Tá a dhóthain páirceála ar fáil i bhfoisceacht na forbartha chun freastal ar aon easnamh.
- Is forbairt í ina bhféadfaí dé-úsáid a bhaint as na spásanna páirceála atá sa chomharsanacht cheana féin, go háirithe dá n-oibreodh an fhorbairt ag amanna beagéilimh;
- Laghdódh na naisc iompair phoiblí ar fáil an t-éileamh ar pháirceáil car agus
- Ós rud é go bhfuil suíomh lárnach ag an bhforbairt, is dóichí ná a mhalairt go mbeidh custaiméirí / cónaitheoirí / úsáideoirí na forbartha ag siúl nó ag rothaíocht.

Theastódh Plean Bainistíochta Soghluaisteachta Iompair a thacaíonn le haon laghdú ar pháirceáil le haon iarratas sa chás go bhfuil méid ceadaithe na páirceála i bhfad níos ísle ná an méid atá leagtha amach sna Caighdeáin Páirceála.

Le cois an mhéid thuas, éascófar laghdú ar an gceanglas páirceála i gcás go mbeadh coimhlint idir cuspóirí caomhnaithe an Struchtúir Chosanta nó an Limistéir Caomhnaithe Ailtireachta agus an gá le páirceáil do charranna, ag braith ar an easnamh páirceála a chúiteamh le páirceáil ar an tsráid sa chomharsanacht.

### 13.8.18 Stóráil Bhoscaí Bruscair

Beidh trealamh i bhfearas chun dramhaíl a stóráil, a dheighilt agus a athchúrsáil i bhforbairtí cónaithe. Sa chás go bhfuil áiseanna bruscair comhchoiteanna á gcur ar fáil beidh siad suite go háisiúil, folaithe agus aeráilte go maith.

### 13.8.19 Ealaín Phoiblí

Is féidir le Ealaín Phoiblí cur go dearfa le cáilíocht dearaidh i bhforbairt agus cabhraíonn sé chun mothú de bheith in áit ar leith a chruthú. I bhforbairtí cónaithe de níos mó ná 100 aonad, spreagfar forbróirí chun tograí a chur san áireamh do shaothar ealaíne a léiríonn oidhreacht na háite.

### 13.8.20 Forbairtí a Ainmniú

Beidh sé mar choinníoll maidir le cead pleanála do scéimeanna cónaithe nua go gcuirfidh an forbróir scéim isteach chun an fhorbairt a ainmniú agus a uimhriú sula dtosófar ar an bhforbairt. Ba cheart go mbeadh ainm na forbartha fréamhaithe sa chomhthéacs áitiúil nó stairiúil ina bhfuil sí suite agus caithfear é a chur faoi bhráid Choiste Logainmneacha na Comhairle lena fhaomhadh a fháil. Beidh ainm na forbartha le feiceáil go soiléir ag an mbealach isteach.

### 13.8.21 Soilsiú

Maidir le soilsiú poiblí i bhforbairtí cónaithe nua, is laindéir LED ardfheidhmíochta ísealfhuinnimh a úsáidfear nó aon laindéir uasghrádaithe mar a chomhaontaítear leis an Údarás Pleanála.

### 13.8.22 Pobail Gheataithe

Is éard atá i bpobail gheataithe ná pobail nó forbairtí nach féidir dul isteach iontu gan chead. De ghnáth ní cheadófar iad, toisc nach gcuireann siad tréscaoilteacht nó comhtháthú leis an gcomharsanacht máguaird chun cinn.

### 13.8.23 Ag Glacadh Cúraim As

Leagtar amach na beartais agus nósanna imeachta maidir le cúram a ghlacadh as Eastáit Tithíochta i gcáipéis bheartais na Comhairleach: *Ag Glacadh Cúraim maidir le Beartas/Scaoileadh banna d'Fhorbairtí Tithíochta Príobháideacha atá críochnaithe.*

### 13.8.24 Scoileanna agus Forbairt Chónaithe Nua

Mar chuid d'aon iarratas ar fhorbairt de os cionn 200 aonad cónaithe beidh tuarascáil ar an éileamh ar áiteanna scoile a thiocfadh as an bhforbairt nua agus an t-éileamh do scoileanna atá sa cheantar cheana féin freastal ar an éileamh seo.

### 13.8.25 Áiseanna cúraim leanaí i bhForbairtí Cónaithe Nua

Sna *Treoirlínte maidir le hÁiseanna Cúram Leanaí (2001)* moltar go soláthrófar áis cúram leanaí amháin (le háiteanna do 20 leanbh) do gach 75 aonad cónaithe sna forbairtí cónaithe níos mó.

Beidh na háiseanna cúram leanaí seo suite go háisiúil laistigh den fhorbairt in áit a bhfuil cosáin do choisithe agus do rothaithe mar aon le láthair thuirlingthe/fágála do thuismitheoirí agus a gcarr féin á n-úsáid acu.

Ó thaobh an riachtanas le haghaidh naíolainne de, cuirfear san áireamh na háiseanna atá sa cheantar cheana féin, an déimeagrafach áitiúil, agus an t-éileamh dóchúil a thiocfaidh as an bhforbairt.

Glacfar le hionchur ó Choiste Chúram Leanaí an Chontae. Maidir le haon iarratas ar fhorbairt nach bhfuil naíolann mar chuid de, caithfear tuarascáil bunaithe ar fhianaise a ullmhaithe i gcomhairle le Coiste Cúram Leanaí an Chontae a thaispeánann go soiléir go bhfuil go leor áiseanna cúram leanaí ar fáil sa cheantar.

Sna cásanna seo agus le comhaontú an Údaráis Phleanála, beidh ar fhorbróirí buntáistí eile a sholáthar don phobal i bhfoirm soláthar díreach nó ranníocaíocht airgid.

### 13.8.26 Árasáin

Féadann forbairtí árasáin meascán de mhéideanna agus chineálacha aonaid a sholáthar le freastal ar raon leathan de riachtanais an phobail. D'fhéadfaidís forbairtí dlúis níos airde a chur ar bun a thacaíonn le bunú lonnaíochtaí níos dlúithe. D'fhonn maireachtáil in árasán a dhéanamh níos mealltaí, caithfidh dearadh, leagan amach agus suíomh árasán a bheith ar ardchaighdeán.

Breithneofar oiriúnacht láithreáin ar leith d'fhorbairt árasán ar bhonn cás ar chás agus cuirfidh sé san áireamh an áit, an patrún forbartha atá i réim sa cheantar, a chóngaracht do thaitneamhachtaí agus sheirbhísí áitiúla, agus scála na forbartha atá beartaithe.

Lonnaítear árasáin i gceantair uirbeacha lárnacha de ghnáth faoi fhad siúil réasúnta (suas le 15 nóiméad) de lár an bhaile, iompair poiblí, nó limistéir fostaíochta.

Lasmuigh d'áiteanna lárnacha bailte, is dóichí ná a mhalairt go mbeidh árasáin mar chuid de scéim chónaithe ná d'fhorbairt aonair.

Mar sin féin, seans go mbeidh deiseanna ann do scéimeanna arasáin níos lú ar láithreáin inlíonta nó athfhorbraíochta sna háiteanna seo.

### 13.8.27 Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua

I g*Caighdeáin Dearaidh le haghaidh Árasáin Nua (2018*) leagtar amach na critéir dearaidh i gcomhair forbairtí arásán. Caithfidh gach iarratas ar árasáin a thaispeáint go gcomhlíonann siad na Treoirlínte seo agus Riachtanais Bheartais Phleanála Sonracha. Leagfar amach sonraí na gcritéir dearaidh seo a leanas sna Treoirlínte:

- Suíomh;
- Meascán arasáin;
- Spás inmheánach agus achar urláir;
- Cóimheas deghné;
- Airde ó urlár go síleáil;
- Bunchóimheasa maidir le fad ó hárasáin go dtí an staighre/ ardaitheoir;
- Spásanna stórála;
- Spásanna áineasa; agus
- Páirceáil carr.

Ar mhaithe le déanamh tagairtí a éascú, seo iad cuid de bhunriachtanais na dTreoirlínte[1]:

- Beidh 33% d'árasáin ar a laghad in aon fhorbairt ina n-árasáin dé-ghné;
- Beidh airde íosta de 2.7 méadar i gceist maidir leis an airde ó urlár go síleáil ar urlár na talún;Beidh spás taitneamhachta príobháideach inrochtana go príomha ón bpríomhlimistéar maireachtála i bhfoirm balcóiní / ardáin. Nuair is féidir breithneofar balcóiní clúdaithe nó 'Gairdíní Geimhridh' in árasáin do dhaoine scothaosta;
- Soláthrófar spás áineasa comhroinnte; agus
- Maidir le scéimeanna árasáin de 10 aonad nó níos mó, caithfidh tromlach na n-árasán an t-íoschaighdeán achair urláir a shárú le haghaidh aon teaglaim de na cineálacha aonaid 1, 2, nó 3 sheomra leapa ábhartha, le 10% ar a laghad.

I Tábla 13.5 leagtar amach na híoschaighdeáin maidir le hachair urláir, spás oscailte príobháideach, agus soláthar stórála a bheidh gá leo

[1] Féach le do thoil ar na Caighdeáin Dearaidh i gcomhair sonraí iomlána na riachtanas.

**Table 13.5: Caighdeán le haghaidh Árasán**

| Cineál Aonaid Árasáin | Achar urláir | Stóráil | Spás Oscailte Príobháideach |
|---|---|---|---|
| **Stiúideo** | 37m² | 3 m² | 4 m² |
| **Aon sheomra codlata amháin** | 45 m² | 3 m² | 5 m² |
| **Dhá sheomra codlata (3 dhuine)** | 63 m² | 5 m² | 6 m² |
| **Dhá sheomra codlata (4 dhuine)** | 73 m² | 6 m² | 7 m² |
| **Trí sheomra codlata** | 90 m² | 9 m² | 9 m² |

### 13.8.28 Sceideal Dearaidh

Cuimseoidh aon iarratas ar fhorbairt árasáin nó ar fhorbairt ilchineálach a bhfuil arasáin mar chuid de sceideal a chuireann an t-eolas seo a leanas in iúl:

- Líon agus cineál na n-árasán agus na n-achar urláir aonaid aonair a ghabhann leo;
- Sonraí faoi ghné an árasáin (dé-nó aonghné) agus treoshuíomh;
- Príomhthoisí gach seomra chomh maith leis na hachair urláir comhiomlána;
- Sonraí faoi spás stórála inmheánach agus seachtrach;
- Méid ceadaithe den spás áineasa príobháideach atá beartaithe;
- Spás oscailte comhroinnte; agus
- Stóráil agus bailiú fuíollábhar.

Seans nach féidir na ceanglais seo a chomhlíonadh i gcásanna áirithe. Ag braith ar cháilíocht dearaidh na forbartha, d'fhéadfadh na caighdeáin seo a mhaolú beagánín. Measúnófar é seo ar bhonn cás ar chás.

Ba cheart ráiteas tacaíochta a mhíníonn cén fáth ar chóir an fhorbairt a mheas go dearfach a chur le haon iarratas nach gcomhlíonann riachtanais uile na gcaighdeán.

### 13.8.29 Ginearálta

D'fhonn riachtanais chothabhála forbairtí árasáin a laghdú, ba cheart dearadh agus bailchríoch an fhoirgnimh/ na bhfoirgneamh a chíoradh go mion.

Chun éilimh ar shuiteáil miasa satailíte iomadúla a chosc, ba cheart foráil a dhéanamh chun miasa comhchoiteanna nó miasa aonair a lonnú ar chodanna nach bhfuil chomh sofheicthe den fhoirgneamh, mar shampla leibhéal an dín.

### 13.8.30 Forbairt Úsáide Measctha

Agus moltaí maidir le forbairtí úsáide measctha á meas, beidh sé ríthábhachtach aon choimhlint idir úsáidí, caomhnú agus cosaint taitneamhachta a choimeád chomh híseal agus is féidir. Áirítear i measc seo saincheisteanna leithéidí cáilíocht an aeir, torann agus slándáil.

Caithfidh gach forbairt tráchtála bearta a chur i bhfeidhm chun eastóscadh múch agus boladh a rialú. Cuimseoidh dearadh foirgneamh nua úsáide measctha soláthar do dhuchtáil inmheánach nó sreabháin ionas go mbeidh an fhéidearthacht ann maidir leis na haonaid ar an mbunurlár múch a bhaint agus a scaoileadh amach ag leibhéal an dín.

### 13.8.31 Forbairt Talamh Inlíonta agus Talamh Cúil i gCeantair Uirbeacha

Is éard atá i suíomh inlíonta ná talamh folamh nó tearcúsáidte idir foirgnimh atá ann cheana agus is éard atá i dtalamh cúil ná páiste talún ar chúl na bhfoirgneamh atá ann cheana. Tacaíonn forbairt suíomhanna inlíonta agus talamh cúil le prionsabail an fháis dhlúth agus comhdhlúthú forbartha sna ceantair thógtha atá ann cheana.

Agus tailte den sórt seo á bhforbairt tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir na conláistí agus nádúr na comharsanachta atá ann cheana a chaomhnú agus beartas d'fhorbairt dhlúth a chur i bhfeidhm. Nuair a thagann deiseanna maidir le forbairt inlíonta agus talamh cúil chun cinn, caithfear na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- An dlús agus patrún na forbartha atá sa cheantar cheana lena n-áirítear méideanna plota, airde foirgneamh, agus toisí foirgneamh;
- Beidh dearadh an fhoirgnimh/ na bhfoirgneamh ar ardchaighdeán agus cuirfidh sé leis an sráid-dreach áitiúil agus carachtar na háite ar bhealach dearfach. Beidh dearaí nuálacha comhaimseartha inghlactha má léirítear go gcuirfidh dearaí den sórt seo go dearfach leis an timpeallacht thógtha;
- Tionchar na saoráidí cónaithe ar ionaid réadmhaoine mórthimpeall, cuir i gcás, an cailliúint de sholas an lae a d'fhéadfadh a bheith i gceist nó radharc anuas nua/níos mó;
- Spás oscailte príobháideach i gcomhair ionaid réadmhaoine atá ann cheana agus atá beartaithe;
- Beidh páirceáil carr d'aonaid chónaithe atá ann cheana agus atá beartaithe de réir na gcaighdeán páirceála carr leagtha amach i Tábla 13.11 den chaibidil seo.
- Ba cheart cúrsaíocht leordhóthanach a sholáthar chun feithiclí a pháirceáil agus a chasadh laistigh de chúirtealáiste suíomhanna; agus
- Tabharfaidh suíomh agus treoshuíomh aon fhoirgnimh agus na fuinneoga san fhoirgneamh / sna foirgnimh sin aird ar acmhainneacht láithreáin inlíonta / cúil á bhforbairt in aice láimhe le nach gcuirfí isteach ar acmhainn forbartha na dtailte sin.

Cé go gcaithfidh forbairt ar thalamh inlíonta agus ar thalamh cúil caighdeáin an Phlean Forbartha a chomhlíonadh de ghnáth d'fhéadfadh cúinsí a bheith ann ina bhféadfaí na caighdeáin seo a mhaolú, go háirithe más forbairt tailte folmha nó tearcúsáidte sna háiteanna lárnacha i mbailte agus sráidbhailte atá i gceist. Breithneofar é seo ar bhonn cás ar chás.

### 13.8.32 Foroinnt áitreabh

Maidir le fo-roinnt áitribh atá ann cheana ina aonaid nó ina árasáin ghlanscartha ar shuíomh na réadmhaoine, beidh sé bunaithe ar shuíomh na réadmhaoine, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar charachtar an cheantair agus ar thaitneamhachtaí na n-aonad réadmhaoine mórthimpeall, agus ar chaighdeán na cóiríochta le soláthar d'áititheoirí amach anseo. Tabharfar aird ar an soláthar páirceála carr atá beartaithe freisin.

Caithfidh foroinnt áitreabh cloí le Caighdeáin an Phlean Forbartha agus le Caighdeáin Dearaidh le haghaidh Árasán freisin.

Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh cúinsí ann inar féidir na caighdeáin seo a mhaolú mar gheall ar dhearadh agus leagan amach an fhoirgnimh atá ann cheana nó dá mbeadh leas á bhaint as réadmhaoine folamh nó tearcúsáidte arís de bharr na forbartha. Déanfar é seo a mheas ar bhonn cás ar chás, agus aird á tabhairt ar chaighdeán na forbartha.

### 13.8.33 Ag Maireachtáil i Lár an Bhaile

Mar chuid den straitéis chun maireachtáil i lár an bhaile a chur chun cinn agus beocht agus éagsúlacht na n-úsáidí i lár na mbailte agus na sráidbhailte a fheabhsú, is gnách go gcaithfí go fabhrach le cóiríocht chónaithe a sholáthrófar ar urláir uachtaracha na bhfoirgneamh i lár na mbailte agus na sráidbhailte. Féadfar forbairt chónaithe a mheas ar leibhéal na talún i gcúinsí áirithe nó in áiteanna ina raibh leibhéal folúntas leanúnach thar thréimhse fhada.

Tarlóidh sé seo de ghnáth ar thailte lasmuigh de Lárcheantar Miondíola i gceantar láir na mbailte. Ní éascófar soláthar cóiríocht den sórt seo ach amháin i gcúinsí ina bhfuil sé soiléir go gcuirfidh an fhorbairt le ról lár an bhaile mar 'cheann scríbe' le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála, sóisialta nó cultúrtha.

Cé go gcaithfidh tograí d'athfhorbairt foirgneamh na Caighdeáin Plean Forbartha atá leagtha amach sa Phlean seo agus sna Caighdeáin Dearaidh le haghaidh Árasán a chomhlíonadh, aithnítear go bhféadfadh sé bheith deacair i roinnt cásanna seanfhoirgnimh a iarfheistiú chun iad a thabhairt suas go dtí na caighdeáin chónaithe reatha. Agus é seo á chur san áireamh, agus ag brath ar chaighdeán dearaidh na forbartha, d'fhéadfadh cúinsí bheith ann ina bhféadfaí na caighdeáin dearaidh a mhaolú beagánín.

Déanfar é seo a mheas ar bhonn cás ar chás. Ba cheart ráiteas tacaíochta a leagann amach cén fáth ar chóir an fhorbairt a mheas go dearfach a chur le haon iarratas nach gcomhlíonann riachtanais uile na dTreoirlínte.

### 13.8.34 Sínithe Tí

Cuirfear fáilte roimh agus tacú le síneadh agus athchóiriú áitreabh de ghnáth mar más uasghrádú agus/nó feabhsú ar fhoirgneamh ann cheana féin atá ann, uasmhéadaíonn sé an soláthar foirgneamh atá ann cheana, agus é níos inbhuanaithe ná aonad cónaithe nua a thógaint go minic.

Tá réimse leathan ann maidir le cineál agus méid na sínithe a dhéanfar iarratais orthu sa Chontae. Braitheann sé seo go minic ar shuíomh na réadmhaoine (e.g. i dtimpeallacht uirbeach nó amuigh faoin tuath), cineál tí na réadmhaoine atá i gceist, agus méid an pháiste talún ar a bhfuil sé suite. I measc cuid de na síntí a ndearnadh iarratas orthu tá póirsí, seomraí gréine, suiteáil fuinneoga dormánta, méadú ar airde an dín, taobh an tí, urlár na talún agus síntí ar an gcéad urlár.

Caithfidh aon iarratas i gcomhair síneadh a chur le hionad réadmhaoine nó athchóiriú a dhéanamh na rudaí seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- **Scála** – de ghnáth beidh scála an tsínidh coimhdeach leis an bpríomháitreabh. Tá cúinsí ann, áfach, ina bhfuil réadmhaoine atá ann cheana teoranta ó thaobh méid de (e.g. teachín aon seomra codlata amháin) agus tá gá le síneadh mór le go mbeadh sé indéanta é a fheabhsú chuig caighdeáin mhaireachtála na linne seo.

Déanfar forbairtí den sórt sin a mheas ar bhonn cás ar chás agus beidh gá le dearadh íogair le cinntiú nach bplúchfadh sé an sráid-dreach áitiúil agus go bhfuil méid plota aige mór a dhóthain chun an fhorbairt a shú isteach.

- **Dearadh** – Cé gur cheart go léireodh dearadh na síntí carachtar na réadmhaoine atá ann de ghnáth, breithneofar dearaí comhaimseartha agus nuálacha a chuirfeadh go dearfach leis an sráid-dreach áitiúil.
- **Príobháideachas** – Ní ceart go mbeadh aon deiseanna nua de radharc anuas isteach in áitribh mar thoradh ar shintí nuair nach raibh aon radharc anuas ann roimhe sin amach amháin gur féidir achair idirscartha iomchuí a bhaint amach agus ní chuirfidh an síneadh go mór leis an méid de radharc anuas ó réadmhaoin atá ann cheana.
- **Solas an lae** – Ní bheidh laghdú suntasach ar sholas an lae nó solas na gréine ag dul isteach i réadmhaoin mar thoradh ar shíntí. D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann nuair a bheidh gá le measúnú solas an lae agus solas na gréine. Déanfar é seo de réir mholtaí Threoir BRE *'Pleanáil Leagan Amach an tSuímh do Sholas an Lae agus Solas na Gréine': Treoir maidir le Dea-Chleachtas (2011).*
- **Spás Oscailte Príobháideach** – Coimeádfar achar sásúil de spás oscailte príobháideach atá feidhmiúil.
- **Páirceáil Carr** – I gcás go mbeadh cailliúint páirceála ar an láthair, ní ceart gur gá feithiclí a pháirceáil ar an mbóthar poiblí mar thoradh air sin, go háirithe in áiteanna nach bhfuil aon pháirceáil bhreise nó méid teoranta de ar fáil ar na sráideanna.
- **Seirbhísí** – Má fhreastalaíonn córas cóireála fuíolluisce aonair ar láthair na réadmhaoine caithfidh an córas seo a bheith in ann freastal ar aon luchtú breise de réir cheanglais Chód Cleachtais an *GCC: Córais Cóireála Fuíolluisce Baile (pe ≤10) (2021)* . Seans go ndéanfaí na córais ar an láthair atá ann cheana a uasghrádú go dtí na caighdeáin reatha mar thoradh air seo.

### 13.8.35 Árasán Teaghlaigh / Aonad um Mhaireachtáil Neamhspléach

Is éard atá in árasán teaghlaigh nó aonad maireachtála neamhspleách ná aonad cóiríochta maireachtála ar leithligh ar shuíomh aonaid chónaithe atá ann cheana a úsáidtear chun freastal ar gharbhall teaghlaigh den phríomhtheaghlach ar an láithreán. Comhlíonfaidh tógáil sínidh nó tiontú cuid de theach nó garáiste / foirgneamh lasmuigh atá ann cheana go hárasán teaghlaigh nó aonad maireachtála neamhspleách, na ceanglais seo a leanas:

- **Réasúnaíocht** – Caithfear an gá leis an bhforbairt a leagan amach go soiléir.
- **Scála** – Beidh an t-árasán teaghlaigh coimhdeach leis an bpríomháit chónaithe agus beidh sé measartha ó thaobh méide agus scála de le spás urláir nach rachaidh thar 50m² de ghnáth.
- **Comhtháthú** – Má tá sé ceangailte leis an bpríomháit chónaithe soláthrófar nasc inmheánach.
- **Úinéireacht** – Ní dhíolfar nó ní ligfear ar cíos é mar aonad neamhspléach agus fanfaidh sé san úinéireacht chéanna leis an bpríomháit chónaithe ar an láithreán.
- **Rochtain** – Ní bheidh rochtain ar leith aige d'fheithiclí.

- **Seirbhísí** – Má tá an réadmhaoin seirbhísithe ag córas cóireála fuíolluisce aonair ar an láthair caithfidh an córas seo bheith in ann freastal ar aon luchtú breise de réir cheanglais Chód Cleachtais an GCC: *Córais Cóireála Fuíolluisce Baile (i.e. ≤10) (2021)*. Seans go ndéanfaí na córais ar an láthair atá ann cheana a uasghrádú go dtí na caighdeáin reatha dá bharr seo.

### 13.8.36 Garáistí teaghlaigh agus Tithe Lasmuigh

Is é an cuspóir atá ag garáistí agus foirgneamh lasmuigh laistigh de chúirtealú réadmhaoine cónaithe de ghnáth ná a bheith le haghaidh stórála agus riachtanas bainteach leis an áit chónaithe ar an láithreán. Cé go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh ar gharáistí níos mó, tá sé tábhachtach go mbeadh aon gharáiste i gcomhréir leis an réadmhaoin atá ann cheana ionas go mbeidh sé ag teacht leis an timpeallacht áitiúil. Is gnách go mbeidh garáistí suite ar thaobh nó ar chúl an áitribh agus déanfar iad a dhearadh agus bailchríoch a chur orthu in ábhair a oireann don áit chónaithe.

Cuirfear srian docht ar úsáid garáistí go húsáidí a ghabhann leis an ionad réadmhaoine. De ghnáth ní thabharfaidh an tÚdarás Pleanála cead pleanála do gharáiste nó do theach lasmuigh de dhearadh nó scála nach bhfuil i gcomhréir nó atá ar aon dul leis an áit chónaithe atá ann.

Theastódh réasúnaíocht shoiléir le haon iarratas ar fhorbairt den sórt sin ag leagan amach na gcúiseanna le haghaidh na forbartha, an úsáid atá beartaithe don gharáiste / fhoirgneamh, agus conas a chomhtháthódh sé leis an timpeallacht áitiúil. Déanfar an hiarratais seo a mheas ar bhonn cás ar chás.

## 13.9 TITHÍOCHT AMUIGH FAOIN TUATH

### 13.9.1 Comhthéacs

Is acmhainn luachmhar í an tuath i gContae Lú a chuireann tírdhreach fíorálainn ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí chun taitneamh a bhaint as, agus talamh feirme a tháirgeann táirgí talamhaíochta ar ardchaighdeán.

Cé go n-aithníonn an Plean seo an dúil atá ag muintir na háite cur fúthu faoin tuath, caithfear soláthar tithe aonair amuigh faoin tuath a bhainistiú go cúramach d'fhonn an tírdhreach agus an tuath a chosaint le go mbeadh na glúnta atá le teacht in ann obair ann agus taitneamh a bhaint as.

Agus sinn ag aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, ní mór dúinn smaoineamh freisin ar an tionchar a bhíonn ag an bpatrún scaipthe forbartha a bhaineann le tithíocht aonair ar athrú aeráide agus conas is féidir le pobail tuaithe a lorg carbóin a laghdú agus cur le bealach maireachtála níos inbhuanaithe.

Leagtar amach sna chodanna seo a leanas na príomhchritéir le tabhairt san áireamh nuair atá suíomh á roghnú agus áitreabh cónaithe á dhearadh amuigh faoin tuath.

### 13.9.2 An Tuath i gContae Lú

Tá topagrafaíocht ilghnéitheach agus tírdhreach éagsúil ag Contae Lú a chuimsíonn cósta fairsing, ceantair ardtailte, droimíneacha, agus sléibhte, ceantair locha, córais abhann agus tailte atá níos ísle. Déanann Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Comhairle, a bhfuil a sonraí leagtha amach i gCaibidil 8 Oidhreacht Nadúrtha, Bithéagsúlacht, agus Bonneagar Glas, cur síos ar naoi dtírdhreach ar leith mar seo a leanas:

1. Ísealchríocha an Chuaille agus Ceantair chósta – measartha cothrom síos le fána chun na farraige;
2. Loch agus Sléibthe Cairlinn (lena n-áirítear Ardtailte Feede Iartharach agus Sliabh gCuillinn) - ceantar sléibhtiúil agus móinteach oscailte;
3. Fochaird Íoctarach, Caisleán Dhún Dealgan agus Abhantracha an Droichid Ghallaigh - tírdhreacha atá múnlaithe ag tír ghné agus ceantair draenála;
4. Ceantair Droimíní agus Locha an Lú – é lán de na cnoic chothromaithe réidh a bhaineann le tírdhreach droimíneacha;
5. Machaire Muirthuimhne – machaire mór a chlúdaíonn an réigiún lár tíre agus a bhfuil an talamh feirme is torthúla ann;

6. Cuan Dhún Dealgan (riasca goirt agus bláir láibe san áireamh) – tá an tírghné cuibheasach cothrom agus síneann sé ó Dhún Dealgan go Rinn Dún Áine;
7. Dún Áine, an Bhóinn agus Cósta an Inbhir – tírdhreach cothrom taobh amuigh den cheann tíre ag Ceann Chlochair agus Cnoc Chaisleán Có;
8. Ardtailte Chollann agus Mhainistir Bhuithe - ardchlár ard atá lán de shéadchomharthaí seandálaíochta; agus
9. Gleann na Bóinne agus na Máiteoige – é ina fhána réidh ó Mhainistir Bhuithe agus Collann agus tírghné an cheantair curtha faoi cheilt ag go leor clúdach crainn agus fálta sceach aibí.

Is féidir teacht ar eolas níos mionsonraithe faoi na ceantair uathúla seo anseo.

Chomh maith leis na ceantair tírdhreacha carachtar tá codanna den Chontae atá ainmnithe mar Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha (AONB) agus

Ceantair ar Ardchaighdeán Scéimhe (AHSQ) mar gheall ar a dtírdhreach nádúrtha gan mhilleadh agus a gcuma ghleoite. Leagtar amach suíomh na gceantar ainmnithe seo i dTáblaí 13.6 agus 13.7.

**Táblaí 13.6: Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha**

| Tagairt | Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha (AONB) |
|---|---|
| **AONB 1** | Loch Cairlinn agus Sléibhte Feede |
| **AONB 2** | Ceann Chlochair agus Port Oirialla |

Agus an réamhobair ar siúl chun láithreán a shainaithint, ba cheart dul i gcomhairle leis an Measúnú Carachtair Tírdhreacha chun aon íogaireachtaí nó gnéithe agus tréithe ar leith a bhaineann leis an tírdhreach ina bhfuil an láithreán suite a aithint. Ba cheart a chinntiú freisin an bhfuil an láithreán suite laistigh de Limistéar Sárailleachta Nádúrtha nó Ceantar ar Ardchaighdeán Scéimhe.

**Tábla 13.7: Ceantair ar Ardchaighdeán Scéimhe**

| Tagairt | Ceantar ar Ardchaighdeán Scéimhe (AHSQ) |
|---|---|
| **AHSQ 1** | Sléibhte Feede agus Ceantar an Chollann |
| **AHSQ 2** | Mainistir Bhuithe |
| **AHSQ 3** | Gleann na Bóinne/Gleann Rí Liam |
| **AHSQ 4** | Ardtailte Chollann |
| **AHSQ 5** | Dún Áine |
| **AHSQ 6** | Portach Átha Fhirdhia |

### 13.9.3 Critéir Forbartha i gCeantair de Luach Suntasach Cultúir

Leagtar amach i gCuid 13.19.9 na critéir faoi leith is gá cur san áireamh maidir le forbairtí atá cóngarach do Bhrú na Bóinne Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO, don Láithreán Oidhreachta Domhanda Trialach ata i gceist le Mainistir Bhuithe agus do láithreacha catha Chath na Bóinne.

### 13.9.4 Roghnú an tSuímh

Agus láithreán á lorg d'áit chónaithe faoin tuath, moltar go ndéanfaí breithmheas ar an suíomh agus a thimpeallacht. Cuimsíonn sé seo na gnéithe fisiciúla amhail topagrafaíocht an láithreáin agus an cheantair máguaird, ithreacha, teorainneacha atá ann cheana, treo na gaoithe atá i réim agus a chóngaracht do dhobharlaigh.

I measc na rudaí eile le tabhairt san áireamh ná an bhfuil aon ghnéithe éiceolaíochta nó oidhreachta ann, cén rochtain a bheidh ar an áit, a mhéid agus a fhad a d'fhéadfaí an fhorbairt a fheiceáil ó phointí amhairc poiblí (radhairc ó chian agus ó chóngar) agus má tá an láithreán suite feadh aon radhairc liostaithe agus radhairc tíre (féach Caibidil 8 Oidhreacht Nadúrtha, Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas).

Agus láithreán á roghnú ba cheart mionchíoradh a dhéanamh ar conas a chomhtháthódh an láithreán leis an gceantar máguaird.

Má tá an láithreán ar thalamh ard nó sceirdiúil agus gan aon ghné nadúrtha chun foscadh nó cúlra a thabhairt dó, b'fhéidir go mbeadh sé deacair áitreabh a dhearadh a chomhtháthódh leis an tírdhreach áitiúil agus dá bhrí sin b'fhéidir nach mbeadh an láithreán oiriúnach le haghaidh forbartha.

Chomh maith le comhtháthú, ba cheart a thabhairt san áireamh cumas an tírdhreacha chun aon fhorbairt bhreise de thithíocht aonair a thógaint isteach.

Má atá an t-uafás tithe aonair sa cheantar cheana féin, d'fhéadfadh go mbeadh an tírdhreach áitiúil i riocht ina ndéanfadh tuilleadh forbartha creimeadh iomlán ar charachtar tuaithe an cheantair.

I measc na fianaise ar ró-iomadú tithíochta tá líon na n-áitreabh atá ann cheana sa cheantar, méid na radharcanna uaineach ar áitribh, agus cumas an ghréasáin bóithre áitiúla freastal ar a thuilleadh forbartha. De ghnáth ní bheidh ceantair sa Chontae ina bhfuil carachtar na tuaithe faoi bhrú mór nó á gcreimeadh go fairsing oiriúnach d'aon fhorbairt bhreise ar thithíocht aonair.

### 13.9.5 Forbairt Ribíneach

Tá forbairt ribíneach forleathan sa Chontae agus drochthionchar aige ar charachtar tírdhreach na tuaithe.

Sna *Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe* sainmhínítear forbairt ribíneach mar 5 theach nó níos mó ar aon taobh amháin de 250 méadar ar leith de éadanas bóthair. Ní gá go gcaithfidh rochtain aonair freastal ar fhorbairt ribíneach ná líne foirgnimh aonfhoirmeach leanúnach a bheith aici.

Is féidir le foirgnimh atá suite siar, agaithe, nó ar fiar agus le bearnaí eatarthu forbairt ribíneach a léiriú, má tá éadanas comhchoiteanna nó má tá nasc amhairc eatarthu. I gcásanna ina gcruthaítear forbairt ribíneach nó ina gcuirfear síneadh léi mar gheall ar fhorbairt, ní bhreithneofar an togra go fabhrach.

### 13.9.6 Forbairt Talaimh Cúil

De ghnáth ní bheidh an tÚdarás Pleanála i bhfabhar tograí a bhaineann le forbairt atá suite ar chúl foirgnimh seanbhunaithe, atá suite feadh lána príobháideach amach ó bhóithre poiblí agus a thugann isteach forbairt talaimh cúil i bhfoirm píosa ar phíosa.

Bíonn tithíocht leagtha amach go scaipthe mar thoradh ar an gcineál seo forbartha de ghnáth nó cruinnithe le chéile ar chúl ionaid réadmhaoine atá ann cheana chomh maith le cosáin fhada chun dul isteach sna hionaid réadmhaoine.

Ní léiríonn sé meas ar an bpatrún lonnaíochta seanbhunaithe, cruthaíonn sé cuma fhoirgnithe agus dá bhrí sin creimeann sé carachtar na tuaithe chomh maith le tailte talamhaíochta a bhriseadh suas a thuilleadh, caighdeáin conláistí cónaithe a laghdú gan trácht ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar shábháilteacht tráchta.

Ní dhéanfar Forbairt Talaimh Cúil a mheas ach i Limistéar Beartais Tuaithe 1 agus 2 i gcás go bhfuil suíomh na n-iarratasóirí i seilbh an teaghlaigh le 15 bliana ar a laghad agus go bhfuil gabháltas na talún 1.5 heicteár ar a laghad. Ní cheadófar ach aon áitreabh amháin in aghaidh an úinéara talún (mar a sainmhíníodh thuas). Ba cheart go mbeadh gníomhas ceart slí chuig an t-áitreabh atá beartaithe ag gabháil le haon fhorbairt talaimh cúil agus níor cheart go mbeadh drochthionchar aici ar shábháilteacht tráchta.

### 13.9.7 Measúnachtaí ar Thionchar Físiúil

I roinnt cásanna, féadfaidh an tÚdarás Pleanála a iarraidh go n-ullmhófar Measúnú ar Thionchar Físiúil (VIA) go háirithe i gcomhair tograí laistigh de cheantair íogaire/fheiceálacha lena n-áirítear Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha agus Ceantair ar Ardchaighdeán Scéimhe nó feadh bealaí fióráille, d'fhorbairtí a d'fhéadfadh cur isteach ar radhairc liostaithe agus/nó radhairc ó thalamh ard (féach Caibidil 8 Oidhreacht Nadúrtha, Bithéagsúlacht, agus Bonneagar Glas).

Caithfear na rudaí seo a leanas a chur in aon Mheasúnú ar Thionchar Físiúil:

- Measúnú iomlán ar infheictheacht agus ar fheiceálacht na forbartha laistigh den timpeallacht mórthimpeall ó phointí faire ó chian agus ó chóngar agus aon athruithe i gcarachtar na radharc atá ann cheana nó ar an tírdhreach áitiúil de bharr na forbartha. Ba cheart fótamontáisí den fhorbairt ó phointí faire mórthimpeall a chur le haon Mheasúnú ar Thionchar Físiúil; agus
- Measúnú iomlán ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar radhairc liostaithe nó ar láithreáin oidhreachta agus ar chuma an talaimh máguaird/an bhrait fásra.

### 13.9.8 Dearadh Tí – Nuathógtha

Beidh dearadh, scála agus foirm an áitribh (agus aon gharáiste nó foirgnimh lasmuigh a bhaineann leis) tuisceanach ar an tírdhreach ina bhfuil sé suite. Ní mheasfar go fabhrach aon fhoirgneamh atá suntasach nó ina ghné fheiceálach sa tírdhreach.

Samplaí breátha is ea tithe tógtha de réir an nóis áitiúil den bhealach is fearr chun foirgnimh a chomhtháthú leis an tírdhreach.

Bhí na tithe seo beag, lom agus simplí ina ndéanamh den chuid is mó, a tógadh gan aon treoir ó phlean foirmiúil, líníocht nó sonraíocht scríofa.

Chuaigh an topagrafaíocht, ábhair, agus an aeráid chomh le stíl a bpobail i bhfeidhm ar a ndearadh agus ar a dtogáil. Bhí siad praiticiúil, simplí i gcruth agus i bhfoirm, ní raibh gabháltas rómhór acu agus iad suite go neamhfheiceálach sa tírghné. Déanfar foirgnimh chomhaimseartha, iad deartha agus bailchríoch curtha orthu mar is cuí, a mheas más féidir a léiriú go gcomhtháthódh an forbairt leis an tírdhreach áitiúil agus go gcuirfeadh sé go dearfach leis.

### 13.9.9 Dearadh, Mionghné agus Bailchríocha Ábhair

Tá sé tábhachtach go léireofar meas ar fhoirmeacha traidisiúnta, ar mhionghné, agus ar bhailchríocha i dtithe nua faoin tuath. Tabharfar aird chuí ar na nithe seo a leanas:

- Beidh foirm agus comhréir an tí nuathógtha mar ghnéithe lárnacha sa dearadh agus rachaidh siad i bhfeidhm go mór ar a thionchar físiúil ar an tírdhreach;
  Bíonn an rath is mó ar fhoirmeacha bunaithe ar phlean simplí ar scála beag le béim ingearach go dtí na beanna tí;
- Léireoidh áitreabh nua meas ar charachtar agus ar chuma an talaimh trí dhearadh cuí agus trí oibriú le gnéithe nadúrtha, imlínte agus éiceolaíocht an tsuímh
- Beidh scála áitreabh nua oiriúnach dá shuíomh. I gcás tithe móra b'fhéidir go mbeadh gá le suíomh le foscadh maith air agus é bheith foroinnte ina chodanna níos lú den fhoirm thraidisiúnta d'fhonn dearadh nach bhfuil chomh toirtiúil sin a bhaint amach chomh maith le comhtháthú níos fearr lena thimpeallacht; agus
- Más féidir leis an láithreán an dearadh a thógaint isteach agus freastal go air go hoiriúnach, cuirtear fáilte roimh athleaganacha comhaimseartha den fhoirm traidisiúnta. Tá éirithe le dearaí comhaimseartha cruth líneach a ionchorprú, agus trí é a bhriseadh suas ina n-eilimintí níos lú go minic, lena n-áirítear an coincheap domhain aon-seomra, ábhair thraidisiúnta, díonta claonta nó cuartha boghtaí bairille agus claonseantáin bheaga;
- Méid agus cruth na bhfuinneog agus na n-oscailtí dorais, a shocraíonn an cóimheas idir soladach agus folamh. Beidh achar dromchla balla níos mó i gceist leis an dearadh ná ag fuinneoga nó oscailtí dorais, agus beidh leagan amach simplí, ingearach agus siméadrach ag oscailtí;
- Déanfar sonraí chóiriú na bhfuinneog, oscailtí fuinneoige san áireamh, a dhearadh go cuí le go mbeidh siad i gcomhréir leis an bhforbairt agus ag teacht le stíl an fhoirgnimh. Beidh siad deartha go híogair agus suite chun an leas is mó a bhaint as soilsiú nadúrtha agus sochar gréine;
- Ba cheart go mbeadh líon na bhfuinneog dormánta teoranta nuair a mholtar iad agus síneoidh siad suas ó aghaidh an áitribh seachas iad bheith ag gobadh amach ó fhána an dín;
- Caithfear go fabhrach le foirm díon traidisiúnta a mbíonn claonadh de 30 go 40 céim aige;
- Cuirfidh dearadh cuibheasach simplí agus críonnacht maidir le hábhair, uigeacht agus dath a úsáid go mór le cuma an fhoirgnimh nua;
- Maidir leis na hábhair a úsáidtear ar áitribh nua, leanfaidh siad sampla na mbailchríocha ar fhoirgnimh thraidisiúnta áitiúla, atá ag teacht leis an gceantar tuaithe.

Seachnófar bailchríocha neamhth-raidisiúnta. Má tá cloch beartaithe, úsáidfear cloch nadúrtha faighte go háitiúil nuair is féidir;

- Nuair is ábhair chomhaimseartha atá beartaithe, beidh siad ag teacht le agus oibreoidh siad go maith leis na hábhair sin a úsáideadh go traidisiúnta. Tá an fhéidearthacht ann nach n-oirfidh na hábhair seo do gach dúiche agus i gceantair atá thar a bheith íogair agus álainn.
- De ghnáth beidh simléir suite go lárnach ar mhullach an tí agus iad i gcomhréir go hingearach. Is gnách go mbeidh simléir ag na beanna tí cothrom leis an mbinn;
- Beidh dearadh simplí ag póirsí agus grianáin agus iad i gcomhréir leis an áitreabh;
- Seachnófar mionsonraí rómhaisiúla, éadánchlár ró-órnáideacha, maisiúchán agus dearaí bréige; agus
- Tabharfar aird ar choincheap an 'Dearadh Uilíoch' a ionchorprú i ndearadh áitreabh le go mbeidh siad sábháilte agus inrochtana do chách beag beann ar aois, mhíchumas nó stádas sa saol. Dearfar iad sa chaoi is gur féidir iad a shíniú nó a oiriúnú d'fhonn freastal ar dhaoine faoi mhíchumas.

### 13.9.10 Garáistí agus Foirgnimh Lasmuigh

Is gnách gurb é an cuspóir atá ag garáistí agus foirgnimh lasmuigh atá laistigh de chúirtealáiste ionaid réadmhaoine cónaithe ná stóráil agus na riachtanais a ghabhann leis an áitreabh ar an láthair. Lonnófar garáistí de ghnáth taobh le nó ar chúl an áitribh agus déanfar iad a dhearadh agus bailchríoch a chur orthu in ábhair a oireann don áitreabh. Beidh dearadh agus scála an gharáiste i gcomhréir leis an áitreabh.

Breithneofar foirgnimh lasmuigh a mbeidh úsáid acu a ghabhann leis an áitreabh ar bhonn cás ar chás agus braithfidh sé ar shuíomh, nádúr na húsáide agus ar dhearadh agus scála an fhoirgnimh.

### 13.9.11 Athchóiriú agus Tógaint as an Nua

Cuireann áitribh dhúchasacha thraidisiúnta go mór le carachtar agus cuma ár dtírdhreacha áitiúla. Mar sin féin, tá nós ann tógaint as an nua seachas uasghrádú a dhéanamh ar áitribh thraidisiúnta na tuaithe, rud a ídíonn ár soláthar d'áitribh dhúchasacha agus d'fhoirgnimh.

Spreagfaidh an tÚdarás Pleanála daoine mar sin chun áitreabh dúchasach a chaomhnú agus chothabháil trí athchóiriú nó oiriúnú cúramach a dhéanamh air seachas é leagadh agus áitreabh nua a thógaint ina áit. Baineann an rud céanna le hathúsáid foirgneamh dúchasach atá ann faoin tuath i gContae Lú cosúil le hiar-thithe scoile, séipéil, seanfheirmeacha traidisiúnta agus foirgnimh lasmuigh.

Caithfidh an tÚdarás Pleanála go fabhrach le hathchóiriú nó oiriúnú na bhfoirgneamh seo go háitribh seachas iad a leagadh. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar conas na foirgnimh seo a athúsáid agus a chur in oiriúint d'úsáidí neamhchónaithe. Nuair is foirgneamh nua atá de dhíth agus meastar go bhfuil sé seo inghlactha, ba cheart machnamh a dhéanamh ar conas aon fhoirgneamh dúchasach agus stairiúil, a bhfuil ar an láithreán cheana féin, a choinneáil agus a ionchorprú sa togra deartha.

### 13.9.12 Athchóiriú ar Áitribh agus Foirgnimh Dhúchasacha atá ann cheana

Breithneofar na critéir seo a leanas mar chuid den mheasúnú ar aon iarratas chun áitreabh nó foirgneamh dúchasach a athchóiriú nó a leathnú:

- Sláine struchtúrach an fhoirgnimh. Áireofar suirbhé foirgnimh nó tuarascáil Innealtóra ó ghairmí cáilithe go cuí le haon iarratas a dheimhníonn go bhfuil na ballaí struchtúracha seachtracha agus na ballaí inmheánacha go léir slán go hiomlán agus gur féidir an foirgneamh a athchóiriú / a athchóiriú gan é a leagadh;
- Léiríonn aon síneadh/athrú meas ar charachtar agus ar shuíomh an fhoirgnimh agus cuireann sé le carachtar an fhoirgnimh atá ann cheana; agus
- Tá dearadh agus scála d'aon síneadh ag teacht le scála, mórdhlúthú, agus stíl ailtireachta an fhoirgnimh atá ann cheana.

Áireofar plean bainistíochta tógála arna ullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí in aon iarratas a leagfaidh amach conas a chosnófar an foirgneamh ó thitim le linn athnuachan agus athchóiriú an fhoirgnimh.

### 13.9.13 Áitribh a Thógaint in ionad Áitribh Eile

Ní chuirfear cosc ar áitribh nua a thógaint in ionad áitribh ináitrithe atá ann cheana i gcás nach meastar gur foirgneamh dúchasach an áitreabh atá le hathchur nó nach gcuireann sé go mór leis an oidhreacht áitiúil.

I gcásanna inar loisceadh áitreabh le déanaí, seans go nglacfaí le háitreabh nua a thógaint ina áit.

Breithneofar na critéir seo a leanas mar chuid de mheasúnú d'aon iarratas ar áitreamh nua a thógaint in ionad áitribh eile:

- Baineadh úsáid as an mbunstruchtúr go deireanach mar áitreabh agus go bhfuil a dhíon, a bhallaí inmheánacha agus seachtracha slán ar an iomlán;
- Sa mheasúnú ar theach á thógaint as an nua agus an bhfuil sé ináitrithe nó nach bhfuil, braithfidh an tÚdarás Pleanála ar an sainmhíniú de "theach ar féidir cónaí ann" mar a shainmhínítear é sin i gCuid 2 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 *(arna leasú);*
- Ní bheidh tionchar físiúil i bhfad níos mó ag an áitreabh nua ná an t-áitreabh a bhí ann roimhe;
- Beidh an t-áitreabh nua suite laistigh de chúirtealáiste an áitribh a bhí ann cheana agus beidh sé suite de ghnáth ar lorg an áitribh a bhí ann cheana, sé sin mura féidir a thaispeáint go mbeadh buntáistí ag baint le suíomh eile i dtaca le sábháilteacht i gcúrsaí amhairc, comhshaoil, sláinte phoiblí nó tráchta;
- I gcás áitribh atá le tógaint as an nua, muna gcomhlíonann sé caighdeáin reatha sábháilteachta bóthair, déanfar machnamh ar dhearadh na rochtana a fheabhsú ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre. Féach Cuid 13.16.17 le haghaidh tuilleadh sonraí; agus
- Beifear in ann na seirbhísí riachtanacha go léir a sholáthar gan drochthionchar suntasach a imirt ar an tírdhreach nó ar an timpeallacht áitiúil.

### 13.9.14 Rochtain

Agus rochtain á dhearadh i gcomhair áitribh faoin tuath caithfear na cúinsí seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- Beidh sé ar chumas an ghréasáin bóithre a fhreastalaíonn ar an láithreán agus ar chaighdeán oiriúnach chun freastal ar an rochtain agus ar an trácht breise a mheallfaí chuig an láithreán.
- Caithfidh iarratais a thaispeáint gur féidir rochtain agus bealach amach sábháilte chuig agus ón láithreán ar an mbóthar poiblí a bhaint amach.
  Tá dearadh na mbealaí isteach lena n-áirítear na caighdeáin infheictheachta is gá le haghaidh bealaí isteach leagtha amach sna Caighdeáin Bainistíochta Forbartha maidir le Bóithre (Alt 13.16.17). Tá srianta ar rochtain chuig na Bóithre Náisiúnta agus na Bóithre Réigiúnacha Caomhnaithe d'fhonn éifeachtacht agus feidhmiúlacht an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha a chothabháil.
- Leagtar amach a thuilleadh sonraí maidir leis na srianta agus na heisceachtaí seo i Tábla 7.5 agus 7.6 den Chaibidil dar teideal Gluaiseacht. In Alt 13.16.5 de na Treoirlínte Bainistíochta Forbartha soláthraítear a thuilleadh sonraí maidir le bealaí isteach ar Bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha.
- B'fhearr suíomhanna a d'fhéadfaí teacht orthu ó lánaí ann cheana féin más féidir nó trí bhealach isteach comhroinnte seachas bealach isteach nua a sholáthar/an iomad bealaí amach caol díreach ar an mbóthar poiblí a chruthú;
- Ba cheart machnamh go cúramach ar an mbealach isteach le go gcuirfear na línte radhairc riachtanacha i gcrích gan an iomad de na fálta sceach ann cheana féin a bhaint. Seachnófar más féidir suíomhanna a bhfuil gá le stráice fada de theorainneacha fálta sceach / díog / cloiche cois bóthair ann cheana a bhaint chun rochtain shábháilte a chinntiú;
- Chomh fada agus is féidir beidh bealaí isteach nua, cabhsaí agus achair le dromchla orthu suite go tuisceanach, le go rithfidís go neamhfheiceálach taobh le fálta seach, díoga nó línte balla atá ann cheana, agus go ngéillfidís do chomhrianta an láithreáin agus iad a thrasnú go réidh. Seachnófar cabhsaí scóipiúla; agus
- Beidh dearadh agus mionsonraí na gcolún agus na ngeataí ar an mbealach isteach ag teacht leis an suíomh tuaithe. Ba cheart troscáin ag an mbealach isteach a sheachaint chomh fada agus is féidir.

### 13.9.15 Cóireáil Teorann

Tá buntáiste ag suíomhanna a bhfuil teorainneacha nadúrtha ar ardchaighdeán acu cheana féin ó thaobh bheith ag teacht leis an tírdhreach. Ar mhaithe leis an gcomhtháthú a éascú coimeádfar agus cuirfear leis na teorainneacha seo nuair is féidir. Beidh coiréalacha teorann tuisceanach don limistéar ina bhfuil an láithreán suite agus dearfar iad i slí a chabhróidh leo comhtháthú a dhéanamh leis an tírdhreach áitiúil.

De ghnáth déanfar tírdhreachú ar a mbeidh fál sceach de speicis dhúchasacha comhoiriúnacha nó plandáil oiriúnach eile feadh theorainneacha uile an láithreáin. I measc na gcóireálacha teorann oiriúnacha eile tá ballaí cloiche nádúrtha de mhéid oiriúnach, nó fál poist agus iarnróid ar chúl aon phlandála.

Is féidir le cóireálacha teorann neamhoiriúnacha a bheith as carachtar agus róshoiléir ó thaobh amhairc de sa tírdhreach agus seachnófar iad mar sin.

### 13.9.16 Tírdhreachú

Cuirfear tograí mionsonraithe faoi thírdhreachú le gach iarratas. Cuimsíonn sé seo sceideal iomlán de na hoibreacha plandála go léir a dhéanfar agus amscála maidir le plandáil. Sa chás go gcoinneofar crainn nó fálta sceach beidh siad seo anótáilte go soiléir ar na líníochtaí. Déanfar an phlandáil le linn an chéad séasúr plandála atá ar fáil tar éis thús na forbartha. Má theipeann ar aon phlandáil le linn an chéad séasúr cuirfear plandáil eile de speiceas eile ina háit an chéad séasúr eile.

Nuair is féidir, coimeádfar aon chrainn aibí nó fál sceach luachmhar atá ann cheana. Beidh speicis dhúchasacha agus áitiúla mar chuid den fhálú nua. I measc na ngnáth-speiceas tá Crann Sleamhain, Feá, Cuileann, Sceach Gheal Coiteann, Pribhéad, An Mhailp, Crann fia-úll, Trom, Feoras agus Saileach. Braithfidh cad a mheastar a bheith ina speiceas oiriúnach don cheantar ar riocht na hithreach, cé chomh sceirdiúil is atá an suíomh agus patrúin phlandála áitiúla.

Comhtháthaíonn fálta nua níos fearr le carachtar an tírdhreacha níos leithne má tá siad idirphlandáilte le crainn dhuillsilteacha dúchasacha atá oiriúnach don cheantar sin ó thaobh cineál ithreach, sceirdiúlachta agus patrún plandála áitiúla de. I measc na gcrann dúchasach coitianta tá Darach, Fuinseog, Coll, Beithe, Péine Albanach, Crann Caorthainn agus Saileach. Beidh sé de dhualgas ar éinne a fhaigheann cead pleanála banna airgeadais a chur i dtaisce chun tírdhreachú sásúil an láithreáin a chinntiú. Tabharfar an banna seo ar ais nuair a bheidh an tírdhreachú críochnaithe ar an láithreán.

### 13.9.17 Cóireáil Fuíolluisce agus Soláthar Uisce

Ba cheart córais cóireála fuíolluisce a lonnú, a thógaint agus a chothabháil ar na caighdeáin is airde ar fad le cinntiú go gcuirfear isteach ar chaighdeán an uisce a laghad agus is féidir. Ní mór d'iarratasóirí an tÚdarás Pleanála a shásamh go bhfuil an modh chun fáil réidh le fuíolluisce ag teacht go hiomlán le treoirlínte agus ceanglais Chód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC); Córais Cóireála Fuíolluisce Baile (Coibhéis Daonra ≤10) nó caighdeáin eile ina dhiaidh sin in éineacht leis na cuspóirí agus na critéir bheartais atá leagtha amach i gCaibidil 10 den Phlean seo.

Cuirfidh iarratasóirí sonraí faoi fhoinse an tsoláthair uisce atá beartaithe in aon iarratas. Léirítear sonraí faoi shuíomh aon tobar príobháideach nó nasc chuig soláthar príomhlíne uisce ar phlean faoi leagan amach an tsuímh.

### 13.9.18 Uisce Dromchla

Faightear réidh le huisce dromchla ón láithreán laistigh de theorainneacha an láithreáin agus ní sceitear é ar an mbóthar poiblí nó ar réadmhaoin in aice láimhe. Áireofar in aon iarratas sonraí faoi uisce dromchla a mhaolú agus a dhiúscairt, faoi phleananna agus sonraíochtaí.

### 13.9.19 Éileamh ar Thithíocht Cruthaithe Faoin Tuath

Beidh ar iarratasóirí a chuireann isteach ar thithíocht aonair a thaispeáint go gcomhlíonann siad na critéir a bhaineann leis an Limistéar Beartais Tuaithe ar leith ina bhfuil an láithreán iarrtha suite. Leagtar amach na critéir cháilithe do gach limistéar beartas i gCuid 3.17.4 de Chaibidil 3 dar teideal 'Tithíocht'.

### 13.9.20 Síntí Cónaithe

Agus áitribh á leathnú nó á athrú, tá deis ann freastal ar chúinsí atá athraithe chomh maith le huasghrádú a dhéanamh ar áitribh níos sine nó iad a thabhairt suas go caighdeáin nua-aimseartha. Mar sin féin, d'fhéadfadh oibreacha den sórt seo tionchar suntasach a imirt ar charachtar agus ar chuma an tí atá ann cheana agus ar an timpeallacht áitiúil muna ndeartar, lonnaítear, agus muna gcuirfear bailchríoch orthu i gcaoi oiriúnach iad. Ba cheart na rudaí seo a leanas a thabhairt san áireamh agus iarratas ar shíneadh cónaithe a dhéanamh mar sin:

- **An scála, mórdhlúthú, dearadh agus na bailchríocha seachtracha:** – beidh na gnéithe seo ag teacht leis an bhfoirm thógtha agus le cuma na réadmhaoine atá ann cheana. Mar sin féin, ní gá go gcaithfidh siad dearadh agus bailchríoch an áitribh atá ann cheana a athchruthú nó aithris a dhéanamh orthu. Beidh fáilte roimh dearaí comhaimseartha agus nuálacha má chuireann siad go dearfach leis an tírdhreach.
- **Áitritheoirí in Aice Láimhe:** - Ní chuirfear isteach rómhór ar a bpríobháideachas nó a gcuid conláistí trí radharc anuas, scáthú agus/nó bheith ró-fheiceálach.
- **Cuspóirí áineasa agus baile:** – Ní mór a dhóthain spáis bheith fágtha laistigh de chúirtealáiste na réadmhaoine i gcomhair áineasa, páirceála agus feithiclí a ionramháil.
- **Seirbhísí:** – Má tá an réadmhaoin seirbhísithe ag córas cóireála fuíolluisce aonair ar an láthair caithfidh an córas seo bheith in ann freastal ar aon luchtú breise de réir cheanglais Chód Cleachtais an GCC: Córais Cóireála Fuíolluisce Baile (cóimheas daonra ≤10)

Seans go ndéanfaí na córais ar an láthair atá ann cheana a uasghrádú go dtí na caighdeáin reatha dá bharr seo.

### 13.9.21 Árasáin Teaghlaigh/ Aonad um Mhaireachtáil Neamhspléach

Is éard atá in árasán teaghlaigh nó aonad um mhaireachtáil neamhspléach ná aonad ar leith de chóiríocht chónaithe ar láithreán aonaid áitribh atá ann cheana a úsáidtear mar áit chónaithe do gharghaol den phríomhtheaghlaigh ar an láithreán.

Comhlíonfaidh tógáil de shíneadh nó d'athchóiriú atá mar chuid de theach nó de gharáiste / fhoirgneamh lasmuigh atá ann cheana go hárasán teaghlaigh nó aonad um mhaireachtáil neamhspléach, na ceanglais seo a leanas:

- **Réasúnaíocht** – Caithfear an gá le haghaidh na forbartha a leagan amach go soiléir.
- **Scála** – Beidh an árasán teaghlaigh mar fochuid den phríomháitreabh agus beidh sé measartha i méid agus i scála le hachar urláir nach mbeidh níos mó ná 50m² de ghnáth.
- **Comhtháthú** – Má tá sé le hais an phríomháitribh soláthrófar nasc inmheánach.
- **Úinéireacht** – Ní dhíolfar nó ní ligfear ar cíos é mar aonad neamhspléach agus fanfaidh sé san úinéireacht chéanna leis an bpríomháitreabh ar an láithreán.
- **Rochtain** – Ní bheidh rochtain d'fheithiclí dá chuid féin aige.
- **Seirbhísí** Má tá an réadmhaoin seirbhísithe ag córas cóireála fuíolluisce aonair ar an láthair caithfidh an córas seo bheith in ann freastal ar aon luchtú breise de réir cheanglais Chód Cleachtais an GCC: *Córais Cóireála Fuíolluisce Baile (i.e. ≤10) (2021)*.

Seans go ndéanfaí na córais ar an láthair atá ann cheana a uasghrádú go dtí na caighdeáin reatha dá bharr seo.

## 13.10 Struchtúir Chónaithe Sealadacha

Meastar gur foirm fhánach de chóiríocht faoi bhun caighdeáin atá i struchtúir chónaithe shealadacha amhail tithe soghluaiste, cábáin soghluaiste agus carbháin. Ní cheadófar struchtúir den sórt seo de ghnáth.

I gcás go bhfaightear iarratas ar chóiríocht mar seo ar láithreán inar tugadh cead le haghaidh réadmhaoin chónaitheach cheana féin féadfaidh an tÚdarás Pleanála cead sealadach a thabhairt do struchtúr cónaithe sealadach ar an láithreán amhail theach soghluaiste.

Mar chuid d'aon chead d'fhorbairt den sórt sin, beidh sé riachtanach an struchtúr a bhaint den láithreán nuair a bhogtar isteach san áitreabh.

## 13.11 Áiléir Cholúir

Agus áiléir cholúir á bhforbairt caithfear a thabhairt san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar thaitneamhachtaí d'aon ionaid réadmhaoine mórthimpeall, go háirithe ó thaobh fuaime agus drochbholaidh de.

Cuirfidh forbairt d'aon áiléir cholúir na nithe seo a leanas san áireamh:

- Ba chóir go mbeadh áiléar suite chomh fada agus is féidir ó hionaid réadmhaoine béal dorais agus de ghnáth níor chóir go mbeadh siad laistigh de 5 mhéadar de theorainn atá in aice le réadmhaoin in aice láimhe; agus
- Déanfaidh suíomh agus dearadh áiléar colúr tréaniarracht chun aon drochthionchar ar thaitneamhachtaí na n-ionad réadmhaoine mórthimpeall a laghdú agus a sheachaint.

## 13.12 Sóisialta agus Pobail

Tugann an Chuid seo treoir maidir le forbairtí sóisialta agus pobail.

### 13.12.1 Cúram leanaí

Cuimsíonn cúram leanaí cúram lae iomlán, áiseanna seisiúin agus seirbhísí do leanaí réamhscoile agus leanaí scoile le linn uaireanta lasmuigh den scoil. Cuireann rochtain ar shaoráidí cúraim leanaí ar chaighdeán maith le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus oideachasúil páistí. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag cúram leanaí ó thaobh forbairt eacnamaíoch a chothú ag an leibhéal áitiúil.

Féachfaidh an tÚdarás Pleanála le soláthar áiseanna cúraim leanaí a éascú in áiteanna oiriúnacha ar fud an Chontae, ceantair ina bhfuil a lán fostaíochta cuir i gcás agus laistigh d'fhorbairtí cónaithe nua.

Moltar d'iarratasóirí comhairle a lorg ó Choiste Cúram Leanaí Chontae Lú, Tusla, HSE, agus eagraíochtaí ábhartha eile maidir le háiseanna cúram leanaí a dhearadh sula gcuirtear iarratas ar chead pleanála isteach.

Soláthrófar gach áis cúram leanaí de réir *Áiseanna Cúram Leanaí: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DEHLG) (2001).*

Agus iarratais phleanála le haghaidh áiseanna cúraim leanaí á meas, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird ar na nithe seo a leanas:

- Cé chomh hoiriúnach is atá an láithreán do chineál agus do mhéid na saoráide atá beartaithe;
- Áiseanna codlata / scíthe sásúla;
- A dhóthain spáis i gcomhair súgartha laistigh agus lasmuigh;
- Áisiúlacht maidir le nóid iompair poiblí;
- Rochtain shábháilte agus páirceáil carr eas-sráide áisiúil agus/nó áiteanna tuirlingthe agus bailithe do chustaiméirí agus do bhaill foirne;

- Coinníollacha tráchta áitiúla;
- An líon de shaoráidí dá leithéid sa cheantar. Maidir le seo, caithfidh an t-iarratasóir léarscáil a chur isteach a thaispeánann suíomhanna na saoráidí cúraim leanaí i bhfoisceacht an tsuíomh atá i gceist agus a léiríonn an gá le saoráid eile ag an láithreán sin; agus
- Uaireanta oibríochta atá beartaithe.

I gcomhair forbairtí nua, beidh gá le saoráid cúram leanaí amháin a dhéanann freastal ar 20 áit i bhforbairtí de 75 teach. Agus a n-aird ar na treoirlínte, cuirfidh an tÚdarás Pleanála san áireamh an soláthar cúram leanaí atá ann cheana agus seachadadh saoráidí nua mar chuid d'fhorbairt chónaithe á meas le go bhféadfaí ró-sholáthar a sheachaint.

Sna cásanna seo agus le comhaontú an Údaráis Phleanála, beidh ar fhorbróirí buntáistí eile a sholáthar don phobal i bhfoirm soláthar díreach nó ranníocaíocht airgid.

Tá na riachtanais maidir le páirceáil carr ag saoráidí cúraim leanaí leagtha amach sna Caighdeáin Pháirceála i dTábla 13.11 sa Chaibidil seo.

### 13.12.2 Ionaid Adhartha

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le hionaid adhartha agus le hionaid ilchreidmheacha ó thaobh freastal ar riachtanais éagsúla reiligiúnacha agus cultúrtha de dhaonra an Chontae. Breithneofar tograí forbartha maidir le foirgneamh a úsáid mar áit adhartha phoiblí nó mar áit chun reiligiún a theagasc i gcomhthéacs an limistéir úsáide talún, comhoiriúnacht na húsáide le húsáidí seanbhunaithe mórthimpeall, acmhainn ionchasach an fhoirgnimh, an trácht féideartha agus riachtanais pháirceála, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar thaitneamhacht chónaithe.

Ba cheart go mbeadh na sonraí seo a leanas ag gabháil le hiarratais phleanála:

- Acmhainn na saoráide (e.g. acmhainn suíocháin);
- Measúnú ar thrácht (sonraí faoin soláthar páirceála atá beartaithe san áireamh); agus
- Uaireanta oibríochta atá beartaithe.

Breithneofar síneadh ar áiteanna adhartha atá ann cheana i gcás nach gcruthaíonn siad plódú tráchta atá do-ghlactha nó deacrachtaí páirceála nó nach ndéanann sé ciotaí do chónaitheoirí nó do ghnólachtaí atá ann cheana.

### 13.12.3 Ionaid Oideachais

Breithneoidh an tÚdarás Pleanála forbairtí oideachais bunscoile agus meánscoile i gcomhthéacs riachtanais shonracha na Roinne Oideachais agus na treorach atá leagtha amach laistigh de *'Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála, Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2008* '.

Treoróidh an Roinn Oideachais an gá le háiseanna oideachais nua nó leathnú saoráidí ag scoileanna atá ann cheana.

Agus iarratais phleanála le haghaidh scoileanna nua agus/nó athfhorbairt/síntí scoileanna atá ann cheana, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas:

- An gá iomlán ó thaobh riachtanais, easpa, agus deise de maidir le feabhas a chur ar scoileanna nó iad a fhorbairt;
- Suíomh an láithreáin, cóngaracht na scoile don abhantrach, méid an láithreáin i gcoibhneas le riachtanais spáis lasmuigh agus riachtanais na scoile sa todhchaí (i.e. dóthain spáis curtha ar fáil le haghaidh leathnú amach anseo)
- Tionchar tráchta agus iompair ar an ngréasán bóithre máguaird;

- Bealaí maithe, sábháilte, inrochtana do choisithe agus do rothaithe chuig agus ón scoil ó cheantair chónaithe agus tráchtála ar na gaobhair;
- Rochtain shábháilte agus leagan amach páirceála mór a dhóthain chun fágáil/bailiú a éascú;
- Comharthaíocht, soilsiú agus cóireáil teorann sásúil;
- Tionchar ar thaitneamhachtaí áitiúla agus úsáidí lasmuigh d'uaireanta scoile / dhífheidhmiú saoráidí scoile;
- Comhréireacht le cuspóirí criosaithe úsáide talún; agus
- Comhréireacht leis an Doiciméad Treorach Teicniúla, TGD 025 (nó aon doiciméad nuashonraithe den sórt sin), maidir le bunscoileanna agus Doiciméad Treorach Teicniúla TGD 027 (nó aon doiciméad nuashonraithe den sórt sin) maidir le hiar-bhunscoileanna.

Beidh tuarascáil ag gabháil le hiarratais phleanála ar fhorbairtí cónaithe suntasacha (os cionn 200 áitreabh) ina shainaithneofar an t-éileamh ar áiteanna scoile gur dócha go gcruthófaí agus cumas na scoileanna atá sa chomharsanacht cheana féin freastal ar an éileamh sin.

Déanfar seomraí ranga a mheas ar bhonn cás agus ar chás agus glacfar leo de ghnáth ar feadh tréimhse nach leanann níos faide ná 5 bliana.

Ba chóir nach gcuirfidh seomraí ranga den sórt seo isteach ar spásanna páirceála do chairr/rothair nó nach gcuirfidh isteach an iomarca ar áiseanna do shúgradh lasmuigh/ shaoráidí spóirt.

Glacfar le síntí le scoileanna de ghnáth má chuirtear iad in áit struchtúr atá ar an láithreán cheana féin.

Maidir le suíomh a roghnú do shíntí scoile, tabharfar aird ar thaitneamhachtaí atá lena hais agus ar thaitneamhachtaí atá laistigh de láithreán na scoile.

Fáilteofar roimh dhífheidhmiú saoráidí spóirt/hallaí srl. lasmuigh d'uaireanta scoile nuair a bheidh úsáid na saoráidí chun leasa an phobail níos leithne. Mar sin féin, níor chóir go ndéanfadh úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile díobháil do thaitneamhachtaí in aice láimhe.

Nuair is féidir agus meastar gur praiticiúil an rud é a dhéanamh, ba cheart na sonraí go léir faoi na húsáidí a bhfuil súil leo lasmuigh d'uaireanta scoile a chur leis an iarratas pleanála. Aontófar i scríbhinn leis an Údarás Pleanála na húsáidí uile lasmuigh d'uaireanta sula mbogtar isteach san fhorbairt atá beartaithe.

## 13.13 FOSTAÍOCHT

Ní mór gach forbairt a bhaineann le fostaíocht a fhorbairt go hardchaighdeán. Cabhróidh sé seo ó thaobh timpeallacht a chruthú a mheallfaidh daoine chun obair ann agus gnólachtaí chun infheistiú ann. Cuirfidh aon iarratas pleanála le haghaidh gnó nó fiontair a fhorbairt na caighdeáin leagtha amach thíos san áireamh.

Ina theannta sin tá codanna ar leith sa chaibidil seo a thugann treoir faoi iompar (rochtain agus páirceáil carr san áireamh) (Cuid 13.16), seirbhísí uisce (Cuid 13.20), agus draenáil inbhuanaithe (Cuid 13.20.4).

Ba cheart eolas a chur ar na codanna seo agus iarratas a ullmhú le haghaidh forbartha a bhaineann le fostaíocht.

### 13.13.1 Páirceanna Gnó agus Eastáit Tionsclaíochta

Cruthóidh dearadh agus leagan amach páirceanna gnó agus eastáit tionsclaíochta timpeallacht oibre atá feidhmiúil agus mealltach ina mbeidh dearadh foirgnimh ar ardchaighdeán agus inar féidir le coisithe, rothaithe agus mótarfheithiclí a mbealach a dhéanamh tríd go héasca.

Caithfear Máistirphlean a ullmhú le haghaidh aon limistéar fairsing de thailte fostaíochta neamhfhorbartha le cinntiú gur féidir teacht ar chomhaontú maidir le rochtain agus bóithre inmheánacha, seirbhísí, riachtanais bhonneagair agus céimniú d'fhonn a chinntiú gur féidir na tailte a bhainistiú agus a chomhordú go cuí agus go seachnófar forbairt fhánach píosa ar phíosa dá bharr.

### 13.13.2 Leagan amach

Beidh leagan amach na bhfoirgneamh ar ardchaighdeán i slí a thugann aird ar phrionsabail dhearaidh lena n-áirítear nascacht agus tréscaoilteacht leis an tírdhreachú a úsáidfear chun an chuma amhairc a mhaolú agus feiceálacht na bhfoirgneamh a laghdú.

Maidir le leagan amach aon fhoirgnimh fostaíochta ar leith nó grúpa foirgneamh i bpáirc ghnó nó eastáit tionsclaíochta, tabharfar aird ar rochtain do choisithe, rothaithe, agus iompar poiblí (lena n-áirítear áiteanna inar féidir le busanna casadh, más gá). De ghnáth léireoidh foirgnimh nua meas ar línte foirgnimh seanbhunaithe agus mar chuid de seo beidh lonnú ar chúl ó aon bhóithre nó chosáin, a chuireann san áireamh cineál na húsáide, scála an fhoirgnimh agus patrún na forbartha sa cheantar cheana féin.

### 13.13.3 Dearadh agus Scála

Oirfidh dearadh agus scála aon fhoirgnimh don úsáid atá beartaithe dó. Laghdófar tionchar físiúil na bhfoirgneamh níos mó trí mheascán oiriúnach de bhailchríocha agus cóireáil ailtireachta a úsáid a bhriseann suas an foirgneamh, go háirithe ar an ingearchló tosaigh. Fáilteofar roimh dearadh foirgnimh comhaimseartha.

Caitear go fabhrach le foirgnimh atá ina sainchomharthaí agus a bhfuil dearadh suntasach acu ag suíomhanna straitéiseacha i lonnaíochtaí nó laistigh de pháirceanna gnó/tionsclaíochta.

Má tá ceantair chónaithe in aice le páirceanna tionsclaíochta agus gnó, tabharfar aird ar arda a laghdú san áit a dtagann na húsáidí talún seo le chéile chun an chodarsnacht idir an dá cheantar agus a dtionchar ar a chéile a laghdú a oiread agus is féidir.

Dearfar trealaimh feistithe ar dhíon amhail feain eastarraingthe nó aeróga chun comhtháthú leis an bhfoirgneamh agus beidh scáthlán oiriúnach timpeall orthu nuair is féidir.

### 13.13.4 Cóimheas Plota

Beidh cóimheas plota agus clúdach láithreán mar shlata tomhais agus scála agus déine fostaíochta a mheas. Is gnách go mbeidh feidhm ag na caighdeáin, mar atá leagtha amach i dTábla 13.8.

***Tábla 13.8 Cóimheas Plota & Clúdach Láithreáin le haghaidh Foirgneamh Fostaíochta***

| | Clúdach Láithreáin | Cóimheas plota uasta |
|---|---|---|
| **Oifigí** | 60% | 2:1 |
| **Déantúsaíocht** | 60% | 1.5:1 |
| **Dáileachán / Trádstóráil** | 60% | 1.5:1 |

### 13.13.5 Páirceáil agus Lódáil

Soláthrófar ionad páirceála feidhmiúil agus limistéar fágála / luchtaithe de réir na gcaighdeán páirceála atá leagtha amach i dTábla 13.11 sa Chaibidil seo.

Soláthrófar a dhóthain d'áiteanna casta d'fheithiclí seachadta laistigh de chúirtealáiste láithreáin ach amháin má tá socrú eile comhaontaithe. Dá bharr seo seans go mbeidh gá le hanailís 'rian uathoibríoch' a ullmhú. Soláthrófar páirceáil do rothaithe in áit shábháilte áisiúil gar do phríomhbhealach isteach na bhfoirgneamh.

Úsáidfear ábhair tréscaoilteacha i dtogáil ionad páirceála agus cloífidh an tógáil le prionsabail SuDS (Córas Draenála Inbhuanaithe).

### 13.13.6 Plean Taistil don Láthair Oibre

De ghnáth is gá Plean Taistil don Láthair Oibre a ullmhú d'aon togra le haghaidh forbairt mhór a chruthaíonn fostaíocht agus a chothaíonn éileamh suntasach ar thurais amhail oifigí, teicneolaíocht agus forbairtí seirbhís-bhunaithe.

Is é cuspóir Phlean Taistil don Láthair Oibre tacú le cur i bhfeidhm cuspóirí iompair inbhuanaithe agus an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú. Tá buntáistí aige do ghnólachtaí agus d'fhostaithe araon.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a sholáthar le haon Phlean Taistil don Láthair Oibre:

- Sonraí faoin soláthar páirceála d'fheithiclí agus do rothaithe;
- Naisc idir an bhforbairt agus iompair poiblí;
- Áiseanna do rothaithe agus do choisithe;
- Conas a dhéanfar freastal ar riachtanais daoine a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu; agus
- Cé mhéad duine a dhéanfar iarracht iad a spreagadh chun modhanna iompair inbhuanaithe a úsáid.

### 13.13.7 Tírdhreachú agus Cóireáil Teorann

Beidh sceideal iomlán don phlandáil atá beartaithe (lena n-áirítear liosta de na speicis agus amscála maidir le hiad a chur) agus cóireálacha teorann mar chuid d'aon iarratas. Is éard a bheidh in aon phlandáil speicis dhúchasacha (crainn, fálta sceach, toir agus bláthanna fiáine) agus ilbhliantóga nach mbíonn mórán aire le tabhairt dóibh agus atá fabhrach do phailneoirí.

Maolófar tionchar físiúil na forbartha trí tírdhreachú taobh le bóithre, teorainneacha agus limistéir pháirceála.

Nuair is gá crainn atá ann cheana a bhaint chun spás a dhéanamh d'fhorbairt, cuirfear crainn dhúchasacha ina n-áit ag cóimheas de 5:1 i nDroichead Átha agus Dún Dealgan, agus ceanglas de 10:1 i limistéar an Chontae.

Beidh na teorainneacha tosaigh cois bóthar ar ardchaighdeán. D'fhonn leanúnachas a chinntiú laistigh de pháirc ghnó/eastát tionsclaíochta, nuair is féidir, beidh an teorainn tosaigh cois bóthair i gcomhréir leis na foirgnimh in aice láimhe. Ní cheadófar pailis feadh teorainneacha tosaigh.

### 13.13.8 Áiteanna Stórála/Athchúrsála

Bíonn áiteanna stórála ar chúl foirgneamh de ghnáth nó taobh leo agus cuirfear faoi cheilt iad le tírdhreachú oiriúnach agus cóireáil teorann nuair is gá.

Cuirfear áiteanna dramhaíle agus athchúrsála faoi dhíon de ghnáth agus iad folaithe ó radharc an phobail.

### 13.13.9 Torann, Soilsiú agus Astuithe

Mar chuid de dhearadh agus leagan amach d'aon fhorbairt, ba cheart aird a thabhairt ar thionchar na forbartha ar ionaid réadmhaoine agus ar chónaitheoirí mórthimpeall i dtaca le gcáilíocht aeir, torann iomarcach, agus soilsiú.

Dearfar soilsiú lasmuigh sa dóigh go dtéann an méid is lú de dhoirteadh nó de thruailliú isteach sa timpeallacht máguaird nó sna ceantair chónaithe.

Dearfar forbairtí chun leibhéil torainn a choimeád chomh híseal agus is féidir. Nuair a mheastar gur dócha go dtiocfaidh torann iomarcach ó fhorbairt, d'fhéadfaí coinníoll a chur leis an iarratas pleanála maidir le leibhéal an ghleo.

### 13.13.10 Comharthaíocht

Aontófar sonraí faoin gcomharthaíocht go léir agus aon soilsiú a bhaineann leo mar chuid den iarratas pleanála. Maidir le líon agus suíomh na gcomharthaí ar fhoirgneamh aonair agus laistigh de pháirc ghnó nó eastát tionsclaíochta, féachfar chuige nach mbeidh tranglam nó an-iomarca de chomharthaíocht mar thoradh air.

### 13.13.11 Forbairt Fostaíochta i gCeantair Tuaithe

Teastóidh ráiteas tacaíochta le haghaidh aon iarratais phleanála ar fhiontar nó ar fhorbairt a bhaineann le fostaíocht amuigh faoin tuath, ráiteas a leagann amach cén fáth gurb é amuigh faoin tuath an áit is oiriúnaí don fhorbairt. In aon iarratas beidh gá le measúnú ar ghluaiseachtaí trách ta agus go háirithe feithiclí móra mar fheithiclí earraí troma, tarracóirí agus veaineanna, a bhaineann le haon fhorbairt agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an ngréasán bóithre áitiúil agus a chuireann leithead agus ailíniú an bhóthair san áireamh san am céanna.

Munar féidir a thaispeáint go bhfuil an gréasán bóithre in ann an fhorbairt a éascú, ní dócha go gceadófar an iarratas pleanála. Tabharfaidh aon iarratas aird ar na srianta ar rochtana nua nó géarú ar rochtana atá ann cheana ar Bhóithre Náisiúnta agus Bóithre Réigiúnacha atá faoi chosaint má tá sé i gceist teacht ar an bhforbairt trí Bhóthar atá faoi chosaint. Tá a thuilleadh sonraí leagtha amach i dTáblaí 7.5 agus 7.6 den chaibidil dar teideal "Gluaiseacht".

#### 13.13.11.1 Dearadh, Leagan Amach agus Scála

Déanfar gach foirgneamh agus struchtúr i gceantar tuaithe a dhearadh agus a thógaint ar ardchaighdeán. Cinnteoidh dearadh, scála, leagan amach, agus suíomh na forbartha go gcomhtháthóidh sé leis an timpeallacht máguaird.

Cé go bhfáilteofar roimh stíleanna tógála agus ábhair thraidisiúnta, breithneofar dearaí comhaimseartha freisin. Cinnteoidh an dearadh go mbeidh na foirgnimh neamhfheiceálach sa tírdhreach freisin.

#### 13.13.11.2 Tírdhreachú agus Cóireáil Teorann

Déanfar tírdhreachú mar chuid d'aon fhorbairt agus tograí tírdhreachaithe mionsonraithe curtha le haon iarratas a leagann amach cineál agus líon na speicis a chuirtear chomh maith le amscála maidir le haon phlandáil. Caomhnófar fálta sceach dúchasacha nuair is féidir.

Nuair is gá crainn atá ann cheana a bhaint chun spás a dhéanamh d'fhorbairt, cuirfear crainn dhúchasacha ina n-áit ag cóimheas de 5:1 i nDroichead Átha agus Dún Dealgan, agus ceanglas de 10:1 i limistéar an Chontae.

Beidh aon bhallaí teorann neamhfheiceálach agus tógfar iad le cloch nadúrtha. Ní cheadófar ballaí bloc nó brící.

#### 13.13.11.3 Páirceáil agus Stóráil

Soláthrófar a dhóthain d'áiteanna casta d'fheithiclí seachadta laistigh de chúirtealáiste láithreáin ach amháin má tá socrú eile comhaontaithe.

Beidh áiteanna stórála ar chúl na bhfoirgneamh de ghnáth nó taobh leo agus beidh siad folaithe ag tírdhreachú oiriúnach agus cóireáil teorann nuair is gá.

#### 13.13.11.4 Conláiste Cónaithe

Ó thaobh dearaidh agus scála d'aon fhorbairt, cuirfear san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chonláistí na n-ionad réadmhaoine mórthimpeall i dtaca le torann, soilsiú, caighdeán an aeir agus cur isteach i gcoitinne.

#### 13.13.11.5 Seirbhísí

Beidh dualgas ar aon fhorbairt a bhaineann le fostaíocht atá suite faoin tuath a dhóthain saoráidí uisce agus fuíolluisce a bheith aici chun freastal ar riachtanais na forbartha a bhfuiltear ag súil leis.

#### 13.13.11.6 Foirgnimh Tuaithe sa Stíl Dhúchasach a Athúsáid

Fáilteofar roimh athúsáid foirgneamh sa stíl dhúchasach atá ann cheana sa cheantar tuaithe, bíodh siad folamh, as feidhm, nó tréigthe d'fhonn luach oidhreachta ailtireachta na bhfoirgneamh seo a chaomhnú. Beidh aon sínithe le foirgnimh den sórt seo ag teacht leis an struchtúr bunaidh ó thaobh scála, ábhar, agus dearaidh de. Féadfar síneadh nua-aimseartha nó comhaimseartha atá bunaithe ar na prionsabail seo a mheas.

#### 13.13.11.7 Fiontair Talamhaíochta agus Foirgnimh

De réir mar a fhorbraíonn cleachtais feirmeoireachta agus mar a leantar leis an nuachóiriú, tá athrú tagtha ar dhearadh, scála agus leagan amach na bhfoirgneamh feirme agus na gclós feirme. Ag brath ar an bhfiontar feirmeoireachta e.g. mairteoil, déiríocht, muca, éanlaith chlóis, orgánach nó curaíochta, beidh éagsúlacht ann ó thaobh cineáil tithíochta, líon beostoic agus saoráidí stórála de.

Ag brath ar chineálacha fiontair agus feirmeoireachta beidh critéir dhifriúla i gceist chun iarratais a mheas a dhíríonn ar shaincheisteanna éagsúla mar thionchar físiúil, trácht, taitneamhacht chónaithe agus sláinte an phobail. Déanfar gach iarratas a mheas de réir a fhiúntais aonair agus cuirfidh sé san áireamh cumas an tírdhreacha áitiúil an fhorbairt a ionsú, cumas an bhonneagair áitiúil lena n-áirítear bóithre, bonneagar uisce agus fuíolluisce chun freastal ar aon luchtú breise agus gluaiseachtaí tráchta, agus aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar thaitneamhachtaí na gcónaitheoirí atá ina gcónaí gar don fhorbairt.

Chun cabhrú le hiarratais phleanála a mheas ar fhoirgnimh talamhaíochta agus go háirithe fiontair feirmeoireachta nua ar ghabháltas neamhfhorbartha, beidh gá le plean gnó a leagann amach an gá le haghaidh na forbartha.

Cuimseoidh sé seo na sonraí ar fad faoin gabháltas talún, líon beostoic agus uimhir-thréada (má bhaineann le hábhar).

Dearfar foirgnimh nua chun éifeachtúlacht a uasmhéadú, dul i ngleic le haon riachtanais maidir le rialú ar thruailliú (e.g. uisce salach a bhailiú agus dramhaíl feirme a bhainistiú), áiteanna breise stórála beatha agus innealra a sholáthar, agus leas beostoic a fheabhsú.

Aithnítear go bhfuil scála na bhfoirgneamh talmhaíochta chomh mór sin go mbeidh siad le feiceáil ó na bóithre máguaird agus ó amharcphointí poiblí.Mar sin féin, lonnófar agus dearfar foirgnimh nua le go mbeidh siad chomh neamhfheiceálach agus is féidir.

Agus foirgneamh á dhearadh tabharfar aird faoi leith ar leochaileacht na tírdhreacha ina mbeidh sé suite. Más foirgneamh thar a bheith mór é ó thaobh scála agus airde de, leagfar amach na cúiseanna maidir le foirgneamh chomh mór sin a thógaint. Nuair is féidir, cruinneofar foirgnimh nua laistigh d'fhoirgnimh atá sa chlós cheana féin.

I measc bailchríocha ar fhoirgnimh de ghnáth beidh ballaí rindreáilte / bloc agus painéil dhaite dhorcha ar thaobh agus ar dhíon foirgneamh amhail dúghlas, dearg nó liath. Is féidir le tírdhreachú cuidiú le foirgnimh nua a chomhtháthú sa tírdhreach. Ní bheidh ach speicis dhúchasacha san áireamh i bplandáil ar bith. Tabharfar sonraí faoi conas mar a bhailítear agus a stóráiltear aon eisilteach agus rith chun srutha a bhaineann leis an bhforbairt laistigh de chlós na feirme.

### 13.13.12 Gníomhaíocht Eacnamaíoch Baile-Bhunaithe

Breithneofar tograí le haghaidh gníomhachtaí eacnamaíocha baile-bhunaithe, i gceantair uirbeacha agus tuaithe, ar bhonn cás ar chás. Bainfidh na gníomhachtaí le príomhúsáid na réadmhaoine mar chóiríocht chónaitheach. Tabharfar aird faoi leith ar thionchar na gníomhaíochta ar chonláistí cónaithe na n-ionad réadmhaoine mórthimpeall.

Beidh scála agus nádúr na gníomhaíochta baile comhoiriúnach leis an limistéar ina bhfuil sé suite agus is beag an tionchar a bheidh aige ar chónaitheoirí máguaird maidir le torann, gluaiseachtaí tráchta, boladh agus cur isteach i gcoitinne.

Beidh a dhóthain saoráidí páirceála ann freisin chun freastal ar an úsáid atá beartaithe.

## 13.14 MIONDÍOL

Tá sé tábhachtach go mbeidh forbairtí nua miondíola ar ardchaighdeán dearaidh agus ar scála oiriúnach don lár ina bhfuil siad suite. Cuirfidh gach iarratas ar fhorbairt miondíola na caighdeáin seo a leanas san áireamh, mar aon leis an treoir i '*Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola"* agus *'Lámhleabhar un Dhearadh Miondíola' (2012)* a bhaineann leis.

### 13.14.1 Saincheisteanna Dearaidh Ginearálta

Beidh dearadh agus leagan amach na bhfoirgneamh ar ardchaighdeán a éascaíonn cúrsaíocht do choisithe agus d'fheithiclí. Fáilteofar roimh fhoirgnimh atá ina sainchomharthaí de dhearadh suntasach suite ag pointí straitéiseacha i lonnaíochtaí. Cuirfidh dearadh agus scála na bhfoirgneamh a gcomhthéacs agus na húsáidí talún máguaird san áireamh agus déanfaidh siad iarracht cur go dearfach leis an gceantar ina bhfuil siad lonnaithe.

Maidir le forbairtí níos mó agus foirgnimh níos airde, beidh gá le ráiteas dearaidh a leagann amach an réasúnaíocht taobh thiar den chur chuige dearaidh.

Lonnófar clóis seirbhíse ar chúl foirgneamh agus beidh siad folaithe agus tírdhreachaithe go cuí.

Dearfar trealaimh feistithe ar dhíon amhail feain eastarraingthe nó aeróga chun comhtháthú leis an bhfoirgneamh agus beidh siad folaithe go hoiriúnach nuair is féidir.

### 13.14.2 Láithreacha Lódáilte

Soláthrófar limistéar páirceála agus fágála/lódáilte i gcomhréir leis na caighdeáin pháirceála leagtha amach i Tábla 13.11 sa Chaibidil seo.

### 13.14.3 Páirceáil

Soláthrófar limistéar páirceála agus fágála/lódáilte de réir na gcaighdeán páirceála leagtha amach i Tábla 13.11 sa Chaibidil seo. Tógfar dromchla na n-ionad páirceála le hábhair tréscaoilteacha agus cloífidh siad le prionsabail SuDS.

Tá sé ríthábhachtach go soláthrófar saoráidí stórála do rothair atá sábháilte chun rothaíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt mar mhodh iompair inbhuanaithe. Soláthrófar páirceáil do rothair i ngach forbairt miondíola nua de réir na gcaighdeán leagtha amach i dTábla 13.12 sa Chaibidil seo.

### 13.14.4 Conláiste Cónaitheach

Mar chuid de dhearadh agus leagan amach d'aon fhorbairt, ní mór aird a thabhairt ar thionchar na forbartha ar hionaid réadmhaoine agus ar chónaitheoirí mórthimpeall i dtaca le caighdeán an aeir, torann iomarcach, agus soilsiú.

Dearfar soilsiú lasmuigh sa dóigh go dtéann an méid is lú de dhoirteadh nó de thruailliú isteach sa timpeallacht máguaird nó sna ceantair chónaithe.

### 13.14.5 Stáisiúin Pheitril agus Miondíolóireacht

Breithneofar Stáisiúin Pheitril ar thailte atá criosaithe go cuí agus atá comhoiriúnach le húsáidí talún mórthimpeall áit ar féidir rochtain shábháilte a bhaint amach agus nach gcruthófaí aon drochthionchar ar thaitneamhachtaí na n-ionad réadmhaoine mórthimpeall.

Ní chuirfear fáilte rompu de ghnáth laistigh de chroílimistéar miondíola de cheantair uirbeacha nó amuigh faoin tuath.

Tá siopaí áise mar chuid de na gnáthsheirbhísí coimhdeacha a chuirtear ar fáil laistigh de Stáisiúin Pheitril.

I lonnaíochtaí níos lú, d'fhéadfadh feidhm thábhachtach bheith acu mar an siopa áitiúil nó mar ollmhargadh beag. De réir na dTreoirlínte um Phleanáil Miondíola, níor cheart go mbeadh glan-spás urláir an tsiopa níos mó ná 100m². I gcás go n-iarrfar cead os cionn glan-achar urláir 100m², beidh an cur chuige seicheamhach i bhfeidhm.

Ceadófar fíorbheagán fógraíochta ag Stáisiúin Pheitril agus beidh sí teoranta de ghnáth do phríomhcholún / chuaille fógraíochta amháin.

Ba cheart go mbeadh ceannbhrait oiriúnach dá suíomh ó thaobh airde agus dearaidh de. B'fhearr go ndéanfaí soilsiú inmheánach ar shoilsiú i bhfoirm litreacha cúlsoilsithe aonair.

Déanfar tograí le haghaidh saoráidí seirbhíse mótarbhealaigh ar líne nó as líne a mheas de réir na treorach atá leagtha amach sna *Treoirlínte um Phleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála, DECLG (2012)*.

### 13.14.6 Miondíol ar Ord Níos Ísle

Agus iarratais phleanála le haghaidh úsáidí miondíola ar ord níos ísle á meas, lena n-áirítear Siopaí Eischeadúnais, Siopaí Geallghlacadóra, Ionaid Siamsaíochta agus Chluichíochta, Casaíní, Siopaí Vapála, Ionaid Mearbhia / Bialanna Beir Leat, cuirfear na rudaí seo a leanas san áireamh:

- An gá atá le beocht agus inmharthanacht an limistéir mhiondíola sainithe a chosaint agus meascán oiriúnach d'úsáidí miondíola a choinneáil;
- Iomadú saoráidí dá leithéid sa cheantar;
- An tionchar ar thaitneamhachtaí sa cheantar a eascraíonn ó thorann, uaireanta oibríochta agus bruscar;
- Dearadh aghaidhe atá beartaithe, cineál agus méid aon fhograíochta/soilsithe agus conas a chomhtháthóidh sé le carachtar an cheantair;
- Suíomh agus cuma gaothairí agus seirbhísí seachtracha eile agus conas a d'fhéadfadh siad dul i bhfeidhm ar ionaid réadmhaoine in aice láimhe ó thaobh torainn /bolaidh/cur isteach/ tionchair físiúil de;
- Mionchíoradh ar cá bhfuil ionaid mearbhia suite i dtaca le láithreacha íogaire amhail scoileanna agus páirceanna; agus
- Breithneofar Ionaid Mearbhia / Bialanna Beir Leat a bhfuil saoráidí tiomáin tríd ar bhonn cás ar chás.

### 13.14.7 Ag Maireachtáil i Lár an Bhaile

Mar chuid de chur chuige chun láir bhailte a athbheochan, tacófar le húsáidí a chuireann ar chumas láir bhailte bheith ina gcinn scríbe ilfheidhmeacha a chuireann ar fáil seirbhisí, caitheamh aimsire, úsáidí cultúrtha, cathartha, agus cónaithe.

Fáilteofar roimh urláir uachtaracha d'ionaid réadmhaoine tráchtála a úsáid mar chóiríocht chónaithe agus, ina theannta sin, d'fhéadfaí aird a thabhairt ar mholtaí le haghaidh úsáidí cónaithe ag leibhéal na talún i gcúinsí áirithe nó in áiteanna ina raibh leibhéal folúntas leanúnach thar thréimhse fhada ann.

Ní dhéanfar cóiríocht dá leithéid a éascú ach amháin sa chás is go mbeidh sé lonnaithe lasmuigh den Lárcheantar Siopadóireachta agus go gcuirfidh sé le ról lár an bhaile mar 'ceann scríbe' i gcomhair gníomhaíochtaí tráchtála, sóisialta nó cultúrtha.

### 13.14.8 Aghaidheanna Siopaí

Is é an phríomhaidhm atá ag aghaidh siopa ná áitreabh tráchtála a shainaithint laistigh de shráid trí mheascán d'ainm, comhartha agus taispeántais fuinneoige. Tá go leor samplaí i mbailte agus sráidbhailte Chontae Lú d'aghaidheanna siopaí traidisiúnta mar aon le go leor eile atá níos nua-aimseartha ina ndearadh, agus comhoiriúnú corparáideach le haithint i gcuid mhaith díobh siúd.

### 13.14.9 Dearadh agus Comharthaíocht Aghaidhe Siopa

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála daoine a spreagadh chun aghaidheanna dílse traidisiúnta a chaomhnú agus dearaí comhaimseartha ar chaighdeán maith a chur i gcrích. D'eisigh an Chomhairle *'Treoirlínte um Aghaidheanna Siopaí a Dhearadh'* d'fhonn cuidiú le daoine i mbun aghaidheanna siopaí agus comharthaíocht a dhearadh. D'fhéadfaí teacht ar na Treoirlínte seo tríd an nasc seo.

Fáiltíonn an Chomhairle roimh úsáid na Gaeilge sa ghnó agus i gcomharthaíocht ar aghaidheanna siopaí.

Agus iarratais phleanála á meas ar oibriúcháin ar aon ghné d'aghaidh siopa, glacfaidh an tÚdarás Pleanála treoir ó na prionsabail dhearaidh leagtha amach sna *Treoirlínte um Aghaidheanna Siopaí a Dhearadh.*

### 13.14.10 Ceantair Chaomhnaithe Ailtireachta agus Struchtúir atá faoi Chosaint

Beidh aon athrú úsáide, síneadh, nó mionathrú a dhéanfar ar Struchtúr atá faoi Chosaint nó foirgneamh i gCeantar Caomhnaithe Ailtireachta ar mhaithe le hé a chur in oiriúint d'úsáid tráchtála/miondíola tuisceanach ar charachtar an cheantair ina bhfuil sé suite. Tabharfar aird faoi leith ar cá mbeidh trealaimh ar nós feain eastarraingthe suite.

Tá comhairle shonrach faoi chomharthaíocht i ACAanna agus Struchtúir atá faoi Chosaint sna *Treoirlínte um Aghaidheanna Siopaí.*

### 13.14.11 Taispeántais Fógraíochta Saorsheasaimh

Breithneofar Taispeántais fógraíochta saorsheasaimh (cinn dhigiteacha san áireamh) in áiteanna áirithe amhail ceantair choisithe thart ar ionaid siopadóireachta agus áiteanna eile ina bhfuil gníomhaíocht mhiondíola/ tráchtála ar siúl amhail láir bhailte.

Ní chuirfidh suíomh na dtaispeántas fógraíochta seo isteach nó bac ar ghluaiseacht na gcoisithe nó ar úsáideoirí bóithre níos goilliúnaí, agus ní tharraingeoidh sé aird thiománaithe.

Léireoidh aon togra le haghaidh taispeántas digiteach meas ar an gceantar ina bhfuil sé suite agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar thaitneamhachtaí físiúla agus cónaithe.

Beidh aird na bhfoirgneamh ag teacht leis an gcomharsanacht ina bhfuil siad agus ní bheidh siad rófheiceálach sa sráid-dreach. Seachnófar iomadú na comharthaíochta seo.

### 13.14.12 Comharthaíocht i bPáirc Mhiondíola

Tá comharthaíocht i bpáirc mhiondíola ríthábhachtach ar mhaithe le sonraí a thabhairt maidir le nádúr agus suíomh na n-aonad atá lonnaithe laistigh de. Chun tranglam físiúil a sheachaint ní cheadófar ag an mbealach isteach chuig forbairt ach comhartha amháin ar a bhfuil roinnt fógraí atá ar aon dul le chéile.

Níor cheart go gcruthódh aon chomhartha nó struchtúr a bhaineann leis bac ar ghluaiseacht choisithe nó rothaithe ná go gcruthódh sé guais tráchta.

## 13.15 FORBAIRT NA TURASÓIREACHTA

Leagtar amach sa Chuid seo na caighdeáin a bheidh i bhfeidhm ar fhorbairtí a bhaineann le húsáidí turasóireachta ar leith. Féachfaidh an tÚdarás Pleanála chuige go:

- n-éascófar, nuair is féidir, tograí a fheabhsaíonn rochtain ar gach láithreán agus saoráid turasóireachta atá ann cheana, agus cuirfidh sé iachall ar gach forbairt turasóireachta nua a chinntiú go mbeidh sé inrochtana do chách, beag beann ar a aois nó a gcumas.
- Go dtacófar le turasóireacht inrochtana a sholáthar; agus
- Go ndéanfar cinnte de go nglacann gach tionscnamh agus feabhsúchán le prionsabail an Dearaidh Uilíoch.

### 13.15.1 Óstáin, Tithe Leaba is Bricfeasta agus Tithe Lóistín

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais phleanála le haghaidh úsáid nua agus úsáid a athrú go leaba agus bricfeasta, teach aíochta, óstán nó brú i gceantair chónaithe, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird ar na nithe seo a leanas:

- Méid agus nádúr na saoráide;
- A chomhoiriúnacht leis an gceantar máguaird agus le húsáidí talún;
- Caighdeán na cóiríochta i gcomhair ná n-áititheoirí atá beartaithe don áitreabh;
- An méid socruithe sásúla, sábháilte, áisiúla ar fáil do pháirceáil agus do sholáthar seirbhísí;
- An cineál fógraíochta atá beartaithe;
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an sráid-dreach áitiúil agus ar oidhreacht thógtha;
- An tionchar ar chonláiste chónaitheoirí an cheantair ;agus
- Líon na saoráidí sa cheantar cheana féin.

Déanfar páirceáil carr a sholáthar de réir na gceanglas leagtha amach i dTábla 13.11 den Chaibidil seo.

### 13.15.2 Gníomhaíochtaí Turasóireachta

Beidh ráiteas gnó agus dearaidh mar chuid d'aon togra le haghaidh gníomhaíochta nó forbartha a bhaineann le turasóireacht agus leagfaidh sé amach na nithe seo a leanas:

- Léargas ginearálta ar shuíomh an togra a leagann amach conas a cuireadh tús leis an tionscnamh agus conas atá sé in oiriúint don suíomh atá roghnaithe;
- An fás atá á thuar don saoráid sa ghearr-, sa mheán-, agus san fhadtéarma;
- Conas a chomhtháthaigh dearadh agus scála na forbartha leis an tírdhreach;
- Conas a bheadh an fhorbairt ag teacht le hoidhreacht nadúrtha agus cultúrtha na háite;
- Na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar bhonneagar áitiúil go háirithe bóithre agus seirbhísí uisce;
- Modhanna iompair chuig an saoráid a bhfuiltear ag súil leis;
- Aon chomharthaíocht atá de dhíth; agus
- Conas a chuirfidh an fhorbairt le lárionaid agus saoráidí seanbhunaithe sa Chontae.

### 13.15.3 Láithreáin Charbhán agus Campála

Léireodh aon láithreán carbhán nó campála atá beartaithe meas, ó thaobh scála agus dearaidh de, ar charachtar an cheantair ina bhfuil siad suite. De ghnáth beidh siad suite laistigh de theorainn forbartha lonnaíochtaí seanbhunaithe a chomhlíonann an cháilíocht agus na caighdeáin is airde a bhaineann le hábhar.

Tabharfar aird ar shaoráidí beaga i suíomhanna oiriúnacha lasmuigh de bhailte agus de shráidbhailte ar an gcoinníoll go léireofar an t-éileamh air agus an gá le haghaidh na forbartha chun sástacht an Údarás Pleanála.

D'fhonn é seo a bhaint amach, beidh gá le hullmhú Ráiteas Gnó agus Dearaidh a leagann amach cén fáth gurb é an áit roghnaithe an áit is oiriúnaí don saoráid. Beidh sé riachtanach freisin a thaispeáint go gcomhlíonfar gach critéar pleanála agus comhshaoil eile lena n-áirítear oiriúnacht an tsuímh, dearaidh, scála, comhtháthú leis an tírdhreach, rochtain agus socruithe le haghaidh serbhísí, conláiste cónaithe, mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar oidhreacht nadúrtha agus ar timpeallacht na háite a leagan amach.

## 13.16 IOMPAIR

Leagtar amach sa Chuid seo na caighdeáin iompair le haghaidh forbartha sa Chontae. Mar chuid den straitéis chun tacú le comhtháthú úsáid talún agus iompair agus aistriú córa iompair a chur chun cinn ó spleáchas ar an gcarr príobháideach, beidh ar fhorbairtí nua, chomh fada agus is féidir, modhanna iompair inbhuanaithe a sholáthar amhail modhanna do choisithe, rothaithe, agus d'iompar poiblí.

Ba cheart na caighdeáin seo a léamh in éineacht le treoir náisiúnta atá ann cheana, rud a chuimsíonn na foilseacháin seo a leanas:

- Lámhleabhar Dearaidh i gcomhair Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS);
- An tAcht um Thrácht Bóithre, 1994 (ar leasú);
- An tAcht um Thrácht Bóithre, 1994 (arna léasú) Lámhleabhar faoi Chomharthaí Tráchta, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;
- Rialacháin maidir le Trácht ar Bhóithre, 1997-2012;
- DN-GEO-03030 – Treoir maidir le Feabhsúcháin Bheaga ar Bhóithre Náisiúnta;
- Treoirlínte maidir le Bainistiú Tráchta;
- Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála;
- Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta;
- Taisteal níos Cliste;
- TII Foilseacháin / Lámhleabhar Dearaidh i gcomhair Bóithre agus Droichead;
- Moltaí maidir le hOibreacháin Feabhsúcháin Láithreáin i gCeantair Tithíochta;
- Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála;
- TII Foilseachán PE-DDV-02046 Measúnú ar Iompar Bunaithe sa Cheantar (ABTA) Nótaí Treorach ;
- TII Measúnú ar Thrácht agus ar Iompar (TTA) Treoirlínte (2014);
- Measúnacht Tionchair ar Shábháilteacht Bóithre (RSIA), TII Foilseachán PE-PMG-02001 Measúnacht Tionchair ar Shábháilteacht Bóithre;
- Iniúchadh ar Shábháilteacht Bóithre: TII Foilseacháin GE-STY-01024 Iniúchadh ar Shábháilteacht Bóithre;
- DNGEO-03084 Cóireáil Idirchriosanna go Bailte agus Sráidbhailte ar Bhóithre Uirbeacha;
- Treoir d'Údaráis Áitiúla maidir le conas Pleananna Taistil don Láthair Oibre atá Éifeachtach a Bhaint Amach;
- Pleananna Taistil don Láthair Oibre Treoir do Lucht Feidhme; agus
- Treoir Sár-Chleachtais maidir le Tréscaoilteacht.

### 13.16.1 Saoráidí do Choisithe agus do Rothaithe

Má chuirtear áiseanna siúil agus rothaíochta tarraingteacha den scoth ar fáil atá inrochtana, sábháilte agus nasctha go maith leis na sráideanna agus na comharsanachtaí máguaird, seans go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a roghnaíonn na háiseanna seo a úsáid. Beidh saoráidí siúil agus rothaíochta mar ghné lárnach de dhearadh aon bhóithre nua.

Dearfar cosáin i gcaoi is gur féidir le coisithe dul thar a chéile go compordach, beidh leithead 2 mhéadar ar a laghad acu, agus freastalóidh siad ar dhaoine le fadhbanna luaineachta agus orthu siúd a bhfuil lagamhairc orthu.

Dearfar cosáin rothaíochta de réir na *dTreoirlínte um Bhainistiú Trách*ta agus an *Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta* agus cuirfear ar fáil iad ar gach bóthar artaireach / dáileacháin nua agus bhóithre ceangail mura bhfuil bealach malartach oiriúnach ar fáil.

Dearfar bóithre áitiúla chun luas feithiclí a laghdú, agus an bóthar a dhéanamh níos sábháilte d'úsáideoirí bóithre eile rothaithe san áireamh. Cruthaíonn sé seo deiseanna chun spás coiteann a chruthú do rothaithe agus do mhótarfheithiclí.

Soláthrófar soilsiú sráide feadh cosáin agus raonta rothair de réir na moltaí a dhéanfar in *'Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Tithíochta' (DoEHLG)* agus aon fhoilseachán ina dhiaidh sin nó comharba ar an doiciméad seo.

### 13.16.2 Gréasán Iarnróid

Comhlíonfaidh aon fhorbairt i gcóngar na n-iarnród atá ann cheana na slánachair agus na riachtanais tógála atá ag Iarnród Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, agus aon gheallsealbhóirí ábhartha eile.

### 13.16.3 Gréasán Bus

Áireofar le haon bhóithre nua nó uasghrádú ar bhóithre atá ann cheana nó forbairt limistéar cónaithe agus fostaíochta ar mhórscála soláthar do bhonneagar bus lena n-áirítear stadanna bus, scáthláin agus leataobh a chuirfeadh feabhas ar sholáthar iompair phoiblí.

Aontófar soláthar na n-áiseanna seo i gcomhar leis an gComhairle agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Freastalóidh suíomh na scáthlán bus ar riachtanais na n-úsáideoirí ach déanfaidh siad a ndícheall freisin fí isteach leis an sráid-dreach áitiúil agus ní chuirfidh sé isteach rómhór ar ghluaiseacht coisithe agus rothaithe feadh an chosáin.

### 13.16.4 Saoráidí Páirceála agus Taistil/ Páirceála agus Comhroinnte

Chomh maith le háiseanna páirceála a sholáthar, áireofar i ndearadh agus i leagan amach na saoráidí Páirceála agus Taistil agus Páirceála agus Comhroinnte soláthar do limistéar tuirlingthe do bhusanna, limistéar feithimh faoi dhíon do chustaiméirí, nascacht oiriúnach do choisithe agus do rothaithe laistigh den tsaoráid agus ón gceantar máguaird agus páirceáil do rothair.

Beidh Áiseanna Páirceála agus Taistil agus Páirceála agus Comhroinnte soilsithe go hoiriúnach chun méid áirithe slándála agus sábháilteachta poiblí a sholáthar.

### 13.16.5 Bóithre

Tá feidhm eacnamaíoch agus sóisialta tábhachtach ag bóithre náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla maidir le nasc a choimeád idir daoine agus gnólachtaí.

#### 13.16.5.1 Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha

Mar atá leagtha amach i gCuid 7.10 den Chaibidil dar teideal Gluaiseacht tá sé tábhachtach go gcuirfí srian ar líon na mbealaí nua agus ar ghéarú ar na bealaí isteach atá ann cheana ar an ngréasán bóithre Náisiúnta agus Réigiúnach d'fhonn feidhmiúlacht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin bóithre a choinneáil. Seachas na heisceachtaí, a leagtar amach i dTáblaí 7.5 agus 7.6, beidh aon rochtain nua amach ó bhóthar Náisiúnta nó ó bhóthar Réigiúnach faoi Chosaint teoranta do shuíomhanna laistigh den luasteorainn 50km / san uair.

Seachnófar go hiondúil bealaí isteach in áiteanna ina bhfuil an luasteorainn níos mó ná 60km / san uair. In idirchriosanna ina bhfuil an luasteorainn 60km / san uair sula laghdófar go 50km / san uair féadfar rochtain a mheas i gcúinsí teoranta ach chuige seo bheadh gá le hiniúchadh sábháilteachta ar bhóithre a ullmhú de réir cheanglais TII nó na Rannóige Bonneagair den Chomhairle. Déanfar oibreacha ar Bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha de réir *Lámhleabhar Dearaidh TII do Bhóithre agus do Dhroichid (DMRB)* nó don *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS)*, cibé doiciméad a bhaineann le hábhar.

#### 13.16.5.2 Bóithre Áitiúla

Athraíonn leithead, ailíniú agus luas na mbóithre áitiúla idir áiteanna sa Chontae. Déanfar aon oibreacha ar an ngréasán bóithre áitiúil a dhearadh agus a chur i gcrích de réir cheanglais *Lámhleabhar Dearaidh TII do Bhóithre agus do Dhroichid* nó don *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha*. Cuimsíonn na hoibreacha seo feabhsúcháin ar bhóithre atá ann cheana agus tógáil bóithre nua.[1]

### 13.16.6 Páirceáil Carr

Braitheann cé mhéad spás páirceála atá riachtanach do fhorbairt ar cén mhodh iompair a roghnaíonn daoine chun taisteal chuig agus ón bhforbairt sin. Cé go gcuireann an Plean seo aistriú córa iompair chun cinn ón gcarr príobháideach go modhanna iompair níos inbhuanaithe, leanfaidh an carr de bheith ina mhodh tábhachtach iompair, agus dá bhrí sin de ghnáth beidh gá le páirceáil a sholáthar mar chuid d'fhorbairt.

Beidh líneáil agus dromchla oiriúnach ar aon limistéir pháirceála ar an láthair a sholáthraítear i bhforbairtí. Déanfar limistéir mhóra pháirceála, go háirithe iad siúd a úsáideann an pobal nó atá infheicthe ó amharcphointí poiblí a bhriseadh suas le tírdhreachú bog. Beidh aon bánna lódála laistigh d'fhorbairt suite ionas nach gcuirfidh feithiclí seachadta isteach ar ghluaiseacht ná ar chúrsaíocht trachta agus nach ndéanann siad cúngú ar spásanna páirceála.

[1] Tá DMURS i bhfeidhm má tá an bóthar / láithreán suite laistigh den luasteorainn 60km / h.

### 13.16.7 Páirceáil do Dhaoine faoi Mhíchumas

De ghnáth cuirfear spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas i bhfeidhm ag ráta 5% de na spásanna le haghaidh forbairtí a dteastaíonn 10 spás nó níos mó uathu, agus ceann amháin ar a laghad.

Aithnítear go bhféadfadh líon na spásanna do dhaoine faoi mhíchumas atá de dhíth a bheith níos mó ná an figiúr ag braith ar nádúr forbairtí áirithe.

Déanfar na riachtanais pháirceála do dhaoine faoi mhíchumas d'fhorbairtí den sórt sin a mheas ar bhonn cás ar chás.

### 13.16.8 Páirceáil a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

I bhforbairtí tráchtála atá oscailte don phobal nó i bhforbairtí cónaithe le spásanna comhroinnte, soláthrófar páirceáil a thacaíonn le daoine breacaosta nuair is féidir.

### 13.16.9 Pointí Luchtaithe Leictrigh d'Fheithiclí Leictreacha

I ngach áit pháirceála carr, déanfar pointí luchtaithe leictrigh d'fheithiclí leictreacha a sholáthar. Cuimseoidh sé seo an sreangú agus an duchtú is gá. Ag feitheamh ar fhoilsiú treorach faoin gceanglas is lú maidir leis na spásanna seo, déanfar measúnú ar bhonn cás ar chás; mar sin féin, déanfaidh iarratasóirí a ndícheall chun na pointí luchtaithe leictrigh seo a sholáthar in 20% ar a laghad de líon iomlán na spásanna.

### 13.16.10 Toisí na Spásanna Páirceála

Beidh toisí na spásanna páirceála agus lódála mar seo a leanas:

**Tábla 13.9: Toisí na Spásanna Páirceála**

| Spás Páirceála | Toisí |
|---|---|
| **Spás Páirceála - ingearach leis an gcolbha** | 5.0m x 2.5m |
| **Spás Páirceála - lámh leis an mballa nó le bacainn eile** | 5.0m x 2.75m |
| **Spás Páirceála - comhthreomhar leis an gcolbha** | 6.0m x 2.5m |
| **Bá páirceála inrochtana** | 5.0m x 2.5m móide 1.2m taobh le agus ar chúl gach spáis |
| **Bá Lódála** | 6.0m x 3.0m |
| **Áiteanna cúrsaíochta** | 6.0m ar leithead |

### 13.16.11 Caighdeáin Pháirceála a Léiríonn an tÉileamh agus an Suíomh

Meastar go bhfuil sé cuí go léireodh riachtanas páirceála carr i mbailte agus i sráidbhailte an Chontae an t-éileamh ar pháirceáil a bhfuiltear ag súil leis. I dtaca le seo, tá an Contae foroinnte ina thrí limistéar, le tacar caighdeán faoi leith i bhfeidhm i ngach limistéar faoi leith. Tá na limistéir seo mar seo a leanas:

**Tábla 13.10: Áiteanna Páirceála sa Chontae**

| | |
|---|---|
| Limistéar 1 | Tailte suite laistigh de láir bhailte agus lonnaíochtaí |
| Limistéar 2 | Tailte suite in aice le seirbhísí iompair poiblí ardleibhéal nó tailte a fhreastalaíonn ar abhantrach áitiúil. |
| Limistéar 3 | Aon áit eile |

## 13.16.12 Caighdeáin Pháirceála Carr

**Tábla 13.11: Caighdeáin Pháirceála Carr**

| Cineál Forbartha | Limistéir 1 | Limistéir 2 | Limistéir 3 |
|---|---|---|---|
| **Áitreabh cónaithe** | 1 an t-aonad | 1 in aghaidh an aonaid | 2 in aghaidh an aonaid |
| **Árasán** | 1 árasán | 1 in aghaidh an árasán | 2 in aghaidh an árasáin |
| **Miondíol – Miondíol Bia** | 1 san 20m² | | |
| **Trádstóráil Mhiondíola** | 1 san 40m² | | |
| **Íoc is Iompair** | 1 san 50m² | | |
| **Bainc/Institiúidí Airgeadais** | 1 san 30m² | | |
| **Bialanna, caiféanna, agus bialanna Beir Leat** | 1 san 20m² | | |
| **Tithe tábhairne, Clubanna Oíche, Tolglanna** | 1 san 20m² | 1 san10m² | 1 san 5m² |
| **Seomraí taispeántais** | 1 san 50m² | 1 san 50m² | 1 san 50m² |
| **Tionscal (éadrom agus ginearálta)** | 1 san 50m² | 1 san 50m² | 1 san 50m² |
| **Teach trádstórais** | 1 san 100m² | 1 san 100m² | 1 san 100m² |
| **Oifigí** | 1 san 50m² | 1 san 20m² | 1 san 20m² |
| **Seipéal, amharclann, pictiúrlann, agus halla éisteachta** | 1 in aghaidh gach 20 suíochán | | |
| **Naíolanna** | 1 in aghaidh gach 6 páistí | | |
| **Scoileanna** | 1 in aghaidh gach seomra ranga | 1 in aghaidh gach seomra ranga | 1 in aghaidh gach seomra ranga |
| **Saoráidí triú leibhéal** | Le Cinntiú ag an tÚ.P. | Le Cinntiú ag an tÚ.P. | Le Cinntiú ag an tÚ.P. |
| **Cóiríocht do mhic léinn** | Le Cinntiú ag an tÚ.P. | Le Cinntiú ag an tÚ.P. | Le Cinntiú ag an tÚ.P. |
| **Óstán** | 1 in aghaidh gach 2 sheomra codlata | | |

| Cineál Forbartha | Limistéir 1 | Limistéir 2 | Limistéir 3 |
|---|---|---|---|
| **Clinicí, ionaid sláinte, agus grúpchleachtadh míochaine** | 2 spás in aghaidh an tseomra comhairliúcháin | 2 spás in aghaidh an tseomra comhairliúcháin | 3 spás in aghaidh an tseomra comhairliúcháin |
| **Tithe Altranais** | 1 an fostaí agus 0.5 in aghaidh na leapa | 1 an fostaí agus 0.5 in aghaidh na leapa | 1 an fostaí agus 0.5 in aghaidh na leapa |
| **Fóillíocht tráchtála – ionaid súgartha, lánaí babhlála, ionaid siamsaíochta srl.** | 1 in aghaidh gach 100m² de spás poiblí | 1 in aghaidh gach 100m² de spás poiblí | 1 in aghaidh gach 30m² de spás poiblí |
| **Ionaid Chomhdhála** | 1 in aghaidh gach 20 suíochán | 1 in aghaidh gach 20 suíochán | 1 in aghaidh gach 5 suíochán |
| **Staid** | Le Cinntiú ag an tÚ.P. | Le Cinntiú ag an tÚ.P. | Le Cinntiú ag an tÚ.P. |

D'fhéadfaí glacadh le laghdú ar an riachtanas ar pháirceáil nuair atá an tÚdarás Pleanála sásta go:

- Tá a dhóthain páirceála ar fáil i gcóngar na forbartha chun freastal ar aon easnamh;
- Is í an saghas forbairt í go bhféadfaí na spásanna páirceála atá sa chomharsanacht cheana féin a úsáid chun dé-úsáid spásanna páirceála a éascú, go háirithe dá n-oibreodh an fhorbairt ag amanna seachbhuaice. Beidh cáipéisíocht tacaíochta de dhíth le taispeáint conas a oibreoidh an dé-úsáid;
- Laghdódh na naisc iompair poiblí atá ar fáil an t-éileamh ar pháirceáil carr;
- Tá suíomh lárnach na forbartha sa chaoi is gur dócha go mbeadh custaiméirí / cónaitheoirí / úsáideoirí na forbartha ag siúl nó ag rothaíocht; agus
- Níor soláthraíodh aon pháirceáil eas-sráide leis an úsáid a mbaineadh as an réadmhaoine a bhí ann cheana / roimhe seo agus ní thiocfadh méadú suntasach ar an riachtanas páirceála de bharr athfhorbairt na réadmhaoine.

Cuirfear Plean Bainistithe Soghluaisteachta Iompair a thacaíonn le haon laghdú ar pháirceáil le haon iarratas sa chás go bhfuil méid ceadaithe na páirceála i bhfad níos ísle ná an méid atá leagtha amach sna Caighdeáin Páirceála. (Tábla 13.11).

Soláthrófar ríomhaireachtaí ar éileamh páirceála a thugann eolas faoin éileamh i rith an lae ó bhunachar de chineálacha cosúla forbartha i gcúinsí cosúla.

### 13.16.13 Pleananna Taistil don Láthair Oibre

Féachann Pleananna Taistil don Ionad Oibre (ar a dtugtar Pleananna Bainistithe Soghluaisteachta freisin) an t-éileamh ar an gcarr a laghdú trí mhodhanna malartacha iompair a dhéanamh níos mealltaí.

Caithfear Plean Taistil don Ionad Oibre a ullmhú le haghaidh forbairtí a chruthaíonn éileamh suntasach ar thurais amhail scoileanna nua nó forbairtí le níos mó ná 100 fostaí.

I measc na gcúinsí eile a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar den riachtanas do na Pleananna seo tá suíomh na forbartha e.g. lár an bhaile, an cineál fostaíochta, agus an patrún aistrithe a bhaineann leis an bhforbairt.

Breithneofar an riachtanas do Phlean Taistil don Láthair Oibre a ullmhú le haghaidh forbairtí dá leithéid ar bhonn cás ar chás.

Áireofar sa Phlean Taistil don Ionad Oibre bearta chun aistriú córa iompar a chur chun cinn i dtreo iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar aon le comhroinnt gluaisteán agus oibriú solúbtha más féidir. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach trí shaoráidí a sholáthar amhail cithfholcadáin, seomraí taisceadáin agus páirceáil do shiúlóirí agus rothaithe, comhroinnt gluaisteán a chur chun cinn idir fostaithe, agus eolas a sholáthar maidir leis an iompar poiblí agus na bealaí siúil agus rothaíochta atá ar fáil.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil le haon Phlean Taistil don Láthair Oibre:

- Sonraí faoin páirceáil d'fheithiclí agus do rothaithe a sholáthrófar;
- Nasc idir an bhforbairt agus iompar poiblí;
- Saoráidí do rothaithe agus do choisithe;
- Conas a dhéanfar freastal ar riachtanais daoine a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu; agus
- Conas a dhéanfar daoine a spreagadh chun leas a bhaint as modhanna iompair inbhuanaithe.

### 13.16.14 Measúnachtaí ar Thrácht agus ar Iompar

Bíonn athbhreithniú cuimsitheach i gceist le Measúnachtaí ar Thrácht agus ar Iompar a dhíríonn ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt ar an ngréasán iompair atá ann cheana. Cuimsíonn sé seo taisteal i gcarr, i bhfeithicil tráchtála, ar rothar, de shiúl na gcos, iompar poiblí.

Ag braith ar scála na forbartha agus ar an éileamh ar thurais a bhaineann leis, féadfaidh an Measúnú ar Thrácht agus ar Iompar riachtanas a shainaithint a d'éileodh leagan amach an bhóthair a athrú nó iompar poiblí a sholáthar.

Mar chuid den Phlean seo beidh gá le Measúnú ar Thrácht agus ar Iompar de réir na *dTreoirlínte maidir le Trácht agus Iompar 2014* (nó aon leagan nuashonraithe de na Treoirlínte a dhéanfar amach anseo), a leagann amach tairseacha agus fo-thairseacha i gcomhair Measúnú ar Thrácht agus ar Iompar a ullmhú. D'fhéadfadh an Chomhairle a mheas gur cheart go ndéanfaí Measúnú ar Thrácht agus ar Iompar ar scéimeanna ar luach níos lú ná na tairseacha má mheastar go bhfuil sé casta a dhóthain.

### 13.16.15 Measúnacht Tionchair ar Shábháilteacht Bóithre

Déantar cur síos ar Mheasúnacht Tionchair ar Shábháilteacht Bóithre (RSIA) i *dTreoir ón AE maidir le Sábháilteacht Bonneagair Bóithre a Bhainistiú (EU RISM)* mar mheasúnú straitéiseach ar thionchar roghanna pleanála éagsúla do bhóthar nua, nó d'athruithe suntasacha ar bhóthar atá ann cheana, ar fheidhmiú sábháilteachta an ghréasáin bóithre. Tá RSIA ag teastáil do thionscnaimh dá leithéid ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Moltar RSIA freisin i gcomhair scéimeanna mar an gcéanna ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla. Déanann Foilseacháin TII cur síos ar phróiseas an RSIA faoin gcaighdeán TII PE-PMG-02001 Measúnacht Tionchair ar Shábháilteacht Bóithre.

Is próiseas ar leith é RSIA atá éagsúil ó Iniúchadh ar Shábháilteacht Bóithre (RSA). Díríonn RSA ar na gnéithe sábháilteachta laistigh de scéim, ach déanann RSIA scéim a mheas ó thaobh a tionchair sábháilteachta ar an ngréasán bóithre máguaird.

Oibríonn RSIA agus RSA araon chun feidhmiú sábháilteachta a fheabhsú ar bhóithre nua agus ar bhóithre atá ann cheana a bhfuil athruithe de dhíth orthu.
D'fhéadfadh an Chomhairle a mheas gur cheart go ndéanfaí RISA ar scéimeanna ar luach níos lú ná an tairseach do Scéim Mhór má mheastar go bhfuil sé casta a dhóthain.

### 13.16.16 Páirceáil do Rothaithe

Soláthrófar áiseanna páirceála do rothar atá slán sábháilte i bhforbairtí nua de réir na gcaighdeán leagtha amach ar an taobh eile den leathanach.
Nuair atá roinnt córa iompair leagtha amach laistigh de Phlean Bainistithe Soghluaisteachta le haghaidh forbartha, ba cheart páirceáil do rothair a sholáthar ar leibhéal atá mór a dhóthain chun tacú leis an roinnt córa iompair seo nó mar atá leagtha amach i Tábla 13.12, cibé acu is mó.
Soláthrófar racaí rothar i ngach cás ina measann an tÚdarás Pleanála go bhfuil páirceáil do rothair riachtanach. Beidh na racaí seo laistigh de 25m de cheann scríbe lena bhfuil páirceáil ghearrthéarmach ag teastáil (siopaí) agus laistigh de 50m de cheann scríbe lena bhfuil páirceáil fhadtéarmach ag teastáil (scoileanna, coláiste, oifig).
Déanfar gach raca rothar fadtéarmach (níos mó na trí huaire an chloig) a chosaint ón drochaimsir. Beidh gach seastán in ann na bunfheidhmeanna a dhéanamh maidir le tacú le rothar agus é a chosaint ó ghadaíocht nó loitiméireacht.
I saoráidí stórála/páirceála eas-sráide ba cheart go mbeadh foscadh, solas, sábháilteacht agus slándáil a dhóthain ann chomh maith le inrochtaineacht maidir le dul isteach agus dul amach agus leibhéal oiriúnach maoirseachta.

Mar sin ba chóir go mbeadh páirceáil rothar a bhfuil teacht ag an bpobal uirthi bheith de chineál seastáin 'Sheffield'; ní ghlactar le racaí tóstaeir nó a leithéid le haghaidh páirceála rothar inrochtana don phobal. Nuair a chuirtear páirceáil rothar ard-dlúis ar fáil, in áit shlán, tá páirceáil cruachta do rothair inghlactha ar an gcoinníoll go bhfuil sé éasca le húsáid.
**Spásanna Páirceála do Chuairteoirí:** Tá na cinn seo deartha le bheith éasca a úsáid ag an bpobal agus ag cuairteoirí chuig an bhforbairt agus ba cheart iad a lonnú laistigh de 25m de na príomhbhealaí isteach más féidir in aon chor é.
Ba cheart na spásanna páirceála do rothair seo a bheith suite in áiteanna an-fheiceálach le faireachas éighníomhach maith ann, áiteanna a bhfuil rochtain éasca orthu agus iad soilsithe go maith.
**Cithfholcadáin agus Áiseanna Taisceadáin:** I bhforbairtí tráchtála móra, a bhfuil líon mór de pháirceáil do rothair iontu, soláthrófar cithfholcadáin agus áiseanna taisceadáin.
**Árasáin / Cóiríocht do Mhic Léinn:** Soláthrófar páirceáil shlán chomhroinnte faoi dhíon ag leibhéil na talún chomh cóngarach agus is féidir do na príomhbhealaí isteach.

**Tábla 13.12: Caighdeáin maidir le Páirceáil do Rothaithe**

| Cineál Forbartha | Ceanglas maidir le Páirceáil do Rothaithe | |
|---|---|---|
| | Fadtéarma | Cuairteoir/Gearrchuairt |
| **Árasán, Sciath-Thithíocht** | 1 spás do rothar ar a laghad in aghaidh an tseomra codlata<br>1 spás do rothar ar a laghad i gcomhair aonad árasáin stiúideo. | 1 spás in aghaidh gach 2 aonad |
| **Áitreabh cónaithe** | 1 spás an t-aonad | 1 spás in aghaidh 5 aonad |
| **Cóiríocht do mhic léinn** | 1 spás in aghaidh gach 2 sheomra codlata | 1 spás in aghaidh gach 5 sheomra leapa |
| **Siopaí** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás san 100m² Ollachair Urláir (GFA) |
| **Ollmhargaí/siopaí móra** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás san 250m² GFA |
| **Oifigí** | 1 spás san 200m² GFA | 1 spás san 200m² GFA |
| **Tionscal/trádstóráil** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | Le cinntiú ag an Údarás Pleanála |
| **Amharclann, pictiúrlann, séipéal, staid** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás in aghaidh gach 10 suíochán |
| **Óstáin, tithe lóistín** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás in aghaidh gach 20 leaba |
| **Brúanna** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás in aghaidh gach 10 leapa |
| **Tithe tábhairne le tolglann** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás san 200m² d'Achar Urláir Poiblí |
| **Bialanna** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás san 200m² d'Achar Urláir Poiblí |
| **Páirceanna imeartha** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 12 spás in aghaidh an heicteáir |
| **Scoileanna** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás in aghaidh gach 5 mac léinn, le híosmhéid de 10 spás |
| **Tithe Altranais** | 1 spás in aghaidh gach 10 cónaitheoirí<br>1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | Le cinntiú ag an Údarás Pleanála |
| **Ospidéil** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás in aghaidh gach 20 leaba |
| **Carr-chlóis ilstórach** | 10% de spásanna car íosmhéid de 50 spás | Le cinntiú ag an Údarás Pleanála |
| **Pointí bailithe/aistrithe le haghaidh Iompar Poiblí** | 5% de phaisnéirí ag bordáil ag pointe/stáisiún, íosmhéid de 10 spásanna | Le cinntiú ag an Údarás Pleanála |
| **Foirgnimh cultúrtha, pobail** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás san 200m² GFA |
| **Naíolann** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 spás in aghaidh gach 10 leanbh |
| **Coláiste triú leibhéal/breisoideachas** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne | 1 in aghaidh gach 10 mac léinn |
| **Cóiríocht do mhic léinn** | 1 spás in aghaidh gach 2 sheomra | 1 spás in aghaidh gach 5 sheomra codlata |
| **Ionaid chomhdhála** | Le cinntiú ag an Údarás Pleanála | Le cinntiú ag an Údarás Pleanála |

### 13.16.17 Bealaí Isteach agus Línte Amhairc

